



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM): Coimhlint Idé-eolaíochta 1965 - 1974
Author(s)	Rowland, Hugh
Publication Date	2014-09-15
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/4893">http://hdl.handle.net/10379/4893</a>

Downloaded 2024-04-25T01:23:13Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



**Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM): Coimhlint  
Idé-eolaíochta 1965 - 1974**

**Hugh Rowland**

**PhD sa Nua-Ghaeilge**

**Roinn na Gaeilge, Scoil na dTeangacha na Litríochtaí agus na gCultúr, Ollscoil  
na hÉireann, Gaillimh**

**Ainm an Stiúrthóra: An Dr John Walsh**

**Ceann Roinne: An Dr John Walsh**

**Meán Fómhair 2014**



## **Clár na nÁbhar**

Clár na nÁbhar .....	i
Clár na bhFigiúirí .....	iv
Clár na dTáblaí .....	v
Dearbhú .....	vi
Achoimre .....	vii
Buíochas .....	viii
1 Caibidil 1 – Réamhrá .....	1
1.1 Réamhrá .....	1
1.2 1960í: Ré úr buailte le pobal na hÉireann .....	2
1.3 Aidhmeanna .....	5
1.4 Ábhar an taighde á chosaint .....	6
1.5 Modheolaíocht .....	12
1.6 Imlíne ar chaibidlí eile an tráchtais .....	14
2 Caibidil 2 – An Comhthéacs Stairiúil Náisiúnta .....	16
2.1 Réamhrá .....	16
2.2 Fealsúnacht na hAthbheochana .....	17
2.3 1922-1959: Lag trá polaitiúil & sóisialta .....	35
2.4 1959-1974: Athrú Treo .....	48
2.5 Conclúid .....	68
3 Caibidil 3 – Teoiric: Gluaiseachtaí & Idé-eolaíochtaí teanga .....	70
3.1 Réamhrá .....	70
3.2 Gluaiseachtaí Sóisialta .....	71
3.3 An Idé-eolaíocht Teanga .....	83
3.4 Idé-eolaíochtaí teanga: cruthú córas sóisialta & smaointe .....	91
3.5 Conclúid: Frámaíocht Léirmhítheach an Staidéir seo .....	97
4 Caibidil 4 – Modheolaíocht an Tráchtais .....	101
4.1 Réamhrá .....	101
4.2 Fealsúnachtaí iomaíochas sna hEolaíochtaí Sóisialta .....	101
4.3 An ann don oibiachtúlacht sna heolaíochtaí sóisialta? .....	104
4.4 Modhanna Fiosrúcháin Eimpíreacha .....	110
4.5 Modhanna Anailíse .....	121
4.6 Conclúid .....	128

5	Caibidil 5 – Cás-staidéar 1: Conradh na Gaeilge 1965-74 .....	130
5.1	Réamhrá .....	130
5.2	1965-68: Cathal Ó Feinneadha ina uachtarán .....	132
5.3	Cur i gcoinne na ‘sean-idé-eolaíochta’: Bunú Misneach .....	138
5.4	Modhanna nua léirmhínithe de dhíth: Craobh na Cásca á hathbhunú .....	147
5.5	1968-74: Maolsheachlainn Ó Caollaí ina uachtarán .....	154
5.6	Bríonna an Chonartha chun an LFM a léirmhíniú .....	167
5.7	An Ghaeilge sa chóras oideachais .....	188
5.8	Dioscúrsa na gCeart .....	196
5.9	Conclúid .....	201
6	Caibidil 6: Cás-staidéar 2 – Language Freedom Movement (LFM) 1965-74 ..	205
6.1	Réamhrá .....	205
6.2	An Comhthéacs inar bunaíodh an LFM .....	206
6.3	1965: LFM – Tús agus Fás.....	212
6.4	Comhthéacs ceistitheach na seascaidí .....	234
6.5	Baint le Fine Gael? .....	243
6.6	Ceist an gheilleagair .....	252
6.7	Idé-eolaíochtaí teanga á dtáirgeadh.....	257
6.8	Idirghníomhaíocht: Teach an Ardmhéara .....	266
6.9	Conclúid .....	276
7	Caibidil 7 – Conclúidí agus Tátail .....	280
7.1	Réamhrá .....	280
7.2	Comhthéacs sóisialta .....	280
7.3	Príomhchonclúidí an tráchtais .....	281
7.4	Focal scoir .....	296
7.5	Buanna & laincisí an taighde .....	298
7.6	Féidearthachtaí eile taighde.....	299
8	Leabharliosta .....	302
8.1	Foinsí Príomhúla .....	302
8.2	Foinsí Tánaisteacha .....	310
	Aguisín A: Sampla ceisteanna do na hagallaimh.....	321
	Aguisín B: Bileog Eolais .....	323
	Aguisín C: Foirm um Thoiliú Eolasach.....	325

Aguisín D: Tras-scríbhinn samplach.....	327
---	-----

## Clár na bhFigiúirí

Figiúr 1-1: An tSéimeolaíocht – bealach chun féiniúlacht ‘shaofa’ a chruthú don teanga .....	11
Figiúr 3-1: Córas mapála a léiríonn nádúr tagrach & tógachaíoch na teanga.....	87
Figiúr 3-2: Innéacsúlacht – an córas mapála chun dioscúrsa a chruthú.....	93
Figiúr 5-1: Innéacsúlacht – féiniúlacht á cruthú ag Misneach do Chonradh na Gaeilge .....	146
Figiúr 5-2: Innéacsúlacht: féiniúlacht á cruthú ag Conradh na Gaeilge don LFM ..	188
Figiúr 6-1: Cliarlathas an LFM .....	223
Figiúr 6-2: Innéacsúlacht – cruthú féiniúlachta don LFM .....	227
Figiúr 6-3: Innéacsúlacht – cruthú féiniúlachta don ‘Ghaeilge éigeantach’ .....	232
Figiúr 6-4: Íocónú – cruthú féiniúlachta don ‘Ghaeilgeoir’ (aicme daoine).....	233
Figiúr 6-5: Innéacsúlacht – cruthú féiniúlachta don teanga (‘Gaelic’) .....	258
Figiúr 6-6: Póstaer de chuid an LFM – ‘Freedom of Speech’ .....	268

## **Clár na dTáblaí**

Tábla 4-1: Liosta de na rannpháirtithe taighde .....	115
Tábla 7-1: Idé-eolaíochtaí teanga an LFM.....	290
Tábla 7-2: Idé-eolaíochtaí teanga Chonradh na Gaeilge.....	291



## **Dearbhú**

Dearbhaímse, Hugh Rowland, gurb é mo shaothar féin ar fad atá sa Tráchtas seo agus nach bhfuil céim faighte agam san Ollscoil seo ná in aon ollscoil eile bunaithe ar aon chuid den saothar seo.

Sínithe: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

## **Achoimre**

Déanann an tráchtas seo cur síos ar na hidé-eolaíochtaí freasúracha teanga a bhí i réim i gConradh na Gaeilge agus san Language Freedom Movement (LFM) idir 1965 agus 1974. Áiteofar gurbh fhrámaí cognaíocha agus tuisceana iad na hidé-eolaíochtaí sin trínar cruthaíodh agus trínar athchruthaíodh dioscúrsaí iomaíocha chun ceist na Gaeilge agus na náisiúntachta a phlé agus a shaobhadh. Rinneadh é seo ar mhaithe le bonn uilíoch, dlisteanach agus ciallmhar a chur faoi idé-eolaíochtaí an dá ghluaiseacht i leith na Gaeilge.

Mar thoradh ar theacht chun cinn na nua-aoiseachta sna seascaidí gan trácht ar an rian a d'fhág clár forbartha eacnamaíochta Lemass agus Whitaker ar an tsochaí trí chéile, áiteofar gur thosaigh Conradh na Gaeilge agus an LFM ag ceistiú na bhféiniúlachtaí traidisiúnta sa saol chomh maith le tiomantas na bunaíochta do na féiniúlachtaí sin.

Agus an taighde seo á neadú laistigh de chomhthéacs suaite agus ceistitheach na seascaidí in Éirinn agus i gcéin, áiteofar gur thug Conradh na Gaeilge agus an LFM faoi tháirgeacht shiombalach leis an aidhm go samhlófaí bríonna, idéil agus luachanna as an nua chun an teanga mar aon leis an náisiúntacht a mhíniú agus a chur in iúl. Is mian leis an tráchtas seo tuiscint a fháil ar na próisis tháirgeachta agus atáirgeachta ('gníomhúchán') a ndeachaigh an dá ghluaiseacht ina muinín chun a n-idé-eolaíochtaí teanga féin a chruthú agus a chur chun cinn.

Ina theannta sin, áiteofar gurbh é beartas teanga an Stáit ('an Ghaeilge éigeantach') an láthair allagair ('idirghníomhaíocht') ar ar tháinig an dá ghluaiseacht le chéile chun a n-idé-eolaíochtaí teanga a phlé agus a chosaint. Is í an choimhlint idé-eolaíochta agus smaointe sin idir Conradh na Gaeilge agus an LFM is spéis liom sa tráchtas seo.

## **Buíochas**

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le stiúrthóir an tráchtais seo, An Dr John Walsh, a thug spreagadh dom dul ar bhóthar an taighde an chéad lá riamh agus a thug treoir chumasach dom agus mé i mbun an tráchtais seo ó 2010 i leith. Ní mór aitheantas a thabhairt do bhaill eile an Choiste Taighde Iarchéime, an Dr Lillis Ó Laoire agus an Dr Niall Ó Dochartaigh, a thug roinnt moltaí dom le ceithre bliana anuas freisin.

Tá buíochas ag dul do na rannpháirtithe uile a ghlac páirt sa taighde seo agus a roinn a gcuimhní cinn agus a gcuid saineolais liom go fial faoi cheist na Gaeilge agus na náisiúntachta lena linn. Tá buíochas ar leith ag dul do Mhaolsheachlainn Ó Caollaí a roinn go leor cáipéisí liom agus a bhí ar fáil go rialta agus go seasta chun mo chuid ceisteanna a fhreagairt. Chuir Maolsheachlainn Ó Caollaí mar aon leis an Ollamh Gearóid Denvir, comhairle orm faoi bhallraíocht an Chonartha sna seascaidí agus thugadar beirt treoir mo leasa dom maidir le teagmháil a dhéanamh leis na daoine cuí.

Ina theannta sin, tá mo bhuíochas tuillte ag Christopher Morris a bhronn cartlann an Language Freedom Movement ar Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i 2010 le go bhféadfainn an taighde cartlainne a chur i gcrích. Is gá freisin aitheantas a thabhairt d'Aisling Keane sa Leabharlann a rinne catalógú cuimsitheach ar bhunábhar na cartlainne sin. Bhí Frank Crummey, ar bhall den LFM é freisin, ar fáil i gcónaí chun comhairle a chur orm faoi bhaill eile de chuid na heagraíochta ar cheart dom dul chun cainte leo.

Chuir an tOllamh Nollaig Mac Congáil comhairle orm faoin modh oibre ab fheiliúnaí chun scagadh a dhéanamh ar irisí agus nuachtáin na tréimhse taighde, go mórmhór na cinn, ar nós *Amárach*, nach raibh aon innéascú, gan trácht ar dhigitiú, déanta orthu.

Ní mór dom freisin aitheantas a thabhairt don Ollamh Paul Kroskrity, ar saineolaí é sna hidé-eolaíochtaí teanga, a roinn a chuid saineolais liom go fial le linn an tseimeastair a chaith mé i mo mhac léinn ar cuairt i Roinn na hAntraipeolaíochta in University of California Los Angeles (UCLA) i 2012.

Ní miste mo chomhscoláirí i Seomra na nIarchéimithe a lua freisin, dream a chothaigh atmaisféar taitneamhach agus bisiúil agus muid ar fad i mbun ár n-aistear taighde féin. Mar sin, gabhaim buíochas leis an Dr Aengus Finnegan, Chinatsu Hakamada, an Dr Liam Ó hAisibéil, an Dr Méadhbh Nic an Airchinnigh, an Dr Mona Jakob agus Trish Ní Mhaoileoin. Ina theannta sin, is iomaí seisiún plé agus allagair a bhí agam le Mícheál Ó Leidhin, Peadar Ó Muirheartaigh agus leis an Dr Máirtín Coilféir le roinnt blianta anuas inar pléadh ceist an LFM go mion, rud a chuaigh chun leas an tráchtais seo sa deireadh.

Mar chlabhsúr, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo thuismitheoirí a thug gach deis dom sa saol.



## 1 Caibidil 1 – Réamhrá

### 1.1 Réamhrá

Baineann an tráchtas seo le sainiú na náisiúntachta Éireannaí idir 1965 agus 1974, tráth a raibh díospóireachtaí agus allagar faoi lán seoil maidir leis na luachanna agus na hidéil ab fhearr a bhuanódh féiniúlacht na hÉireann sna 1960í. Bhí beartas teanga an Stáit<sup>1</sup> – ‘an Ghaeilge éigeantach’ – ina láthair dhioscúrsach agus idirghníomhach ar ar phléigh Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM) an ról a bhí ag an teanga, dar leo, i gcothú agus in athchruthú na féiniúlachta Éireannaí.

Ceist is ea an cruthú agus an t-athchruthú féiniúlachta a bhfuil a rian le feiceáil i saol na freacnairce, téama a tháinig chun solais in óráid insealbhairthe an uachtaráin, Michael D. Higgins ar an 11ú Samhain 2011. San óráid úd, theastaigh ón Uiginneach pobal mór na tíre a ghríosú chun réabhlóid smaointeoireachta mar fhreagra ar an ngéarchéim airgeadais a bhain an bonn den chóras caipitleach ó 2008 i leith. Bhí an ghéarchéim sin ina foinse spreagtha agus ina gáir shlógaidh, dar leis, chun athbhreithniú a dhéanamh ar luachanna náisiúnta na hÉireann agus dá bharr sin, chun idéil na tíre a ath-léirmhíniú ón mbonn aníos in athuair:

Agus muid ag cur críoch le caibidil a bhaineann le teip, nárbh é an leagan ab fhearr dúinn mar phobal, agus muid ag oscailt caibidle nua bunaithe ar leagan eile dár nÉireannachas – beidh athrú de dhíth inár machnamh polaitiúil, inár ndearcadh ar an saol poiblí, inár n-institiúidí, agus níos deacra ná aon rud eile, inár gcomhfhios. Agus an claochlú sin á dheanamh, beidh sé riachtanach bogadh ar aghaidh ó na tuiscintí atá tar éis teipeadh orainn agus oibriú le chéile ar son sraith eile luachanna a chuirfidh ar ár gcumas geilleagar sóisialta inmharthana a thógáil mar aon le sochaí a bheas go díongbháilte eiticíúil agus uileghabháileach (sic). Sochaí agus Stát a thabharfaidh iontaobh agus muinín ar ais sa bhaile agus a bheas ina siombal fiúntach den Éireannachas thar lear, ag spreagadh caidreamh bunaithe ar mheas agus ar chomhoibriú ar fud na cruinne. Beidh orainn saoránacht ghníomhach uileghabháileach (sic) a thógáil le chéile; bunaithe ar chomhpháirtíocht, ar chothromaíocht, ar mheas ar chách agus ar bhláthú cruthaíochta de gach cineál. Is é ár ndóchas pobal a mbeidh muinín acu astu féin, pobal a bheas ar a shocracht leis féin, pobal a thuigeann domhainbhírí an tseanfhocail ‘ní neart

<sup>1</sup> Ba é Cumann na nGaedheal a bhí ina cheann ar an gcéad rialtas de chuid an tSaorstáit nuabhunaithe i 1922. Agus an rialtas sin ag teacht faoi anáil ré na hAthbheochana gan trácht ar idé-eolaíocht Chonradh na Gaeilge (1893-1921), socraíodh tabhairt faoi bheartas athbheochana teanga. Meicníocht ab ea ‘an Ghaeilge éigeantach’ chun an beartas athbheochana sin a chur i gcrích. Chuige sin, bhí an Ghaeilge ina meán teagaisc don chéad dhá bhliain sa bhunscoil; bhí an Ghaeilge éigeantach chun post (gráid ghinearálta) a fháil sa státchóras ó 1925; bhí an Ghaeilge ina hábhar riachtanach chun Meánteistiméireacht a bhaint amach ó 1928; bhí pas sa Ghaeilge éigeantach chun Ardeistiméireacht a bhaint amach ó 1934 (tháinig Fianna Fáil i gcumhacht i 1932) (féach Caibidil a Dó).

go cur le chéile’ – sa mhaith choiteann atá ár neart – ár ndlúthpháirtíocht shóisialta. Sin iad mór-théamaí na hUachtaránachta atá curtha romham agam, agus mé lán-dóchasach go bhfuilimid ar thairseach ré nua d’Éirinn agus d’Éireannaigh, sa bhaile agus i gcéin. Ré nua ina mbeidh bunluachanna na cothroime agus an chirt, agus spiorad na cruthaíochta, faoi bhláth: Poblacht, a mbeidh Éireannaigh de gach aicme agus traidisiún bródúil aisti (Higgins, 2011).

Sa chás seo, bhí an tUachtarán ag caint ar ‘leaganacha nua’ chomh maith le ‘siombailí úra’ den Éireannachas a chur chun cinn. Bhí sé ag trácht freisin ar bhealaí úra léirmhínte a chumadh chun an tÉireannachas a thuiscint, a chruthú agus a shamhlú as an nua mar fhreagra ar an ngéarchéim féiniúlachta a fulaingíodh sa tír.

Áitím gurbh é a fhearacht chéanna i gcás Chonradh na Gaeilge agus an LFM é sna seascaidí agus sna seachtóidí in Éirinn. Is é sin le rá gur shantaigh Conradh na Gaeilge agus an LFM córas luachála agus morálta as an nua a tháirgeadh trína bhféadfaí an tÉireannachas, i gcoibhneas leis an nGaeilge, a mhíniú agus a thuiscint feasta.

Cuirim romham sa tráchtas seo, mar sin, staidéar a dhéanamh ar na hidé-eolaíochtaí freasúracha teanga faoinar chruthaigh an dá ghluaiseacht a gcórais luachála agus mhorálta féin chun ceist na Gaeilge a thuiscint agus a mhíniú. Neadóidh mé an plé sin laistigh den chomhthéacs stairiúil náisiúnta agus idirnáisiúnta idir 1965-74. Tugann Hourigan le fios gur thréimhse bhisiúil í seo chun staidéar a dhéanamh ar ghníomhaíochas na teanga in Éirinn:

The second half of the twentieth century is a particularly interesting period in the history of Irish language activism as Ireland experienced a period of rapid modernisation, which transformed not only the economy but also the shared culture and values within Irish society. Violence in Northern Ireland and the restructuring of the Southern State’s priorities around economic imperatives provoked a profound revision in the Irish government’s approach to nationalist issues such as the revival of the Irish language and the reunification of the island of Ireland (2006: 125).

## **1.2 1960í: Ré úr buailte le pobal na hÉireann**

Ní miste a rá go raibh na baill a bhí gníomhach san LFM agus i gConradh na Gaeilge idir 1965-74 mar chuid den dara glúin ó réabhlóid na saoirse. Ciallaíonn sin gur rugadh iad i ndiaidh bhunú an tSaorstáit i 1922 agus gur dhream é, dá bharr sin, a bhí ag teacht in inmhe sna 1950í agus sna 1960í. Fágann sin, dar le Hederman, go raibh luachanna saoil ag an nglúin úr seo a bhí éagsúil leis an dream a tháinig roimpi. Bhí

an ghlúin seo, dá réir, ag éirí mífhoighneach le seanfhondúirí an chogaidh chathartha a bhí fós i gceannas ar Fhianna Fáil agus ar Fhine Gael, mar a bhí: Éamon de Valera agus Risteard Ó Maolchatha faoi seach. D'fhág sin, a deir Hederman, gur bhain deacracht nach beag le hathruithe sóisialta agus polaitiúla a spreagadh sa tsochaí:

The generation that reached adulthood in Ireland in the 1950s and 60s faced a dilemma. Change was needed, as it almost always is, but revolution had taken place, civil war had come and gone and the Irish State was a reality, albeit a contested one. The veterans of the state's creation were in no mood to cede either their positions of power or the certitudes that had brought them so far against such odds. Any challenge to the social, economic and political realities was regarded at best as uninformed and, at worst, as a step towards treason. The reality called for and received criticism but alternative policies were not pursued – or invited.

The turmoil in continental Europe had thrown up new and powerful political social movements to respond to the crises of the forties and early fifties. The political caste of many European countries was discredited after the war; people looked for new ideas, new solutions and new faces. Ireland appeared to be in a different position. It had been saved by its neutrality and saw no reason to experiment with alternatives to familiar political mantras and well-known faces (Hederman, 2008: 66).

Bíodh sin mar atá, bhí athruithe ar na bacáin agus an tír ag druidim leis na seascaidí, mar a mhíníonn Meehan:

The 1960s were a period of change in Ireland. Political, economic and social thought was revised as a result of Vatican II, the arrival of television and the potential of EEC (European Economic Community) membership. That decade also marked the passing of the revolutionary generation from power (Meehan, 2013: 1).

Ar an ábhar sin, bhí Éire ar thairseach ré úr smaointeoireachta sna 1960í go mórmhór tar éis do Éamon de Valera éirí as mar Thaoiseach i 1959. D'fhág sin, a deir Ó Tuathaigh, go raibh an bealach glanta chun ceannairí nua polaitíochta a cheapadh agus chiallaigh sin gurbh fhéidir clár forbartha eacnamaíochta Sheáin Lemass agus T.K. Whitaker a chur i bhfeidhm sna luathsheascaidí, clár a spreag athruithe sóisialta i sochaí a bhí thar a bheith buanseasta roimhe sin:

Tháinig T.K. Whitaker i gceannas mar Rúnaí sa Roinn Airgeadais, d'fhógair deireadh ré an Chosantachais san eacnamaíocht, agus soiscéal nua, bunaithe ar dhul i dtreo na saorthrádála agus na hoscailteachta, agus plean um théarnamh eacnamaíoch aige. Bhí caint ar bhallraíocht a lorg sa Chomhfhargadh Eorpach. Bhí an 'oscailteacht' nua seo i mbun is i mbarr gach bhéarsa de phort gríosaithe an Rialtais. Níorbh aon iontas é, mar sin, an 'aidhm náisiúnta' faoi athréimniú na Gaeilge a bheith á scrúdú agus á ceistiú



go mion agus go dian san aeráid nua seo ó dheireadh na gcaogaidí i leith (Ó Tuathaigh, 2011: 86).

Idir lár na gcaogaidí agus tús na seachtóidí, mar sin, tháinig beartas na hathbheochana faoi scrúdú agus faoi athbhreithniú i bpolaitíocht na hÉireann. Díospóireacht fhairsing phoiblí a bhí inti seo inar pléadh modhanna oibre na hathbheochana mar aon le buntuiscentí ar ról na teanga i gcruthú agus i gcothú na féiniúlachta Éireannaí. Ba í an Ghaeilge éigeantach sa chóras scolaíochta agus sa státchóras láthair na díospóireachta sin agus ceisteanna i dtaobh na féiniúlachta agus na náisiúntachta á bplé. Chuir an t-allagar seo an lasair sa bharrach ag codanna den tsochaí shibhialta<sup>2</sup> sa saol uirbeach, mar a bhí: Conradh na Gaeilge agus an LFM.

### **1.2.1 1965 - 1974: An tSochaí Shibhialta agus an Ghaeilge**

Is é 1965 pointe tosaigh an taighde seo toisc gur bhunaigh Christopher Morris, ailtire Baile Átha Cliathach, an LFM sa bhliain sin. Eagraíocht ab ea an LFM ar mhian léi an díospóireacht faoin nGaeilge a lonnú i gcomhthéacs ‘réadúil’ inarbh fhéidir modhanna na hathbheochana a cheistiú. Theastaigh ón eagraíocht, dá bharr sin, go gcuirfí deireadh leis an gcoinníoll éigeantach gur ghá pas a bhaint amach sa scrúdú Gaeilge chun go mbronnfaí Ardteistiméireacht ar dhalta. Ina theannta sin, santaíodh go gcuirfí deireadh leis an nGaeilge éigeantach chun post a fháil sa státchóras. Chonacthas don LFM gur ‘leatrom’ agus ‘caimiléireacht’ iad na coinníollacha sin (féach Caibidil a Sé).

Um an dtaca céanna, mheas gluaiseacht na Gaeilge go raibh lag trá ag teacht ar thiomantas an Stáit do bheartas na hathbheochana, rud a bhí le sonrú go follasach, dar leo, nuair a dúnadh na coláistí ullmhúcháin i 1960 agus nuair a dearbhaíodh gurbh é an dátheangachas (murab ionann agus athbheochan) bunaidhm an Stáit feasta sa *Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge* i 1965. Ghin an lag trá seo frustrachas, searbas agus soiniúlacht i measc ghluaiseacht na Gaeilge faoin bhfimíneacht agus faoin easpa gnímh a bhain le reitric an Stáit maidir leis an athbheochan. Spreag sé seo go leor allagair agus díospóireachtaí laistigh den

---

<sup>2</sup> Spás sóisialta is ea an tsochaí shibhialta inar féidir le gnáthshaoránaigh teacht le chéile chun smaointe a mhalartú agus a phlé go hidirghníomhach. Réimse poiblí is ea an tsochaí shibhialta dá bharr sin ina gcuirtear comhghníomhaíochas deonach chun cinn i measc na ndaoine. Gníomhaithe is ea na daoine seo ar mian leo a gcearta reatha saoránachta a chleachtadh (saoirse cainte, saoirse chun agóid a dhéanamh) leis an aidhm go bhfeabhsófaí an saol trí chearta nua a éileamh. Cuimsíonn an tsochaí shibhialta, mar sin, an idirghníomhaíocht idir gluaiseachtaí sóisialta, an Stát agus an geilleagar chun atheagrú sóisialta a spreagadh nó a bhaint amach (Share et al., 2007: 107-8; Scott & Marshall, 2009: 83).

ghluaiseacht, rud a thug uchtach don eagraíocht Misneach, faoi stiúir Mháirtín Uí Chadhain, chun modhanna nua gníomhaíochta agus léirsithe a cheapadh. Ina theannta sin, thug easpa gnímh an Stáit spreagadh do ghlúin úr Conraitheoirí óga ceist na Gaeilge a phlé agus a chur i láthair i dtéarmaí socheolaíochta feasta (féach Caibidil a Cúig).

Agus Conradh na Gaeilge agus an LFM araon ag dul in adharca a chéile ag iarraidh smaointe agus bríonna úra faoin nGaeilge agus faoin náisiúntacht a tháirgeadh agus a chur chun cinn, chuir an Comhrialtas Náisiúnta (Fine Gael & Páirtí an Lucht Oibre) aidhmeanna an LFM i bhfeidhm i 1973 agus i 1974 faoi seach. Ar an gcéad dul síos, chuir Dick Burke, a bhí ina Aire Oideachais ag an am, deireadh leis an nGaeilge éigeantach don Ardteistiméireacht i 1973. Ar an dara dul síos, chuir Richie Ryan, a bhí ina Aire Airgeadais agus ina Aire Seirbhíse Poiblí, deireadh leis an nGaeilge éigeantach chun post a fháil sa státchóras i 1974. Is é 1974 pointe deiridh an taighde seo ar an mbonn go raibh príomhaidhmeanna an LFM bainte amach faoin mbliain sin.

Bhí coimhlint idé-eolaíochta agus smaointe idir Conradh na Gaeilge agus an LFM faoi bheartas na Gaeilge éigeantaí agus faoi ról na Gaeilge i gcomhthéacs na náisiúntachta Éireannaí. Is é an t-allagar idir an dá ghluaiseacht shóisialta sin, ar láthair idirghníomhach na Gaeilge éigeantaí (1965-74), is spéis liom sa tráchtas seo.

### **1.3 Aidhmeanna**

Cuirim romham sa tráchtas seo an cheist taighde seo a leanas a fhreagairt: Cérbh iad na hidé-eolaíochtaí ilchineálacha teanga faoinar thuig Conradh na Gaeilge agus an LFM ceist na Gaeilge mar aon le ceist na náisiúntachta?

Chun an cheist sin a fhreagairt, is gá aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí tánaisteacha seo:

- Is gá staidéar a dhéanamh ar chomhthéacs sóisialta na hurlabhra mar a léiríodh san fhaisnéis eimpíreach é. Teastaíonn an anailís sin chun tuiscint a fháil ar chomhdhéanamh na ndioscúrsaí ar tharraing an dá ghluaiseacht orthu chun ‘an Ghaeilge’ agus ‘an náisiúntacht’ a léirmhíniú san idirghníomhaíocht shóisialta.

- Chuige sin, is gá cur síos a dhéanamh ar ghníomhúchán<sup>3</sup> ('agency') an dá ghluaiseacht. Is é sin le rá, cumas agus tualangacht an dá ghluaiseacht chun bríonna iolracha a tháirgeadh, trí chleachtas na hurlabhra, a léirmhíneodh beartas na Gaeilge éigeantaí mar aon leis an nGaeilge i gcomhthéacs na náisiúntachta.
- Ag tarraingt ar an tséimeolaíocht<sup>4</sup>, pléann an tráchtas seo an chaoi a ndeachaigh an dá ghluaiseacht i muinín comharthaí, siombailí, nóisean agus íomhánna chun brí chruthaithe a sheachadadh faoin nGaeilge ar mhaithe le bonn ciallmhar agus uilíoch a chur faoina n-idé-eolaíochtaí.

Ciallaíonn seo ar fad gur staidéar sóisialta é an tráchtas seo ina bhfiosróidh mé meonta, tuairimí agus dearcthaí pearsanta agus suibiachtúla na mball sa dá ghluaiseacht i leith na Gaeilge agus na náisiúntachta araon.

Anois agus aidhmeanna mar aon le cuspóirí an tráchtais seo leagtha amach, is gá a léiriú go bhfuil bearnaí san eolas i measc an aosa léinn maidir leis na hidé-eolaíochtaí teanga ba mhó a bhí i réim in Éirinn idir 1965 agus 1974. Déanfaidh mé sin sa chéad rannóg eile trí léirmheas gonta a dhéanamh ar an litríocht ábhartha i réimse na staire agus na teoirice araon.

#### 1.4 Ábhar an taighde á chosaint

Is gá idé-eolaíochtaí teanga<sup>5</sup> Chonradh na Gaeilge agus an LFM a lonnú sa chomhthéacs stairiúil inar múnlaíodh iad. Éiríonn leis an stair, a deir Kroskrity,

---

<sup>3</sup> Áitíonn Ahearn gurb éard atá i gceist le gníomhúchán ná 'the socioculturally mediated capacity to act.' Dá réir sin, baineann gníomhúchán le 'cumas gnímh' an rannpháirtí sa domhan sóisialta, cumas (cleachtais & gníomhartha) atá múnlaíthe faoi réir ag cúinsí soch-chultúrtha (Ahearn, 2001: 112). D'fhéadfadh gníomhartha agus cleachtais an duine i gcomhthéacs idirghníomhach (1) atáirgeacht shóisialta mar aon le (2) claochlú sóisialta (táirgeacht) a chur ar siúl, dar le Kroskrity (2009: 192).

<sup>4</sup> Modh cumarsáide is ea an tséimeolaíocht, a théann i muinín comharthaí, siombailí agus íomhánna, chun córais bhríonna a chruthú agus a chur in iúl. Cuireann an tséimeolaíocht roimpi féin, a deir Bryman, tuiscint a fháil ar na próisis trína gcruthaítear brí chomh maith leis na comharthaí a dtéitear ina muinín chun an bhrí sin a sheachadadh (2012: 291). Luann Scott & Marshall sampla de seo, 'A picture of an eagle, for example, is at one level a picture of an eagle – a simple sign. On another level, it can represent the determination and toughness of the American nation' (2009: 680). Léiríonn sé seo go bhféadfaí bríonna saofa a chruthú go caolchúiseach trí dhul i muinín comharthaí agus siombailí.

<sup>5</sup> Rúibric teoirice is ea an idé-eolaíocht teanga a bhfuil borradh fúithi go príomha i Stáit Aontaithe Meiriceá ó céadfhóilsíodh alt cinniúnach Micheal Silverstein *Language Structure and Linguistic Ideology* i 1979. A bhuíochas do scoláireacht taistil ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, bhí mé in ann an tréimhse idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2012 a chaitheamh ar thuras taighde i Roinn na hAntraipeolaíochta in *University of California Los Angeles (UCLA)*, áit ar fhreastail mé ar shraith seimineár de chuid an Ollaimh Paul Kroskrity. Tá an tOllamh Kroskrity ar dhuine de na saineolaithe is mó cáil dá bhfuil ann i réimse na hidé-eolaíochta teanga go hidirnáisiúnta. Dá bharr sin, chuaigh mé i gcomhairle leis an Ollamh go minic agus mé in UCLA chun sainghnéithe de bhonn teoirice agus de mhodheolaíocht an tráchtais seo a phlé. *Language Ideologies: the political economy of language*

carachtar dinimiciúil na teanga, chomh maith le tuiscintí comhaimseartha ina leith, a thairfeadh síos tríd na glúnta. Cuntas buanaithe is ea an stair, dá réir sin, a chnuasaíonn na bríonna a úsáideadh chun an teanga a léirmhíniú ag staidéanna difriúla i bhforbairt agus i gclaochlú an tsaoil shóisialta ag dul siar sa stair (Kroskirty, 2010: 202). Tagann Micheal Silverstein, an duine ba thúisce a thosaigh ag plé leis an ide-eolaíocht teanga mar réimse léinn, leis seo freisin. Is é sin le rá gur gá an anailís a dhéantar ar chlaochlú tuairimíochta a lonnú sa chomhthéacs stairiúil cuí:

[...] the necessary conditions for the formation of ideologies, and the sufficient conditions for their institutionalization, ought really to be the heart of historical explanation, for this illustrates on a large scale what we are, for better or worse, constantly doing to language in microcosm whenever we think about it (Silverstein, 1979: 195).

Ag tarraingt ar Silverstein agus ar Kroskirty beirt, is gá uirlisí anailíseacha na n-eolaíochtaí sóisialta a chomhtháthú leis an stair chun tuiscint níos iomláine agus níos saibhre a fháil ar fhorbairt agus ar chlaochlú tuairimíochta i leith na teanga laistigh de thréimhse ama faoi leith (1965-74 i gcás an tráchtais seo).

Chuige sin, teastaíonn uaim a léiriú sa rannóg seo go bhfuil bearnaí san eolas i measc an aosa léinn, i réimsí na staire agus na n-eolaíochtaí sóisialta araon, maidir le hidé-eolaíochtaí an LFM agus Chonradh na Gaeilge chomh maith leis na dioscúrsaí faoin teanga agus faoin náisiún a cruthaíodh lena linn. Ar mhaithe leis an nganntanas sin sa litríocht a leiriú, is gá léirmheas gonta a dhéanamh ar na príomhshaothair ábhartha sa dá réimse sin féachaint cén chaoi a mbeidh an staidéar seo ag cur leo.

#### 1.4.1 Litríocht stairiúil

Mar chuid den anailís stairiúil, beidh orm dul i muinín theoiricí an náisiúnachais le léiriú gur ‘nuálaithe siombalacha agus morálta’ (Hutchinson, 1987: 33) iad na baill sa dá ghluaiseacht a tháirg iliomad bríonna chun an teanga, chomh maith leis an mbaint a bhí aici leis an náisiúntacht, a mhíniú agus a shamhlú (1965-74) (Anderson, 1983; Gellner, 1983). Beidh mé ag tarraingt chomh maith ar na difríochtaí idir an náisiúnachas polaitiúil ar lámh amháin agus an náisiúnachas cultúrtha ar an lámh

---

*beliefs and practices* ba theideal don seimineár a raibh mé ag freastal air. I measc na n-ábhar a ndearnadh dianphlé orthu, bhí: ceannas idé-eolaíochtaí teanga, iolrachas agus guagacht idé-eolaíochtaí teanga, idé-eolaíochtaí teanga agus an náisiúnachas mar aon le hidé-eolaíochtaí teanga laistigh d’institiúidí.

eile féachaint cén ról a samhlaíodh go mba cheart a bheith ag an teanga i gcleachtadh na náisiúntachta Éireannaí le linn ré na hAthbheochana<sup>6</sup> ó 1893 anuas go dtí bunú an tSaorstáit i 1922.

Ina theannta sin, is gá dul i muinín phríomhúdair staire an fichiú haois féachaint cén rian, dar leo, a d'fhág fealsúnacht na hAthbheochana ar lucht intleachta an tSaorstáit ó 1922 i leith nuair ba mhian leo idéil an náisiúnachais chultúrtha a bhuanú i bhfoirm beartais teanga ('an Ghaeilge éigeantach') (Lee, 1989; Ferriter, 2004; Brown, 2004). Beidh mé ag tarraingt ar shaothair na n-údar sin freisin chun tuiscint a fháil ar chur i bhfeidhm an bheartais teanga ó 1922 i leith chomh maith leis na cúiseanna ar tháinig an beartas faoi fhócas an cheistiúcháin sna 1960í.

Luann Diarmaid Ferriter (2004: 601) an LFM go fánach uair amháin ina shaothar dar teideal *The Transformation of Ireland 1900-2000*, áit a ndeir sé go raibh baint ag an eagraíocht sin le cur i gcoinne na Gaeilge éigeantaí sna seascaidí. Ní dhéanann Ferriter dianscrúdú ar idé-eolaíocht nó ar mhodhanna oibre an LFM áfach. Is amhlaidh atá freisin i saothar eile ó pheann Ferriter *Ambiguous Republic* ina bpléann sé na 1970í in Éirinn (2012).

Is é Adrian Kelly an t-údar is mó a théann i ngleic leis an nGaeilge éigeantach ina shaothar *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s-1970s*. Íorónta go maith, ní luann sé an LFM ach faoi dhó sa saothar sin in ainneoin go bhfuil ábhar an leabhair sin dírithe ar cheist an éigeantais go príomha (2002: 38; 140).

Déanann Donal Flynn dianchritic ar bheartas athbheochana an Stáit ó 1922 i leith ina leabhar *The Revival of Irish: Failed Project of a Political Elite* (2012). Sa saothar úd, leagann an t-údar béim ar an gcostas eacnamaíoch mar aon leis an íobairt shóisialta agus phearsanta a d'fhulaing pobal na hÉireann de dheasca bheartas na Gaeilge éigeantaí, beartas a bhí, dar leis, á chur chun cinn ag 'scothaicme' de chuid an Stáit. Dá lárnaí é beartas na Gaeilge éigeantaí i leabhar Flynn, is díol suntais agus laige bhunúsach é nach luann sé an LFM oiread agus uair amháin i bhfianaise iarrachtaí na heagraíochta sin an Ghaeilge eigeantach a chur ar fionraí.

---

<sup>6</sup> Shocraigh mé 'Athbheochan' a litriú le ceannlitir agus mé ag tagairt don tréimhse stairiúil. Cloíonn sé seo le Foclóir Uí Dhónaill (66).

Déanann J.J Lee (1989), Terence Brown (2004) mar aon le Diarmaid Ferriter (2004) mionchur síos ar an gcomhthéacs náisiúnta inar athraíodh an beartas teanga sna seachtóidí ach ní phléann ceachtar díobh an ról a bhí ag an LFM agus ag Conradh na Gaeilge chun na hathruithe sin a spreagadh nó chun cur ina gcoinne. Tá an ganntanas céanna le sonrú, dar liom, i leabhar Ciara Meehan dar teideal *A Just Society for Ireland?* (2013). Bíodh is go dtugann sí spleáchadh cuimsitheach ar na mórthéamaí a shonraítear sna beartais Ghaeilge a chuir Fine Gael i dtoll a chéile mar chuid den *Just Society* sna seascaidí, ní phléann sí cén tionchar a bhí ag feachtais an LFM ar cheapadh agus ar mhúnlú na mbeartas sin.

Tá sé d’aidhm ag an tráchtas seo teacht i dtír ar na ganntanais sin sa litríocht tríd an stair agus na heolaíochtaí sóisialta a chomhtháthú faoin bhfrámaíocht léirmhínteach chéanna – frámaíocht a úsáidfear chun an fhaisnéis eimpíreach mar aon leis an bhfaisnéis chartlainne a scrúdú. Bealach inniúil is ea é seo, dar liom, chun tabhairt faoi staidéar sochtheangeolaíochta den chineál seo ar idé-eolaíochtaí freasúracha teanga i measc ghluaiseachtaí sóisialta uirbeacha.

Pléifidh mé gluaiseachtaí agus idé-eolaíochtaí teanga sa chéad rannóg eile le léiriú gur uirlisí fóna anailíse iad a mbeidh mé in ann tarraingt orthu chun ceist taighde an tráchtas seo a fhreagairt.

#### **1.4.2 Teoiric: Nua-Ghluaiseachtaí Sóisialta**

Thosaigh caint ar na ‘nua-ghluaiseachtaí sóisialta’ den chéad uair sna 1960í, tráth a raibh bealach úr léirmhínte de dhíth chun suaitheadh sóisialta na seascaidí agus na gluaiseachtaí um chearta sibhialta go háirithe a thuiscint. Ar an mbonn go mbaineann an tráchtas seo leis an gcorraíl agus leis an ngníomhaíochas a bhí ar bun ag Conradh na Gaeilge agus ag an LFM le linn na seascaidí, is tráthúil, mar sin, na heagraíochtaí sin a phlé laistigh de rúibric na ngluaiseachtaí sóisialta.

Eagraíochtaí gluaiseachta sóisialta ab iad an LFM agus Conradh na Gaeilge a raibh bonn idé-eolaíochta fúthu agus ar mhian leo, dá réir, dul i bhfeidhm ar smaointe, ar dhearcthaí, ar iompar agus ar chaidrimh dhaonna. Chuige sin agus bunaithe ar chomh-iompraíocht mar aon le hidé-eolaíochtaí an dá eagraíocht, tugadh faoi chorraíl ar mhaithe le feachtas an phobail a mhúscailt maidir leis an ‘éagóir,’ mar a shamhlaigh an dá eagraíocht é, a bhí á déanamh ar an bpobal. Ina theannta sin, theastaigh uathu a bhfíseanna codarsnacha féin chun an saol a fheabhsú a chur chun

cinn. Theastaigh uathu, dá réir sin, teorainneacha ‘dochta’ an tsaoil, mar a chonacthas don dá eagraíocht iad, a leathnú amach agus a liobrálú ar bhealach ina gcuirfí eispéireas, saoirse agus féin-achtáil an duine chun cinn (Della Porta & Diana, 1999; Tarrow, 1998; Share et al., 2007; Giddens, 1991; Hourigan, 2001, 2003, 2006; Melucci, 1995).


Réimse léinn is ea na gluaiseachtaí sóisialta a dtarraingíonn an t-aos acadúil in Éirinn air go minic. Téann Share et al. ina mhuinín, cuirim i gcás, agus iad ag trácht ar ghluaiseachtaí sóisialta na mban, an lucht taistil agus an chomhshaoil araon (2007). Ina theannta sin, cíorann Hourigan an chorraíl a músclaíodh chun seirbhís teilifíse a bhunú do phobal na Gaeilge in dhá shaothar óna peann (2001; 2003). Léiríonn sé sin go dtarraingítear ar theoiric na ngluaiseachtaí sóisialta sa phlé acadúil ar na feachtais agus ar na modhanna stocaireachta a úsáideann grúpaí sóisialta. Ina ainneoin sin, níl aon duine tar éis an múnla sin a úsáid chun na feachtais a bhain leis an nGaeilge éigeantach sna seascaidí agus sna seachtóidí a scrúdú. Is mian leis an taighde seo an bharna sin a líonadh trí staidéar sóisialta a dhéanamh ar Chonradh na Gaeilge agus ar an LFM chomh maith leis na hidé-eolaíochtaí teanga a bhí á ngríosadh chun spairne. Míneoidh mé céard is idé-eolaíocht teanga ann sa chéad rannóg eile.

### **1.4.3 Teoiric: An Idé-eolaíocht Teanga**

Áitíonn Milroy (2000: 64) gurb éard is idé-eolaíocht teanga ann ná cnuasach de nóisín chiallmhara faoi nádúr, faoi úsáid agus faoi struchtúr na teanga sa domhan sóisialta. Múnlaítear na nóisín sin mar thoradh ar an eispéireas sóisialta agus ceanglaítear le leasanna polaitíochta agus geilleagracha iad dá réir (Kroskrity, 2010: 195). Dearbhaíonn Spitulnik (1998: 164) gur smaointe cultúrtha iad na hidé-eolaíochtaí teanga a mhúnlaíonn an córas luachála faoina ndéantar measúnú ar ról na teanga i gcaidrimh shóisialta agus i gcruithú córas sóisialta agus bríonna chomh maith. Bríonna is ea iad seo (a chomhdhéanann an dioscúrsa) a chruthaítear faoi réir ag idé-eolaíochtaí teanga. Léiríonn sé seo ‘tulangacht’ an ghníomhaí an idé-eolaíocht teanga a úsáid chun córais shóisialta agus bhríonna a chruthú agus, dá réir sin, chun claochlú sóisialta a chur ar siúl sa domhan soch-chultúrtha.

Tá bunús na n-idé-eolaíochtaí teanga fréamhaithe sa tuiscint, a deir Woolard, go gcruthaítear idéanna agus smaointe leis an aidhm go mbaintear úsáid astu chun cumhacht a bhaint amach. Chuige sin, áitíonn sí go mbaineann grúpaí sóisialta úsáid

as na hidéanna sin chun réaltachtaí sóisialta a chruthú agus a shaobhadh araon. Déantar é sin, dar le Woolard, trí dhioscúrsaí iomaíocha a chruthú d’fhonn luachanna polaitíochta agus geilleagracha an ghrúpa shóisialta lena mbaintear a chosaint (1998: 5). Bíonn na dioscúrsaí sin comhdhéanta de na nóisin, de na comharthaí agus de na híocóin éagsúla, lasmuigh den teanga, a dtarraingíonn grúpaí sóisialta orthu ar mhaithe le brí shóisialta a chruthú don teanga. Bítear ag súil leis, mar sin, go dtiocfaidh bláthú ar an mbrí nuachruthaithe sin i bhfeasacht an duine agus go samhlófaí an teanga leis na bríonna sin feasta. Tugtar an tséimeolaíocht ar an bpróiseas seo (féach Figiúr 1-1).



**Figiúr 1-1: An tSéimeolaíocht – bealach chun féiniúlacht ‘shaofa’ a chruthú don teanga**

#### 1.4.4 Cosaint

Anois agus comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca ar na bacáin in 2016, is tráthúil súil siar agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochas na teanga in Éirinn le caoga bliain anuas. Cuirfidh mé tús leis an bpróiseas sin sa tráchtas seo trí staidéar a dhéanamh ar an tréimhse chinniúnach úd idir 1965 agus 1974 (féach 1.2.1).

Ag tarraingt ar theoiric na ngluaiseachtaí sóisialta, na n-idé-eolaíochtaí teanga mar aon le coincheap an náisiúnachais, áiteoidh mé gur chuir Conradh na Gaeilge agus an LFM rompu féin tuiscintí agus smaointe nua a chruthú agus a chur chun cinn faoina samhlófaí an saol sóisialta feasta.



Is frámaíocht shaibhir, nuálach agus bhisiúil í seo, dar liom, chun tuiscint a fháil ar idé-eolaíochtaí teanga laistigh de ghluaiseachtaí sóisialta fearacht an Chonartha agus an LFM. Agus mé ag tarraingt ar an bhfrámaíocht bhisiúil sin, leagfaidh mé modheolaíocht amach faoinar féidir leis an aos léinn staidéar a dhéanamh ar tháirgeacht, ar mhúnlú mar aon le scríosadh idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí i leith na teanga laistigh de ghluaiseachtaí sóisialta.

Níl anailís den chineál céanna déanta ag tráchtairí in Éirinn go nuige seo ina dtarraingítear ar na múnlaí teoriciúla seo chun cás na Gaeilge a phlé mar aon leis an gcás sin a mhíniú trí mheán na Gaeilge. Tabharfaidh an taighde seo, dá réir sin, peirspictíocht úrnuá ar na hidé-eolaíochtaí teanga mar aon leis na díospóireachtaí teanga a bhí i réim laistigh de Chonradh na Gaeilge agus den LFM idir 1965-74.

### **1.5 Modheolaíocht**

Tá sé d'aidhm ag an rannóg seo achoimre a thabhairt ar mhodheolaíocht an tráchtais seo, téama a phléifidh mé go mion i gCaibidil a Ceathair. Is mian liom sa tráchtas seo cur síos a dhéanamh ar na tuiscintí sóisialta agus cultúrtha a bhí i réim laistigh de Chonradh na Gaeilge agus den LFM. Staidéar idé-eolaíochta is ea é seo, dá réir sin, ar mian leis scrúdú a dhéanamh ar na 'suibiachtúlachtaí daonna' a mhair laistigh de chomhphobail chleachtais. Chun teacht i dtír ar an 'tsuibiachtúlacht' sin, ní mór úsáid a bhaint as múnlaí fiosrúcháin agus anailíse de chuid an taighde cháilíochtúil.

Chuige sin, déanfaidh mé dhá chás-staidéar chodarsnacha ar an LFM agus ar Chonradh na Gaeilge araon le go bhféadainn iniúchadh domhain a dhéanamh ar na próisis agus ar na caidrimh laistigh den dá ghluaiseacht chomh maith leis an idirghníomhaíocht a bhí eatarthu. Chun na cás-staidéir sin a chur i gcrích, is gá faisnéis eimpíreach agus shóisialta a bhailiú le go bhféadfainn a thuiscint cén chaoi ar bhain na baill ciall agus brí as an domhan sóisialta ('tógachaíoch'<sup>7</sup>). Déanfaidh mé é sin trí dhul i muinín raon leathan foinsí príomhúla:

- Cuirfidh mé sraith agallamh leathstruchtúrtha ar shampla rannpháirtithe ón dá ghluaiseacht.
- Déanfaidh mé scagadh agus anailís ar fhaisnéis chartlainne agus nuachtáin.

---

<sup>7</sup> Faoin tógachas, deirtear go gcruthaítear an tsochaí go sóisialta bunaithe ar na bríonna a úsáideann neacha daonna chun ciall a bhaint as an domhan sóisialta ina maireann siad, mar a mhíniúnn Scott & Marshall: 'Social worlds are interpretive nets woven by individuals and groups' (2009: 698). Cur chuige de chuid an tógachais shóisialta is ea an tséimeolaíocht (féach 4.2).

Déanfaidh mé anailís dioscúrsa ar an bhfaisnéis phríomhúil sin ar fad féachaint céard iad na téamaí, na treochtaí agus na heasnaimh is coitianta agus is mó suntas a thagann chun solais. Tabharfaidh sé sin léargas dom ar na dioscúrsaí éagsúla faoinar thuig an dá ghluaiseacht ceist na Gaeilge.

Anuas air sin, beidh sé den riachtanas staidéar a dhéanamh ar sciar maith foinsí tánaisteacha lena n-áirítear: Páipéir Bhána de chuid an Rialtais, tuarascálacha ábhartha de chuid Fhianna Fáil agus Fhine Gael faoi seach, saothair stairiúla, saothair ina bpléitear teoricí na ngluaiseachtaí sóisialta, na hidé-eolaíochta teanga agus an náisiúnachais.

Teastaíonn an anailís seo le go mbeidh mé in ann dul i ngleic leis na próisis faoina dtáirgeann gluaiseachtaí sóisialta idé-eolaíochtaí i leith na teanga agus le go mbeidh mé in ann na próisis sin a shuíomh sa chomhthéacs stairiúil cuí in Éirinn.

### **1.5.1 Ceist na bhFoinsí Gaeilge & Béarla**

Ó tharla gur mian liom sa tráchtas seo ‘tuiscintí’ agus ‘fírinní’ i leith na Gaeilge a phlé agus a scrúdú, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí foinsí stairiúla sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon san áireamh i staidéar idé-eolaíochta mar seo. Is gá, mar sin, go bhféadfainn tarraingt ar na dioscúrsaí iomaíocha a cuireadh in iúl sa dá theanga sin, rud nach n-éiríonn le go leor taighdeoirí a bhaint amach, dar le Walsh:

[...] the inadequate treatment of the Irish language is linked to the failure or inability of the majority of English-speaking authors [...] to draw extensively upon both historical and contemporary sources in the Irish language (Walsh, 2012: 13).

Ar aon dul leis sin, ní leor dioscúrsa aonteangach an Bhéarla, a deir Kirby, chun staidéar iolrach a dhéanamh ar shochaí na hÉireann agus chun tuiscint níos iomláine a fháil uirthi:

Ba bheag cruthaitheacht a léirigh na heolaíochtaí sóisialta chun cur síos níos doimhne a chur ar fáil ar shochaí na hÉireann. Sna réimsí seo, bhí an Ghaeilge as láthair go hiomlán, agus tá fós. Ba bhoictede (sic) an tsochaí go mór dá dheasca sin. Níor leor Béarla na hÉireann chun cultúr poiblí níos intleachtúla, níos fiosraí agus níos iolraí a sholáthar, agus ní leor go fóill (Kirby, 2004: 28).

Trí dhul i muinín foinsí Béarla agus Gaeilge sa tráchtas seo, beidh sé ar mo chumas spleáchadh níos cuimsithí agus níos iolraí a thabhairt ar na hidé-eolaíochtaí éagsúla teanga a bhí i réim i gConradh na Gaeilge agus san LFM araon. Fágann sin nach

ndéanfaidh mé, mar thaighdeoir, scríosadh<sup>8</sup> d'aon ghnó ar cheachtar den dá theanga trínar chuir Conradh na Gaeilge agus an LFM a n-idé-eolaíochtaí in iúl.

## 1.6 Imlíne ar chaibidlí eile an tráchtais

Tá sé d'aidhm ag Caibidil a Dó den tráchtas seo cur síos stairiúil a dhéanamh ar bhunús mar aon le fréamhacha fealsúnacha an bheartais teanga in Éirinn ó céadbhunaíodh Conradh na Gaeilge i 1893. Bíodh is gur caibidil stairiúil í seo, is gá tarraingt ar theoiricí an náisiúnachais le go dtuigfí an rian a d'fhág an náisiúnachas cultúrtha ar Chonradh na Gaeilge, agus ar na bríonna a cruthaíodh dá bharr, chun an náisiún Éireannach a léirmhíniú idir 1893 agus 1922<sup>9</sup>. Ina theannta sin, pléifidh mé an tuiscint a bhí ag lucht intleachta an Stáit nuabhunaithe i 1922 ar fhealsúnacht na hAthbheochana nuair a bhí idéil na fealsúnachta sin á mbuanú i bhfoirm bheartas teanga an Stáit ('an Ghaeilge éigeantach'). Cíorfaidh mé cur i bhfeidhm an bheartais teanga ó 1922 i leith chomh maith leis na cúiseanna sóisialta ar tosaíodh á cheistiú sna 1960í.

I gCaibidil a Trí den tráchtas seo, leagfaidh mé amach an fhrámaíocht léirmhínitheach faoina ndéanfaidh mé anailís agus tástáil ar an bhfaisnéis eimpíreach. Ar an mbonn go bhfuil sé i gceist agam plé a dhéanamh ar theoiricí an náisiúnachais i gCaibidil a Dó, is mian liom díriú isteach ar na gluaiseachtaí sóisialta agus ar na hidé-eolaíochtaí teanga sa chaibidil seo. Tabharfaidh sin tuiscint dom ar na próisis tháirgeachta trína gcruthaíonn gluaiseachtaí sóisialta iliomad idé-eolaíochtaí chun an domhan sóisialta a léirmhíniú agus a thuiscint. Beidh an fhrámaíocht sin, sa mhullach ar an náisiúnachas, ina dtreoir dom agus cásanna Chonradh na Gaeilge agus an LFM á bplé agam ar ball.

Mar thoradh ar an anailís a dhéanfaidh mé ar an teoiric i gCaibidil a Trí, tiocfaidh sé chun solais gurb í an tsuibíachtúlacht dhaonna an cineál eolais a ndéanfaidh mé staidéar air sa tráchtas seo. Tá sé d'aidhm ag Caibidil a Ceathair, mar sin, plé a

<sup>8</sup> Is éard is ciall le 'scríosadh' (*erasure*) sa chás seo ná an próiseas séimeolaíoch faoina ndéanann an taighdeoir beag de dhaoine agus de ghníomhartha ar leith a thagann salach ar a idé-eolaíocht phearsanta féin i leith na ceiste atá á scrúdú aige (Irvine & Gal: 2000) (féach 4.3.2).

<sup>9</sup> Is furasta múnlaí teoirice an tráchtais a phlé laistigh den chaibidil chéanna agus aithním gurb é sin a dhéantar go hiondúil. Bhí orm imeacht ón nós sin i gcás an tráchtais seo áfach. B'éigean dom tarraingt ar theoiricí an náisiúnachais i gCaibidil a Dó (Comhthéacs Stairiúil) chun míniú a thabhairt ar bhunús fealsúnach na hAthbheochana mar aon le bunús fealsúnach Chonradh na Gaeilge ag deireadh an 19ú hAois. Chiallaigh sin go raibh míniú teoirice ag teastáil chun feiniméin a mhíniú sa chaibidil stairiúil - is é sin lasmuigh de chaibidil na teoirice. Léiríonn sin gur tharraing mé ar an teoiric nuair a bhí sí ag teastáil chun feiniméin a mhíniú agus is chuide sin atá an teoiric (féach 3.1.1).

dhéanamh ar an bparaidím smaointeoireachta is feiliúnaí chun ‘an tsuibichtúlacht’ sin a phlé mar aon leis na modhanna fiosrúcháin agus anailíse a rachaidh mé ina muinín chun an fhaisnéis sin a bhailiú, a scrúdú agus a thástáil. Déanfaidh mé cur agus cúiteamh faoi shuílce agus faoi dhuáilce na modhanna sin ar fad a roghnófar.

Ag teacht faoi anáil ag bunphrionsabail na teoirice agus na modheolaíochta araon agus ar mhaithe leis an gceist taighde a fhreagairt, pléifidh mé an fhaisnéis eimpíreach i gCaibidlí a cúig (Conradh na Gaeilge) agus a sé (LFM) faoi seach. Pléifidh mé ‘tuiscintí’ agus ‘fírinne’ suibichtúla na rannpháirtithe féachaint cérbh iad na bealaí difriúla faoina ndearnadh luacháil agus díluacháil araon ar an nGaeilge. Freagróidh an anailís sin an cheist taighde trí chur síos a dhéanamh ar na hidé-eolaíochtaí éagsúla teanga faoinar thuig an dá ghluaiseacht ceist na Gaeilge mar aon lena tábhacht don náisiúntacht.

Ar deireadh, tarraingeoidh mé príomhthéamaí an tráchtais seo le chéile i gCaibidil a Seacht, áit a bpléifidh mé na príomhthorthaí agus na príomhthátail a eascraíonn as an taighde seo. Ina theannta sin, déanfaidh mé trácht ar bhuanna agus ar laicisí an tráchtais seo chomh maith le treoir a thabhairt don aos acadúil maidir leis na féidearthachtaí eile taighde a mhúsclaíonn an saothar seo.

## 2 Caibidil 2 – An Comhthéacs Stairiúil Náisiúnta

### 2.1 Réamhrá

Tá sé d'aidhm ag an gcaibidil seo Conradh na Gaeilge agus an LFM a shuíomh sa chomhthéacs stairiúil, sóisialta agus polaitiúil inar bunaíodh iad agus inar múnlaíodh a mbraistintí i leith na Gaeilge éigeantaí agus i leith na náisiúntachta araon. Is gá an comhthéacs sin a leagan amach mar chúlra don dá chaibidil eimpíreacha (caibidlí 5 & 6).

I dtosach báire, is mian liom fréamhacha fealsúnacha Chonradh na Gaeilge a rianú siar, ní hamháin go bliain a bhunaithe in 1893 ach go scríbhinní Thomáis Dáibhis i lár an 19ú hAois déag. Tá sé den riachtanas go ndéanfaidh mé é sin ar an ábhar gur fhág tuairimí Dáibhis, i leith ról na Gaeilge don náisiúntacht, a rian ar Chonradh na Gaeilge nuair a bunaíodh é. Ar an gcaoi chéanna, d'imir Conradh na Gaeilge tionchar nach beag ar mhúnlú bheartas an tSaorstáit i leith na Gaeilge ó 1922 i leith, mar a mhíníonn Garret FitzGerald:

The language policy that was then adopted was determined by the sense of indebtedness felt by the leaders of the national political movement which was to emerge in the late nineteenth and early twentieth centuries towards the language movement, within which so many of them had found their initial national inspiration [...] (FitzGerald, 2005: 83).

Ní mór, mar sin, dul i ngleic le fealsúnacht na hAthbheochana féachaint arbh ionann a teagasc ar shuílce an chultúir dhúchais agus na hargóintí dlisteanaithe ar baineadh úsáid astu i ndiaidh bhunú an tSaorstáit chun beartas na Gaeilge éigeantaí a bhuanú agus a chosaint, beartas a bheidh ag dó na geirbe ag an LFM in am trátha (1965-74).

Dá réir sin, beidh an chaibidil seo roinnte ina trí chuid. Sa chéad chuid, déanfaidh mé plé ar fhealsúnacht na hAthbheochana, plé ina mbeidh teoiricí an náisiúnachais chultúrtha ina n-orlaí tríd. Faoina réir sin, pléifidh mé, sa dara cuid den chaibidil seo, múnlú agus forbairt an bheartais teanga idir 1922 agus 1959 in Éirinn. Ar deireadh, neadóidh mé cúlú an Stáit ón mbeartas teanga i gcomhthéacs comhaimseartha na seascaidí, tráth a bhain le hoscailt súl agus aigne mar thoradh ar an meon ceistitheach a bhí ag teacht chun cinn maidir le gnéithe éagsúla de shaol na tíre (1959-74). Fágann sin go raibh coincheapa nua agus ní ba leithne den fhéiniúlacht Éireannach agus Ghaelach ag teacht chun cinn.

## 2.2 Fealsúnacht na hAthbheochana

Tá sé tábhachtach a thabhairt le fios ag an bpointe seo go mbaineann ábhar an tráchtais seo le díospóireachtaí faoin mbeartas teanga agus faoin náisiúntacht sna seascaidí agus na seachtóidí (1965-74). Fágann sin nach mian liom cur síos críochnúil agus uileghabhálach a dhéanamh ar stair agus ar fhealsúnacht na hAthbheochana<sup>10</sup> sa chaibidil seo. É sin ráite, is gá go dtabharfainn spléachadh cúlrach ar an bhfealsúnacht sin i gcomhthéacs an tionchair a d'imir sí ar mhúnú bheartais an Stáit i leith na Gaeilge idir 1922 agus 1974.

### 2.2.1 Staid na Gaeilge sa 19ú hAois & an náisiúnachas polaitiúil

Mar chúlra, ní miste a shonrú ag an tús go raibh úsáid na Gaeilge mar mheán intleachtúil ag trá de réir a chéile ó na 1650í i leith, dar le Kiberd (1995: 133). Glactar leis, mar sin féin, gur tharla an cúlú agus an claochlú ba mhó suntas le linn an naoú haois déag mar thoradh ar shraith buillí a d'fhulaing an teanga i gcaitheamh an chéid sin. Ar an ábhar sin, deir Denvir gur imir an Gorta Mór, bunú na Scoileanna Náisiúnta (1831), neamhshuim lucht ceannasach na polaitíochta, an riaracháin agus na hEaglaise Caitlicí, tionchar nach beag ar mheathlú na teanga sa naoú haois déag. Léiríonn Walsh luas an mheathlaithe laistigh d'achar céad bliain sa sliocht thíos agus é ag trácht ar dhaonáireamh 1891:

Sa bhliain 1800, bhí cónaí ar mhíliúin duine laistiar de line ó Dhoire go Corcaigh arbh í an Ghaeilge a ngnáth-theanga labhartha. Faoi 1891, áfach, ní raibh fágtha ach 700,000 cainteoir Gaeilge sa tír, a raibh cónaí ar a leath acu i gceantair arbh í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide an phobail (ceantair ar a dtabharfaí 'an Ghaeltacht' in am trátha). Léirigh Daonáireamh 1891 go raibh 14% den phobal dátheangach, gur Béarla amháin a bhí ag 85% agus nach raibh ach 1% ina gcainteoirí aonteangacha Gaeilge (2004: 2).

Léiríonn an sliocht seo go deimhin gur tháinig lag trá tréan agus tubaisteach ar úsáid na Gaeilge i gcaitheamh an naoú haois déag. Ní dóigh le Denvir, áfach, gur leor tionchair dhoshéanta an Ghorta mhóir agus na Scoileanna Náisiúnta iontu féin d'fhonn míniú iomlán a thabhairt ar scéal casta an mheathlaithe teanga. Ar an ábhar sin, neadaíonn sé meathlú na teanga i gcomhthéacs an chomhshamhlaithe chultúrtha. Is é sin le rá, gur tháinig, dar leis, cuid den lucht ceannasach arbh Éireannaigh iad faoi anáil chóras luacha na Breataine (1997: 342).

---

<sup>10</sup> Tá stair agus fealsúnacht na hAthbheochana rianta ag údar eile romham: (Ó Conchubhair, 2009; Mac Aonghusa, 1993; Denvir, 1978, 1997; Mathews, 2003; Hutchinson, 1987).

Mar thoradh ar an tuiscint gur mó stádas a bhain le deasghnátha chultúr na Breataine, d'áitigh leithéidí Dhónaill Uí Chonaill go mba chóir go múinfi an Béarla do pháistí ar an mbonn gurbh í an teanga ab fheiliúnaí í do shaol nua-aoiseach an ghnó agus do shaol na himirce go háirithe (Kiberd, 1995: 133). Maíonn Denvir go raibh Ó Conaill agus a mhacasamhail sa mheánaicme Chaitliceach, ag teacht go mór faoi anáil na Breataine agus gur ghlac said chucu féin, dá réir, nósmaireachtaí sóisialta, luachanna saoil agus teanga an allúraigh le fuinneamh agus go toildeonach (1997: 342). Ina theannta sin, áitíonn Denvir gurbh í fealsúnacht an fhóntachais agus an réasúin ba bhunús leis seo agus go raibh tuairim Uí Chonaill múnlaíthe beag beann ar bhraistintí, ar mhothúcháin agus ar ghasra na hoidhreachta Gaelaí. Praiticiúlacht agus tionchar sibhialaithe an Bhéarla, a deir Denvir, ba bhonn dlisteanaithe faoi thuairim Uí Chonaill chun an Ghaeilge a ligean i ndearmad agus chun an Béarla a chur chun cinn sa saol réalaióch agus fónaióch ina mbeadh Éire ina 'leagan próibhínseach de chuid chultúr an ghabhálaí' (1997: 342-43).

Náisiúnaí polaitiúil<sup>11</sup> a bhí in Ó Conaill ar mhian leis Éire a normalú i measc náisiúin an domhain tríd an bparlaimint dhúchais a athlonnú go Baile Átha Cliath arís, faoi mar a bhí roimh Acht an Aontais in 1800. I bhfianaise fhreagra na Breataine ar theacht chun cinn an Fhíniúeachais, bhí an tuairim ann go raibh leatrom eitneach á dhéanamh ar Chaitlicigh na hÉireann i saol uirbeach na Breataine agus ba é athbhunú an reachtais dhúchais an bealach ab fhearr chun an claonadh sin a chur ar mhalairt slí, dar le Hutchinson (1987: 152).

Is é an t-idéal a chuireann na náisiúnaithe polaitíochta rompu féin, dar le Hutchinson, go mbunófaí Stát flaitiúnais féinrialaitheach a bheadh bunaithe ar an gcomhshaorántacht. Is mian leis na náisiúnaithe polaitíochta, dá bharr sin, náisiún a chruthú ar thuiscint na comhdhaonnachta a dhéanfadh tarchéimniú ar dhifríochtaí cultúrtha (Hutchinson, 1987: 12). Is é cuspóir an náisiúnachais pholaitiúil, mar sin, go mbainfi Stát seasmhach, ionadaíoch agus náisiúnta amach a chosnódh cearta aonfhoirmeacha saoránachta (Hutchinson, 1987: 15). Maítear, dá bharr sin, gurb aonad polaitiúil atá sa náisiún, aonad a chuireann roimhe Stát dlíthiúil agus

---

<sup>11</sup> Áitíonn Hutchinson (1987: 12) go bhfuil dhá chineál náisiúnachais ann ar a dtugtar an náisiúnachas polaitiúil agus an náisiúnachas cultúrtha faoi seach. Deir sé nach bhféadfaí an dá chineál náisiúnachais sin a chomhtháthú faoin scáth céanna ar an ábhar go gcuireann siad beirt dearthaí codarsnacha chun cinn maidir lena bhfuil i gceist le 'náisiún.' Is gá, dá réir, cothrom na Féinne a thabhairt don dá chineál náisiúnachais sin.

bunreachtúil atá ionadaíoch ar an bpobal a bhunú le gur féidir leis an náisiún a bheith ina chomhpháirtí den tsibhialtacht iltíreach agus réasúnaíoch atá ag teacht chun cinn (Hutchinson, 1987: 13).

Deir Hutchinson go raibh náisiúnaithe polaitiúla na hÉireann den tuairim nár bhain sainsibhialtacht ar leith le hÉirinn:

They [náisiúnaithe polaitiúla] had no sense [...] of Ireland as a separate civilisation, but rather wished that an Ireland modelled on English liberal lines be given its proper status as a partner in the British Imperial mission (1987: 152).

Ba é a fhearacht chéanna ag Páirtí Parlaiminteach na hÉireann é, páirtí a bhunaigh Charles Stewart Parnell i 1882. Bhí an páirtí seo tiomanta don neamhspleáchas parlaiminteach a bhaint amach d'Éirinn. Ar an ábhar sin, maíonn Ferriter go raibh John Redmond, ar cheannaire an pháirtí é (1900-18), den tuairim go bhféadfaí aontacht náisiúnta mar aon le haontacht impiriúil a bhaint amach ag an am céanna trí impí ar rialtas na Breataine an bille um Rialtas dúchais a achtú in Éirinn i 1914 (2004: 130). Chun luas a chur faoi sin agus mar ghotha dílseachta, spreag Redmond Óglaigh na hÉireann chun troid ar son na Breataine sa chéad chogadh domhanda. An réasúnaíocht a bhí laistiar den chinneadh sin gur féidir, dar leis, aontacht náisiúnta a bhaint amach in Éirinn laistigh d'impireacht na Breataine trí pharlaimint dhúchais a bhunú i mBaile Átha Cliath agus gurbh í an pharlaimint dhúchais sin an comhartha náisiúntachta ab fhollasaí dá raibh ann (Hutchinson, 1987: 1). Bunú Stáit bhunreachtúil ab aidhm do na náisiúnaithe polaitiúla mar sin.

Bíodh sin mar atá, ní mór a aithint go raibh sruth smaointeoireachta eile ag bailiú nirt in Éirinn um an dtaca seo, sruth codarsnach ab ea é seo a bhí ar maos i ndioscúrsa an náisiúnachais chultúrtha. Dream ar theastaigh uathu 'náisiún' mar dhéantús siombalach agus samhlaíthe a chruthú, murab ionann agus Stát maorlathach.

### **2.2.2 An náisiúnachas cultúrtha**

Áitíonn Cormier go mbíonn ról lárnach le himirt ag intleachtóirí tuata mar aon leis an lucht intleachta, dhá dhream a bhfuil oideachas orthu, i mbeachtú na ngluaiseachtaí náisiúnacha (2003: 525). Is ionan na hintleachtóirí, dar le Hutchinson, agus na filí, na húrscéalaithe agus na drámadóirí a chumann idéil chultúrtha na gluaiseachta. Is é sin le rá gur mian leo úrchóras bríonna agus siombailí a chruthú trí mheán na healaíne a léirmhíneadh an náisiún (Hutchinson, 1987: 3). Dá réir sin,



tugtar nuálaithe morálta ('moral innovators') ar na hintleachtóirí seo ar an ábhar gurb iad a chruthaíonn foinsí agus múnlaí úra féiniúlachta, atá fréamhaithe i miotais agus i bhfinscéalta an traidisiúin, chun teacht i dtír ar shuaitheadh sóisialta, mar a deir Cormier:

The central place of culture in the form of patriotic songs, poems and novels in shaping a burgeoning sense of nationhood, makes the imaginative work of the intellectual all the more central for nationalism (2003: 526).

I ndiaidh phróiseas na cruthaitheachta, maíonn Hutchinson go dtiteann an cúram ar an lucht intleachta (iriseoirí, polaiteoirí agus maorlathaithe) na hidéil a tháirg na hintleachtóirí a bhuanú agus a institiúidiú in iliomad clár geilleagrach, sóisialta agus polaitiúil (1987: 3). Slógann sé seo intleachtóirí eile chun páirt a ghlacadh sa ghluaiseacht agus í mar aidhm acu an pobal náisiúnta a athghiniúint chun dúshlán a thabhairt don Stát reatha. Nuair a chomhnasctar an dá ghrúpa seo faoin scáth céanna, tugann Hutchinson 'athbheochanóirí eitneacha' orthu (Hutchinson, 1987: 9). Dream is ea na 'hathbheochanóirí eitneacha,' a deir Hutchinson, a chreideann gur fórsa cruthaitheach atá sa náisiún a chlaochlaíonn mar thoradh ar thréimhsí meathlaithe agus athnuachana araon i bhforbairt an náisiúin (1987: 10).

Áitítear, mar sin, go bhfáisceann buncharachtar an náisiúin as a shainsibhialtacht atá fréamhaithe i sainstair, i sainchultúr agus i bpróifíl tíreolaíochta an náisiúin. Is éard is ciall leis an náisiúnachas cultúrtha, mar sin, ná atáirgeacht mhorálta a dhéanamh ar an bpobal stairiúil trí shibhialtacht náisiúnta agus shainiúil an phobail sin a athchruthú:

The glory of a country comes not from its political power but from the culture of its people and the contribution of its thinkers and educators to humanity (Hutchinson, 1987: 16).

Murab ionann agus an náisiúnachas polaitiúil (atá réasúnaíoch), tá na náisiúnaithe cultúrtha den tuairim go bhfuil mianach agus fórsa cruthaitheach de dhlúth agus d'inneach sa daonnacht agus sa nádúr araon agus gurb amhlaidh atá i gcás an náisiúin:

Nations are then not just political units but *organic* beings, living personalities, whose individuality must be cherished by their members in all their manifestations. Unlike the political nationalist, the cultural nationalist finds the nations not on 'mere' consent or law but on the passions

implanted by nature and history (Hutchinson, 1987: 13) (béim sa bhunleagan).

Faoin náisiúnachas cultúrtha, samhlaítear an Stát maorlathach, a deir Hutchinson (1987: 16), mar uirlis srianaithe a mbaintear úsáid aisti chun aonfhoirmeacht mheicniúil agus mhaorlathach a bhrú ar chultúir bheo, ghuagacha agus ghluaisteacha. Faoina réir sin, aonad orgánach, guagach agus mothálach atá sa náisiún, dar leis na náisiúnaithe cultúrtha, a mbaineann indibhidiúlacht chruthaitheach leis. Dá bharr sin, áitítear go bhfuil an náisiún comhdhéanta d'iliomad indibhidiúlachtaí a dtugtar comhionannas dóibh uile agus a mbaineann comhluach leo don phobal. Os a choinne sin, diúltaítear d'idéal na saoránachta uilíche a mholann na náisiúnaithe polaitiúla áfach ar an ábhar go gcruthaíonn sé sin íomhá aonchineálach den náisiún. Maíonn na náisiúnaithe cultúrtha gur gá a aithint gurb ann do scoilteanna nádúrtha agus ilchineálacha laistigh den náisiún – ar bhonn inscne, creidimh, gairme agus réigiúin – agus nach mór cothrom na Féinne a thabhairt do na difríochtaí sin uile ar an mbonn go gcruthaíonn siad ar fad mianach iolrach náisiúnta a bhfuil an tsainchruthaitheacht ina bonn faoi (Hutchinson, 1987: 13).

Maíonn Ó Conchubhair go nglactar leis go huile agus go hiomlán i léann na Gaeilge go bhféadfaí bunús fealsúnach Athbheochan na Gaeilge a rianú siar trí Thomás Dáibhis go Rómánsachas na Gearmáine agus go teoiricí Fichte, Humboldt agus Herder ag deireadh an ochtú haois déag<sup>12</sup> (2002: 44). Faoi na teoiricí úd, rinneadh cur síos ar nádúr na teanga agus ar an tionchar a d'imir an teanga ar mheon an duine, mar a mhíníonn May:

[...] Herder and Humboldt, and subsequently Fichte, were to advocate an 'organic' or 'linguistic' nationalism where culture – and particularly, language – was viewed as central to the essence or character (Volkgeist) of the nation. In this perspective, language came to be the *most* important

---

<sup>12</sup> Ina leabhar *Fin de Siècle na Gaeilge*, is mian le hÓ Conchubhair dúshlán a thabhairt don ollscéal neamhaimpléiseach gurbh athleagan den náisiúnachas cultúrtha Gearmánach amháin é Athbheochan na Gaeilge (2009: 3). Maíonn Ó Conchubhair gur gnách leis an aos acadúil feachtais Chonradh na Gaeilge a léamh i dtéarmaí stair pholaitiúil na hÉireann agus i dtéarmaí an náisiúnachais chultúrtha amháin. Deir sé go bhfuil bonn níos ilghnéithí ná sin faoin Athbheochan a neadaíonn sé féin i ndioscúrsa an mheathlathaithe náisiúnta Eorpaigh ag deireadh an 19ú hAois (2009: 4). Galar inmheánach, síceolaíoch agus fiseolaíoch a bhí sa mheathlú Eorpach, nó an 'Fin de Siècle' mar a thugann Ó Conchubhair air, ag deireadh an 19ú hAois. Dá fhiúntaí é téis Uí Chonchubhair, ní mian liom sa tráchtas seo tuiscint a fháil ar bhunús na hAthbheochana (i. an meathlú Eorpach). Is mian liomsa tuiscint a fháil ar na tionchair a d'imir idéil na hAthbheochana ar lucht intleachta an tSaorstáit agus an beartas Gaeilge á cheapadh acu ó 1922 i leith.

distinguishing characteristic of nationhood – indeed its very soul (2012: 61). (béim sa bhunleagan).

Cruthaíonn gach teanga, mar sin, saindearcadh nó sainbhreogán ('genius') trína dtuigtear an domhan. Dúradh gurbh aonad orgánach agus teibí é an teanga a chuimsigh agus a bhunaigh spiorad an náisiúin. Tugtar an t-eisintiúlachas teanga ar an tuiscint seo gur suáilce atá sa teanga a iompraíonn saoldearcadh agus cruinneshamhail shainiúil an náisiúin. Bunaithe ar an tuiscint sin, ní mór teanga dá gcuid féin a bheith ag aon ghrúpa ar mhian leo stádas an náisiúin neamhspleách a bhaint amach, dar leis an gConchubharach (2009: 13).

### **2.2.2.1 Tomás Dáibhis**

Tháinig Tomás Dáibhis, a bhí ina cheannaire neamhoifigiúil ar ghluaiseacht Éire óg idir 1842-45, faoi anáil na smaointeoireachta seo agus é ag caint ar an nGaeilge go sonrach (Walsh, 2012: 71). Murab ionann agus Ó Conaill, a mealladh isteach sa naisiúnachas ar bhonn an chomhshamhlaithe, mealladh Dáibhis isteach ar bhonn an leasúcháin (Hutchinson, 1987: 97). Chuir Dáibhis i gcoinne an nua-aoiseachais agus an fhóntachais ar an mbonn gur ghá, dar leis, an náisiún a athchruthú as an nua bunaithe ar shuáilcís an tsean-náisiúin Ghaelaigh le gur féidir an tír a chosaint ó thaoide mhífholláin an truaillithe sheachtraigh, mar a deir Denvir:

Ba í an Ghaeilge, dar le Davis, an fál cosanta a bheadh ag an náisiún athchruthaithe in aghaidh an rud ar a dtabharfadh Yeats, a raibh tionchar mór ag Davis ina dhiaidh air, 'the filthy modern tide' (1997: 344).

Áitíonn Ó Conchubhair gur chreid baill Éire Óg gur bhain sainfheiniúlacht le hÉirinn a raibh sé ar a cumas aici na codanna éagsúla den tír, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh, a aontú le chéile (2009: 14). Deir Hutchinson gur chreid Dáibhis gur eascair an náisiúntacht as sainchultúr agus as saintíreolaíocht an náisiúin. Dá réir sin, ní raibh an náisiúntacht bunaithe ar an gciníochas, dar le Dáibhis. Ina áit sin, d'áitigh sé go raibh an náisiúntacht bunaithe ar rannpháirtíocht ghníomhach agus chuimsitheach i bhforbairt gheilleagrach, shóisialta, pholaitiúil agus chultúrtha an náisiúin:

Maintaining that the nation was a product of culture and environment, not of race, he [Dáibhis] believed that, although threatened by the progress of Anglicization, Ireland, with its fading but still-living Gaelic culture – its language, literature and music – possessed all the attributes of a historic nationality. Moreover, its people, despite the series of invasions, now represented an intermixture of races, for all their differences, coloured by the

natural and cultural environment of the country. The record of its history revealed the folly of internal divisions, the necessity of uniting against the foreigner and the wisdom of self-reliance and self-respect (Hutchinson, 1987: 98).

Bhí sainfheiniúlacht na tíre tábhachtach mar acmhainn scarúnaíoch ar an ábhar nach raibh tíortha ar nós na hÉireann in ann neamhspleáchas a bhaint amach trí fheachtais chogaíochta fearacht Mheiriceá agus na Fraince, cuir i gcás. Ina éagmais sin, b'éigean do na hÉireannaigh, a deir Ó Conchubhair, díriú isteach ar aontacht chultúrtha a bhaint amach, aontacht a bheadh fréamhaithe san oidhreacht Ghaelach agus sa náisiúntacht stairiúil roimh theacht na nGall (2009: 14).

Sonraíonn Walsh, agus léirmheas á dhéanamh aige ar chuid de scríbhinní Dáibhis ar *The Nation*, gurbh é a chreid Dáibhis go raibh dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus patrún smaointeoireachta lucht a labhartha. Dá réir sin, foinse inspioráide ab ea an Ghaeilge trína bhféadfaí an éirim dhúchasach a chur in iúl. Fágann sin gurbh í an Ghaeilge an meán ab éifeachtaí chun an aigne dhúchais a chur i láthair. Bheadh an éirim dhúchasach á srianú agus á plúchadh murarbh ann don Ghaeilge mar mheán a d'fhéadfadh an meon agus an mianach Éireannach sin a chur in iúl. Dearbhaíonn Walsh gurbh é a bhí á rá ag Dáibhis go raibh an Ghaeilge i measc raon leathan acmhainní dúchasacha a bhféadfaí tarraingt orthu chun náisiún neamhspleách Éireannach a chruthú a rachadh chun leas na sochaí i gcoitinne (Walsh, 2012: 72).

Maíonn Denvir gur fhág Dáibhis agus fealsúnacht Éire Óg trí chéile a rian ar fhealsúnacht na hAthbheochana. Faoi réir ag an bhfealsúnacht úd, moladh do mhuintir na hÉireann a dteanga dhúchais a choinneáil mar chomhartha féiniúlachta ar an mbonn gurbh ann don dlúthcheangal idir cultúr agus náisiúntacht (1997: 344). Ba é Dáibhis ba thúisce freisin a thosaigh ag caint ar an díshacsanú a bhí de dhíth chun anam na tíre a íonghladh ó thionchar an allúraigh, téama a dtógfadh Dúbhghlas de hÍde air in am trátha.

### **2.2.3 Dúbhghlas de hÍde & Conradh na Gaeilge**

Ó aimsir Uí Chonaill agus Parnell bhí cás náisiúnaíoch na hÉireann á chur i láthair trí mheán an Bhéarla. In ainneoin go raibh téamaí an tírghrá á bplé bhí aithris á déanamh ar mheán iasachta an Bhéarla, dar le Kiberd (1995: 141). D'aithin Dúbhghlas de hÍde, ar Phrotastúnach é agus arbh as Co. Ros Comáin dó, go raibh

foirm agus meicníocht dhúchasach de dhíth trínar féidir cultúr dúchais agus cás sainiúil na hÉireann a chur in iúl, mar a deir Kiberd:

Hyde's gospel was epitomized by one word: deanglicization. He argued that previous leaders had confused politics and nationality, and had abandoned Irish civilisation while professing with utter sincerity to fight for Irish nationalism. He sought to restore self-respect to Irish people, based on a shared rediscovery of the national culture [...] the Irish language should be spoken henceforth with pride (Kiberd, 1995: 138).

Tháinig bláthú ar smaointe de hÍde ina óráid cháiliúil 'The Necessity for De-Anglicising Ireland' a chuir sé i láthair an *Irish Literary Society* i mí na Samhna 1892 i mBaile Átha Cliath. Ba mhian leis neamhspleáchas cultúrtha agus neamhspleáchas aigne an Ghaeil a chur chun cinn agus ba í athbheochan na teanga an bealach chuige sin:

The restoration of Gaelic was to be the restoration of the distinctive Irish mind in the form of an indigenous Irish world-image and discourse about life (Fennell, 1983: 122).

Theastaigh ó de hÍde bród, mórtas agus féinmhuinín a spreagadh i measc Gael le go bhféadfaí íomhá úrnua den tír a léirmhíniú agus a athchruthú bunaithe ar thuiscint den fhéiniúlacht a bhí fréamhaithe san oidhreacht Ghaelach ag dul siar sa stair. Maíonn Ó Tuathaigh gurbh iad de hÍde agus Eoin Mac Néill beirt príomhúdair fhealsúnacht na hAthbheochana agus leagann sé amach an tionchar, dála na beirte sin, a bhí ag an nGaeilge ar an náisiún:

[...] slánú agus iomlánú ar 'phearsantacht náisiúnta' a bhí i mbaol a bascaithe; an Ghaeilge riachtanach don bhfíor-léiriú ar intinn, ar mheon agus ar anam na tíre – ar an aigne dhúchais; féachaint amach ar leith ar an saol ar fáil sa Ghaeilge (agus tríthi amháin); ba tríthi a d'fhéadfaí féin-mhuinín, féin-mheas, féin-thuiscint a chothú i measc mhuintir na hÉireann, agus iad a fhuascailt ón bpróibhínseachas agus ón síor-aithris ar Shasana (Ó Tuathaigh, 2011: 80).

Ina theannta sin, cuireadh i gcoinne an 'reactive patriotism' a raibh an ghráin ar Shasana ina bunús leis agus a spreag an fhimíneacht, dar le de hÍde, go ndéanfadh Éire aithris ar Shasana bíodh is go raibh samhnas follasach á léiriú leis an tír sin ag an am céanna (Kiberd, 1995: 141). Ba mhian le de hÍde an breogán léirmhínitheach trínar tuigeadh an náisiúntacht Ghaelach a leathnú amach ar bhonn dearfach a d'fhágfadh an ghráin ar Shasana ar leataobh agus a chuimseodh an Ghaeilge mar shaintréith féiniúlachta ar a bhféadfaí spiorad an náisiúin a bhunú feasta:

It has always been curious to me how Irish sentiment sticks in this half-way house – how it continues to apparently hate the English, and at the same time continues to imitate them; how it continues to clamour for recognition as a distinct nationality, and at the same time throws away with both hands what would make it so (de hÍde, 1892).

Maíonn Kiberd gur spreag an óráid sin bunú Chonradh na Gaeilge ar an 31ú Iúil 1893<sup>13</sup> (1995: 140). Chuir an Conradh roimhe an Ghaeilge a chaomhnú agus a neartú go mórmhór sna háiteanna ina raibh sí á labhairt go tréan i gcónaí, áit a bhfeicfí an fhíorfhréamhshamhail den chine Gaelach, dar leo (Ó Conchubhair, 2002: 2). Lena chois sin, theastaigh ón gConradh an Ghaeilge a athbheochan sna háiteanna sin nach raibh sí á labhairt a thuilleadh. Ba bhunaidhm an Chonartha, a deir Mac Aonghusa, obair na heagraíochta a bhaint amach ar bhonn a choinneodh glan amach ón bpolaíocht agus ón gcreideamh<sup>14</sup> (1993: 2), mar a dúirt de hÍde:

I would earnestly appeal to everyone, whether Unionist or Nationalist, who wishes to see the Irish nation produce its best – surely whatever our politics are we all wish that – to set his face against the constant running to England for our books, literature, music, games, fashions, and ideas. I appeal to everyone whatever his politics – for this is no political matter – to do his best to help the Irish race to develop in future upon Irish lines, even at the risk of encouraging national aspirations, because upon Irish lines alone can the Irish race once more become what it was of yore – one of the most original, artistic, literary, and charming peoples of Europe (de hÍde, 1892).

Chun mian na hAthbheochana a bhaint amach, cuireadh timirí nó múinteoirí ag taisteal na tíre d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn agus d'fhonn soiscéal an Chonartha a chraobhscaoileadh trí phaimfléid agus trí fhoilseacháin bholscaireachta a dhíol (Denvir, 1978: 234). Lena chois sin, sonraíonn Denvir go mbíodh an Conradh de shíor ag cur agus ag cúiteamh le húdaráis an oideachais sa tír ó 1893

---

<sup>13</sup> Bunaíodh Conradh na Gaeilge ag cruinniú i seomraí Mháirtín Uí Cheallaigh, 9 Sráid Uí Chonaill Íochtarach i mBaile Átha Cliath. Is é seo a leanas bunaitheoirí tosaigh na heagraíochta: Dubhghlas de hÍde (Uachtarán), Eoin Mac Néill (Rúnaí), an tAthair Liam Hayden, Tomás Ó Néill-Ruiséil (file), Séarlas P. Buais, Séamus Ó Cogadáin, Tomás A. Ellerker, Pádraig Ó Briain agus Máirtín Ó Ceallaigh (Denvir, 1978: 221).

<sup>14</sup> Ba í fíis de hÍde go mbeadh an Ghaeilge ina talamh slán ar a bhféadfadh Éireannaigh den uile chineál, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh, a bheith aontaithe ar an ardán cuimsitheach céanna (Kiberd, 1995: 153). Tháinig deireadh le ré, fíis agus fealsúnacht de hÍde ag Ardfeis an Chonartha i nDún Dealgan i 1915, áfach, tráth a ndúirt Tomás Ó Cléirigh go raibh easpa náisiúnachais sa Chonradh agus nár thuig cuid dá cheannairí tábhacht ghluaiseacht na saoirse (Mac Aonghusa, 1993: 147). Níor éirigh leis an gConradh fanacht glan ó thionchar an náisiúnachais réabhlóidigh dá bharr. D'fhág sin gur tháinig codanna d'Óglaigh na hÉireann (faoi stiúir Mhic Phiaraís) mar aon le codanna d'Arm Cathartha na hÉireann, faoi stiúir Uí Chonghaile, le chéile in Éirí Amach 1916 (Kiberd, 1995: 193).

anuas go dtí bunú an tSaorstáit le cinntiú go láidreofaí stádas na Gaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais (1978: 242).

### **2.2.3.1 *Conradh na Gaeilge: an Ollscoil Náisiúnta***

Ar an ábhar sin, d'éirigh le feachtas an Chonartha an Ghaeilge a éileamh mar choinníoll éigeantach máithreánach don ollscoil náisiúnta nuabhunaithe i 1908, in ainneoin go raibh an Eaglais Chaitliceach agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann araon ag cur i gcoinne an éilimh sin go láidir (Hutchinson, 1987: 185). Chuir John Dillon, ar náisiúnaí polaitiúil agus ar bhall den Pháirtí Parlaiminteach é, i gcoinne riachtanas máithreánach na Gaeilge don Ollscoil Náisiúnta ar an mbonn go raibh an baol ann, dar leis, go gcruthódh feachtas goilliúnach den chineál sin scoilt idir Protastúnaigh, Caitlicigh, Béarlóirí agus Gaeilgeoirí araon. Mheas Dillon, a bhí báúil leis an nGaeilge mar a tharlaíonn sé, go bhféadfadh éileamh an Chonartha baint d'fheachtas polaitiúil an Pháirtí Parlaimintigh a chuir roimhe parlaimint dhúchais a bhaint amach i mBaile Átha Cliath. D'fhéadfaí an náisiúntacht Ghaelach a léiriú trí rialtas féinrialach a bhunú, dar le Dillon agus a leathbhádóirí.

Murab ionann agus Dillon, bhí de hÍde agus a chomhnáisiúnaithe cultúrtha den tuairim gur 'téad sabhála' í an Ghaeilge a dhéanfadh nasc leis an tsainsibhialtacht Ghaelach agus gurbh é an nasc sin amháin a rinne dlisteanú ar mhianta náisiúntachta na hÉireann (Hutchinson, 1987: 1).

Léiriú ab ea é seo ar an allagar idir na náisiúnaithe polaitiúla agus cultúrtha agus iad ag dul in adharca a chéile chun bá an phobail a mhealladh i dtreo a bhfealsúnachtaí iomaíocha. Mar chuid den allagar sin, dúradh go minic gur ghluaiseacht choimeádach agus chúlchéimnitheach a bhí sa náisiúnachas cultúrtha.

### **2.2.4 *An náisiúnachas cultúrtha: Céim siar nó Céim chun tosaigh?***

Deir Kiberd gur chuir tráchtairí i Sasana i gcoinne an Chonartha ar an mbonn, dar leo, go raibh samhnas ar an eagraíocht leis an nua-aoiseachas agus gur chéim siar go Útóipe sheanbhunaithe, nárbh ann di, a bhí á moladh (Kiberd, 1995: 134). Deir Ernest Gellner (1983: 57-61) gur freagra agus gur fórsa cosantach é an náisiúnachas cultúrtha a dtarraingíonn scothaicmí eolasacha air chun tionchar seachtrach an nua-aoiseachais a chur ó dhoras (Hutchinson, 1987: 32). Mar gheall ar an tuiscint sin gur ghluaiseacht chúlchéimnitheach é an náisiúnachas cultúrtha, rinneadh simpliú ar aidhmeanna an Chonartha agus dúradh, dá réir sin, gur mhian leis an traidisiún a

chur chun cinn in áit an nua-aoiseachais, suáilcí shaol na tuaithe a cheiliúradh in áit shuáilcí an tsaoil uirbigh agus an cultúr a chur chun cinn in áit na nuálaíochta. Deir Kiberd nárbh fhíor an t-áiteamh sin a bheag nó a mhór agus go raibh fealsúnacht na hAthbheochana agus an Chonartha trí chéile iolrach agus ilghnéitheach (Kiberd, 1995: 134).

Áitíonn Hutchinson go bhfuil cuid den cheart ag Gellner nuair a deir sé gur fórsa cosantach atá sa náisiúnachas cultúrtha. Mar sin féin, ní mheasann Hutchinson gur chéim siar é an náisiúnachas cultúrtha go staid shimplí iargúlta na talmhaíochta san am a caitheadh. Tá a mhalairt fíor, dar leis, ar an ábhar go ndúisíonn na hintleachtóirí agus an lucht intleachta araon íomhánna den seanchultúr le gur féidir fíis dhinimiciúil den náisiún mar ardshibhialtacht, a bhfuil ról sainiúil aici i bhforbairt na daonnachta, a chur chun cinn. Áitíonn Hutchinson, dá réir, gur mhian le náisiúnaithe cultúrtha an traidisiún agus an nua-aoiseachas a chomhtháthú faoin scáth céanna i dtreo is go mbeidh an náisiún iomaíoch agus ar thús cadhnaíochta ag leibhéal domhanda an fhoráis agus na forbartha araon (Hutchinson, 1987: 32). Argóint is ea í seo a dtagann Matthews léi freisin agus é ag trácht ar an bpobal náisiúnta in Éirinn a bheith á fhréamhú féin sa traidisiún mar shamhail nua-aoisithe le linn ré na hAthbheochana:

The standard view of the revival sees it as a purely mystical affair of high culture characterized by a preoccupation with a backward-looking Celtic spirituality, a nostalgia for Gaelic Ireland and an obsessive anti-modern traditionalism [...] such a construction of the Irish revival misrepresents the significance of the period by underplaying the degree of co-operation among the self-help revivalists and the important material advances for which they were responsible. Such material advances were not achieved by adopting colonial models of modernization which were largely antagonistic towards tradition. The ‘alternative modernity’ of the revival is distinctive in that it repeatedly understands the idea of tradition as a stimulus towards innovation and change rather than a barrier to it (2003: 2).

Fágann sin, dar le Matthews, gur gléas dearfach é an traidisiún a spreagann ‘nuálaíocht’ i measc an phobail. In éagmais an traidisiúin, mar sin, tagann creimeadh ar an náisiún go nádúrtha in imeacht aimsire, dar le Hutchinson. Meathlú sóisialta agus morálta ba chúis leis an gcreimeadh seo i gcás na hÉireann mar gheall ar leathnú amach cláir chomhshamhlaithe rialtas na Breataine sa naoú hAois déag – an córas oideachais agus lárú an chórais mhaorlathaigh go háirithe (Hutchinson, 1987: 116).



Chun teacht i dtír ar an gcreimeadh seo, is gá le coimhlint idir na traidisiúnaithe ar láimh amháin agus na nua-aoisithe ar an láimh eile chun próiseas na hathnuachana a chur ar siúl (Hutchinson, 1987: 33). Mar gheall air seo, áitíonn na náisiúnaithe cultúrtha gur dlúthchuid den fhorbairt shóisialta í go mbeadh allagar idir an dá dhream. Buanaítear an náisiúnachas cultúrtha i bhfoirm ghluaiseachta mar thoradh ar an allagar seo.

Gluaiseacht chomhtháite atá sa náisiúnachas cultúrtha, dá réir, a chuimsíonn an traidisiún agus an nua-aoiseachas faoin scáth céanna. Is mian leis na náisiúnaithe cultúrtha idé-eolaíocht náisiúnaíoch nua a chruthú faoina nglacfaí le dé-bhríonna an traidisiúin agus an nua-aoiseachais. Dá ndéanfaí amhlaidh, dar le Hutchinson, thuigfí gurbh éard is ciall le ‘nua-aoiseachas’ ná léirmhíniú/leagan áitiúil agus traidisiúnta den mhian dhomhanda go ndéanfaí dul chun cinn forásach (Hutchinson, 1987: 34).

Thar aon ní eile, bealach nua-aoisithe ab ea Athbheochan na Gaeilge, bealach Gaelach trínarbh fhéidir an nua-aoiseachas a léirmhíniú ar bhonn áitiúil agus saineiúil a chuimseodh bunfhréamh an traidisiúin ar láimh amháin agus an nuálaíocht (‘forás domhanda’) a d’eascródh aisti ar an láimh eile (ag teacht le Dáibhis). Léiríonn Kiberd sa sliocht thíos go raibh Conradh na Gaeilge ceannródaíoch agus nach bhféadfaí an frith-nua-aoiseachas nó an coimeádachas a chur ina leith dá réir:

The Gaelic League [Conradh na Gaeilge] did indeed wish to revive Irish as a prelude to a recovered national pride and economic prosperity, but its methods – mass democratic action, workers’ education, mingling of the sexes on a basis of equality at free classes and summer schools – were anything but conservative (Kiberd, 1995: 134).

Dhiúltaigh an Conradh, mar sin, géilleadh do nóisín an tsimplithe a thug le fios go raibh gríosadh an traidisiúin dúchais ag teacht salach ar chur chun cinn na nuálaíochta agus an nua-aoiseachais.

Ar an ábhar sin, sonraíonn Walsh go raibh dhá eite sa Chonradh, a léiríodh ar *An Claidheamh Soluis* go minic, maidir le tábhacht na Gaeilge don fhorbairt shocheacnamaíoch. Ar láimh amháin, bhí dream ann a rinne áibhéil bholscaireachta ar rómánsaíocht an tsaoil in Iarthar na tíre agus a thug le fios gur shaol Útóipeach, Gaelach gan smál é beag beann ar an mbochtanas a bhí á fhulaingt ag na daoine sna ceantair sin le fírinne. Ar an láimh eile, deir Walsh gurbh ann do dhaoine sa Chonradh a d’aithin an drochstaid eacnamúil san Iarthar agus a mheas gur ghá, dá

bharr, an athnuachan theangeolaíoch agus an athnuachan gheilleagrach a nascadh le chéile (2012: 76). Téann Walsh i muinín litríocht agus scríbhinní ón Athbheochan mar aon le dornán saothar stairiúil ón bhfichiú haois chun an nasc idir cur chun cinn na Gaeilge ar fhorbairt shocheacnamaíoch na hÉireann a scrúdú (féach Walsh, 2012: 69-112). Déanann Walsh léamh comhaimseartha ar na scríbhinní sin agus maíonn sé gur imir an Ghaeilge tionchar ar an bhforbairt chultúrtha (féiniúlacht, luachanna, gasra), ar an bhforbairt shóisialta (féinmhuinín, dlúthpháirtíocht, nuálaíocht) agus ar an bhforbairt gheilleagrach araon (nuálaíocht, cruthú fostaíochta, rath náisiúnta) (2012: 111).

Léiríonn Walsh go raibh cuid de bhallraíocht Chonradh na Gaeilge airdeallach i dtaobh ról na Gaeilge san athnuachan gheilleagrach in ainneoin go mb'fheidir nach raibh cuid dá ndearthaí frémhaithe i dteoiric. É sin ráite, ní dhéanann Walsh file fuar díobh toisc go dtugtar léargas saibhir iontu ar smaointeoireacht thréimhse na hAthbheochana (2012: 112).

Léiriú is ea é seo, dar le Kiberd (1995: 135), gur theastaigh ón gConradh córas morálta agus luacha dá gcuid féin a dhearadh faoi shaintearmaí a bhí frémhaithe sa traidisiún Gaelach agus a bhí go hiomlán éagsúil lena mhacasamhail i Londain, mar a deir Fennell:

In the minds of its founders, and particularly of Douglas Hyde, the movement to restore Gaelic as the language of the Irish people was not an end in itself [...] it was a means of turning Irish minds and emotions away from London and towards Ireland. This was to be done by using Gaelic to make Ireland intellectually interesting for the Irish (1983: 122).

Chuige sin, deir Denvir (1997: 348) go raibh sé d'aidhm ag an gConradh Éire a sheoladh isteach sa 'nuaré' tríd an bpróibhínseachas a dhíbirt as an tír agus tríd an ruaig a chur ar an tsíoraithris ar an 'allúrach,' mar a dúirt de hÍde:

[...] the Gaelic people can never produce its best before the world as long as it remains tied to the apron-strings of another race and another island, waiting for it to move before it will venture to take any step itself (de hÍde, 1892).

Rinneadh é seo ar an mbonn, a deir Kiberd, 'that London was not just provincializing, but itself provincial' agus go raibh gá, dá bharr sin, le náisiúntacht shainiúil na hÉireann a athchruthú, rud a spreagfadh féiniúlacht, dlúthpháirtíocht, féinmhuinín agus nuálaíocht i measc na ndaoine (Kiberd, 1995: 135). Ba ionann seo,

is dóigh liom, agus sainleagan Gaelach den nua-aoiseachas a chuirfeadh leis an daonnacht dhomhanda.

Bhí ról lárnach le himirt ag an nGaeilge sa sainleagan Éireannach den nua-aoiseachas a bhí á chruthú ag lucht na hAthbheochana.

### 2.2.5 Coibhneasacht teanga: Hipitéis Sapir-Whorf

Faoi réir ag téiseanna Fichte, Humboldt agus Herder (agus ag Dáibhis sa chomhthéacs Éireannach), maíonn Ó Conchubhair gur thuig lucht na hAthbheochana go raibh dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus an náisiúntacht agus go raibh sainiúlacht na hÉireann mar náisiún neamhspleách ag brath ar theanga agus ar chultúr faoi leith a bheith aici (2009: 16). Thuig lucht na hAthbheochana gur ghá an Ghaeilge a shuíomh i gcroílár na hiarrachta chun neamhspleáchas a bhaint amach agus nár leor saoirse pholaitiúil gan an teanga a athbheochan (Ó Conchubhair, 2009: 18). Ní foláir, mar sin, an teanga a bheith ina bunchloch ag aon iarracht ar náisiúntacht a bhaint amach, dar leis an gConchubharach (2009: 19).

Tá scagadh cuimsitheach déanta ag Ó Conchubhair ar fhoilseacháin<sup>15</sup> an Chonartha agus an t-údar ag iarraidh teacht ar an réasúnaíocht choitinn laistiar den Athbheochan. Léiríonn sé, tar éis dó dul i muinín na bhfoilseachán sin, gur creideadh gurbh í an Ghaeilge a mhúnlaigh ‘luachanna sóisialta’ na nGael. Tagann sé seo le hipitéis Sapir-Whorf<sup>16</sup>, mar a léiríonn Richland agus May beirt:

[...] the unique structures and patterns of usage of different languages shape and constrain in different ways how speakers of one language experience, make sense of, and act in the world in ways distinct from those who are speakers of other languages (Richland, 2009: 88).

The key implication of linguistic relativity is that people who speak different languages are likely to have somewhat different cultural outlooks on the basis that the particular structure of each language results in a culturally specific

---

<sup>15</sup> *Irisleabhar na Gaedhilge, Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis.*

<sup>16</sup> Antraipeolaí agus teangeolaí ab ea Edward Sapir in Ollscoil Yale in Connecticut na Stát Aontaithe. Ba shaineolaí é ar an teangeolaíocht thuairisciúil agus spéis ar leith aige i dteangacha bundúchasacha na Stát Aontaithe (Silverstein, 2000: 85). Ba í téis Sapir go gcuireann an teanga eagar ar eispéiris shóisialta agus chultúrtha an duine, rud a chiallaíonn go n-iompraíonn gach teanga cruinneshamhail ar leith (May, 2012: 139). ‘Meantóir’ ab ea Sapir do Benjamin Lee Whorf le linn na 1930í. Ba theangeolaí é Whorf a tháinig faoi anáil na hAntraipeolaíochta agus a chreid in eipistéimeolaíocht na coibhneasachta (féach 4.2). Chiallaigh sin, gur chreid sé go mba cheart struchtúr na teanga a thuiscint trí staidéar a dhéanamh ar chomhthéacs úsáide agus sóisialta na teanga, dar le Silverstein (2000: 86). Thosaigh scoláirí ar nós Noam Chomsky ag cur go mór i gcoinne téis Sapir-Whorf sna seascaidí agus sna seachtóidí ar an mbonn go mba cheart, dar leis, faisnéis theangeolaíoch a phlé beag beann ar fhaisnéis shóisialta (Silverstein, 2000: 86) (féach 3.3.3).

structuring of reality. Indeed, a radical or strong version of the principle attests that languages are causal vis-à-vis culturally specific behaviors (May, 2012: 139).

Is ionann sin agus a rá go n-imríonn an teanga tionchar ar mheon an chainteora, ar chóras machnaimh an chainteora mar aon lena dhearcadh agus lena thuiscint saoil (Ó Conchubhair, 2009: 27). Múnlaíonn an teanga cruth na smaointe, rud a mhúnlaíonn carachtar an náisiúin, mar a léiríodh ar *An Claidheamh Soluis* in 1899:

Few people realise how much the language they inherit determines the course of their thought, influences their moral, social, and intellectual views, and causes them to see things under the same aspects as the preceding generations who have built their mental views into the fabric of the speech they bequeathed (Ó Conchubhair, 2009: 31).

Maíonn Ó Conchubhair gurbh í an argóint seo an uirlis chatha ba mhó éifeacht agus cumhacht i lón cogaidh Chonradh na Gaeilge le linn na hAthbheochana. Is ionann an tuiscint seo ar ról na Gaeilge, dar le hÓ Conchubhair, agus a mhaíomh go raibh an Ghaeilge riachtanach don náisiúntacht agus don neamhspleáchas cultúrtha dá réir. Bunaithe air seo, áitíonn Ó Conchubhair gur beag seans a bhí ag duine ‘a bheith ina Éireannach trí mheán an Bhéarla’ (2009: 31). Fórsa coimhthithe agus truailithe ab ea an Béarla ar chóras machnaimh na nGael agus ba ghá an Ghaeilge a chur i réim arís chun an tír a íonghlánadh agus chun í a nascadh leis an traidisiún ársa in athuair:

An té a labhair Béarla, bhí a aigne faoi smacht ag cumhacht an Bhéarla agus ba Shasanach é; an té a raibh an Ghaeilge aige, bhí sé faoi thionchar na Gaeilge agus stair na hÉireann, b’Éireannach é. B’alt creidimh de chuid Chonradh na Gaeilge an tuiscint seo i dtaobh chumhacht na teanga. Ba é an gléas cogáochta ab fhearr acu é agus bhaintí leas rialta as. Is é is cúis leis an méadú thar cuimse a tháinig ar an gConradh sna blianta deiridh den naoú haois (sic) [déag], agus is é a thug an Conradh go lár Stáitse (Ó Conchubhair, 2009: 36).

Mar sin, faoin eisintiúlachas, breathnaítear ar an teanga mar aonad ‘nádúrtha,’ ‘orgánach’ agus ‘bitheolaíoch’ a iompraíonn eolas cognaíoch agus teangeolaíochta faoi stair agus dán lucht labhartha na teanga sin. Eolas luachmhar sochcultúrtha is ea é seo nach féidir teacht i dtír air gan ‘eochair na teanga.’ Tá an teanga ina ‘heochair’ mar sin a chinntíonn leanúnachas an chultúir ó ghlúin go glúin.

### **2.2.6 Leanúnachas an chultúir**

Téama eile a ghobann aníos i saothar Uí Chonchubhair is ea leanúnachas an chultúir agus an chaoi a bhféadfadh cur chun cinn na teanga agus an chultúir dhúchais an

mórtas náisiúnta a mhúscailt i ndaoine in athuir (2009: 21). Bunaithe ar an tuiscint go raibh an náisiúntacht á hathmhúscailt tríd an nGaeilge a athbheochan, ba mhian leis an gConradh a léiriú do phobal na hÉireann gur bhain an Ghaeilge le stair na tíre agus gur bhain bua agus gradam léi ag dul siar (Ó Conchubhair, 2009: 21).

Rinneadh é seo, a deir Ó Conchubhair, trí nasc a léiriú idir an teanga agus laochra na hÉireann sna cianta cairbreacha: Naomh Pádraig, Brian Ború, Colm Cille agus Seán Mac Éil go háirithe (2009: 23). Bhí an tuiscint ann, dá réir, go raibh deasghnátha, creidimh, traidisiúin agus uaimhianta shinsir na tíre de dhlúth agus d'inneach sa teanga dhúchais agus go bhféadfaí teacht i dtír ar mhianach na sinsear sin mar aon lena gcultúr trí mheán na Gaeilge (2009: 22). Faoina réir sin, dearbhaíonn Ó Tuathaigh gur tubaiste shíceolaíoch a bheadh inti dá gcaillfí an Ghaeilge:

[...] tubaiste shíceolaíoch don Éireannach aonair agus don bpobal Éireannach; créacht agus folús sa chomhfhiosacht chultúrtha; folús i rúndiamhair na gcuimhní staire, nach mbeifí in ann a dhíchódú i gceart, de cheal eochair na cuimhne stairiúla (2011: 100).

Chiallaigh sé sin go raibh glúin na hAthbheochana snaidhmthe leis na laochra sin a tháinig rompu mar gheall ar chomhnasc na teanga. Maíonn Ó Conchubhair, dá réir sin, gur 'slabhra' a bhí sa teanga a cheangail muintir na hÉireann le ré órga a bhí imithe, ré ina mbíodh 'Éire i mbarr a réime' (2009: 22/26). Léiríonn seo, a deir May, nádúr 'príomhordúil,' 'leanúnach' agus 'buan' an náisiúin, rud a fhágann, dar leis, go dtuigtear faoin eisintiúlachas gurb ann do 'ghaol' eitneach idir an ghlúin reatha agus na glúnta a tháinig roimpi (2012: 60). Léiríonn seo go dtéann dlisteanacht an náisiúin chomh fada siar agus atá siar ann. Ba arm eile é seo de chuid lón cogaidh an Chonartha (Ó Conchubhair, 2009: 22).

Dá bhailí agus dá chumhachtaí an idé-eolaíocht eisintiúil do ghlúin na hAthbheochana, cuireann Benedict Anderson (1991), ar scoláire comhaimseartha é ar an náisiúnachas, go mór ina coinne. Maíonn sé gur 'déantús de chuid na samhlaíochta' (*imagined community*) é an náisiún:

[...] it [an náisiún] is an imagined political community – and imagined as both inherently limited and sovereign. It is *imagined* because the members of even the smallest nation will never know most of their fellow-members, meet them, or even hear of them, yet in the minds of each lives the image of their communion (1991: 6). (béim sa bhunleagan).

Fágann sin, dar leis, nach bhfuil aon cheangal gaoil, nó ceangal caradais, nó ceangal aitheantais idir saoránaigh an náisiúin nó leis na glúnta a tháinig rompu (Anderson, 1991: 6-7; McCloskey, 2001: 26).

#### **2.2.6.1 An Ghaeilge: Buanú ar an gCaitliceachas**

Ina theannta sin, tugann Ó Conchubhair le fios go raibh an teanga agus an creideamh fite fuaite le leanúnachas an chultúir agus na staire. Téama eile de chuid an eisintiúlachais is ea é seo, dar le May, faoina dtuigtear gurb ord ‘nádúrtha’ sóisialta é an náisiún atá faofa agus bronnta ag Dia (2012: 60). Ar an ábhar sin, dúradh gur mhúnlaigh Caitlicigh na hÉireann, idir naoimh agus phobal, an Ghaeilge agus dá réir sin, bhí an tuiscint ann i ndioscúrsa na hAthbheochana gur theanga Chaitliceach í an Ghaeilge ag dul siar, dar leis an gConchubharach (2009: 34).

Ba ghá an Ghaeilge a athbheochan ar an mbonn go raibh suáilcí morálta an náisiúin á léiriú go smior tríthi agus gur mhúscail sí spiorad na cráifeachta sa duine. Fál cosanta ab ea an Ghaeilge freisin a choinneodh an chráifeacht slán ó ionsaithe seachtracha. Bhí Énrí Ó Muirgheasa, ar Chonraitheoir é, den tuairim gurbh fhearr inniúlacht na Gaeilge mar mheán trína bhféadfadh Caitliceach é/í féin a chur i láthair ar an ábhar go gcruthaíonn sí nasc le sinsir na hÉireann (Ó Conchubhair, 2009: 35). Caitlicigh a bhí ina bhformhór de bhallraíocht an Chonartha a tháinig ‘faoi thionchar chruinneshamhail thraidisiúnta na hEaglaise Caitlicí.’ Dá bharr sin, mheas cuid díobh seo, a deir Denvir (1997: 349), go raibh an nua-aoiseachas ina bhgairt ar na luachanna saoil ab ansa leo, rud a chiallaigh gur cuireadh i leith an Chonartha go minic gur ghluaiseacht ‘neo-thraidisiúnta,’ ‘choimeádach,’ ‘fhrithliobrálach’ agus ‘ultra-náisiúnaíoch’ é.

Faoin tuiscint sin, ní fhéadfadh na Gaeil a bheith fréamhaithe nó sa bhaile leo féin dá gcaillfí an Ghaeilge ar an ábhar go mbeadh an nasc briste le córas luacha, le córas machnaimh agus le creideamh na sinsear. Cailliúint thubaisteach a bheadh inti dá gcaillfí an Ghaeilge a d’fhágfadh bearna i leanúnachas an chultúir agus na staire araon. Mar thoradh air seo, bheadh na Gaeil fágtha stoite agus dífhréamhaithe ar an trá fholamh gan treoir na nglúnta a tháinig rompu mar fhoinsé inspioráide agus treoraithe chun dúshláin a shárú, dar leis an gConchubharach (2009: 22).

Léiriú is ea an rannóg seo ar an idé-eolaíocht eisintiúil agus chúlchéimnitheach a bhí i réim i gcodanna den Chonradh le linn thús na heagraíochta sin.

### 2.2.7 Anailís: Náisiúnachas cultúrtha agus Athbheochan na Gaeilge

Coimhlint smaointe agus idéanna ba mó a bhain leis an tréimhse idir 1893 agus 1922, coimhlint faoi na modhanna agus na fealsúnachtaí nua-aoisithe ab fhearr a d'fheilfeadh d'Éirinn agus náisiúntacht na tíre á 'samhlú' agus á táirgeadh as an nua.

Ar láimh amháin, bhí na náisiúnaithe polaitiúla ann agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann go háirithe, grúpa nár aithin an tábhacht a bhain le sainsibhialtacht stairiúil na hÉireann mar fhoinsé náisiúntachta. Dream ab ea é a raibh sé d'aidhm aige go mbunófaí parlaimint dhúchais i mBaile Átha Cliath agus go bhféadfaí, dá bharr sin, an náisiún a chruthú ar thuiscint na comhdhaonnachta agus ar bhonn a dhéanfadh tarchéimniú ar dhifríochtaí cultúrtha. Ba mhian leis na náisiúnaithe polaitiúla go mbeadh Éire ina comhpháirtí i misean impiriúil na Breataine.

Ar mhalairt intinne a bhí Conradh na Gaeilge. Bhí de hÍde den tuairim nárbh fhiú neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach gan an sainchultúr dúchais agus Gaelach a bheith ina bhonn dlísteanaíthe faoin náisiún (Hutchinson, 1987: 2). Céim chun tosaigh agus bealach nua-aoisithe a bhí sa náisiúnachas cultúrtha a rinne comhtháthú ar an traidisiún agus ar an nua-aoiseachas faoin scáth cuimsitheach céanna, dar le de hÍde. Dá réir sin, nuálaithe morálta ab iad na náisiúnaithe cultúrtha toisc gur mhian leo, tionchar an phróibhínseachais a chur droim ar ais i dtreo is go gcuirfeadh cruthaitheacht na nGael, trí thinfeadh an tsainchultúr, leis an daonnacht agus leis an bhforás domhanda.

Faoina anáil sin, ba ghá an Ghaeilge a athbheochan ar an mbonn gurbh í an teanga a chruthaíonn smaointe agus dearthaí sóisialta, morálta agus intleachtúla an duine ('Sapir-Whorf'). 'Slabhra' atá sa Ghaeilge, dá réir sin, a cheanglaíonn an duine le mianach cruthaitheach shinsir na tíre. Chuirfeadh sé deireadh le leanúnachas an chultúir agus na staire dá gcaillfí an teanga agus bheadh 'créacht agus folús sa chomhfhiosacht chultúrtha' ina héagmais (Ó Tuathaigh, 2011: 100). Léiríonn seo fealsúnacht eisintiúil na hAthbheochana.

Ach an oiread le heagraíocht shóisialta ar bith eile, bhain ilchineálacht agus iolrachas le smaointe agus dearthaí na mball laistigh den Chonradh<sup>17</sup>. Ní nach ionadh mar sin go raibh eítí éagsúla san eagraíocht agus go raibh bríonna codarsnacha á gcruthú

---

<sup>17</sup> Déanfar dianphlé ar iolrachas agus ar ilchineálacht na ngníomhaithe laistigh de ghrúpaí soch-chultúrtha – cosúil le Conradh na Gaeilge – i gCaibidil a Trí den tráchtas seo.

uaireanta a thiocthadh salach ar fhís de hÍde go mbainfí aidhmeanna an Chonartha amach neamhspleách ar pholaitíocht agus ar chreideamh. Cruthaíodh bríonna a thug le fios gur sheas an Athbheochan don iolrachas, don nua-aoiseachas, don nuálaíocht, don traidisiún, don náisiúntacht agus don fhéiniúlacht. Ina theannta sin, cruthaíodh bríonna neo-thraidisiúnta agus coimeádacha a thug le fios gur bhain an Athbheochan le Caitliceachas agus leis an ngráin ar Shasana. Ba iad seo na hidéil a chruthaigh na hintleachtóirí chun an náisiún a léirmhíniú agus a athchruthú.

Ach cén léamh a bhí ag an lucht intleachta ar fhealsúnacht na hAthbheochana agus ar an náisiúnachas cultúrtha trí chéile? Agus cén éifeacht a d'imir an léamh sin ar mhúnlú an bheartais teanga i ndiaidh bhunú an tSaorstáit? Arbh ann d'athnuachan ar fhealsúnacht na hAthbheochana? Tabharfaidh mé aghaidh ar na ceisteanna sin sa chéad rannóg eile.

### **2.3 1922-1959: Lag trá polaitiúil & sóisialta**

Bhí réabhlóid shóisialta faoi lán seoil sa tréimhse roimh chogadh na saoirse in Éirinn. Bhí bríonna iolracha agus ilghnéitheacha á gcrúthú ag gluaiseacht na teanga, ag gluaiseacht na poblachta agus ag gluaiseachtaí an tsóisialachais araon chun luachanna an náisiúin Éireannaigh a léirmhíniú. Ach níor leanadh leis an réabhlóid sin nuair a bunaíodh an Saorstát de dheasca uafás Chogadh na gCarad, mar a mhíniúnn Kiberd:

War and civil war appeared to have drained all energy and imagination away: there was precious little left with which to reimagine the national condition (1995: 263).

Mar sin féin, ba í fealsúnacht iolrach agus ilghnéitheach Chonradh na Gaeilge a chruthaigh an dioscúrsa a thug stiúir do lucht intleachta an Stáit nuabhunaithe i 1922 agus an beartas Gaeilge á cheapadh. Ní hábhar iontais é sin i bhfianaise go raibh rialtas an tSaorstáit comhdhéanta de bhaill an Chonartha agus de dhaoine a bhí báuil lena aidhmeanna. Ina measc sin, bhí comhbhunaitheoir an Chonartha, Eoin Mac Néill, ar chéad aire oideachais an Stáit é (anuas go dtí 1925) (Brown, 2004: 38). Deir Garvin gur mhórtionchar idé-eolaíoch é Conradh na Gaeilge ar na fir agus ar na mná óga a bhí ina gcodanna de 'scothaicme' an Stáit nua i ndiaidh 1922 (2004: 76). Áitíonn Hourigan gur tháinig lag trá ar Chonradh na Gaeilge nuair a bunaíodh an Stát agus gur thosaigh an ghluaiseacht ag dul i léig dá réir:



The loss of many of the most able members of Conradh na Gaeilge to the new political parties resulted in an immediate period of decline within the organisation after 1922 but reaffirmed the movement's strong links with Irish political elites (Hourigan, 2006: 130).

Chruthaigh seo íomhá gur bhain an Conradh go dlúth le bunaíocht mar aon le scothaicme pholaitiúil an Stáit nua (Hourigan, 2006: 130). Bhí Cumann na nGaedheal i gcumhacht um an dtaca seo agus W.T Cosgrave ina cheannaire orthu. Páirtí ab ea é a chuimsigh an chuid sin de Shinn Féin a thacaigh leis an gConradh Angla-Éireannach 1921. D'éirigh go héifeachtach leis an bpáirtí sin, a deir Brown, tacaíocht a fháil ó na codanna sin den tsochaí a shantaigh go mbainfí socracht pholaitíochta agus shíochána amach sa tír:

The party in power, composed in the main of elements of the Sinn Féin party that had accepted the Treaty of 1921, quickly won the support of those sections of the Irish community most likely to benefit from stability – the businessmen and merchants, the larger farmers and shopkeepers, the remnants of Anglo-Ireland anxious for security, and the kind of middle-class men and women who had earlier their trust in respectable politicians of the Irish parliamentary party (2004: 34).

Áitíonn Brown go raibh bonn meánaicmeach agus coimeádach faoi Chumann na nGaedheal ag an am. Fágann sin, a deir sé, nach mbeifí ag súil leis go dtabharfadh an páirtí faoi chlár radacach leasúcháin a chuirfeadh beartais nua shóisialta, chultúrtha agus gheilleagracha chun cinn, go mórmhór sa tréimhse chorráitheach i ndiaidh Chogadh na gCarad, tráth a mbíodh an tIRA agus roinnt poblachtánach ag tabhairt dúshláin don Stát nua go minic (2004: 35/37).

Ach in ainneoin guagacht agus coimeádachas thúbhlianta an tSaorstáit, socraíodh tabhairt faoi athbheochan na Gaeilge ar an mbonn, a deir Brown, gur bhealach é trína bhféadfadh an rialtas a thiomantas don náisiúnachas a dheimhniú agus a dhlisteanacht a dhearbhu beag beann ar bhagairt na bpoblachtánach. Ní féinleas Chumann na nGaedheal amháin ba chúis le beartas na hathbheochana áfach. Bhí nasc nach beag idir an díograis agus an idé-eolaíocht a ghin Conradh na Gaeilge agus an ghluaiseacht réabhlóideach a tháinig faoina anáil agus a bhain neamhspleáchas an tSaorstáit amach (Brown, 2004: 38).

### **2.3.1 Idéil na hAthbheochana á nInstitiúidiú**

Nuair a bunaíodh an Stát, deir FitzGerald go raibh rogha shoiléir ag an rialtas idir dhá chur chuige dhifriúla agus an fhéiniúlacht náisiúnta á léirmhíniú agus á sainiú:

From the outset, the new State had a clear choice between two approaches to the definition of its identity. The State could have founded itself on the tradition of the leaders of the Rebellions of 1798 and 1848, who, influenced by the French and American Revolutions, had proclaimed that the national objective must be to unite Catholic, Protestant and Dissenter in the common name of 'Irishman.' This would have entailed adopting an overtly pluralist approach, in both religious and cultural matters, placing the different religious (sic) on a genuinely equal footing and recognising the Irish and English languages as equally valid alternative means of expressing the Irish identity (2005: 83).

Spreagann an sliocht seo roinnt ceisteanna maidir le bunús fealsúnach an Stáit nua mar aon leis an léirmhíniú féiniúlachta a nglacfaí leis. An raibh an Stát le bheith bunaithe ar chóras luacha a bhí fréamhaithe sa traidisiún Gaelach amháin (lenár áiríodh, an Caitliceachas agus an Ghaeilge)? Nó an raibh an Stát le bheith bunaithe ar choincheap an iolrachais, coincheap a thabharfadh comhionannas do thraidisiúin Chaitliceacha agus Phrotastúnacha an oileáin, coincheap a d'aithneodh comhbhailíocht na gcodanna Gaelacha, Angla-Éireannacha agus Ultaise a chomhdhéanann sochaí na hÉireann (FitzGerald, 1977: 10)?

Mar thoradh ar bheartas na Gaeilge éigeantaí chun an teanga a athbheochan, deir FitzGerald go raibh rogha á déanamh ag rialtais dhifriúla gan sochaí iolrach ar bhonn cultúir a bhunú. Maíonn sé, dá réir, go raibh cos ar bolg neamhbheartaithe á déanamh ar dhaoine de shliocht an traidisiúin Phrotastúnaigh, thuaidh agus theas, a raibh a gcultúr fréamhaithe i labhairt an Bhéarla i gcónaí ag dul siar. Ina theannta sin, bhí cos ar bolg á déanamh ar roinnt den fhochultúr Caitliceach i mBaile Átha Cliath agus i gCúige Laighean i gcoitinne, a bhí ar maos sa Bhéarla leis na céadta bliain anuas (FitzGerald, 2005: 84).

Déanann FitzGerald iarracht easpa iolrachais an Stáit nua a mhíniú. Maíonn sé go raibh géarchéim féiniúlachta ar oileán na hÉireann, thuaidh agus theas, mar thoradh ar thionchar na críochdheighilte. Dá bharr sin, bhí éagothromaíocht i dtéarmaí reiligiúin de ar an dá thaobh den teorainn: Caitlicigh a bhí i bhformhór an daonra ó dheas agus Protastúnaigh a bhí i bhformhór an daonra ó thuaidh. Chiallaigh sin, mar gheall ar fhorlámhas na dtromlach ar an dá thaobh den teorainn, go raibh na húdaráis ó thuaidh agus ó dheas beag beann ar chnámha spairne agus ar mhianta na mionlach a mhair ina gcodanna féin den oileán, bídis ina gCaitlicigh nó ina bProtastúnaigh

(FitzGerald, 1977: 10). Míníonn FitzGerald an tionchar a d'imir an deighilt pholaitiúil ar an Stát ó dheas in alt dá chuid ar an *Irish Times* a foilsíodh i 1977:

The type of State that thus emerged was quite different from the kind of Irish State that would have come into being had the country not been divided. It was unbalanced in terms of religious allegiance, and, because of the overwhelming predominance of public representatives of the national movement that had secured the independence of the State, in the first instance as a Dominion of the British Common-wealth, it had a sense of a deep debt to the cultural Irish language movement, from which the political movement for independence had sprung. This debt was sought to be repaid by introducing Irish as a compulsory requirement for examination purposes and for entry to the public service (1977: 10).

Mar gheall ar aonchineálacht an daonra ó dheas, d'fhág sé sin spás neamhcheistitheach inar fhorbair córas ceartchreidmheach féiniúlachta a chuimsigh an Caitliceachas ar lámh amháin agus Éire Ghaelach na hAthbheochana ar an lámh eile, dar le FitzGerald (1977: 10). Chiaillaigh sin, a deir sé, go raibh náisiúnachas a bhí teoranta don Ghaelachas agus don Chaitliceachas araon ina gcrann taca idé-eolaíochta ag an Stát (1977: 10).

Dá lárnaí í an Ghaeilge mar shiombail náisiúntachta faoi dhioscúrsa FitzGerald, bhí an teanga tánaisteach i comparáid leis an gCaitliceachas don fhéiniúlacht i measc na ndaoine, dar le Hutchinson (1987: 308). Dearbhaíonn Kirby (2004: 26) go raibh breis agus 90 faoin gcéad den daonra ina gCaitlicigh nuair a bunaíodh an Stát. Deir sé, dá réir sin, gur beag seans a bhí ag an nGaeilge feidhmiú mar bhun-saintréith náisiúntachta agus gur mar phobal Caitliceach a d'éirigh le hÉirinn neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach. Chuir rialtas an tSaorstáit reachtaíocht i bhfeidhm faoi réir ag luachanna teaghlaigh agus sochaíoch na hEaglaise, reachtaíocht a thacódh lena teagasc ar cheisteanna a bhain le pósadh, frithghiniúint, cinsireacht agus le tionacht talún. In ainneoin an scoilt fhoirmeálta idir an Stát agus an Eaglais, láidríodh carachtar Caitliceach an náisiúin trí chúraimí an oideachais a fhágáil faoin Eaglais (Hutchinson, 1987: 310). Thar aon ní eile, bhí pobal na hÉireann á shainiú féin leis an gCaitliceachas, dar le Kirby (2004: 27).

Mar sin féin, d'áitigh FitzGerald gur thug bunaitheoirí an Stáit ard-stádas don Ghaeilge<sup>18</sup> mar b'éigean dóibh aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne Conradh na

---

<sup>18</sup> Mar shampla: Bunreacht 1922 & 1937. Faoi Bhunreacht an tSaorstáit, tugadh comhaitheantas don Ghaeilge agus don Bhéarla mar theangacha oifigiúla de chuid an Stáit. Is í an Ghaeilge an teanga

Gaeilge ar son ghluaiseacht an neamhspleáchais pholaitiúil. ‘Fiach’ a bhí ann, a dúirt sé, nár mhór a ghlanadh (Ó Caollaí, 2013: 22). Tugann Hutchinson le fios áfach nach raibh lucht intleachta an Stáit dáiríre faoi athbheochan na Gaeilge riamh agus gurbh í sin an chúis ar fágadh cúram na hathbheochana go príomha ar an gcóras oideachais:

After independence, then, the native Irish felt an obligation to acknowledge Gaelicism as the official ideology of the new state, and they sanctioned radical government educational programmes to revive the language for their children, but they themselves made little or no effort to bring it into their lives (Hutchinson, 1987: 309).

Tagann Kirby leis seo freisin. Deir sé gur ‘fágadh an teanga don aos óg sna scoileanna, rud a rinne cinnte de nach n-éireodh go deo lena hathbheochan’ (2004: 26). Tá Lee ar aon intinn le Hutchinson agus le Kirby maidir leis an gceist seo freisin. Deir sé gurbh iad ceannaireacht agus dea-shampla ón mbarr anuas an t-aon bhealach trína bhféadfaí an Ghaeilge a athbheochan go héifeachtach ach nár bh ann don cheannaireacht agus don spreagadh sin ón mbarr áfach:

Irish could only be revived from the top down. It wasn't. The cabinet, the Dáil, the political establishment in general, failed to give a lead. The refusal of the political, administrative, ecclesiastical, commercial and academic elites to be heard speaking Irish has hitherto doomed the revival (1989: 672).

Léiríonn seo go raibh cleachtais cheannairí an Stáit ag teacht salach ar a reitric, rud a léiríonn, dar liom, go ndearna FitzGerald (1964) áibhéil ar fhíorthábhacht agus ar thionchar lucht na Gaeilge le linn thúsbhlianta an tSaorstáit. Is cosúil bunaithe ar an méid a deir Brown (2004) agus Kirby (2004) araon gurbh é an Caitliceachas ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar an daonra mar bhunshraith féiniúlachta.

### **2.3.2 An Ghaeilge Éigeantach sa chóras scolaíochta**

De bharr fhimíneacht agus easpa spéise na bunaíochta, thit an dualgas chun an athbheochan a institiúidiú i bhfoirm beartais ar an Roinn Oideachais, dar le Lee (1989: 132).

Áitíonn Brown gurbh í an nuáil ba mhó ar tugadh fúithi in earnáil an oideachais sna fichidí ná gaelú na Scoileanna Náisiúnta. Tugadh faoi seo leis an aidhm go gcuirfí athbheochan na Gaeilge i gcrích le go mbeidh an teanga i réim feasta mar theanga an phobail (Brown, 2004: 42). Shocraigh rialtas Chumann na nGaedheal go mbeadh an

---

náisiúnta áfach (Airteagal 4). Déanann Bunreacht 1937 idirdhealú idir an Ghaeilge agus an Béarla áfach ar an gcaoi gurbh í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil (Airteagal 8.1, 1937). Glactar leis an Sac-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile (Airteagal 8.2, 1937).

Ghaeilge ina meán teagaisc sna Scoileanna Náisiúnta don chéad dhá bhliain. Bhí an beartas seo á chur i bhfeidhm de réir a chéile suas go dtí 1931 ach cuireadh i bhfeidhm é níos sciobtha ina dhiaidh sin, dar le Lee. Ina theannta sin, d'éiligh Tomás Ó Deirg<sup>19</sup> i 1934 go laghdófaí stádas na n-ábhar eile ar scoil le go bhféadfaí ní ba mhó béime a chur ar mhúineadh theanga na Gaeilge (Lee, 1989: 134).

Bhí an cinneadh go gcuirfí cúram na hathbheochana ar na scoileanna fréamhaithe i réasúnaíocht intleachtúil an Athar T.J. Corcoran, SJ, ar Ollamh le hOideachas é i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí sé den tuairim go bhféadfaí an gléas céanna ar baineadh úsáid as chun meathlú na Gaeilge agus scaipeadh an Bhéarla a chur chun cinn sa 19ú hAois (i. na Scoileanna Náisiúnta) a úsáid in athuair chun próiseas an mheathlaithe a chur droim ar ais (Brown, 2004: 41).

Deir Lee gur cur síos an-áibhéileach é seo ar ról an chórais oideachais i meathlú na Gaeilge. An laige is mó a aithníonn Lee ar théis Corcoran is ea go dteipeann uirthi a thabhairt le fios nárbh ionann na cúinsí socheacnamaíocha sa tír sa 19ú hAois agus a macasamhail san fhichiú hAois agus nach bhféadfaí, dá bharr, na scoileanna naisiúnta a úsáid feasta mar ghléas chun an t-iompú teanga a chur ar mhalairt slí. Locht eile a aithníonn Lee is ea an bhéim a cuireadh sna Scoileanna Náisiúnta ar chumas agus ar oiliúint liteartha sa teanga. B'amhlaidh a bhí toisc ceachtanna a bheith bunaithe ar shraith topaicí nach raibh aon bhaint acu, beag nó mór, le saol laethúil an scoláire. Chiallaigh sé sin nach raibh an cúrsa Gaeilge in oiriúint don saol réalaíoch agus gur tearc an t-ullmhúchán a fuair na scoláirí chuige dá bharr (1989: 671).

Ba leor argóintí Corcoran áfach d'athbheochanóirí ar mhian leo 'fianaise' agus 'saineolas' a thacódh lena gcás (Lee, 1989: 134). Mar thoradh air sin, dhiúltaigh rialtais éagsúla agus Tomás Ó Deirg go háirithe, glan do staidéar eolaíochtúil a dhéanamh ar an mbealach ab fhearr chun tabhairt faoin athbheochan, mar a shonraíonn Lee: 'Sacred cows could not be submitted to the most cursory veterinary inspection' (1989: 671).

É sin ráite, shocraigh Cumann Múinteoirí Éireann fiosrúchán dá gcuid féin a dhéanamh ar éifeachtúlacht na Gaeilge mar mheán teagaisc i 1941. Mar thoradh ar

---

<sup>19</sup> Bhí Tomás Ó Deirg ina Aire Oideachais de chuid Fhianna Fáil idir 1932-1939 agus idir 1940-1948 (Lee, 1989: 671).

an bhfiosrúchan sin, ba í tuairim na coitiantachta i measc na múinteoirí nach raibh an Ghaeilge feiliúnach mar mheán teagaisc ach amháin don amhránaíocht agus don obair shnáthaide. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Ghaeilge mar mheán teagaisc a bheith ina bunús le moilliú oideachais i measc pháistí na hÉireann i gcomparáid lena gcomhionann i Sasana suas go dtí leibhéal na hOllscoile, dar le Lee. Áitíonn Lee go ndearna an beartas seo cos ar bolg ar dhaoine arbh as cúlraí bochta dóibh agus a mbeadh orthu dul ar imirce in am trátha:

The policy did not, of course, sacrifice all the children of the nation equally. Children from more affluent homes, whose parents could repair some of the damage done in the schools, naturally enjoyed an advantage over poorer children whose parents would not or could not take a comparable interest in their education. Teaching infants through Irish provided one further bulwark for the existing social structure in that it inevitably discriminated against already deprived children, and ensured that when they were dispatched from the country as emigrants they would be equipped to serve their new masters only as hewers of wood and drawers of water (1989: 134).

Anuas ar an nGaeilge mar mheán teagaisc, shocraigh Cumann na nGaedheal go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar riachtanach le go mbronnfaí Meánteistiméireacht ón mbliain 1928. Agus Fianna Fáil i gcumhacht i 1934 agus Tomás Ó Deirg ina Aire Oideachais, éilíodh go mbeadh pas sa Ghaeilge éigeantach chun teastas a bhaint amach san Ardteistiméireacht (Kelly, 2002: 18).

Tá macallaí fhealsúnacht eisintiúil na hAthbheochana le haireachtáil ar chuid de na hargóintí gríosaithe ar baineadh úsáid astu chun an Ghaeilge éigeantach sna scoileanna a dhlisteanú agus chun na múinteoirí a spreagadh chuici. Dúradh gur bhain tábhacht stairiúil leis an nGaeilge agus gur ghníomh fill agus tréasa a bheadh ann do ghlúnta agus do stair na nGael ag dul siar dá gcaillfí í. Ina theannta sin, dearbhaíodh, faoi réir ag Dáibhis, gur ghotha cultúrtha agus náisiúntachta é an teanga a dhéanfadh idirdhealú idir na Gaeil agus cultúir eile agus an cultúr Angla-Shacsanach go háirithe. Maíodh nach mairfeadh an náisiún Éireannach agus nach mbeadh rath air mura mbeadh teanga dá chuid féin aige (Kelly, 2002: 15).

Ba í lárnacht agus róbhéim na staire an locht ba mhó a aithníonn Kelly ar argóintí dlisteanaithe na hathbheochana. Bhí an athbheochan ag féachaint siar seachas chun cinn. Ní raibh an athbheochan nasctha leis an bhforbairt gheilleagrach ná leis an bhforbairt shóisialta ach an oiread, gnéithe a bhí ag dó na geirbe ag daoine le linn thúsbhlianta an tSaorstáit, dar le Kelly (2002: 15). Thuig comhbhunaitheoir an

Chonartha, Eoin Mac Néill, é seo agus dá réir sin bhí sé sách soiniciúil faoi chur chuige aonghnéitheach na scoileanna mar phríomhghléas athbheochana. Thuig sé nach bhféadfadh sé a bheith ar chumas na scoileanna iontu féin míorúilt theangeolaíoch a bhaint amach gan iarracht níos forleithne a dhéanamh chun dul i gcion ar an bpobal agus meon dearfach agus toilteanach i leith athbheochan na Gaeilge a chothú ina measc (Brown, 2004: 40).

### **2.3.3 An Ghaeilge éigeantach sa státchóras**

Ina theannta sin, éilíodh i 1925, d'fhonn an athbheochan a chur i gcrích, go mbeadh an Ghaeilge éigeantach chun post a fháil sa státseirbhís (Ferriter, 2004: 350). Bheadh úsáid na Gaeilge sa tseirbhís phoiblí ag teacht i gcoibhneas le meon an phobail ina leith, dar le Mac Néill. Is é sin le rá, nach mbeadh seirbhísí Gaeilge á n-éileamh ag an bpobal mura mbeadh meon dearfach acu ar an gcéad dul síos agus nárbh fhiú mórán struchtúr maorlathach a chothú chun tacú leis an teanga gan ceist an mheoin a bheith socraithe roimh ré (Lee, 1989: 133). Deir Lee go raibh an Ghaeilge ag teacht faoi léigear ag drochmheon na ndaoine ina leith, sa Ghaeltacht ach go hairithe, ar an mbonn gur ceapadh go raibh an teanga comhchiallach le bochtanas agus le hísleacht shóisialta (Lee, 1989: 133). Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, ba ghá stádas na Gaeilge a ardú le go bhfeicfí buntáistí sóisialta agus geilleagracha na teanga. Áitíonn Lee nár éirigh leis an rialtas na buntáistí sin a léiriú áfach agus ina éagmais sin cruthaíodh íomhánna agus bríonna a thug le fios gur bhain an teanga le féinleas ábharach an té a raibh cumas sa Ghaeilge aige:

The government only tinkered with devising means to make Irish pay. It offered pupils inducements like extra marks for answering subjects through Irish in examinations, and penalised schools by withholding subsidies for teachers lacking qualifications in Irish, irrespective of their quality in their own subjects. This approach did little to elevate Irish, but much to demean education (Lee, 1989: 135).

Tugann sé seo le fios gur samhlaíodh córas fabhraíochta a bheith i réim dóibh siúd a raibh an Ghaeilge ar a dtail acu:

The charade of Irish language tests for public employment, when everybody knew the language would hardly ever be used again, the whole fetid system of favouritism associated with language knowledge, as distinct from language use, inevitably left its mark, stamping the most idealistic and most important task undertaken by the new state as yet one more sleazy political racket (Lee, 1989: 671).

Ag teacht leis sin, deir FitzGerald gurbh í an bhaint idir an Ghaeilge agus dul chun cinn fostaíochta ba chúis leis an mbonn a bhaint de chion agus de mheas an phobail ar an teanga (1964b: 16):

[...] the decision to make Irish compulsory for entry to the executive and administrative grades in the public service and for certain promotions within these grades, and to give preference to applicants for professional or technical posts who have a competent knowledge of Irish, has given rise to widespread resentment, both within and outside the public service, and the association of the language with jobs and promotion has degraded it in the public mind (FitzGerald, 1964b: 16).

Theip ar bheartas na Gaeilge éigeantaí go príomha, dar le Lee, ní mar gheall ar na scoileanna ach mar thoradh ar fhaillí an rialtais na socrúithe cuí a dhéanamh ionas go bhféadfaí an Ghaeilge a úsáid ina dhiaidh sin. Dá réir sin, níor tugadh aon ghríosadh do pháistí an Ghaeilge a úsáid mar theanga bheo (1989: 671). Tugann Ó Tuathaigh (2011: 82) le fios gurbh é cuspóir bheartas na Gaeilge éigeantaí a chinntiú go mbeadh cumas sa teanga ag baicle mhór daoine sa státchóras agus sa chóras oideachais seachas béim a chur ar a húsáid:

The results of all this fertilising was a luxuriant crop of weeds, and a pervasive stench that offended all but the coarsest of nostrils. The essential hypocrisy occurred less in the area of compulsory Irish in the schools than in the failure to provide opportunity, or obligation, for the regular use of Irish subsequently. The refusal of all governments since the foundation of the state to practice what they preached alerted an observant populace to the fact that the revival was a sham (Lee, 1989: 135).

#### **2.3.4 Aimsir an Dara Cogadh Domhanda**

Le linn an Dara Cogadh Domhanda, áitíonn Wills go raibh cogaí cultúrtha na hÉireann á dtroid ar théarmaí a bhí freasúrach agus antoisceach agus a chuimsigh suáilcí an dúchais ar láimh amháin agus duáilcí an allúraigh ar an láimh eile:

Attacks by the Gaelic League and the Gaelic Athletics Association on foreign games, foreign dances and especially foreign languages (by which they meant English) were intended to foster a truly national life [...] Unfortunately these arguments could feed all too easily into a ultra-conservative, sectarian attitude, a rejection of all that was ‘non-native,’ of everything that did not display the signs of Gaelic ‘race consciousness.’ In practical terms they led to the denunciation of external influences such as radio, cinema, the foreign press, English publishers (Wills, 2007: 263).

Áitíonn Wills go raibh cultúr na hÉireann ina stad go hintleachtúil mar gheall ar an tír a bheith stoite amach ó thionchair agus ó chaidrimh eachtracha. Chruthaigh sé seo



cultúr oileánach agus neamhcheistitheach a bhí ag breathnú isteach air féin, dar léi (2007: 262-3). Rinneadh dlisteanú ar shochaí na hÉireann ar bhonn an scarúnachais agus bhí sé sin fréamhaithe sa tsainiúlacht náisiúnta, sa chultúr agus sa teanga go háirithe. Cuireadh an fhealsúnacht chaomhnaitheach chéanna i bhfeidhm mar bheartas geilleagrach agus cuireadh iliomad taraifí, dá bharr, ar tháirgí iasachta ar mhaithe le leasanna na tionsclaíochta dúchais a chosaint (Brown, 2002: 202).

Go polaitiúil, tháinig Éire slán mar náisiún tar éis an Dara Cogadh Domhanda ach áitíonn Brown gur ghin an tréimhse seo suaitheadh i sochaí na hÉireann as a n-eascródh athruithe sóisialta agus polaitiúla in am trátha (2004: 199). Thosaigh bánú na tuaithe agus tréigeadh an tsaol thraidisiúnta sa tréimhse seo an iar-chogaidh. Chuir an t-athrú tús le dídhaonrú na tuaithe agus fás na mbailte móra agus na gcathracha agus tháinig borradh faoin eisirce thar lear freisin. Fadhbanna geilleagracha ba chúis le géarchéim an iarchogaidh agus leis an athrú fócais ó shochaí thuaithe go dtí sochaí a bhí i bhfad ní b'uairbí (Brown, 2004: 200). Dearbhaíonn Fanning (2008: 115) agus Garvin (2004: 62) beirt go raibh Éire ag crosbhóthar tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Áitíonn Garvin go raibh Éire ag tairseach chinniúnach de bharr bheartas de Valera an scarúnachais agus na caomhnaitheachta a bheith ag titim as a chéile, mar a deir Fennell:

The cluster of symbols of Irish nationality and sovereignty which de Valera's republic had gathered around it, and on which its fundamental legitimacy depended, was being undermined by the obvious failure of the system's economic principle. The state clothed in that symbolic array was simply not holding the people – not in the crudest physical sense, and decreasingly, therefore, in a spiritual and emotional sense (1983: 57).

Ba ríghá dá dheasca sin, a deir Garvin, samhail nua chuimsitheach a dhearadh faoina bhféadfaí an beartas geilleagrach, caidrimh idirnáisiúnta, mar aon le cúrsaí trádála agus oideachais a leigheas (2004: 62). Tháinig fás as cuimse ar gheilleagar na hEorpa tar éis an chogaidh i 1945 ach sonraíonn Garvin gur thóg sé cúig bliana déag ar rialtas na hÉireann páirt ghníomhach a ghlacadh san aeráid dhearfach gheilleagrach sin (2004: 69). Sa chéad rannóg eile, pléifidh mé na laincisí ba chúis le staid na tíre sa ré iar-chogaidh, dar le Garvin (2004), Kirby (2004) agus Ó Tuathaigh (2011).

### 2.3.5 An Caitliceachas agus an Ghaeilge á gcomhcheangal

De bharr an Caitliceachas a bheith ina bhunchloch fhéiniúlachta faoin tír, deir Kirby gur athmhúnlaíodh gnéithe eile den chultúr ar bhonn a thiocthadh leis an mbunchloch sin. Rinneadh amhlaidh i gcás thuiscintí i leith na Gaeilge, agus dá bharr sin, ba bheag duine a rinne idirdhealú idir an Ghaeilge ar lámh amháin agus an Caitliceachas ar an lámh eile. Dá bharr sin, samhlaíodh an Gaeilgeoir le Caitliceach cúng coimeádach (Kirby, 2004: 27). Áitíonn Ó Tuathaigh go raibh athbheochan na Gaeilge agus an Caitliceachas á gceagal le cultúr oifigiúil agus le bunaíocht scothaicmeach an Stáit, cultúr a bhí faoi smacht ag meon coimeádach, cinsiriúil, cráifeach, cléir-smachtaithe, Filistíneach agus frith-intleachtúil, cultúr a raibh a lorg le haireachtáil ar an saol poiblí agus ar an saol príobháideach araon. Ghin sé seo searbhás agus soiniciúlacht i measc an phobail faoi bheartas na hathbheochana agus faoi chás na Gaeilge trí chéile, dar le Ó Tuathaigh (2011: 83).

Tá comhcheangal an Chaitliceachais agus na Gaeilge le sonrú ar shaothar Garvin go háirithe (2004). An argóint is mó atá ag Garvin nár éirigh le rialtas na hÉireann tairbhe agus leas a bhaint as borradh geilleagrach na hEorpa sa tréimhse iar-chogaidh agus go raibh droch-impleachtaí ag an easpa gnímh sin ('non-decisions') ar fhorbairt na tíre go fadtéarmach (2004: 5). Cuireann sé i leith ghrúpaí faoi leith, i réimsí na polaitíochta, na heacnamaíochta, an chultúir agus na hEaglaise, go raibh a meonta cultúrtha ina stad agus ag teacht an iomarca faoi anáil na tuaithe (2004: 4). Deir Garvin gurbh amhlaidh a bhí toisc leis a bheith ar 'veto groups' dul i ngleic leis an domhan nua-aimseartha agus go raibh tionchar srianaithe acu ar an tsochaí dá réir:

There was certainly a less than full acceptance of the proposition that the future might actually be post-agrarian and urban. Not that some did not understand that an urban and non-farm economy was necessary, but rather that they intensely disliked the cultural and civilisational changes that it would entail (2004: 62).

Deir Garvin gurbh iad an Eaglais Chaitliceach agus lucht athbheochana na Gaeilge na heagraíochtaí, nó scothaicmí mar a thugann sé orthu (2004: 22), ba mhó cumhacht dá raibh ann ag an am sin ó thaobh an dioscúrsa poiblí a stiúradh agus ó thaobh a mianta morálta agus cultúrtha féin a chur ina luí ar an tír (2004: 70). Bhí na heagraíochtaí seo tiomanta chun luachanna cultúrtha agus morálta mhuintir na hÉireann a athrú, mar a deir Garvin:

These two highly organised lobbies had numbers and political clout behind them, and each of them was, in its way, dedicated to changing the moral and cultural character of the Irish people, rather than being interested in the material development of society (2004: 70).

Maíonn Garvin go raibh rochtain ag gluaiseacht na Gaeilge agus ag an Eaglais Chaitliceach ar na polaiteoirí a bhí i gcumhacht agus go raibh siad i gceannas ar na creidimh idé-eolaíocha agus fhealsúnacha a chuir srianta ar an gceistiúchán agus ar an bhfiosrúchán faoin tsochaí (2004: 71). Áitíonn Garvin gur chuir na ‘ideological monopolies’ seo srianta ar an bhfiosrúchán intleachtúil agus gur mó tábhacht, dar leo, a bhain le cláir um chosaint mhorálta agus chultúrtha. Dá bharr sin, cuireadh ní ba mhó béime ar ábhair a bhain leis an eolaíocht, reiligiún, stair agus leis an meánaois sna hollscoileanna agus tugadh neamhaird ar eacnamaíocht agus ar na heolaíochtaí sóisialta i gcoitinne, mar atá an eolaíocht pholaitiúil, an antraipeolaíocht agus an tsocheolaíocht (2004: 69). Mar gheall air sin, chuir idé-eolaíochtaí ghluaiseacht na Gaeilge agus na hEaglaise go mór leis an éadóchas cultúrtha sa tír agus chuir siad bac ar an nuálaíocht mar aon leis an nua-aoiseachas, dar le Garvin (2005: 22).

Tagann Kirby le hargóintí Garvin sa mhéid is go n-áitíonn siad beirt gur imir an Eaglais Chaitliceach tionchar ar easpa fiosrúcháin intleachtúil, go raibh an saol poiblí go mór á chúngú dá bharr agus gur threisigh sé sin an frithintleachtúlachas agus an ghéilliúlacht i measc an phobail dá réir sin (Kirby, 2004: 27). Is díol suntais é nach luann Kirby gluaiseacht na Gaeilge mar thionchar srianaithe ar an bhfiosrúchán áfach. B’fhéidir go bhféadfaí a rá go raibh gluaiseacht na Gaeilge á srianú ag an Eaglais freisin seachas a bheith ina comhpháirtí sa phróiseas sin. Locht amháin a aithníonn Walsh ar théis Garvin is ea go dtugann Garvin le fios gur fhórsa aonchineálach agus coimeádach é gluaiseacht na Gaeilge a raibh an-tionchar aici ar an rialtas<sup>20</sup>. Deir Walsh go bhfuil cur síos áibhéileach déanta ag Garvin ar thionchar Ghluaiseacht na Gaeilge (2012: 8).

Agus an fiosrúchán intleachtúil múchta mar thoradh ar an ord coimeádach sóisialta gan trácht ar an gcinsireacht agus ar aonchineálacht an daonra, ní nach ionadh mar sin nach raibh na hintleachtóirí in ann athnuachan a dhéanamh ar fhealsúnacht na

---

<sup>20</sup> Pléifidh mé go mion i gCaibidil a Trí den tráchtas seo go mbaineann iolrachas agus ilchineálacht, ar bhonn aoise, aicme, scothaicme, dílseachtaí polaitíochta & inscne, le baill laistigh d’eagraíochtaí sóisialta agus cultúrtha agus nach bhféadfaí múnla aonfhoirmeach a bhrú ar eagraíocht ghuagach agus ghluaisteach cosúil le Conradh na Gaeilge dá bharr.

hathbheochana<sup>21</sup>. Ar an ábhar sin, deir Ó Caollaí gur imir an easpa eolais ar na heolaíochtaí comhdhaonnacha tionchar ar dheacrachtaí ghluaiseacht na Gaeilge fealsúnacht na hAthbheochana a athnuachan. Maíonn sé, dá réir sin, nach raibh sé ar chumas na gluaiseachta a thuiscint cén fáth nach raibh ag éirí leis an Athbheochan. In éagmais taighde eimpírigh ar dhearcthaí an phobail, níor tuigeadh ach an oiread cérbh iad na na beartais ab éifeachtaí a theastódh chun sprioc an athréimnithe a bhaint amach. D'fhág sé seo, dar leis an gCaollaíoch, go raibh an *status quo* á chosaint ag an ngluaiseacht agus chiallaigh sé sin gur fhoinse feirge a bhí inti dóibh siúd a bhí ag ceistiú indéantacht an bheartais (Ó Caollaí, 2013: 12).

### 2.3.6 Anailís

Léirigh mé sa rannóg seo go raibh léamh coimeádach agus Caitliceach ag lucht intleachta an Stáit ar fhealsúnacht ilghnéitheach na hAthbheochana agus idéil na fealsúnachta sin á n-institiúidiú acu i bhfoirm bheartas Gaeilge. Bhí sé sin amhlaidh de bharr aonchineálacht Chaitliceach an daonra ó dheas (mar thoradh ar an gcríochdheighilt), rud a d'fhág spás neamhcheistitheach sa diospóireacht phoiblí agus an fhéiniúlacht agus an náisiúntacht á sainiú. Tugadh cúl don taobh liobrálach agus cuimsitheach den Athbheochan agus dá réir sin, bhí an fhéiniúlacht á léirmhíniú ar bhonn antoisceach a chuimsigh suáilc an dúchais ar lámh amháin agus duáilc an allúraigh ar an lámh eile.

Bíodh sé ceart nó mícheart, samhlaíodh Conradh na Gaeilge a bheith bainteach le bunaíocht oifigiúil an Stáit agus dá bharr sin, bhí an eagraíocht mar aon leis an nGaeilge féin, agus gach ar bhain léi, ceangailte leis an gCaitliceachas cúng coimeádach a bhí ina bhunchloch faoin Stát (Garvin, 2004). Chuir an t-ord coimeádach sóisialta a bhí i dtreis sa tír srianta ar an bhfiosrúchán intleachtúil, rud a mhúch spiorad an cheistiúcháin agus na díospóireachta araon.

Ó lár na gcaogaidí anuas go dtí tús na seascaidí, thosaigh an ceistiú poiblí i réimse na polaitíochta faoi bheartas na hathbheochana.

---

<sup>21</sup> Luann Ó Tuathaigh Dónal Ó Corcora (a d'fhoilsigh *The Philosophy of the Gaelic League* i 1943) agus an tAthair Donncha Ó Floinn a bhíodh ag scríobh go rialta faoi thábhacht na Gaeilge don fhéiniúlacht Éireannach. Ní dóigh le Ó Tuathaigh gur éirigh leo tada úrnua a chur le fealsúnacht na hAthbheochana áfach (2011: 84).

## 2.4 1959-1974: Athrú Treo

D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais páipéar bán dar teideal 'The Programme for Economic Development' i 1958. Bhí údar na tuarascála seo, T.K. Whitaker, ina Rúnaí ar an Roinn Airgeadais ag an am. Deir Brown gur chuir Whitaker tús le bealach nua smaointeoireachta chun fadhbanna geilleagracha na tíre a shárú (2004: 202). Tháinig Lemass i gcomharbacht ar de Valera i 1959 agus shocraigh sé féin i gcomhar le Whitaker na seanbeartais a chur ar ceal agus an infheistíocht eachtrach a mhealladh isteach sa tír (Brown, 2004: 202). Shocraigh siad beirt glacadh le fórsaí idirnáisiúnta an mhargaidh agus na cúinsí cuí a chruthú sa tír le go dtiocfaidh fás ar an ngeilleagar. Shocraigh siad, dá bharr sin, go nglacfadh Éire páirt i saol geilleagrach na Stát tionsclaíoch in iarthar na hEorpa (Brown, 2004: 255). Deir Murphy gur thuig Whitaker go mbeadh impleachtaí sóisialta agus polaitiúla ag an athrú beartais agus gur ghá breathnú ar mhúnla na hEorpa chun dúshlán gheilleagracha na tíre a shárú. Maíonn Murphy (2009: 129) freisin gur eascair an t-athrú treo as géarchéim shíceolaíochta lár na gcaogaidí nuair a bhí an t-éadóchas, an eisimirce agus an dífhostaíocht i réim mar thoradh ar ghéarchéim chomhardú na n-íocaíochtaí. Thug na dúshlán sin le fios go raibh saol geilleagrach na hÉireann ina stad, rud raibh inghlactha a thuilleadh. Spreag sé sin na polaiteoirí chun na seanbeartais náisiúnta agus thraidisiúnta a thréigeadh.

D'eascair athrú idé-eolaíochta agus meoin in Éirinn as beartais nua Lemass/Whitaker agus bhí éifeacht aige sin ar shaol cultúrtha agus sóisialta na hÉireann. Déanann Brown trácht ar thuairimí an staraí David Thornley<sup>22</sup> agus é ag caint ar éifeacht an t-athrú beartais ar shochaí na hÉireann. Deir Thornley in *Ireland: The End of an Era* (1964) go mbeidh nósanna sóisialta agus polaitiúla na tíre ag teacht faoi anáil an tsaoil uirbigh, iltírigh agus na smaointe sóisialta agus fealsúnacha a bhaineann leis. Deir sé go gcuirfidh sé seo deireadh leis na hiarrachtaí a dhéantar cultúr dúchais an oileáin a chosaint (Brown, 2004: 231). Déanann Brown trácht ar na mórathruithe síceolaíochta a bhí le sonrú in Éirinn ag tús na seascaidí. Deir sé go raibh féinmhúinín le haireachtáil sa tír den chéad uair riamh i gcomparáid leis an

<sup>22</sup> Staraí, léachtóir agus saineolaí ar an eolaíocht pholaitiúil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ab ea David Thornley. Ina theannta sin, chaith sé tréimhse mar chraoltóir in RTÉ le linn na seascaidí déanacha agus spéis ar leith aige i gcúrsaí reatha. Toghadh é mar Theachta Dála, in éindí le Conor Cruise O'Brien agus Justin Keating, sa bhliain 1969 agus iad triúr mar chuid de ghlúin úr intleachtóirí i bPáirtí an Lucht Oibre (féach: Thornley, 1964; Hederman, 2008). Bhí sé ina bhall den chumann Tuairim idir 1954 agus 1975, cumann a chuir roimhe féin cultúr fiosrúcháin a chothú agus a chur chun cinn in Éirinn (féach 2.4.2). Fuair sé bás sa bhliain 1978.

gcoimpléasc ísleachta a bhíodh ann tráth. Maíonn sé gur blianta cinniúnacha a bhí ann idir 1958 agus 1963 nuair a tháinig athrú ar rath na hÉireann. Mar a deir Brown:

In the collective memory, 1958-63 is seen as the period when a new Ireland began to come to life. The Irish associate the successes of those years with a renewed national self-confidence that helped the country to survive future vicissitudes (2004: 230).

Díol suntais do Thornley ab ea an éascaíocht, an toilteanas agus an spleodar lenar athraíodh ón náisiúnachas geilleagrach (agus na cláir chultúrtha a thacaigh leis), go dtí an athbheochan gheilleagrach a bhí ag teacht go mór faoi anáil an chomhthéacs Bhriotanaigh/Eorpaigh (Brown, 2004: 232). Ba chosúil, dar le Brown, nach raibh ‘Éire thraidisiúnta’ agus na srianta idé-eolaíocha a bhí uirthi feiliúnach a thuilleadh do thír a raibh sé mar aidhm aici feabhas geilleagrach, sóisialta agus nua-aoiseach a chur chun cinn (2004: 234):

The new Ireland, vigorously in pursuit of economic development, had set in motion [...] a process which would destroy the core of nationality, the spiritual heart of the nation, the Irish language itself (2004: 264).

Ghin na hathruithe seo, a deir Brown (2004: 255), díospóireacht bhríomhar agus chonspóideach i measc cuid den phobal faoi na himpleachtaí a bheadh ag an mbeartas geilleagrach nua ar an teanga, ar an traidisiún agus ar an idé-eolaíocht shainiúil a bhain leo. D’éirigh le Lemass teacht i dtír ar an bhfadhb seo, mar a deir Brown:

Perhaps Lemass’s most vital contribution to economic revival and the psychological breakthrough of the early 1960s was his capacity to distinguish modernization from anglicization (2004: 234).

Bhí Lemass in ann a chur ina luí ar an bpobal go bhféadfaí neamhspleáchas polaitiúil agus athaontú na tíre a bhaint amach tríd an ngeilleagar a atheagrú faoi mhúnla na Breataine agus na hEorpa agus gan athbheochan na Gaeilge a bheith mar bhunaidhm feasta (Brown, 2004: 235). Ar an ábhar sin, socraíodh an Comhaontú Saorthrádála idir Éire agus an Bhreatain i 1965, rud a léirigh, dar le Brown, toilteanas na hÉireann páirt a ghlacadh sa gheilleagar Eorpach iar-chogaidh (2004: 202). D’fhág sin gurbh í an fhorbairt gheilleagrach rosc catha na tíre feasta in áit athbheochan na Gaeilge. Áitíonn Brown, dá réir sin, gur tháinig borradh faoin saol intleachtúil agus cultúrtha chun iarrachtaí a dhéanamh tríd an litríocht agus tríd an ealaíon chun dul i ngleic leis na hathruithe sóisialta a tháinig ar an tsochaí ó athraíodh an beartas geilleagrach

(2004: 203). Tugann Denvir míniú ar na cúiseanna ba bhunús le ceistiúchán na seascaidí. Deir sé gur eascair sé as:

[...] spiorad réabhlóideach ceistitheach chultúr na 1960í nuair a bhí deireadh ag teacht go tréan le seanchinnteachtaí Éire De Valera agus nua-aoisiú á dhéanamh ar luas mire ar shaol na hÉireann fré chéile le tionsclú na tíre de bharr na gCláracha Forbartha Eacnamaíochta, le cathrú na tíre, le bunú Theilifís Éireann, le teacht chun cinn ghluaiseachtaí éagsúla cearta sibhialta in Éirinn agus thar lear, le fás thionscail na siamsaíochta, an fhaisin agus an cheoil nua-aimseartha, le teacht an tsaoroideachais dara agus tríú leibhéal, le fás thionscal na turasóireachta in Éirinn agus san Eoraip (2012: 30).

#### 2.4.1 Spreagthaí an cheistiúcháin

Bunaithe ar shaothair Murphy (2009), Brown (2004), Ó Tuathaigh (2011), Kiberd (1995) agus Share et al. (2007), is mian liom sa rannóg seo plé a dhéanamh ar chuid de na cúiseanna ar glacadh go toilteanach leis na hathruithe sóisialta a d'eascair as an mbeartas geilleagrach nua.

- Bunaíodh an Stát ar bhonn an scarúnachais le go dtiocfaidh bláth ar shainiúlacht chultúrtha na tíre. Ba léir i ndiaidh 1940 áfach, go raibh na ceantair ba mhó ina raibh an tsainiúlacht chultúrtha agus Ghaelach sin (i. sa Ghaeltacht) le sonrú faoi bhrú millteanach ag an eisimirce, dar le Murphy (2009: 125). Tá tionchar na heisimirce mar aon le teip aisling na hAthbheochana le sonrú in alt a scríobh Máirtín Ó Cadhain ar an *Irish Times* i 1953. San alt úd, tugann an íomhá anróiteach de ghrúpa Éireannach ar an mbád bán go Sasana spreagadh do pheann Uí Chadhain chun cur síos feargach agus searbhasach a dhéanamh ar dhroch-chás na himirce:

Aithním gurb ó Iarthar na hÉireann formhór na ndaoine seo ar an mbád. Is dream iad nár smaoinigh ariamh ar dhual nó nár dhual dóibh an imirce. Is cóir do na daoine a fhéadas fanacht buíochas le Dia a thabhairt, na himirceánaigh a bheith chomh neamhsmaointeach sin. Marach go bhfuil, níor ghnó chomh suaimhneach ar fad a bheadh i ndéanamh a n-anama ag an bpobal abhus. Is cuma. Ní réabhlóid ach bás atá i ndán d'Éirinn anois (Ní Dhonnchadha & Nic Eoin, 2008: 156).

Tugann an Cadhnach le fios gurb í an ghéilliúlacht do na húdaráis is cúis leis an lag trá sóisialta seo in Éirinn:

Tá Éire Uí Chonaill i gcrích faoi dheireadh. Éire an Bhéarla, na cléire, na mbéil dochta, na gcosa cama, na gcrúibíní cama, na bodhaire, na daille (Ní Dhonnchadha & Nic Eoin, 2008: 158).

Áitíonn Murphy (2009: 125) go ndearna imeacht agus bochtanas na ndaoine sin ceap magaidh d'idé-eolaíocht an Stáit agus léirigh sé go raibh ag teip ar fhís thréadach de Valera i dtéarmaí geilleagair de. Deir Ó Tuathaigh gur thosaigh sé seo ceistiú faoi fhlaithéas polaitíochta na hÉireann agus arbh fhiú na hÍobairtí a rinneadh ar a shon nuair nár bh fhéidir le haos óg na tíre fanacht sa bhaile agus nuair nár bh fhéidir fostaíocht a chur ar fáil don phobal (2011: 86).

- Sa mhullach air sin, nuair a d'éirigh leis an Stát teacht slán mar aonad polaitiúil i ndiaidh an chogaidh, léirigh sé sin do dhaoine go bhféadfadh Éire a bheith ina náisiúinstát gan tréithe sainsiúla an chultúir agus na teanga mar bhunús leis. Bhí an pobal, dá réir sin, in ann glacadh le tionchair sheachtracha, rud nach dtarlódh roimh an gcogadh, mar a mhíníonn Brown:

Before the period of the “Emergency” such large-scale adaptations as were to follow would perhaps have been almost impossible because they would have generally been thought to involve a dilution or contamination of the national being so necessary to the ideal of a separate political existence. After the war such fears were substantially reduced. The state was real and had proved its reality in the most tangible way (Brown, 2004: 204).

- Fachtóir eile a chuidigh go mór leis an éascaíocht lena glacadh leis na athruithe sóisialta a d'eascair as an mbeartas geilleagrach nua ab ea inniúlacht na státseirbhíse. Dearbhaíonn Garvin go raibh an státseirbhís thar a bheith éifeachtach nuair a bunaíodh an Stát agus go raibh sí ar cheann de na rianta dearfacha a d'fhág an Bhreatain ina diaidh (2004: 2). D'éirigh leis an státseirbhís seasmhacht pholaitiúil a bhaint amach ó bunaíodh an Stát i leith. Deir Brown go raibh sé sin thar a bheith eisceachtúil i Stát nuabhunaithe (2004: 204). Chiollaigh sé sin go raibh an fhrámaíocht chuí sa státseirbhís chun clár nua-aoiseach Lemass/Whitaker a chur i bhfeidhm ag deireadh na gcaogaidí/tús na seascaidí.
- Ina theannta sin, bunaíodh seirbhís nua teilifíse in Éirinn ar an 31ú Nollaig 1961. Ach an oiread leis an bhfás as cuimse a bhí ag teacht ar gheilleagar na tíre ag an am, siombail den fhorbairt a bhí i mbunú an stáisiúin teilifíse freisin, dar le Share et al. (2007: 438). Le teacht na teilifíse go hÉirinn, tugadh dúshlán do fhoinsí traidisiúnta an chultúir, an Ghaeilge cuirim i gcás,



agus bhí meán úrnua ar fáil ina bhféadfadh an mheánaicme nua<sup>23</sup> a mianta a chur chun cinn. Daoine ab ea iad seo a raibh a mbeasnaí sóisialta ag teacht faoi anáil ag luachanna mhór-roinn na hEorpa, rud a bhain an bonn d'fhorlámhas na tuaithe agus an chultúir dúchais sa saol náisiúnta, dar le Share at al. (2007: 438). Áitíonn Bowman gur thug an teilifís dúshlán do bhunaíocht na hÉireann sna seascaidí, bunaíocht a bhí comhdhéanta, dar leis agus dar le Garvin (2004), den Eaglais, de pholaiteoirí agus de Ghaeilgeoirí araon. Dá réir sin, bhí an teilifís mar chuid de phróiseas ní ba leithne ba chúis le luas a chur faoi athruithe sóisialta sa tsochaí, mar a mhíníonn Bowman:

Of course the sheltered country of the 1950s was already destined to change, but television greatly accelerated that change and the Irish establishment who were so dominant in 1960 – whether politicians, churchmen or Gaelgeoirs (sic) – scarcely saw it coming (Bowman, 2012: 5).

- Lena chois sin, deir FitzGerald gur ghlac na páirtithe polaitíochta ar fad le bailíocht bheartas na hathbheochana mar ‘aidhm náisiúnta’ gan cheist. D’fhág sin, a deir sé, nár tugadh an deis don phobal riamh an beartas a cheistiú nó chun vóta a chaitheamh ar son nó i gcoinne phrionsabal na hathbheochana nó na modhanna a úsáideadh (1964a: 6). Sonraíonn Ó Tuathaigh go raibh cuma spíonta ar sheanfiondúirí an chogaidh chathartha a bhí fós i gceannas ar pháirtithe polaitíochta an Stáit ag deireadh na gcaogaidí (2011: 86). D’éirigh leithéidí de Valera as i 1959 agus tháinig an dara glúin polaitoirí i gcomharbacht air. Daoine ab ea iad den chuid ba mhó, a rugadh tar éis don tír neamhspleáchas a bhaint amach agus a bhí sásta glacadh le tionchair sheachtracha dá réir (Brown, 2004: 232). Deir Ó Tuathaigh, mar sin, gur chuir sé seo tús le ré na hoscailteachta agus saorthrádála in áit an chosantachais a bhíodh ann cheana. Ina theannta sin, bhí caint ar bhallaíocht a lorg i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) (2011: 86). Bhí an bealach glanta, dá bharr, le go bhféadfaí ceist na Gaeilge éigeantaí a chur ar an gclár polaitiúil, mar a mhíníonn FitzGerald:

As long as the first-generation political leadership remained in office – Éamaon de Valera and Richard Mulcahy leading Fianna Fáil and Fine Gael, respectively, until 1959 – the Irish language requirement

---

<sup>23</sup> Téama is ea teacht chun cinn na nua-mheánaicme a phleifidh mé i gCaibidil a Trí den tráchtas seo. Is feiniiméan é seo a tháinig chun cinn mar thoradh ar an athrú ón tsochaí thionsclaíoch go dtí an tsochaí iar-thionsclaíoch sna 60í. Chruthaigh an t-athrú seo spás sa dioscúrsa poiblí ina bhféadfaí na foinsí traidisiúnta féiniúlachta (reiligiún agus an teanga) a cheistiú.

was effectively excluded from the agenda of political debate (1991: 306).

Bhí sochaí na hÉireann ag athrú ar bhonn ilghnéitheach sna caogaidí agus sna seascaidí agus bhí beartas na Gaeilge éigeantaí i lár an allagair phoiblí.

#### **2.4.2 1954: Bunú Tuairim**

Mar chuid den chomhthéacs ceistitheach seo, bunaíodh an ghluaiseacht intleachtúil Tuairim sa bhliain 1954. Cumann ab ea Tuairim ar mhian leis cultúr fiosrúcháin a chothú in Éirinn chomh maith le hardán a chur ar fáil do dhaoine óga chun dúshlán a thabhairt don chultúr comhaimseartha ceartchreidmheach a bhí i réim sa tír, cultúr a bhí easnamhach agus gur mhithid é a athrú, dar leis na baill (Finn, 2012: 3).

Deir Finn (2012: 2) gurbh é modh oibre Tuairim grúpaí staidéir a eagrú ina ndéanfaí anailís ar fhadhbanna na tíre, mar a shamhlaigh na baill iad, agus ina gcuirfí smaointe úra chun cinn chun na dúshláin sin a bhí aitheanta a leigheas agus a shárú. Ina dhiaidh sin, d'fhoilsíodh Tuairim an anailís mar aon leis na moltaí a bhíodh ag na grúpaí staidéir i bhfoirm paimfléad. Bhí craobhacha den ghluaiseacht ag feidhmiú i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, i gCorcaigh, i Londain agus i Luimneach. Chuir an eagraíocht spéis i dTuaisceart Éireann, san fhorbairt gheilleagrach, i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa mar aon leis an mbeartas sóisialta agus oideachais (Hederman, 2008: 67). Bhí Garret FitzGerald agus David Thornley ina mbaill den eagraíocht.

Bhí Craobh Bhaile Átha Cliath mar aon le Craobh Londain den chumann sách bisiúil ag trácht ar an gcóras oideachais in Éirinn, rud a d'fhág gur pléadh ceist na Gaeilge go minic. Ar an ábhar sin, mhol Tuairim i bpaimfléad taighde a foilsíodh i 1962 go mba cheart go laghdófaí an méid ama a caitheadh ag plé leis an nGaeilge sa chóras oideachais. Ina theannta sin, dúradh go mba chóir teanga na coitiantachta sa cheantar a bheith ina meán teagaisc scoile agus go ndéanfaí an cinneadh faoin meán teagaisc faoi réir ag 'toil' na dtuismitheoirí (Finn, 2012: 176).

Bíodh is nár pléadh ceist na Gaeilge éigeantaí, chruthaigh Tuairim bríonna faoi úsáid na Gaeilge sa chóras oideachais a dtarraingeodh Garret FitzGerald orthu agus é ina urlabhraí oideachais de chuid Fhine Gael in am trátha. Léiríonn seo gur réamhtheachtaí é Tuairim ar mheon a gcuirfí dlús leis le bunú an LFM i 1965.

### 2.4.3 An beartas Gaeilge á cheistiú

Agus ‘seanchinnteachtaí Éire de Valera,’ agus gach ar bhain léi á scrúdú agus á meas, ní nach ionadh mar sin go dtiocfadh beartas na Gaeilge éigeantaí faoi fhócas an cheistiúcháin freisin. Fearacht John Dillon, a chuir i gcoinne riachtanas máithreánach na Gaeilge don Ollscoil Náisiúnta i 1908, thosaigh a mhac James Dillon ag ceistiú bheartas na Gaeilge éigeantaí den chéad uair i 1959 agus lean sé air ag Ard-Fheis Fhine Gael i 1960 freisin (féach 2.2.3.1). Agus clár Fhine Gael d’olltoghchán 1961 á sheoladh, dúirt James Dillon, ar cheannaire an phairtí sin é, gur theip ar na modhanna reatha chun an athbheochan a chur i gcrích agus gur ghá, dá réir, an beartas a athrú ar mhaithe le leas na Gaeilge (*Irish Times*, 1961: 7). Áitíonn Mac Aonghusa gurbh í seo an chéad uair riamh ó bunaíodh an Stát go rabhthas ‘ag déanamh ceist polaitíochta páirtí den Ghaeilge’ agus gurbh é James Dillon ba chúis leis an ionsaí sin:

Bhí Risteard Ó Maolchatha, an seanchonraitheoir agus iarThimire, éirithe as ceannaireacht Fhine Gael. Ba é Séamus Diolún a chomharba. Cé go raibh Gaeilge ag an Diolúnach níor thug se le fios riamh é a bheith báúil le hathréimniú na teanga [...] Nuair a bhíodh caint sa Dáil ar an nGaeilge, rud a bhíodh go minic ar feadh na mblianta, d’ionsaíodh Séamus Diolún ‘Gaeilge Éigeantach’ sna scoileanna agus sa státseirbhís agus deireadh sé fimíneacht a bheith fite fuaite leis (Mac Aonghusa, 1993: 330).

Fógraíodh, faoi chlár Dillon, go mbeadh ‘mealladh’ agus ‘spreagadh’ ina mbunchlocha faoin mbeartas feasta in áit an éigeantais. Chuige sin, dúradh sa chlár go múinfí an Ghaeilge mar ábhar ‘riachtanach’ ach go mbronnfaí Ardteistiméireacht fiú i gcás go bhfaighfí teip sa Ghaeilge. Ina theannta sin, ba mhian le Dillon deireadh a chur leis an nGaeilge mar mheán teagaisc do ranganna na naíonán sna Scoileanna Náisiúnta i gcásanna nárbh í an Ghaeilge an ghnáththeanga a labhraítear sa bhaile. Maidir leis an nGaeilge éigeantach sa tseirbhís phoiblí, chuirfí deireadh leis an ‘stigma of jobbery’ a bhain le riachtanas na scrúduithe teanga do cheapacháin ghairmiúla agus theicniúla. Dúirt Dillon go mbeadh na beartais nua seo faoin nGaeilge á gcur i bhfeidhm ag aon rialtas a mbeadh sé ina Thaoiseach air (*Political Correspondent*, 1961: 1).

Thacaigh eagarfhocal an *Irish Times* ar an 14ú Meán Fómhair 1961 go láidir le seasamh nua Fhine Gael i leith na Gaeilge éigeantaí. Dúradh go n-éireodh leis an mbeartas nua an dá thrá a fhreastal sa chaoi a n-aithneodh sé, ar an gcéad dul síos, gur siombail thábhachtach atá sa Ghaeilge den náisiúntacht agus go n-aithneodh sé,

ar an dara dul síos, nár éirigh leis na modhanna ‘comhéigneacha’ ar baineadh úsáid astu ó 1925 i leith chun an athbheochan a bhaint amach. Ina theannta sin, maíonn an t-eagarthóir go dtagann an beartas nua le bunphrionsabail na saoirse go bhfoghlaimeofaí an Ghaeilge faoi réir ag toil an duine (Irish Times, 1961: 7).

An míniú atá ag Ó Caollaí ar athrú bheartas Fhine Gael ná gur mhian leo scoilt fhollasach a léiriú idir iad féin agus Fianna Fáil ar cheist náisiúnta. Tagann Meehan leis seo freisin:

This new departure divided Fine Gael’s policy from that of Fianna Fáil’s, making the two distinguishable for the first time (2013: 71).

Deir Ó Caollaí nach rachadh sé chun leas Fhine Gael easontú le Fianna Fáil ar cheist na críochdheighilte agus socraíodh, dá réir, fogha a thabhairt faoin nGaeilge éigeantach ar mhaithe le deighilt ní ba shoiléire a léiriú idir an dá pháirtí. Tá Ó Caollaí den tuairim nár tugadh mórán airde ar bheartas nua Fhine Gael ag an am seo ar an ábhar nach raibh tuarascáil dheiridh an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge foilsithe go fóill (2012: 10-11). In ainneoin iarrachtaí Fhine Gael difríochtaí a léiriú idir iad agus Fianna Fáil i dtaobh bheartas na Gaeilge éigeantaí in olltoghchán 1961, níor éirigh le Dillon oifig an Taoisigh a bhaint amach áfach. Tionóladh an t-olltoghchán ar an 4ú Deireadh Fómhair agus ba é Fianna Fáil, agus Seán Lemass ina cheannaire orthu, a bhí i gceannas ar an gcéad rialtas eile.

#### **2.4.4 An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge**

Díreach sular fhág Éamon de Valera Oifig an Taoisigh, bhunaigh sé an Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge sa bhliain 1958 chun taighde a dhéanamh ar staid na Gaeilge agus moltaí a chur faoi bhráid an rialtais maidir leis na bealaí ab éifeachtaí chun athbheochan na Gaeilge a chur i gcrích (Ó Murchú, 2002: 10). Bhí an tAthair Tomás Ó Fiaich<sup>24</sup> ina chathaoirleach ar an gCoimisiún beagnach ón tús agus foilsíodh an tuarascáil dheiridh ar an 10ú Eanáir 1964 (Ó Tuathaigh, 2011: 87).

---

<sup>24</sup> Bhí an tArdeaspag Tomás Ó Fiaich, arbh as Co. Ard Mhacha dó ó dhúchas, ar dhuine de fhathaigh athbheochan na Gaeilge ó na caogaidí i leith. Bhí sé bainteach leis an bhfeachtas náisiúnta síniúcháin a cuireadh ar siúl chun brú a chur ar an rialtas glacadh le moltaí an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge i 1964 (féach 5.1.1). I ndiaidh fhoilsiú an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge i 1965, ceapadh Ó Fiaich ina chathaoirleach ar Chomhairle na Gaeilge chun go gcinnteofaí go gcuirfeadh an rialtas na moltaí ar glacadh leo i bhfeidhm. Bhí sé ar dhuine de na cáinteoirí ag cruinniú iomráiteach de chuid an LFM a tionóladh i dTeach an Ardmeáir ar an 21ú Meán Fómhair 1966 (féach 6.8). Ba scoláire aitheanta Gaeilge agus Staire é a d’fhoilsigh riar maith alt agus leabhar le linn na seascaidí agus na seachtóidí, lena n-áirítear: *Gaelscrínte i gCéin* (1960), *Leabhar Aifrin don Phobal* (1966),

Locht mór atá le sonrú ar an tuarascáil seo, dar le hÓ Tuathaigh, is ea nach raibh aon trácht i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin ar fhealsúnacht na hAthbheochana a rianú agus a mheas leis an aidhm go ndéanfaí athnuachan uirthi. Dá ndéanfaí amhlaidh, chinnteodh sé go mbeadh riachtanas na teanga do thodhchaí an náisiúin fréamhaithe agus dlisteanaithe i bhfealsúnacht úrnua a bheadh in oiriúint do riachtanais chomhaimseartha na seascaidí (Ó Tuathaigh, 2011: 87).

In ainneoin na laigí a bhain le téarmaí tagartha an Choimisiúin, ceapadh go raibh sé tábhachtach, mar sin féin, go ndéanfaí sainmhíniú ar a raibh i gceist leis an athbheochan dar leo. Dúradh i réamhrá na tuarascála gur ghá an Ghaeilge a athbheochan mar ‘ghnáth-theanga’ an phobail chun an náisiún a bhuanú agus go léirmhíneofaí an fhéiniúlacht trí thinfeadh an traidisiúin mar aon le saintréithe an chultúir dúchais. Ina theannta sin, dearbhaíodh go bhfuil athbheochan na Gaeilge ina gléas riachtanach chun an ‘aigne dúchais’ a shlánú agus chun ‘róthionchar na haigne eachtraí ar an náisiún’ a mhaolú (Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge, 1964: xiv-xv).

Deir Ó Tuathaigh gurb athleagan gonta agus dílis de thuairimí de hÍde agus a chomh-Chonraitheoirí é sainmhíniú an Choimisiúin ar an athbheochan, gné a léiríonn easpa forbartha agus athnuachana ar an smaointeoireacht maidir le ról na Gaeilge i gcomhthéacs na náisiúntachta. Ardaíonn Ó Tuathaigh ceist an-tábhachtach maidir lena bhfuil i gceist ag an gCoimisiún agus iad ag trácht ar ‘shlánú an náisiúin.’ Fiosraíonn Ó Tuathaigh arbh é an ‘náisiún Éireannach’ nó an ‘náisiún Gaelach’ a bhí le slánú nó an raibh aon difríocht eatarthu? Bunaithe ar thagairtí an Choimisiúin don ‘aigne dúchais’ agus do ‘róthionchar na haigne eachtraí,’ áitíonn Ó Tuathaigh go bhfuil sainmhíniú an Choimisiúin ag teacht go mór faoi anáil de hÍde, sainmhíniú atá fréamhaithe sa tuiscint go bhfuil dlúthcheangal idir an teanga a labhraítear agus córas machnaimh an duine. Faoin bhfealsúnacht chéanna, bealach atá sa teanga trína dtuigfí an timpeallacht agus an stair mar aon leis an duine féin. Bealach atá inti freisin trína ndéanfaí cumarsáid leis na glúnta ag dul siar. Is é léamh Uí Thuathaigh air seo go gcaithfí an teanga a athbheochan ar an mbonn gur tríthi amháin a d’fhéadfadh an ‘aigne dúchais’ feidhmiú i gceart, rud a chuireann scáth an amhrais ar

---

*Art Mac Cumhaigh: Dánta* (1973). Ba náisiúnaí láidir é freisin a bhí báuil leo siúd a bhí ar na stailceanna ocrais ó thuaidh ag tús na 1980í agus ar mhian leis, dá bharr sin, teacht ar chomhréiteach le rialtas na Breataine chun an scéal a leigheas. Fuair sé bás sa bliain 1990 (ainm.ie, 2014a) (féach: Ó Glaisne, 1990).

chumas agus ar inniúlacht an Bhéarla an ‘aighe dúchais’ a chur i láthair agus a léirmhíniú (Ó Tuathaigh, 2011: 89).

Níor tháinig Garret FitzGerald, ar bhall den chumann Tuairim é, leis seo in dhá alt dá chuid a foilsíodh ar an *Irish Times* laistigh de mhí i ndiaidh fhoilsiú thuarascáil an Choimisiúin. Táirgeoir dioscúrsa faoin teanga agus faoin náisiúntacht araon ab ea FitzGerald sna hailt sin.

#### **2.4.4.1 An Ghaeilge agus an náisiúntacht: Dioscúrsa FitzGerald**

Léiriú a bhí sna hailt sin ó pheann FitzGerald ar an bhfobairt smaointeoireachta a bhí ag teacht chun cinn de réir a chéile in eite áirithe de Fhine Gael ó 1959 i leith, nuair a léirigh Dillon athrú treo an pháirtí maidir leis an nGaeilge éigeantach den chéad uair. Mhaígh FitzGerald go raibh sé léirithe ag tromlach Éireannach ó bunaíodh an Stát go bhféadfaí an fhéiniúlacht Éireannach a chur i láthair trí mheán an Bhéarla:

In 40 years of independence, we have in fact reinforced (through the medium of English for the most part) our sense of national identity to a degree that makes any suggestion of this kind nonsensical. Whatever doubts, and indeed inferiority complexes, some Irish people may have experienced 40 years ago on the subject of our national identity and the viability of an independent Irish State, there is scarcely anyone today in the Republic of Ireland who does not accept our separation from Britain and separate national identity without question (1964a: 6).

D’áitigh FitzGerald nár glacadh go forleathan i measc an phobail le haidhm na hathbheochana, in áiteanna nár Ghaeltachtaí iad. Dúirt sé gur theip ar mhodhanna na hathbheochana go nuige sin agus go raibh sé sin léirithe i bhfianaise líon na ndaoine ‘a thréig’ an Ghaeilge idir daonáireamh 1936 agus 1946. Dúirt sé gur chaith suas le leathmhilliún cainteoir an Ghaeilge uathu laistigh den achar sin:

In 1936, 667,000 people over three years of age were recorded as able to speak Irish. Allowing on the one hand for the children who were taught Irish during the following decade, and on the other hand for deaths of Irish speakers between 1936 and 1946, it can be calculated that there should have been something approaching 1,100,000 Irish speakers in the country in 1946. In fact in 1946 there was barely half that number – viz. 589,000, or 78,000 less than in 1936. Something like half a million people who had either stated that they knew Irish in 1936, or had acquired a minimum of four or five years’ teaching of Irish during the following decade, *disowned* the language in 1946 – presumably, because they had either lost the ability to speak it, or because they had lost interest in the language during this period that, although able to speak it, they preferred to claim ignorance (1964a: 6) (béim sa bhunleagan).

Léiriú ab ea na figiúirí seo, dar le FitzGerald, ar theip uafásach na hathbheochana agus ar an bhfás a tháinig ar fhuarchúis an phobail i leith na teanga ó shin anuas go dtí na seascaidí, dar leis (FitzGerald, 1964a: 6).

An cáineadh ba mhó a d'aithin FitzGerald ar thuarascáil an Choimisiúin ab ea gur theip orthu ceann dá bpríomhchuspóirí a bhaint amach agus suirbhé oibiachtúil sóisialta, a bheadh fréamhaithe i modhanna taighde nua-aimseartha, a dhéanamh ar dhearcthaí an phobail i leith na hathbheochana<sup>25</sup>. Dá ndéanfaí amhlaidh, a deir FitzGerald, chinnteodh sé go n-éireodh ní b'fhearr le moltaí an Choimisiúin tacaíocht a fháil ó sciar ní ba leithne den tsochaí don athbheochan (1964b:16). Mar a thug mé le fios ní ba thúisce sa chaibidil seo, tagann Kirby (2004), Garvin (2004) agus Ó Caollaí (2013) leis an tuairim seo freisin.

Thug FitzGerald le fios freisin go bhféadfadh mionlach beag laistigh de dhaonlathas parlaiminteach, a raibh tuairimí láidre á nochtadh acu ar son bheartas faoi leith, an bheartas sin a choinneáil i réim, beag beann ar thoil an tromlaigh. Chun teacht i dtír air seo, is gá go mbeadh freasúra an bheartais chomh paiseanta agus chomh corraithe céanna leis an mionlach atá ar a shon. Bhí Fine Gael ag aithint, a dúirt FitzGerald, go raibh míshástacht an tromlaigh sin ag éirí ní ba ghlóraí i gcoinne bheartas na Gaeilge éigeantaí agus go raibh an mhíshástacht sin nach mór ar chomhchéim le díograis na ndaoine a thacaigh leis an mbeartas (1964a: 6).

D'úsáid FitzGerald friotal na gceart/na saoirse agus an Ghaeilge éigeantach agus lucht a tacaíochta á gcáineadh aige. Mhaígh sé go raibh mionlach suntasach i measc lucht tacaíochta na Gaeilge éigeantaí a chuir a dtuairimí in iúl i dtéarmaí a bhí ollsmachtach agus i dtéarmaí a tháinig salach ar an daonlathas. Ghin sé seo soinicíúlacht agus fuarchúis i measc an phobail don Ghaeilge, dar le FitzGerald:

A significant minority of those who have advocated these policies of compulsion and bribery, have expressed their views in terms so totalitarian as to alienate the people of any live democracy (1964b:16).

The suggestion that this [an Ghaeilge éigeantach] is a 'national policy,' which is not open to review by the people is one that all democrats must resist whatever their views [...] (FitzGerald, 1964a: 6).

---

<sup>25</sup> Foilsíodh tuarascáil de chuid an Choiste um Dhearcadh an Phobail i dtaobh na Gaeilge (CLAR) i 1975. Deir Ó Riain (1994: 20) gurbh í an tuarascáil seo an chéad suirbhé cuimsitheach sochtheangeolaíochta a rinneadh ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge agus inar léiríodh, dar leis, a fhorleithne is a bhí tacaíocht an phobail do shlánú na Gaeilge.

Deir Ó Caollaí gur ‘ghairm slógaithe’ ab ea an dá alt seo ó pheann FitzGerald don Language Freedom Movement (2012: 12). Pléifidh mé bailíocht na tuairime seo faoi rannóg 5.6.2 & 6.5.

#### **2.4.5 1965 – Fianna Fáil: *An Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge***

Foilsíodh an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge ar an 16ú Eanáir 1965 mar fhreagra an rialtais ar thuarascáil an Choimisiúin. Bhí Seán Lemass ina Thaoiseach ar an rialtas seo de chuid Fhianna Fáil. Dá réir sin, is ionann an Paipéar Bán agus beartas Fhianna Fáil i leith na Gaeilge.

Mar thus, níor mhiste a mheabhrú gurbh í aidhm an Choimisiúin an Ghaeilge a athbheochan mar ‘ghnath-theanga an phobail.’ Murab ionann agus an tuarascáil sin, dúradh sa Pháipéar Bán gurbh í aidhm an rialtais ‘an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar ghnáth-mheán cumarsáide’ (Rialtas na hÉireann, 1965: 5). Ní hionann ‘gnáth-theanga an phobail’ agus ‘gnáth-mheán cumarsáide’ agus léiriú is ea é seo ar an maolú a rinneadh ar fhorálacha thuarascáil an Choimisiúin sa Pháipéar Bán. Tá an dara ráiteas i bhfad níos doiléire, rud a thabharfadh bealach sleamhnaithe don rialtas.

In ainneoin an trácht a rinneadh i dtuarascáil an Choimisiúin ar ‘róthionchar na haigne eachtraí ar an náisiún,’ áitíonn Ó Tuathaigh (2011: 89) agus Walsh (2012: 45) beirt gur léir go raibh athrú treo ar na bacáin sa Pháipéar Bán maidir le ról an Bhéarla sa náisiúntacht Éireannach:

Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta dlitear tús áite a thabhairt di, agus déanfar gach dícheall chun a húsáid a leathnú agus a mhéadú. Mar sin féin, go ceann tamaill mhaith fós, is é an Béarla an teanga is mó a bheidh á húsáid taobh amuigh den Ghaeltacht i ngnóthaí éagsúla (Rialtas na hÉireann, 1965: 11).

Bhí rialtas na hÉireann ag tabhairt le fios go hoifigiúil den chéad uair ó bunaíodh an Stát go mbeadh an Béarla ceannasach mar theanga an phobail lasmuigh den Ghaeltacht ‘go ceann tamaill mhaith fós.’ Áitíonn Walsh, dá réir, gurbh é an dátheangachas aidhm oifigiúil an Stáit i leith na Gaeilge feasta in áit an athghaelaithe (Walsh, 2012: 44). Deir Ó Tuathaigh go raibh béim níos mó ar an dátheangachas le haireachtáil ar an bPáipéar Bán in ainneoin nár luadh an sprioc sin go neamhbhalbh (2011: 91). Ní hábhar iontais é seo i ndáiríre i bhfianaise a thiomanta is a bhí Lemass don fhorbairt gheilleagrach agus do chraidrimh idirnáisiúnta thrádála.



Gné cheannródaíoch eile a bhí le sonrú ar an bPáipéar Bán ab ea gur aithin sé iolrachas cultúrtha mhuintir na hÉireann trí thagairtí a dhéanamh don Bhéarla mar mheán trína bhféadfaí a bheith rannpháirteach i gcúrsaí cumarsáide, trádála agus cuartaíochta ar fud an domhain. Murab ionann agus Tuarascáil an Choimisiúin, tugtar le fios sa sliocht thíos go bhféadfaí an ‘aighe dúchais’ a chur i láthair trí mheán an Bhéarla trí thagairt a dhéanamh d’údair Éireannacha a shaothraíonn sa teanga sin:

Tugann sé [an Béarla] rochtain ar léann agus cultúr na dtíortha arb é an Béarla a dteanga labhartha, agus fairis sin ar an díolaim mhór litríochta atá curtha ar fáil i mBéarla ag údair Éireannacha, agus ar an bprós, an fhilíocht, na hamhráin agus na hóráidí ina ndearnadh mórchuid de dhúil agus de dhóchas na nGael a chur in iúl (Rialtas na hÉireann, 1965: 13).

Chuir an Coimisiún 288 príomhmholadh faoi bhráid an rialtais ina thuarascáil, moltaí a bhain leis an nGaeltacht, leis an nGaeilge i measc an phobail mar aon leis an nGaeilge i gcúrsaí siamsaíochta agus cultúir. I bhfianaise scáil fhairsing thuarascáil an Choimisiúin, is gá, ar mhaithe le fócas a choinneáil ar scóip an tráchtais seo, moltaí an Choimisiúin maidir leis an nGaeilge éigeantach sa státchóras agus sa chóras oideachais a phlé mar aon le freagraí an rialtais (Fianna Fáil) ar na moltaí sin a cuireadh in iúl sa Pháipéar Bán. Déanfaidh mé é sin anois.

#### ***2.4.5.1 Riachtanas na Gaeilge sa chóras oideachais: Ardteistiméireacht***

Faoi réir ag Moladh 178, sheas an Coimisiún an fód maidir le pas sa Ghaeilge a bheith riachtanach le go mbronnfaí teastas Ardteistiméireachta. Tá solúbthacht le haireachtáil sa tuarascáil áfach sa mhéid is go moltar:

[...] gur chóir scrúdú speisialta breise sa Ghaeilge a chur ar siúl san fhómhar chun an dara seans a thabhairt do na mic léinn a ghnóthódh an scrúdú ar fad murach gur chlis orthu sa Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 1965: 117).

Ghlac an rialtas leis an moladh seo sa Pháipéar Bán (Rialtas na hÉireann, 1965: 119). Bunaithe air seo, d’fhéadfaí a rá go raibh Fianna Fáil fós ag tacú leis an riachtanas gur ghá pas a bhaint amach sa scrúdú Gaeilge Ardteistiméireachta le go bhféadfaí teastas a bhaint amach.

#### ***2.4.5.2 Scoileanna Náisiúnta***

Maidir leis an nGaeilge mar mheán teagaisc na naíonán sna Scoileanna Náisiúnta, mhol an Coimisiún (moladh 150) gur chóir roinnt ábhar a theagasc trí Ghaeilge i ngach bunscoil leis an aidhm go bhféadfaí a chur ina luí ar na páistí go bhfuil

ceangal ag an nGaeilge leis an saol lasmuigh den scoil. Moladh go n-úsáidfí an Ghaeilge mar mheán teagaisc d'ábhair faoi leith má chomhlíonadh an dá choinníoll seo atá ordaithe ag an Roinn Oideachais:

- (1) An múinteoir a bheith inniúil ar an teagasc sin a thabhairt; agus
- (2) a ndóthain Gaeilge a bheith ag na daltaí chun tairbhe a bhaint as an teagasc sin (Rialtas na hÉireann, 1965: 105).

Sa pháipéar Bán, dúirt an rialtas go leanfaí leis an mbeartas go múinfí roinnt ábhar trí mheán na Gaeilge sa chóras bunscolaíochta i gcás go gcomhlíonfaí an dá choinníoll thuas (Rialtas na hÉireann, 1965: 107).

Níos faide síos sa mholadh céanna, mhol an Coimisiún don Roinn Oideachais sraith treoracha a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc in ábhair léinn na ranganna éagsúla. Moladh go ndéanfaí é seo leis an aidhm go mbeadh an Ghaeilge ina meán teagaisc d'ábhair áirithe laistigh d'achar gearr sna Scoileanna Náisiúnta ar fad agus go dtreiseofaí úsáid na Gaeilge de réir mar a théann an páiste ar aghaidh go dtí na hardranganna (Rialtas na hÉireann, 1965: 105).

Maidir leis an gcuid seo de Mholadh 150, níor mheas an tAire Oideachais sa Pháipéar Bán go mbeadh sé:

[...] inmholta plean ginearálta a leagan amach chun a thabhairt go ndéanfaí teagasc trí Ghaeilge sna scoileanna uile go dtí go mbeidh tuilleadh taighde déanta ar éifeacht ghinearálta an teagaisc trí theanga nach í teanga bhaile an pháiste í (Rialtas na hÉireann, 1965: 107).

Léiríonn sé seo easpa cinnteachta i mbeartas Fhianna Fáil, dar liom, sa chaoi a raibh a gcinneadh faoin moladh seo de chuid an Choimisiúin á chur ar an méar fhada go dtí gur foilsíodh taighde eile. Thug sé seo 'bealach sleamhnaithe' don pháirtí gan glacadh le moltaí uile an Choimisiúin (Ó Conalláin, 1965).

#### **2.4.5.3 Státseirbhís**

I gcás riachtanas Gaeilge na státseirbhíse, moladh go ndéanfaí idirdhealú idir na gráid ghinearálta ar láimh amháin agus na poist ghairmiúla agus theicniúla ar an láimh eile. Maidir le na gráid ghinearálta ar dtús, dearbhaíodh faoi Mholadh 29:

Go gcoimeádfaí an scrúdú iontrála i nGaeilge ar bun i gcás post i ngráid ghinearálta na státseirbhíse agus, chun a dheimhniú go mbeadh ar chumas na n-oifigeach a cheapfaí do na poist sin an Ghaeilge a úsáid go réidh agus gan

stró, go n-ardófaí an caighdeán, go háirithe sa scrúdú cainte (Rialtas na hÉireann, 1965: 31).

Mar fhreagra ar an moladh seo, dúradh sa Pháipéar Bán ‘go leanfar de chruthúnas ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge a éileamh ar dhaoine a thagann isteach i ngráid ghinearálta na státseirbhíse’ (Rialtas na hÉireann, 1965: 31). Ba é beartas Fhianna Fáil, mar sin, go mbeadh pas sa scrúdú Gaeilge éigeantach do ghráid ghinearálta na státseirbhíse, rud a bhí ag teacht leis an seanbheartas.

Maidir leis na poist ghairmiúla agus theicniúla sa tseirbhís phoiblí, dhearbhaigh an Coimisiún, faoi Mholadh 30, go gcuirfí deireadh leis an nós go mbronnfaí breis marcanna ar an iarrthóir nó go dtabharfaí tosaíocht don iarrthóir sin a bhfuil eolas ‘inniúil’ nó ‘maith’ aige/aici ar an nGaeilge. Moladh, feasta, go bhfágfaí eolas an iarrthóra ar an nGaeilge ar lár agus na ceapacháin seo á ndéanamh agus go líonfaí na poist de réir ord fiúntais an iarrthóra sa chomórtas. Níor ghlac an rialtas leis an moladh seo sa Phaipéar Bán áfach. In ainneoin nach raibh an córas reatha gan locht, is mar gheall air, dar leis an rialtas, go raibh líon beag oifigeach gairmiúil agus teicniúil ag obair sa státchóras a raibh eolas ar an nGaeilge acu (Rialtas na hÉireann, 1965: 33).

Ina theannta sin, dúradh, faoi mholadh 31 de thuarascáil an Choimisiúin, go mba cheart caoi a thabhairt do shealbhóirí na bpost gairmiúil agus teicniúil dul faoi scrúdú le haghaidh Teastas Inniúlachta sa Ghaeilge, faoi choimirce na Roinne Oideachais, a dheimhneodh go bhféadfaidís dualgais a n-oifige a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 1965: 33).

Ar mhaithe leis an oiread daoine agus ab fhéidir a spreagadh chun Teastas Inniúlachta sa Ghaeilge a bhaint amach, moladh, i gcás na n-oifigeach a cheapfaí amach anseo, gan breis tuarastail a bhronnadh orthu mura mbeadh an teastas bainte amach acu. Ní éileofaí an riachtanas seo ar chéimithe a bhain dioplóma sa Ghaeilge amach le cúig bliana anuas áfach (Rialtas na hÉireann, 1965: 33).

Níor tháinig an rialtas leis an moladh seo ar an bPáipéar Bán áfach ar an mbonn go bhféadfadh daoine a raibh géarghá leo an tseirbhís phoiblí a fhágáil dá gcoinneofaí siar a mbreiseanna tuarastail. D’aithin an rialtas, mar sin féin, gur bhain an-tábhacht le líon na n-oifigeach a mbeadh eolas acu ar an nGaeilge a mhéadú sa chóras. Chuige sin, bhíothas chun fanacht go dtí go bhfoilseofar tuarascáil an Choimisiúin um

Ardoideachas sula ndéanfaí aon mhór-athrú ar na socrúithe earcaíochta a bhí ann an uair úd (Rialtas na hÉireann, 1965: 33). Is bealach sleamhnaithe é seo arís agus léiriú is ea é gur cáipéis neamhcheangailteach é an Páipéar Bán agus gach páipéar bán, beag beann ar an réimse beartais.

Cé is moite den dátheangachas a bheith luaite go balbh mar bheartas teanga an Stáit feasta, níl aon athrú eile á mholadh nó á ghlacadh ag Fianna Fáil ó thaobh na Gaeilge éigeantaí de sa Pháipéar Bán. Deir Ó Tuathaigh nach bhfuil aon fhianaise ann go raibh cás na Gaeilge ag dó na geirbe ag Fianna Fáil ag deireadh na seascaidí agus ag tús na seachtóidí áfach (2011: 92). Tá easpa cinnteachta Fhianna Fáil sa Páipéar Bán léirithe sa mhéid a dúirt an Seanadóir Dónall Ó Conalláin<sup>26</sup> sa Seanad ar an 10ú Samhain 1965:

Tá an leabhar [Páipéar Bán] breac le habairtí mar: “Spreagfar” daoine chun é seo a dhéanamh; “Molfar é seo” do dhaoine áirithe; “Déanfar é seo más féidir”; “Cuirfear an moladh seo i gcomhairle do” dhaoine áirithe (1965).

Tugann Ó Tuathaigh le fios gurbh iad ‘an fhorbairt eacnamaíoch agus an aisling Eorpach’ na clocha ba mhó ar phaidrín Fhianna Fáil um an dtaca seo seachas a bheith ag díriú isteach ar chúrsaí Gaeilge (2011: 92). Ciallaíonn seo, dar liom, go raibh an t-iarnáisiúnachas ag bailiú nirt i measc na haicme polaitiúla in Eirinn agus Fianna Fáil ina measc. Is é sin le rá go ndéanann an comhthéacs geilleagrach domhanda mar aon leis an nua-aoisiú tarchéimniú ar an gcomhthéacs agus ar an bhféiniúlacht náisiúnta, rud a tharlaíonn, dar le Breen agus O’Neill (2010: 3), nuair a ghlactar le ballraíocht in ollinstitiúidí idirnáisiúnta ar nós an Chomhphobail Eorpaigh.

Is cinnte, mar sin, go raibh Fianna Fáil mar aon le Seán Lemass bainteach leis an ‘liberalising agenda regarding the economy’ ag deireadh na gcaogaidí agus ag tús na seascaidí (Ferriter, 2014). Bhí ceist an nua-aoisithe agus an liobrálaithe ina haidhm ag codanna de Fhine Gael freisin sna seascaidí, téama a phléifidh mé anois.

#### **2.4.6 1966: Beartas nua Fhine Gael**

Ó dheireadh na gcaogaidí i leith, bhí Declan Costello arbh abhcóide agus ar Theachta Dála le Fine Gael é, ag éirí mífhoighneach le seanmhúnla, le seanfhondúirí agus le seanmhodhanna oibre an pháirtí. Theastaigh uaidh, a deir Ferriter, samhail nua

---

<sup>26</sup> Seanadóir neamhspleách de chuid Ollscoil na hÉireann ab ea Dónall Ó Conalláin idir 1961 agus 1969.

polaitíochta a dhearadh a dhealódh Fine Gael ó Fhianna Fáil ó thaobh beartas de (2014).

Faoina anáil sin, thosaigh caint ar bheartas nua Fhine Gael ar a dtugtaí an *Just Society*. Ba í aidhm an *Just Society*, a foilsíodh den chéad uair i 1964, beartas sóisialta a bheadh ní ba fhorásaí a chur chun cinn. Ba mhian leis an *Just Society* saoirse agus comhionannas a bhuanú i sochaí na hÉireann. Chuige sin, moladh go gcuirfí dianchlár leasúchán geilleagrach agus sóisialta i bhfeidhm a thabharfadh aghaidh ar iliomad ceisteanna, mar a bhí: tithíocht, dífhostaíocht agus imirce (Fine Gael, c. 1969: 3). Deir Kelly gur tháinig scoilt i bhFine Gael idir an eite cheannasach choimeádach den pháirtí agus dream óg a bhí ag teacht chun cinn sa pháirtí sin agus a bhí ag brú an bheartais nua chun cinn, leithéidí Declan Costello, Garret FitzGerald agus Tom O’Higgins cuir i gcás (2002: 60).

Ina theannta sin, bhí toghchán uachtaránachta ar siúl i 1966 agus pléadh ceist na féiniúlachta Éireannaí go minic lena linn. Bhí Tom O’Higgins, ar dhuine den eite liobrálach i bhFine Gael é, ina iarrthóir agus thug sé dúshlán do thábhacht na n-aidhmeanna náisiúnta go mbainfí amach athbheochan na Gaeilge mar aon le hathaontú na tíre. Níor shéan O’Higgins tábhacht an dá aidhm sin ach ba mhian leis tuiscintí i leith na n-aidhmeanna náisiúnta a leathnú amach. Ba é an sprioc náisiúnta, dar leis:

[...] the attainment of a just society, in which every citizen will have equal opportunity to achieve the fulfilment of his human personality. This involves the radical reform of our educational, housing, health and social welfare systems (Browne, 1966: 10).

Deir FitzGerald gurbh iarrthóir é O’Higgins a bhí tarraingteach d’aos óg na seascaidí:

The tone of Tom O’Higgins’ speeches, with their emphasis on moving away from a traditional inward-looking nationalism to a more open and pluralist concept of Irish society, also struck a chord with that generation. He was a candidate well-suited to the 1960s (2011: 105).

Bhí Éamon de Valera ina iomaitheoir ag O’Higgins sa toghchán seo. Duine ab ea de Valera a léirigh na seanluachanna a raibh O’Higgins ag tabhairt fogha fúthu. Ach an oiread le holltoghchán 1961, d’fhéadfaí a áiteamh gur mhian le Fine Gael scoilt fhollasach maidir le ceist ghoilliúnach náisiúnta a léiriú idir iad agus Fianna Fáil. Ar

éigean a d'éirigh le hÉamon de Valera an ceann is fearr a fháil ar O'Higgins sa toghchán sin (10,568 vóta idir an bheirt iomaitheoirí), rud a léirigh do O'Higgins agus do Fhine Gael trí chéile go raibh tacaíocht sa phobal dá seasamh, mar a deir FitzGerald:

[...] this presidential election had a significant impact on Fine Gael. It strengthened the progressive wing within the party, for it showed that more adventurous policies could attract votes, contrary to the conventional wisdom of the old guard (FitzGerald, 2011: 105).

Ina theannta sin, dúradh ar an *Irish Times*:

The result [...] is being regarded by Fine Gael as a major achievement and Mr. O'Higgins [...] said: 'This has been a magnificent result and I believe Ireland is beginning to think again' (Irish Times, 1966h: 6).

Léiriú ab ea é seo arís ar an gceistiúchán a bhí múscailte sa tír sna seascaidí agus na seanfhoinní féiniúlachta á n-íniúchadh agus á meas go tréan criticiúil. Ach an oiread le Dillon i 1961, mhaígh O'Higgins gur ar son leas na Gaeilge a bhí sé agus an Ghaeilge éigeantach á cáineadh aige agus gur bac ar an athbheochan é an t-éigeantas.

I bhfianaise toradh thoghchán na huachtaránachta, bhí Fine Gael den tuairim go mba cheart na beartais náisiúnta i leith na Gaeilge a shainmhíniú arís in athuair faoi réir ag toil shaor na ndaoine, mar a deir Meehan:

[...] party members felt that the electorate had reacted favourably to Tom O'Higgins's early speeches during the presidential campaign on the need for a reappraisal of policy, convincing policy advisers of the necessity to clearly include a review of the language as part of the process of updating the Just Society policies (2013: 71).

Dá bharr sin, ar an 23ú Meitheamh 1966, dhá lá roimh insealbhú de Valera dá dhara tréimhse mar Uachtarán ar Éirinn, d'fhógair Liam Cosgrave, ar cheannaire Fhine Gael é, go raibh beartas Dillon faoin nGaeilge éigeantach, a foilsíodh den chéad uair i 1961, á athmhúnlú ag an bPáirtí. Foilsíodh cáipéis dar teideal *Fine Gael Irish language policy* inar leagadh amach an beartas athmhúnlaithe (Irish Times, 1966i: 1). Beartas ab ea é seo a chuir Garret FitzGerald i dtoll a chéile agus é ina sheanadóir de chuid Fhine Gael idir 1965 agus 1966 (FitzGerald, 2011: 110).

Ach an oiread le beartas Fhine Gael i 1961, ba mhian leis an bPáirtí ina bheartas nua deireadh a chur le pas éigeantach i scrúduithe Gaeilge le go mbronnfaí teastas

Meánteistiméireachta agus Ardteistiméireachta araon agus le go bhféadfaí post a fháil sa státchóras (1966i: 1).

#### **2.4.6.1 John MacNamara: Bilingualism and Primary Education**

Gné eile a d'imir tionchar ar bheartas nua Fhine Gael ab ea leabhar John MacNamara dar teideal *Bilingualism and Primary Education: A Study of Irish Experience* a foilsíodh i 1966<sup>27</sup>. Ba í aidhm an leabhair sin éifeacht an dátheangachais ar chumas Bhéarla an scoláire bunscoile in Éirinn a mheas (Ó Murchú, 1966: 17). Chuige sin, rinne MacNamara comparáid idir cumas Béarla dháltaí na hÉireann agus cumas a macasamhail sa Bhreatain. De réir na comparáide bhí páistí na hÉireann i bhfad chun deiridh. An t-údar a bhí leis sin, dar le MacNamara, ná gur caitheadh ní ba lú ama ag plé leis an mBéarla in Éirinn mar gheall ar an mbeartas athbheochana, rud a d'fhág, dar leis, go raibh droch-éifeacht ag an athbheochan ar chumas Béarla pháistí in Éirinn:

The effect on English attainment [...] is very grave indeed, since all Irish national school children whose mother tongue is English (over 96 per cent of national school children) are involved. Many of them leave school with no more than a primary education, so it is doubtful if they will have an opportunity of catching up on their counterparts in Great Britain whose attainments in English, after all, few would regard as satisfactory. Those amongst Irish children who go forward to various forms of secondary education are less well prepared than they might be to follow secondary school courses in which the reading of books in English will form a major part of their work. On the credit side they have a reasonably good knowledge of Irish for children who have learned the language in school only; but this is not to say that the aim of restoring the Irish language is nearer to realization today than at the turn of the century when Douglas Hyde founded the Irish League (sic) (MacNamara, 1966: 137-8).

Ba é phríomhthoradh an taighde seo ná gur caitheadh 42% den am teagaisc ar an nGaeilge agus 22% den am ag plé leis an mBéarla in ainneoin gurbh é an Béarla gnáth-theanga an teaghlaigh ag formhór na ndaltaí (MacNamara, 1966: 135):

Native-speakers of English in Ireland who have spent 42% of their school time learning Irish do not achieve the same standard in written English as British children who have not learned a second language (estimated difference in standard, 17 months of English age). Neither do they achieve

---

<sup>27</sup> Deir Ó Caollaí (2013: 18) gur scríobh an tAthair John MacNamara, a bhí ina léachtóir le síceolaíocht oideachasúil i gColáiste Phádraig Droim Chonrach, alt dar teideal 'Report on Irish: Psychological Aspects' a foilsíodh ar *Studies* in 1964. Bhí an t-alt sin bunaithe cuid mhaith ar thráchtas PhD an údair, tráchtas a cuireadh i gcló i bhfoirm leabhair dar teideal *Bilingualism and Primary Education: A Study of Irish Experience* i 1966.

the same standard in written Irish as native-speakers of Irish (estimated difference, 16 months of Irish age). Further the English attainments of native-speakers of Irish fall behind those of native-speakers of English both in Ireland (13 months of English age) and in Britain (30 months of English age) (MacNamara, 1966: 136).

Is díol suntais é go raibh an tuairim chéanna á nochtadh ag Tuairim i 1962 (Finn, 2012: 175). Is léir gur imir saothar MacNamara tionchar ar Fhine Gael, mar a dúirt Liam Cosgrave agus beartas nua an pháirtí á sheoladh:

It is our view that in any rational school system the language spoken in the family should have at least parity as regards allocation of school time [...] in every school the language of the home, whether Irish in the Gaeltacht or English outside it, shall be the medium used for teaching unless the majority of the parents of children attending the school choose to have an alternative language employed for teaching purposes. This is a fundamental principle. No government has the right to impose on children against their parents' wishes a requirement to be taught through a language other than the home language (Irish Times, 1966i: 1).

Tá lorg Garret FitzGerald le sonrú go láidir ar an réasúnaíocht laistiar de bheartas Gaeilge Fhine Gael i 1966. Sa bheartas athbhreithnithe úd, dúradh go gcuirfeadh Fine Gael deireadh leis an 'naimhdeas' agus leis an 'bhfuarchúis' a ghin an t-éigeantas i measc an phobail. Léiríonn seo go raibh an liobrálachas clasaiceach ina bhonn faoi dhioscúrsa Fhine Gael, FitzGerald agus Tuairim ag an am. Ba í sin an chúis a raibh caint ar 'chomhionannas deiseanna' idir lucht labhartha an Bhéarla agus na Gaeilge. Ina theannta sin, dúradh nach raibh Fine Gael ag iarraidh meán teagaisc ar bith 'a bhrú' ar pháistí in aghaidh 'saorthoil' a dtuismitheoirí (Irish Times, 1966i: 1). Samplaí is ea iad seo den liobrálachas clasaiceach faoina gcreidtear go mba chóir cearta, neamhspleáchas agus saorthoil na ndaoine a chur chun cinn agus a chosaint ó bhagairt an Stáit (Scott & Marshall, 2009: 415) (féach 3.2.3.3).

#### **2.4.7 1968: Fine Gael: *Just Society***

Leathnaíodh beartas an *Just Society* amach tar éis olltoghchán 1965 agus tar éis toghchán na huachtaránachta i 1966 chun athbhreithniú ar chúrsaí oideachais a chur san áireamh (Meehan, 2013: 70; FitzGerald, 2011: 111). Foilsíodh tuarascáil dar teideal *Fine Gael Policy for a Just Society: Beartas Gaeilge* i 1968 mar thoradh air sin.

Lena chois sin, chuir Fine Gael in iúl sa cháipéis seo gur mhian leo deireadh a chur le coinníoll na Gaeilge pas a bhaint amach i scrúduithe an Stáit (c.1968: 12). Mhaígh



Fine Gael chomh maith go raibh sé i gceist acu deireadh a chur leis an nGaeilge mar choinníoll earcaíochta sa státchóras. Dúirt siad gur chuir an beartas sin cruatan orthu siúd nár chainteoirí líofa Gaeilge iad agus go ndearna sé ‘fó-ghrádú ar dhaoine atá chomh hÉireannach lena gcomhdhaoine’ (Fine Gael, c.1968: 13). Shantaigh Fine Gael go leanfaí le teagasc na Gaeilge ag an mbun agus ag an dara leibhéal den chóras oideachais ach go ndéanfaí an teagasc sin mar chuid d’ábhar ní ba leithne sa ‘Léann Gaelach.’ An t-údar a bhí leis an ábhar nua sin ná go mba cheart béim a leagan feasta ar an mbéaloideas, ar an traidisiún agus ar an litríocht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Is é sin na gnéithe den chultúr a bhí á gceilt ar scoláirí roimhe sin de dheasca róbhéim na Gaeilge sa chóras oideachais (Fine Gael, c. 1968: 11).

In ainneoin ghealltanais Fhine Gael go bhfaighfí réidh leis an nGaeilge éigeantach dá dtoghfaí iad agus in ainneoin a ráitis gurbh í toil an phobail go ndéanfaí amhlaidh, níor éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar Fhianna Fáil in olltoghchán 1969<sup>28</sup>.

Olltoghchán cinniúnach don Ghaeilge ab ea toghchán 1973 áfach. Toghadh rialtas a bhí comhdhéanta de Fhine Gael agus de Pháirtí an Lucht Oibre<sup>29</sup> agus faoi réir ag Beartas Gaeilge an *Just Society*, socraíodh go gcuirfí deireadh le riachtanas na Gaeilge chun pas a bhaint amach i scrúduithe an Stáit i 1973 agus cuireadh deireadh leis an nGaeilge mar choinníoll earcaíochta sa státchóras i 1974.

## 2.5 Conclúid

Ach an oiread le ré na hAthbheochana, d’fhéadfaí a áiteamh gur bhain an t-allagar faoin teanga idir 1965 agus 1974 leis na bealaí ab éifeachtaí agus ab fhearr chun nua-aoisiú na tíre a chur i gcrích. Tréimhse ab ea í seo, dá réir sin, ina raibh Éire idir dhá ghlúin agus idir dhá ré – tráth a bhain le cur agus cúiteamh faoi chaomhnú na dtraidisiún dúchais ar lámh amháin agus tráth inar glacadh le fórsaí seachtracha idirnáisiúnta ar an lámh eile.

Áitím, mar sin, go raibh codanna den náisiúnachas agus den liobrálachas clasaiceach le haireachtáil ar bheartais Ghaeilge Fhine Gael, agus ar scríbhinní FitzGerald go háirithe, sa chaoi ar aithníodh tábhacht na Gaeilge mar shiombail náisiúntachta ar lámh amháin agus sa chaoi ar leagadh béim faoi leith ar shaorthoil na ndaoine ar an

<sup>28</sup> Bhí Seán Ó Loinsigh ina Thaoiseach agus Erskine Childers ina Thánaiste.

<sup>29</sup> An Comhrialtas Náisiúnta - Liam Mac Cosgair (FG) a bhí ina Thaoiseach agus Breandán Mac Fheorais (Lucht Oibre) a bhí ina Thánaiste.

láimh eile. Ina theannta sin, tá blas den liobrálachas le sonrú ar bheartas Fhianna Fáil a nochtadh ar an bPáipéar Bán sa mhéid is gur aithníodh comhpháirtíocht idir Gaeilge agus Béarla agus i saol an náisiúin. Tugadh le fios freisin gur ghléas é an Béarla trína bhféadfaí ‘an aigne dhúchais’ a chur i láthair. Léiríonn sé seo go raibh Éire ag dul isteach i nua-ré luachanna úra trína bhféadfaí an fhéiniúlacht Éireannach a léirmhíniú feasta, mar a mhíníonn Ó Tuathaigh:

Ó na seascaidí i leith, bíodh is gur meascán den náisiúnachas agus den liobrálachas a bhí fós mar bhonn le fealsúnacht (nó le ‘creideamh’) na hathbheochana teanga in Éirinn, feictear domsa gur mó an tarraingt a bhí ann, le himeacht aimsire, ar shoiscéal nó ar phrionsabail an liobrálachais, ná mar a bhí leathchéad bliain roimhe sin: m.sh. an bhéim ar iolrachas cultúrtha, cearta teanga (mar chuid de bhun-chearta an duine); comhpháirtíocht le Béarla agus le cultúr an Bhéarla (2011: 102).

Anois agus cúlra stairiúil an dá ghluaiseacht pléite, is gá tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le ‘gluaiseacht’ agus le ‘hidé-eolaíocht.’ Déanfaidh mé é sin sa chéad chaibidil eile trí léirmheas a dhéanamh ar an litríocht a bhaineann leis na gluaiseachtaí sóisialta agus leis an idé-eolaíocht teanga araon.

### 3 Caibidil 3 – Teoiric: Gluaiseachtaí & Idé-eolaíochtaí teanga

#### 3.1 Réamhrá

Tá sé d'aidhm ag an tráchtas seo staidéar a dhéanamh ar na hidé-eolaíochtaí teanga a bhí i réim i gConradh na Gaeilge agus san LFM araon idir 1965-74. Ciallaíonn sin go bhfuil ábhar an tráchtais seo fréamhaithe i gcleachtais agus in iompraíocht na mball chomh maith leis na bealaí ar thuig na baill sin an domhan sóisialta inar mhair siad. Is mian liom, dá réir sin, staidéar a dhéanamh ar na tuairimí agus ar na braistintí a bhí ag na baill i leith na teanga agus i leith na náisiúntachta chomh maith leis na bealaí ar cuireadh na tuairimí sin i láthair san idirghníomhaíocht shóisialta. Is feiniméin shóisialta iad seo ar fad a ndéantar scrúdú orthu, a deir Berg (2007: 20), trí bheachtú agus trí thástáil teoirice.

##### 3.1.1 Teoiric

Ar an ábhar sin, deir Silverman (2008: 52) go gcuireann an teoiric sraith coincheap i dtoll a chéile faoina bhféadfaí feiniméin shóisialta a shainmhíniú agus a mhíniú araon. Is í aidhm na caibidle seo, mar sin, fráma teoirice an tráchtais seo a leagan amach, rud a thabharfaidh fócas don taighde agus a leagfaidh síos na téarmaí faoina ndéanfaidh mé rangú, anailís agus tástáil ar an bhfaisnéis eimpíreach. Ciallaíonn sin go mbeidh an teoiric in úsáid agam mar ghléas 'déaduchtach' i gcás an tráchtais seo<sup>30</sup>.

Chun aidhm an tráchtais seo a bhaint amach agus míniú a fháil ar chleachtais Chonradh na Gaeilge agus an LFM, is gá tarraingt ar na múnlaí teoirice cuí a d'fheidhmeodh mar 'nexus' idir an teanga, an cultúr agus saintréithe grúpaí sóisialta (Collins, 1998: 263). Chuige sin, is féidir tarraingt ar iliomad réimsí léinn, lena n-áirítear an tsocheolaíocht, an tsochtheangeolaíocht agus antraipeolaíocht na teanga.

Le go bhféadfainn an éagsúlacht tuairimíochta agus eispéireas sa dá ghluaiseacht a scrúdú, beidh mé ag tarraingt ar theoiricí na ngluaiseachtaí sóisialta (foréimse de chuid na socheolaíochta) mar aon le teoiricí na hidé-eolaíochta teanga (foréimse de chuid na hantraipeolaíochta teanga).

---

<sup>30</sup> Is éard is ciall leis an réasúnaíocht dhéaduchtach ná go dtugtar faoin taighde faoi réir ag múnlaí agus ag smaointe a eascraíonn as teoiricí reatha. Is ionann sin agus a rá go spreagann an teoiric an taighde toisc gurb í an teoiric a mhíniú na feiniméin shóisialta ar mian leis an taighde iad a thuiscint (Bryman, 2012: 711). D'fhéadfaí tabhairt faoi thaighde ionduchtaitheach freisin. Is é sin le rá go n-eascraíonn teoiricí úrnua as próiseas an taighde (Bryman, 2012: 712).

Anuas ar an náisiúnachas, a pléadh i gCaibidil a Dó, tá sé i gceist agam príomhphatrúin na hidé-eolaíochta teanga agus na ngluaiseachtaí sóisialta a tharraingt le chéile sa chaibidil seo. Sa chaoi sin beidh mé in ann frámaíocht léirmhínteach a dhearadh faoina ndéanfaidh mé anailís ar an bhfaisnéis eimpíreach.

## 3.2 Gluaiseachtaí Sóisialta

### 3.2.1 Réamhrá

Deir Hourigan (2003: 21) gur nós leis na gluaiseachtaí sóisialta san Eoraip béim a leagan ar ghníomhartha an lucht oibre, gníomhartha a raibh ardú caighdeán maireachtála ina mbunús leo le go bhfeabhsófaí leas ábharach na n-oibrithe tionsclaíocha.

Tháinig athrú air seo áfach le teacht chun cinn na sochaí iarthionsclaíche sna seascaidí, mar a deir Della Porta agus Diani:

The central actors in social conflict are no longer classes linked to industrial production but groups with opposing visions concerning the use and destination of cognitive and symbolic resources (1999: 46).

Léiríonn sé seo an t-athrú fócais ó leas na n-oibrithe sa tsochaí thionsclaíoch (na seanghluaiseachtaí) go dtí an bhéim ar luachanna na meánaicme sa tsochaí iarthionsclaíoch<sup>31</sup> (Hourigan, 2003: 22). Tugtar ‘nua-ghluaiseachtaí sóisialta’ ar an gcur chuige a tháinig i réim sa tsochaí iarthionsclaíoch, iar-ábharach agus iarchogaidh sna seascaidí. I mbeagán focal, is iad acmhainní siombalacha seachas acmhainní táirgeachta a bhíonn ag dó na geirbe ag na nua-ghluaiseachtaí.

Maíonn Share et al. go raibh dhá mhodh smaointeoireachta dhifriúla sna seascaidí i ndioscúrsa na ngluaiseachtaí sóisialta chun na feiniméin úra seo a shainmhíniú, mar atá, an cur chuige Meiriceánach agus an cur chuige Eorpach (Share et al. 2007: 493). Leagfaidh mé an dá chur chuige sin amach sna rannóga thíos agus tabharfaidh mé le

---

<sup>31</sup> Is iomaí bealach atá ann chun cur síos a dhéanamh ar shochaí an lae inniu. Ar an ábhar sin, tá aos léinn na socheolaíochta i mbun allagair ó na 1970í i leith ag iarraidh frámaíochtaí úra a dhearadh chun na príomhthréithe den tsochaí a mhíniú mar fhreagra ar na hathruithe mar aon leis na forbairtí teicneolaíochta a tharla ag deireadh an 20ú hAois. Leagtar amach frámaíochtaí difriúla léirmhínte chun dul i ngleic leis na fadhbanna agus leis na coimhlíntí nua a d’eascair as na forbairtí sin. Baineann cuid de na frámaíochtaí sin le coincheap na nua-aoiseachta: an iarnua-aoiseacht (Lyotard, 1979), an nua-aoiseacht dhéanach (Giddens, 1991), *liquid modernity* (Bauman, 2000), *hyper modernity* (Charles & Lipovetsky, 2006). Leagann frámaíochtaí eile béim ar athruithe teicneolaíochta agus eolais na sochaí, mar atá: an tsochaí iarthionsclaíoch (Bell, 1973), an tsochaí faisnéise, *network society* (Castells, 1996).

fios, i gconclúid na rannóige seo, cén meascán den dá chur chuige is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais an tráchtais seo.

### **3.2.2 An cur chuige Meiriceánach**

Modh anailíseach is ea teoiric an tslógaidh acmhainní ('resource mobilisation theory') a tháinig chun cinn sna Stáit Aontaithe sna seascaidí chun suaitheadh sóisialta na gceart sibhialta a léirmhíniú. Mheas an t-aos léinn, a deir Hourigan, go raibh bealach úr léirmhínithe de dhíth chun na nua-ghluaiseachtaí sóisialta seo a mhíniú i bhfianaise nach raibh an agóid shóisialta teoranta a thuilleadh do bhaill imeallaithe na sochaí a raibh cos ar bolg á dhéanamh orthu. Shíolraigh roinnt gníomhaithe sóisialta ón nua-mheánaicme sna seascaidí, rud a d'fhág go raibh múnla nua teoirice ag teastáil a thabharfadh aitheantas don dinimic nua shóisialta sin. Diúltaíonn lucht tacaíochta an chur chuige seo don tuairim gurb í an díothacht an t-aon bhunús leis an slógadh (Hourigan, 2003: 16).

Áitíonn an lucht léinn a shaothraíonn i ngort an tslógaidh acmhainní gurb iad an éagsúlacht acmhainní mar aon le struchtúr na ndeiseanna polaitíochta na príomhchúiseanna le teacht chun cinn gluaiseachtaí (Hourigan, 2003: 16). Eagraíochtaí is ea gluaiseachtaí agus is gá go mbeadh acmhainní airgid agus slógaidh acu d'fhonn a gcuid feidhmeanna a bhaint amach. Is é cumas slógaidh na gluaiseachta an acmhainn is tábhachtaí aici mar sin. Is é sin le rá, go leagann teoiric an tslógaidh acmhainní béim ar an gcaoi a n-éiríonn le gluaiseachtaí sóisialta baicle mhór daoine a earcú, a thagann agus a thacaíonn le haidhmeanna agus le mianta na gluaiseachta agus atá sásta, dá réir sin, páirt a ghlacadh sna feachtais (Share et al., 2007: 497). Deir Hourigan gur mó tábhacht a bhaineann leis an gcaoi a n-éiríonn le gluaiseacht a haidhmeanna a bhaint amach seachas na cúiseanna ar bunaíodh an ghluaiseacht sin i dtosach (2003: 16).

Maíonn sí freisin go leagann an slógadh acmhainní an-bhéim ar struchtúir fhoirmeálta agus eagrúcháin na gluaiseachta toisc gurb iad na struchtúir sin a láidríonn an seans go mbainfeadh an ghluaiseacht a haidhmeanna amach (2003: 18). Dá réir sin, áitíonn Share et al. gur bealach éifeachtach é an slógadh acmhainní chun struchtúir fhoirmeálta, ordlathacha agus eagrúcháin na gluaiseachta a thuiscint (2007: 498).

### **3.2.2.1 Slógadh Acmhainní**

Bíonn gluaiseachtaí in iomaíocht le scothaicmí sa tsochaí d'fhonn acmhainní ábharacha a shlógadh. Tá an cineál sin slógaidh tábhachtach ar an ábhar go bhfuil gá le hacmhainní chun an comhghníomhaíochas a chur chun cinn. Tá an iomaíocht sin ann toisc nach bhfeictear aon idirdhealú idir gluaiseachtaí sóisialta ar lámh amháin agus páirtithe polaitíochta agus brúgrúpaí ar an lámh eile. Is grúpaí iad ar fad ar mian leo tarraingt ar acmhainní an phobail agus bíonn siad in iomaíocht lena chéile dá bharr sin, dar le Hourigan (2003: 17).

Tugann leithéidí McAdam (1982) agus Tarrow (1998) dúshlán don téis seo go mbunófaí gluaiseachtaí, a bhfuil struchtúir dhochta fúthu, le gur féidir acmhainní eacnamaíoch a shlógadh chucu. Ina áit sin, leagann McAdam agus Tarrow béim ar an bpróiseas polaitíochta laistigh den ghluaiseacht féin agus laistigh den tsochaí i gcoitinne:

Political process theorists argued that two sets of macrostructural factors facilitate (or hinder) the emergence of social protest: the level of organisation within the aggrieved population and the political realities confronting its members and challengers (Hourigan, 2003: 17).

Faoi phróiseas na polaitíochta, mar sin, nasctar le chéile tábhacht eagrúcháin na gluaiseachta le feasacht chognaíoch na gluaiseachta faoi na cúinsí polaitiúla ina maireann siad (bíodh siad socair nó guagach). Ciallaíonn sin go bhféadfadh an ghluaiseacht fogha a thabhairt faoin mórchóras polaitiúil agus é leochaileach má bhíonn an chumhacht eagrúcháin aici chuige sin (Hourigan, 2003: 18). Léiríonn sé seo go mbíonn na struchtúir eagrúcháin agus an fheasacht pholaitiúil ag obair as lámh a chéile.

### **3.2.2.2 Slógadh ball: réasúnach nó aisfhillteach?**

Faoin múnla Meiriceánach, glactar páirt i ngluaiseachtaí sóisialta, a deir Share et al., chun 'spriocanna ionstraimeacha' a bhaint amach, fearacht gnólachtaí. Ciallaíonn sin, dar leo, go ndéantar cinneadh 'réasúnach' páirt a ghlacadh sa ghluaiseacht le go bhféadfaí 'spriocanna leasmhara' a bhaint amach ar an mbonn is éifeachtaí is féidir (2007: 499), mar a deir Hourigan:

Social movement actors are viewed as rational beings pursuing a goal using protest as a political resource (2003: 16).

Tá an múnla seo easnamhach, dar le Share et al., ar an mbonn nach leor an réasún ionstraimeach ann féin chun gníomhaithe a shlógadh chun spairne. Is gá, chomh maith leis an réasún ionstraimeach, go mbeadh na gníomhaithe meallta agus slógtha mar gheall ar shaincheisteanna féiniúlachta agus mothúcháin a bhaineann go dlúth agus go pearsanta leo mar neacha daonna, mar a deir Share et al.:

Any account of how NSMs [New Social Movements] successfully mobilise resources must reflect how they appeal to a range of concerns: about identity; about new ideas and their practical expression; and about the rejection of conventional values and lifestyles (2007: 499).

Is gá, mar sin, go mbeadh na gníomhaithe corraithe go pearsanta, go feasach agus go hidé-eolaíoch mar gheall ar staid reatha na sochaí ina mairtear. Tagann O'Rourke leis seo freisin. Deir sí go bhfuil na 'hidéanna' atá ag daoine i leith an tsaoil comhdhéanta de chreidimh ar láimh amháin agus de bhraistintí ar an láimh eile agus go n-imríonn siad sin tionchar ar iompraíocht an duine sa domhan sóisialta. Fágann sin gurb iad na braistintí a mhúnlaíonn na creidimh nó na tuairimí sin a chuirtear i láthair, rud a imríonn tionchar ar iompraíocht na rannpháirtithe sa domhan sóisialta (O'Rourke, 2011: 8). Léiríonn seo, a deir Giddens, an ghné 'aisfhillteach' a bhaineann leis an tsochaí sa nua-aoiseacht:

Modernity's reflexivity refers to the susceptibility of most aspects of social activity, and material relations with nature, to chronic revision in the light of new information or knowledge (1991: 20).

Is mian leis na nua-ghluaiseachtaí sóisialta, dá bharr sin, smaointe agus idéanna úra a tháirgeadh agus a chur i láthair mar aisfhreagra ar a lochtaí is atá luachanna an tsaoil chomhaimseartha (Share et al., 2007: 499).

Léiríonn sé seo, dar liom, go slógtar gníomhaithe chun na ngluaiseachtaí sóisialta ar bhonn níos iolraí ná an réasún ionstraimeach amháin. Is gá, mar a deir Share et al. mar aon le O'Rourke, ceist na mbraistintí pearsanta a chur san áireamh freisin.

Mar fhocal scoir, leagann aos léinn an tslógaidh acmhainní an-bhéim ar chumas na ngluaiseachtaí acmhainní eacnamaíocha agus polaitíochta a shlógadh. Baineann antábhacht freisin le struchtúir dhochta fhoirmeálta na ngluaiseachtaí ar an ábhar go bhfuiltear in iomaíocht le scothaicmí agus le páirtithe polaitíochta sa tsochaí chun na hacmhainní céanna a shlógadh. Ar deireadh, slógtar gníomhaithe ar bhonn an réasúin ionstraimigh.

### 3.2.3 An Cur chuige Eorpach

Faoin múnla Eorpach, cuireann na nua-ghluaiseachtaí sóisialta rompu féin fíis cheannródaíoch agus úrnua den todhchaí a dheardh agus a chur chun cinn. Chuige sin, tugann na gluaiseachtaí dúshlán do mhórchéisteanna na nua-aoiseachta agus d'fhoirmeacha comhaimseartha na struchtúr sóisialta. Teastaíonn ó na gluaiseachtaí na caidrimh shóisialta agus luachanna saoil na sochaí a athchruthú agus a athléirmhíniú trí bhríonna nua siombalachacha a chruthú (Share et al., 2007: 499). Is iad mianta na nua-mheánaicme sa tsochaí iarthionsclaíoch is bunús le bealach úr léirmhínitheach a chur chun cinn.

#### 3.2.3.1 An Nua-mheánaicme

Deir Hourigan go raibh mianta agus tosaíochtaí neamh-ábhartha ag an aos óg iarchogaidh. Dream ab ea é seo, a deir sí, ar mhian leis dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht a chothú agus a chur chun cinn leis an aidhm go ndiúltófaí don chóras ábharach, sóisialta, polaitiúil agus rachmasaíoch a bhí i réim, dar leo (2003: 21). Áitíonn sí, dá réir, go mbaineann na nua-ghluaiseachtaí sóisialta le cnámha spairne na meánaicme Eorpaí ó na seascaidí i leith (2001: 78):

Post-war youth, assured of satisfaction of material needs, developed non-material needs such as self-actualization and participation (Klandermans, 1989: 27).

Is é Inglehart (1977) a bhí ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhealsúnacht an iar-ábharachais a aithint sa tsochaí iarchogaidh. Deir sé gurbh éard ba bhunús leis an trasnú ón ábharachas go dtí an t-iar-ábharachas, i measc an ghrúpa shóisialta óig ach go háirithe, ná an t-ard-oideachas, an tseasmhacht agus an rathúnas a bhí bainte amach ag an nglúin óg iarchogaidh. Dream gairmiúil a bhí sa nua-mheánaicme seo a raibh ard-oideachas orthu agus d'eascair a gcumhacht agus a dtionchar as an saineolas a bhí acu i réimsí áirithe den tsochaí (Share et al., 2007: 501). Ba mhian leo, da bharr sin, iad féin a chur i láthair i dtéarmaí a gcuidreamh sóisialta, i dtéarmaí na saoirse pearsanta, na féinfheasachta agus na féintuisceana (Share et al., 2007: 500).

Os a choinne sin, áitíonn Share et al. nach bhfuil ceist na haicme ina bunús leis na nua-ghluaiseachtaí sóisialta. In ainneoin go bhféadfadh ballraíocht ghluaiseachta a bheith comhdhéanta de dhaoine ó aicme faoi leith, ní bhíonn éilimh agus luachanna na gluaiseachta teoranta do leas na haicme sin amháin. Bíonn na féiniúlachtaí



sóisialta trína ndéanann ballraíocht ghrúpa léirmhíniú ar an tsochaí bunaithe ar thréithe níos iolraí ná ceist na haicme amháin, mar shampla: inscne, aois agus féiniúlacht chomhroinnte chultúrtha agus eitneach na mball. Ní mar gheall ar aicme chomhroinnte a bhíonn na gluaiseachtaí aontaithe. Bíonn siad aontaithe mar gheall ar an bhfís Útóipeach, mhorálta, idéalach agus chomhroinnte atá ag na baill i leith an tsaoil (bríonna comhroinnte na mball i leith an tsaoil) (Share et al., 2007: 492).

### **3.2.3.2 *An tSochaí Iarthionsclaíoch***

Diúltaíonn na gluaiseachtaí sóisialta don argóint go bhfuil an tsochaí bunaithe ar an bhfás geilleagrach amháin. Dá réir sin, diúltaítear do luachanna traidisiúnta na sochaí rachmasaíche (Hourigan, 2001: 79). Mar thoradh air sin, spreagann an gníomhaíochas braistintí nua féiniúlachta i mballraíocht na ngluaiseachtaí toisc go bhfuil an bonn á bhaint de na foinsí traidisiúnta féiniúlachta ar nós an reiligiúin (nó an bonn á bhaint de stádas traidisiúnta na teanga i gcás an tráchtais seo) (Hourigan, 2003: 23). Is ionann sin agus a mhaíomh go bhfuil luachanna na sochaí ag athrú, mar a mhíníonn Inglehart:

One aspect of the change in values, we believe, is a decline in the legitimacy of hierarchical authority, patriotism, religion, and so on, which leads to declining confidence in institutions (2003: 64).

Deir Hourigan go bhfuil na nua-ghluaiseachtaí sóisialta ina bhfreagra ar an athrú struchtúrtha a tharla mar gheall ar an trasnú ón tsochaí nua-aoiseach agus thionsclaíoch go dtí an tsochaí iarthionsclaíoch agus iar-nua-aoiseach (2003: 23). Cruthaíonn an t-athrú seo foinsí agus cúiseanna nua coimhlinte agus aighnis sa tsochaí. Fágann an t-athrú seo an spás cuí ina bhféadfadh borradh teacht faoi mhodhanna nua gníomhaíochta agus faoi mhodhanna nua slógaidh pholaitiúil (Share et al., 2007: 500). Tagann sé seo le Della Porta & Diani:

[...] the 1960s were important because they saw not only an increase in new forms of political participation, but also a change in the main conflictual issues. Traditionally, social movements had focused mainly on issues of labor and nations: since the 1960s, “new social movements” have emerged instead centered on concerns such as women’s liberation, environmental protection, etc (2006: 6).

Ina theannta sin, airíodh go raibh an Stát, de réir a chéile, ag cur isteach ar réimsí éagsúla den saol príobháideach (‘life-world’) gan aon bhunús a bheith leis (Hourigan, 2003: 22). Deir an socheolaí agus an fealsamh Gearmánach, Jürgen

Habermas (1987), gurb éard is ciall leis an ‘life-world’ ná eispéireas sóisialta an duine aonair sa ghnáthshaol laethúil. Baineann an ‘life-world’ le dlúthchaidrimh idirghníomhacha an duine aonair i réimsí an teaghlaigh agus na gcarad, áiteanna ar mian le daoine cumarsáid a dhéanamh leis an aidhm go mbainfí comhthuiscint agus aontas amach, dá mb’fhéidir é. Áitíonn Habermas go bhfuil an ‘life-world’ sa nua-aoiseacht á choilíniú ag an gcóras sóisialta arb ionann é agus domhan seachtrach agus neamhphearsanta. Tá an ‘córas sóisialta’ mar sin comhdhéanta d’institiúidí agus de chaidrimh fhoirmeálta, pholaitíochta agus gheilleagracha, a bhfuil údarás agus cumhacht ina mbunús leo. Feidhmíonn na hinstiúidí sin ar bhonn an réasúin ionstraimigh, dar le Habermas. Is éard atá i gceist leis sin ná gur mian le hinstiúidí spriocanna faoi leith a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil agus go gcoinnítear daoine faoi smacht chuige sin (Share et al., 2007: 494).

Faoin bpeirspictíocht Eorpach, is iad nua-ghluaiseachtaí sóisialta freagra an ‘life-world’ ar bhagairt choilíneach an réasúin ionstraimigh. Is mar gheall ar an mbagairt seo gur mian le gluaiseachtaí sóisialta an saol príobháideach a chosaint (Share et al., 2007: 494). Teastaíonn ó dhaoine, trí nua-ghluaiseachtaí a bhunú, smacht a ‘athshealbhú’ ar na gnéithe sin den saol atá ag teacht, de réir a chéile, faoi réimse cumhachta na Stát nó na n-institiúidí cumhachtacha sa tsochaí. Tá ceist an liobrálachais chlasaicigh i gceist anseo freisin agus coimhlintí ar siúl faoi thoisí shaorthoil agus neamhspleáchas an duine sa spás poiblí agus sa spás príobháideach araon (MacLean & McMillan, 2009: 307).

Ar an ábhar sin, deir Hourigan go samhlaítear sochaithe iarthionsclaíocha go príomha le daoine aonair, a eagraíonn iad féin i bhfoirm ghrúpaí go minic, agus ar mian leo teacht ar bhealach úr chun dul i ngleic leis an domhan agus chun iad féin a chur i láthair sa spás príobháideach gan bhac. Tá bealach úr smaointeoireachta de dhíth mar fhreagra ar fhórsaí coimhthithe an tionsclaithe agus an mhaorlathaithe araon (Hourigan, 2003: 22). Is mar gheall air seo, a deir Share et al., nach raibh spriocanna agus leasanna ábharacha á n-éileamh ag na nua-ghluaiseachtaí. An chloch ba mhó ar a bpaidrín ab ea éagsúlacht agus féiniúlacht an duine aonair mar aon le modhanna nua léirmhínteacha a chumadh chun dul i ngleic leis an domhan (Share et al., 2007: 494). Is mian le gluaiseachtaí sóisialta an tsochaí shibhialta (‘life-world’) a chosaint ón Stát (Share et al., 2007: 495). Fágann sin go bhféadfadh mian

fhuascailteach agus liobrálach a bheith ag na nua-ghluaiseachtaí sóisialta, téama a phleifidh mé anois.

### 3.2.3.3 *Giddens: Polaitíocht an tSaoil*

Mar atá sonraithe agam go dtí seo, leagann na nua-ghluaiseachtaí sóisialta béim ar pholaitíocht agus ar fhéin-achtáil an duine aonair. Ní miste a rá, áfach, nach bhfuil na gluaiseachtaí teoranta do leas an duine aonair amháin. Ar an ábhar sin, má éiríonn leis an ngluaiseacht agus má bhíonn rath ar a feachtas, is é cás ‘daoine eile’ a chuirtear chun cinn freisin. Tugann Giddens ‘polaitíocht na fuascailte’ air seo:

I define emancipatory politics as the generic outlook concerned above all with liberating individuals and groups from constraints which adversely affect their life chances. Emancipatory politics involves two main elements: the effort to shed shackles of the past, thereby permitting a transformative attitude towards the future; and the aim of overcoming the illegitimate domination of some individuals or groups by others (1991: 210-211).

Is éard is bunús le polaitíocht na fuascailte go dteastaíonn ó dhaoine, a bhfuil méid áirithe saoirse bainte amach acu cheana féin, fáil réidh leis na srianta agus na baic atá ar dhaoine eile sa tsochaí. D’fhéadfadh srianta ón traidisiún (reiligiún agus teanga) a bheith i gceist mar aon le srianta reatha na cumhachta agus an cheannais. Is é neamhspleáchas an duine aonair is mó a bhíonn ag dó na geirbe ag polaitíocht na fuascailte:

The mobilising principle common to all forms of emancipatory politics is a belief in individual autonomy as the greatest good. To free people from subjection to constraint and domination is to enable them to exercise autonomous control over their own lives and destinies (Share et al., 2007: 502).

Tugann Share et al. dúshlán do pholaitíocht na fuascailte ar an mbonn nach bpléitear, dar leo, na féidearthachtaí atá ag daoine ‘fuascailte’ a neamhspleáchas a úsáid (2007: 502). Éiríonn leis an socheolaí Anthony Giddens (1991) teacht i dtír ar an bhfadhb sin trí pholaitíocht an duine aonair agus polaitíocht na fuascailte a nascadh le chéile. Maíonn Giddens gurb í ‘polaitíocht an tsaoil’ toradh an nasctha seo (1991: 214). Deir Giddens, mar sin, go gcuireann ‘polaitíocht an tsaoil’ ‘rogha phearsanta,’ ‘cineál saoil’ chomh maith le ‘féin-achtáil’ an duine aonair chun cinn i gcomhthéacs an idirspleáchais dhomhanda.

Is í aidhm na gníomhaíochta polaitiúla a dtugann Giddens ‘polaitíocht an tsaoil’ uirthi, eiticí maireachtála a fhorbairt faoina gcleachtar an saol feasta agus go n-

úsáidfear an tsaoirse nuabronnta sin chun ‘cinntí saoil’ a dhéanamh a chuirfeadh le féiniúlacht an duine i dtreo is gur féidir leis na ‘laincísí’ a bhí á shrianú agus á phlúchadh a chaitheamh uaidh (Giddens, 1991: 215). Léiríonn sé seo, a deir Giddens, go bhfuil an liobrálachas ina chrann taca ag an bhfuascailt agus go mbaintear an mhian liobrálach sin amach i gcomhar leis an Stát daonlathach trí stocaireacht agus achainí seachas a bheith ag iarraidh an Stát a chur de dhroim an tsaoil:

Liberal political thinkers, like radicals, have sought to free individuals and the conditions of social life more generally from the constraints of pre-existing practices and prejudices. Liberty is to be achieved through the progressive emancipation of the individual, in conjunction with the liberal state, rather than through a projected process of revolutionary upheaval (1991: 210).

Deir Giddens gurb ionann na gluaiseachtaí sóisialta, agus iad faoi réir ag polaitíocht an tsaoil, agus cineálacha gníomhartha atá féin-aisfhillteach (‘self-reflexive forms of action’). Ciallaíonn sin go bhfuil na modhanna gníomhaithe a cheaptar agus a dtéitear ina muinín chomh tábhachtach céanna le toradh na modhanna sin. I bhfocail eile, tá an chaoi a n-eagraíonn an ghluaiseacht í féin chun dul i mbun spairne chomh tábhachtach céanna leis na spriocanna a bhainfear amach, nó nach mbainfear amach i gcásanna áirithe. Tagann Share at al. leis seo freisin:

Actions are not just a means to an end, but an end in themselves. Thus the form and appearance of a protest action may be as important as its ‘practical’ outcome (2007: 496).

Is dóigh liom go mbeadh coincheap ‘pholaitíocht an tsaoil’ ag teacht le Habermas cuid mhaith sa mhéid is gur gá an saol príobháideach a chosaint ó bhrú an Stáit i ré na nua-aoiseachta déanaí. Bheadh Giddens ní ba radacaí ná Habermas áfach sa chaoi is gur mian leis, ní hamháin an saol príobháideach a chosaint, ach go leathnófaí teorainneacha an tsaoil phríobháidigh amach chun sainiúlacht an duine a chur chun cinn (Share at al., 2007: 502).

#### **3.2.3.4 Smachtú eolais**

Faoi mhúnla an tsocheolaí Alain Touraine (1983), ceann de na saintréithe a bhaineann leis na nua-ghluaiseachtaí sóisialta is ea an tábhacht a bhaineann le heolas agus le smachtú an eolais, go háirithe. Is é an t-eolas agus saobhadh an eolais an phríomhfhoinsé d’fhonn cumhacht a bhaint amach sa tsochaí iarthionsclaíoch. Is iad na daoine a bhfuil tionchar acu ar an táirgeacht shiombalach (‘symbolic production’)

a n-éiríonn leo cumhacht a imirt. Is éard atá i gceist leis an táirgeacht shiombalach go bhfuil an chumhacht sa tsochaí iarthionsclaíoch acu siúd a bhfuil smacht acu ar chraobhscaoileadh eolais, lena n-áirítear: eolaíocht, teicneolaíocht agus na meáin chumarsáide. Is athrú é seo ar an tsochaí thionsclaíoch nuair a bhí an chumhacht acu siúd gur leo na hacmhainní táirgeachta ábharáí (Share et al. 2007: 495).

Is mian leis na gluaiseachtaí sóisialta teacht i gcabhair ar ghnáthshaoránaigh atá faoi chois ag an teicneolaíocht, atá faoi chois ag cineálacha éagsúla eolais agus a mhaireann faoi réir ag cinntí a dhéanann scothaicmí eolais ar a son (Share et al., 2007: 495). Déanann Inglehart cur síos ar a bhfuil i gceist le scothaicme:

Elite-directed political participation is largely a matter of elites mobilizing mass support through established organizations such as political parties, labor unions, religious institutions and so on (Inglehart, 2003: 64).

Faoin gcur chuige Meiriceánach, tá na gluaiseachtaí in iomaíocht leis na scothaicmí. Ní hamhlaidh atá san Eoraip áfach, áit a dteastaíonn ó na gluaiseachtaí an cultúr agus an tsochaí shibhialta a chosaint ó bhagairt na scothaicmí. Tugann Inglehart ‘elite-challenging’ air seo agus áitíonn sé go n-eascraíonn frith-scothaicmí as (2003: 64). Is í aidhm na ngluaiseachtaí teacht ar bhealaí úra chun dul i ngleic leis an saol agus chun dul i ngleic le heolas le go bhféadfaí comhghníomhaíocht a spreagadh i gcoinne an fhorlámhais/an cheannais shochoaíoch (Share et al., 2007: 495). Faoi mhúnla an tsocheolaí Iodálaigh, Melucci (1995), deirtear gurb í aidhm na ngluaiseachtaí dul i gcion ar an gcaoi a gcruthaítear agus a gcrabhscaoiltear brí sa tsochaí. Ciallaíonn sé seo, dar le Share et al., go mbíonn na gluaiseachtaí i mbun agóide agus ag tabhairt dúshláin don chóras sóisialta ar bhonn siombalach (2007: 496). Éiríonn le gluaiseachtaí sóisialta a ndomhain shainiúla féin a chruthú tríd an gcruthaitheacht shiombalach.

Is cinnte, ag leibhéal polaitiúil, go bhféadfadh gluaiseachtaí athrú institiúideach mar aon le nuálaíocht chultúrtha a chur chun cinn. D’fhéadfadh, freisin, go spreagfaí teacht chun cinn scothaicmí nua. Deir Melucci nach bhféadfaí rath na ngluaiseachtaí sóisialta a thomhas ag an leibhéal polaitiúil amháin áfach. Is gá, dar leis, a bheith airdeallach i dtaobh na dtionchar a bhíonn ag gluaiseachtaí ar an leibhéal cultúrtha freisin. Ag leibhéal an chultúir, cruthaítear bríonna nua agus ceistítear flaitheas lucht an cheannais (Share et al. 2007: 496). Is iad ceisteanna cultúrtha den chuid is mó a ghineann díospóireacht i measc gluaiseachtaí sóisialta thar ceisteanna a bhaineann

leis an gcumhacht pholaitiúil agus gheilleagrach (Hourigan, 2001: 80). Mar fhreagra air seo, tháinig borradh faoi na heolaíochtaí sóisialta mar iarracht chun dul i ngleic le brí agus bunús na hagóide sóisialta sna seascaidí (Della Porta & Diani, 2006: 6).

Mar fhocal scoir, faoin gcur chuige Eorpach, slógtar gníomhaithe mar gheall ar an réasún ionstraimeach, chomh maith le creidimh phearsanta shuibiachtúla na ngníomhaithe. Airíonn na gluaiseachtaí go bhfuil an saol príobháideach á choilíniú ag an Stát agus is mian leo, dá réir sin, go n-éireodh an tsochaí shibhialta amach i gcoinne an choilínithe trí ghluaiseachtaí sóisialta a bhunú a chruthódh nua-bhríonna i leith na saoirse, an chultúir agus na féinfheasachta araon.

### 3.2.4 Anailís: Nua-Ghluaiseachtaí Sóisialta

Baineann buanna agus laigí leis an gcur chuige Meiriceánach mar aon leis an gcur chuige Eorpach a leag mé amach sa rannóg seo. Is mian liom, chun teacht i dtír ar an éagsúlacht atá eatarthu, eilimintí ón dá pheirspictíocht sin a chomhtháthú le go mbeidh mé in ann staidéar a dhéanamh ar na saintréithe gluaiseachta a bhí i réim i gConradh na Gaeilge agus san LFM araon. Sa chuid thíos, leagfaidh mé amach na heilimintí ábhartha d'fhonn staidéar a dhéanamh ar an dá eagraíocht:

- **An nua-mheánaicme:** Baineann na gluaiseachtaí sóisialta le leasanna neamh-ábhartha na meánaicme iarchogaidh agus iad ag maireachtáil sa nua-aoiseacht dhéanach.
- **Foinsí nua coimhlinte agus aighnis:** Mar gheall ar an trasnú ón tsochaí thionsclaíoch go dtí an tsochaí iarthionsclaíoch, bhí an bonn á bhaint d'fhoinsí traidisiúnta na féiniúlachta (reiligiún, cuir i gcás) sna seascaidí. Bhí bealach úr de dhíth, dá réir sin, chun an saol sóisialta a léirmhíniú agus chun féiniúlacht phearsanta an duine aonair a chur chun cinn. Léirigh mé i gCaibidil a Dó gurbh amhlaidh a bhí in Éirinn agus an bonn á bhaint den Ghaeilge sa tsochaí.
- **'Eolas' mar acmhainn shiombalach:** Bíonn ard-oideachas, den chuid is mó, ar bhail ghluaiseachta iarthionsclaíche agus imrítear tionchar sa tsochaí mar gheall ar an saineolas atá acu i leith sainréimsí den saol. Is mar gheall ar an saineolas seo go n-éiríonn leo tionchar a imirt ar an táirgeacht shiombalach. Acmhainn is ea an táirgeacht shiombalach a chruthaíonn bríonna nua

cultúrtha (i leith na teanga, sa tráchtas seo) sa tsochaí agus a cheistíonn flaitheas lucht an cheannais.

- **Dúshlán a thabhairt do scothaicmí:** Teastaíonn ó na gluaiseachtaí dúshlán a thabhairt do scothaicmí a choinníonn gnáthdhaoine faoi chois ag cineálacha éagsúla eolais.
- **Cosaint an tsaoil phríobháidigh:** Teastaíonn ó na gluaiseachtaí an ‘life-world’ a chosaint ó ionsaí, ó choilíniú agus ó bhrú an Stáit. Is mian leo, dá réir, rogha phearsanta, neamhspleáchas, cineál saoil agus féin-achtáil an duine aonair a fhuascailt ó thionchar ceannasach an Stáit (Habermas). Is mian leis na gluaiseachtaí freisin, teorainneacha an tsaoil phríobháidigh a leathnú amach agus a liobrálú.
- **Réasún ionstraimeach & mothúcháin phearsanta an ghníomhaí:** Deirtear, faoin gcur chuige Meiriceánach, go slógtar gníomhaithe ar bhonn an réasúin ionstraimigh. Áitím go mbaineann an-tábhacht leis an réasún ionstraimeach mar mhodh slógaidh ach is gá an cur chuige sin a leathnú amach, i gcás an tráchtas seo, agus bunús pearsanta agus ‘aisfhillteach’ an tslógaidh a chur san áireamh freisin. Anuas ar na cúiseanna réasúnacha go nglactar páirt i ngluaiseacht, bíonn mothúcháin phearsanta agus smaointe úra ag gníomhaithe gur mian leo a chur cinn cinn. Ciallaíonn sin go bhfuil bunús idé-eolaíochta leis na gluaiseachtaí sóisialta (Hourigan, 2003: 24).
- **Struchtúir fhoirmeálta ghluaiseachta:** Leagann an cur chuige Meiriceánach béim ar struchtúir fhoirmeálta na gluaiseachta. Áitím go dtacaíonn na struchtúir fhoirmeálta sin leis an meon Eorpach gurb ionann na gluaiseachtaí agus cineálacha gníomhaithe atá féin-aisfhillteach. Is éard is ciall leis sin ná go bhfuil sé riachtanach go mbeadh struchtúir fhoirmeálta faoi ghluaiseacht le go mbeidh sí in ann modhanna gníomhaithe agus slógaidh a cheapadh.
- **Feasacht chognaíoch na ngluaiseachtaí maidir le laigí sa chóras polaitiúil:** Ní mór do na gluaiseachtaí a bheith airdeallach i dtaobh athruithe a thagann ar an gcóras polaitiúil. Deiseanna spairne agus agóide is ea na hathruithe seo do na gluaiseachtaí sóisialta ina bhféadfaí fogha a thabhairt faoin gcóras ceannasach agus é leochaileach.

Le go bhféadfainn fócas fairsing na ngluaiseachtaí sóisialta a chúngú d’fhonn dearthaí agus idé-eolaíochtaí i leith na teanga a léirmhíniú, is gá príomhphatrúin

agus príomhthéamaí na hidé-eolaíochta teanga a aithint agus a phlé. Déanfaidh mé a leithéid sa chéad rannóg eile.

### 3.3 An Idé-eolaíocht Teanga

#### 3.3.1 Réamhrá

Dearbhaíonn Michael Silverstein (1979: 193) gurb éard atá san idé-eolaíocht teanga ná na creidimh shóisialta atá ag duine i leith na teanga. Tugann na ‘creidimh’ sin spreagadh don chainteoir struchtúr nó úsáid faoi leith a bhaint as an teanga i gcleachtas na hurlabhra<sup>32</sup>. Dá réir sin, deir Field agus Kroskirty (2009: 5) gur ‘réasúnú comhfhiosach agus feasach’ faoin teanga agus faoina húsáid sa domhan sóisialta is ea an idé-eolaíocht theangeolaíoch.

Deir Irvine (1989: 255) gur lionsa cultúrtha agus tuisceana í an idé-eolaíocht teanga trína gcruthaítear smaointe i leith na teanga agus trína múnlaítear caidrimh shóisialta araon. Laistigh de na caidrimh shóisialta sin, d’fhéadfadh gníomhaithe, agus iad ag tarraingt ar chleachtas na hurlabhra, luacháil agus díluacháil a dhéanamh ar fhiúntas na teanga. Cruthaíonn an t-allagar sin iliomad córas bríonna agus smaointe chun nádúr na teanga, mar a shamhlaíonn na gníomhaithe é, a chur in iúl. Léiríonn sin go mbíonn sé de chumas ag idé-eolaíochtaí teanga córais shóisialta a chruthú agus, dá réir sin, chun claochlú sóisialta a chur ar siúl sa domhan soch-chultúrtha.

Bunaithe ar thuiscintí Silverstein agus Irvine beirt, áitím gurb í an idé-eolaíocht teanga an comhéadan ar a dtagann an domhan ‘tógachaíoch’<sup>33</sup> soch-chultúrtha (braistintí, creidimh & suibiachtúlachtaí) agus an domhan ‘nadúrtha’ (struchtúr,

---

<sup>32</sup> Tagann idirdhealú téarmaíochta aníos sa litríocht idir an idé-eolaíocht teanga ar láimh amháin agus an idé-eolaíocht theangeolaíoch ar an láimh eile. Bíonn na téarmaí sin in úsáid go hidirmhalartaithe ag Woolard (1998: 4), cuir i gcás, ach bíonn sé de nós ag leithéidí Silverstein an ‘idé-eolaíocht theangeolaíoch’ a úsáid (1979: 193). Maíonn Woolard gur mó béim a leagann Silverstein (idé-eolaíocht theangeolaíoch) ar thionchar na gcreideamh ar struchtúr agus ar aeistéitiúlacht na teanga (1998: 4). Ar an láimh eile, cuireann Irvine (1989) agus Spitulnik (1998) (idé-eolaíocht teanga) béim ar thionchar na gcreideamh ar úsáid shóisialta na teanga agus ar an gcaoi a gcuireann an úsáid sin le cruthú córas sóisialta. Léiríonn sé seo an ghné shóisialta is bunús le húsáid an téarma ‘idé-eolaíocht teanga’ (Woolard, 1998: 4). Is í aidhm an tráchtais seo breathnú ar ról na teanga i gcruthú córas sóisialta agus smaointe agus dá bharr sin, bainfidh mé úsáid as an téarma ‘idé-eolaíocht teanga’ síos tríd an tráchtas seo.

<sup>33</sup> Seasamh ointeolaíoch is ea an tógachas. Pléann an ointeolaíocht an domhan sóisialta ar dhá bhonn tuisceana dhifriúla: (1) tá an domhan sóisialta neamhspleách ar na rannpháirithe a mhaireann ann (**oibiachtúlacht**). (2) Tá an domhan sóisialta **tógachaíoch**. Is é sin le rá go gcruthaíonn na rannpháirithe feiniméin shóisialta agus an bhrí a bhaineann leo mar thoradh ar an idirghníomhaíocht laistigh den domhan sóisialta (Bryman, 2008: 4/692).



réasún & aeistéitiúlacht) le chéile faoin scáth teorice céanna. Léiríonn seo nádúr déachúil na hidé-eolaíochta teanga.

### 3.3.2 Idé-eolaíocht Teanga/Theangeolaíoch: Ciall Dhéachúil

Ar an gcaoi chéanna, tugann Bucholtz & Hall le fios go mbaineann ciall dhéachúil leis an teanga sa mhéid is go n-éiríonn léi (1) brí thagrach mar aon le (2) brí shóisialta a chur in iúl (Bucholtz & Hall, 2004: 377).

- (1) Brí thagrach – is é sin le rá go dtagraíonn an teanga do réaltacht sheachtrach atá ‘lasmuigh den teanga’ agus go ndéanann an teanga cur síos ar an réaltacht sin. Déanann Kroskirty cur síos inniúil ar an mbrí thagrach: ‘This kind of meaning emphasises the work of language in providing “words for things”’ (2010: 194).
- (2) Brí shóisialta – deir Filmer et al. gur modh tógachaíoch í an teanga trína gcruthaíonn an cine daonna an domhan sóisialta ina mairtear. Fágann sin go bhfuil tualangacht ag an ngníomhaí chun réaltachtaí sóisialta a chruthú agus é ag tarraingt ar chleachtas na hurlabhra (Filmer et al., 2008: 34). Tugann Coleman an ‘innéacsúlacht’ air seo ar an ábhar gurb ionann an urlabhra, dar leis, agus ‘innéacs’ a nochtann bríonna intuigthe maidir le comhthéacs sóisialta agus úsáide na hurlabhra, rud arb ionann é agus an phragmataic<sup>34</sup> (2012: 3). Is é sin le rá, dar le Spotti, go múnlaítear nádúr na hurlabhra agus na bríonna a innéacsann sí faoi réir ag idé-eolaíocht an chainteora. Fágann sin go bhféadfadh bríonna agus marcálaithe sóisialta a bheith buanaithe agus léirithe sa chineál teanga a labhraítear agus i gcomhthéacs a húsáide:

Any bits of language that someone uses carry an ideological load in that, in addition to their referential meaning, they also carry either pragmatic or social meaning (i.e. have ‘indexicality’). In other words, any bits of a language that one uses are potentially subject to evaluation against the standard/norm from others who inhabit the same socialisation space. A poignant example of this indexicalisation process is the evaluation of accents, which can be embedded in people’s discourse on language use (e.g., ‘he speaks like a farmer’ or ‘he surely is from the capital’), and that are drawn on grounds of –

---

<sup>34</sup> Tá an chaoi a seachadtar brí ag brath ar dhá chúinse dhifriúla. (1) Eolas struchtúrtha (gramadach & foclóir). (2) An phragmataic – Foréimse de chuid na teangeolaíochta is ea an phragmataic. Is éard atá i gceist léi ná go mbaintear brí as an urlabhra faoi réir ag comhthéacs a húsáide. Ina theannta sin, cuirtear brí in iúl faoi réir ag réamheolas fúthu siúd a bhfuil baint acu leis an gcomhrá chomh maith le rún intuigthe an chainteora.

often implicit – shared complexities of indexicality within a certain centering institution. For instance, an accent can be evaluated as ‘funny’ because it indexes distance from the authorised standard accent which in turn is an index of prestige and constructs the identity of those performing it as an identity of someone who is ‘well schooled’. Indexicality is therefore the connective cement that links language use to social meanings, and all this is done through institutionally authorised evaluative discourses (Spotti, 2011: 31).

Ciallaíonn seo, dar le Bucholtz agus Hall (2004: 377), gur acmhainn thagrach agus thógachaíoch í an teanga trínar féidir córais bhríonna agus shóisialta a chruthú laistigh de shochaithe daonna. Deir O’Rourke, agus í ag teacht le *habitus* Bourdieu<sup>35</sup>, gur cleachtas atá sa teanga agus gur gá, dá bharr sin, creidimh faoi struchtúr na teanga mar aon le húsáid shóisialta na teanga a scrúdú faoi réir ag idé-eolaíochtaí teanga na gcainteoirí. Fágann sin, dar le O’Rourke (2011: 5), gurb ann don fheidhm thagrach agus don fheidhm thógachaíoch go comhuaineach.

### 3.3.3 Cur agus cúiteamh: tagrach nó tógachaíoch?

Mar sin féin, ní miste a rá, a deir Bucholtz & Hall (2004: 377), gurb ann do theangeolaithe, ar nós Leonard Bloomfield (1944), atá dall ar thaobh sóisialta na teanga mar aon lena tualangacht thógachaíoch. Tuairim choitianta ab ea í seo, dar le Kroskrity (2000: 6), a bhí i réim i measc antraipeolaithe cultúrtha freisin agus é ag trácht go sonrath ar Franz Boas (1911). Faoina réir sin, creideadh gur struchtúr agus gur córas teibí rialacha a bhí sa teanga, rud a d’fhág nach raibh aon rian den ghníomhúchán daonna (comhfhiosacht & feasacht) le sonrú ar an struchtúr ná ar an úsáid a bhaineann neacha daonna as an teanga (Kroskrity, 2010: 2):

[...] the linguistic ‘awareness’ of speakers and the (nonreferential) functions of language [...] were prematurely marginalized by the dominant and disciplinarily institutionalized approaches to language, which denied the relevance – to linguistics, certainly – of a speaker’s own linguistic analysis and valorized the referential functions of language to the exclusion of others. In effect, this surgical removal of language from context produced an amputated ‘language’ that was the preferred object of the language sciences for most of the twentieth century (Kroskrity, 2000: 5).

---

<sup>35</sup> Deir Bourdieu gur cleachtas (‘practice’) atá i dteanga agus measann sé gurb ionann í agus gnáthghníomhaíocht shóisialta athchleachtach. Ní dhéanann sé aon idirdhealú idir cleachtas teangeolaíoch ar lámh amháin agus gníomhaíochtaí sóisialta eile ar an lámh eile (Bourdieu, 1977). Gnáthchleachtas rialta agus sóisialta is ea teanga agus múnlaíonn an teanga, mar aon le cleachtas shóisialta eile, gnáthghníomhartha an rannpháirtí sa domhan sóisialta. Tugann Bourdieu *habitus* air seo.

Deir Duranti (2004: 452) go dtagann an tuairim seo leis an bparaidím a bhunaigh Noam Chomsky (1977) ag tús na seascaidí faoinar áitigh sé go láidir ar son idirdhealú a bheith idir an teoiric shóisialta agus an teoiric theangeolaíoch. Mar gheall air sin, áitíonn Woolard (1998: 10) gur ceapadh tráth go raibh na hidé-eolaíochtaí teanga ina ndris chosáin a bhí ag díláithriú fócais ón ‘bhfíorfhaisnéis’ theangeolaíoch:

[...] linguistics has generally considered speakers’ reflections on linguistic structure and use to be uninformative and unreliable [...] (Briggs, 1998: 230).


Áitíonn Kroskirty gur tháinig deireadh leis an bhfaillí scolártha a rinneadh ar idé-eolaíochtaí teanga agus ar an bhfeasacht a mhúsclaíonn siad le foilsiú shaothar Silverstein i 1979, áit a dtugtar cothrom na Féinne d’inniúlacht na teanga mar ghléas tagrach ar láimh amháin agus mar ghléas trína gcruthaítear córais shóisialta agus bhrí ar an láimh eile (Kroskirty, 2010: 2). Is ionann seo agus a rá go mbaineann déachas le ciall na teanga, mar a mhíníonn Silverstein:

[...] it has become clear that people not only speak about, or refer to, the world ‘out there’ – outside of language – they also presuppose (or reflect) and create (or fashion) a good deal of social reality by the very activity of using language (1979: 194).

Dá bharr sin, is é cumas na teanga, mar chomhartha teangeolaíoch, tagairt a dhéanamh don eispéireas sóisialta ‘lasmuigh den teanga’ is cúis le hinnéacs bríonna úrnua a chruthú chun an teanga a léirmhíniú sa domhan sóisialta. Tagann sé seo le Hill:

[...] the linguistic sign [...] is absolutely crucial because it triggers all the meaning-creating activity in communication (2008: 33).

Cruthaíonn seo córas mapála ar a nasctar an teanga (‘an láthair’) le nóisin, le siombailí agus le híocóin ‘lasmuigh den teanga’ (‘na tagráin’) (féach Figiúr 3-1).



**Figiúr 3-1: Córas mapála a léiríonn nádúr tagrach & tógachaíoch na teanga**

Músclaíonn an nasc tagartha seo idir an 'láthair' agus 'na tagráin' bríonna úrnua i gcomhfhios an duine faoina samhlófaí an teanga feasta. Léiríonn seo go bhfuil brí thagrach agus brí thógachaíoch na teanga fite fuaite lena chéile.

Is í téis cheannródaíoch Silverstein (1979) go bhfuil sé ar a chumas ag an gcainteoir feasach, comhfhiosach tionchar a imirt ar struchtúr agus ar úsáid shóisialta na teanga. Is gá, mar sin, breathnú ar na bealaí a dtéann comhfhiosacht agus feasacht an chainteora i bhfeidhm ar thualangacht na hurlabhra chun brí chruthaithe a sheachadadh san idirghníomhaíocht shóisialta.

### **3.3.4 Gníomhúchán**

Is éard is gníomhúchán ann ná go bhfuil cead a chinn ag an rannpháirtí é féin a chur i láthair sa domhan sóisialta. Fágann sin go bhfuil an tualangacht aige, agus é ag tarraingt ar chleachtas na hurlabhra san idirghníomhaíocht shóisialta, chun a rian a fhágáil ar an domhan sóisialta.

Ach an oiread le hidé-eolaíochtaí teanga, imríonn gníomhúchan tionchar ar thaobh sóisialta na teanga mar aon lena taobh aeistéitiúil. Dá bharr sin, tá dhá mhodh chodarsnacha smaointeoireachta ann, ar a dtugtar struchtúrachas agus iarstruchtúrachas, a mhíníonn bunús sóisialta an ghníomhúcháin mar aon lena bhunús aeistéitiúil agus struchtúrtha.

### **3.3.4.1 *Struchtúrachas***

Bíonn an struchtúrachas ag plé leis an ról a imríonn an teanga i múnú an tsaoil shóisialta. Chuige sin, ceaptar go gcruthaítear an ‘tsuibachtúlacht’ mar thoradh ar fhostruchtúir a luíonn go domhain faoin réaltacht shóisialta (Filmer et al., 2008: 41) agus nach bhféadfadh neacha daonna smacht a imirt ar na struchtúir sin nó iad a thuiscint ach an oiread (Duranti, 2004: 452). Deir Filmer et al. go mbaineann sé seo le cinnteachas. Is é sin le rá nach bhfuil sé ar chumas na rannpháirtithe sóisialta a ngníomhartha féin a dhéanamh beag beann ar thionchar na sochaí nó na struchtúr atá fúithi (2008: 35). Dá bharr sin, samhlaítear an gníomhaí, a deir Haugaard, a bheith ina thoradh ar an ord sóisialta, rud a fhágann go mbreathnaítear ar struchtúir shóisialta mar rud atá go hiomlán neamhspleách ar an ngníomhúchán sóisialta (2002: 146-147).

Tháinig athrú ar an smaointeoireacht seo ó dheireadh na seascaidí i leith mar thoradh ar shuaitheadh sóisialta na tréimhse sin mar aon leis na gluaiseachtaí um chearta sibhialta san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe ach go háirithe (Filmer et al., 2008: 42). Thosaigh caint ar an iarstruchtúrachas dá bharr sin.

### **3.3.4.2 *Iarstruchtúrachas***

Spreag tréimhse chorráitheach na seascaidí suim i lucht an léinn athbhreithniú a dhéanamh ar cheist na struchtúr sóisialta féachaint cén bhaint a bhí acu leis na hathruithe sóisialta a bhí faoi lán seoil in iarthar an domhain um an dtaca sin (Ahearn, 2001: 110). Ag eascairt as an bpróiseas sin, múnlaíodh an meon iarstruchtúraíoch agus deir Filmer et al. gur athraíodh tuiscintí maidir le cumhacht, cultúr agus polaitíocht faoina anáil (2008: 42). Faoin iarstruchtúrachas, mar sin, deirtear gurb í réasúnaíocht an ghníomhúcháin ná go n-aithnítear ról na rannpháirtithe sóisialta i gcruthú agus i dtáirgeadh córas sóisialta agus smaointe. Ceaptar, ina measc siúd a thagann faoi anáil an iarstruchtúrachais, go bhfuil an saol sóisialta éagsúil, casta agus guagach agus nach féidir, dá bharr sin, staidéar a dhéanamh air bunaithe ar fhostruchtúir dhochta amháin. Ciallaíonn sin, dar le Haugaard, gurb iad neacha daonna a chruthaíonn an tsochaí (2002: 146), rud a thagann go deimhin leis an tógachas.

Bíodh sin mar atá, ní féidir idirdhealú glan a dhéanamh idir ‘struchtúir’ ar láimh amháin agus ‘táirgeacht’ ar an láimh eile, mar a mhíníonn Haugaard:

Structures exist through meaning. The particularity of an ordered act, and hence its structuredness, is derived from its meaning. This meaning is singular to the act but simultaneously systemic, by virtue of the fact that meaning is relational. [...] the meaning of words is not derived by a direct relationship between the word and the thing or idea which the word denotes (the signifier does not derive its meaning from the signified), but, rather, from the systemic context of other words from which it differs (2002: 147).

Ciallaíonn sé seo ar fad go mbaineann déachas leis an ngníomhúchán, déachas a chuimsíonn struchtúr ar láimh amháin agus táirgeacht bríonna (innéacsúlacht) ar an láimh eile. Tugann Giddens (1984) ‘structuration’<sup>36</sup> ar an bpróiseas seo ina gcónasctar ‘struchtúr’ agus ‘táirgeacht.’ Léiríonn seo déachas an ghníomhúcháin dar le Haugaard (2002: 146).

### **3.3.4.3 Déachas an Ghníomhúcháin: ‘Structuration’**

Mar gheall ar chur agus cúiteamh idir teoiriceoirí sóisialta iarstruchtúraíocha ar láimh amháin agus teoiriceoirí teangeolaíochta struchtúraíocha ar an láimh eile, áitíonn Duranti go bhfuil sé an-dúshlánach teacht ar shainmhíniú beacht ar an ngníomhúchán. Déanann sé iarracht an dá thrá a fhreastal sa sainmhíniú thíos áfach:

Agency is here understood as the property of those entities (i) that have some degree of control over their own behaviour, (ii) whose actions in the world affect other entities’ (and sometimes their own), and (iii) whose actions are the object of evaluation (e.g. in terms of their responsibility for a given outcome) (Duranti, 2004: 453).

Tá sainmhíniú Duranti roinnte ina thrí chuid. (i) Ar an gcéad dul síos, deirtear go mbaineann gníomhúchán le ‘cead a gcinn’ a bheith ag aonáin maidir lena n-íompraíocht féin. Ar an dara dul síos, mínítear gur aonáin iad gníomhaithe sóisialta a bhfuil sé ar a gcumas a rian a fhágáil ar an ngrúpa sóisialta lena mbaineann siad chomh maith le grúpaí eile. Léiríonn seo go mbíonn toradh comhchoibhneasta ag gníomhartha sóisialta ar an domhan sóisialta agus gur gá dul i ngleic le toradh na ngníomhartha sin d’fhonn feidhmiú an ghníomhúcháin a mheasúnú ar bhonn aisfhillteach (Duranti, 2004: 454).

Faoina réir sin, míníonn Kroskirty gurb éard is ciall le gníomhúchán, dar leis, ‘an awareness leading to the transformation of selves and systems’ (2009: 192). Ar an ábhar sin, d’fhéadfadh gníomhartha agus cleachtais an duine i gcomhthéacs idirghníomhach agus sóisialta na hurlabhra (1) atáirgeacht a dhéanamh ar struchtúir

---

<sup>36</sup> Ní ann do leagan Gaeilge den fhocal seo.

shóisialta mar aon le (2) claochlú sóisialta (táirgeacht) a chur ar siúl, dar le Kroskirty.

- (1) Is éard is ciall leis an atáirgeacht ar struchtúir shóisialta ná go bhféadfadh an gníomhaí, agus é ag caint, idé-eolaíochtaí reatha a dhearbhu in athuir. Bheadh sé seo bunaithe ar an gcomhfhios praiticiúil, comhfhios a bhaineann le heolas intuigthe faoin domhan sóisialta, mar a mhíníonn Haugaard:

Practical consciousness is a knowledge of everyday social practices which actors carry in their heads as tacit knowledge [...] In interaction there is a complex set of procedures which we all follow without asking ourselves what exactly it means for us to behave as we do. Practical consciousness consists of the taken-for-granted knowledge which enables us to 'go on' in everyday social life (1997: 103).

Léiriú is ea é seo, dar le Duranti, go dtugann úsáid na teanga nó cleachtas na hurlabhra le fios go bhfuil 'tualangacht' ag an ngníomhaí a spriocanna cumarsáide féin a chur ina luí ar dhaoine eile le go bhféadfaí cumhacht agus tionchar a imirt orthu.

Bíodh is go bhfuil na gníomhaithe seo ag tarraingt ar an gcomhfhios praiticiúil, ní hionann sin agus a rá go bhfuil siad neamh-mhachnamhach ná ag gníomhú faoi anáil ag struchtúir shóisialta amháin. Deir Haugaard gur gníomhaithe iad atá 'cumasaithe' mar gheall ar an gcomhfhios praiticiúil:

They are purposive agents realizing projects which have been reflectively thought out and are actualized through the tacit knowledge which enables them to 'go on' in a practical and socially competent manner (Haugaard, 2002: 148).

Acmhainn dhaonna, chultúrtha agus thógachaíoch atá sa teanga ar féidir léi cur le feidhmiú an ghníomhúcháin ('performative function'). Fágann seo go bhfuil an tualangacht mar aon leis an gcumas ag an ngníomhaí an teanga a úsáid chun claochlú sóisialta a chur ar siúl.

- (2) Maidir leis an gclaochlú sóisialta, feidhmíonn an gníomhaí mar nuálaí a n-éiríonn leis, trí chleachtas na hurlabhra, dioscúrsa úrnua a chruthú trí luachanna agus idéil úrnua a sheasann don teanga a tháirgeadh ('innéacsúlacht'). Baineann sé seo le feiniméan a dtugann Giddens (1984) an 'comhfhios dioscúrsach' air (Haugaard, 2002: 148). Ciallaíonn sin go bhfuil sé ar chumas an ngníomhaí, mar gheall ar an saineolas atá aige, an friotal cuí

a úsáid chun eolas ar leith a chur i láthair agus a chraobhscaoileadh (Kroskrity, 2009: 208). Ciallaíonn sin gur gníomh agus cleachtas teangeolaíochta í an urlabhra a chumasaíonn an gníomhaí dul i gcion ar dhaoine agus ar institiúidí eile sa domhan sóisialta.

Ar an ábhar sin, má tá saineolas ag an ngníomhaí ar chleachtais ar leith a mbaineann gradam leo i sainréimsí den saol (oideachas, leigheas, teangacha, dlí & seirbhísí airgeadais mar shampla), cumasaíonn na cleachtais sin é dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí sin. Fágann sin go bhfuil sé ar chumas an ghníomhaí ról bainistíochta a bhaint amach agus, dá réir sin, chun páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta (Gal, 1998: 320).

#### **3.3.4.4 Anailís**

Deir Ahearn (2001: 118), dá réir sin, gurb ionann gníomhúchán agus cumas gnímh an duine. Cumasaítear na gníomhaithe sóisialta, chun dul i gcion ar dhaoine agus ar institiúidí eile sa saol, faoi réir ag an gcomhfhiós praiticiúil (struchtúr) agus faoi réir ag an gcomhfhiós dioscúrsach (táirgeacht) araon. Próiseas is ea é seo ar a dtugtar ‘structuration’ agus is é an gníomhúchán an toradh atá air.

Is léir go nuige seo, mar thoradh ar an anailís atá déanta agam ar an idé-eolaíocht teanga, gur acmhainn thógachaíoch í an teanga. Ina theannta sin, is léir go bhfuil ‘gníomhúchán’ ag neacha daonna agus an teanga á húsáid acu chun córais shóisialta a chruthú agus dá bharr sin chun claoclú sóisialta a chur ar siúl.

### **3.4 Idé-eolaíochtaí teanga: cruthú córas sóisialta & smaointe**

Sa rannóg seo, is mian liom cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas táirgeachta faoina gcruthaíonn gníomhaithe, ar baill de ghluaiseachtaí iad, córais shóisialta agus bhríonna faoi réir ag a n-idé-eolaíochtaí teanga.

Deir Milroy (2000: 64) gur fráma cognaíoch agus comhroinnte í an idé-eolaíocht teanga a dtéitear ina muinín le gur féidir ciall a bhaint as an saol sóisialta. Cuimsíonn an idé-eolaíocht, a deir sé, na coincheapa cultúrtha a shealbhaíonn grúpaí sóisialta i dtaobh na teanga (Milroy, 2000: 64). Coincheapa is ea iad seo a d’fhéadfadh a bheith claonta agus conspóideach – is é sin le rá go bhféadfaí iad a cheistiú. Múnlaítear na nóisin sin mar thoradh ar an eispéireas sóisialta agus ceanglaítear le leasanna polaitíochta agus geilleagracha iad dá réir (Kroskrity, 2010: 195).



Dá bharr sin, áitíonn Ó Croidheáin (2006: 29) go mbaineann gné pholaitiúil le teangacha agus go mbaineann grúpaí agus aicmí éagsúla úsáid as an ngné pholaitiúil sin chun a riachtanais shóisialta, gheilleagracha, pholaitíochta agus chultúrtha a chur chun cinn sa tsochaí ina bhfuil siad ag maireachtáil. Deir Gal (1998: 317) go mbíonn impleachtaí polaitíochta ag rogha teanga an chainteora sa saol sóisialta ina maireann sé. Tugann an rogha sin dílseacht pholaitíochta agus fhéiniúlachta an chainteora le fios. Léiríonn an méid sin gur comhéadan í an idé-eolaíocht teanga ar a bpóstar ceist na teanga le réimsí ilchineálacha eile den saol sóisialta, mar atá: moráltacht, mothúcháin, aeistéitiúlacht, eipistéimeolaíocht, féiniúlacht, náisiúntacht, forbairt agus traidisiún (Gal, 1998: 324). Ciallaíonn sé sin gurb í an teanga ‘an láthair’ shóisialta agus dhioscúrsach ar a bhféadfadh grúpaí sóisialta a dtuairimí a chur in iúl faoin bhféiniúlacht, faoin náisiúntacht, faoin traidisiún agus faoin aeistéitiúlacht (Kroskrity, 2010: 195).

### 3.4.1 An láthair

Dá réir sin, is í an teanga, dar le Collins, an láthair shóisialta ar a dtáirgtear idé-eolaíochtaí agus ar a bpléitear nóisin chodarsnacha fúthu go hidirghníomhach (1998: 256). Fágann sin, a deir Ochs, go ndéantar ‘sóisialú’ agus ‘claochlú’ ar idé-eolaíochtaí trí chleachtas na hurlabhra (1992: 336). Ina theannta sin, is í an teanga an gléas innéacsach a úsáidtear chun leasanna an ghrúpa a chosaint agus a dhlisteanú (Kroskrity, 2010: 195):


Language ideologies are ultimately always about indexicality; they are cultural struggles over who and what is indexed by a language (Peterson, 2010: 2).

Is ionann sin agus a rá nach bhfuil idé-eolaíochtaí teanga teoranta do cheisteanna a bhaineann leis an teanga amháin (O’Rourke, 2011: 6). Míníonn Kroskrity, dá bharr sin, gur droichead í an idé-eolaíocht teanga a nascann eispéireas soch-chultúrtha an chainteora leis an teanga:

Language users’ ideologies bridge their sociocultural experience and their linguistic and discursive resources by constituting those linguistic and discursive forms as indexically tied to features of their sociocultural experience (Kroskrity, 2010: 200).

Léiríonn seo a dhoimhne is atá ciall shóisialta na teanga sa chaoi a bhféadfadh an urlabhra tagairt a dhéanamh do ghnéithe eile den saol sóisialta ‘lasmuigh den teanga’ – coimhlintí polaitíochta, náisiúntachta nó reiligiúin (Samy, 2012; Gal, 1998: 324).

Áitíonn Gal go dtugann sé dlisteanas do ghluaiseachtaí sóisialta dá bhféadfaidís feiniméan na teanga a nascadh le hargóintí tábhachtacha cultúrtha a bhaineann le polaitíocht, féiniúlacht, moráltacht agus mar sin de (Gal, 1998: 324). Cabhraíonn sé seo, dar le Bucholtz & Hall (2004: 379), le grúpaí sóisialta chun cumhacht a bhaint amach agus chun dul i gcion ar dhaoine trí bhrí shochpholaitiúil, agus dlisteanas dá réir, a chruthú dá ndearcthaí agus dá nóisin i leith na teanga (féach Figiúr 3-2).



**Figiúr 3-2: Innéacsúlacht – an córas mapála chun dioscúrsa a chruthú**

Cruthaítear an bhrí shochpholaitiúil sin trí dhul i muinín dioscúrsa.

### 3.4.2 Dioscúrsa

Deir Hill go n-athghintear agus go scaiptear idé-eolaíochtaí teanga trí chruthú dioscúrsaí (2008: 32). Áitíonn Briggs gur 'collaborative construction' ar sheasamh idé-eolaíoch is ea dioscúrsa (1998: 230). Léiríonn seo, a deir Bryman, go bhfuil an dioscúrsa tógachaíoch agus gur comhdhéanamh é de na leaganacha éagsúla den réaltacht a cheapann agus a chruthaíonn na rannpháirtithe sa domhan sóisialta ina bhfuil siad (Bryman, 2008: 499).

Comhdhéanamh is ea an dioscúrsa de na híocóin, de na nóisin agus de na comharthaí iolracha a dtagraítear dóibh chun an teanga nó chun grúpa sóisialta a léirmhíniú. Ina

theannta sin, tá dioscúrsa comhdhéanta de na tréithe idé-eolaíochta a scriostar ar mhaithe le hidé-eolaíocht faoi leith a chur chun cinn. Cruthaítear dioscúrsa ar mhaithe le leas an duine nó ar mhaithe leas an ghrúpa, mar a mhíníonn Hill:

People acquire ideologies of language because these make their world more coherent and comprehensible, but also because these beliefs promote their access to important resources, both economic and symbolic, within that world, and promote their sense of privilege and well-being (2008: 34).

Ar an ábhar sin, baineann feidhm le dioscúrsa chun brí chruthaithe agus innéacsach, bíodh sé follasach nó intuigthe, a chur chun cinn (Bryman, 2008: 500). Ciallaíonn sin, a deir Briggs, nach gléas simplí, neodrach é dioscúrsa chun brí a chur in iúl. Fágann sin go n-úsáidtear dioscúrsa chun cumhacht a bhaint amach agus dá réir sin chun rochtain a fháil ar acmhainní eacnamaíocha agus siombalacha (1998: 235), mar a mhíníonn Kroskrity:

[...] language ideologies represent the perception of language and discourse that is constructed in the interest of a specific social or cultural group. A member's notions of what is 'true', 'morally good', or 'aesthetically pleasing' about language and discourse are grounded in social experience and often demonstrably tied to political-economic interests. These notions often underlie attempts to use language as the site at which to promote, protect, and legitimate those interests (2010: 195).

Múnlaíonn agus srianann idé-eolaíochtaí teanga an dioscúrsa a chruthaítear i leith na teanga. Ina theannta sin, múnlaíonn agus srianann idé-eolaíochtaí teanga táirgeacht idé-eolaíochtaí eile, dar le Hill (idé-eolaíochtaí i leith na náisiúntachta agus na féiniúlachta i gcás an tráchtais seo) (2008: 33). Áitíonn Kroskrity, dá réir, gur acmhainn chultúrtha í an idé-eolaíocht teanga a bhfuil sé ar a cumas iliomad féiniúlachtaí a chruthú agus a scriosadh (2010: 205). Cruthaítear na bríonna sin, a chomhdhéanann an dioscúrsa, trí dhul i muinín na séimeolaíochta, mar a deir Gal:

[...] because they [language ideologies] participate in the semiotic processes through which ideas become naturalized, essentialized, universalized, or commonsensical, ideas about language are implicated in the process by which *any* cultural ideas gain the discursive authority to become dominant (Gal, 1998: 322). (béim sa bhunleagan).

Pléifidh mé na próisis shéimeolaíocha sin anois.

### 3.4.2.1 Íocónú (*Iconization*)

Ach an oiread leis an innéacsú, déanann an t-íocónú nasc idir comhartha teangeolaíochta ar láimh amháin agus tagrán sóisialta ar an láimh eile. Modh

cumarsáide is ea an t-íocónú trína gcruthófaí nasc innéacsach agus comharthaíochta idir an teanga agus grúpa nó aicme daoine, mar a deir Irvine & Gal:

Linguistic features that index social groups or activities appear to be iconic representations of them, as if a linguistic feature somehow depicted or displayed a social group's inherent nature or essence (2000: 37).

Faoin íocónú mar sin, mapáiltear an teanga ar léiriúcháin íocónaíocha lasmuigh di. Déantar é sin, a deir Kroskrity, chun caidreamh comharthaíochta agus suaitheantais a chruthú idir an teanga agus aicme daoine:

I think of iconization as the creation of emblematic relations between a language and a group of speakers or a population of some sort (cumarsáid phearsanta, 2012).

Is é an toradh ar phróiseas na mapála go gcruthaítear bríonna a sheasann do nádúr agus d'fhéiniúlacht ghrúpaí sóisialta agus dá bharr sin a dhéanann saobhadh, bíodh sé diúltach nó dearfach, ar thuiscintí an phobail i leith na ngrúpaí sin sa tsochaí, mar a deir Spitulnik:

[...] a language can stand, in a complex symbolic and indexical sense, for a group (1998: 166).

Sa chás seo, cuirtear in iúl ar bhonn siombalach gurb í an teanga an t-aon tsaintréith féiniúlachta a bhaineann le grúpa sóisialta ar leith. Claonann seo an t-iolrachas is dual do ghrúpaí sóisialta agus déanann sé saobhadh, dá réir sin, ar thuiscintí an phobail i leith na ngrúpaí sin freisin. Léiríonn an t-íocónú, dar le Kulick (1998: 99), gur féidir féiniúlacht chruthaithe agus shaofa a tháirgeadh do ghrúpa sóisialta eile bunaithe ar chleachtais theangeolaíochta an ghrúpa sin (an Ghaeilge a labhairt, cuirim i gcás). Cruthaíonn sé seo íomhá aonchineálach, shimplithe, antoisceach agus steiréiticipiciúil de chainteoirí na teanga sin ('aicme daoine') (Kulick, 1998: 94).

Agus grúpaí sóisialta ag tarraingt ar an íocónú mar ghléas táirgeachta siombalaí, déantar luacháil agus measúnú ar fhiúntas na teanga agus dá réir sin, déantar luacháil (agus díluacháil) ar fhiúntas an ghrúpa shóisialta lena mbaineann an teanga sin. Spreagann sé seo, dar le Spitulnik:

[...] the creation of cultural stereotypes about types of speakers and social groups (1998: 164).

Nuair a bhíonn gluaiseachtaí sóisialta difriúla ag gníomhú sa chomhthéacs sóisialta agus polaitiúil céanna, d'fhéadfadh, dá bharr sin, go dtarraingeofaí ar na hacmhainní

dioscúrsacha agus séimeolaíocha céanna chun iad féin a chur i láthair. Léiríonn sin gné na ‘haisfhillteachta’ a bhaineann le próiseas na táirgeachta siombalaí.

### 3.4.2.2 Aisfhillteacht (*Recursivity*)

Is éard is aisfhillteacht ann go bhféadfadh na patrúin dhioscúrsacha chéanna teacht chun solais in urlabhra na mball i gcomhthéacs inmheánach an ghrúpa agus sa chomhthéacs idirghrúpa araon. Is tráthúil tarraingt ar an ‘aisfhillteacht’ i gcás an tráchtais seo féachaint an ann do phatrún cosúlachtaí, coimhlintí agus bearnaí sna dioscúrsaí éagsúla a chruthaigh Conradh na Gaeilge agus an LFM araon. Aithnítear na coimhlintí agus na cosúlachtaí sin trí staidéar a dhéanamh ar na dioscúrsaí a nochtann grúpaí sóisialta difriúla (féach 4.5.1).

#### - Coimhlintí á n-aithint

I gcás na haisfhillteachta mar sin, d’fhéadfadh na coimhlintí idir dhá ghrúpa shóisialta a bheith léirithe sa chomhthéacs inghrúpa freisin. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh na coimhlintí aistriú ó leibhéal amháin sóisialta go dtí leibhéal eile. Is ionann sin agus a rá go bhféadfadh na coimhlintí athshuíomh nó aisfhillleadh ón leibhéal idirghrúpa go dtí leibhéal inmheánach an ghrúpa. D’fhéadfadh a mhalairt tarlú freisin:

Thus the dichotomizing and partitioning process that was involved in some understood opposition (between groups or linguistic varieties, for example) recurs at other levels, creating subcategories on each side of a contrast or supercategories that include both sides but oppose them to something else (Irvine & Gal, 2000: 38).

Mar sin, feidhmíonn an aisfhillteacht ar iliomad leibhéal agus cuireann sí le cruthú féiniúlachta an ghrúpa shóisialta. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé an grúpa a scaradh óna chéile nó foghrúpaí a chruthú laistigh den ghrúpa. Cruthaítear idirdhealuithe, éagsúlachtaí agus deighiltí idir grúpaí agus laistigh de ghrúpaí mar thoradh ar an bpróiseas seo (Andronis, 2004: 264).

#### - Cosúlachtaí á n-aithint

Ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfadh na cosúlachtaí a thagann chun solais sa chomhthéacs inghrúpa ‘aisfhillleadh’ ón leibhéal sin agus teacht aníos sa chomhthéacs idirghrúpa. Sa chás sin, bíonn ‘forluí dioscúrsach’ idir dhá ghrúpa dhifriúla, rud a chiallaíonn go bhfuiltear ag tarraingt ar an dioscúrsa céanna neamhspleách ar a chéile chun idé-eolaíochtaí difriúla teanga a chraobhscaoileadh.

Deir Field agus Kroskrity (2009: 6), dá bharr sin, go léiríonn na deighiltí mar aon leis na cosúlachtaí inghrúpa agus idirghrúpa gur coincheap iolrach atá san idé-eolaíocht teanga. Tugann sé sin le fios go bhfuil éagsúlacht rannpháirtithe – ar bhonn aicme, inscne, scothaicme agus glúine – laistigh de ghrúpaí soch-chultúrtha, mar atá an Conradh agus an LFM i gcás an tráchtais seo. Cothaíonn an éagsúlacht sin peirspictíochtaí éagsúla agus freasúracha laistigh de bhallraíocht na ngrúpaí agus i measc grúpaí difriúla freisin (Field & Kroskrity, 2009: 6). Fágann sin, a deir Field agus Kroskrity (2009: 7), go mbíonn idé-eolaíochtaí teanga ilchineálach, ilghnéitheach, casta agus conspóideach agus go dtagann siad salach ar a chéile go minic. Léiríonn seo nach ann don aonfhoirmeacht idé-eolaíoch laistigh de ghrúpaí sóisialta, mar a deir Kroskrity:

[...] language ideologies are profitably conceived as multiple because of the plurality of meaningful social divisions (class, gender, clan, elites, generations, and so on) within sociocultural groups that have the potential to produce divergent perspectives expressed as indices of group membership. Language ideologies are thus grounded in social experience which is never uniformly distributed throughout polities of any scale (Kroskrity, 2010: 197).

#### **3.4.2.3 Scriosadh Idé-eolaíochta (*erasure*)**

Is éard atá i gceist le ‘scriosadh,’ dar le Irvine & Gal (2000: 38), ná an próiseas ina ndéanann an idé-eolaíocht beag is fiú de dhaoine agus de ghníomhartha faoi leith a thagann salach uirthi. Struchtúr léirmhínteach atá san idé-eolaíocht teanga, dar leo, rud a chiallaíonn go ndéantar scriosadh agus saobhadh ar fhíricí a thagann salach ar an struchtúr léirmhínteach sin (2000: 38). Baintear úsáid as dioscúrsa, mar sin, chun idé-eolaíochtaí iomaíocha a scriosadh (Briggs, 1998: 230) (féach 4.5.1).

### **3.5 Conclúid: Frámaíocht Léirmhínteach an Staidéir seo**

Ba í aidhm na caibidle seo fráma teoirice an tráchtais seo a leagan amach. Chuige sin, ba mhian liom peirspictíochtaí ábhartha de chuid na nua-ghluaiseachtaí sóisialta mar aon leis an idé-eolaíocht teanga a chomhtháthú faoin scáth léirmhínteach céanna. Ní mór saintréithe den náisiúnachas, a phléigh mé i gCaibidil a Dó, a chur san áireamh freisin. Beidh an fhrámaíocht sin ina gléas déaduchtach agam agus an fhaisnéis eimpíreach á scrúdú agus á tástáil agam i gCaibidlí a Cúig agus a Sé faoi seach.

Ní foláir frámaíocht léirmhínteach chros-síolrach a dhearadh i gcás an tráchtais seo a mhíneodh na rudaí seo a leanas:

- spreagthaí sóisialta agus polaitíochta an tslógaidh i gcás Chonradh na Gaeilge agus an LFM.
- na caidrimh idirghníomhacha laistigh den dá ghluaiseacht agus idir an dá ghluaiseacht.
- an úsáid a bhain an dá ghluaiseacht as an urlabhra mar ghléas siombalach chun bríonna iomaíocha a chruthú.
- an chaoi a raibh an dá ghluaiseacht ina ‘nuálaithe siombalacha agus morálta’ ar mhian leo dioscúrsaí saofa a chruthú chun ról na teanga i saol an náisiúin a mhíniú.

Tar éis dom léargas a thabhairt sa chaibidil seo ar shainréithe na hidé-eolaíochta teanga, ní léir dom go n-éiríonn léi cur síos cuimsitheach agus iomlán a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le ‘caidrimh shóisialta’ agus leis an ‘idirghníomhaíocht’ laistigh d’eagraíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Chun dul i ngleic leis an mbearna sin sa litríocht, is gá, dar liom, teoiricí na hidé-eolaíochta teanga a leathnú amach ar bhealach a chuireadh na gluaiseachtaí sóisialta. Mar gheall ar theoiric na ngluaiseachtaí sóisialta, is féidir léamh níos leithne agus níos saibhre a dhéanamh ar an dá ghluaiseacht ná mar a cheadódh coincheap na hidé-eolaíochta teanga amháin.

Is iad seo thíos na patrúin is rialta agus is mó tábhacht don tráchtas seo a d’aithin mé agus an chaibidil seo á scríobh:

- Is é 1965-74 an tréimhse atá faoi scrúdú sa tráchtas seo. Ciallaíonn sin go bhféadfaí gníomhartha an dá eagraíocht a shuíomh sa chomhthéacs idirnáisiúnta nuair a bhí an tsochaí iarthionsclaíoch ag teacht chun cinn, tráth ar tháinig borradh faoin gceistiúchán i leith na bhféiniúlachtaí traidisiúnta sa saol (an teanga i gcás an tráchtais seo).
- Gléas fóna atá san idé-eolaíocht teanga, dar liom, trínar féidir teoiric na ngluaiseachtaí sóisialta a chúngú isteach d’fhonn eispéireas suibichtúil, sóisialta agus cultúrtha na mball i leith na teanga a phlé.
- Baineann na nua-ghluaiseachtaí sóisialta le leasanna neamh-ábhartha na meánaicme iarchogaidh ar mian leo iad féin a chur i láthair i dtéarmaí a gcaidreamh sóisialta, i dtéarmaí na saoirse pearsanta, na féinfheasachta agus na féintuisceana araon.

- Sa mhullach air sin, glactar páirt i ngluaiseachtaí mar thoradh ar an réasún ionstraimeach mar aon le creidimh agus braistintí suibiachtúla an ghníomhaí. Múnlaítear na creidimh sin mar gheall ar an sóisialú laistigh den teaghlach agus laistigh den ghrúpa sóisialta lena mbaineann siad (Coleman, 2012: 1).
- Teastaíonn ó na gluaiseachtaí an ‘life-world’ a chosaint ó ionsaí agus ó choilíniú an Stáit. Is mian leo, dá réir sin, rogha phearsanta, neamhspleáchas, cineál saoil agus féin-achtáil an duine aonair a fhuascailt ó thionchar ceannasach an Stáit. Ina theannta sin, is mian leis na gluaiseachtaí teorainneacha an tsaoil phríobháidigh a leathnú amach.
- Tá sé riachtanach go mbeadh struchtúir fhoirmeálta faoi ghluaiseacht le go mbeidh sé ar a cumas modhanna gníomhaithe agus slógaidh a cheapadh.
- Tá na gníomhartha praiticiúla a dhéantar chun cuspóir ar leith a bhaint amach chomh tábhachtach céanna leis an toradh deireanach a bheidh ar na gníomhartha sin.
- Ar lámh amháin, tá idé-eolaíochtaí teanga cognaíoch (bunaithe ar idéanna agus ar chreidimh) agus ar an lámh eile, tá siad mothachtálach (bunaithe ar bhraistintí). Spreagtar iompraíocht agus gníomhúchán nuair a chónasctar an ghné chognaíoch agus an ghné mhothachtálach le chéile.
- Baineann iolrachas le féiniúlachtaí na ngníomhaithe – ar bhonn aicme, inscne, clainne, scothaicme agus glúine – laistigh de ghrúpaí sochchultúrtha. Cothaíonn an éagsúlacht sin peirspictíochtaí éagsúla agus freasúracha laistigh de bhallraíocht na ngrúpaí agus i measc grúpaí sóisialta éagsúla freisin.
- Cruthaítear féiniúlachtaí an ghrúpa mar thoradh ar dhioscúrsaí agus laistigh de dhioscúrsaí araon.
- Frámaíocht léirmhínteach is ea dioscúrsa trína gcruthaítear bríonna i leith na teanga agus trína saobhtar tuiscint an duine i leith na teanga sa domhan sóisialta. Cruthaítear na bríonna sin trí chórais chomharthaíochta shéimeolaíocha a bhunú, rud a chuireann bonn ciallmhar, uilíoch agus eisintiúil faoi idé-eolaíochtaí teanga.
- Faoin idé-eolaíocht teanga agus faoi na gluaiseachtaí sóisialta, is iad na heagraíochtaí a bhfuil smacht acu ar an táirgeacht shiombalach a n-



### Caibidil 3: Gluaiseachtaí & Idé-eolaíochtaí Teanga

éiríonn leo tionchar a imirt sa nua-aoiseacht dhéanach. Chuige sin, éiríonn le gluaiseachtaí, agus iad ag tarraingt ar an íocónú agus ar an innéacsúlacht araon, brí shochpholaitiúil a chruthú don teanga.

- Téann idé-eolaíochtaí teanga i gcion ar dhaoine trí smacht sóisialta a imirt ar ‘various modes of symbolic production’ (Gal, 1998: 321).

Is é príomhthoradh na caibidle seo gur gá dul i ngleic le creidimh, braistintí agus cleachtais shuibiachtúla na mball sa dá ghluaiseacht féachaint cén chaoi ar cruthaíodh dioscúrsaí iomaíocha chun an domhan sóisialta a thuiscint agus a chur in iúl.

Is mithid, dá bharr sin, plé cuimsitheach a dhéanamh ar mhodheolaíocht an tráchtais seo le tuiscint a fháil ar na bealaí is fearr agus is éifeachtaí chun faisnéis shuibiachtúil a bhailiú agus chun an fhaisnéis sin a scrúdú agus a thástáil. Go deimhin, beidh an chreatlach teoriciúil a leag mé amach sa chaibidil seo ina treoir dom agus cás-staidéir á ndéanamh agam ar chleachtais Chonradh na Gaeilge agus an LFM i gCaibidlí a cúig agus a sé faoi seach.

## 4 Caibidil 4 – Modheolaíocht an Tráchtais

### 4.1 Réamhrá

Is mian liom sa chaibidil seo an taobh praiticiúil den taighde seo a leagan amach. Is é sin le rá go bpléifidh mé na huirlisí fiosrúcháin agus anailíse a mbainfidh mé úsáid astu d’fhonn ‘brí shuibíachtúil’ na rannpháirtithe i gConradh na Gaeilge agus san LFM a scrúdú. Tá sé d’aidhm agam freisin buanna agus laincisí na modhanna sin a chíoradh agus a chosaint go criticiúil.

Chuige sin, beidh an chaibidil seo roinnte ina trí chuid. Sa chéad chuid, pléifidh mé bunús coincheapúil an tráchtais seo. Is é sin le rá go ndéanfaidh mé cur síos ar na paraidímí éagsúla faoina bhféadfaí cineálacha difriúla eolais agus faisnéise sa domhan sóisialta a scrúdú. As an bplé sin, roghnóidh mé an patrún smaointeoireachta is feiliúnaí chun ‘an tsuibíachtúlacht’ a phlé i gcás an tráchtais seo. Sa dara cuid den chaibidil seo, cíorfaidh mé na modhanna fiosrúcháin a mbainfidh mé úsáid astu d’fhonn an fhaisnéis eimpíreach a bhailiú. Ar deireadh, déanfaidh mé cur síos cuimsitheach ar na modhanna éagsúla anailíse a mbeidh mé ag tarraingt orthu agus an fhaisnéis eimpíreach sin á scrúdú agus á meas.

### 4.2 Fealsúnachtaí iomaíocha sna hEolaíochtaí Sóisialta

Staidéar ar idé-eolaíochtaí is ea an tráchtas seo go príomha. Fiosróidh mé na bealaí difriúla ar tháirg Conradh na Gaeilge agus an LFM bríonna agus dioscúrsaí iomaíocha chun ‘an Ghaeilge éigeantach’ mar aon leis an náisiúntacht a mhíniú, a thuiscint agus a chur in iúl. Dá bharr sin, déanfaidh an taighde seo fiosrú ar na tréithe agus ar na gnéithe a bhaineann le feiniméin shóisialta (idé-eolaíochtaí teanga, idirghníomhaíocht, táirgeacht shiombalach) (Berg, 2007: 19).

Ciallaíonn sin go mbeidh mé ag dul i muinín modhanna fiosrúcháin agus anailíse de chuid na n-eolaíochtaí sóisialta. Tá sé d’aidhm ag an taighde sna heolaíochtaí sóisialta, a deir Lazar, staidéar a dhéanamh ar na bríonna a chruthaíonn daoine aonair agus grúpaí sóisialta araon chun a ngníomhartha chomh maith leis na hinstiúidí lena mbaintear a léirmhíniú sa domhan sóisialta (2008: 18).

Áitíonn Lazar (2008: 8) go bhfuil trí mhodh smaointeoireachta ann ina bpléitear na fealsúnachtaí iomaíocha sna heolaíochtaí sóisialta mar aon leis an tionchar a imríonn an eolaíocht nádúrtha orthu, mar atá: nádúraithe (*naturalists*), an cur chuige léirmhínteach (*interpretive*) agus lucht athmhuintearais (*reconcilers*).

(1) Tagann taighdeoirí ar a dtugtar ‘nádúraithe’ leis an bhfealsúnacht go mba cheart an taighde sna heolaíochtaí sóisialta a mhúnlú i mbunchoincheapa agus i modhanna na heolaíochta nádúrtha. Bhí Émile Durkheim ar thús cadhnaíochta maidir le cur chun cinn na fealsúnachta seo. Deir sé go bhféadfadh an staidéar ar an saol sóisialta a bheith eolaíoch. An réasúnaíocht atá laistiar den tuairim sin ná gurb ionann an tsocheolaíocht, dar leis, agus staidéar ar ‘fhíricí sóisialta’:

To treat phenomena as things is to treat them as data, and this constitutes the starting point for science (Durkheim, 1982: 69).

Is éard atá i gceist aige ná go mba cheart go mbainfeadh dian-eimpíreachas<sup>37</sup> leis an eolaíocht shóisialta, mar a deir Lazar:

Durkheim contended that to achieve this empirical attitude, it was necessary to eradicate the influence of values and preconceptions and to observe what was there rather than substitute our prior notions for the thing we should be observing (2008: 13).

Tugann Lazar an eipistéimeolaíocht<sup>38</sup> eimpíreach air seo. Is é sin le rá go dtagann eolas agus teoiricí eolaíocha faoin domhan ó bhraistintí eimpíreacha (‘sense-data’) nó ón mbreathnóireacht amháin beag beann ar na réaltachtaí sóisialta a bhaineann le caidrimh dhaonna (Lazar, 2008: 9; Scott & Marshall, 2009: 215).

Tá sé d’aidhm ag an taighde seo staidéar a dhéanamh ar chaidrimh dhaonna idirghníomhacha laistigh den Chonradh agus den LFM araon. Is mar gheall

---

<sup>37</sup> Luí fealsúnach is ea an t-eimpíreachas ina leagtar béim ar an mbreathnóireacht amháin chun eolas daonna a thomhas. Déantar seo beag beann ar an bhfiosrúchán teoirice agus ar an aisfhillteachas (Scott & Marshall, 2009: 214-5).

<sup>38</sup> Baineann eipistéimeolaíocht (teoiric an eolais) le seasamh an taighdeora maidir le céard is eolas inghlachta ann faoin domhan sóisialta. Mar shampla, ar cheart staidéar a dhéanamh ar fhaisnéis shóisialta faoi réir ag an eolaíocht nádúrtha (posaitíbhreachas)? Nó, an úsáidtear frámaíocht léirmhínteach chun staidéar a dhéanamh ar an saol sóisialta (i. gur gá dul i ngleic le brí shuibhiachtúil gníomhartha daonna)? Nó, an mbaintear úsáid as cur chuige na réadúlachta? Is é sin le rá, gurb ann do réaltacht sheachtrach atá neamhspleách ar mhínte an taighdeora ina leith (Bryman, 2008: 14; Scott & Marshall, 2009: 221-2).

air sin nach bhfeileann cur chuige Durkheim an dian-eimpíreachais don staidéar seo.

- (2) Faoin múnla léirmhínteach (*interpretive*), deirtear gurb í aidhm na n-eolaíochtaí sóisialta tuiscint léirmhínteach a fháil ar an mbrí agus ar an gciall shuibiachtúil. Dá bharr sin, cuireann an cur chuige léirmhínteach béim ar an mbrí ('meaningfulness') a bhaineann leis an ngníomhaíocht atá á scrúdú seachas a bheith ag breathnú ar an ngníomhaíocht sin mar 'fhiric' (mar a dhéanfadh Durkheim). Deir Clifford Geertz (1973) go bhfuil uirlis léirmhínteach ag teastáil chun dul i ngleic le brí agus le cultúr. Áitíonn sé, dá bharr sin, nach bhfuil sé ar chumas na heolaíochta nádúrtha staidéar a dhéanamh ar bhrí shuibiachtúil an chultúir idirghníomhaigh (Lazar, 2008: 13). Cáineann Alfred Schütz leithéidí Durkheim toisc nach n-éiríonn leo, dar leis, dul i ngleic le bunghnéithe an domhain shóisialta: an idirshuibiachtúlacht mar aon le caidreamh agus cumarsáid idir daoine sa domhan sóisialta (1970: 6). Deir Schütz gur modh atá sa chur chuige léirmhínteach chun tuiscint a fháil ar réaltachtaí sóisialta. Is é sin le rá tuiscint a fháil ar chúrsaí laistigh den domhan sóisialta agus cultúrtha trí shúile agus trí chaidrimh idirghníomhacha na rannpháirtithe a mhaireann sa domhan sin (1970: 5).

Feictear dom go dtagann an cur chuige léirmhínteach le heipistéimeolaíocht an réasúnachais. Is éard is ciall leis an réasúnachas gur toradh atá san eolas ar éirim intinne an duine trína ndéantar eagrú ar an saol agus trína mbaintear ciall as eispéiris sa domhan sóisialta (Lazar, 2008: 9). Léiriú is ea é seo ar nádúr tógachaíoch an tsaoil shóisialta. Is é sin le rá gurb iad na rannpháirtithe a chruthaíonn feiniméin shóisialta agus an bhrí a bhaineann leo laistigh den domhan sóisialta (Scott & Marshall, 2009: 698).

- (3) Baineann an tríú grúpa le dream ar a dtugtar 'lucht athmhuintearais' (*reconcilers*). Is é Max Weber an duine is mó cáil i measc an ghrúpa seo. D'fhéadfadh an staidéar ar an saol sóisialta a bheith eolaíoch agus leirmhínteach ag an am céanna, dar leis. Maíonn Weber nach leor an léirmhíniú ann féin, agus an bhéim ar an 'mbrí' a bhaineann leis, chun míniú a thabhairt ar fheiniméin shóisialta. Áitíonn Weber (1949) gur gá toradh an léirmhínte (na patrúin rialta a d'eascródh as sraith agallamh) a fhíorú san

eolaíocht (anailís staitistiúil). Ní bheadh i gceist ach hipitéis neamhiontaofa gan tionchar na heolaíochta, dar leis (Lazar, 2008: 14).

Is dóigh liom, mar sin, gurb é an cur chuige léirmhítheach an paraidím mhodheolaíochta is feiliúnaí don tráchtas seo ar an mbonn gur mian liom tuiscint a fháil ar an domhan sóisialta trí iniúchadh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí éagsúla agus suibiachtúla na rannpháirtithe laistigh den domhan sin.

#### **4.2.1 Staidéar léirmhítheach: Cáilíochtúil nó Cainníochtúil?**

Tá sé d'aidhm ag an tráchtas seo iniúchadh a dhéanamh ar fheiniméin shóisialta, mar atá: comhfhiosacht, idé-eolaíochtaí agus suibiachtúlachtaí i leith na teanga. Tá an cur chuige cáilíochtúil léirmhítheach níos feiliúnaí chun dul i ngleic le brí shuibiachtúil na rannpháirtithe i gcás an tráchtais seo i gcomparáid le patrúin staitistiúla an taighde chainníochtúil, mar a áitíonn Lazar:

Broadly speaking, interpretivists tend to favour qualitative rather than quantitative methods. This is because, on the whole, researchers find that people's words provide greater access to their subjective meaning than do statistical trends (2008: 14).

Anois agus é aitheanta agam gur taighde cáilíochtúil léirmhítheach é seo, ní mór plé a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfainn anailís a dhéanamh ar 'fhírinní' suibiachtúla na rannpháirtithe. Spreagann sé sin ceisteanna faoi chumas an taighdeora, gona chuid réamhchlaontaí agus idé-eolaíochtaí féin, scrúdú 'oibiachtúil' a dhéanamh ar chleachtas neach daonna eile.

#### **4.3 An ann don oibiachtúlacht sna heolaíochtaí sóisialta?**

Neacha daonna is ea eolaithe sóisialta a mbaineann saintréithe pearsanta leo: cine, aicme, inscne, reiligiún agus mar sin de. Ciallaíonn sé sin, dar le Lazar, go bhfuil taighdeoirí ar maos i gclaontaí, i luachanna agus i bhfrámaíochtaí cognaíocha éagsúla (2008: 14). Dá bharr sin, cén chaoi a bhféadfadh an taighdeoir idirdhealú a dhéanamh idir a réaltacht féin agus réaltachtaí na rannpháirtithe atá á scrúdú aige?

Deir Durkheim go mbíonn mearbhall ar dhaoine idirdhealú a dhéanamh idir na nóisín/smaointe a mhúnláítear mar thoradh ar an eispéireas sa domhan sóisialta agus 'an réaltacht fhírinciúil' a bhaineann leis an eispéireas céanna, mar a deir sé:

Because these notions are closer to us and more within our mental grasp than the realities to which they correspond, we naturally tend to substitute them for the realities, concentrating our speculations upon them. Instead of a

science which deals with realities, we carry out no more than an ideological analysis (1982: 60).

Tagann sé seo le fealsúnacht ‘nádúraíoch’ Durkheim agus an dian-eimpíreachas a bhí á mholadh aige. Is é sin le rá go mba chóir dul i ngleic le feiniméin amhail is go mba shonraí eolaíocha iad. Molann Durkheim na coincheapa a chruthaítear lasmuigh den eolaíocht (smaointe & luachanna, cuir i gcás) a fhágáil ar lár agus fíricí á bhfiosrú le gur féidir ‘oibiachtúlacht’ a bhaint amach (Lazar, 2008: 15). Bheadh an oibiachtúlacht seo bunaithe ar an mbreathnóireacht amháin, áfach, beag beann ar bhraistintí aisfhillteacha.

Ní thioctadh Weber leis an tuairim seo toisc go mbaineann castachtaí gan srian leis an réaltacht, dar leis. Áitíonn Weber nach bhfuil aon bhealach ann chun údarás agus inniúlacht luachanna, creideamh agus smaointe a mheas agus nach bhféadfaí, dá réir sin, na luachanna sin a chur ar leataobh ar mhaithe le fíricí a fhiosrú. Is é sin le rá nach bhfuil aon chaoi eimpíreach nó réasúnaíoch ann a bhféadfaí luachanna faoi leith a roghnú thar a chéile óir is é nádúr an duine anailís a dhéanamh ar an saol trí bhreogán luachanna an duine. Dearbhaíonn Weber go gcuirtear luachanna an taighdeora chun cinn trí mheán na gcoincheap treoraithe (modheolaíocht & frámaíocht anailíseach) a roghnaítear d’fhonn an taighde a chur i gcrích. Deir sé gur faoin taighdeoir atá sé na fíricí a fhiosrú beag beann ar luachanna agus na coincheapa roghnaithe sin (Lazar, 2008: 16).

Tugtar coibhneasachas (‘relativism’) ar an gcur chuige go mbaineann iolrachas agus ilchineálachas le cultúir. Ciallaíonn sé sin nach ann don réaltacht aonchineálach agus uilíoch laistigh de chultúr faoi leith, mar a deir Lazar:

The relativist position is that there are only *truths* and no universal *truth*, versions of reality but no one reality. [...] Social science can produce no single ‘right’ view of the world, but only one of many possible ‘versions’ (2008: 17) (béim sa bhunleagan).

Is í príomhargóint an choibhneasachais nach bhfuil aon bhunús réasúnach ann chun leagan amháin den fhírinne a roghnú thar cheann eile. Cuireann Karl Popper (1994) i gcoinne an chur chuige seo toisc gurb ionann an coibhneasachas, dar leis, agus tuiscint chomhroinnte a bheith i dtreis i measc bhaill an ghrúpa. Ar an ábhar sin, deir Popper go bhfuil sé dodhéanta, de bharr iolrachas na rannpháirtithe, ardleibhéal comhthuisceana agus comhaontais a bhaint amach laistigh de ghrúpa sóisialta. Bíonn

plé agus allagar ar siúl laistigh de ghrúpa, a deir sé, mar thoradh ar ghnáth-easaontais i measc na mball. Tagann ‘fadhbanna’ agus ‘coimhlintí’ chun solais i measc an ghrúpa mar thoradh ar an tsuibachtúlacht agus d’fhéadfaí teacht i dtír ar na ‘fadhbanna’ sin trí shúile na teoirice, dar le Popper (Lazar, 2008: 17). Uirlis is ea an teoiric, dá réir sin, a n-éiríonn léi na ‘fadhbanna’ agus na ‘coimhlintí’ uile i measc na mball ilchineálach sa ghrúpa a mhíniú. Molann Popper, mar sin, an fhrámaíocht faoina ndéantar an bhreathnóireacht a shuíomh i dteoiric. Tugtar réasúnachas (‘rationalism’) ar an gcur chuige seo.

#### **4.3.1 An oibiachtúlacht agus a himpleachtaí don tráchtas seo**

Anailís idé-eolaíoch a bheidh sa tráchtas seo. Chuige sin, beidh mé ag déanamh staidéir ar réaltachtaí suibachtúla na rannpháirtithe i gConradh na Gaeilge agus san LFM. Ní thiocfainn le cur chuige Durkheim go bhféadfaí luachanna pearsanta an taighdeora a chur ar leataobh. Níl aon bhunús leis sin, dar liom, ar an ábhar go roghnaíonn an taighdeoir ábhar agus modheolaíocht an tráchtais faoi réir ag a luachanna pearsanta féin – tagann sé seo le Weber.

Baineann fiúntas teoranta le hargóintí an choibhneasachais, dar liom. Is fíor go mbaineann iolrachas le cultúir agus go mbaineann ilchineálachas le réaltachtaí laistigh de dhomhan sóisialta faoi leith. É sin ráite, ní dóigh liom gur faoin taighdeoir atá sé leagan áirithe den fhírinne a roghnú thar leaganacha eile. Tugann Popper le fios go mba cheart coimhlintí a bheith idir na leaganacha éagsúla den ‘fhírinne’ agus go bhféadfadh an taighdeoir dul i ngleic leis na castachtaí a bhaineann leis na leaganacha éagsúla sin tríd an bhfráma tagartha teoiriciúil – fágann sin nach ann don réaltacht ‘oibiachtúil’ atá neamhspleách ar thuiscintí daonna ina leith.

Faoi mhúnla Popper (réasúnachas), cinntíonn an fhrámaíocht theoiriciúil go bhféadfainn cothrom na Féinne a thabhairt do na leaganacha éagsúla den ‘fhírinne’ laistigh den LFM agus den Chonradh araon. Is í an teoiric fál cosanta an taighdeora mar sin.

Teastaíonn ‘fál cosanta’ na teoirice go géar agus go dóite, dar liom, toisc go bhfuil raon leathan réamhthuarimí, idé-eolaíochtaí agus creideamh idir an taighdeoir agus na réaltachtaí sóisialta ar mian leis a scrúdú, mar a deir Irvine agus Gal: ‘There is no

‘view from nowhere,’ no gaze that is not positioned’ (2000: 36). Léiríonn sin, dar le Briggs (1998: 250), go bhfuil luachanna an taighdeora de dhlúth agus d’inneach sa phróiseas scolártha ina ndéantar scrúdú ar idé-eolaíochtaí ghrúpaí agus daoine eile sa tsochaí. Ní mór, mar sin, mo sheasamh féin i leith ábhar an tráchtais seo a phlé go hachomair.

#### **4.3.2 Seasamh an taighdeora**

Tógadh le Béarla mé i gCo. Mhaigh Eo sna 1980í agus sna 1990í. D’fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge ar scoil, áit ar músclaíodh mo spéis sa teanga den chéad uair. Thug sé sin spreagadh dom freastal ar choláistí Gaeilge sa samhradh agus ansin tabhairt faoin nGaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2003. Ciallaíonn seo ar fad nár fhás mé aníos ag éisteacht le scéalta faoi Chonradh na Gaeilge ná faoin LFM sna seascaidí. Bhí mé stoite amach ón gcomhrá sin ar fad, bíodh is nach raibh aon neart agam air. Dá bharr sin, bhí mé aineolach ar an ‘nGaeilge éigeantach’ gan trácht ar an mbeartas teanga roimh dom teacht chun na hollscoile.

Dá aineolaí mé ar ghníomhaíochas na Gaeilge, níorbh amhlaidh a bhí i gcás codanna eile den pholaitíocht, áfach. Chuir mé an-spéis i gcónaí sa stair, sa pholaitíocht agus i gcúrsaí reatha trí chéile, rud a d’fhág go raibh eolas agam ar fhathaigh an tsaoil pholaitiúil in Éirinn ó na 1960í i leith, mar atá: Seán Lemass, Éamon de Valera, Paddy Hillery, Garret FitzGerald, Tom O’Higgins, Declan Costello agus daoine eile nach iad.

Tar éis dom an mheánscoil a fhágáil in 2003, bhain mé céim agus máistreacht amach sa Ghaeilge in 2006 agus in 2007 faoi seach. Ní nach ionadh, mar sin, go bhfuil mo chuid oideachais, agus mo chuid meonta dá réir sin, báúil le díoscúrsa na Gaeilge anois. Fágann sin go bhféadfadh na rannpháirtithe taighde i gcás an tráchtais seo mé a shamhlú, go hearráideach nó a mhalairt, le dílseachtaí agus le féiniúlachtaí teanga ar leith. Chuirfeadh sin scáth an amhrais ar ‘oibiachtúlacht’ an taighde seo ar na trí bhonn seo:

- gurb í an Ghaeilge atá faoi chaibidil sa tráchtas seo.
- go bhfuil an tráchtas seo á scríobh agam trí mheán na Gaeilge.
- go bhfuilim i mo mhac léinn i Roinn Ghaeilge.



Ar ndóigh, d'imir mo spéis phearsanta sa stair agus sa pholaitíocht tionchar nach beag orm agus ábhar an taighde seo á roghnú agam ar an gcéad dul síos. Chomh maith leis sin, mhúnlaigh an t-oideachas ollscoile a cuireadh orm na réamhchlaontáí a bhí agam i leith an LFM agus Chonradh na Gaeilge agus mé ag tabhairt faoin taighde seo ag an tús. Ba mhaith liom, mar sin, plé a dhéanamh ar na réamhchlaontáí sin anois.

#### - **Conradh na Gaeilge**

Agus mo bhunchéim sa Ghaeilge ar siúl agam idir 2003 agus 2006, bhí Athbheochan na Gaeilge ina horlaí trí chuid mhór de na cúrsaí sa litríocht agus sa chultúr a rinne mé ag an am. Um an dtaca sin, cuireadh idéil Chonradh na Gaeilge agus na hAthbheochana trí chéile in iúl dúinn ar bhealach a bhí thar a bheith moltach agus dearfach, rud a d'fhág a rian orm. Chiollaigh sin go raibh mé an-bháúil leis an gConradh a mhair idir 1893 anuas go dtí bunú an tSaorstáit.

Ar mhaithe le léargas a fháil ar thuiscintí ceartchreidmheacha i leith na Gaeilge ó ré na hAthbheochana anuas go dtí ár linn féin, bhí alt Uí Thuathaigh, 'An Stát, an Féiniúlacht Náisiúnta agus an Teanga' (2011), mar lón léitheoireachta agam. Bunaithe air sin agus de dheasca an chúlaithe a tháinig ar Chonradh na Gaeilge i ndiaidh bhunú an tSaorstáit, bhí mé go mór in amhras faoi éifeachtacht na heagraíochta sin í féin a chur i láthair agus cás na teanga a phlé ar bhealach nua-aimseartha a bhí in oiriúint do na seascaidí agus a bhí éagsúil le fealsúnacht na hAthbheochana. Bhí mo réamhthuairim i leith an Chonartha ag teacht cuid mhór le meon an LFM ina leith, agus cuid de bhaill an Chonartha féin fiú amháin, gurbh eagraíocht choimeádach bhuanseasta é Conradh na Gaeilge a chuirfeadh i gcoinne athruithe sa tsochaí seachas a bheith á spreagadh. D'fhág sin nach raibh mé ag súil leis go mbeadh aon fhorbairt smaointeoireachta tagtha ar an gConradh i gcomhthéacs na seascaidí.

Ina dhiaidh sin ar fad, bhí mé báúil le Conradh na Gaeilge toisc gur eagraíocht í atá ar son na teanga, dá bhunúsaí agus dá shimplí í an argóint sin. Ní fhágann sin, áfach, nach féidir an eagraíocht sin agus a mianta a cheistiú, rud a dhéanfaidh mé sa tráchtas seo.

- **LFM**

Bhí sé cloiste agam san ollscoil gur dhream ‘frith-Ghaelach’ é an LFM a bhí ‘naimhdeach’ leis an nGaeilge agus a bhí ag teacht cuid mhór le cruinneshamhail Fhine Gael faoin teanga agus faoin náisiúntacht araon. É sin ar fad ráite, ní miste a rá go raibh mé báúil le cás an LFM faoin nGaeilge éigeantach don Ardeistiméireacht sa mhéid is go gcreidim go raibh sé míchothrom amach is amach gan teastas a bhronnadh ar dhalta toisc gur theip air/uirthi sa scrúdú Gaeilge amháin. Níor tháinig mé, a bheag nó a mhór, le cnámha spairne an LFM faoi riachtanas na Gaeilge don státchóras, áfach, óir bealach tábhachtach ab ea an riachtanas sin le cinntiú go mbeadh foireann inniúil sa státchóras chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar don phobal. Tá an feall fillte orainn anois, nach mór 50 bliain i ndiaidh fheachtas an LFM, agus deacrachtaí ag an státchóras seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Bhí mé feasach mar sin faoi na hiarmhairtí a bhí ag feachtas an LFM ar stádas institiúideach na Gaeilge sa státchóras. Ba iad sin na réamhdhearthaí a bhí agam i leith an LFM roimh dom bualadh faoin taighde seo.

Anois agus na réamhthuirimí a bhí agam i leith ábhar taighde an tráchtais seo nochta agam, ní mór plé a dhéanamh ar an gcaoi a dtabharfaidh mé cothrom na Féinne don dá eagraíocht san anailís a dhéanfaidh mé.

- **Comhréiteach**

Tráchtas is ea é seo ina bhfiosraítear na heispéiris phearsanta a bhí ag daoine eile sa tsochaí. Dá bharr sin, is gá don taighdeoir a bheith cúramach, dar le Briggs, ar an ábhar go bhféadfaí, faoi réir ag a luí pearsanta agus idé-eolaíoch féin, sainghnéithe d’eispéiris na ngrúpaí sin atá á scrúdú aige a scríosadh, agus dá réir sin, iad a fhágáil ar lár. Is é seo a deir Briggs faoin gceist seo:

The problem is that scholars, like other producers and consumers of discourse, have their own vested interests in particular sorts of reifications. Thus, while attending to the representational practices that are framed as language ideologies can help open up broad questions of reification, this line of investigation can lead in the opposite direction when ideologies of language are characterized as standing in one-to-one, uncontested relationships with social or linguistic groups. When scholars reify dominant ideologies in this way, they can play a conspicuous role in naturalizing attempts to erase questions of difference, inequality, and contestation (1998: 250).

Dá bhailí an cás ag Briggs, éiríonn liom na deacrachtaí seo a shárú cuid mhaith mar gheall ar an gcur chuige oibre agus modheolaíochta atá agam. Ar an gcéad dul síos,

cuirfidh mé faisnéis i mBéarla agus i nGaeilge araon san áireamh sa staidéar seo, rud a fhágann nach ndéanfaidh mé scriosadh d'aon ghnó ar na dioscúrsaí a cuireadh in iúl i gceachtar den dá theanga sin. Ar an dara dul síos, déanfaidh mé anailís agus tástáil ar an bhfaisnéis eimpíreach laistigh den fhrámaíocht theoriciúil, frámaíocht a bheidh ina treoir dom agus na leaganacha éagsúla den 'fhírinne' á n-aithint agam san fhaisnéis ('réasúnachas').

Ina theannta sin, is nós liom an leagan Béarla de m'ainm a úsáid i ngach réimse den saol beag beann ar ghnáth-theanga urlabhra an réimse sin. Buntáiste is ea é sin go mórmhór agus lucht an LFM á chur faoi agallamh agam ar an mbonn nach n-aireoidís go bhfuil 'Gaeilgeoir' á gcur faoi agallamh. Ar an lámh eile, tugann sé dlisteanas dom i measc lucht an Chonartha go bhfuil mé i mo mhac léinn Gaeilge agus go bhfuil sé ar mo chumas agallaimh a chur orthu trí mheán na Gaeilge.

Anois agus nádúr iolrach agus tógachaíoch an domhain shóisialta aitheanta agam, ní mór plé a dhéanamh ar na modhanna fiosrúcháin a mbeidh mé ag tarraingt orthu chun 'suibiachtúlachtaí' na rannpháirtithe a mheas.

#### **4.4 Modhanna Fiosrúcháin Eimpíreacha**

Phléigh mé go mion i gCaibidil a Trí den tráchtas seo go mbeidh an idé-eolaíocht teanga ina dlúthshnáth den ghréasán léirmhínteach faoina ndéanfaidh mé tástáil ar an bhfaisnéis eimpíreach. Tugann Kroskrity le fios, agus é ag tarraingt ar antraipeolaíocht na teanga, gurb í an eitneagrafaíocht is fearr a fheileann don taighde ar idé-eolaíochtaí teanga ar an ábhar go bhfuil an taighdeoir neadaithe (mar is dual don antraipeolaíocht) i bpobal, i gcultúr agus i gcleachtais na rannpháirtithe:

[...] language ideologies, as a theoretical orientation, is continuing to prove useful as both conceptual resource and methodological inspiration thereby encouraging and expanding ethnographic encounters with diverse discursive forms (Kroskrity, 2010: 206).

Feicim an luach a bhaineann le háiteamh Kroskrity agus feiniméin chomhaimseartha na teanga á scrúdú laistigh de chomhphobal cleachtais. Cuirim romham sa taighde seo, áfach, feiniméin stairiúla na teanga a scrúdú idir 1965 agus 1974. Dá fhiúntaí í téis Kroskrity, ní fheileann sí do shainriachtanais an tráchtas seo agus is gá dá réir go bhfiosróinn modhanna eile chun an taighde seo a chur i gcrích.

Chuige sin, áitíonn Yin ina leabhar *Case Study Research: Design and Methods* go bhfuil cúig straitéis ann sna heolaíochtaí sóisialta chun tabhairt faoi thaighde sa réimse sin: turgnamh, suirbhé, anailís chartlainne, stair agus an chás-staidéar (2009: 8). Is éard a bheidh sa tráchtas seo staidéar domhain ar dhá chás faoi leith agus ar na meonta, na creidimh agus na braistintí a bhí i dtreis laistigh den dá chás sin. Ciallaíonn sé sin gurb é an chás-staidéar an straitéis is feiliúnaí agus is iomláine a dhéanann freastal ar riachtanais an tráchtais seo.

#### 4.4.1 An Cás-Staidéar

Áitíonn Berg gurb éard atá i gceist le chás-staidéar ná cur chuige atá in ann iniúchadh a dhéanamh ar fheiniméin shimplí agus chasta araon (2007: 283). Iniúchadh domhain atá sa chás-staidéar ar chlár, ar eachtra, ar ghníomhaíocht, ar phróiseas nó ar dhuine/dhaoine aonair agus a bhfuil baint acu le tréimhse ama faoi leith (Creswell, 2003: 15). Ina theannta sin, áitíonn Yin go bhféadfaí chás-staidéar a dhéanamh ar chinntí, ar na fáthanna ar tógadh iad, ar an gcaoi ar cuireadh i bhfeidhm iad agus ar an toradh a bhí orthu (2009: 17). Deir Berg go mbíonn an-éagsúlacht i gceist maidir leis na hábhair ar a ndéantar chás-staidéar, idir dhaoine aonair, chomhlachtaí móra, institiúidí, eagraíochtaí agus ghnólachtaí (2007: 283). Dearbhaíonn Yin gur modh éifeachtach é an chás-staidéar chun iniúchadh a dhéanamh ar fheiniméin shóisialta, eagraíochtúla agus pholaitiúla (1994: 2). Léiríonn sin go bhfuil straitéis an chás-staidéir feiliúnach chun dul i ngleic le hilchineálacht na bpróiseas sóisialta laistigh de Chonradh na Gaeilge agus den LFM araon agus chun na próisis sin a phlé agus a thástáil i gcoibhneas leis na múnlaí teoirice a phléigh mé i gCaibidil a Trí.

Pléann Yin cuid de na míbhuntáistí a chuireann criticeoirí i leith an chás-staidéir mar mhodh fiosrúcháin eimpíreach. Is é an easpa beaichte an chloch is mó ar a phaidrín. Is é sin le rá go bhfuil an baol ann go ligfí don tuairimíocht chlaonta cur as do threo an taighde mar aon le conclúidí agus tátail an tráchtais. Deir Yin go mba chóir an fhianaise ar fad a phlé ar bhealach atá cothrom<sup>39</sup> (2009: 14).

---

<sup>39</sup> Féach 4.3.1 thuas. Ní féidir luachanna an taighdeora a fhágáil ar lár. Tagaim féin le cur chuige réasúnach Popper go bhféadfaí cothromaíocht a bhaint amach má dhéantar scrúdú ar fhaisnéis faoi réir na teoirice.

#### 4.4.2 An sórt cás-staidéir is feiliúnaí don taighde seo

Maíonn Yin go bhféadfadh ní ba mhó ná cás-staidéar amháin a bheith faoi chaibidil sa taighde (1994: 44). Is fíor sin i gcás an taighde seo. Déanfaidh mé cás-staidéar amháin ar an LFM agus déanfaidh mé ceann eile ar an gConradh. Dá bharr sin, beidh dearadh ilcháis ar an taighde. Ní mór, mar sin, idirdhealú a dhéanamh idir cás-staidéar aonair agus an t-ilchás-staidéar. Deir Yin go mbaintear úsáid as an gcás-staidéar aonair má bhíonn an taighde fréamhaithe i dteoiric sheanbhunaithe agus go bhféadfadh scrúdú ar chás amháin cur leis an teoiric sin nó baint di (1994: 38). Ilchás-staidéir a bheidh ag teastáil chun an taighde seo a chur i gcrích toisc go mbeidh iniúchadh ar níos mó ná eagraíocht amháin i gceist. Ina theannta sin, agus an dá eagraíocht sin á scrúdú agam, beidh mé ag tarraingt ar thrí mhúnla teoirice dhifriúla, mar atá: na gluaiseachtaí sóisialta, an idé-eolaíocht teanga agus an náisiúnachas.

Ceaptar uaireanta, dar le Yin, go mbíonn an fhianaise a eascraíonn as na hilchás-staidéir níos áitithí agus níos conclúidí toisc go bhfuil níos mó féidearthachtaí pléite sa taighde. Meastar, mar sin, go bhfuil bonn níos seasmhaí faoin taighde (Yin, 1994: 45). Deir sé gurb amhlaidh atá i gcás na dturgnamh eolaíochtúil agus go mba chóir go sásódh sé sin lucht cáinte na gcás-staidéar a chuireann scáth an amhrais ar a n-iontaofacht mar gheall ar an easpa bunúis eolaíochtúil atá fúthu. Mar a deir sé:

Scientific facts are rarely based on single experiments; they are usually based on a multiple set of experiments that have replicated the same phenomenon under different conditions (Yin, 2009: 15).

Dearbhaíonn Yin go mbaintear úsáid as an gcur chuige céanna don ilchás-staidéar.

Pléann Yin na míbhuntaistí a bhaineann leis na hilchás-staidéir chomh maith. Toisc go leathnaíonn na hilchás-staidéir an taighde amach, ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir go mbeidh gá le hacmhainní ní b'fhairsinge ná na gnáthchinn a mbeadh rochtain ag mac léinn orthu. Anuas air sin, deir sé go mb'fhéidir go dtógfadh sé ní ba mhó ama ar an taighdeoir an saothar a chur i gcrích. An chomhairle a chuireann Yin ar a léitheoirí ná fócas a choinneáil lena bheith cinnte go ndéantar na cás-staidéir chun sprioc faoi leith a bhaint amach agus go bhfuil an sprioc sin ag teacht leis an gceist taighde (Yin, 1994: 45).

Tugann Bryman (2008: 58) agus Berg (2007: 292) beirt an cás-staidéar comparáideach ar an ilchás-staidéar seo. Is éard atá i gceist leis ná staidéar a dhéanamh ar dhá chás chodarsnacha, an LFM agus Conradh na Gaeilge cuir i gcás, agus úsáidtear na modhanna céanna den chuid is mó chun an fhaisnéis eimpíreach a bhailiú don dá chás sin (Bryman, 2008: 58). Déanann Bryman cur síos ar an réasúnaíocht laistiar den chás-staidéar codarsnach:

It embodies the logic of comparison in that it implies that we can understand social phenomena better when they are compared in relation to two or more meaningfully contrasting cases or situations (2008: 58).

Lena chois sin, déantar an cás-staidéar comparáideach chun tuiscint a fháil ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá chás agus chun dul i ngleic leis na réaltachtaí sóisialta laistigh den dá chomhthéacs sin freisin. Léiríonn an rannóg seo gurb é an t-ilchás-staidéar nó an cás-staidéar codarsnach an bealach is éifeachtaí chun aidhm an tráchtais seo a bhaint amach agus staidéar a dhéanamh ar na meonta agus ar na nóisín a bhí i dtreis laistigh den dá ghrúpa maidir leis an nGaeilge éigeantach agus maidir le tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht.

Le go bhféadfainn ceist taighde an tráchtais seo a fhreagairt agus cleachtais an dá eagraíocht a mhionscrúdú i gcoibhneas leis na múnlaí teorice a leag mé amach i gCaibidil a Trí, beidh dhá mhodh dhifriúla ag teastáil chun an fhianaise eimpíreach a bhailiú do na cás-staidéir. Is iad sin na hagallaimh agus anailís chartlainne/ar cháipéisí. Pléifear na modhanna sin sna rannóga thíos.

#### **4.4.3 Na hAgallaimh**

Agallaimh leathstruchtúrtha a bheidh in úsáid chun an taighde seo a chur i gcrích (Bryman, 2008: 438). Is í aidhm an agallaimh leathstruchtúrtha tuairimí agus dearcthaí pearsanta an rannpháirtí a mhúscailt<sup>40</sup> (Bryman, 2008: 436). Baineann solúbthacht leis an gcineál seo agallaimh ar an ábhar nach leanann sé struchtúr docht daingean. Cuirtear ceisteanna scaoilte ar an rannpháirtí, rud a thugann saoirse cainte don rannpháirtí a thuairimí pearsanta féin a chur i láthair (Creswell, 2003: 9). Sa chás seo, d'fhéadfadh an rannpháirtí machnamh suibiachtúil a dhéanamh chun míniú agus brí a thabhairt ar iompraíocht, ar eachtraí, ar phatrúin agus ar mheonta sa domhan sóisialta, mar a deir Bryman agus é ag caint ar an agallamh leathstruchtúrtha:

<sup>40</sup> Tá na ceisteanna a bhí mar bhonn do na hagallaimh leathstruchtúrtha mar aguisín (Aguisín A) ar chúl an tráchtais seo.

[...] the emphasis must be on how the interviewee frames and understands issues and events – that is, what the interviewee views as important in explaining and understanding events, patterns and views of behaviour (2008: 438).

An buntáiste is mó a bhaineann leis an agallamh leathstruchtúrtha go bhféadfadh, dar le Bryman, go n-ardófaí saincheistanna breise gan choinne nach raibh an taighdeoir ag súil leo (2008: 438). D'fhéadfadh sé seo treo an taighde a athrú gan choinne. Ní tharlódh a leithéid i gcás na n-agallamh struchtúrtha, áfach, ar an ábhar go bhfuil fócas ar leith acu. Ní fheilfeadh an cur chuige struchtúrtha don taighde seo toisc go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh solúbthacht ag an rannpháirtí a thuairimí pearsanta féin a chur i láthair. Tá sé tábhachtach freisin go bhfuil an tsolúbthacht chéanna ag an taighdeoir tuilleadh ceistanna a chur má ardaítear ábhar atá ina dhíol spéise/suntais don taighde. Ní bheadh an deis sin ann dá mbeadh cur chuige struchtúrtha in úsáid.

Mar a mhínigh mé ní ba thúisce sa chaibidil seo beidh dearadh ilcháis ag teastáil chun staidéar a dhéanamh ar na creidimh, na nóisín, na hidéanna agus ar na smaointe a bhí ag an gConradh agus ag an LFM i leith na Gaeilge. Toisc go mbeidh níos mó ná cás amháin á scrúdú agam beidh méid áirithe struchtúir ag teastáil sna hagallaimh le cinntiú go mbeidh inchoimparáideacht idir an dá chás (Bryman, 2008: 6).

Pléann Creswell roinnt míbhuntáistí a bhaineann leis an agallamh mar mhodh chun faisnéis eimpíreach a bhailiú. Deir sé go gcuireann agallaimh eolas indíreach ar fáil atá truaillithe ag claontacht an rannpháirtí (2003: 186). Is buntáiste í ‘an chlaontacht’ i gcás an tráchtais seo ar an ábhar go dteastaíonn uaim tuairimíocht shuibiachtúil na rannpháirtithe maidir le hidé-eolaíochtaí an dá ghrúpa a mhúscailt. Bheinn ag súil leis go mbeidh eolas claonta á chur ar fáil ag rannpháirtithe taighde ón dá thaobh agus is é aidhm an taighde seo staidéar a dhéanamh ar na claontaí sin faoi mhúnla teoiriciúil an tráchtais. Lena chois sin, deir Creswell go réachtáiltear na hagallaimh uaireanta in áit aduain don rannpháirtí agus go bhféadfadh láithreach an taighdeora an t-eolas a chlaonadh (2003: 186). Tá sé i gceist agam na hagallaimh a réachtáil den chuid is mó i suíomh nádúrtha an rannpháirtí taighde, is é sin le rá in áit a mbeadh an rannpháirtí ar a chompord, ina ionad oibre nó ina theach féin dá mb'fhéidir é.

Beidh sé mar aidhm ag na hagallaimh a dhéanfaidh mé don tráchtas seo tuairimí suibhachtúla na rannpháirtithe taighde i leith na teanga a mhúscailt. Beidh an fhianaise seo a bhaileoidh mé in úsáid chun an cheist taighde a fhreagairt agus chun na torthaí taighde a aithint. Cuirfidh mé agallamh ar sciar leathan daoine, ina measc sin, beidh: daoine a raibh baint acu leis an LFM, Conraitheoirí a bhí gníomhach san eagraíocht idir 1965-74 agus polaiteoirí a ndearna an LFM/an Conradh stocaireacht orthu.

<b>LFM</b>		<b>Conradh na Gaeilge</b>		<b>Daoine ábhartha eile</b>
<b>Baill</b>	<b>Daoine ábhartha eile</b>	<b>Baill</b>	<b>Daoine ábhartha eile</b>	
Christopher Morris	Gay Byrne	Maolsheachlainn Ó Caollaí	Séamus Ó Tuathail (Misneach)	Dick Burke (Fine Gael)
Frank Crummey	Mary Bean Keane	Pádraig Ó Snodaigh	Pádraig Ó Ceithearnaigh (An Chomhdháil)	
Roddy Buckley	Tony Guerin	Aodh Ó Domhnaill	Brian Ó Baoill (An Chomhdháil)	
Martin Reynolds	Feilimí Ó Grianna	Peadar Tomás Mac Ruairí	Betí Uí Bhaoill	
Richard Clear		Mícheál Mac Aonghusa (+ Misneach)		
		Máiréad Uí Dhomhnaill (+ Misneach)		

**Tábla 4-1: Liosta de na rannpháirtithe taighde**

#### **4.4.4 Roghnú an tSampla**

Aithneoidh mé rannpháirtithe taighde trí straitéis ar a dtugtar modheolaíocht na cloiche sneachta ('snowball sampling') (Berg, 2007: 44). Is bealach éifeachtach é, a deir Berg, chun rannpháirtithe taighde a aimsiú a mbaineann saintréithe leo (Berg,



2007: 44). Déanann Bryman cur síos ar a bhfuil i gceist leis an gcloch sneachta (2008: 184). Deir sé:

The researcher makes initial contact with a small group of people who are relevant to the research topic and then uses these to establish contacts with others (Bryman, 2008: 184).

Baineann míbhuntaistí leis an gcur chuige seo chomh maith mar a deir Bryman:

The problem with snowball sampling is that it is very unlikely that the sample will be representative of the population [laistigh den eagraíocht] (2008: 185).

Tá an baol ann nach mbeadh an sampla ionadaíoch ar an raon leathan peirspictíochtaí agus dearthaí a bhí i dtreis laistigh den dá eagraíocht. Fágann sin go mbeadh sé dúshlánach a bheith cinnte go n-aimseofaí dóthain rannpháirtithe a léireodh iolrachas na bpeirspictíochtaí laistigh den dá eagraíocht. Tá sé dodhéanta a bheith cinnte faoi sin, dar le Bryman (2008: 185), ach ní mór iarracht a dhéanamh mar sin féin. Míbhuntaiste eile a bhaineann leis an gcur chuige seo ná go bhféadfadh leisce a bheith ar rannpháirtithe daoine eile a mholadh a rachadh chun leas an taighde. D'fhágfadh sé sin bearnaí eolais sa taighde agus chiallódh sé go mbeadh sé neamhiomlán chomh maith. Baineann an tráchtas seo le tréimhse na seascaidí agus na seachtóidí – fágann sin go bhfuil cuid d'iarrbhail an dá ghluaiseacht ar shlí na fírinne anois, rud a theorannaíonn an sampla freisin ar ndóigh.

In ainneoin na míbhuntáistí a luaigh mé, ceapaim gurb í an chloch sneachta an bealach is éifeachtaí chun rannpháirtithe a earcú don tráchtas seo. Tharla na heachtraí a scrúdóidh an taighde seo breis agus 40 bliain ó shin. Dá bharr sin, táim ag brath go huile agus go hiomlán ar dhea-thoil na ndaoine sin a bhí gníomhach ag an am chun a gcuid saineolais a roinnt liom agus chun rannpháirtithe eile a mholadh dom.

Dá thorthúla í an chloch sneachta mar mhodh earcaithe, ní mór béim a leagan ar chuid de na dúshláin phraiticiúla a bhain leis an gcur chuige sin agus an obair pháirce á déanamh agam.

#### 4.4.5 An Chloch Sneachta: Dúshlán Phraiticiúla

Bíodh is go raibh an-rath ar an gcloch sneachta mar mhodh earcaithe rannpháirtithe den chuid ba mhó, ní miste a rá go raibh sé an-dúshlánach teagmháil a dhéanamh le roinnt daoine a moladh dom.

Bhí Liam Cosgrave ina Thaoiseach sa Chomhrialtas Náisiúnta (1973-77) nuair a socraíodh deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach don Ardeist agus don státseirbhís. Bhí Richie Ryan ina Aire Airgeadais agus ina Aire Seirbhíse Poiblí sa rialtas céanna. Scríobh mé litreacha chuig an mbeirt sin i mí Feabhra 2013 féachaint an mbeidís toilteanach páirt dheonach a ghlacadh sa taighde seo. Níor chuala mé scéala ar ais uathu ar an drochuair.

Nuair a labhair mé Maolsheachlainn Ó Caollaí, a bhí ina uachtarán ar Chonradh na Gaeilge (1968-74), dúirt sé go raibh Garret FitzGerald ina ‘údar intleachtúil’ ag an LFM, dar leis. Dúirt sé freisin go raibh FitzGerald ina ‘liberal icon’ dá gcuid. Bhí an tuairim seo ag Ó Caollaí mar gheall ar dhá cholún a scríobh FitzGerald ar an *Irish Times* i 1964 nuair a foilsíodh tuarascáil an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge in Eanáir 1964 (féach 2.4.4.1). Sheol mé litir chuig Garret FitzGerald ar an 3ú lá de mhí na Bealtaine 2011 le fiosrú an mbeadh sé sásta páirt a ghlacadh sa taighde agus ceisteanna a fhreagairt faoin dhá cholún sin agus faoin *Fine Gael Policy for a Just Society: Beartas Gaeilge* (féach 2.4.7). Chuir a rúnaí pearsanta, Mary Molloy, glaoh orm ar an 5ú lá ag rá go raibh sé an-tinn san ospidéal agus go gcuirfeadh sí glaoh orm arís dá dtiocfadh biseach air. Fuair sé bás ar an 19ú Bealtaine 2011. Tháinig sé chun solais sna meáin tar éis a bháis go mbíodh sé an-toilteanach i gcónaí labhairt le mic léinn taighde. Ba mhór an trua é dá bharr nár éirigh liom labhairt leis.

Duine eile ar sheol mé litir chuige, agus a shocraigh gan páirt a ghlacadh sa taighde seo, ab ea Cian Ó hÉigearthaigh, arbh iriseoir agus ar ghníomhaí teanga é. Bhí Ó hÉigearthaigh i láthair ag an gcuinniú de chuid an LFM i dTeach an Ardmhéara ar an 21ú Meán Fómhair 1966 agus b’in an chúis ar moladh dom dul chun cainte leis. Sheol sé litir ar ais chugam i mí Aibreáin 2012 ina ndúradh nach bhfaighinn eolas ar bith uaidh sa bhreis ar a mbeadh ráite sna nuachtáin.

Tháinig Joan O'Brien, ar bhunmhúinteoir í agus arbh as Baile na Manach i mBaile Átha Cliath di, i gcomharbacht ar Christopher Morris mar uachtarán ar an LFM i 1970. Níor éirigh liom agallamh a chur ar Joan O'Brien mar chuid den taighde seo in ainneoin mo chuid iarrachtaí teagmháil a dhéanamh léi. Ní raibh Christopher Morris, Frank Crummey, Richard Clear nó Martin Reynolds ar an eolas faoina raibh ar siúl ag O'Brien nuair a tháinig deireadh leis an LFM. Dúirt Frank Crummey liom go raibh baint aici leis an INTO ar feadh scaithimh sna seachtóidí. Rinne mé teagmháil leis an eagraíocht sin féachaint an bhféadfainn sonraí teagmhála O'Brien a fháil uathu. Ní raibh an INTO in ann teacht i gcabhair orm ach cuireadh mé i dteagmháil le Fíona Poole a bhí gníomhach san INTO le linn ré O'Brien. Bhí Poole den tuairim go ndeachaigh O'Brien go Ceanada ag tús na n-ochtóidí.

Bhí Brian P. Devlin, arbh as Carraig an tSionnaigh i mBaile Átha Cliath dó, ina leas-uachtarán ar an LFM le linn thús na heagraíochta. Ach an oiread le cás O'Brien, ní raibh aon duine de na rannpháirtithe taighde ar labhair mé leo ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ag Devlin anois. Dúradh liom, áfach, go mbíodh sé ina innealtóir leis an ESB tráth. Dá bharr sin, rinne mé teagmháil leis an ESB féachaint an mbeidís in ann mé a chur i dteagmháil le Devlin. Mar thoradh ar an teagmháil sin, tháinig sé chun solais nach raibh Devlin ar liosta reatha na bpinsinéirí sa chomhlacht. Fágann sin go bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go bhfuair Devlin bás tamall de bhlianta ó shin.

Ba mhian liom a léiriú sa rannóg seo gur chaith mé an-dua le próiseas na hearcaíochta don tráchtas seo, bíodh is nach raibh rath ar na hiarrachtaí a rinneadh i gcónaí.

#### **4.4.6 Toiliú Eolasach**

Déanann eolaithe sóisialta, a deir Berg, iniúchadh ar shaolta sóisialta neach daonna eile. Ciallaíonn sé sin go bhfuil dualgas ar an taighdeoir a bheith airdeallach i dtaobh chearta, phríobháideachas agus leas na ndaoine a ndéantar scrúdú orthu d'fhonn an taighde a chur i gcrích (Berg, 2007: 53). Deir Ali agus Kelly go gcuireann toiliú eolasach neamhspleáchas an rannpháirtí chun cinn agus go gcosnaíonn sé cearta an rannpháirtí páirt eolasach agus dheonach a ghlacadh sa taighde (2008: 121).

Ní mór don taighdeoir aidhmeanna an staidéir, dualgais an rannpháirtí agus na hábhair bhaoil a d'fhéadfadh a bheith i ndán don rannpháirtí (sárú príobháide) a leagan amach agus a mhíniú ar bhealach sothuigthe le go bhféadfadh an rannpháirtí cinneadh neamhspleách agus eolasach a dhéanamh maidir le páirt a ghlacadh sa taighde (Ali & Kelly, 2008: 121). D'fhéadfaí an t-eolas seo a chraobhscaoileadh ar bhileog eolais a dhréachtódh an taighdeoir ina ndéanfaí cur síos ar an taighde ar bhealach sothuigthe gan béarlagair speisialta an réimse léinn a bheith in úsáid. Tá sé tábhachtach freisin an rannpháirtí a chur ar an eolas faoin gcaoi ar tháinig an taighdeoir ar ainm an rannpháirtí (féach 4.4.5). Deir Berg nach mór don rannpháirtí an cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh sa taighde go neamhspleách gan aon bhrú, strus míchuí nó an dallamullóg a bheith curtha air (2007: 78). Ní foláir an rannpháirtí a chur ar an eolas go bhféadfaí tarraingt siar ón taighde aon uair is mian leis mar gheall ar chúis ar bith.

Is í an fhoirm um thoiliú eolasach an bealach is fearr chun cearta an rannpháirtí a chosaint. Ní mór an bhileog eolais a cheangal léi chun aidhmeanna agus mianta an taighdeora a chur i láthair agus a mheabhrú don rannpháirtí. Dhréachtaigh mé foirm um thoiliú eolasach atá feiliúnach d'obair pháirce an taighde seo ina ndeimhnítear go gcuirtear an rannpháirtí ar an eolas faoina bhfuil i gceist leis an taighde, go mbeidh an t-eolas a bhaileofar rúnda, go bhfuil sé de cheart ag an rannpháirtí tarraingt siar ón taighde aon uair is mian leis agus go luafar ainm an rannpháirtí sa tráchtas (ag brath ar thoil an rannpháirtí). Is gá don taighdeoir agus don rannpháirtí an fhoirm seo a shíniú<sup>41</sup>.

Maidir leis an tráchtas seo, tá an fhoirm um thoiliú eolasach dréachtaithe agam i mBéarla agus i nGaeilge chun freastal ar idé-eolaíochtaí goilliúnacha teanga na rannpháirtithe. Beidh na hagallaimh a dhéanfaidh mé don tráchtas seo á reáchtáil trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon agus beidh an leagan den fhoirm a úsáidtear ag brath ar thoil an rannpháirtí maidir lena rogha teanga don agallamh.

Ceist íogair eiticiúil is ea í ceist na rúndachta agus taighdeoir ag plé le grúpaí leochaileacha sa tsochaí ar nós páistí, seanóirí, daoine faoi mhíchumas foghlama, daoine gan dídean agus mar sin de (Ali & Kelly, 2008: 123). Daoine fásta, cuid

---

<sup>41</sup> Tá an bhileog eolais (Aguisín B) mar aon leis an bhfoirm um thoiliú eolasach (Aguisín C) ceangailte ar chúl an tráchtais seo.

díobh ina seanóirí, is ea rannpháirtithe an taighde seo. Bhí feachtais an LFM agus Chonradh an Gaeilge i mbéal an phobail sna seascaidí agus sna seachtóidí agus d'fhéadfaí a áiteamh, mar sin, go raibh próifíl phoiblí ag na rannpháirtithe tráth dá saol agus go raibh taithí acu a bheith i mbun plé agus díospóireachta i bhfóram éagsúla phoiblí thar na blianta mar chuid dá bhfeachtais agus dá stocaireacht. Ar an ábhar sin, bhí rannpháirtithe uile an tráchtais seo sásta a bheith ainmnithe sa tráchtas le go bhféadfaidís a gcuntais phearsanta féin ar an méid a thit amach a thaifeadadh, mar a mhíníonn Ali & Kelly:

In some instances confidentiality may not be an issue. Some respondents may even be proud and pleased that their personal story is going to be shown to a wider public (2008: 120).

Ar an láimh eile, dá ndiúltóidh rannpháirtí dá ainm a bheith luaite sa tráchtas bheadh an baol ann go mbeadh sé dodhéanta féiniúlacht an rannpháirtí sin a chosaint. Bhí ballraíocht theoranta so-aitheanta laistigh den LFM agus de Chonradh na Gaeilge le linn na tréimhse taighde agus b'fhéidir go bhféadfaí rannpháirtithe a aithint mar gheall air sin gan mórán stró – fiú agus ainmneacha bréige in úsáid. Is gá an rogha seo a thabhairt do na rannpháirtithe mar sin féin.

#### 4.4.7 Anailís chartlainne/ar cháipéisí

Déanfaidh mé an taighde ar na hidé-eolaíochtaí a bhí i dtreis sa LFM agus sa Chonradh trí scagadh a dhéanamh ar nuachtáin agus ar chartlanna na tréimhse taighde. Bainfidh tábhacht thar na bearta leis na trí nuachtán laethúla Bhéarla a bhí ar an bhfód, is iad sin: *Irish Press*, *Irish Times* agus *Irish Independent*. Bhí dhá nuachtán Ghaeilge ar an bhfód um an dtaca seo chomh maith, *Inniu*<sup>42</sup> agus *Amárach* faoi seach. Anuas ar na tuairiscí nuachtáin, beidh na litreacha a seoladh chuig eagarthóirí na nuachtán sin thar a bheith cabhrach ar an ábhar gur úsáid baill an dá ghluaiseacht an meán sin chun dul in adharca a chéile go minic. Ní miste na hirisí Gaeilge *Comhar* agus *Feasta* a lua freisin, áit ar cuireadh dioscúrsa na Gaeilge faoin LFM in iúl go minic.

---

<sup>42</sup> Bhí an nuachtán *Inniu* ar an bhfód le linn na tréimhse seo chomh maith. Nuair a bhí scagadh á dhéanamh agam ar an nuachtán sin tháinig sé chun solais go raibh na tagairtí don LFM an-tearc go deo. Thosaigh *Inniu* ag díriú ar ábhar teagaisc a sholáthar do dhaltáí meánscoile um an dtaca seo agus is dócha gurbh í sin an chúis nár bacadh le ceisteanna conspóideacha i dtaobh an LFM a phlé go mion ar an nuachtán. Shocraigh mé gan an nuachtán sin a chur san áireamh anseo mar gheall ar an easpa ábhar fiúntach atá ann a bhaineann leis an LFM.

Tá raon fairsing cáipéisíochta mar chuid de bhailiúcháin an LFM a bhronn Christopher Morris ar Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2010. Beidh rochtain agam ar na páipéir sin i Seomra na Sainbhailiúchán sa leabharlann. Bainfidh tábhacht thar na bearta le cartlann Chonradh na Gaeilge freisin. Ar an ábhar sin, roinn Maolsheachlainn Ó Caollaí go leor dá chuid cáipéisíochta pearsanta féin liom.

Ós rud é go mbeidh an anailís ar cháipéisí agus ar agallaimh chomh lárnach sin do chur i gcrích na gcás-staidéar ní mór anois aghaidh a thabhairt ar na slite éagsúla a mbaintear ciall agus brí as an bhfaisnéis sin. Chuige sin, leagfaidh mé modhanna anailíse an tráchtais seo amach sa chéad rannóg eile.

#### **4.5 Modhanna Anailíse**

Sa chuid seo den chaibidil, toisc go bhfuil na modhanna fiosrúcháin pléite agus cíortha agam go mion, pléifidh mé an chaoi a dtabharfaidh mé faoi anailís ar an ábhar atá bailithe. Deir Berg gurb éard atá i gceist leis an anailís ábhair ná mionscrúdú córasach, léirmhíniúeach agus beacht a dhéanamh ar an ábhar sin d'fhonn sraith patrún, téamaí, claontaí agus bríonna a aithint (2007: 304). Sa tráchtas seo, déanfaidh mé anailís ar cháipéisí agus ar thras-scríbhinní agallamh araon. Tá trí mhodh dhifriúla anailíse aitheanta agam a mbainfidh mé úsáid astu d'fhonn an anailís ar an bhfaisnéis eimpíreach a chur i gcrích, mar atá: an anailís dioscúrsa, an códú oscailte agus cur chuige heirméineótach.

##### **4.5.1 Anailís Dioscúrsa**

Is é an fealsamh Francach Michel Foucault an duine is mó a shamhlaítear leis an anailís dioscúrsa mar mhodh anailíse. Deir sé gurb éard is ciall le dioscúrsa ná an friotal a mbainfí úsáid as chun ‘feiniméan’ a léiriú agus a thuiscint araon. Cruthaíonn an dioscúrsa, mar sin, leagan den ‘fheiniméan’. Lena chois sin, cruthaíonn an dioscúrsa coincheapa an duine maidir lena bhfuil i gceist leis an ‘bhfeiniméan’ agus maidir leis an gcaoi a bhfuil sé comhdhéanta (Bryman, 2008: 499).

Cur chuige cáilíochtúil atá san anailís dioscúrsa a chuirtear i bhfeidhm go fairsing mar mhodh anailíse i réimsí na socheolaíochta, na staire, na polaitíochta agus an bheartais shóisialta ach go hairithe (Tonkiss, 2008: 373). Deir Bryman go bhféadfaí

anailís dioscúrsa a dhéanamh ar iliomad foirmeacha cumarsáide ar nós ailt nuachtáin, faisnéis chartlainne chomh maith le tras-scríbhinní agallaimh<sup>43</sup> (2008: 499).

Cuireann an anailís dioscúrsa roimpi brí a bhaint as caint agus as téacsanna laistigh den taighde sóisialta agus cultúrtha. Ar an ábhar sin, ní meán neodrach cumarsáide í teanga chun eolas a thabhairt ar eachtraí. Is é sin le rá go mbaineann feidhm agus éifeacht le gach a ndeirtear agus a scríobhtar (idé-eolaíocht a chraobhscaoileadh, cuir i gcás). Is éard atá sa teanga, mar sin, ná meán trína múnlaítear eolas daoine i dtaobh an domhain shóisialta. Cruthaíonn agus eagraíonn dioscúrsa na téarmaí faoina dtuigtear an réaltacht shóisialta agus faoina dtéitear i ngleic léi (Tonkiss, 2008: 373). Cruthaítear agus fíoraítear an réaltacht shóisialta trí dhioscúrsaí. Tugann dioscúrsaí brí d'idirghníomhartha sóisialta agus d'fhéadfaí tuiscint a fháil ar na hidirghníomhartha sóisialta sin trí anailís a dhéanamh ar dhioscúrsaí (Bryman, 2008: 508). Ar an ábhar sin, is ionann an friotal atá léirithe san anailís dioscúrsa agus cruthúnas ar réaltacht shuibiachtúil shóisialta an rannpháirtí. Tugann sé seo le fios go bhfuil an dioscúrsa tógachaíoch. Is é sin le rá go mbíonn leaganacha éagsúla den réaltacht á gcur chun cinn ag rannpháirtithe éagsúla laistigh den domhan sóisialta (LFM/Conradh na Gaeilge) agus go n-eascaíonn léiriú áirithe den réaltacht as an éagsúlacht sin ('réasúnachas') (Bryman, 2008: 500).

Deir Bryman (2008: 500) gur uirlis d'fhonn cumhacht a bhaint amach atá sa dioscúrsa agus go bhfuil dlúthbhaint aige le cur chun cinn idé-eolaíochtaí (idé-eolaíochtaí i leith na teanga i gcás an tráchtais seo). Léiríonn sin gur modh é dioscúrsa, agus idé-eolaíochtaí dá réir sin, chun cumhacht agus ceannas a bhaint amach, rud a tharlaíonn i gcás eagraíochtaí sóisialta nuair a tharraingítear ar dhioscúrsa chun gníomhartha agus tuairimí ar leith a dhlisteanú. Is ar an gcaoi sin, a deir Bryman (2008: 508), a n-éiríonn le dioscúrsaí ar leith ceannas a bhaint amach laistigh d'eagraíochtaí sóisialta. Bíonn éifeacht aige sin go deimhin ar na straitéisí stocaireachta a dtugtar fúthu. Ní hamháin go ndéanann dioscúrsa cur síos ar a dtarlaíonn laistigh d'eagraíochtaí ach míníonn sé freisin na próisis tháirgeachta faoina geruthaítear agus faoina seachadtar brí san idirghníomhaíocht shóisialta (Bryman, 2008: 508-9).

---

<sup>43</sup> Tá sampla de thras-scríbhinn agallaimh ceangailte mar aguisín ar chúl an tráchtais seo (Aguisín D).

Is gá, mar sin, agus anailís á déanamh ar chomhdhéanamh dioscúrsaí, dul i ngleic le coincheapa séimeolaíochta na hinnéacsúlachta, an íocónaithe agus an scriosta (féach 3.4.2). Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na bpróiseas sin ar an bhfaisnéis eimpíreach, tagann sraith bríonna, comharthaí, íomhánna, siombailí agus bearnaí chun cinn arb ionann iad agus réaltacht chomhroinnte an ghrúpa.

#### **4.5.1.1 Anailís dioscúrsa á déanamh**

Ní mór don taighdeoir aghaidh a thabhairt ar éifeacht reitriciúil an téacs, rud a chruthaíonn an fhrámaíocht faoina bhféadfaí dul i ngleic le neamhréireachtaí, bríonna agus feidhmeanna inmheánacha an téacs. Tugtar an stór léirmhínteach ar an bhfrámaíocht seo. Is gá na léirmhínte a shuíomh i bhfianaise ón téacs agus go mbeadh miontráchteacht ag tacú leo. Ar an ábhar seo, tá sé tábhachtach ligean don téacs a scéal féin a chur i láthair seachas an taighdeoir a bheith ag brú léirmhínte ar shampla dioscúrsach gan aon bhunús a bheith leis sin sa téacs (Tonkiss, 2008: 377-8).

Áitíonn Bryman gur dócha go bhfuil sé dodhéanta códú a dhéanamh ar na modhanna oibre a bhaineann leis an anailís dioscúrsa (2008: 501). Is amhlaidh atá toisc go mbaineann saintréithe le gach uile théacs agus nach dtéitear i ngleic leo go haonfhoirmeach. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear na modhanna in oiriúint don saintéacs atá os comhair an taighdeora. É sin ráite, tá sraith moltaí curtha i dtoll a chéile ag Tonkiss mar threoir chun anailís a dhéanamh ar théacsanna:

- (1) Na heochairfhocail a aithint sa téacs: Molann Tonkiss, chun tús a chur le próiseas na hanailíse, na heochairthéamaí a aithint sa téacs. Bealach is ea é seo chun na bríonna is coitianta agus is rialta a aithint agus chun ord agus eagar córasach a chur ar na sonraí. Chuige sin, déantar comparáid idir na bealaí éagsúla a dtagann na bríonna chun cinn sa dioscúrsa. Mar shampla: cé na ‘híocóin’ a úsáidtear sa dioscúrsa chun aicme daoine a chur in iúl? Cé na coincheapa agus na smaointe a dtagraítear dóibh sa dioscúrsa chun an saol sóisialta a mhíniú? An bhfuil patrún bríonna le haireachtáil? (2008: 378) (féach ‘códú oscailte’ 4.5.3).
- (2) Molann Tonkiss a bheith ag faire amach do phatrúin neamhréireachtaí i gcuntas an rannpháirtí sa téacs:



Differences within an account point us to the work that is being done to reconcile conflicting ideas, to cope with contradiction or uncertainty, or to counter alternatives (2008: 379).

Má thagtar trasna ar neamhréireachtaí sa téacs, léiriú is ea é sin nach mbaineann leanúnachas leis an dioscúrsa. Tugann sé seo léargas ar neamhréireachtaí an téacs chomh maith leis an gcaoi a gcosnaíonn an dioscúrsa é féin ó chuntais chodarsnacha.

- (3) Bearnaí a aithint sa téacs agus sa tras-scríbhinn go háirithe: sa chás seo aithnítear na bearnaí atá sa dioscúrsa trí dhianscrúdú a dhéanamh ar struchtúr an téacs:

While [...] we cannot force our data to say things that are not there, we can as critical researchers point out those places where the text is silent, to think about what remains ‘unsaid’ in the organization of a discourse. Such a move can help to place the discourse in a wider interpretive context (Tonkiss, 2008: 379).

Is ionann sin agus a rá go bhféadfadh patrún rialta bearnaí a bheith á léiriú sa dioscúrsa, mar a deir Hill:

Knowledge and ideas are made available in discourse not simply through material presence. They are also made available in absences. We can think of the material surface of discourse, of our talk, as partly a set of explicit articulations, but also as a set of suggestive gaps that trigger inferences and connections among the stretches of explicit utterance. So the analysis of discourse requires us to examine not only what is said, but what is not said (2008: 32).

Struchtúr léirmhínteach is ea dioscúrsa a chruthaítear ar mhaithe le leasanna ar leith a chur chun cinn. Dá bharr sin, is ionann bearnaí sa dioscúrsa agus ‘scriosadh’ idé-eolaíochta a dhéanamh ar eolas a d’fhéadfadh an bonn a bhaint de na leasanna sin (féach 3.4.2.3).

Bíonn patrún córasach tagairtí agus easnamh ag teastáil chun conclúidí agus tátail a bhaint as na téacsanna, mar a mhíníonn Blommaert & Verschueren:

It follows that isolated examples are never sufficient as evidence: coherence – manifested either as recurrence or as systematic absence – is necessary to warrant conclusions (1998: 191).

Agus scagadh téamúil á dhéanamh agam ar na nuachtáin, ar cháipéisíocht de chuid an dá eagraíocht mar aon le tras-scríbhinní agallamh, beidh orm na

patrúin agus na bearnaí is rialta a thagann aníos go leanúnach a aithint. Is iad na bearnaí agus na patrúin sin a chomhdhéanann an dioscúrsa, rud a chuireann idé-eolaíocht an údair nó an rannpháirtí i leith na teanga in iúl.

Ní fhéadfaí ceist an dioscúrsa a phlé beag beann ar an gcomhthéacs stairiúil agus sóisialta inar cruthaíodh an dioscúrsa sin ar an gcéad dul síos.

#### **4.5.2 Heirméineotaic**

Is é bunús na heirméineotaice go mbaineann an taighdeoir ciall as an gcáipéisíocht atá á scrúdú aige faoi réir ag an bpeirspictíocht atá ag an údar. Chuige sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar an gcomhthéacs sóisialta agus stairiúil inar cumadh an téacs. Is é sin le rá go mbíonn ar an taighdeoir a thráchtairacht ar an téacs a shuíomh i gcomhthéacs sóisialta agus stairiúil an údair. Áitíonn Bryman go bhféadfaí mórthéamaí na cáipéisíochta a aithint bunaithe ar an gcomhthéacs inar mhair na daoine agus inar tharla na heachtraí lena mbaineann na cáipéisí (Bryman, 2008: 532).

Anois teastaíonn uaim an méid sin a phlé i gcomhthéacs an tráchtais seo. Beidh mé ag tarraingt ar réimse líonmhar foinsí clóite chun an fhaisnéis eimpíreach a bhailiú do na cás-staidéir. I measc na bhfoinsí clóite sin, beidh irisí agus nuachtáin chomh maith le páipéir na ndaoine sin a raibh baint acu le feachtais an dá ghrúpa mar aon le tras-scríbhinní agallaimh. Rachaidh mé i ngleic le brí na cáipéisíochta sin ar fad trí thuiscint a fháil ar an gcomhthéacs sóisialta inar cumadh í (féach Caibidil a Dó). Tagann sé seo le Blommaert agus Verschueren:

[...] the character and the genre of the texts are fully taken into account whenever conclusions are drawn from examples (1998: 190).

Is dóigh liom, dá réir sin, go bhféadfaí cur chuige na heirméineotaice a nascadh leis an anailís dioscúrsa le tuiscint a fháil ar phatrúin easnamh agus tagairtí mar aon leis na bríonna sóisialta atá á n-innéacsú i ndioscúrsa, mar a deir Ochs:

Part of the meaning of any utterance (spoken or written) is its social history, its social presence, and its social future (1992: 338).

Is é sin le rá gurb é an comhthéacs sóisialta ina gcumtar an téacs is cúis le sraith easnamh agus tagairtí a bheith sa téacs. Sa chéad rannóg eile, pléifidh mé an bealach a ndéantar anailís ar na patrúin mar aon leis na bearnaí a léirítear san fhaisnéis mar thoradh ar an anailís dioscúrsa.

### 4.5.3 Códú Oscailte

Leag mé béim sna rannóga thuas, nuair a bhí mé ag caint ar an anailís dioscúrsa agus ar an gcur chuige heirméineótach araon, go bhféadfaí sraith patrún, téamaí agus easnamh a aithint i dtéacsanna. Is í aidhm na rannóige seo cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear na patrúin/téamaí/easnamh sin i dtoll a chéile go córasach le go bhféadfaí anailís a dhéanamh orthu agus le go bhféadfaí teoiric bhunaithe a thástáil faoi mar a dhéantar i dtaighde déaduchtach mar seo (féach 3.1).

Modh is ea é an códú oscailte chun feiniméin a ainmniú, a lipéadú agus a rangú trí mhionscrúdú a dhéanamh ar shonraí (Seale, 2008: 243). Mar chuid den chódú, déantar mionscrúdú ar an bhfaisnéis eimpíreach leis an aidhm go dtabharfaí lipéid ar na mionghnéithe sin den fhaisnéis atá ina ndíol suntais ó thaobh na teoirice de (Bryman, 2008: 542). Maíonn Bryman gur próiseas is ea é chun sonraí a spíonadh amach, a scrúdú agus a chur i gcomparáid lena chéile. Gobann táscairí ar choincheapa aníos mar thoradh ar phróiseas an chódaithe. Roinntear na coincheapa nua-aimsithe sin ina gcatagóirí le go bhféadfaí scrúdú comparáideach a dhéanamh eatarthu. Déantar códú ar na catagóirí ansin chun tabhairt le fios go bhfuil siad ina dtáscairí ar ghníomhaíochtaí iompraíochta agus ar aicmí sna domhain shóisialta atá faoi scrúdú (Bryman, 2008: 542). Tugann Charmaz (2006) túschódú ('initial coding') air seo. Is éard atá i gceist leis ná dianscrúdú a dhéanamh ar na sonraí chun an oiread cód agus is féidir a chruthú le go bhféadfaí a bheith chomh dílis agus is féidir don bhunábhar.

Deir Berg go ndéantar an anailís ar ábhar trí fhrámaí códaithe a úsáid. Baintear úsáid as na frámaí chun eagar a chur ar na sonraí agus chun torthaí a aithint tar éis an chódaithe oscailte (2007: 320). Tugtar faoin gcódú aiseach ('axial coding') i ndiaidh an chódaithe oscailte. Is éard atá ann go ndéantar naisc idir catagóirí. Cuirtear é seo i gcrích trí chóid a nascadh le comhthéacsanna, le cúinsí agus le patrún idirghníomhaithe atá tagtha chun solais sna sonraí (Bryman, 2008: 543). Maíonn Berg gur córas sórtála atá sa chódú aiseach agus go bhféadfaí bunpheirspictíochtaí teoiriciúla a chur san áireamh sa bhunachar códaithe ar mhaithe leis na teoiricí sin a thástáil (2007: 321).

Is é an códú roghnaíoch ('selective coding') an chéim dheireanach i bpróiseas an chódaithe. Sa chur chuige seo, roghnaítear an chroíchatagóir agus déantar naisc chórasacha idir í agus na catagóirí eile (Bryman, 2008: 543). Tugann Charmaz códú roghnaíoch nó fócasáilte air seo. Is éard atá ann go leagtar béim ar na cóid is coitianta atá tagtha chun solais mar thoradh ar an túschtódú. Nochtann na cóid is coitianta na mórfhatrúin théamúla is rialta i measc na sonraí. Fágann sé seo cuid de na cóid mhocha a d'eascair as an túschtódú ar lár, mar a deir Bryman:

Initial coding 'fractures data into separate pieces and distinct codes.' Axial coding entails reassembling the data by searching for connections between the categories that have emerged out of the coding (2008: 543).

Molann Ní Dhúda (2010) clár ríomhaire *Excel* a úsáid chun na cóid (téamaí, aicmí, gníomhaíochtaí iompraíoch) a chur i dtoll a chéile agus iad a rangú go córasach ina mórchatagóirí. Shocraigh mé cloí leis an múnla sin i gcás an tráchtais seo freisin<sup>44</sup>.

Chuir sin, d'aithin mé trí mhórchatagóir dhifriúla mar thoradh ar an gcódú roghnaíoch. Chun cloí le múnla Uí Dhúda, chruthaigh mé scarbhileog in aghaidh na mórchatagóra, mar shampla:

- Fimíneacht an Stáit & Fhianna Fáil.
- Baint idir Fine Gael agus an LFM.
- An nasc idir an Ghaeilge agus an náisiúntacht.

Laistigh de na mórchatagóirí sin, luaigh mé samplaí ábhartha ón tras-scríbhinn, ó na nuachtáin agus ón gcartlann araon. Rinne mé é sin trí uimhir an leathanaigh mar aon le huimhir na líne ón tras-scríbhinn a bhreacadh síos ar an scarbhileog le go bhféadfainn teacht ar na samplaí cuí go héasca ar ball. Bealach tagartha ab ea seo le go bhféadfainn teacht ar shamplaí san fhaisnéis eimpíreach inar léiríodh 'fimíneacht an Stáit & Fhianna Fáil' mar shampla.

---

<sup>44</sup> Ní miste a rá gurb ann don chlár ríomhaireachta ar a dtugtar *NVivo* chun faisnéis cháilíochtúil a chur i dtoll a chéile agus chun anailís a dhéanamh uirthi (féach: Bryman, 2012: 593-607). D'fhreastail mé ar sheisiún oiliúna *NVivo* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i mí na Samhna 2010 ach shocraigh mé gan bacadh leis an gelár ina dhiaidh sin áfach. D'fhéadfadh a leithéid de chlár a bheith an-úsáideach go deo don té a bhfuil ualach mór agallamh déanta aige nó aici. Mheas mé nárbh fhiú an tairbhe an tríoblóid *NVivo* a úsáid nuair nach raibh déanta agam ach fiche agallamh san iomlán.

#### 4.5.4 Impleachtaí na dtrí mhodh anailíse don tráchtas seo

Cuirfidh líon agus éagsúlacht na modhanna anailíse, a pléadh thuas, go mór le hiontaofacht agus le saibhreas thorthaí thaighde an tráchtas seo. Cruthaíonn an anailís dioscúrsa, an cur chuige heirméineótach mar aon leis an teoiric frámaíocht léirmhínteach faoina léitear an t-ábhar. Aithnítear na mórthéamaí, na mórphatrúin, na heochairargóintí agus na heasnaimh atá faoi chlóca sa téacs tríd an bpróiseas dianscrúdaithe agus mionléitheoireachta. Próiseas an chódaithe is cúis leis na téamaí/patrúin agus na heasnaimh a roinnt ina gcatagóirí le go bhféadfaí lipéadú agus rangú a dhéanamh orthu, rud a rinne mé ar scarbhileoga *Excel*.

#### 4.6 Conclúid

Anois mar fhocal scoir, déanfaidh mé achoimre ar mhodheolaíocht an tráchtas seo. Tá an tráchtas seo fréamhaithe sna heolaíochtaí sóisialta agus is é an aidhm atá leis iniúchadh a dhéanamh ar an ilchineálacht próiseas, gníomhaíochtaí agus creideamh a bhí i dtreis laistigh den Chonradh agus den LFM d'fhonn idé-eolaíochtaí an dá eagraíocht a chur chun cinn idir 1965-74. Taighde cáilíochtúil léirmhínteach atá ann ar mian leis staidéar a dhéanamh ar thuairimí suibiachtúla na rannpháirtithe laistigh den dá eagraíocht.

Chuíge sin, déanfaidh mé dhá chás-staidéar chodarsnacha chun tuiscint a fháil ar na réaltachtaí sóisialta laistigh den dá eagraíocht. Beidh dhá mhodh fiosrúcháin dhifriúla in úsáid agam chun an fhaisnéis eimpíreach a bhailiú do na cás-staidéir.

Ar an gcéad dul síos, cuirfidh mé agallaimh ar raon leathan daoine a raibh baint acu leis an dá thaobh le go bhféadfainn a dtuairimí pearsanta a mhúscailt maidir leis na hidéanna, smaointe agus na braistintí ba bhunús le seasaimh an dá eagraíocht i leith bheartas teanga an Stáit. Agallaimh leathstruchtúrtha a bheidh iontu le cinntiú go dtabharfar an tsaoirse don rannpháirtí na gnéithe den idé-eolaíocht is tábhachtaí dóibh a phlé. Reáchtálfar na hagallaimh seo i suíomh nádúrtha an rannpháirtí. Anuas air sin, aithneoidh mé tuilleadh rannpháirtithe taighde trí straitéis ar a dtugtar ‘modheolaíocht na cloiche sneachta.’

Is í an anailís chartlainne/cháipéisí an dara modh fiosrúcháin a mbainfidh mé úsáid as agus sonraí á mbailiú do na cás-staidéir. Beidh iliomad foinsí clóite san áireamh.

Ina measc sin, beidh irisí agus nuachtáin na tréimhse taighde idir Ghaeilge agus Bhéarla agus beidh páipéir agus cartlanna a bhain leis an dá eagraíocht agus le díograiseoirí ón dá ghrúpa araon.

Leag mé an-bhéim sa chaibidil seo ar na bealaí éagsúla dá bhfuil ann chun anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis eimpíreach. Cruthaíonn an cur chuige heirméineótach, an anailís dioscúrsa mar aon leis an teoiric frámaíocht faoina léitear na téacsanna agus faoina n-aithnítear na mórthéamaí, na mórphatrúin agus na heasnaimh sna téacsanna sin. Roinneann an códú oscailte na mórthéamaí/mórphatrúin sin ina gcatagóirí as a n-eascraíonn patrúin agus bearnaí sna dioscúrsaí. Trí dhul i muinín na teoirice, tabharfaidh na bearnaí agus na patrúin sin sa dioscúrsa léargas dom ar sheasamh ilchineálach idé-eolaíochta an dá eagraíocht.

Tar éis dom cur chuige coincheapúil agus praiticiúil an taighde seo a leagan amach sa chaibidil seo agus i gCaibidil na Teoirice araon, ní mór anois na prionsabail sin a chur i bhfeidhm ar an bhfaisnéis eimpíreach chun an cheist taighde a fhreagairt: Cérbh iad na hidé-eolaíochtaí ilchineálacha teanga faoinar thuig Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM) ceist na Gaeilge?

Pléifidh mé an cheist sin sa chéad dhá chaibidil eile trí chás-staidéar a dhéanamh ar Chonradh na Gaeilge i gCaibidil a Cúig agus trí chás-staidéar a dhéanamh ar an LFM i gCaibidil a Sé.

## **5 Caibidil 5 – Cás-staidéar 1: Conradh na Gaeilge 1965-74**

### **5.1 Réamhrá**

Gluaiseacht shóisialta sheanbhunaithe is ea Conradh na Gaeilge a bunaíodh i 1893 chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a athbheochan. Tá an Conradh gníomhach anuas go dtí an lá atá inniu ann agus é mar aidhm aige a bheith ag stocaireacht ‘ar son phobal labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne’ (Conradh na Gaeilge, 2014). Bíodh is go bhfuil stair fhada ag an gConradh, ní mian liomsa sa chaibidil seo ach cuid ghearr den stair sin a chíoradh. Is é sin le rá go bhfuil sé d’aidhm ag an gcaibidil seo cur síos a dhéanamh ar idé-eolaíochtaí teanga Chonradh na Gaeilge idir 1965 agus 1974.

#### **5.1.1 Cur chuige na Caibidle**

Is í seo an chéad chaibidil eimpíreach de chuid an tráchtais seo, áit a bhfiosróidh mé an cheist taighde trí chleachtais Chonradh na Gaeilge a scrúdú faoi réir ag na treochtaí teoiriciúla agus stairiúla a pléadh i gCaibidlí a dó agus a trí faoi seach, lena n-áirítear na gluaiseachtaí sóisialta, na hidé-eolaíochtaí teanga agus an náisiúnachas. Bunaithe ar agallaimh leathstruchtúrtha le sampla rannpháirtithe ó Chonradh na Gaeilge chomh maith le hanailís ar cháipéisíocht de chuid na heagraíochta sin, déanfaidh mé cur síos sa chaibidil seo ar na bríonna iolracha agus suibiachtúla a chruthaigh na rannpháirtithe laistigh den ghluaiseacht. Tagann sé seo le heipistéimeolaíocht an réasúnachais. Is é sin le rá go bhféadfaí dul i ngleic leis na castachtaí agus leis na coimhlintí, dá ilchineálaí iad, a shonraítear i ‘bhfírinní’ na rannpháirtithe éagsúla laistigh den fhrámaíocht theoriciúil (féach 4.2.).

Chuige sin, is í aidhm na caibidle seo dian-anailís a dhéanamh ar idé-eolaíochtaí iolracha teanga Chonradh na Gaeilge féachaint cén chaoi ar mhúnlaigh na hidé-eolaíochtaí sin, faoi réir ag leasanna geilleagracha agus polaitíochta na heagraíochta, na dioscúrsaí éagsúla faoinar léirmhíodh an Ghaeilge agus an LFM araon.

#### **5.1.2 Athruithe móra socheacnamaíocha**

Mar a pléadh i gCaibidil a Dó, tréimhse chorráitheach ab ea na 60í agus na 70í in Éirinn agus athruithe sóisialta agus cultúrtha faoi lán seoil mar thoradh ar chlár forbartha eacnamaíochta Lemass agus Whitaker. Ina theannta sin, bhí tionchar na nua-aoiseachta agus an cheistiúcháin araon ag teacht i dtír ar Éirinn, rud a d’fhág go mbíodh na seanfhoinseí féiniúlachta á n-iniúchadh agus á meas go tréan criticiúil.

Ba é a fhearacht chéanna ag ceist na Gaeilge é. Tugann Maolsheachlainn Ó Caollaí ‘ré dhíchur na Gaeilge’ ar an tréimhse idir deireadh na gcaogaidí agus tús na seachtóidí nuair a thosaigh dreamanna éagsúla, idir lucht an léinn agus lucht na polaitíochta, ag ceistiú indéantacht agus inmhianaitheacht an bheartais teanga (2013: 12) (féach 2.3.1). Léiríonn an tsraith beartas thíos a chinniúnaí is a bhí an tréimhse seo don teanga:

- Cuireadh deireadh leis na coláistí ullmhúcháin i 1960.
- Fógraíodh an dátheangachas mar bhunaidhm an Stáit feasta nuair a foilsíodh an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge i 1965.
- Níor lorgaíodh stádas Oifigiúil Eorpach don Ghaeilge i 1973 nuair a ghlac Éire ballraíocht i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE).
- Sa bhliain chéanna, chuir comhrialtas Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre deireadh leis an riachtanas gur ghá pas a bhaint amach sa scrúdú Gaeilge chun gur féidir Ardteistiméireacht a bhronnadh ar dhalta.
- Chuir an comhrialtas céanna deireadh le riachtanas na Gaeilge mar choinníoll fostaíochta sa státseirbhís i 1974. D’fhág seo, dar le hÓ Caollaí, go mbeadh an Ghaeilge nach mór gan aon stádas eacnamaíochta sa tír feasta (2013: 31).

Chun teacht i dtír ar an gcúlú seo, shocraigh na heagrais Ghaeilge feachtas síniúchán a reáchtáil i 1964. Faoin mana *Let the Language Live*, deir Ó Caollaí gur bailíodh 426,285 síniú mar chuid den fheachtas sin le himpí ar an rialtas glacadh le beartais dhearfacha a chuirfeadh an athbheochan chun cinn (2013: 17). Ní miste a rá gur tugadh faoin slógadh agus faoin stocaireacht seo le tionchar a imirt ar an rialtas agus freagraí á ndruchtú aige i bhfoirm Páipéir Bháin ar mholtaí an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge a foilsíodh in Eanáir 1964 (féach 2.4.5). Dá líonmhaire na síniúcháin a bailíodh, ba bheag aird a thug Seán Lemass, a bhí ina Thaoiseach ag an am, orthu (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a). Deir Ó Caollaí gurbh ann do dhaoine sa Chonradh nach raibh aon mhuinín acu as Seán Lemass ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de. D’fhág sin go raibh faitíos ar an gConradh nach gcuirfí aon bheartas de chuid an Pháipéir Bháin i bhfeidhm mar gheall ar neamhshuim Lemass. Ba iad an fhorbairt gheilleagrach mar aon le caidrimh idirnáisiúnta thrádála na clocha ba mhó ar phaidrín Lemass um an dtaca seo (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).



Deir Ó Caollaí agus Mac Ruairí beirt gur chuir tuarascáil an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge, feachtas na síniúchán chomh maith maith leis an bPáipéar Bán lucht freasúra na Gaeilge ar a n-airdeall go ndéanfaí iarrachtaí úra an Ghaeilge a chur chun cinn. Mheas an lucht freasúra, agus an LFM san áireamh, go mbeadh an teanga á brú ar dhaoine (Ó Caollaí, 2013: 17; Agallamh le Mac Aonghusa, 2013).

Ina theannta sin, bhí Comóradh 50 bliain Éirí Amach na Cásca ar siúl i 1966, comóradh a mhúscaíl ceisteanna achrannacha faoin bhféiniúlacht agus faoin 'náisiún.' Sa chaibidil seo, pléifidh mé an chaoi a ndeachaigh an Conradh i ngleic leis na díospóireachtaí seo, agus na díoscúrsaí a táirgeadh faoina n-anáil, le linn do Chathal Ó Feinneadha (1965-68) agus do Mhaolsheachlainn Ó Caollaí (1968-74) a bheith ina n-uachtaráin, tráth a raibh an LFM faoi lán seoil.

## **5.2 1965-68: Cathal Ó Feinneadha ina uachtarán**

Faoin scáth seo na guagachta sa saol polaitiúil agus eile, toghadh Cathal Ó Feinneadha, ar státseirbhíseach é, ina uachtarán ar Chonradh na Gaeilge ag an Ard-Fheis i mBéal Átha an Ghaorthaidh i 1965 (Mac Aonghusa, 1993: 338). Deir Tomás Mac Ruairí<sup>45</sup> gurbh í an chloch ba mhó a bhí ar phaidrín Uí Fheinneadha go gcuirfí eagar ar an ngluaiseacht agus thar aon ní eile go mbeadh craobhacha dá cuid ag feidhmiú (Agallamh 2013).

### **5.2.1 Scéim Timireachta**

Chuipe sin, chuir Ó Feinneadha isteach ar mhaoiniú rialtais chun scéim timireachta a chur ar bun leis an aidhm go neartófaí an Conradh ar fud na tíre trí chraobhacha nua a bhunú agus trí dhaoine óga a mhealladh isteach san eagraíocht. Bhain tábhacht thar na bearta le 'fuil nua' a mhealladh isteach sa ghluaiseacht chun dúshlán a thabhairt don 'sean-dream' a bhí ródhilís do bhunaíocht an Stáit mar aon le seanmhodhanna na gluaiseachta (Agallamh le Mac Ruairí, 2013).

Chreid an 'seandream' seo, dar le Máiréad Uí Dhomhnaill<sup>46</sup>, gur pháirtí go hiomlán poblachtánach, Gaelach agus dilís don Ghaeilge é Fianna Fáil agus go raibh an páirtí

---

<sup>45</sup> Saorriseoir is ea Tomás Mac Ruairí a bhí ina chomhbhall de Chraobh Bhréanainn agus de Chraobh na Cásca de Chonradh na Gaeilge. Ba é a d'athbhunaigh Craobh na Cásca freisin. Ina theannta sin, chaith sé tréimhse ar choiste gnó na heagraíochta sna 60í mar Oifigeach Eolais faoi uachtaránacht Chathail Uí Fhinneadha. Bhí sé ina uachtarán ar an gConradh é féin idir 1998-2003.

<sup>46</sup> Bhí comhbhallraíocht ag Máiréad Uí Dhomhnaill i Misneach agus i gConradh na Gaeilge sna seascaidí. Bhí sí ina Tánaiste ar an gConradh le linn uachtaránacht Phádraig Uí Snodaigh 1974-79. Tá sí ina saorriseoir anois. Ina theannta sin, tá sí pósta le hAodh Ó Domhnaill, rannpháirtí eile de chuid an taighde seo.

sin mar aon leis an Stát féin tiomanta go diongbháilte do chúis an athghaelaithe (Agallamh 2013).

Fágann sin go raibh ‘comhghuaillneacht’ idir Conradh na Gaeilge agus bunaíocht an Stáit, dar léi. Áitím go ndéantar dearbhú ar an gcomhghuaillneacht seo idir an Conradh agus an bhunaíocht in óráid an uachtaráin ag an Ardfeis i 1966, áit a ndúirt Cathal Ó Feinneadha gur ghlac an rialtas dúchasach cúram na Gaeilge chuige féin i ndiaidh bhunú an tSaorstait i 1922. Dúirt sé:

Ó shin i leith ba é gnó an Rialtais é gnó seo na Gaeilge agus ní bheadh i ngluaiseacht na Gaeilge ach eagraíocht leis an bpobal a mhisniú agus a ghríosadh chun bheith ar chomhchéim leis an Rialtas agus san am chéanna an Rialtas a ghríosadh le breis fós a dhéanamh le gur luaithe a bhainfí amach mian an náisiúin – Éire Ghaelach (Ó Feinneadha, 1966: 6).

Léiríonn sé seo gur chomhpháirtithe iad gluaiseacht na Gaeilge agus an Stát chun ‘mian an náisiúin’ a bhaint amach. Míníonn Mac Ruairí gur chaill an Conradh dlús le linn thúsbhlianta an tSaorstáit de dheasca uafás an Chogaidh Chatharta, rud a d’fhág go ndeachaigh an ghluaiseacht isteach i ‘suan siamsaíochta’ ina mbíodh céilithe, drámaí agus bailiúcháin ar siúl in áit stocaireachta (Agallamh le hUí Dhomhnaill, 2013). In éagmais na stocaireachta leanúnaí sin, níor thuig baill an Chonartha cérbh iad na modhanna ab éifeachtaí a rachadh i gcion ar an bpobal. Ba mhian leis an scéim timireachta an staid sin a leigheas trí dhaoine a chur ag obair go háitiúil ag bunú craobhacha agus ag slógadh ball nua. D’fhágfadh seo go mbeadh an chreatlach eagrúcháin ann in am trátha chun gaelscoileanna a bhunú, dar le Mac Ruairí (Agallamh 2013) (féach 5.8.2). Áitíonn Pádraig Ó Snodaigh<sup>47</sup> gur chuir na timirí ‘feoil’ ar chreatlach na gluaiseachta agus go raibh siad ina n-uirlis troda in aghaidh chulú an bheartais teanga ó lár na seascaidí i leith:

Chuir siad [na timirí] dlús/ fás agus forbairt sa Chonradh//chuir siad feoil ar chreatlach//bhí mise mar uachtarán agus an fear a chuaigh romham [Maolsheachlainn Ó Caollaí] an-tógtha le timirí a chur ar an mbóthar ag bunú Craobhacha ag neartú Craobhacha agus bhí triúr ar bhord craobhacha i dtreo an saghas gníomhaíochta a luaigh mé níos luaithe //sé sin gaelscolaíocht agus mar sin de//fight back a bhí ann//bhí timirí mar nádúr de chuid an Chonartha ón tús (Agallamh 2013).

<sup>47</sup> Bhí Pádraig Ó Snodaigh ina bhall de Chraobh na Scríbhneoirí agus bhí sé ina uachtarán ar Chonradh na Gaeilge idir 1974-79. Bhíodh sé ag obair in Ard-Mhúsaem na hÉireann sna seascaidí agus bhunaigh sé an comhlacht foilsitheoireachta Coiscéim in 1980.

Is cinnte, dar le hÓ Domhnaill, gur éirigh leis an scéim timireachta cur le líon na gcraobhacha ar feadh tamaill ag staid ina raibh borradh úr ag teacht faoin gConradh ar go leor cúiseanna éagsúla (Agallamh 2013). D'éirigh le cuid de na timirí an-obair a dhéanamh ach tá amhras ar Uí Dhomhnaill an raibh aon anailís déanta ar céard go díreach a bheadh ar siúl acu (Agallamh 2013).

Ba iad Máirtín Mac Cormaic, Labhrás Ó Murchú agus Tomás Mac Ruairí a ceapadh ina dtimirí faoi stiúir Uí Fheinneadha (Mac Aonghusa, 1993: 340). Anuas ar a chúraimí timireachta, ceapadh Tomás Mac Ruairí ina Oifigeach Caidrimh Phoiblí ar choiste gnó an Chonartha i 1967. Thit an cúram air, dá réir, bunteachtairacht na gluaiseachta a chraobhscaoileadh mar aon le poiblíocht a chothú d'imeachtaí na heagraíochta sna meáin chumarsáide (Mac Aonghusa, 1993: 343). Léiriú ab ea é seo go raibh cuid den ghluaiseacht ag dul i ngleic le ré na nua-aoiseachta ina raibh sí ag maireachtáil. Is é sin le rá go bhfacthas an tábhacht a bhain le 'smachtú eolais,' trí thionchar a imirt ar na hacmhainní um tháirgeacht shiombalach, chun tuiscintí an phobail a mhúnlú agus a shaobhadh. Léirigh seo toilteanas agus cumas an Chonartha páirt a ghlacadh i gcogadh bolscaireachta leis an LFM, cogadh a troideadh, cuid mhór, ar leathanaigh na litreacha sna nuachtáin. Dá thiomanta is a bhí codanna den Conradh don nua-aoiseacht, níorbh amhlaidh a bhí 'aitheasc an uachtaráin' ag Ardfeis 1967, áit ar thug Ó Feinneadha dúshlán do chomhthéacs ceistitheach na seascaidí:

Ar ndóigh réabhlóid in aghaidh smachta de gach saghas atá ar siúl – idir smacht eaglasta, smacht náisiúntachta agus smacht an tsaoil mhorálta (1967 : 6).

In ainneoin go raibh seanmhodhanna an Chonartha á gceistiú beagán le linn na tréimhse seo, d'fhan an ghluaiseacht dilís dá dearcadh traidisiúnta i leith na hathbheochana. Deir Aodh Ó Domhnaill<sup>48</sup> go raibh athbheochan na Gaeilge fós ina haidhm oifigiúil de chuid an Chonartha ag an am mar aon leis an gcuspóir go mbeadh an Ghaeilge ina príomhtheanga sa tír feasta (Agallamh 2013). Maíonn Ó Caollaí gur léirigh an Páipéar Bán, áfach, nach bhféadfaí a bheith ag súil le beartas athbheochana ón Stát feasta. Bhí Conradh na Gaeilge, dá réir sin, go mór in aghaidh an cuspóir a fógraíodh sa Pháipéar Bán, is é sin an athbheochan a íslíu go

---

<sup>48</sup> Le linn na tréimhse a ndéanann an taighde seo cur síos uirthi, bhí Aodh Ó Domhnaill ina bhall de Chraobh na Cásca agus de Chraobh Móibhí araon.

dátheangachas (Agallamh 2011a). Thug Cathal Ó Feinneadha é seo le fios freisin ag Ard-Fheis na gluaiseachta i 1966, áit ar dhearbhaigh sé nár thír dhátheangach ab aidhm don Chonradh:

[...] is é atá uainn ná an Ghaeilge a chur in áit an Bhéarla in Éirinn agus ní bheidh rath ceart ar Éirinn go dtagann an lá san. Sé mian an phobail Éire a bheith Gaelach agus sé an mian sin a choinníonn an sprid ionann mar chine. Ní tír dhátheangach is aidhm dúinn (Ó Feinneadha, 1966: 5).

Chuir an chaint seo faoin ‘nGaeilge a chur in áit an Bhéarla’ an lasair sa bharrach ag an LFM agus shocraigh an ghluaiseacht, dá réir sin, an ‘replacement policy’ a bhaisteadh ar bheartas an Chonartha agus an Stáit feasta (féach 6.2.1).

### **5.2.2 *The Language and the National Identity: Where stands Conradh na Gaeilge?***

Reáchtáladh an cruinniú ba mhó cáil agus conspóid de chuid an LFM i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath ar an 21ú Meán Fómhair 1966<sup>49</sup>. Ba é ‘saoirse cainte’ rún an chruinnithe sin toisc gur theastaigh ón LFM a léiriú go raibh sé de cheart acu cur i gcoinne an bheartais teanga go poiblí (féach 6.8).

Ardán aontaobhach le cainteoirí ón LFM amháin a bhí in ainm is a bheith ann ag an tús. Bhí an cruinniú ina chíríib, áfach, go dtí gur socraíodh go roinnfí an t-ardán le gluaiseacht na Gaeilge chun saoirse cainte a bhaint amach don dá thaobh.

Roimh an sliúchas a thit amach i dTeach an Ardmhéara, thionóil Conradh na Gaeilge preasócáid chun gurbh fhéidir paimfléad i mBéarla, *The Language and the National Identity*, a eisiúint. Sa cháipéis ghearr sin, ocht leathanach ar fad, tugadh freagra Chonradh na Gaeilge ar ‘naimhde’ na teanga, rud a chiallaíonn nár luadh ainm an LFM go follasach sa cháipéis sin. Áitím, dá réir sin, gur bearna dhioscúrsach é an t-easnamh sin ina ndéanfaí iarracht bailíocht an LFM a ‘scriosadh’ den dioscúrsa (féach 3.4.2.3). D’fhéadfaí a áiteamh, toisc go raibh cruinniú an LFM le bheith ar siúl i dTeach an Ardmhéara ar ball, gur mhian leis an gConradh a réamhfhreagra ar an LFM a thabhairt roimh thús an chruinnithe sin.

Sa phaimfléad úd, bhí athbheochan na Gaeilge, nó an ‘soiscéal náisiúnta’ mar a tugadh uirthi, á dlisteanú sa náisiúnachas agus in íobairtí cheannairí 1916 go háirithe

<sup>49</sup> Ócáid ilghuthach ab ea an cruinniú seo inar cuireadh iliomad tuairimí difriúla i láthair faoi cheist na Gaeilge. Áitím, dá réir sin, gur láthair thorthúil é Teach an Ardmhéara do tháirgeacht idé-eolaíochtaí teanga. Ar an ábhar gurbh é an LFM a d’eagraigh an cruinniú iomráiteach sin, shocraigh mé é a phlé i gCaibidil a Sé (Cás-staidéar 2: LFM).

(Conradh na Gaeilge, 1966: 2). Ní nach íonadh go raibh an reitric seo á hathmhúscailt i 1966 agus comóradh caoga bliain an Éirí Amach ar siúl. Leagaim amach thíos na príomhthéamaí atá le sonrú ar an gcáipéis seo:

- Dhiúltaigh an Conradh don argóint, a chuir lucht a gcáinte ina leith go minic, gur mheon oileánach agus scarúnaíoch ba bhunús leis an athbheochan. A mhalairt a bhí fíor, dar leis an gConradh:

A national identity which proclaims the versatility and variety of man in his national setting and against the backcloth of his finest traditions is cultural internationalism at its most desirable (Conradh na Gaeilge, 1966: 3).

Tagann sé seo le teoiricí an náisiúnachais chultúrtha a ghlac de hÍde chuige féin nuair a bunaíodh an Conradh, mar a léirigh mé i gCaibidil a Dó. Is é sin le rá gur mhian leis an gConradh nua-aoisiú na tíre a chur ar bun trí náisiúntacht shainiúil a athchruthú le go bhféadfadh Éire cur leis an daonnacht, leis an tsibhialtacht agus leis an bhforbairt idirnáisiúnta. Léiriú is ea é seo ar idé-eolaíocht an eisintiúlachais a bhí i réim sa Chonradh i gcónaí (féach 2.2.2).

- Mhaígh an Conradh go raibh meon mhuintir na hÉireann i leith na Gaeilge á mhúnlú ag meáin éagsúla chraolta, meáin a chleacht béarlaíochta corraitheach ar nós ‘an Ghaeilge éigeantach’ agus a bhain an bonn de dhea-thoil na ndaoine i leith na teanga dá réir (Conradh na Gaeilge, 1966: 4).
- Cúis aiféala don Chonradh ab ea an Ghaeilge a bheith ina ceist pholaitiúil ag an am. D’impigh an eagraíocht ar ‘chairde na Gaeilge’ sna páirtithe polaitíochta an fód a sheasamh le go bhfillfí ar an seasamh idéaláíoch a bhí i réim roimhe seo ó thaobh na teanga de. Mura ndéanfaí sin, tugadh le fios go raibh an Conradh réidh chun spairne arís chun deireadh a chur leis an ‘national schism’ (1966: 6):

Conradh na Gaeilge aroused this nation once before: given the required circumstances it shall do so again (1966: 5).

Is féidir a áiteamh bunaithe ar an sliocht seo go raibh easpa gníomhúcháin sa Chonradh um an dtaca seo sa mhéid is go dtugtar le fios go bhféadfadh an eagraíocht tabhairt faoi chorráil arís dá mba ghá. Léiriú is ea é seo go raibh

an eagraíocht neadaithe isteach leis an mbunaíocht agus nach raibh aon ghá le corraíl dá bharr.

### 5.2.3 Anailís

Bhí beagán d'aiséirí agus d'athmhúscailt as 'suan na siamsaíochta' ar siúl sa Chonradh le linn uachtaránacht Uí Fheinneadha sa mhéid is gur tháinig borradh as cuimse ar líon na n-ógánach sa ghluaiseacht mar thoradh ar an scéim timireachta. Bíodh sin mar atá, feictear dom go raibh an *status quo* á chosaint ag an eagraíocht i gcónaí, rud a léiríodh, dar liom, ar *The Language and the National Identity* go háirithe. Is é sin le rá go léiríonn an cháipéis seo gur ghluaiseacht é an Conradh um an dtaca seo a bhí ag cur i gcoinne athruithe sa tsochaí seachas a bheith á gcur chun cinn. Is cáipéis thar a bheith cosantach í seo freisin sa mhéid is go gcuirtear an locht ar dhreamanna eile as fuarchúis ('national schism') a ghiniúint i leith na teanga i measc an phobail (i. na meáin chraobhscaoilte, naimhde na teanga). Dealraíonn sé freisin go raibh deacrachtaí ag codanna den Chonradh dul i ngleic leis an tsochaí nua-aoiseachta a bhí ag teacht chun cinn, sochaí ina raibh an ceistiúchán agus an fhéin-achtáil ag teacht i réim, mar a deir Pádraig Ó Ceithearnaigh<sup>50</sup>:

Mhair na daoine a bhí sa Chonradh sna 1940í agus sna 1950í suas go dtí deireadh na seascaidí/ gur mhair siad sin siar fós in sna 1890í ach bhí an pobal théis bogadh ar aghaidh (Agallamh le hÓ Ceithearnaigh, 2013).

Áitím, dá réir, nárbh ann don fhéinmhachnamh, i measc chodanna den ghluaiseacht, a d'fhiosródh éifeacht mhodhanna oibre na hathbheochana nó a cheisteodh fealsúnacht an Chonartha ach an oiread.

Ina theannta sin, áitím go bhfuil argóintí na cáipéise seo agus an Chonartha trí chéile fréamhaithe go dlúth i bhfealsúnacht eisintiúil na hAthbheochana, fealsúnacht nach raibh aon athnuachan déanta uirthi ó thús an fichiú haois – mar atá léirithe i gCaibidil a Dó den tráchtas seo. Dá bharr sin, áitím gurbh athleagan de sheanbhríonna, a bhí fréamhaithe i ngníomhúchán an 'chomhfheasa phraiticiúil,' í idé-eolaíocht an Chonartha um an dtaca seo (féach 3.3.4). Atáirgeacht de

<sup>50</sup> Tá tréimhsí caite ag Pádraig Ó Ceithearnaigh ina uachtarán (1987-1992), ina leas-stiúrthóir (1996-2003) agus ina stiúrthóir gníomhach (2003-09) ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Ina theannta sin, chaith sé deich mbliana ag obair le Coláiste na bhFiann idir 1982 agus 1992 agus chaith sé ceithre bliana ina bhainisteoir ar Ghlór na nGael (1992-1996). Bhí a athair ina phríomhoide ar Scoil Ghrealláin, an scoil náisiúnta i mBéal Átha na Slua inar chinn an sagart paróiste, faoi réir ag mianta cuid de na tuismitheoirí a bhí ag teacht faoi anáil theagasc an LFM, pobalbhreith a réachtáil chun meán teagasc na scoile a athrú ón nGaeilge go Béarla (Ó Ceithearnaigh, 2013). Pléifidh mé na pobalbhreitheanna sin faoi rannóg 5.7.3 thíos.

sheanbhríonna agus de shean-idéil na heagraíochta a bhí á gcrabhscaoileadh ar an gcáipéis seo seachas athmhachnamh fealsúnachta ón mbonn aníos. Ba ghá go dtabharfaí faoi tháirgeacht bríonna úra faoi choimirce an chomhfheasa dhioscúrsaigh chun ‘an t-athmhachnamh’ fealsúnachta sin a chur i gcrích. Ach ina éagmais sin, deir Ó Caollaí go raibh ‘sean-idé-eolaíocht’ an Chonartha le sonrú ar an gcáipéis seo (Ó Caollaí, 2011b).

Bhí an easpa athnuachana seo ar cheann de na cáintí ba mhó a chuireadh Máirtín Ó Cadhain agus a leathbhádóirí san eagraíocht Misneach i leith an Chonartha. In ainneoin nach bhfuil sé d’aidhm agam sa tráchtas seo cás-staidéar a dhéanamh ar Misneach, is gá, mar sin féin, cur síos a dhéanamh ar chnámha spairne na heagraíochta sin féachaint cén rian (más ann dó) a fágadh ar Chonradh na Gaeilge.

### 5.3 Cur i gcoinne na ‘sean-idé-eolaíochta’: Bunú Misneach

Brúghrúpa radacach ab ea Misneach a bunaíodh i 1963 mar fhreagra ar theip agus ar fhimíneacht an rialtais maidir le cur i bhfeidhm bheartas na hathbheochana. Deir Séamus Ó Tuathail<sup>51</sup>, ar bhall den eagraíocht é, go raibh béalchráifeacht á déanamh ag an rialtas i leith na Gaeilge sa mhéid is go raibh ráitis reitriche an rialtais ag teacht salach ar a ghníomhartha praiticiúla. Luann Ó Tuathail dúnadh na gColáistí Ullmhúcháin i 1960 mar fhianaise den fhimíneacht seo agus dá bharr sin, deir sé go raibh cúrsaí na Gaeilge ‘marbhánta’ agus ‘ag dul in olcas’ um an dtaca seo (Agallamh le hÓ Tuathail, 2013). Bhí cuid mhór de bhaill Misneach ina mbaill den Chonradh chomh maith<sup>52</sup>. Maíonn Prionsias Mac Aonghusa go raibh go leor daoine óga i gConradh na Gaeilge ag tús na seascaidí a bhí ag éirí mífhoighneach le cur chuige séimh stocaireachta an Chonartha. Cheap said go raibh an Conradh róchiúin agus rómhánla á chur féin i lathair (Mac Aonghusa, 1993: 347).

Bhí fealsúnacht Mháirtín Uí Chadhain agus Misneach an-mhealltach dóibh siúd, agus daoine óga ab iad a bhformhór, ar theastaigh cur chuige ní ba ghníomhaí agus ní ba radacaí uathu. Ar an mbonn sin, tharraing Misneach siar as gluaiseacht

---

<sup>51</sup> Bhí Séamus Ó Tuathail ina eagarthóir ar an míosachán poblachtánach *An tÉireannach Aontaithe* idir 1967 agus 1971. Ardán ab ea an foilseachán seo chun cearta sibhialta mar aon le cúiseanna sóisialacha agus poblachtánacha a chur chun cinn ó thuaidh agus ó dheas. Is abhcóide é Ó Tuathail i mBaile Átha Cliath anois.

<sup>52</sup> Ina measc sin, bhí: Séamus Ó Tuathail, Seán Ó Laighin, Deasún Breatnach, Risteárd Ó Glaisne, Criostóir Mac Aonghusa, Cian Ó Murchú, Proinsias Nic Uait, Déaglán Ó Muimhneacháin, Conchubhar Ó Riain agus Mícheál Mac Aonghusa (Mac Aonghusa, 1993: 347). Deir Máiréad Uí Dhomhnaill gur bhall de Mhisneach í freisin (Uí Dhomhnaill, 2013).

‘oifigiúil’ na Gaeilge, mar a thug an Cadhnach ar eagraíochtaí ar nós Chonradh na Gaeilge, Ghael Linn agus Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge (Agallamh le hÓ Tuathail, 2013). Maíonn Máiréad Uí Dhomhnaill gur tháinig sí faoi anáil Uí Chadhain, ar mhacasamhail Che Guevara do lucht Misneach é, toisc ‘gur phearsa agus gur cheannaire láidir agus cumhachtach’ é a raibh ‘teacht i láthair’ an-láidir aige agus ar éirigh thar cionn leis, dá réir sin, na baill a ghríosadh chun spairne (Agallamh 2013).

Deir Ó Tuathail go raibh gluaiseacht oifigiúil na Gaeilge róbhainteach le bunaíocht an Stáit agus dá bharr sin, bhí an ghluaiseacht ag feidhmiú i gcomhar leis an rialtas seachas ag iarraidh dul i gcion orthu:

[...] bhí an ghluaiseacht oifigiúil mar a thug Máirtín [Ó Cadhain] orthu róchiúin agus bhí siad ag dul an bhóthair in éindí leis an rialtas agus ag súil go dtarlódh rudaí dearfacha nuair a bhí rudaí diúltacha ag tarlú [...] an sampla is cuimhin liomsa ná go háirithe ná na coláistí oiliúna nuair a dúnadh iad sin (Agallamh le hÓ Tuathail, 2013).

Maíonn Mícheál Mac Aonghusa<sup>53</sup>, ar bhall de Misneach é freisin, gur ghnách leis an gConradh toscaireacht a chur chuig Tithe an Rialtais dá mba mhian leo ceist a phlé agus stocaireacht a dhéanamh. Léiríú ab ea é seo ar ‘mheasúlacht’ na gluaiseachta, dar leis. Mar thoradh air seo, deir Ó Tuathail agus Mac Aonghusa beirt go raibh na heagraíochtaí fadbhunaithe ródhilís do cheannaireacht an Stáit agus go raibh faitíos orthu dá réir olc a chur ar Fhianna Fáil go háirithe. Ar an mbonn sin, theastaigh ó Mhisneach go bhfeidhmeodh an ghluaiseacht oifigiúil neamhspleách ar an rialtas agus nach mbeadh eagla orthu dá réir an rialtas a cháineadh nuair ba ghá é sin a dhéanamh (Agallamh le hÓ Tuathail, 2013). Chuige sin, bhí an Cadhnach den tuairim go mba ghá don ghluaiseacht agus do Mhisneach araon a gcéad-dílseacht a léiriú don Ghaeilge beag beann ar a ndílseachtaí do pháirtithe polaitíochta (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013).

Ina theannta sin, maíonn Mícheal Mac Aonghusa go raibh an Conradh róghafa le gnásanna na heagraíochta agus go mbítí ag eagrú cruinnithe coiste sula ndéanfaí tada. Bhí sé rídheacair aon rud a eagrú sa Chonradh ar an mbealach sin, dar le Mac

---

<sup>53</sup> Bhí Mícheál Mac Aonghusa ina chomhbhall de Chonradh na Gaeilge agus de Mhisneach araon. Ina theannta sin, bhí sé ina rúnaí ar Chraobh na Cásca, a phléifear ar ball, nuair a athbhunaíodh an chraobh sin sa bhliain 1965/66 (Mac Aonghusa, 1993: 348). Chaith sé tamall ar an gCoiste Gnó idir 1973-74 faoi stiúir Mhaolsheachlainn Uí Chaollaí a bhí ina uachtarán ag an am (Mac Aonghusa, 1993: 362).



Aonghusa (Agallamh 2013). Chun teacht i dtír air sin, áitíonn Ó Snodaigh go raibh an eagraíocht Misneach á riaradh ar bhonn *ad hoc* (Agallamh 2013), is é sin le rá go raibh sé ag feidhmiú ar bhonn thar a bheith neamhfhoirmiúil agus neamhstruchtúrta le cinntiú go bhféadfadh an eagraíocht dul i mbun corraíola gan bhac (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013).

Bhí Máirtín Ó Cadhain go láidir den tuairim go raibh easpa ceistiúcháin agus diospóireachta sa Chonradh toisc gur ‘milieu sóisialta’ é a raibh an ‘mheasúlacht’ agus an luí leis an mbunaíocht ina mbonn faoi, dar leis:

Ní bhíonn daoine easaontach le chéile ag cruinniú Gaeilge! Fianna Fáil ar fad a bhí sna daoine sin. Ní smaoinéis go bhféadfadh duine a bheith ar a mhalairt, ní hé amháin ansin ach in aon áit eile. Is scata beag daoine iad agus ghetto den chineál is measa déanta acu diobh féin, ghetto na hintinne. Measaim gurb sheo é atá déanta ag an gConra ar fad dhe féin (c.1970: 7).

Ba mhian le Misneach, dá réir, modhanna nua oibre agus smaointeoireacht úr a chur chun cinn a bheadh fréamhaithe san easumhlaíocht shibhialta agus a bheadh ag teacht faoi anáil ghluaiseachtaí teanga sa Bhreatain Bheag.

### 5.3.1 Tionchar na Breataine Bige

Ar an ábhar sin, tháinig Máirtín Ó Cadhain faoi thionchar Saunders Lewis, ar ghníomhaí polaitíochta agus teanga é sa Bhreatain Bheag (1893-1985). Bhí baint nach beag ag Lewis le bunú Plaid Cymru, páirtí ar mian leis neamhspleáchas na Breataine Bige a chur chun cinn chomh maith le sochaí dháttheangach a chur chun cinn. Thug Lewis léacht raidió dar teideal ‘Tynged yr Iaith’ (‘Dán na Teanga’) a craoladh ar an BBC i 1962 inar mhol sé modhanna réabhlóideacha agus an easumhlaíocht shibhialta go háirithe chun an Bhreatnais a chur chun cinn. Go gairid ina dhiaidh sin agus trí thinfeadh léacht Lewis, bunaíodh an brúgrúpa gníomhaíochta ar a dtugtar Cymdeithas yr Iaith Gymraeg (‘Cumann na Breataine’) (Agallamh le hUí Bhaoill, 2013).

D’aistrigh Ó Cadhain léacht Lewis go Gaeilge i 1963, aistriúchán a foilsíodh i bhfoirm leabhráin dar teideal *Bás nó Beatha?*. Agus an léacht seo á haistriú ag an gCadhach, ba mhian leis modhanna gníomhaíochta na Breataine Bige a chur ar a súile do ghluaiseacht na Gaeilge in Éirinn (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013). Deir

Betí Uí Bhaoill<sup>54</sup>, ar Breatnach í féin, go raibh baint aici le bunú *Cymdeithas* agus go raibh tionchar ag fealsúnacht an bhrúgrúpa sin ar Mhisneach. Bíodh sin mar atá, ní dóigh léi gurbh ionann na modhanna a ndeachaigh an dá ghluaiseacht ina muinín d'fhonn a n-aidhmeanna a bhaint amach. Áitíonn sí go raibh *Cymdeithas* ag cur i gcoinne údaráis oifigiúla an Stáit amháin, murab ionann agus Misneach a bhíodh ag cáineadh chomhiarrachtaí Gaeilgeoirí eile (bhíodh Conradh na Gaeilge á cháineadh ag Misneach go minic mar shampla):

[...] d'eascair *Cymdeithas yr Iaith Gymraeg* as caint Saunders agus ar bhealach d'fhéadfá a rá gur eascair Misneach as an aistriúchán [a rinne Ó Cadhain] ach ní dóigh liom go raibh na modhanna díreach mar an gcéanna//an difríocht a fheicimse//bhí Misneach ag ionsaí comhghaeilgeoirí//now is in aghaidh údaráis agus rudaí oifigiúla agus an rialtas lárnach a bhí na Breatnaigh (Agallamh le hUí Bhaoill, 2013).

Deir Mac Aonghusa gurbh é Misneach ba thúisce a rinne teagmháil leis an mBreatain Bheag, rud a d'fhágfadh a rian ar Chonradh na Gaeilge in am trátha, mar a mhíníonn sé:

Ceann de na rudaí a bhí i gceist ag Misneach go rachaimis i muinín easumhlaíocht shibhialta agus b'fhéidir an dlí a bhriseadh ó thráth go chéile/bhíodh an Cadhnach ag caint nár mhiste go mbrisfí fuinneog nó dhó anois agus arís [...] anois ní dóigh liom gur briseadh fuinneoga ach san am céanna b'shin a bhí ann. Freisin/ bhíomar ag breathnú ar an rud a bhí ag tarlú sa Bhreatain Bheag ag an am [...] daoine ag agóidíocht go poiblí [...] Ní bhíodh aon rud mar sin ar siúl ag lucht na Gaeilge in Éirinn ag an am//tharla sé níos deireanaí ceart go leor agus is dócha go raibh tionchar áirid ag Misneach air sin go mbeadh picéidí agus rudaí mar sin ann ach chuaigh sé sin i bhfeidhm orainn agus ansin ar ndóigh do scríobh/rinne an Cadhnach aistriúchán ar an [léacht?] raidió a thug Saunders Lewis inar mhol sé modhanna den chineál sin (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013).

Agus Misneach ag tarraingt ar an easumhlaíocht shibhialta, is cuimhin le Mac Aonghusa picéad a bheith ag an ngluaiseacht ag slógadh de chuid Fhianna Fáil, a tionóladh ar Shráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath, roimh an olltoghchán in Aibreán 1965. Ní miste a rá gur foilsíodh an Paipéar Bán i mí Eanáir na bliana sin agus thapaigh Misneach an deis seo chun dul in adharca le Fianna Fáil go poiblí. Bhí an Taoiseach Seán Lemass ina sheasamh ar ardán agus bhí cóipeanna den Pháipéar

<sup>54</sup> Breatnach is ea Betí Uí Bhaoill a raibh baint aici le gluaiseachtaí teanga in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag araon. Anuas ar an mbaint a bhí aici le bunú *Cymdeithas yr Iaith Gymraeg* sa Bhreatain Bheag, bhí sí gníomhach, i gcomhar le Conradh na Gaeilge, i mbunú Scoil Neasáin i Rath Eanaigh i 1969. Chreid sí go mba chóir oideachas trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil mar cheart ag aon Éireannach a bheadh á éileamh (Uí Bhaoill, 2013).

Bán á gcaitheamh ag baill Mhisneach leis agus iad ag beicíl ‘tarraing siar an Páipéar Bán’ (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013). Modh agóide ab ea é seo ar baineadh úsáid as chun an Stát a náiriú, dar le hUí Dhomhnaill (Agallamh 2013). Bhí Brian Ó Baoill ina rúnaí ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag an am. Maíonn sé gur tháinig sé leis na bunchuspóirí a bhí ag Misneach ach nár aontaigh sé, a bheag nó a mhór, leis na modhanna a úsáideadh:

Níor aontaigh mé leis na modhanna mar níor cheap mé go rachaidís i bhfeidhm in san mbealach ceart agus cheap mé go gcuirfidís polaiteoirí go hiomlán in aghaidh na Gaeilge (Agallamh 2013).

Is léir gur mheas Misneach go raibh an ghluaiseacht oifigiúil mí-éifeachtach i mbun a cúraimí. Tá an t-áiteamh seo le haireachtáil go láidir in óráid cháiliúil Mháirtín Uí Chadhain dar teideal *Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae* a foilsíodh i bhfoirm paimfléid thart ar 1970<sup>55</sup>. Sa phaimfléad úd, tugann Ó Cadhain fogha faoi mhodhanna oibre na gluaiseachta oifigiúla. Dream is ea é, dar leis, a bhíonn ag galamaisíocht le chéile ag freastal ar léachtaí seachas a bheith ag gníomhaíocht (c.1970: 3):

Ní bhíonn tada le déanamh acu nó ní dhéanann siad tada. B’fhearr don Réalt a bheith ag síorphaidreoireacht – ba ghníomhaíocht é sin – ná ag síoréisteacht le léachtaí. Ach b’fhearr do chumann é féin a dhíscaoile nuair nach bhfanann aon chuibheas ann agus nach léar dó céard atá ar siúl aige (c.1970: 8).

Anuas air sin, deir Mac Aonghusa go mbíodh saol inmhéanach an Chonartha sa tréimhse roimh na seascaidí bunaithe cuid mhór ar chaitheamh aimsire agus go mbíodh baill na heagraíochta ag imirt leadóige boird sa cheannáras, tráth a raibh sé ar Chearnóg Parnell. Chreid Misneach go láidir gur ríghá dúiseacht as an suan seo agus daoine a shlógadh chun gníomhaíochta (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013). D’áitigh Ó Cadhain go raibh leisce ar an gConradh athrú, agus nach bhfacthas an gá le hathrú ach an oiread, de bharr a thiomantais dá thraidisiún plúchta – an tOireachtas, céilithe agus feiseanna:

An chlaíteacht is mó sa gConra, b’fheidir, a dhoicheadh le aon athrú tar éis gur rud é athrú atá do-sheachanta. Mar sin féin is minice an Conra ag cur chuige amhail is dá mba rud intseachanta athrú ar bith. Is cosúil Conra na Gaeilge inniu leis an gConra a bhí ann i 1900 [...] Is údar faitís liom na mealltracháí móra plúchtach **tradition** – **tradition** marbh a lán dhe – a fheicim caite

---

<sup>55</sup> Ní luaitear aon dáta foilsithe ar an bpaimfléad seo ach deir Walsh gur foilsíodh é thart ar an mbliain 1970 (2012: 90).

timpeall agus a mbíonn an-tóir again fille air, an chuid mharbh agus eile (c.1970: 3). (beim sa bhunleagan).

Bhí an ‘traditionalism’ seo a ndearna Ó Cadhain trácht air ag ‘bascadh’ agus ag ‘plúchadh’ chúrsaí na Gaeilge. Bhí na modhanna oibre seo as dáta, dar le hÓ Cadhain (c.1970: 4). Ba ghá, dá bharr, coraíocht leis an mbunaíocht chun an Ghaeilge a bhaint di, bunaíocht a chuimsigh Fianna Fáil agus Cumann Luthchleas Gael. Ní mór gluaiseacht na Gaeilge a dhealú ón mbunaíocht seo agus ‘athghabháil’ a dhéanamh ar Éirinn dá réir. Pléifidh mé téama na hathghabhála i scríbhinní an Chadhanaigh sa chéad fho-rannóg eile.

### 5.3.2 Leigheas: ‘Athghabháil na hÉireann’

Ba í an Ghaeilge an bonn dlisteanaithe faoin athghabháil ar mhian le hÓ Cadhain a dhéanamh ar Éirinn. Mhaígh sé go mba chóir go mbeadh an teanga ina dlúthchuid den smaointeoireacht is forásaí in Éirinn agus go sábhálfaidh sí, dá réir, an teanga agus an tír araon (c.1970: 10). Dá bharr sin, ba chóir go mbeadh an Ghaeilge ina lón cogaidh agus agóide a spreagfadh athruithe agus gníomhaíocht sa tsochaí trí chéile:

Mar sin, an áit is tréine an agóid bíodh an postéara Gaeilge le feiceáil agus an gháir Ghaeilge le cloisteáil (Ó Cadhain, c.1970: 10).

An Ghaeltacht agus an meath a bhí ag teacht uirthi ba mhó a bhí ag dó na geirbe ag an gCadhach, dar le Mac Aonghusa (Agallamh 2013). Chreid Ó Cadhain nach dtiocfadh an Ghaeilge slán sa Ghaeltacht mura mbeadh cur chun cinn na teanga ina bhunphrionsabal sa tír i gcoitinne. Ar an mbonn sin, ní fhéadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn gan cur chun cinn comhthreomhar na Gaeltachta:

[...] is dóigh liom gur chreid sé [Ó Cadhain] nach mbeadh Éireannachas ann agus go mbeadh brí eile le hÉireannach mura mbeadh an Ghaeilge curtha chun cinn agus ní fhaca sé go bhféadfadh an Ghaeilge a chur chun cinn dá n-imeodh an Ghaeltacht [...] an Ghaeltacht tíreolaíochta más mian leat (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013).

Dá bharr seo, shocraigh Misneach céalacan a chur ar siúl i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, le linn chomóradh 50 bliain Éirí Amach na Cásca i 1966, le faillí an rialtais i leith na Gaeilge agus i leith aidhmeanna laochra 1916 a léiriú. Bunaithe ar thuairiscí a foilsíodh ar an nuachtán *Amárach*<sup>56</sup>, deir Misneach nach mbeadh aon

<sup>56</sup> Bunaíodh an nuachtán *Amárach* i 1956 mar ghléas bolscaireachta de chuid eagraíocht nuabhunaithe ar a dtugtaí ‘Muintir na Gaeltachta.’ Bhunaigh Peadar Ó Ceallaigh, fear a rugadh é ar an Dúchoraidh i dTír Chonaill, an eagraíocht ‘Muintir na Gaeltachta’ i 1953 chun brú a chur ar an rialtas cearta mhuintir na Gaeltachta a aithint (Ní Uigín, 1993: 110). Bhí sé d’aidhm ag an nuachtán beartas

chomóradh eile ach stailc ocras feiliúnach chun Cáisc 1916 a chomóradh toisc nach ndearnadh comhlíonadh ar a cuspóirí (Amárach, 1966a: 6). D’áitigh Misneach go mba chóir go mbeadh ní ba mhó dul chun cinn déanta ag an rialtas ó thaobh chaomhnú na teanga de tar éis caoga bliain seachas an bánú agus an eisimirce a bhí á bhfulaingt sa Ghaeltacht. Arís, d’áitigh *Amárach* gurbh ionann faillí an rialtais i leith na Gaeltachta/na Gaeilge agus fogha a thabhairt faoin bPiamsach féin. Deir *Amárach*:

Agu (sic) cur síos ar a laghad atá déanta, deir siad [Misneach], dá dtéadh an Piamsach isteach in Ard-Oifig an Phosta i láthair na h-uaire, ní fhéadfadh sé cloigín a chnagadh, “ring” a chaitheadh sé a dhéanamh. Ní fhéadfadh sé suim airgid a athrú i nGaeilge i mBanc Taisce na hÉireann istigh ann. Tá na foirmeacha Gaeilge á n-ullmhú i mBeggars’ Bush le leath-chéad bliain (Amárach, 1966a: 6).

Tugann sé le fios go raibh forluí dioscúrsach idir Misneach agus *Amárach* maidir le faillí an rialtais i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta araon. Ba ghnách forógra agus laochra 1916 a úsáid mar uirlis an t-am seo chun sochaí reatha na hÉireann a cháineadh agus chun a léiriú go raibh mianta na sochaí sin ag teacht salach ar mhianta laochra 1916. Lena chois sin, bhíodh an forógra in úsáid ag dreamanna eile chun a mhalairt a léiriú, mar a deir Daly:

The 1916 Proclamation and various 1916 leaders – specifically Pearse and Connolly – were commonly invoked to decry the shortcomings of contemporary Irish society, or as evidence that various programmes that were being proposed were consistent with the philosophy of 1916 (2007: 33).

Mar thoradh ar fhealsúnachtaí Uí Chonghaile agus Mhic Phiarais, a raibh athbhreithniú á dhéanamh orthu beirt i 1966, sonraíonn Ó Tuathail go raibh féith láidir an phoblachtachais agus an tsóisialachais i Misneach agus sa Chadhnach go háirithe. Dá bharr sin, ba í bunreásúnaíocht na hathghabhála seilbh na hÉireann mar aon lena cuid maoiné a thabhairt ar ais do mhuintir na tíre le go bhféadfaí ‘maireachtáil mar Ghaeil leis na rudaí is dual dúinn mar Ghaeil’ (c.1970: 9). Mar gheall air sin, áitíonn Ó Tuathail nach raibh an ‘athghabháil’ teoranta do cheist na Gaeilge amháin. Comhéadan ab ea an ‘athghabháil’ ar a dtiocfadh an cultúr, an sóisialachas, an poblachtachas agus an geilleagar faoin scáth céanna ar son leas an

---

‘Muintir na Gaeltachta’ a phlé, a phoiblíú, a bhrú agus a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, theastaigh ón gCeallach nuacht reatha ó na ceantair Ghaeltachta ar fad a sholáthar agus ardán a chur ar fáil do mholtaí, do thuairimí, d’éilimh agus do phleananna phobal na Gaeltachta (Ní Uigín, 1993: 112). Peadar Ó Ceallaigh, Dónall Mac Amhlaigh agus Risteárd Ó Glaisne den chuid ba mhó a bhí ag soláthar ábhair don nuachtán. De bharr a lárnaí is a bhí cur chun cinn na Gaeltachta i bhfealsúnacht *Amárach*, luíonn sé réasún, mar sin, go dtiocfadh *Amárach* le cuspóirí Misneach.

phobail trí chéile, mar a deir Ó Tuathail agus é ag trácht ar fhealsúnacht Uí Chadhain:

[...] ba é an chloch ba mhó ar a phaidrín an Ghaeilge a chur chun cinn [...] ní fhéadfá an Ghaeilge ach an oiread a dheighilt ó rudaí eile sa saol agus b'shin an leagan amach a bhí ag an gCadhach [...] chum sé cineál mana maidir le slánú na hÉireann ['Athghabháil na hÉireann'] [...] bhuel bhí an dá rud ann [...] (1) an Ghaeilge a thabhairt i réim agus an chuid eile den scéal ná (2) go mbeadh ceannas ag muintir na hÉireann ar mhaoín na hÉireann (Agallamh 2013).

Bhí cur chuige ilghnéitheach na hathghabhála de dhíth mar fhreagra ar fhórsaí an rachmais a bheith ag teacht chun cinn sa tsochaí de bharr chlár forbartha eacnamaíochta Lemass agus Whitaker. Mar thoradh air seo, áitíonn Ó Tuathail go raibh cuid den dara glúin ón réabhlóid tógtha le saibhreas – bhí sé seo le sonrú go háirithe i mbunú *Taca*, an eagraíocht bailithe airgid a bhunaigh Fianna Fáil i 1966 (Nic Eoin, 2005: 212). Bhí luachanna nua ag an aicme seo, a chuimsigh eite den LFM freisin, a bhí go hiomlán éagsúil le hidéil na glúine a tháinig rompu, mar a phléann Mac Aonghusa:


[...] agus is fíor go raibh feabhas réasúnta suntasach eacnamaíochta tar éis teacht ó thús na 60í ar aghaidh ach freisin bhí aicme nua tar éis teacht ar aghaidh sa pholaitíocht mar shampla a bhí in ainm is a bheith dilís abraimis do de Valera i gcónaí ach i ndáiríre a raibh cultúr/// agus béascna shóisialta eile acu ar fad agus is dócha go bhfaca an Cadhach é sin ag tarlúint agus go bhfaca sé an dream sin a bhí ag plé le cúrsaí geilleagair agus cúrsaí polaitíochta nár spéis leo an Ghaeilge fiú [...] ní rabhadar in aghaidh na Gaeilge agus ní raibh aon spéis acu (Agallamh 2013).

Bhí sé seo amhlaidh ar an mbonn gurbh é an geilleagar an t-aon scáth léirmhínte faoinar mhair an aicme nua seo, dar le hÓ Tuathail (Agallamh 2013). Bhí an tuiscint ann i measc na haicme seo gur ghá cúl a thabhairt le dúchas mar íobairt chun an geilleagar a chur chun cinn (Nic Eoin, 2005: 211). D'áitigh Ó Cadhain gurbh iad an ard-aicme agus lucht an rachmais is túisce a thréigean saíocht agus cultúr na muintire agus mheas sé go raibh an tréigean seo faoi lán seoil, dar le Mac Aonghusa (Agallamh 2013). Is é sin le rá go raibh an t-ábharachas agus an tomhaltas á gcur in áit an dúchais. Lucht an rachmais is cúis le hanbhás a imirt ar chultúr na muintire agus léiríonn sé seo an riachtanas le hathrú, dar le hÓ Cadhain (c.1970: 10). An t-aon leigheas a bhí air seo, dar leis an gCadhach, ná gníomhaíocht náisiúnta, pholaitiúil, shóisialta agus gheilleagrach a mbeadh cearta 'cathartha' do lucht na Gaeltachta agus do lucht na Gaeilge ina mbunús léi (c.1970: 10):

Is arm Cathartha Gaeilgeoirí ar son na Gaeilge agus ar son na hÉireann a theastaíos anois (c.1970: 13).

### 5.3.3 Anailís

Ba í aidhm Mhisneach dianchritic a dhéanamh ar ghluaiseacht ‘oifigiúil’ na Gaeilge. Tugadh faoi seo go héifeachtach tríd an táirgeacht shiombalach agus trí iliomad bríonna (dioscúrsa) a chruthú chun gluaiseacht na Gaeilge mar aon leis an teanga féin a léirmhíniú. Léirmhíníodh nádúr Chonradh na Gaeilge trí nasc innéacsach a chruthú idir an eagraíocht sin (‘an láthair’) agus sraith tagrán seachtrach, lenar áiríodh: an bhunaíocht, leagan stáilaithe den traidisiún, measúlacht, easpa ceistiúcháin agus Fianna Fáil. Chruthaigh an próiseas táirgeachta seo dioscúrsa a thug le fios go raibh an Conradh seanfhaiseanta, mí-éifeachtach, díomhaoin, coimeádach agus neadaithe isteach le bunaíocht an Stáit (féach Figiúr 5-1).



**Figiúr 5-1: Innéacsúlacht – féiniúlacht á cruthú ag Misneach do Chonradh na Gaeilge**

Mar gheall ar tháirgeacht na n-íomhánna sin, cruthaíonn Misneach dearcadh sóisialta, atá comhdhéanta de steirítíopaí, chun nádúr chomh maith le luachanna Chonradh na Gaeilge a léirmhíniú<sup>57</sup>.

<sup>57</sup> Léireofar i gCaibidil a Sé an chaoi a raibh forluí dioscúrsach nó *recursivity* idir Misneach agus an LFM maidir le nós an dá ghluaiseacht sin nasc innéacsach a chruthú idir Conradh na Gaeilge agus bríonna seanfhaiseanta a raibh baint acu leis an mbunaíocht.

Ar an láimh eile, bhí Misneach ag tarraingt ar an bpróiseas táirgeachta céanna chun innéacs bríonna a chruthú chun a dtuiscintí féin i leith na Gaeilge a mhíniú don phobal. Faoi réir ag an bpoblachtánachas agus ag an sóisialachas araon, sonraítear an Ghaeilge mar ghléas ‘athghabhála’ a dhealódh an teanga ón mbunaíocht agus a d’úsáidfeadh an teanga mar bhonn dlisteanaithe agus gníomhaíochta chun ‘maoin’ mhuintir na hÉireann a thabhairt ar ais dóibh. D’fhéadfaí a áiteamh gur ‘scriosadh’ é seo ar bhailíocht na ndaoine sin nach dteastaíonn uathu a bhféiniúlacht a cheangal leis an nGaeilge.

Tá cuid den eisintiúlachas le haireachtáil ar argóintí Uí Chadhain freisin, dar liom, sa mhéid is gur thug sé le fios, ach an oiread le fealsúnacht na hAthbheochana, gurbh í an Ghaeltacht an áit a bhfeicfí an fhíorfhréamhshamhail den chine Gaelach.

Lón machnaimh ab ea na bríonna nua-chruthaithe seo do Chonradh na Gaeilge. Pléifidh mé an chaoi a ndeachaigh (má chuaigh) na bríonna sin i bhfeidhm ar Chonradh na Gaeilge sa chéad rannóg eile.

#### **5.4 Modhanna nua léirmhínithe de dhíth: Craobh na Cásca á hathbhunú**

Thug na modhanna gníomhaíochta a bhí á mbrú chun cinn ag Misneach dóchas do go leor daoine i gConradh na Gaeilge a raibh inní orthu faoi dhíchéimniú na Gaeilge sa chóras oideachais, dar le Proinsias Mac Aonghusa (1993: 348). A bhuíochas do scéim timireachta Chathail Uí Fheinneadha i 1965, bhí borradh faoi bhallaíocht daoine óga sa Chonradh um an dtaca seo. Tagann sé seo leis an treocht theoriciúil ag an am gurbh iad leasanna neamh-ábhartha ba mhó a bhí ag déanamh inní don aos óg iarchogaidh agus gur theastaigh bealach úr léirmhínithe uathu chun dul i ngleic leis an saol (féach 3.2). Ach i sainchás an taighde seo, theastaigh ó bhaill óga an Chonartha go ndéanfaí ath-léirmhíniú ar cheist na Gaeilge i gcomhthéacs na náisiúntachta.

Fréamhaíonn Ó Ceithearnaigh a thuiscintí féin i leith an fheiniméin seo i gcomhthéacs domhanda agus réabhlóideach na seascaidí. Áitíonn sé go raibh éagsúlacht tuairimí laistigh den Chonradh, idir an dream óg agus na seanfhondúirí, maidir leis na bealaí ab fhearr chun dul i ngleic leis an gcomhthéacs domhanda iarchogaidh:



[...] bhí an oiread *hippies* Gaeilge ann is a bhí *hippies* Béarla de réir mar a thuig mise agus is dóigh liom go raibh pobal na Gaeilge/ cuid acub/ ag iarraidh a bheith nua-aoiseach agus bhí cuid acub ar nós na hEaglaise/ daoine a bhí ag iarraidh an t-aifreann nua san Eaglais agus daoine eile a bhí ag iarraidh an sean-aifreann a choinneáil agus bhí daoine ag iarraidh an teanga a bheith simplithe agus mar shampla bhí plé fada maidir leis an gcló Rómhánach (Agallamh 2013).

Ina theannta sin, deir sé go raibh glúin úr ag teacht in inmhe um an dtaca seo, glúin a bhí éagsúil lena réamhtheachtaí sa mhéid is go raibh níos mó daoine ag dul leis an oideachas dara agus tríú leibhéal. D'fhág seo, a deir sé, go raibh an saol sóisialta á thuiscint ag an nglúin úr seo trí pheirspictíochtaí as an nua mar thoradh ar theacht chun cinn forleathan an oideachais (Agallamh le hÓ Ceithearnaigh, 2013). Tréith shóisialta is ea í seo freisin a bhaineann le teacht chun cinn na nua-mheánaicme sa saol iarchogaidh (féach 3.2.3.1).

#### **5.4.1 1966: Comóradh 50 bliain an Éirí Amach**

Áitíonn Máiread Uí Dhomhnaill gurbh é comóradh 50 bliain Éirí Amach na Cásca a spreag an t-allagar agus an ceistiúchán inmheánach seo sa Chonradh:

[...] in 1966 díreach ag an am gur bhronn an rialtas uimhir a 6 Sráid Fhearchair ar Chonradh na Gaeilge mar cheannáras nua/ tharla//de bharr agus mar thoradh ar an méid cainte agus an méid a bhí á léamh ag daoine agus á scríobh faoi Éirí Amach 1916 agus an tábhacht a bhain leis an teanga agus an athbheochaint teanga a tharla roimh 1916 ón am a bunaíodh Conradh na Gaeilge/ spreag sé sin ana-chuid daoine agus go tobann thosaigh daoine ag teacht ar ais isteach i gConradh na Gaeilge agus na daoine a bhí//roinnt mhaith daoine a bhí sa Chonradh a bhí sásta go maith go raibh rudaí ag dul ar aghaidh go maith//daoine a bhí ana- b'fhéidir bainteach /// páirteach i bhFianna Fáil//níl a fhios agam ach cinnte báúil le Fianna Fáil agus a chreid gur páirtí iomlán poblachtánach Gaelach dilís don Ghaeilge agus araile a bhí i bhFianna Fáil ansin an rud a thit amach /// *now* gur tháinig malaírt tuairim (Agallamh 2013).

Dá bharr seo, bhí scoilt idir seanfhondúirí an Chonartha, a bhí dilís do bhunaíocht an Stáit agus do Fhianna Fáil i gcónaí, agus an t-aos óg nach raibh aon mhuinín acu as an Stát a thuilleadh agus a mheas nach raibh cúram na hathbheochana á chomhlíonadh mar ba cheart. Míníonn Aodh Ó Domhnaill céard ba bhunús leis seo:

Do ghlac go leor daoine sa Chonradh nuair a bunaíodh an Saorstát gurbh ar an Stát a bhí an cúram as seo amach, rud a d'fhág mar ról ag an gConradh gur rangannaí Gaeilge/ céilithe/ drámaíocht//bhí go leor de na craobhacha an-bhainteach le drámaíocht na Gaeilge//gur taobh sóisialta a bhí leis an gConradh mar gur ar an Stát a bhí an cúram an Ghaeilge a athbheochaint/ Séard a bhí ag tarlú anois ag an ré anois atá i gceist againn ná go raibh

comharthaí móra ceiste ag teacht an raibh an Stát ag comhlíonadh an dualgais sin in aon chor agus b'fhéidir gur bhaineamar leis an nglúin óg a bhí ag teacht isteach sa Chonradh//díreach ag an am sin gur//bhíomar go mór in amhras an raibh an Stát agus Fianna Fáil go háirithe dáiríre in aon chor faoin ról sin (Agallamh 2013).

Chun teacht i dtír ar theip an Stáit, theastaigh ó bhallraíocht óg an Chonartha teacht ar fhoinsí nua dlisteanaithe ina bhféadfaí na hiarrachtaí chun brí na Gaeilge a athléirmhíniú a fhréamhú. Thuig an dream óg a bhí ag teacht in inmhe sa Chonradh go raibh géarghá le gníomhaíocht agus le hagóid. Ba mhithid, dá réir, deireadh a chur leis an tsean-ré ina raibh 'focal sa chluas seachas picéad lasmuigh' i réim mar chur chuige gníomhaíochta, dar le hÓ Domhnaill (Agallamh 2013). Ba chuige sin a bhí Craobh na Cásca, craobh a bunaíodh i 1966 trí thinfeadh fhealsúnacht Chathail Uí Fhinneadha go láidreofaí creatlach an eagrais trí chraobhacha a bhunú (Agallamh le Mac Ruairí, 2013). Tagann sé seo le teoiricí na ngluaiseachtaí sóisialta, áit a leagtar béim ar struchtúir fhoirmeálta agus eagrúcháin na gluaiseachta a leasú agus a fheabhsú chun corraíl a chur ar bun (féach 3.2.2).

Áitíonn Tomás Mac Ruairí, arbh athbhunaitheoir Chraobh na Cásca é, gur tháinig sé le bunteachtaireacht Misneach ach amháin nár cheap sé gur ghá eagrais eile a bheith ann (Agallamh 2013). Tagann Máiréad Uí Dhomhnaill agus Aodh Ó Domhnaill leis seo freisin:

[...] bhí daoine óga i gConradh na Gaeilge ag an am ar aon intinn le Misneach ach fós bhíomar ag streachailt mar bhíomar ag iarraidh a bheith dilís don Chonradh [...] cheapamar go raibh ról fós ana-thábhachtach le himirt ag Conradh na Gaeilge (Agallamh le hUí Dhomhnaill, 2013).

[...] do ghoillfeadh sé orainne na hógánaigh sa Chonradh go samhlófaí muidne leis an seana-ghlúin a bhí i gceannas ar an gConradh de bharr go rabhamar ar aon tuairim le muintir Mhisnigh faoi teip an Stáit agus teipeadh Fhianna Fáil ach bhíomarna ag iarraidh rud éigin a dhéanamh ón taobh istigh don Chonradh seachas a bheith ag seasamh lasmuigh ag caitheamh clocha [...] Bhí lucht Misnigh agus glúin óg an Chonartha más féidir linn é sin a ghlaoch orainne ag déanamh na hanailíse céanna, ag teacht cuid éigin ag na conclúidí céanna ach nach rabhamar aontaithe ar conas tabhairt faoi agus go rabhamarna ag iarraidh é a dhéanamh laistigh den Chonradh (Agallamh le hÓ Domhnaill, 2013).

Shíl Mac Ruairí agus muintir Uí Dhomhnaill araon gurbh fhearr fanacht sa Chonradh agus athruithe agus athnuachan a spreagadh laistigh den eagraíocht féin agus greim a

fháil ar an eagraíocht go daonlathach, mar a mhíníonn Maolsheachlainn Ó Caollaí, ar chathaoirleach na Craoibhe sin é:

[...] is dócha ar feadh tréimhse go raibh Craobh na Cásca mar bhunfhoinsé do na hathruithe a tháinig sa Chonradh/ rinneamar iarracht ansin chun seilbh a fháil ar Chonradh na Gaeilge mar a déarfá/ coiste gnó agus mar sin (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Údar spéise is ea gurbh fhoinsé spreagtha é Craobh na Cásca don athnuachan a rinneadh ar Chonradh na Gaeilge ag druidim le deireadh na seascaidí. Bhí an t-athmhúnlú fealsúnachta mar dhlúthchuid den athnuachan sin. Ar an ábhar sin, ba mhian le Mac Ruairí go gcuirfí bunfhealsúnacht de hÍde agus Mhic Néill chun cinn in athuir, fealsúnacht a raibh an nath cainte ‘tír gan teanga tír gan anam’ ina bhunús léi, dar leis. Mar sin féin, míníonn sé go bhfuil an ráiteas sin ar maos i bhfriotal na 1890í agus go mba ríghá éirim na fealsúnachta sin a athmhúnlú agus a chur in oiriúint do chomhthéacs na seascaidí tríd an mbéarlagair cuí a chumadh (Agallamh le Mac Ruairí, 2013). I bhfianaise an borradh a tháinig faoi bhallraíocht an Chonartha faoi choimirce na scéime timireachta, chuir Mac Ruairí roimhe féin gléasanna breise a chur isteach ina lámha acu le cinntiú go mbeadh teoiricí iontaofa faoi thábhacht na teanga don tsochaí agus don gheilleagar trí chéile, mar chuid dá n-armlón le go bhféadfaí ‘naimhde’ a chur ó dhoras (Agallamh 2013). Ina theannta sin, deir Uí Dhomhnaill go raibh Éire ‘an-ghearrtha’ amach ón domhan mór roimh na seascaidí, rud a d’fhág nach raibh na ‘seanChonraitheoirí’ ar an eolas faoin gcomhthéacs idirnáisiúnta maidir le bás teangacha mar aon le hathneartú teangacha thar lear. Ba mhian le Craobh na Cásca an staid sin a leigheas, dar le hUí Dhomhnaill (Agallamh 2013).

Chuige sin, míníonn Ó Domhnaill gurbh í an aidhm a bhí le Craobh na Cásca ná leabharliosta a dháileadh ar Chonraitheoirí óga le go dtuigfí ceist na Gaeilge ar bhonn sochtheangeolaíoch agus dá réir sin nach mbeifí ag dul i muinín feasta ‘na nathannaí beaga Piarsacha [...] tír gan teanga tír gan anam,’ mar a mhíníonn sé féin:

Ba é ceann de na haidhmeanna is mó a bhí ag Craobh na Cásca ná *reading list* agus leabhra a dháileadh ar chonraitheoirí óga agus muidne san áireamh chun go dtuigfimis sochtheangeolaíocht agus cúrsa teangeolaíocht i dtéarmaí eolaíochta seachas i dtéarmaí an náisiúin/ ‘tír gan teanga tír gan anam’ agus an stuif sin (Agallamh le hÓ Domhnaill, 2013).

Ar an ábhar sin, deir Ó Caollaí go mbíodh leithéidí Joshua Fishman, Sapir agus Whorf á léamh acu go háirithe. Duine ab ea Ó Caollaí a raibh saineolas aige ar an tsíceolaíocht shóisialta mar chuid dá chéim sa Tráchtáil i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Deir sé gur mhúscail sé seo a spéis sa tsocheolaíocht, san antraipeolaíocht agus sa tsíceolaíocht chomhdhaonnach araon. Thuig sé freisin gurbh fhéidir na heolaíochtaí comhdhaonnacha a úsáid in obair na Gaeilge (2013b). Is údar suntais é seo i bhfianaise theacht chun cinn comhuaineach na Sochtheangeolaíochta mar shainréimse léinn sna seascaidí (féach: Coupland & Jaworski, 2009). Is féidir, dá bharr sin, feasacht Uí Chaollaí i leith na n-eolaíochtaí sóisialta a shuíomh i gcomhthéacs comhaimseartha na seascaidí, tráth ar mhian leis an aos léinn trí chéile tuiscint a fháil ar na hathruithe sóisialta a tharla i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda.

Ar aon dul leis sin, ba mhian le hÓ Domhnaill agus le Craobh na Cásca a léiriú gur bhain tábhacht níos doimhne leis an nGaeilge thar a tábhacht ‘mhaoithneach.’ Dá réir sin, maíonn Ó Domhnaill go mbaineann tábhacht leis an nGaeilge ‘i gcomhluadar’ agus go bhfuil an ghné sin dá tionchar i bhfad níos casta agus i bhfad níos tábhachtaí ná taobh maoithneach na teanga. Tá sé ag caint go sonrach ar an teanga a bheith ina gléas a cheanglaíonn daoine le chéile ó thaobh meoin de agus a chothaíonn féin-íomhá agus féinmhuinín i measc an chomhluadair, mar a deir sé féin:

[...] is ceangal leis an gcomhluadar óna dtáinig tú agus is ceangal ar leith idir an comhluadar lena mbaineann tú agus go bhfuil an dá rud sin mar a bheadh dhá thaobh den bhonn céanna agus is dócha go simplí go raibh muidne go láidir den tuairim nárbh fhiú d’Éire a bheith neamhspleách gan teanga (Agallamh le hÓ Domhnaill, 2013).

Údar suntais is ea go seachnaíonn Ó Domhnaill an téarma ‘náisiún’ d’aon ghnó sa chás seo. Mar is dual dóibh siúd a tháinig faoi anáil smaointeoireacht na nua-aoiseachta sa ré iarchogaidh, teastaíonn uaidh a chuid tuiscintí a fhréamhú sa bhéarlágair socheolaíoch seachas i mbéarlágair an náisiúnachais. Tá an béarlágair socheolaíoch seo ar a thoil aige de bharr mhúscailt a chomhfheasa dhioscúrsaigh i gCraobh na Cásca.

Ar mhaithe le comhfhios dioscúrsach na mball a mhúscailt, áitíonn Ó Caollaí gur shantaigh sé grúpa intleachtóirí a chruinniú le chéile i gCraobh na Cásca, dream a

d'fhéadfadh de bharr a gcumas gníomhúcháin bríonna úr-nua a chruthú trína bhféadfaí an fhéiniúlacht agus an Ghaeilge a thuiscint i gcomhthéacs sochaíoch:

Dhéanfaí iarracht ar leith na baill a oiliúint agus chuige seo d'íarramar ar Sheán de Fréine roinnt léachtanna oiliúna a thabhairt don chraobh. Uaidh sin, deineadh teagmháil le Mícheál Mac Gréil<sup>58</sup> a bhí tagtha ar ais go hÉirinn ó Mheiriceá, áit a raibh máistreacht sa tsocheolaíocht déanta aige. Ag an am sin bhí sé ag réiteach le PhD a dhéanamh. D'íarramar air sraith léachtanna bunúsacha sa tsocheolaíocht a thabhairt dúinn, rud a rinne. Chuir sé nótaí ar fáil dúinn chomh maith. I ngeall air sin arís chuireamar fios ar roinnt mhaith leabhar a bhain leis an ábhar agus le hábhair ghaolmhara agus bhíodhas in ann iadsan a úsáid mar chuid den oiliúint ghinearálta. Chuireamar leabharlann ar fáil do na baill agus bhí ar chuile dhuine bheith ag staidéar. Leabhair a bhain leis na heolaíochtaí comhdhaonnacha, le heagraíocht, le teangeolaíocht agus rí a bhí sa leabharlann (Ó Caollaí, 2013b).

I measc na n-intleachtóirí sin, bhí Seán de Fréine ar scríbhneoir agus ar státseirbhíseach é. Ar aon dul leis an gCaollaíoch, theastaigh ó de Fréine ina leabhar cáiliúil *Saoirse gan Só*:

Míniú a fháil ar chúrsaí socheolaíochta na tíre a réitíonn le cúrsaí daonna i gcoitinne agus ar féidir ábhar a gcruithaithe a fháil sa stair gan dul i muinín teoiricí gan taca (1960: 10).

Is é sin le rá na hargóintí ar son na Gaeilge a dhlísteánú i bhfianaise iontaofa shochaíoch.

#### **5.4.2 Seán de Fréine: *Saoirse gan Só***

Foilsíodh *Saoirse gan Só*<sup>59</sup>, ar leabhar machnaimh é dar le de Fréine, sa bhliain 1960, áit ar tharraing sé ar theoiricí comhaimseartha na socheolaíochta le léiriú go mbaineann doimhneacht shóisialta le brí na teanga agus dá réir sin nach uirlis chumarsáide agus fhóntaíoch amháin í. Teastaíonn ‘meabhair cinn,’ ‘eolas’ agus ‘éirim intinne,’ dar le de Fréine, chun scéal na Gaeilge a fhiosrú agus chun daoine a mhealladh ina treo. Ní leor a thuilleadh, dar leis, neart na mothúchán, na ‘enthusiasts’ agus an mhaoithneachais amháin chun ‘seasmhacht phoiblí’ agus ‘buaine shóisialta’ a chinntiú (1960: 212).

---

<sup>58</sup> Socheolaí is ea an tAthair Mícheál Mac Gréil a bhaineann le Cumann Íosa. Chuaigh sé isteach i gConradh na Gaeilge den chéad uair i gCathair na Mart sa bhliain 1949 (Mac Aonghusa, 1993: 363). Bhain sé Ph.D sa tSocheolaíocht amach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i 1976. Chaith sé an tréimhse idir 1971 agus 1996 ina léachtóir le Socheolaíocht in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Bhí sé ar Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge idir 1973-74 (Mac Aonghusa, 1993: 362).

<sup>59</sup> Foilsíodh leagan Béarla den saothar seo dar teideal *The Great Silence* i 1965 chun dul i gcion ar an mórfhobal Béarla (Ó Domhnaill, 2013).

Faoi réir ag de Fréine, mar sin, déanann an teanga buanú ar fhéiniúlacht chultúrtha an ghrúpa. Áitítear gur snaidhm í an teanga a nascann an grúpa le chéile agus gur siombail í an teanga a bhunaíonn cineál saoil an ghrúpa freisin (Walsh, 2012: 89). Mar thoradh air seo, cuireann an teanga le folláine agus le cruthaitheacht an ghrúpa lena mbaineann sí. Ba mhian le de Fréine a léiriú gurbh é dínascadh na sochaí an príomhthoradh a bhí ar chailliúint na teanga, rud a chuir dlús, a deir sé, leis an gcomhshamhlú mar aon leis an dochar sóisialta, cultúrtha agus geilleagrach in Éirinn (1960: 164):

Nuair a chailleann daoine a n-oidhreacht náisiúnta comhshamhlaítear iad le náisiúin eile agus gabhann siad chucu bun-nósanna agus institiúidí an náisiúin sin in áit na gceann a mheath orthu (1960: 75).

Ar an ábhar sin, d'fhág teip uafásach na teanga, an Gorta Mór mar aon leis an eisimirce agus meath na tíre i gcoitinne sa 19ú haois a rian ar mhuintir na hÉireann, rud a mhúch sprid agus fonn na ndaoine chun dul ar aghaidh agus deacrachtaí agus fadhbanna a shárú, mar a deir de Fréine:

[...] [is] minic a thagann easpa fuinnimh agus brí ar phobail chun deacrachtaí a shárú nuair a théann foinsí a saíochta i ndísc agus nuair a lagaítear a dtraidisiúin (1960: 87).

Mar fhianaise ar an gcréacht shíceolaíoch seo ar mheon an Éireannaigh, luann de Fréine roinnt ciníocha agus tíortha eile inar fulaingíodh cruatan agus ina mbíodh borradh faoin eisimirce ar an dul céanna le hÉirinn. Sonraíonn de Fréine gur tháinig ísliú tubaisteach ar an daonra in Éirinn de dheasca na heisimirce ach nár tharla a leithéid i gcás na Gréige agus na hIodáile. Áitíonn sé gurb í cailliúint na teanga an t-aon ghné a idirdhealaíonn Éire ón nGréig agus ón Iodáil sa chás seo. Ciallaíonn sin go raibh ‘teacht aniar’ iontu mar gheall ar an teanga, rud a d’fhág, dar le de Fréine, nach bhfuair an ‘timpist nó an t-anró bua ar mheanma na ndaoine’ (1960: 65). Dá bharr sin, maíonn Tomás Mac Ruairí go mbeadh ‘sprit’ agus ‘anam’ ní ba láidre sa tír mura gcaillfí an teanga. Ina theannta sin, áitítear go mbeadh an teanga, agus an saindearcadh a bhaineann léi, mar chuid d’armlón an phobail chun dúshláin a chur ó dhoras (Agallamh le Mac Ruairí, 2013).

Deir de Fréine gur tharla ‘scoilt i dtraidisiún leanúnach an phobail de bharr mheath na teanga’ (1960: 72). In éagmais na teanga dúchais mar fhórsa fréamhaithe, dearbhaíonn Mac Ruairí nár éirigh le hÉirinn teacht i dtír ar eachtraí corraitheacha ar

nós 1916, an Chogaidh Chathartha nó Cogadh na Saoirse ach an oiread (Agallamh le Mac Ruairí, 2013). D'fhág seo, nár thug lucht intleachta an Stáit faoi sprid agus anam na tíre a léirmhíniú mar ba cheart agus léiríonn sé seo laigí sa phobal in éagmais na teanga, dar le hÓ Domhnaill (Agallamh 2013). Ar an mbonn sin, deir Mac Ruairí nár ceansaíodh an státchóras riamh i gceart ach an oiread, mar a deir sé:

[...] ligeadh do dhreamannaí///is dóigh liom beagáinín ar an eite dheis [...] go háirithe dreamanna creidimh agus go háirithe an Eaglais Chaitliceach [agus] chuaigh siad i bhfeidhm ar gach aon rud ar mhaithe lena rud féin a chur ar aghaidh ach cad a tharla do sprid d'anam an náisiúin [...] níor tugadh faoi sin i gceart ariamh (Agallamh 2013).

Míníonn Ó Domhnaill gur scríobhadh *Saoirse gan Só* chun dul i gcion ar an mórfhobal agus chun cur ina luí orthu go mbaineann an-tábhacht leis an teanga don chomhluadar, don fhéinmheas agus don fhéinmhuinín araon (Agallamh 2013).

### 5.4.3 Anailís

I bhfianaise obair Mhic Ruairí, Uí Chaollaí agus de Fréine araon, áitím gur chruthú agus gur tháirgeacht bríonna ab aidhm do Chraobh na Cásca d'fhonn an Ghaeilge agus an náisiúntacht a phlé laistigh de bhreogán úr-nua a chuimsigh an tsocheolaíocht mar aon leis an tsochtheangeolaíocht. Ba mhian leo dul i gcion ar an bpobal tríd an nGaeilge a léirmhíniú ar bhonn ní ba leithne ná ceist an náisiúnachais amháin.

Is ar ardán seo an leasúcháin agus na hathnuachana a d'éirigh le Maolsheachlainn Ó Caollaí uachtaránacht an Chonartha a bhaint amach ag an Ard-Fheis i Mainistir na Féile i mBealtaine na bliana 1968 (Mac Aonghusa, 1993: 343). Deir Ó Domhnaill gur thacaigh roinnt de bhallraíocht Chraobh na Cásca le Maolsheachlainn Ó Caollaí chun ceannas a fháil ar an gConradh (Agallamh 2013).

### 5.5 1968-74: Maolsheachlainn Ó Caollaí ina uachtarán

Tháinig Maolsheachlainn Ó Caollaí i gcomharbacht ar Chathal Ó Feinneadha i 1968 agus leanadh le próiseas na hathnuachana faoina stiúir faoi réir ag an réamhobair a bhí déanta ag Craobh na Cásca mar aon leis an scéim timireachta i 1965. Spéisiúil go leor, mar a léireoidh mé sa rannóg seo, tugann Maolsheachlainn Ó Caollaí freagraí do chnámha spairne Misneach le linn a ré mar uachtarán. Tháinig athrú meoin agus forás smaointeoireachta ar fhealsúnacht an Chonartha faoi stiúir Uí Chaollaí agus socraíodh, dá réir sin, dul i muinín theoiricí na ngluaiseachtaí sóisialta ar mhaithe le

cás mar aon le modhanna gníomhaíochta an Chonartha a mhíniú agus a chur in iúl i dtéarmaí socheolaíochta feasta.

### 5.5.1 Teoiricí na nGluaiseachtaí Sóisialta

Maíonn Ó Caollaí gur ghluaiseacht é an Conradh ag dul siar sa stair, gluaiseacht a bhí comhdhéanta de dhaoine a bhí míshásta leis an staid ina raibh siad:

[...] bhí cuid de na sainchomharthaí gluaiseachta ag baint leis má scrúdaíonn tú na himeachtaí a bhí ar siúl acu agus gach rud, bhí corraíl ar siúl acu///má bhreathnaíonn tú ar stair an Chonartha ag an tús/ bhí plé ar an bhfealsúnacht ar siúl freisin/ bhí comhrá á chothú i measc na mball agus meanma á cothú trí chomórthaí agus mórshiúltaí agus rudaí mar sin agus bhí teagasc ar siúl/ bhíodar ag teagasc na ndaoine a bhí ag teacht ag na ranganna agus bhí siad ag iarraidh athrú bunúsach a thabhairt i gcrích/ so sin gluaiseacht (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Mar thoradh ar Chogadh na gCarad agus bunú an tSaorstáit, deir Ó Caollaí go raibh bun-athruithe tagtha ar na fórsaí sóisialta as ar fháisc an ghluaiseacht ar an gcéad dul síos (Ó Caollaí, 1973a: 6). D'fhág sin gur chaill an ghluaiseacht dlús agus neart agus gur thosaigh modhanna na gluaiseachta ag dul i léig ina dhiaidh sin dá réir (Conradh na Gaeilge, 1973: 2):

[...] éiríonn an ghluaiseacht coimeádach agus faiteach ar eagla go gcaillfí aon bhuntáiste atá bainte amach. Sa deireadh déanann an ghluaiseacht comhghuaillneacht leis na hinstiúidí a stiúraíonn an saol, bíodh is go bhféadfadh na hinstiúidí sin bheith in aghaidh cuspóirí na gluaiseachta (Ó Caollaí, 1973a: 6).

Maíonn Ó Caollaí, dá bharr, gurbh 'instiúid' seachas 'gluaiseacht' é an Conradh i ndiaidh bhunú an tSaorstáit (1973a: 6):

Anuas go dtí sin [lár na 1960í] ar a laghad, bhí an tsamhail chéanna eagraíochta agus gníomhaíochta ag an gConradh is a bhí aige 30, 40 nó 50 bliain roimhe sin. Anuas air sin, ní raibh athrú ar an bhfealsúnacht. Athchló ar sheanábharr a bhí á scaipeadh mar ábhar bolscaireachta – paimfléidí a scríobh Dónal Ó Corcra blianta fada roimhe sin. Bhí béim ar fhéin-Ghaelú, ar imeachtaí chaitheamh aimsire, drámaíocht agus méid áirithe ranganna. Ní shílím go raibh áitiú nó áiteamh poiblí nó stocaireacht ar bith ar siúl. Gluaiseacht bhuancheachtaithe a bhí ann (Ó Caollaí, 2013b).

Tagann an tuairim seo le cnámha spairne Misneach freisin.

Ina theannta sin, tugann Ó Caollaí le fios freisin go bhféadfadh gluaiseacht dul i léig ceal freasúra mar a tharla i ndiaidh bhunú an tSaorstáit (1973b: 108). Mar thoradh air



seo, ba ghá don Chonradh seasamh siar as bunaíocht an Stáit le go bhféadfadh an eagraíocht athruithe a spreagadh sa tsochaí seachas a bheith ag cur ina gcoinne:

Ní cosaint ná caomhnú aon *status quo* is cuspóir ná is cúram don Chonradh. Tá an Conradh ar thaobh athraithe – ní athrú ar mhaithe le hathrú, ach athrú ar mhaithe le feabhsú an tsaoil (Ó Caollaí, 1969: 1).

Léiríonn sé seo forluí dioscúrsach idir Misneach agus smaointeoireacht Uí Chaollaí.

Ó 1966 i leith áfach, ba mhian leis an gConradh athnuachan a dhéanamh ar an eagraíocht trí fhilleadh ar a fhréamhacha mar ghluaiseacht (Ó Caollaí, 1973a: 6). Chuige sin, scríobh Ó Caollaí alt dar teideal ‘Timthriall Ghluaiseachta’ i 1973, a foilsíodh ar an *Irish Journal of Sociology*, inar leag sé bunfhoinní mar aon le sainmhodhanna na ngluaiseachtaí sóisialta amach. Ní luann sé an Conradh san alt seo ar chor ar bith ach bealach ab ea an t-alt sin chun treoir a thabhairt don ghluaiseacht bunús fealsúnach agus comhdhaonnach a chur faoina corraíl agus faoina feachtais. Thuig Ó Caollaí an tábhacht a bhain leis an obair seo:

Maidir le modhanna oibre, bhí an-spéis againn briseadh leis an seanmhúnla craoibhe a mbíodh caitheamh aimsire mar chroílár ann. Chuireamar romhainn ár modhanna a bhunú roinnt mhaith ar mhodhanna gluaiseachta seachas ar mhodhanna institiúide – míshásamh le staid na Gaeilge a chothú, na baill a oiliúnt, an teagasc a fhorbairt, iobairtí a iarraidh ar gach ball ón uair a tháinig siad isteach sa chraobh, corraíl a chur ar bun trí fhíor-dhearcadh agus easpa gníomhaíochta an Stáit a nochtadh agus a ionsaí, na hionsaithe sin a chur chun cinn trí bholscaireacht agus agóidí, feachtais ar leith a cheapadh agus a fhorbairt agus a throid, an tosaíocht a ghlacadh, Meanma a chothú tré'n bhfealsúnacht a chur á plé agus tré chomhimeachtaí (2013b).

Ina óráid uachtaránachta i 1972, leag Ó Caollaí an réasúnaíocht laistiar den athnuachan amach. Dúirt sé gur tharla ‘imeachtaí áirithe’ i lár na seascaidí a bhí ina lón cogaidh don eagraíocht (1972: 13). Ar an gcéad dul síos, mar a léirigh mé i gCaibidil a Dó, foilsíodh an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge i 1965. Ba léir don Chonradh go mbeadh cinniúint na hathbheochana ag brath orthu féin feasta agus ba ghá, dá réir, athnuachan a dhéanamh ar an eagraíocht le go mbeadh sé ar a cumas na dualgais sin a chomhlíonadh go héifeachtach (1972: 13).

Ar an dara dul síos, thug ‘eagras frith-Ghaeilge,’ nár ainmníodh, breis spreagtha don Chonradh dul i mbun phróiseas na hathnuachana (Ó Caollaí, 1972: 13). Tá sé seo leanúnach le cáipéis 1966 sa mhéid is nach luaitear an LFM go follasach. Cuid an-spéisiúil d’idé-eolaíocht an Chonartha is ea é seo a thugann a laghad aitheantais agus

is féidir don LFM agus a dhéanann iarracht tionchar an LFM ar athnuachan an Chonartha a ‘scriosadh’ den dioscúrsa. Is cuid fhollasach d’idé-eolaíocht teanga an Chonartha é, a léirítear ar ábhair bholscaireachta na heagraíochta, go ‘scriostar’ gníomhúchán an LFM. Áitím, dá réir, gur táscaire dioscúrsach é an scriosadh sa chás seo atá mar chuid d’idé-eolaíocht fholaithe an Chonartha (Blommaert & Verschueren, 1998: 191).

In ainneoin an scriosta seo ar ghníomhúchán an LFM, aithníonn Ó Caollaí go dteastaíonn a cuid ‘naimhde’ ó gach gluaiseacht chun spreagadh a thabhairt di a fealsúnacht mar aon lena modhanna gníomhaíochta a athbhreithniú. Leagfaidh mé béim ar an téama sin anois.

### 5.5.2 ‘Naimhde’ an Chonartha

Deir Ó Caollaí gur frithghluaiseacht é an namhaid (LFM) a mheasann go bhfuil a leas féin i mbaol de bharr dhul chun cinn na bunghluaiseachta (Conradh). Measann an dá ghasra gur acu féin atá an ceart agus gur dream fealltach atá sa dream eile. Meastar gur gá an dream eile a throid chun luachanna an ghasra nó na gluaiseachta a chosaint (1973b: 111). Léiríonn Seán Ó Ciardhuain, i litir dá chuid ar an *Irish Times*, tábhacht na hiomaíochta idir gluaiseachtaí. Deir sé go bhféadfadh bunú an LFM fuarchúis an phobail i leith na hathbheochana a chur de dhroim seoil. Deir sé:

If he [Christopher Morris] succeeds [an LFM a bhunú], he may well be more successful than any revivalist organisation in combating the main obstacle to the revival. That obstacle is, of course, apathy. There could hardly be any measure better designed to end the existing apathy than the spectacle of an organisation actively opposing the language revival (1965: 9).

Léiríonn sé seo go spreagann aighneas, allagar agus iomaíocht idir gluaiseachtaí diospóireachtaí i measc an phobail agus dá bharr sin, d’fhéadfadh an idirghníomhaíocht idir an Conradh agus an LFM ceist na Gaeilge a mhúscailt agus a chur i lár an allagair arís in athuair. Tháinig an tAthair Tomás Ó Fiaich leis an tuairim seo san óráid a thug sé i dTeach an Ardmhéara ar an 21ú Meán Fómhair 1966:

Fr. Ó Fiaich expressed the conviction that the formulation of the L.F.M. was the best thing that had happened to the Irish language movement for a long time – just as Carson’s action in arming the Ulster Volunteers had been for the idea of Irish nationalism (Irish Times Reporters, 1966: 11).

Lón machnaimh agus meanman ab ea bunú an LFM do ghluaiseacht na Gaeilge. Ar an ábhar sin, deir Uí Dhomhnaill go raibh ‘an-adreneline agus spraoi’ ag baint leis na cruinnithe sin leis an LFM mar bhíothas ann chun an teanga a chosaint:

Bhí Tomás Ó Fiaich is dóigh liom agus Dónall Ó Móráin, bhí Seán Ó hÉigearthaigh ann agus agus *just* bhí an mothú seo a bhí chomh láidir go raibhamar anseo chun namhaid a throid agus chun fód a sheasamh anseo agus a thaispeáint dóibh nach raibh an ceart acu (Agallamh le hUí Dhomhnaill, 2013).

Ba gheall le faoiseamh é, dar léi, nuair a tháinig ann don LFM toisc go raibh ‘namhaid oscailte’ ag an ngluaiseacht feasta, murab ionann agus Fianna Fáil a bhí ina ‘namhaid ceilte’ de bharr fhimíneacht reitriciúil an pháirtí sin go gcuirfí an athbheochan i gcrích (Agallamh 2013).

De bharr theacht chun cinn an LFM mar aon le cúlú an rialtais, bhí sprid nua ag teastáil chun na dúshláin nua sin a sháru. Ar an mbonn sin, ba ghá don Chonradh eagar a chur air féin le go bhféadfaí dul ar an gcosaint agus dul i mbun argóna ar mhaithe le cás na Gaeilge a mhíniú, dar leis an Snodach (Agallamh 2013). Pléifidh mé sa chéad rannóg eile an chaoi ar tugadh faoin athnuachan sin.

### **5.5.3 Nua-idé-eolaíocht an Chonartha – Bunú Phobal Náisiúnta**

Agus athnuachan an Chonartha ar siúl, thuig Ó Caollaí, faoi réir ag a chuid saineolais ar na gluaiseachtaí sóisialta, an tábhacht a bhain le struchtúir fhoirmeálta agus eagrúcháin na gluaiseachta a leasú agus a fheabhsú. Láidreodh seo cumas agus dlús na gluaiseachta dul i gcion ar an rialtas agus ar an bpobal araon. Theastaigh ón gConradh teacht i dtír ar chúlú an Stáit trí:

[...] líon na gcaobhacha agus na mball a mhéadú, trí éifeacht agus fonn oibre na mball a fheabhsú ar iomaí bhealach, trí theacht isteach an eagrais a chur ar bhonn neamhspleách, trí fheabhas a chur ar bhunreacht agus comhdhéanamh na heagraíochta///agus trí bhealaí níos éifeachtaí a aimsiú le dul i bhfeidhm ar an bpobal (Ó Caollaí, 1973a: 7).

#### **5.5.3.1 Athrú Bunreacht de dhíth**

In óráid an uachtaráin ag Ardfeis an Chonartha i 1969, a reáchtáladh sa Chabhán, dhearbhaigh Ó Caollaí go raibh fíorchuspóir an eagrais curtha as a riocht le himeacht aimsire. Luaigh sé, faoi réir ag bunreacht an Chonartha, gurbh é príomhchuspóir na heagraíochta:

[...] an teanga Gaeilge a chur faoi athréim ar fud na hÉireann uile ionas go mba thír shaor Ghaelach í athuir (Ó Caollaí, 2013b).

D'aithin Ó Caollaí go raibh dearmad déanta ar an gcuspóir agus ar an gceann scríbe – is é sin le rá go mbainfí ‘tír shaor Ghaelach’ amach. Bhí an cuspóir sin imeallaithe, dar leis, toisc an iomarca béime a bheith á leagan ar an meán trína mbainfí an cuspóir sin amach – is é sin an Ghaeilge. Tá an ráiteas sin, ‘tír shaor Ghaelach,’ tábhachtach don fhís atá ag Ó Caollaí don Chonradh, fíís atá i bhfad níos leithne ná ceist na Gaeilge féin. Ba mhian le hÓ Caollaí, dá réir sin, na daoine, an pobal mar aon leis an náisiún a chomhtháthú i dtreo is go mbunófaí ‘pobal náisiúnta.’

Mhaígh Ó Caollaí gur ghasra agus gur chomhluadar daoine a bhí nasctha le chéile ag a gcomhchultúr é an pobal náisiúnta. Is éard is ciall leis an gcomhchultúr ná béascna mhaireachtála na ndaoine sa phobal náisiúnta – na buanchleachtaí, na caighdeáin, an dearcadh agus an meon comhroinnte. Is í an Ghaeilge an t-aon chloch choirnéil ar a bhféadfaí bealach maireachtála mar sin a chruthú in Éirinn, dar leis (Ó Caollaí, 1969: 2). Ar an ábhar sin is í an teanga bunchloch na náisiúntachta<sup>60</sup> (Ó Caollaí, 1973a: 6).

Athraíodh Bunreacht Chonradh na Gaeilge i 1972 dá bharr le go léireofaí gurbh í an Ghaeilge an comhchultúr agus an comhchleachtas a cheanglaíonn ‘pobal náisiúnta’ na hÉireann le chéile, pobal a chuireann roimhe saoirse chultúir a bhaint amach:

Is é cuspóir na heagraíochta Pobal Náisiúnta saor Gaelach a chothú. Is é feidhm Chonradh na Gaeilge a chuspóir a chur i gcrích go háirithe tríd an nGaeilge a thabhairt i réim mar ghnáth-theanga na tíre uile. Is é mian mhuintir na hÉireann chun fuascailte agus saoirse bunfhoinse Chonradh na Gaeilge agus ní shásófar an mhian sin go dtí go mbainfear amach saoirse pholaitiúil, eacnamúil, shóisialta agus chultúir go dtí go mbeidh cothrom na féinne ag cách (Ó Caollaí, 2013b).

In ainneoin go dtugaim ‘nua-idé-eolaíocht’ an Chonartha ar mhodh smaointeoireachta Uí Chaollaí, ní hionann sin agus a mhaíomh gur chaith sé gach ní den tsean-idé-eolaíocht eisintiúil uaidh, rud atá le sonrú go follasach ar an sliocht thíos ó óráid an uachtaráin i 1969:

Múnlaíonn teanga an *bealach* ina smaoiníonn daoine. Foghlaimimid conas smaoiniamh a dhéanamh, conas mothú, conas rogha a dhéanamh, le cabhair fhocail, chora cainte agus chomhréir ár dteanga agus faoin srian a chuireann siad orainn. Sa teanga atá caomhnaithe taithí, eachtraí, eolas agus aislingí na

---

<sup>60</sup> D’fhéadfaí a áiteamh gurb ionann seo agus scríosadh orthu siúd nach bhfeiceann bailíocht na Gaeilge i gcleachtadh na féiniúlachta.

nglúnta atá imithe. Trí theanga cuidíonn na mairbh le forbairt na mbeo. Dá bharr seo ar fad is í a gcomhtheanga a dhéanann pobal ar leith de dhream daoine is a chuireann ar a gcumas cultúr ar leith a chruthú agus é a chur ó ghlúin go glúin. Idirthealaíonn sí pobal náisiúnta ó phobail náisiúnta eile (Ó Caollaí, 1969: 3). (beim sa bhunleagan).

Tá blaiseadh d'idé-eolaíocht Herder agus Dáibhis le haireachtáil ar an sliocht seo (féach 2.2.2). Is ionann sin a rá go bhfuil snaidhm idir an teanga agus na smaointe cultúrtha a léirítear tríthi. Is é sin le rá gur meán í an teanga chun eolas soch-chultúrtha a sheachadadh ó ghlúin go glúin agus gurb í an teanga an eochair chun díchódú a dhéanamh ar chuimhní stairiúla (Meek, 2009: 166). Tagann sé seo le hipitéis Sapir-Whorf freisin (féach 2.2.5). Atáirgeacht is ea é seo ar fhealsúnacht na hAthbheochana, fealsúnacht atá fréamhaithe i 'gcomhfhios praiticiúil' na gluaiseachta.

Mar sin féin, is dóigh liom go gcuireann an Caollaíoch go hinniúil leis na tuiscintí sin i gcomhthéacs na seascaidí, tráth ar tharraing sé ar an gcomhfhios dioscúrsach chun an pobal náisiúnta a shainmhíniú i dtéarmaí socheolaíochta:

I go leor den litríocht náisiúnach a bhí á scríobh agus á léamh ó dheireadh na 19ú aoise anall, luaití “náisiún” amhail is go mba neach éigin spioradálta é, rud éigin teibí, rud a bhí deacair a mhíniú nó cur síos air, rud éigin a bhí taobh amuigh den ghnáthshaol. Ba ghá tuiscint ní b'fhearr a fháil ar “náisiún” – cur síos ní b'fhearr agus níos soiléire a chur ar fáil. Chuir fealsamh Francach síos ar an náisiún mar “comhluadar de chomhluadair” Bhí sé níos fuirste baint a bheith agat leis sin ná le neach éigin a bhí ar foluain in áit éigin. Bhí brí shoiléir shocheolaíoch le “Pobal Náisiúnta”, brí atá le fáil go háirithe san chur síos a dhéantar ar “group” (Cumarsáid phearsanta, Ó Caollaí, 2013b).

Léiríonn sin gur mhian leis an gCaollaíoch seantuisicintí i leith an náisiúin a athmhúnlú laistigh de rúibric na socheolaíochta le go mbeadh sé ar chumas ag náisiúntacht na hÉireann an fód a sheasamh i gcoinne an chomhshamhlaithe chultúrtha.

#### **5.5.3.2 An Comhshamhlú a chur ó dhoras: an náisiúntacht á sainiú**

Bíonn éifeacht ag an gcomhchultúr ar gach gné den saol sóisialta agus ar oibriú an tsaoil shóisialta freisin – an teallach, an t-oidreachas, an córas polaitiúil, an geilleagar, an teanga, an reiligiún, caitheamh aimsire (1969: 5). Is ionann na buanchleachtaí comhroinnte seo agus an náisiúntacht, dar le hÓ Caollaí. Is é sin le rá na mothúcháin,

na tuiscintí agus na braistintí a bhaineann le comhbhallraíocht sa phobal náisiúnta, mar a deir Ó Caollaí:

[...] is féidir le socheolaíocht cur síos ar cad is brí le *gasra* nó le *group* agus is *group* é an náisiún//an ceann is mó dá bhfuil ann i ndáiríre agus/// an tuiscint agus an bhraistint seo go bhfuil tú i do bhall de sin/ sin náisiún agus tagann sé sin ón gcultúr agus ón teanga/ ní thagann sé ó chiníochas nó aon rud mar sin/ is cuma céard a bhí i d'athair nó i do mháthair nó aon rud/ braitheann sé ar an gcultúr atá tú ag cleachtadh agus an teanga (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Tagann sé seo le fealsúnacht na hAthbheochana agus leis an náisiúnachas cultúrtha go n-eascaíonn an náisiúntacht as sainchultúr an náisiúin (Ó Caollaí, 2011). Faoi mar a chreid Tomás Dáibhis, níl an náisiúntacht bunaithe ar an gciníochas ach tá sí bunaithe ar rannpháirtíocht ghníomhach, iolrach, chuimsitheach agus i bhforbairt gheilleagrach, shóisialta, pholaitiúil agus chultúrtha an náisiúin (féach 2.2.2.1). Léiríonn sé seo fíis dhaonlathach Uí Chaollaí, fíis atá fréamhaithe sa tuiscint gur áit í an pobal náisiúnta ina mbeadh comhchearta ag cách rochtain a fháil ar an gcomhtheanga agus ar an gcomhchultúr agus go gcuirfeadh an rochtain sin le leas agus le folláine na ndaoine mar phobal náisiúnta (Meek, 2009: 166).

D'fhonn pobal náisiúnta a bhaint amach, maíonn Ó Caollaí gur gá go mbainfí neamhspleáchas agus saoirse amach don phobal sin. Coincheap ilghnéitheach atá sa tsaoirse seo lena n-áirítear; neamhspleáchas polaitiúil, neamhspleáchas eacnamúil, neamhspleáchas oideachais, teanga mar aon le caitheamh aimsire. Tugann Ó Caollaí mórlipéad an neamhspleáchais chultúrtha air seo atá á fhréamhú agus á dhlísteánú aige laistigh de rúibric an náisiúnachais chultúrtha:

[...] ar ndóigh caithfidh tú a thuiscint náisiúnachas na hÉireann [...] náisiúnachas daoine a bhí faoi chois a bhí i gceist anseo/ ní náisiúnachas na Gearmáine nó na Fraince nó áit mar sin nó tír impiriúil mar sin a bhí i gceist in Éirinn. Cinnte d'fhéadfá náisiúnachas cultúir a thabhairt air más maith leat//daoine a bhí faoi chois mar a déarfá bíonn náisiúnachas acu/ níl siad ach ag iarraidh a bpearsantacht féin a choinneáil/ níl siad ag iarraidh dul agus dul i gceannas ar dhaoine eile agus ar thíortha eile/ sin rud ana-bhunúsach (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Tá an neamhspleáchas cultúrtha seo a bhfuil Ó Caollaí ag caint air ina fhreagra ar an gcomhshamhlú ceannasach Angla-Mheiriceánach a bhí á bhrú chun cinn ag bunaíocht pholaitiúil na hÉireann. Ar an ábhar sin, ba mhian le hÓ Caollaí scoilt mhór a léiriú idir an Conradh agus bunaíocht an Stáit ó thaobh aidhme agus cuspóra de:

Is róléir anois gur ar thaobh chaomhnú an *status quo* Béarla – *an status quo* comhshamlaithe – atá *Establishment* na linne seo (1969: 6). (béim sa bhunleagan).

Sampla den chomhshamlú seo is ea an Comhaontú Saorthrádála idir Éire agus an Bhreatain<sup>61</sup> a socraíodh i 1965. Gné lárnach i sochaí ar bith is ea an geilleagar, dar le hÓ Caollaí, agus dá réir sin, má bhí geilleagair an dá thír le bheith comhtháite faoin gComhaontú Saorthrádála, d'fhág sin go mbeadh cultúr na hÉireann á inmhéanú le cultúr Shasana (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a). Bhí ‘an t-ollchultúr’ seo, agus an easpa náisiúntachta a bhain leis, ina bhgairt ar luachanna an Chonartha agus ar an gcineál saoil ab ansa leo – saoirse phobail agus saoirse an duine:

Gach áit a bhfuil an t-ollchultúr seo in uachtar tá aicídí comhdhaonnacha mar imní, scaradh an duine ón gcomhlúadar, neamhfhulaingeacht, tromaíocht, *anomie* comhlúadair, foréigean, drochmheas ar an duine, *tedium vitae* agus caighdeanú an duine (Ó Caollaí, 1969: 4). (béim sa bhunleagan).

Ar an gcaoi chéanna, áitíonn Lee go dtagann Éire faoi shain-anáil na Breataine agus Mheiriceá ó thaobh an chultúir de mar gheall ar chúinsí stairiúla mar aon le suíomh tíreolaíoch na tíre, rud a fhágann, dar leis, a rian ar mhionchultúr na hÉireann:

When the language of those countries dominates international communications networks and global mass culture, then a tiny country, shorn of her linguistic defences, is peculiarly vulnerable to inundation by the mass culture of the bigger countries. Given the exposure of Ireland to English mass media, the virtual domestication in Ireland of large areas of English and/or American music, sport, TV serials, etc., the language shift brings the incorporation into daily life of many features of English normalcy. [...] When they are communicated directly through English, however, rather than in translation, they assume a more pervasive role in the culture of the importing country (1989: 667).

Ar an ábhar sin, maíonn Ó Caollaí go bhfuil an ‘tiarnas cultúir’ seo á bhrú trí mheán na glár teilifíse agus na fógraíochta agus trí mheán na n-irisí agus na nuachtán freisin (1969: 4). Léiriú is ea é seo ar ‘life-world’ Habermas a bheith á choilíniú ag institiúidí ollchumhachtacha an rachmais agus gur theastaigh ón gConradh, trí dhul i muinín ‘pholaitíocht na fuascailte,’ tionchair shrianaithe an ollchultúir agus an chomhshamlaithe a chur ó dhoras le gurbh fhéidir dínit an duine a chosaint (Giddens, 1991) (féach 3.2.3.3). Áitím go léiríonn seo díoscúrsa frithcheannasach Uí Chaollaí atá fréamhaithe sa liobrálachas.

---

<sup>61</sup> Léirigh an Comhaontú seo toilteanas na hÉireann, faoi cheannas Lemass, páirt a ghlacadh sa gheilleagar Eorpach iarchogaidh. Déanaim cur síos air seo i gCaibidil a Dó faoin Rannóg 2.4.1.

Ar an ábhar sin, an t-aon leigheas ar thíoránacht an ollchultúir réamhdhéanta, dar le hÓ Caollaí, is ea teacht ar bhealach úr chun dínit an duine a chosaint. Déantar é seo, a deir sé, trí chothú na héagsúlachta agus is í forbairt na mionphobal an bealach chuige sin, dar leis (1969: 4). Tagraíonn seo do nádúr orgánach agus bitheolaíoch na teanga, faoi mar a thuigtear faoin eisintiúlachas é (féach 2.2.6). Is é sin le rá gur ‘speiceas’ beo beathaíoch atá sa teanga trína léirítear agus trína mbuanaítear eolas luachmhar teangeolaíochta agus cognaíoch araon. Is fiú, mar sin, ar bhonn na héagsúlachta, na mionphobail mar aon leis na teangacha a labhraítear a shábháil, rud a léiríonn go rachadh cur chun cinn an phobail náisiúnta chun leas agus folláine an náisiúin (Jaffe, 2007: 61).

Agus é mar aidhm dhearbhairthe ag Ó Caollaí an pobal náisiúnta a fhuascailt ó dhaoirse an chomhshamlaithe, áitím go bhfuil cosúlachtaí móra le haireachtáil idir fíis Uí Chadhain, ar ar thug sé ‘Athghabháil na hÉireann,’ agus fíis Uí Chaollaí.

#### **5.5.4 Forluí Dioscúrsach? ‘Athghabháil na hÉireann’ & an Pobal Náisiúnta**

Tagann Mac Aonghusa agus Uí Dhomhnaill beirt leis seo go raibh cosúlachtaí idir an dá chur chuige. Ní dóigh le hUí Dhomhnaill go raibh an bheirt ag teacht faoi anáil a chéile áfach:

Ní raibh Ó Cadhain faoi thionchar Mhaolsheachlainn ná ní raibh Maolsheachlainn faoi thionchar Uí Chadhain, déarfainn [...] gur tháinig siad b’fhéidir ar na tuairimí céanna ach gur tháinig siad ó threonnaí agus as cúlraí difriúla (Agallamh 2013).

Aontaíonn Ó Domhnaill go huile is go hiomlán leis an áiteamh go raibh bunsmainte na beirte, bíodh is go raibh cosúlachtaí eatarthu, ag eascairt as foinsí difriúla. Measann sé go raibh Ó Caollaí ag teacht faoi anáil ag an ualach ábhair, idir shocheolaíocht agus shochtheangeolaíocht, a bhí léite aige i gcomhar le Seán de Fréine i gCraobh na Cásca. Maidir leis an gCadhach, d’fháisc seisean as cúlra Gaeltachta a bhí ar maos sa phoblachtánachas agus sa sóisialachas, dar le hÓ Domhnaill. Tá Mac Aonghusa ar aon fhocal le muintir Uí Dhomhnaill faoin gceist seo – ní cuimhin leis aon nasc a bheith idir an Cadhach agus Ó Caollaí ag deireadh na seascaidí (Agallamh 2013). Ar aon dul leis sin, deir Ó Caollaí nach raibh aon tionchar díreach ag Ó Cadhain ná ag Misneach air agus measann sé gur thug an Conradh faoi phróiseas na hathnuachana as a stuaim féin neamhspleách ar Mhisneach. Admhaíonn sé, mar sin féin, go bhféadfadh cuid d’anáil Mhisneach a



bheith i gceist freisin mar gheall ar Mhícheál Mac Aonghusa a raibh ról lárnach aige sa Chonradh ag deireadh na seascaidí (2013b).

Bíodh is go raibh Ó Caollaí agus Ó Cadhain araon ag teacht as cúlraí difriúla fealsúnachta, bhí siad beirt ag tarraingt ar an dioscúrsa frithcheannasach céanna; dínit agus neamhspleáchas mheon an duine a chosaint tríd an nGaeilge a chur chun cinn. Áitím go léiríonn an chosúlacht seo idir cur chuigí Uí Chaollaí agus Uí Chadhain go raibh ‘forluí dioscúrsach’ idir idé-eolaíochtaí teanga Mhisneach agus Chonradh na Gaeilge (Meek, 2009: 168).

Mar thoradh ar an bhforluí seo idir an dá ghluaiseacht, sonraíonn Mac Aonghusa go mb’fhéidir nár ghá do Mhisneach a bheith ann a thuilleadh toisc go raibh an Conradh ag smaoineamh sna téarmaí céanna leis (Agallamh 2013).

### **5.5.5 Deis Spairne: laigí sa pholaitíocht a aithint**

Faoi réir ag teoiric na ngluaiseachtaí sóisialta, d’aithin Ó Caollaí ina óráid uachtaránachta i 1969, gurbh fhusa agus gur thráthúil don Chonradh an deis a thapú dul i mbun spairne agus athruithe a spreagadh fad is a bhí mór-athruithe eile faoi lán seoil sa tsochaí. D’áitigh Ó Caollaí go raibh luas faoi mhórathruithe ar an tsochaí náisiúnta agus idirnáisiúnta sna seascaidí de bharr:

[...] forbairt na teicneolaíochta, leathnú oideachais agus na meán cumarsáide, toradh taighde sna heolaíochtaí aiceanta agus comhdhaonnacha, fás na gcathracha, leathnú rachmais agus an dí-eaglaisiú (1969: 7).

Deir Ó Caollaí go raibh míshásamh á ghiniúint i measc an aosa óig mar gheall ar an neamhphearsanú a dhéanann an t-ollchultúr agus mar gheall ar an gcaoi a múnlaíonn an t-ollchultúr an duine don chóras rachmasaíoch (1969: 7). Thuig Ó Caollaí nár leor a chur ina luí ar dhuine go bhfuil sé/sí dídhonnaithe agus faoi smacht ag an ollchultúr. Ba ghá corraíl a thosú a bhain le saincheisteanna míshásaimh agus leasúcháin mar fhreagra ar an daoirse a bhí á fulaingt faoi scáth an ollchultúir (1973a: 7).

Thug Ó Caollaí le fios go raibh ré úr dóchais agus gníomhaíochta chomh maith le luachanna nua ar na bacáin in Éirinn agus ba mhian leis an gConradh an ‘athbheochan’ a bhí ar siúl san eagraíocht a fhréamhú agus a léirmhíniú laistigh den chomhthéacs sin freisin (1969: 7). Ba mhian leis an gConradh, mar sin, an deis a thapú chun dul i bhfeidhm ar dhaoine agus an mórchóras polaitiúil leochaileach (de

bharr an tsuaite shóisialta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) (1969: 1), mar a deir Ó Caollaí in óraid an Uachtaráin i 1972:

Tá deiseanna iontacha le tapú sna hathruithe intinne atá ag teacht de bharr na corraíle. Ní fhéadfar na deiseanna sin a thapú, ná ní shlánófar an Ghaeilge ón mbagairt, mura bhfreagraíonn Conradh na Gaeilge don staid nua ar fad atá ann. Ní dhéanfaidh seanfhoirmlí cúis sa staid seo. Caithfear briseadh le ré an chlubachais, caithfidh feidhmiú mar ghluaiseacht feasta, sé sin mar eagras atá míshásta leis an saol-mar-atá agus a bhfuil aisling aige de shaol níos fearr, eagras atá ag éileamh athruithe ar an bpobal agus ag déanamh an éilimh sin trí chorraíl, trí fhorbairt agus leathadh a fhealsúnachta agus trí neartú a mheanman féin (1972: 13).

Áitím gurbh athrú poirt ón mbonn aníos é seo le hais cháipéis 1966 (*The Language and the National Identity*), áit a raibh an Conradh ag diúltú glan do luachanna na nua-aoiseachta a bhí ag teacht chun cinn.

#### **5.5.6 Anailís: Tionchar Uí Chaollaí**

Fear mór léitheoireachta is ea Maolsheachlainn Ó Caollaí a raibh eolas aige ar na heolaíochtaí sóisialta agus ar mhian leis ceist na Gaeilge a phlé ar bhealach sochaíoch agus nua-aimseartha a bhí in oiriúint do chomhthéacs na seascaidí. Smaointeoir is ea é, dá réir, ar éirigh go maith leis dul i gcion ar an tsochaí agus ar pholaiteoirí araon, dar le Mac Aonghusa (Agallamh 2013). Tágann Ó Ceithearnaigh leis seo freisin:

[...] ba dhuine acadúil é sa mhéid go raibh ana-chuid léitheoireachta agus smaointeoireachta déanta aige agus bhí sé ag iarraidh an Conradh a thabhairt i dtreo nua ach bhí tú ag troid in aghaidh, bhí air an dá thaobh a thógáil leis agus bhí sé deacair sin a dhéanamh // bhí na seanfhondúirí ag iarraidh nach mbeadh athruithe ann agus a bhí dílis do na sean-mhodhanna agus don seanghluaiseacht a bunaíodh i 1893 (Agallamh le hÓ Ceithearnaigh, 2013).

Mar is dual d'eagraíocht ilchineálach fearacht an Chonartha, bíonn éagsúlacht tuairimíochta le haireachtáil i gcaidrimh inghrúpa go minic. In ainneoin go ndeir Mac Ruairí gur thug Ó Caollaí faoin athnuachan 'go macánta,' 'go láidir' agus 'go nua-aimseartha,' ní gan cáineadh a bheadh a chur síos ar fhealsúnacht Uí Chaollaí áfach. Maíonn sé go mb'fhéidir go raibh Ó Caollaí 'ró-nua-aimseartha' agus 'ró-intleachtúil' ina chuid béarlagair agus a bhunteachtairacht á craobhscaoileadh aige, rud a d'fhág go mbeadh deacracht ag an 'ngnáthdhuine' dul i ngleic lena smaointe:

Bhí sé ró-intleachtúil///like chun rudaí áirithe a mhíniú don phobal//nílim ag iarraidh a bheith díspeagúil /// caithfidh tú é a chur i bhfocail agus i gcaint a thuigeann daoine///caithfidh tú é a chur agus a fheidhmiú ar bhealach a

thuigeann siad agus ní fheictear dom gur tharla sin (Agallamh le Mac Ruairí, 2013).

Bíodh sin mar atá, is í an nuáil is mó a tharraing Ó Caollaí isteach, dar liom, ná gur úsáid sé friotal na socheolaíochta agus na n-eolaíochtaí sóisialta i gcoitinne chun creatlach thacaíochta agus dlisteanaithe a chruthú dá argóintí. Dá réir sin, áitim go raibh an mianach ann an friotal cuí a úsáid chun a idé-eolaíocht a chraobhscaileadh. Mar gheall ar chomhfhios dioscúrsach Uí Chaollaí a bheith múscailte, bhí sé ar a chumas caint ar ghluaiseachtaí sóisialta, ar bhuancheachtaí an duine agus ar na bealaí ab fhearr chun dul i bhfeidhm ar na buancheachtaí sin. Léiriú is ea é seo go raibh Ó Caollaí ag glacadh le nua-ré na nua-aoiseachta a bhí ag teacht chun cinn ag an am. Is é sin le rá go raibh leas an duine aonair ag dó na geirbe aige. Thuig Ó Caollaí, agus é ag tarraingt ar fhealsúnacht an liobrálachais, gur ghá go rachfaí i bhfeidhm ar bhuancheachtaí an duine le go bhféadfaí bun-athruithe comhdhaonnacha a chur ina luí air (1969: 8). Léiríonn seo go raibh feasacht an-ard ag Ó Caollaí maidir le lárnacht agus dínit an duine aonair chomh maith le neamhspleáchas aigne agus coirp an duine aonair (1973a: 7). Chuige sin, ba mhian leis pobal náisiúnta a bhunú ina ndiúltofaí don ‘ollchultúr’ Angla-Mheiriceánach agus ina mbainfí príomhchuspóir an Chonartha amach – saoirse phobail, saoirse eacnamúil agus saoirse chultúrtha. Léiríonn seo gurbh acmhainn chultúrtha í an Ghaeilge a bhféadfaí tarraingt uirthi chun féiniúlachtaí a athchruthú agus a atáirgeadh tríd an teanga a mhapáil ar shuáilc (Reynolds, 2009: 218). Ina theannta sin, léiríonn seo tuiscint Uí Chaollaí ar nádúr ‘samhlaithe’ an náisiúin (Anderson, 1991), mar a deir May:

[...] the idea of a collective ‘national’ community, like all large-scale collectivities, has to be *specifically* and *consciously* cultivated, since it involves conceiving of something that is beyond one’s immediate day-to-day experience (2012: 70). (béim sa bhunleagan).

In ainneoin thionchar doshéanta Uí Chaollaí ar athnuachan Chonradh na Gaeilge ag deireadh na seascaidí, ní fhéadfaí an cheist seo na hathnuachana a phlé beag beann ar a réamhtheachtaí, Cathal Ó Feinneadha. Míniúnn Mac Aonghusa gur earcaíodh go leor daoine óga sa Chonradh mar thoradh ar scéim timireachta Uí Fhinneadha i 1965. An toradh a bhí air seo ná go raibh ní ba mhó daoine óga sa Chonradh agus peirspictíochtaí léirmhínte éagsúla acu a thabharfadh dúshlán do ‘shean-idé-eolaíocht’ an tsean-dreama. Deir Mac Aonghusa go bhfuil aitheantas ag dul do

Chathal Ó Feinneadha as an obair seo a thosú, obair ar lean Ó Caollaí léi nuair a toghadh ina uachtarán é i 1968 (Agallamh 2013).

Rinne mé cur síos sa chuid seo den chaibidil ar chomhdhéanamh ilchineálach na ndioscúrsaí faoinar thuig Conradh na Gaeilge ceist na teanga. Is gá anois plé a dhéanamh ar na próisis tháirgeachta a ndeachaigh an ghluaiseacht ina muinín d'fhonn an LFM a léirmhíniú.

## **5.6 Bríonna an Chonartha chun an LFM a léirmhíniú**

Trí dhul i muinín phróisis shéimeolaíoch na hinnéacsúlachta agus an scriosta, pléfidh mé sa rannóg seo na tuiscintí agus na bríonna ba choitianta faoinar thuig agus faoinar léirmhínigh baill an Chonartha idé-eolaíocht an LFM. Tháinig táirgeacht na mbríonna seo chun solais agus próiseas an chódaithe faoi lán seoil ar thras-scríbhinní agallaimh (féach 4.5.3).

Deir Richard Burke, arbh Aire Oideachais de chuid Fhine Gael é (1973-76), go raibh ilchineálacht agus iolrachas i réim laistigh den LFM, rud a d'fhág gur spreagadh na baill chun corraíola ar go leor cúiseanna éagsúla:

[...] the tributaries to the Missouri/Mississippi that ended up as the LFM were numerous (Agallamh le Burke, 2011).

Pléfidh mé na 'foshruthanna' sin ar fad, mar a shamhlaigh Conradh na Gaeilge iad, sa rannóg seo.

### **5.6.1 Bailiú Faisnéise: Gaeilgeoirí á neadú san LFM**

Ar mhaithe le heolas a fháil ar an LFM agus ar a raibh ag tarlú laistigh den ghluaiseacht, shocraigh Tomás Mac Ruairí spairí a earcú chun ballraíocht a ghlacadh san LFM. Theastaigh uaidh teacht ar eolas inmheánach faoin ngluaiseacht mar aon le heolas a fháil ar an réamhphleanáil a bhí ar siúl acu leis an aidhm go bhféadfadh an Conradh gníomhú go héifeachtach agus go stráitéiseach i gcoinne an LFM. Ba ghnách leis na spairí seo leaganacha Béarla dá n-ainmneacha a úsáid agus iad ag gníomhú faoi cheilt sa ghluaiseacht.

Gníomhaíocht cheilte agus rúnda ab ea í seo dá réir, rud a d'fhág nár coinníodh aon taifead d'ainmneacha an chúigir nó an tseisir a earcaíodh mar spairí:

[...] silim go raibh b'fhéidir cúigear nó seisear arís bhí cineál riail amháin ar mhian linn a chur i bhfeidhm nach raibh muid ag iarraidh go mbeadh a fhios

ag duine amháin go raibh duine eile [ina spaire]. Níor pléadh é seo riamh ag coistí gan é a bheith sna tuairiscí//bhí muid tugtha do sin gan *paper trail* a fhágáil//sin *downfall* de go leor rudaí mar seo riamh anall *paper trail* a bheith ann (Agallamh le Mac Ruairí, 2013).

Faoi réir ag faisnéis na spairí seo, d'éirigh leis an gConradh teacht ar réamheolas maidir le feachtas litreacha an LFM. Deir Mac Ruairí gur mhodh gníomhaíochta de chuid an LFM é litreacha, inar tugadh fogha faoin nGaeilge, a sheoladh isteach chuig na nuachtáin. D'éirigh le cuid de na spairí seo teacht ar eolas maidir leis na téamaí a phléifí sna litreacha sin, rud a d'fhág go mbíodh an Conradh réidh chun spairne agus na litreacha sin a fhreagairt go gairid i ndiaidh a bhfoilsithe (Agallamh le Mac Ruairí, 2013).

Neamhspleách ar spairí Mhic Ruairí i gCraobh Bhréanainn, shocraigh Betí Uí Bhaoill, nó Betty Jones<sup>62</sup> mar ab fhearr aithne uirthi san LFM, clárú leis an ngluaiseacht sin, d'fhonn tuiscint a fháil ar an dearcadh a bhí i réim inti. Ní raibh aon teagmháil aici le feachtas Mhic Ruairí ag an am. Ba spéis léi tuiscint a fháil ar mheon an LFM de bharr go raibh ceist na Gaeilge fite fuaite lena saol pearsanta féin. Is cuimhin léi cruinnithe a bheith á réachtáil i gCill Chainnigh agus in óstán Buswell i mBaile Átha Cliath.

Measann Uí Bhaoill gur scata daoine é an LFM a bhí aontaithe sa mhéid is go raibh siad 'frith-Ghaeilge' ach a chuaigh isteach sa ghluaiseacht an chéad lá riamh ar iliomad cúiseanna pearsanta. D'fhág sin, a deir sí, nach raibh aon bheartas aontaithe acu agus go raibh sé an-deacair an grúpa a tharraingt le chéile agus meanma a chothú ina measc:

[...] níor mhothaigh mé go raibh aon idéalachas ag baint leis ach b'fhéidir frustrachas agus diúltachas ar shlí éigint//tá sé an-deacair é a tharraingt le

<sup>62</sup> Léiríonn cartlann an LFM gur tháinig sé chun solais ag ceann de na cruinnithe a bhí ag an LFM i gCill Chainnigh i 1969 go raibh 'Betty Jones' pósta ar Bhrian Ó Baoill, ar rúnaí Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge é. Deir Uí Bhaoill gur gheall le 'exposé' é an cruinniú sin a tharla toisc gur chuala duine eile ón LFM í ag labhairt Gaeilge le duine dá páistí i lár Bhaile Átha Cliath an tseachtain roimhe sin (Uí Bhaoill, 2013). Scríobh Christopher Morris litir chuig 'Jones' ar an 28ú Deireadh Fómhair féachaint an mbeadh sí sásta cúpla ceist a fhreagairt chun an scéal a shoiléiriú, lena áiríodh: Ar tháinig sí le haidhmeanna an LFM? An raibh aon bhaint aici le heagraíocht Ghaeilge riamh agus ar thuig a fear céile céard a bhí ar siúl aici? (Morris, 1969). D'fhreagair 'Jones' litir Morris ar an 2ú Samhain 1969. Dúirt sí nach raibh fonn uirthi seasamh siar as an LFM. Dúirt sí gur thuig sí údar inní Morris agus go raibh náire uirthi faoi gach ar thit amach. Ina theannta sin, dúirt sí nach raibh aon bhaint aici le heagraíocht Ghaeilge riamh agus go raibh sí báuil le cuspóirí an LFM i gcónaí. Maidir lena fear céile, dúirt sí gurbh fheimineach í agus nach raibh aon bhaint ag meonta a fir chéile le hábhar dá réir (Jones, 1969). Sheol Morris foirm iarratais chuig Jones ar an 18ú Samhain 1969 agus dúirt sé go nglacfaí léi go fabhrach.

chéile///tá a fhios agat/ is féidir leat rudaí a chur chun cinn ar son [ruda]///má tá siad ar fad ar son rud amháin (Agallamh 2013).

Áitíonn sí dá réir sin go raibh an LFM aontaithe ach ar bhealach ‘scaoilte’ sa mhéid is nach raibh cuspóir dearfach ag an ngluaiseacht. Is cuimhin le hUí Bhaoill bunús d’ochtair a bheith i mbun na gcruinnithe seo ach go mbíodh an lucht freastail ag athrú go seasta cé is moite den lár-ghrúpa sin, rud a léirigh go raibh lucht tacaíochta na gluaiseachta ‘scaoilte’ agus guagach:

[...] rud a mhothaigh mise fúthu ná nach raibh aon pholasaí aontaithe acu//gur scata de dhaoine//go bunúsach an rud a bhí á tharraingt le chéile ná go raibh siad frithGhaeilge ar chúis amháin nó cúis eile cé go raibh siad ag séanadh go raibh siad naimhdeach don Ghaeilge///b’fhéidir nach raibh gach duine//ní raibh an oiread sin acub ann//ní fhaca mise aon slua mór ach agus bhíodh na daoine a bhíodh ag teacht ag na cruinnithe/ bhí siad ag athrú//bhí bunús d’ochtair nó mar sin de na daoine céanna ann ach ina dhiaidh sin thioctadh daoine aonair agus bheadh siad ann ar feadh tréimhse (Agallamh 2013).

Ghoill sé ar an LFM freisin, a deir sí, nach raibh gluaiseacht na Gaeilge ag cur ina gcoinne ar bhonn ní ba fhíochmhaire:

[...] bhí siad ana-mhí-shásta nach raibh gluaiseacht na Gaeilge ag cur ina gcoinne i bhfad níos fíochmhaire//ba theip é sin ina súile mar bhí siad ag iarraidh//ceapaim go raibh siad ag iarraidh gluaiseacht na Gaeilge a spreagadh le gníomh éigin a dhéanamh ina n-aghaidh/ rud a chuirfeadh an pobal go ginearálta in aghaidh na nGaeilgeoirí///sin an fáth a bhfuilim ag rá gur rud diúltach a bhí ann (Agallamh 2013).

Ina theannta sin, bhí cur agus cúiteamh ag na cruinnithe seo faoina thiomanta is a bhí Fine Gael do chúis na hathbheochana, dar le hUí Bhaoill. Deir sí gur tuigeadh go forleathan i measc bhaill an LFM ag na cruinnithe seo go raibh Fine Gael fabhrach do bhunchuspóirí na gluaiseachta.

### **5.6.2 Baint le Fine Gael**

I gCaibidil a Dó den tráchtas seo, rinne mé cur síos cuimsitheach ar dhioscúrsa Garret FitzGerald i leith na Gaeilge. Go hachomair, áitíonn FitzGerald go bhféadfaí an fhéiniúlacht Éireannach a chur chun cinn trí mheán an Bhéarla. Ina theannta sin, chruthaigh sé nasc innéacsach idir an Ghaeilge éigeantach agus sárú na gceart sibhialta. Maíonn Ó Caollaí, dá réir, go raibh FitzGerald ina ‘údar intleachtúil’ ag an LFM (Agallamh 2011a).

Deir Mac Aonghusa gurbh fhíor do théis Uí Chaollaí gur tháinig an LFM faoi anáil Fhine Gael agus faoi thionchar mhúnla Garret FitzGerald go háirithe. Áitíonn sé gur thug FitzGerald mar aon le Fine Gael stádas d'argóintí in aghaidh na Gaeilge, argóintí ar bhain an LFM úsáid astu ina ábhar bolscaireachta (Agallamh 2013). Maíonn Uí Dhomhnaill go raibh eilimint an-láidir laistigh de shaol polaitíochta agus gnó na tíre nach raibh fabhrach don Ghaeilge agus gur thug an LFM mar aon le Fine Gael ardán dóibh ar a bhféadfaí an athbheochan a cháineadh:

[...] thugadar siúd bonn dóibh siúd//thugadar guth dóibh agus thugadar tuiscint//nach raibh go dtí sin//bhí an cur i gcéill ann go raibh gach éinne sa tír taobh thiar d'athbheochan na Gaeilge (Agallamh le hUí Dhomhnaill, 2013).

Deir Ó Domhnaill go raibh 'trasnáil' meoin idir an LFM agus Fine Gael, rud a thug 'uchtach' don pháirtí sin beartais fhrith-Ghaeilge a cheapadh, mar a deir Uí Dhomhnaill:

[...] ní gá go mbeadh ballraíocht ag lucht an LFM i bhFine Gael nó *vice versa* ach go raibh an meon céanna acu agus b'fhéidir nach mbeadh sé de mhisneach ag Fine Gael deireadh a chur, deirimis le Gaeilge sa státchóras ach amháin gur thug an LFM le fios go raibh gluaiseacht sa tír a bhí in aghaidh na Gaeilge (Agallamh 2013).

Tagann Ó Snodaigh leis an tuairim seo freisin. Ní dóigh leis go raibh Fine Gael 'mar struchtúr' bainteach leis an LFM ach áitíonn sé, mar sin féin, go mbeadh cuid mhór de bhail an LFM báuil le Fine Gael agus go bhféadfadh, dá réir sin, gur imir an LFM tionchar ar mhúnlú bheartas an pháirtí sin i leith na Gaeilge (Agallamh 2013). Tagann Ó Ceithearnaigh leis seo freisin sa mhéid is go ndeachaigh smaointe an LFM i gcion ar Fhine Gael. Deir sé:

[...] gurbh iadsan [LFM] a chuir an síol i gcloigeann Fhine Gael, ní raibh Fianna Fáil go poiblí chun seasamh in aghaidh na Gaeilge ach is cinnte go dtáinig na smaointe a bhí acub ón LFM.

Creideann Ó Caollaí gurbh é a mhalairt a tharla, rud a léiríonn ilchineálacht na dtuairimí laistigh de ghluaiseacht na Gaeilge trí chéile.

Tugann Ó Caollaí le fios go raibh níos mó ná 'trasnáil meoin' idir Fine Gael agus an LFM. Deir Ó Caollaí gur ghléas é an LFM chun na mianta a bhí ag eite de Fhine Gael (James Dillon & Garret FitzGerald) a chur i gcrích (féach 2.4.4.1). Is é sin le rá gurbh é Fine Gael a chum na hargóintí i gcoinne na Gaeilge éigeantaí, i bhfoirm

bheartas Dillon i 1961 agus i scríbhinní FitzGerald, ach gurbh é an LFM ba chúis leis na hargóintí sin a chraobhscaoileadh:

[...] sílim go bhféadfá dul siar go dtí Fine Gael agus dar liomsa ní raibh san LFM ach dream a bhí ag cur i gcrích an rud a bhí aicme láidir i bhFine Gael//bhí siad siúd ag déanamh na clocha agus bhí an dream eile á gcaitheamh. Má bhreathnaíonn tú siar ar Garret FitzGerald agus altanna a scríobh seisean nuair a foilsíodh tuarascáil an Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge, d'fhoilsigh Garret FitzGerald dhá alt ar an *Irish Times* agus feicfidh tú na téamannaí céanna a bhí i 1964 ag teacht ar aghaidh arís agus arís eile leis an LFM i dtús ré an LFM. (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Is ar an mbonn sin a áitíonn Ó Caollaí go raibh FitzGerald ina ‘athair intleachtúil’ ag na hathruithe ‘chun donais a tharla sna blianta 1973 agus 1974,’ tráth ar bhain an LFM úsáid as na bríonna, a bhí cruthaithe ag FitzGerald laistiar dá argóintí, chun stocaireacht i gcoinne na Gaeilge éigeantaí don Ardeistiméireacht agus don státchóras araon (2013: 35). Dá bharr seo, áitíonn Ó Caollaí nach raibh an LFM tábhachtach in athrú beartais teanga an Stáit ach gurbh é Fine Gael<sup>63</sup> ba mhó ar bhain tábhacht leis.

Nuair a chuir mé agallamh ar Richard Burke, dúirt sé nárbh eol dó aon nasc a bheith idir FitzGerald agus an LFM ó thaobh meoin de ach nach gcuirfeadh sé iontas air ach an oiread dá dtiocfaidís le chéile ar ardán uirbeach an liobrálachais agus go bhféadfadh, dá réir sin, FitzGerald a bheith ina ‘evangelist’ ag an LFM:

[...] well it’s the first time I’ve heard of it but it doesn’t surprise me that they should combine/or that//*The Irish Times*, urban, 60s, liberal lobby would have through whatever argumentation or marshalling of points would have really wanted to slow down this previous movement in which the whole country had agreed to try and do its best to revive the language and it had absolutely no influence on me whatsoever (Agallamh 2011).

Ar an láimh eile, maíonn Burke go mb’fhéidir gur thuig FitzGerald, tar éis do Fhine Gael 16 bliana a chaitheamh san fhreasúra díreach roimh 1973, go bhféadfaí tuilleadh vótaí a fháil trí bheartas teanga an pháirtí a athrú agus gur mhian leis an bpáirtí sin scoilt a dhéanamh idir é agus Fianna Fáil ar cheist thábhachtach náisiúnta (Agallamh le Burke, 2011).

---

<sup>63</sup> In ainneoin go bhfuil Ó Caollaí cáinteach i leith Fhine Gael agus seasamh an pháirtí sin i leith na Gaeilge sna seascaidí agus sna seachtóidí, ní miste a rá go dtugann sé aitheantas d’Earnán de Blaghd agus do Risteárd Ó Maolchatha araon, beirt a chreid go láidir san athbheochan, dar leis (2013: 20).



### 5.6.2.1 *Tionchar Richard Burke*

Bhí Dick Burke ina Aire Oideachais de chuid Fhine Gael sa Chomhrialtas Náisiúnta in éindí le Páirtí an Lucht Oibre idir 1973-76. Ba é an Búrcach a thug an chéim deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach don Ardeistiméireacht i 1973. Deir sé gur thit an cúram air deireadh a chur leis an éigeantas faoi réir ag clár an rialtais, clár a chuimsigh ceithre phointe dhéag agus a bhí curtha i dtoll a chéile ag an dá pháirtí roimh an olltoghchán i mí Feabhra 1973 (Agallamh le Burke, 2011).

Ní nach ionadh go raibh an Ghaeilge éigeantach i measc na gceithre phointe dhéag a chuimsigh clár an rialtais i 1973, go mórmhór agus an cheist sin ina hábhar achrainn polaitíochta i bhFine Gael ó thus na seascaidí i leith. Ar an ábhar sin, d'fhogair James Dillon, nuair a seoladh clár Fhine Gael d'olltoghchán 1961, go gcuirfí deireadh leis an nGaeilge éigeantach dá dtoghfaí iad. Agus Garret FitzGerald ina sheanadóir agus ina urlabhraí oideachais de chuid Fhine Gael idir 1965 agus 1966, dearbhaíodh beartas Dillon in athuair ar cháipéis dar teideal *Fine Gael Irish language policy*. Faoi scáth an *Just Society* agus é mar aidhm ag Fine Gael dianchlár leasúchán geilleagrach agus sóisialta a chur i bhfeidhm, dúradh go gcuirfí deireadh leis an nGaeilge éigeantach arís nuair a foilsíodh *Fine Gael Policy for a Just Society: Beartas Gaeilge* i 1968 (féach 2.4.7). Caithfidh mar sin gur fhág na bríonna sin, chomh maith le fonn Fhine Gael é féin a dhealú ó Fhianna Fáil ó thaobh beartais de, a rian ar lucht dréachtaithe chlár an rialtais i 1973.

Bíodh sin mar atá, áitíonn Burke nach ndeachaigh Beartas Gaeilge an *Just Society* (1968) i bhfeidhm air, a bheag nó a mhór, agus é ina Aire. Deir sé gur chuir sé an beartas Gaeilge i bhfeidhm toisc go raibh sé ar chlár an rialtais agus go raibh dualgas air gníomhú dá réir toisc gur toghadh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre ar an ardán sin:

I'm afraid//and I'm happy to say it this kind of *Just Society*, so called *Beartas na Gaeilge*, would have had anything to do with me///and when I arrived at the Department of Education/ maybe it's a drawback in my character but I could say that I didn't even know of the existence of this type of material and largely because I didn't need it/ if you understand me. I just took the one item, from whatever source it had arisen that the two parties had on one of their 14 points [Clár an rialtais], one of which said abolition of compulsory Irish//I was not motivated by any of the considerations there [Just Society: Beartas Gaeilge] ///but purely because the two parties had decided to do this///it was my duty as minister to carry it out and I can tell you that I carried

it out with the minimum of change to the existing structures and ideas (Agallamh le Burke, 2011).

Toghadh Burke ina Theachta Dála den chéad uair i 1969 agus d'fhág sin, a deir sé, nach raibh sé ar an eolas faoi bheartas Gaeilge Fhine Gael a tháinig faoi choimirce an *Just Society*. Ciallaíonn sé sin nár fhág beartas an *Just Society* a rian air:

I had no act or part in the discussion of this document [Just Society: Beartas Gaeilge] or in the drawing up of its various objectives//I wouldn't think on looking at it//and I'm only hazarding a private view now that those who drew up this particular document could be regarded as enthusiastic advocates of the revival of the Irish language (Agallamh le Burke, 2011). (ráite i dtuin shoiniciúil).

Deir sé go raibh sé go mór in amhras faoi fhíor-aidhmeanna na ndreamanna sin (Fine Gael/LFM) a bhí ag cur i gcoinne na Gaeilge éigeantaí. Bhí na dreamanna seo ag tabhairt le fios go hoifigiúil gur theastaigh uathu 'an t-ualach' a bhí ar scoláirí a chur de dhroim seoil. Measann Burke áfach, gur mhian leo dáiríre an bonn agus an dea-thoil a bhaint de na hiarrachtaí athbheochana i measc an chuid uirbeach den phobal go háirithe:

[...] well in my judgement it might have been an attempt subtly to manoeuvre public opinion away from the idea that the revival of the Irish as a spoken language of our country//for the reason that they wanted to appeal to a section of society, as they perceived it, which would have culturally and emotionally discarded///would have discarded any of this old Irish Ireland and the ideals and so on.

Tá sé soiléir mar sin go raibh Burke soiniciúil i dtaobh na bhformhianta a bhí ag aicme áirithe laistigh dá phairtí féin maidir le deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach – daoine a chuimsigh an eite liobrálach den pháirtí; Garret FitzGerald agus Tom O'Higgins (féach 2.4.6).

Spéisiúil go leor, agus 'Betty Jones' ag gníomhú faoi cheilt ag cruinnithe de chuid an LFM, tháinig sé chun solais lena linn gur mheas Christopher Morris go raibh Burke agus Fine Gael trí chéile ar aon intinn leis an LFM (Agallamh le hUí Bhaoill, 2013). Is fíor a rá gur tháinig Burke leis an LFM ó thaobh an éigeantais de agus go raibh sé míchothrom, dar leis, gan teastas Ardteistiméireachta a bhronnadh ar scoláire toisc gur theip air in aon cheann dá scrúduithe:

I was//prepared to examine the possibility that after all our efforts over 40 years that maybe compulsion and denigration of people as not being Irish if

they didn't speak Irish that maybe that had some substance (Agallamh le Burke, 2011).

Ar an mbonn sin ba cheart, dar leis, deireadh a chur leis an éigeantas agus teastas a bhronnadh a léireodh na hábhair inar éirigh leis an scoláire. Shantaigh sé an 'naimhdeas' a samhlaíodh leis an nGaeilge éigeantach a chur ó dhoras, mar a dúirt Burke agus é ag labhairt ag comhdháil de chuid Chumann Múinteoirí Éireann i 1973:

An córas a bhí ann go dtí seo maidir le Scrúdú na hArdteistiméireachta – chothaigh sé mí-thaitneamh agus fuath i measc a lán de na daoine óga don Ghaeilge. Ba ábhar pionóis agus peannaide dhóibh í, agus a luaithe a bhí doras na scoile curtha díobh acu, bhí cúl tugtha go bráth leo le teanga na Gaeilge (Amárach, 1973a: 6).

In ainneoin an forluí dioscúrsach sin idir Burke agus an LFM, bhí amhras air faoi fhíor-chuspóir an LFM:

I had suspected under the guise of objecting to compulsion that they in fact had motivations which were abolition. [...] I really felt that although I suspected the motivations of the LFM and all their works and pomps//I had to agree intellectually that they may have had some cause which if we took the better part of their insights on board we might make a better chance of the revival of the Irish language//to incentivise (Agallamh le Burke, 2011).

Bíodh is go ndúradh go hoifigiúil gurbh í aidhm dhearbhaithe an LFM deireadh a chur leis an éigeantas, bhí faitíos ar Burke gurbh í aidhm fholaite na gluaiseachta deireadh a chur leis an nGaeilge ar fad sa chóras oideachais. Chun teacht i dtír ar an mbaol sin, theastaigh ó Burke, a deir sé, beartas an chomhrialtais a chur i bhfeidhm ar bhealach nach ndéanadh dochar d'idéil na hAthbheochana.

Chuige sin, ba mhian le Burke go ndéanfaí staidéar ar shaíocht na hÉireann, nó *Irish Studies*<sup>64</sup> mar a thugtaí air, sa mheánscoil le go dtuigfeadh na scoláirí, faoi anáil fhealsúnacht na hAthbheochana, go bhfuil baint nach beag ag an nGaeilge lena bhforbairt chultúrtha féin agus go bhfágann an Ghaeilge, dá réir, a rian ar an saol comhaimseartha:

I wanted the Irish language to be the jewel at the top of this pyramid if you like which people would want to reach by being motivated by folklore through the medium of English if necessary//archaeology/ study of place

---

<sup>64</sup> Léiríonn díospóireachta Dála ar an 25ú Samhain 1976 gur cuireadh tús le cúrsa píolótach in *Irish Studies* in ocht scoil dhifriúla ar fud an Stáit le linn na scoilbhliana 1975-76 (Burke, 1976). Deir Burke gur thionscnamh pearsanta é seo, rud a d'fhág nach raibh aon neart aige ar a dhul chun cinn tar éis dó éirí as a aireacht ar an 2ú Nollaig 1976, tráth ar ghlac sé le post nua mar choimisinéir Eorpach (Burke, 2011).

names/ study of the old Celtic mythology through English and then as with Standish O’Grady and the original Gaelic League/ that the people would say ‘this is not a dead language which has no bearing on my cultural development’/ this is the *sméar mhullaigh* as they say in the Gaelic. This is the supreme outcome and now that I am motivated through Irish studies in archaeology and all the rest of it/ ‘gosh I’m going to do this willingly’ (Agallamh le Burke, 2011).

Ach an oiread leis an mbeartas a bhí á mholadh ag Dillon i 1961, theastaigh ó Burke go mbeadh ‘mealladh’ agus ‘spreagadh’ ina mbunús leis an nGaeilge mar ábhar staidéir agus go dtabharfaí fúithi le toilteanas agus go fonnmhar feasta (féach 2.4.3). Dá bharr seo, áitíonn Burke go mbeadh samhnas ar an LFM leis na beartais oideachais a chuir sé i bhfeidhm le linn dó a bheith ina aire, cé is moite dá chinneadh beartas na Gaeilge éigeantaí a chur ar fionraí ar ndóigh:

[...] in fact every action I took as Minister for Education (ag gáire) would have been regarded by the LFM, if I had known them or if they had known me, as being not quite the kind of thing we had in mind boys (Agallamh le Burke, 2011).

Ar mhaithe le buanú a dhéanamh ar a mhian go spreagfaí daoine tabhairt faoin nGaeilge, shocraigh Burke go mbronnfaí dhá onóir ar an té a n-éireodh leis leibhéal onórach a bhaint amach sa scrúdú Gaeilge (Amárach, 1973b: 3). Bhí an beartas áirithe seo ag teastáil, dar le hÓ Ceithearnaigh, le cinntiú go mbeadh foireann inniúil sa státchóras amach anseo a d’fhéadfadh a bheith ag plé leis an bpobal i nGaeilge:

Dick Burke a bhí mar Aire Oideachais ag an am agus bhí seisean//bhí scoth na Gaeilge aige agus ní raibh seisean ag iarraidh go ndéanfaí dochar don Ghaeilge ach bhí air géilleadh don argóint gur ghá an t-éigeantas a bhaint///so bhain sé an t-éigeantas agus thug sé a thacaíocht///gurb ionann onóir sa Ghaeilge agus dhá onóir//ach níor mhair sé sin agus níor cuireadh i bhfeidhm i gceart é agus an bunús agus an fáth a bhí leis sin ná a chinntiú go mbeadh foireann i gcónaí ann sa státchóras a bhí in ann gnó a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge (Agallamh le hÓ Ceithearnaigh, 2013).

#### 5.6.2.2 *Anailís*

Tá tuairimí ilchineálacha le haireachtáil i measc ghluaiseacht na Gaeilge maidir leis an mbaint nó a mhalairt a bhí ag Fine Gael leis an LFM. Áitíonn Ó Caollaí agus Mac Aonghusa beirt gur thug Fine Gael (beartas Dillon i 1961) mar aon le FitzGerald (ailt ar an *Irish Times* i 1964) stádas d’argóintí in aghaidh na Gaeilge agus go raibh na hargóintí sin in úsáid ag an LFM mar ardán stocaireachta agus gníomhaíochta nuair a bunaíodh an eagraíocht sin i 1965.

Ar an lámh eile, deir leithéidí Uí Snodaigh, Uí Cheithearnaigh agus muintir Uí Dhomhnaill araon gur léirigh an LFM do Fhine Gael go raibh gluaiseacht sa tír a thacódh leis an bpáirtí sin dá gcuirfí deireadh leis an nGaeilge éigeantach. D'fhéadfadh mar sin, gur imir an LFM tionchar ar mhúnlú bheartais Fhine Gael i 1966 (*Fine Gael Irish language policy*) agus i 1968 (*Just Society: Beartas Gaeilge*) faoi seach.

Tá sé róluath aon bhreithiúnas a thabhairt ar bhailíocht na dtuairimí sin i bhfianaise nach bhfuil faisnéis an LFM cíortha fós – pléifidh mé an cheist seo arís i gCaibidil a Seacht (Conclúidí agus Tátail).

Is léir go dtagann Burke le dioscúrsa FitzGerald agus an LFM go pointe áirithe – is é sin le rá go raibh an t-éigeantas ag baint de chion an phobail don teanga. Bíodh sin mar atá, chreid Burke go láidir gurbh eochair ab ea fealsúnacht na hAthbheochana a thabharfadh tuiscint ní ba dhoimhne agus ní ba leithne do scoláirí meánscoile ar an tsaóicht agus ar an bhfealsúnacht dúchais, rud a chuirfeadh suáilcín na Gaeilge ar a súile dóibh. Is í tuairim Uí Cheithearnaigh, Uí Shnodaigh agus mhuintir Uí Dhomhnaill araon nach raibh Burke frith-Ghaelach dá bharr seo.

### 5.6.3 Dream Gallda & Aontachtach

Deir Mac Ruairí go raibh ‘dream Gallda’ a bhí ‘frithGhaelach’ laistigh den LFM, dream nár shantaigh go mbainfí ‘Éire shaor Ghaelach’ amach mar a d’fhógair Conradh na Gaeilge é i 1915. Maíonn sé gur ‘dhream aontachtúil’ é eite áirithe den LFM, daoine a bhí ag iarraidh naisc a choinneáil le Comhlathas na Breataine i gcónaí (Agallamh 2013). Tagann Ó Snodaigh leis seo freisin:

[...] tá i gcónaí aontachtóirí in san Stát seo nó in san tír seo agus tá daoine fós ann a cheapann go mba chóir dúinn a bheith ar ais in san impireacht go mba chóir dúinn a bheith sa Ríocht Aontaithe/níor imigh siad sin//*they didn't go away you know ever* (Agallamh 2013).

Deir Ó Caollaí go ndeachaigh cuid de na ‘haontachtóirí’ sin isteach i bhFine Gael nuair a bunaíodh an páirtí sin:

[...] bhí dream beag i bhFine Gael a bhí ag iarraidh an páirtí a iompó in éadan athréimniú na Gaeilge. Bhain cuid acu le haontachtóirí an deiscirt a tháinig isteach i bhFine Gael nuair nach raibh dóchas ar bith acu níos mó go bhféadfadh siad aonad polaitiúil dá gcuid féin a bheith acu (2013: 19-20).

Bunaithe ar an tuiscint sin, fréamhaíonn Ó Caollaí fealsúnacht agus cleachtais an LFM i leith na Gaeilge siar go dtí Páirtí Parlaiminteach na hÉireann. An réasúnaíocht atá laistiar den téis seo, dar le hÓ Caollaí, is ea gur fhág an Páirtí Parlaiminteach a rian ar Fhine Gael nuair a bunaíodh an páirtí sin agus go ndearna Fine Gael amhlaidh i gcás an LFM. Fágann sin gur snaidhmeadh na trí dhream sin le chéile mar a bheadh slabhra ann ar bhonn a gcomhthuiscintí roinnte i leith na Gaeilge (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Murab ionann agus Conradh na Gaeilge, mheas an Páirtí Parlaiminteach go bhféadfaí an náisiúntacht Éireannach a léiriú trí rialtas féinrialach a bhunú i mBaile Átha Cliath arís agus go bhféadfaí a leithéid a bhaint amach laistigh den impireacht (Hutchinson, 1987: 1). Maíonn Ó Caollaí go raibh an Páirtí Parlaiminteach ag súil le ceannas nuair a thiocfadh an Rialtas Dúchais go hÉirinn ach nár éirigh leo é sin a bhaint amach de bharr Chonradh na Gaeilge mar aon le teacht chun cinn na gluaiseachta náisiúnta. D'fhág sin go raibh aighneas idir codanna de ghluaiseacht na Gaeilge agus codanna den Pháirtí Parlaiminteach a d'fhorbair isteach i bhFine Gael in am trátha.

Is é James Dillon, a bhí ina cheannaire ar Fhine Gael idir 1959-65, is mó a sheasann amach i measc na haicme 'frith-Ghaeilge' sin a raibh a fhréamhacha polaitiúla sa Pháirtí Parlaiminteach (de bharr a athar John Dillon). D'éirigh an seanChonraitheoir, Risteard Ó Maolchatha, as ceannaireacht Fhine Gael i 1959, tráth ar tháinig James Dillon i gcomharbacht air (Mac Aonghusa, 1993: 330). Ba é Dillon an chéad cheannaire de chuid an pháirtí sin a d'fhógair go gcuirfí deireadh leis an nGaeilge éigeantach dá dtoghfaí Fine Gael. Míníonn Burke go mb'fhéidir gur fhág an cineál oideachais a fuair sé a rian ar Dillon freisin:

Dillon was educated by the crowd in Gorey [Mount St. Benedict's] //he would not have had the benefit of education by the Christian Brothers, nor would [Garret] FitzGerald who was educated by the Jesuits. Now I say this jocosely//because/lets face it when it came to the people who really were, in educational terms, more motivated to revive the language and so forth, the Christian Brothers would have won hands down//whether their methods were suitable or not is immaterial, their objectives were very much in consonance with the original ideals of the cultural revival (Agallamh le Burke, 2011).

Fréamhaíonn Ó Snodaigh fealsúnacht Dillon siar go dtí an Páirtí Parlaiminteach freisin. Sonraíonn sé, mar sin féin, go raibh daoine eile sa pháirtí sin a bhí go mór ar son na Gaeilge:

[...] ba chuid de struchtúr an Stáit muidne a éagsúlú ó struchtúr Stát an *United Kingdom*//tabhairt faoin gcóras oideachais anseo agus ba chuid lárnach do sin ná an Ghaeilge agus an Ghaeilge a chur chun cinn agus bhí neart daoine in san sean-Irish Parliamentary Party a bhí ana-Ghaelach//John Boland [baint aige le bunú an Ollscoil Náisiúnta i 1908] agus [Frank] O'Donnell//bhí seisean ana-Ghaelach chomh maith ach bhí neart eile nár chreid in san//gur féidir an Ghaeilge a chur chun cinn//Jim Dillon mar shampla, tháinig seisean as an tuairim sin//ba aontachtóir é sin sa chiall atá agamsa le aontachtóir gur chóir dúinn a bheith ar ais in san impireacht//bhí sé i gceannas ar Fhine Gael ar feadh tamaill (Agallamh 2013).

Admhaíonn Ó Caollaí nár bhain leithéidí Christopher Morris nó Frank Crummey leis an aicme seo a bhfuil a fréamhacha á rianú siar aige go dtí an Páirtí Parlaiminteach. Bíodh sin mar atá, sonraíonn sé gur seachadadh codanna de fhealsúnacht agus de thuiscintí an Pháirtí Pharlaimintigh i leith na Gaeilge ar an LFM trí ráiteas Dillon i 1961 agus trí scríbhinní Garret FitzGerald ar an *Irish Times*. Is ar an mbonn sin a áitíonn Ó Caollaí gur ‘recidivists’ agus ‘iarBhriotanaigh’ é an LFM a tháinig faoi thionchar ag dreamanna eile a tháinig rompu (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

#### **5.6.4 Feiniméan Aicmeach agus Uirbeach**

Maíonn Mac Aonghusa gur léir don dall go raibh forluí idir mianta an LFM agus na mianta a bhí ag eite áirithe de Fhine Gael. Mar sin féin, deir sé gur feiniméan aicmeach, cuid mhór, seachas feiniméan páirtíoch é an LFM. An t-údar a bhí leis seo ná gur tháinig ‘aicme nua’ chun cinn mar thoradh ar an bhfeabhas suntasach eacnamaíochta a tháinig ar an tír ó dheireadh na gcaogaidí i leith. D’fhág sin, gur thosaigh lucht an rachmais, lucht an ghnó agus an mheánaicme trí chéile ag treisiú agus dream ab ea é a raibh béascna shóisialta dhifriúil acu agus nár spéis leo an Ghaeilge agus nach bhfacthas aon luach inti ó thaobh dhul chun cinn an gheilleagair de – léiríonn seo a lárnaí is atá leasanna geilleagracha i múnú idé-eolaíochtaí teanga. Dá bharr sin, breathnaíodh ar chur chun cinn na Gaeilge nó ar chur chun cinn an chultúir i gcoitinne mar chaitheamh aimsire agus mar chur amú airgid go minic, dar le Mac Aonghusa. Ina theannta sin, níor fheil an t-oideachas trí Ghaeilge dá leasanna nó dá riachtanais shóisialta agus gheilleagracha. Ar an mbonn sin, theastaigh uathu deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach:

[...] do cheap na Gaeilgeoirí go raibh an dream seo an LFM ag iarraidh deireadh a chur leis an nGaeilge ar fad sa chóras oideachais agus chun a bheith fíreannach/bhí//b'shin an bunchuspóir a bhí acu//í a dhéanamh chomh beag nárbh fhiú a bheith ag bacadh léi níos mó (Agallamh le hÓ Baoill, 2013).

Maíonn Ó Snodaigh gur dhream meánaicmeach agus Baile Átha Cliathach é seo den chuid ba mhó (Agallamh 2013). Dream a fuair spreagadh agus gríosadh, dar le Burke, ó 'the Dublin intellectual, liberal, modernising lot.' Bhí 'lár-aicme' an LFM ag teacht leis an bhfealsúnacht seo, dar le Mac Aonghusa:

Lucht gnó//is dóigh liom iad sin gur bhreathnaigh siad siúd//gur cineál oideachais atá ag teastáil uathu siúd dá bpáistí a chuideodh leis na páistí dul chun cinn a dhéanamh go tapaidh i gcúrsaí gnó agus nár//níl mé cinnte gur//go raibh siad in aghaidh na Gaeilge amháin, sílim go raibh siad in aghaidh aon saghas oideachais a ghlacfadh am agus nach mbainfeadh go díreach le cur chun cinn/leis an dul chun cinn eacnamaíoch (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013).

Ní chuirfeadh Mac Aonghusa Frank Crummey i measc na 'lár-aicme' seo áfach. Gníomhaí sóisialta agus idéalalaí ab ea Crummey, dar le Mac Aonghusa, a raibh baint nach beag aige le go leor feachtas eile ar son an cheartais ó na seascaidí i leith – bhí baint aige le gluaiseacht na pleanála clainne chomh maith leis an tearmann do mhná, cuirim i gcás. Trí lionsa seo an cheartais, áitíonn Mac Aonghusa gur shamhlaigh Crummey an Ghaeilge a bheith ina hualach ar dhaoine, ualach a fulaingíodh ar scoil go háirithe de dheasca an phionóis chorpartha agus gurbh í sin an chúis ar bhunaigh Crummey agus cuid dá leathbhádóirí san LFM an eagraíocht *Reform* i 1967 (Agallamh 2013) (féach 6.3.5.1). Tagann Richard Burke le Mac Aonghusa sa mhéid is gur mhian leis an LFM, dar leis, na daoine a 'fhuascailt' ón 'gciapadh' a shamhlaigh an eagraíocht leis an éigeantas:

[...] the ideology motivating them seems to be trying to get the negative experiences to which they had got in either learning Irish or as a consequence of failing Irish or whatever out of their systems//so it was ideologically driven in the sense that it wanted to, in it's own ideology/ to lift, the 'burden' as they saw it, in inverted commas, off the backs of the Irish people (Agallamh le Burke, 2011).

Chiallaigh sin go raibh eite san LFM a raibh inní uirthi faoin nGaeilge a bheith á brú ar a páistí in aghaidh a dtola trí mhodh an phionóis chorpartha. D'fhág sin gur cheist í an Ghaeilge éigeantach a bhain le cearta sibhialta agus a leigheasfaí trí dhul i muinín an liobrálachais, dar leis an LFM.



### 5.6.5 Cearta Sibhialta

Tugann Ó Caollaí le fios go raibh an Ghaeilge á ceangal leis an lámh láidir sna scoileanna agus go raibh droch-impleachtaí aige don teanga:

Cé go mbuailtí páistí i ngeall ar iad a bheith ag teip sna hábhair eile, ba í an Ghaeilge ba mhó a bhí thíos leis, mar ar fháth éigin, in aigne cuid de na daoine, nascadh an Ghaeilge leis an lámh láidir sna scoileanna. Chothaigh sin go leor fuatha don Ghaeilge agus do lucht a labhartha. Bhí ionsaithe an lucht léinn ar mhúineadh na Gaeilge agus ar mhúineadh trí Ghaeilge anois ag cur spreagadh breise sna daoine a bhí corraithe faoin gcaoi a chaitheadh leo ar scoil, nó faoin srian a chuir foghlaim na Gaeilge lena ndul chun cinn, dar leo (Ó Caollaí, 2013:15).

Tuigeann Mac Ruairí, ag tarraingt dó ar a eispéireas pearsanta féin le linn a óige, na húdair inní a bhí ag an LFM maidir leis na modhanna a ndeachthas ina muinín chun an Ghaeilge a mhúineadh ar scoil. Léiríonn seo go raibh bá áirithe aige don LFM faoin lámh láidir sna scoileanna:

[...] thuigfinn go hiomlán, aon rud a chloiseann tú in aon áit faoi dhrochmhúineadh na Gaeilge//is fíor é. *I'll tell you* dá mbeadh an LFM ann bheinn mar cheannaire orthu (Agallamh le Mac Ruairí, 2013).

Is ar an mbonn sin a breathnaíodh ar an ‘nGaeilge éigeantach’ mar a bheadh ‘laincis’ ann, dar leis an Snodach. Measann Ó Snodaigh, dá réir sin, go raibh an liobraíochas, murab ionann agus an liobrálachas, i réim mar fhealsúnacht san LFM toisc gur theastaigh uathu, dar leis, go mbeifí ‘saor ó laincísí d’aon saghas Stáit’ (Agallamh 2013).

Aithníonn Ó Snodaigh go raibh an dá ghluaiseacht ag comhtharraingt ar dhioscúrsa na gceart sibhialta ach déanann sé idirdhealú idir an chaoi a ndeachaigh an LFM agus an Conradh i ngleic leis an dioscúrsa sin. Deir sé gur shantaigh an LFM saoirse a bhaint amach ‘ón nGaeilge’ agus go raibh cuspóir na gluaiseachta thar a bheith ‘diúltach’ dá réir sin.

Ar an lámh eile, deir Ó Snodaigh gurbh í an tsaoirse chun tógála ab aidhm don Chonradh, aidhm a bhí i bhfad ní ba dhearfaí, dar leis, toisc gur mhian leo, murab ionann agus an LFM, an teanga a chur chun cinn. Ar an ábhar gur mhian leis an LFM ‘saoirse ó Ghaeilge’ a bhaint amach, agus fogha a thabhairt faoin teanga dá réir, shocraigh Ó Snodaigh an FLM a thabhairt ar an eagraíocht:

[...] an FLM mar a thug mise orthu///*Fuck the Language Movement* (FLM) agus sin a bhí i gceist acu///*fuck the language/fuck Irish/níl ach language freedom/freedom from Irish*//rud ana-diúltach a bhí ansan//is saoirse ó Ghaeilge a bhí i gceist acu///*I mean Freedom from Language Movement*//a bheith níos macánta//*from the language movement*///an teanga amháin (Agallamh 2013).

Bheadh Dónall Mac Amhlaigh (1973: 5) agus an nuachtán *Amárach* ar aon dul leis an Snodach maidir le lipéad an FLM. Dá bharr sin, tugann Mac Amhlaigh ‘Flemmers’ (an F.L.M) ar an ngluaiseacht (1968a: 5). Ina theannta sin, bhain *Amárach* úsáid as focail ar nós ‘Seoiníní,’ ‘ain-Ghaeil,’ ‘Flemmers,’ ‘feachtas fuatha ar nós Paisleyism,’ agus ‘feachtas nimhneach’ chun cur síos a dhéanamh ar an LFM (Amárach, 1966d: 7; MacAmhlaigh, 1973: 5).

### 5.6.6 Fogha a thabhairt faoin mbunaíocht

Deir Inglehart go dteastaíonn ó na nua-ghluaiseachtaí sóisialta an cultúr agus an tsochaí shibhialta a chosaint ó bhagairt na scothaicmí (2003: 64). Ar an ábhar sin, deir Mac Aonghusa go raibh dream lárnach san LFM, a bhreathnaigh ar an nGaeilge mar chuid de ‘chultúr oifigiúil’ an Stáit, cultúr a bhí, dar leo, ag teacht faoi anáil ‘ag meon coimeádach, cinsiriúil, cráifeach, cléir-smachtaithe, filistíneach agus frith-intleachtúil’ (Ó Tuathaigh, 2011: 83). Bhí an Ghaeilge ina dlúthchuid den choimeádachas sin ar mhian leis an LFM dúshlán a thabhairt dó, dar le Mac Aonghusa (Agallamh 2013). Áitíonn an Snodach, dá réir sin, gurbh ardán é an LFM do dhaoine ar mhian leo buncheisteanna a chur faoi nádúr an Stáit:

[...] is *umbrella* a bhí in san LFM do a lán daoine a raibh gearán acu leis an mbunaíocht, leis an Stát, leis an Eaglais Chaitliceach agus [...] thug sé deis dóibh san teacht le chéile agus buncheisteanna faoi nádúr an Stáit a chur le chéile (Agallamh le hÓ Snodaigh, 2013).

Tá Burke ar aon intinn leis an Snodach agus le Mac Aonghusa gur mhian leis an LFM dúshlán a thabhairt don bhunaíocht mar aon le hidéil an Stáit maidir le ceist na hathbheochana:

[...] it was also that they had actually decided I think more actively to counteract the ideals of those who were trying to revive the language by setting up all of this kind of agitation and so on (Agallamh 2011).

Deir Mac Aonghusa gur mheas an LFM, mar a mheasann Garvin (2004), go raibh féiniúlachtaí na nGaeilgeoirí nasctha leis an Eaglais Chaitliceach agus le hÉamon de Valera faoin lipéad coimeádach agus aonchineálach céanna (féach 2.3.5). Chreid an

LFM, dá bharr seo, go raibh Gaeilgeoirí i mbun na tíre agus gur scothaicme chumhachtach agus choimeádach iad a raibh fabhraíocht i ndán dóibh toisc go raibh an Ghaeilge ar a dtail acu (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013). Maíonn Ó Domhnaill gur sheachmall é seo a bhí fréamhaithe sa tuiscint go mbíodh Gaeilgeoirí láidre sa státchóras nuair a bunaíodh an Stát:

[...] táimid ag caint ar *optics*//bhí go leor leor d'ardstátseirbhísigh, de lucht RTÉ agus de dhreamannaí eile a bhí tagtha ar aghaidh//an chéad ghlúin//*you know* a rugadh in san Saorstát a tháinig chun cinn sa státchóras agus a bhí ina gceannairí Stáit ach go mba Ghaeilgeoirí iad//ní hann dá leithéidí sin//*you know* TK Whitaker mar shampla//duine de na státseirbhísigh ba mhó a bhí sa tír seo//ba Ghaeilgeoir ana-láidir é (Agallamh 2013).

Áitíonn Mac Ruairí gur chadhain aonair iad leithéidí Whitaker sa státchóras. Cé is moite den chorrGhaeilgeoir thall is abhus, a deir sé, bhí sruth láidir frithGhaelach ag feidhmiú ann le fírinne ó bunaíodh an Stát (Agallamh 2013). Ar an mbonn seo, ní dóigh le hÓ Ceithearnaigh go raibh lucht an LFM ionraic sa mhéid is go raibh an Béarla *de facto* i gceannas sa tír agus i ndáiríre aon chosaint a bhí ann don Ghaeilge, bhí sí ann leis an aidhm go dtiocfadh an Ghaeilge slán mar theanga phobail, dar leis (Agallamh 2013).

Leag mé amach i gCaibidil a Dó gur fhág an Bhreatain a rian ar státseirbhís na hÉireann nuair a bunaíodh an Saorstát agus gur chiallaigh sin go raibh an struchtúr maorlathach cuí i bhfeidhm sna seascaidí chun beartas geilleagrach Lemass/Whitaker a chur i bhfeidhm (féach 2.4.1). Áitíonn Mac Ruairí gur bhain 'aicme Ghallda agus fhrithGhaelach' úsáid as an struchtúr maorlathach céanna laistigh den státchóras le cinntiú go mbainfí 'an t-anam' de na hiarrachtaí athbheochana toisc nár theastaigh uathu go ndéanfaí 'Gaelú' ar an gcóras. Léiríonn sé sin, dar le Mac Ruairí nach raibh 'scothaicme' Ghaeilgeoirí i mbun an Stáit in aon chor (Agallamh 2013), rud a thagann salach ar dhioscúrsaí FitzGerald (1964), Garvin (2004) agus Flynn (2012) (féach 2.3).

Tagann Ó Domhnaill le Mac Ruairí go raibh eite fhrithGhaeilge san LFM. Mar sin féin, áitíonn sé go raibh daoine eile sa ghluaiseacht, ar nós John B Keane, nach raibh frithGhaelach ar chor ar bith ach a bhí go mór in aghaidh an chur i gcéill agus na 'jobs for the boys' a samhlaíodh leis na hiarrachtaí athbheochana – thabharfaí an 'stigma of jobbery' air seo faoi dhioscúrsa Garret FitzGerald (féach 2.4.4.1). Is

cúimhin le Máiréad Uí Dhomhnaill bualadh isteach chuig teach tábhairne Keane i Líos Tuathail thart ar 1966 nó 1967 chun ceist an LFM a phlé leis:

Is cúimhin liom//chuaigh mé go dtí an pub agus chuaigh mé chuige chun cúrsaí a phlé leis agus an tuiscint a bhí agamsa ná ó bunaíodh an Stát, tá caint ann le caoga bliain anuas go ndéanfar an Ghaeilge a athbheochaint/ tá sé seo á dhéanamh trí mheán *compulsory Irish* agus níl éirithe leis agus tá daoine ag labhairt Gaeilge sa tír seo gur mian leo í a labhairt ach ní ceart é a bhrú ar éinne mura dteastaíonn sé uathu//agus toisc gurb é sin an t-ardán nó an bunús poiblí a bhí leis an LFM//sé sin deireadh a chur le *compulsory Irish*//is ar an mbonn sin gur cheap John B níl ag éirí leis agus caithfidimid teacht ar shlí éigin eile agus is ar an mbonn sin a bhí ina bhall//ní i gcoinne na Gaeilge ach i gcoinne an chórais (Agallamh 2013).

Bhí Keane den tuairim go raibh an ‘córas’ lochtach agus dá réir sin, theastaigh uaidh go gcuirfí deireadh leis an bhfimíneacht agus go gceisteofaí reitric na bunaíochta go n-éireodh leis an athbheochan. Faoi thionchar an nua-aoisithe, theastaigh ó chodanna den eite uirbeach an fhimíneacht seo a cheistiú freisin, mar a mhíníonn Burke:

But I think that the greater modernisation of Irish society particularly among urban people//railing against the perceived or alleged hypocrisy of the Gaelic Ireland as in saying the *cúpla focal* and then making general nods towards the ideal//whereas in fact they were fundamentally departing from it or not doing anything particularly good to achieve it (Agallamh 2011).

Ar an ábhar seo na fimíneachta, aithníonn Ó Domhnaill go raibh forluí dioscúrsach idir an LFM agus Conradh na Gaeilge sa mhéid is go raibh an dá ghluaiseacht ag aithint neamhréireachtaí idir reitric agus cleachtais an Stáit maidir le cur i bhfeidhm na hathbheochana:

[...] ar bhealach chreideamar go raibh béalchráifeacht agus cur i gcéill ar siúl ag rialtaisí éagsúla//chreid cuid den LFM an rud céanna ach bhíomar ag teacht ar chonclúidí éagsúla//ach den chuid is mó shamhlamar mar dhream frithGhaelach iad//ach ní chreidim go mba ea iad uilig (Agallamh le hÓ Domhnaill, 2013).

Ar ndóigh, mar a deir Ó Domhnaill, bhí an dá thaobh ag teacht ar chonclúidí freasúracha in ainneoin go raibh siad beirt ag tarraingt ar an dioscúrsa céanna, is é sin faillí agus fimíneacht an rialtais agus an Stáit. Bhí an Conradh den tuairim go mba cheart go ndéanfadh an Stát beart de réir a bhriathair agus ar an lámh eile, bhí an LFM ag impí ar an Stát go n-admhófaí gur theip ar an athbheochan.

### 5.6.7 Ceist na hImirce

Údar eile a bhí le deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach ab ea ceist na himirce, ceist a bhí ina cnámh spairne de bharr a fhorleithne is a bhí an eisimirce sna caogaidí go háirithe. Áitíonn Ó Domhnaill gur bhain John B. Keane leis an nglúin sin a raibh orthu dul ar imirce, murab ionann agus na daoine sin a samhlaíodh le ‘gravy train’ na Gaeilge, a d’fhan ag an mbaile agus a fuair poist san earnáil phoiblí:

[...] bhain sé le glúin a raibh orthu an bád bán a thógáil go Sasana agus//an dream a bhí fágtha ina ndiaidh//iad siúd a bhí ag dul chun cinn ná na *boyos* a fuair an Ardteist a d’imigh isteach san státseirbhís agus an mhúinteoireacht/níor bhain John B leis an *gravy train* do shamlaigh sé a bhí bainteach le ceist na Gaeilge (Agallamh le hÓ Domhnaill, 2013).

Scríobhneoir aitheanta eile a raibh baint aige leis an LFM ab ea Séamus Ó Grianna<sup>65</sup> arbh as Rann na Feirste dó agus a bhíodh ag saothrú a phinn faoin ainm cleite ‘Máire.’

### 5.6.8 Séamus Ó Grianna

Deir Feilimí Ó Grianna, ar mhac Shéamuis é, gur scríobh a athair litir chuig Christopher Morris inar míníodh gur spéis leis a bheith bainteach leis an LFM. Tharla seo, a deir Ó Grianna (Agallamh 2013), go gairid i ndiaidh do Morris a chéad litir shlógaidh a fhoilsiú ar an *Irish Times* i mí Feabhra 1965 (féach 6.3.2).

Ní dóigh le Morris gur bhuail sé leis an nGriannach riamh nó gur fhreastail sé ar aon chruinniú oifigiúil de chuid na heagraíochta ach an oiread (Agallamh le Morris, 2010). Fágann sin, a deir Ó Caollaí, nach raibh ról tábhachtach ag Ó Grianna san LFM:

[...] ní raibh Séamus Ó Grianna tábhachtach san LFM//bhíodar á úsáid mar chruthú//mar a déarfá go raibh duine a raibh Gaeilge aige ar son an ruda (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Áitíonn Mac Aonghusa go raibh frustrachas agus olc ar Ó Grianna i leith ghluaiseacht na Gaeilge toisc nach raibh siad ag déanamh fabhair ar bith don Ghaeltacht, dar leis:

[...] bheadh daoine eile ann [san LFM] b’fhéidir a mbeadh spéis acu an Ghaeltacht a shábháil mar Ghaeltacht agus nach mbeadh mórán spéise acu an

---

<sup>65</sup> Bíodh is gur bhall den LFM é Ó Grianna, is tráthúil é a phlé sa chaibidil seo toisc gurbh í gluaiseacht na Gaeilge ba mhó a nocht tuairimí ina leith san fhaisnéis eimpíreach. Ba bheag eolas a bhí ag baill an LFM faoin nGriannach i ndáiríre ach amháin gur scríobhneoir aitheanta Gaeilge é. Ar an ábhar sin, is fearr Ó Grianna a phlé sa chaibidil seo.

Ghaeilge a chur chun cinn in aon áit eile agus ar ndóigh//cineál sampla amach is amach do sin ná Máire a raibh baint aige, aisteach go leor, leis an LFM//deirtear nach mbeadh seisean sásta caint a dhéanamh le duine nár chainteoir dúchais Gaeilge é agus ach b'shin rud éisceachtúil amach is amach go mbeadh sé sin ann (Agallamh le Mac Aonghusa, 2013).

Léiriú is ea é seo, dar liom, go raibh idé-eolaíocht na híonghlaineachta teanga ina bonn faoi thuairimí Uí Ghrianna i leith na Gaeilge agus gurbh í sin an chúis a raibh cás na Gaeilge sa Ghaeltacht ag dó na geirbe aige go príomha. Rud eile a bhí ag cur as dó sna seascaidí, dar lena mhac Feilimí, ab ea an cló Rómhánach a bheith in úsáid in áit an chló Ghaelaigh. Maolú ab ea é sin, dar leis, ar údaracht agus ar shaibhreas na teanga dúchais (Agallamh 2013). Ar aon dul leis sin, deir Nic Eoin agus í ag trácht ar shaothar liteartha Uí Ghrianna go mbíodh 'leagan íonghlanta' de Ghaeilge dhúchais a cheantair féin in úsáid aige ina chuid saothar:

Ba dhuine é Ó Grianna a d'fhéach d'aonchúis lena chanúint féin a shaothrú mar mheán liteartha, ach ba leagan íonghlanta den chanúint chéanna a chuir sé os comhair léitheoirí (2005: 59).

Ar an ábhar seo freisin agus an maolú ar an teanga dúchais ag cur as dó, ba nós leis an nGriannach a bheith ag cur i gcoinne na 'Gaeilge nua' nó an 'civil service Irish' mar a thug sé uirthi:

[...] the compulsionists want me to learn new jargon [...] The first word I am to learn is minicíocht. But I am afraid I would get lockjaw if I tried to pronounce it (1966b: 12).

Tagann MacCongáil leis seo freisin agus é ag trácht go sonrath ar an easpa dúchais a bhain leis an nGaeilge nua, dar leis an nGriannach:

D'fhéach an rialtas le 'Gaeilge coise maide' mar a bhaist Máire uirthi a chur roimh na daoine dá mbuíochas, cineál Gaeilge nach raibh aon dúchas ann, nach raibh máistreacht ag daoine uirthi ná goile acu di (2001: 6).

Ar an gcaoi chéanna, áitíonn Mac Aonghusa gur mó tabhacht, dála Uí Ghrianna, a bhain le cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht agus go raibh fíis éagsúil aige, dá bharr sin, maidir le hathréimniú na Gaeilge, mar a mhíníonn Ó Ceithearnaigh:

[...] bhí Séamus Mac Grianna ach an oiread leis an dearthair Seosamh bhí siad difriúil//ach b'fhéidir gur cheap siad///cainteoirí ó dhúchas a bhí iontub// b'fhéidir gur cheap siad gurbh shin an bealach le dul agus//tá mé lánchinnte go raibh daoine san LFM a chreid sa nGaeilge ach ar cheap go raibh//gurb chóir tabhairt fúithi agus faoina hathréimniú ar bhealach eile (Agallamh 2013).

Is dóigh liom, dá réir sin, go raibh forluí dioscúrsach idir Máirtín Ó Cadhain agus Séamus Ó Grianna, ar fhir Ghaeltachta agus ar scríbhneoirí iad beirt, toisc gur mheas siad araon go raibh slánú na Gaeilge ag brath ar an nGaeltacht agus ar mhuintir na Gaeltachta. Ní fhéadfadh an Ghaeilge teacht slán gan cur chun cinn na Gaeltachta, dar leis an nGriannach (Agallamh 2013). Chuige sin, ba ghá go bhféadfadh muintir na Gaeltachta slí bheatha a bhaint amach sa Ghaeltacht, dar le Mac Congáil (2001: 6).

Cheap Ó Grianna go raibh gluaiseacht oifigiúil na Gaeilge mar aon leis an Stát dall ar a thábhachtaí is a bhí an Ghaeltacht mar dhlúthchuid de phróiseas an athréimnithe. Bhí Ó Grianna an-cháinteach i leith na gluaiseachta oifigiúla, dá bharr sin, agus dúradh gurbh í an tsaint atá á gríosú:

And the more money they are making by supporting compulsory Irish the louder they hurl ‘shoneen’ and ‘West Briton’ and ‘slave’ at anyone who pleads for a realistic approach to the language and to sane methods of teaching it (1966c: 9).

Ar aon dul le Máirtín Ó Cadhain, chuir Ó Grianna go mór i gcoinne fhimíneacht an Stáit freisin. Bhí Ó Grianna éirithe an-searbhasach, dar leis an gCaollaíoch, faoin gcaoi ar chaith an Stát leis an nGaeltacht. Ba í an fhimíneacht sin idir reitric agus gníomhaíochtaí an Stáit a chuir an lasair sa bharrach ag Ó Grianna agus ba ar an ardán sin a thacaigh sé leis an LFM. Mheas Ó Grianna go raibh ag teip ar an nGaeltacht in ainneoin bheartas na hathbheochana mar aon leis an nGaeilge éigeantach. Chuaigh sé isteach san LFM, a deir a mhac, toisc gurbh eagraíocht é an LFM, dar leis, a sheasfadh an fód i gcoinne fhimíneacht agus ‘tokenism’ an Stáit i leith na Gaeilge (Agallamh 2013).

An difríocht ba shuntasáí idir Ó Grianna agus Ó Cadhain, dar liom, ná an bealach a ndeachaigh siad beirt i ngleic leis an ngéarchéim a bhí á fulaingt sa Ghaeltacht. Ba é freagra Uí Chadhain an brúghrúpa Misneach a bhunú, murab ionann agus Ó Grianna a chuaigh isteach san LFM. In ainneoin go raibh an bhunfhealsúnacht chéanna acu, áitím gur ghníomhaigh siad ar bhealaí codarsnacha faoina tionchar.

Suanbhall ab ea Ó Grianna den chuid ba mhó cé is moite de chúig cinn de litreacha a scríobh sé chuig an *Irish Times*, faoin teideal *Compulsory Irish*, i 1966. Athleagan gonta is ea ábhar na litreacha sin ar bheartais mar aon le cnámha spairne an LFM,

dar liom. Chuir Ó Grianna i gcoinne an éigeantais, a dúirt sé, ar mhaithe le leas na bpáistí, a raibh an beartas sin á fhulaingt acu, agus ar mhaithe le leas na Gaeilge féin freisin. Ina theannta sin, cheistigh Ó Grianna tionchar na Gaeilge éigeantaí ar an nGaeltacht. Bhí sé go mór in amhras arbh fhiú iachall a chur ar pháistí na Gaeltachta formhór a gcuid ama ar scoil a chaitheamh ag plé leis an nGaeilge nuair ba í an imirce do thíortha an Bhéarla a bhí i ndán dóibh (Ó Grianna, 1966a: 11). Bhí an cheist chéanna ag dó na geirbe ag John B. Keane (féach 6.6.1). D'áitigh sé freisin nár cheart gurbh í an Ghaeilge an meán teagaisc ag páistí a rugadh agus a tógadh le Béarla (Mac Congáil, 2001: 4).


Ní nach ionadh gur thacaigh an nuachtán *Amárach* go láidir le hargóintí Uí Chadhain agus Uí Ghrianna maidir leis an imeallú a bhí á dhéanamh ag an Stát ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht araon. Bíodh sin mar atá, is díol suntais é nár chuir *Amárach* i gcoinne Uí Ghrianna de bharr a bhallraíochta san LFM riamh. Thug Dónall Mac Amhlaigh moladh do scríbhneoireacht Uí Ghrianna in alt dá chuid ar *Amárach* in Aibreán 1968. Spéisiúil go leor, níor luadh an LFM ar chor ar bith san alt sin bíodh is go raibh an eagraíocht i mbarr a réime ag an am (Mac Amhlaigh, 1968b: 5). Is bearna é sin i ndioscúrsa *Amárach*. Ba as Tír Chonaill do Pheadar Ó Ceallaigh, eagarthóir an nuachtain, agus b'fhéidir gurbh í sin an chúis nár caitheadh anuas ar bhallraíocht Uí Ghrianna san LFM riamh.

### 5.6.9 Anailís

Agus Conradh na Gaeilge ag tarraingt ar phróiseas séimeolaíoch na hinnéacsúlachta, léirigh mé sa rannóg seo go raibh steiréitíopaí, a thagródh don LFM, á gcruthú ag Conradh na Gaeilge. Sa chás seo, bhí an LFM ina láthair tháirgeachta ar ar cruthaíodh iliomad nasc idir an láthair sin agus smaointe agus nóisín eile lasmuigh di – Fine Gael, dream Gallda agus aontachtach, dream frith-údaráis, ain-Ghaeil agus an FLM.

Cruthaíonn an próiseas táirgeachta seo frámaíocht shaofa (innéacs bríonna) faoina léirmhíntear nádúr an LFM ar mhaithe le réaltacht shóisialta a chruthú (féach Figiúr 5-2).





**Figiúr 5-2: Innéacsúlacht: féiniúlacht á cruthú ag Conradh na Gaeilge don LFM**

Anois agus plé déanta ar dhioscúrsaí an LFM, mar a shamhlaigh Conradh na Gaeilge iad, ní mór cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh (má chuaigh) na dioscúrsaí sin i bhfeidhm ar thuiscintí an phobail i leith na Gaeilge sa chóras oideachais go háirithe.

## 5.7 An Ghaeilge sa chóras oideachais

### 5.7.1 Réamhrá

Ar mhaithe le hathbheochan na Gaeilge a chur i gcrích, deir Ó Riain go raibh úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc ag méadú ar fud an chórais oideachais idir 1922 agus 1960. Tháinig lag trá ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ó 1948 go 1960 áfach. An t-údar a bhí leis an meath seo ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc, dar leis an Rianach, ab ea cinneadh Phádraig Uí Irgmile, a bhí ina Aire Oideachais ag an am, na coláistí ullmhúcháin a dhúnadh idir 1960 agus 1964. Ina theannta sin, bhí tionchar nach beag ag ciorclán 11/60 de chuid na Roinne Oideachais ar an meath seo freisin, ciorclán inar tugadh lánchead do gach múinteoir aonair éirí as an teagasc trí Ghaeilge gan dul i gcomhairle leis an bpríomhoide, leis an mbainisteoir ná leis an gciogaire ach an oiread (1994: 50-51). Chuir sé seo deireadh leis an mbeartas fadbhunaithe ó 1932 inar tugadh an cúram don phríomhoide meán teagaisc na scoile a roghnú, dar le hÓ Ceithearnaigh (Agallamh 2013).

D'fhéadfaí an t-athrú beartais seo a fhréamhú i bpróisis ní ba leithne an nua-aoisithe agus an nua-thionsclaithe araon, próisis a raibh luas fúthu faoi lár na seascaidí go deimhin. Um an dtaca céanna agus faoi aireacht Uí Irgbile, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais tuarascáil dar teideal *Investment in Education* ar mhian léi, dar le Gibbons, 'to remove the school from the sacristy and place it in line with the need for greater technological change in Irish society' (1996: 83). Mar chuid de seo, bunaíodh boird bhainistíochta ag leibhéal na bunscoile, rud a d'fhág go dtitfeadh cúraimí curaclaim ar an mbord feasta agus nach mbeadh an chumhacht ag an bpríomhoide a thuilleadh an teanga trína múiní na hábhair a roghnú (Agallamh le hÓ Ceithearnaigh, 2013). Ní miste a rá gurbh athrú beartais é seo a bhí á mholadh ag an ngluaiseacht Tuairim i 1962, grúpa ar mhian leo an córas oideachais a athmhúnlú in Éirinn i dtreo is go mbeadh an tír réidh chun ballraíocht a lorg sa Chomhphobal Eacnamaíochta in am trátha (Finn, 2012: 178).

Sa mhullach air sin, deir Kelly (2002: 58) gur eascair an t-athrú beartais seo faoin meán teagaisc as feasacht na ndaoine i leith an oideachais a bheith á múscailt mar gheall ar fhianaise nua-fhoilsithe faoin oideachas dátheangach, mar a bhí: tuarascáil taighde Mac Namara (1966) inar léiríodh, dar leis an údar, go raibh páistí bunscoile na hÉireann chun deiridh ó thaobh litearthacht sa Bhéarla de le hais a gcomhionann sa Bhreatain (féach 2.4.6.1).

Faoina anáil sin, bhí an-dlús leis an dioscúrsa ag deireadh na seascaidí go mba cheart gurbh ionann gnáththeanga an teaghlaigh agus gnáththeanga an teagaisc, dioscúrsa a mbíodh an LFM, Mac Namara, Garret FitzGerald, James Dillon agus Fine Gael (*Just Society*) i gcoitinne ag tarraingt air go tréan (féach 2.4.6).

### **5.7.2 Freagra ghluaiseacht na Gaeilge: Nasc a chothú leis an mBreatain Bheag**

Mar fhreagra ar an mborradh a bhí faoi théis Mac Namara, san LFM agus i bhFine Gael araon, shocraigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge iarracht a dhéanamh dúshlán a thabhairt don dioscúrsa sin.

Ceapadh Eoghan Ó Néill ina stiúrthóir ar an gComhdháil i 1966. Duine ab ea é, dar leis ag an gCaollaíoch, a bhain leis an 'sean-dream' ó thaobh glúine de ach a raibh an-chomhbhá aige le mianta agus le cnámha spairne an dreama óig a bhí ag teacht in inmhe i ngluaiseacht na Gaeilge (2011b). Thuig sé go raibh gá le smaointeoireacht úr,

a bheadh fréamhaithe sna heolaíochtaí sóisialta agus in eispéireas na Breataine Bige araon, agus gur mhithid gníomhú faoina réir sin:

[...] cé go raibh sé [Ó Néill] tuairim's fiche cúig nó triocho bliain níos sine ná an dream óg sa gConradh, bhí comhbhá aige leo agus tuiscint aige go raibh gá le smaointeoireacht nua agus gníomhaireacht nua dá réir. Mar shampla, trí theagmháil leis an mBreatain Bheag agus trí thuiscint ar an sochaí a bhí á fhorbairt trí staidéar ar eolaíochtaí comhdhaonnacha, thuig an Conradh nua a bhí ag teacht ar an saol go gcaithfí tús nua a dhéanamh in oideachas agus go bhféadfaí dúshlán an Roinn Oideachais a thabhairt agus "fíricí nua a chur ar fáil" trí naíonraíocht Ghaeilge. Bhí fhios againn ó thaithí na Breataine Bige go bhféadfadh páistí réamhscoile an teanga a shealbhú go héasca agus i bhfad níos fearr ná mar a tharla roimhe sin, trí réamhscolaíocht dea-cheapaithe. Thosaíomar ag bunú "náiscoilleana Gaeilge" mar a tugadh orthu ag an am (naíonraí a tugadh orthu níos faide anonn). Thuigeamar go raibh éileamh beagnach gan teora ar réamhscolaíocht Ghaeilge ag na tuismitheoirí agus is amhlaidh a bhí agus atá. Go tapaidh, thuig Eoghan Ó Néill é seo agus chuir sé acmhainní na Comhdhála taobh thiar den iarracht. Ba fhreagra comhfhiosach ar an LFM. ar an Roinn Oideachais agus Fr MacNamara agus ar Fhine Gael é bunú gluaiseacht na réamhscolaíochta. Is cuimhin liom é sin a rá go minic ag an am nuair a bhíodh an stráitéis á míniú. Ar ndóigh, thugamar tús áite i gcónaí do fhorbairt iomlán an pháiste agus cuireadh é sin ina luí i gcónaí ar fhoirne naíonraí, ach b'fhacthas dúinn go raibh sealbhú na teanga agus fíor dhá theangachas fite fuaite ina chéile. Cé go raibh tús curtha le dornán gaelscoilleana ag an am sin ní raibh gluaiseacht náisiúnta ar an bhfód fós agus gan amhras chuir na naíonraí dlús leis an ngluaiseacht sin. Is freagra í gluaiseacht na ngaelscoilleana freisin (Ó Caollaí, 2011b).

Ar an mbonn sin, thug Eoghan Ó Néill cuireadh don Ollamh Jac L. Williams, ar shaineolaí san oideachas agus sa dátheangachas é in Ollscoil Aberystwyth, teacht go hÉirinn chun léacht dar teideal *Bilingualism Today* a thabhairt. Ní miste a shonrú gurbh é Misneach ba thúisce a rinne teagmháil le gluaiseachtaí teanga na Breataine Bige chomh fada siar le 1963. Tugann Ó Snodaigh an t-aitheantas as an nasc sin a chothú do Mhícheál Mac Aonghusa, ar chomhbhall den Chonradh (Craobh na Cásca) agus de Mhisneach é araon:

Mícheál Mac Aonghusa b'fhéidir//arís bhí Micheál an-tógtha le Conradh Ceilteach agus an teagmháil leis na tíortha Ceilteacha agus thar éinne//daoine a bhí sa Chonradh Ceilteach atá fós //an méid atá fágtha de/seisean is mó go raibh speis aige sa Bhreatain Bheag (Agallamh 2013).

Bhí breis agus míle duine i láthair ag léacht Williams a tionóladh i mBaile Átha Cliath ar an 21ú Eanáir 1967 agus a eagraíodh, dar leis an gCaollaíoch, d'aon ghnó mar thaispeántas nirt agus mar iarracht chun eolas eolaíochtúil a chur ar fáil a thabharfadh dúshlán do Mac Namara (cumarsáid phearsanta 2013a). Sa léacht úd,

thug Williams a fhreagra ar thuarascáil MacNamara agus é ag tarraingt dó ar eispéireas na Breataine Bige:

Occasionally, we come across parents or members of education committees who tell us that certain children or certain groups of children, have suffered some handicap in English because Welsh has been given such a prominent place in their education. But I have never seen any reliable and acceptable evidence in support of such view (1967: 4).

Pléann Williams an tuairim seo i gcás na Gaeilge in Éirinn chun dúshlán a thabhairt do théis Mac Namara go raibh páistí na hÉireann chun deiridh ó thaobh a gcumais sa Bhéarla i gcomparáid lena gcomhionann sa Bhreatain. Ní chuireann Williams an locht ar an méid ama a chaití ag plé leis an nGaeilge (42% mar a d'fhógair MacNamara é) in Éirinn ag an am áfach. Ar an gcaoi sin, ní dóigh leis gurbh é sin ba bhunús leis an difríocht shuntasach idir scoláirí na hÉireann agus na Breataine. Chun teacht i dtír ar an difríocht sin, mhol Williams go ndéanfaí athbhreithniú ar mhodhanna teagaisc an Bhéarla in Éirinn:

[...] I cannot see in it [tuarascáil Mac Namara] any acceptable evidence of a causal relationship between the comparatively low scores of Irish children in English in comparison with the scores in English of certain children in Britain and the amount of school time devoted to the Irish language. There may be other factors in this situation too. It is not for me to suggest what they may be. It is highly probable that if the methods of teaching English in Ireland were improved that the difference would disappear (1967: 20).

Mar chuid de dhioscúrsa Williams, deir sé gurbh fhusa agus gurbh fhearr teangacha náisiúnta, ar nós na Gaeilge agus na Breatnaise, a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht leis an mBéarla ar an ábhar go bhfuil feidhmeanna difriúla ag na teangacha sin agus go saibhríonn siad an 'pobal náisiúnta' ina sainbhealaí féin:

[...] the national language, is the one that has been associated with the growth of the national community to its present stage of maturity. It is the language that provides the community with roots, gives it self-respect, among the nations of the world. The other language opens doors, doors of communication, doors that open on to wide fields of knowledge and cultural experiences (Williams, 1967: 13).

Is ar an mbonn sin a thacaíonn Williams go láidir leis an dátheangachas ag leibhéal na réamhscoile go háirithe óir is fusa don scolaire teangacha éagsúla a shealbhú agus iad óg, dar leis (1967: 5).

Dá fhiúntaí is a bhí iarrachtaí ghluaiseacht na Gaeilge atáirgeacht a dhéanamh ar dhioscúrsaí na Breataine Bige ó thaobh an dátheangachais de, níor éirigh leo fealsúnacht an LFM a chur ó dhoras áfach. Is léir sin i bhfianaise gur reáchtáladh sraith pobalbhreitheanna i mbunscoileanna lánGhaeilge an bhliain i ndiaidh léacht Williams.

### 5.7.3 Pobalbhreitheanna

Bhí an Ghaeilge mar mheán teagaisc scolaíochta agus mar ábhar riachtanach measúnaithe don Ardteistiméireacht agus don státchóras araon ag dó na geirbe ag an LFM ó bunaíodh an eagraíocht sin an chéad lá riamh. D'fhág sin go raibh téis Mac Namara in úsáid ag an LFM agus ag lucht tacaíochta na gluaiseachta sin chun fáil réidh leis an nGaeilge mar mheán teagaisc scolaíochta, dar le hÓ Ceithearnaigh (Agallamh 2013).

Ag teacht faoina anáil sin, rinneadh pobalbhreitheanna i mbunscoileanna ina raibh an Ghaeilge mar mheán teagaisc i bPort Láirge (Scoil Lorcain), i gCorcaigh (Lána na bhFia-Úll), agus i nGaillimh (Béal Átha na Slua i 1968 agus in Átha Eascrach i 1969) féachaint ar theastaigh ó na tuismitheoirí go n-athrófaí an meán teagaisc ón nGaeilge go Béarla. Tugann *Amárach* 'naimhdeas fanaiticiúl' ar na pobalbhreitheanna seo a reáchtáladh faoi thionchar ag teagasc an LFM (1968a: 6). Anuas air sin, deir *Amárach* gur 'iarracht eagraithe' nó 'comhcheilg eagraithe' is ea na pobalbhreitheanna seo chun cur i gcoinne scoileanna ina bhfuil obair shuntasach ar son na Gaeilge ar siúl (1968d: 8). Déanfaidh mé cur síos ar dhá cheann de na pobalbhreitheanna sin sna rannóga thíos le léiriú go raibh borradh faoi dhioscúrsa an LFM ag an am, mar atá: Port Láirge agus Béal Átha na Slua faoi seach.

#### 5.7.3.1 Port Láirge: Scoil Lorcáin

Chuir coiste réigiúnach den LFM i bPort Láirge feachtas earcaíochta ar bun i bPáirc Eoin in Earrach 1968. Deir an *Irish Times* go ndearnadh stocaireacht ar 529 duine sa cheantar agus gur chuir 504 díobh isteach ar bhallraíocht san eagraíocht. I rith an phróisis seo, léirigh roinnt tuismitheoirí a míshástacht i dtaobh an mheáin teagaisc i Scoil Lorcáin i bPáirc Eoin (1968: 7). Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, shocraigh coiste an LFM sa chathair pobalbhreith a reáchtáil ar thuismitheoirí na bpáistí sa scoil féachaint cé mhéid díobh ar mhian leo an meán teagaisc a athrú ón nGaeilge go Béarla. Chaith 225 tuismitheoir vóta sa phobalbhreith. Vótáil 201 ar son an rúin an Béarla a bheith mar mheán teagaisc feasta, agus 24 ina choinne. Rinne na

cuntasóirí i bPort Láirge (Brandon Ferguson & Co) dearbhú ar an gcomháireamh seo, dar leis an *Irish Times* (Irish Times, 1968: 7).

Chaith *Amárach* scáth an amhrais ar iontaofacht an chomhairimh a rinne na cúntasóirí ar na vótaí. Áitíonn siad go bhféadfadh an LFM dhá chéad páipéar a mharcáil iad féin agus iad a chur chuig na cuntasóirí ansin. Deirtear in alt eile ar *Amárach* go bhfuil ‘bulgóid bréige’ an LFM pléasctha ar an ábhar nach bhfuil torthaí an reifrinn iontaofa (1968d: 8). Cáineann *Amárach* an LFM as na cuntasóirí a fhostú chun a gcomhcheilg i gcoinne thoil na ndaoine a dhlísteaú:

Taispeánann sé go bhfuil an L.F.M sásta íoc as clúdach fá choinne a gcuid comhcheilge agus gur beag meas atá acu ar géar chúis nó tuiscint pobal na tíre (1968d: 8).

Agus Donnchadh Ó hAodha ina stiúrthóir timireachta i 1968, thug cuid de Thimirí an Chonartha faoi fheachtais chosanta bunscoileanna chun teacht i dtír ar ‘ionsaithe’ a bhí á ndéanamh ar an nGaeilge mar mheán teagaisc i roinnt scoileanna (Mac Aonghusa, 1993: 350).

Mar chuid de sin, rinneadh suirbhé eile ar na tuismitheoirí céanna i Scoil Lorcáin le cead ó údaráis na scoile agus i gcomhar le Conradh na Gaeilge. Bhí an sampla céanna rannpháirtithe faoi scrúdú sa dara pobalbhreith ach is díol spéise é gur tháinig a mhalairt de thoradh chun solais. Cuireadh agallamh ar 246 duine agus thacaigh 228 díobh leis an rún an Ghaeilge a choinneáil mar mheán teagaisc (Irish Times, 1969: 15). Is ionann sin agus nócha faoin gcéad de na tuismitheoirí a ceistíodh a bheith sásta leis an nGaeilge mar mheán teagaisc. Tugann *Amárach* ‘bréagrefrinn’ ar phobalbhreith an LFM agus ‘reifreann ceart’ ar phobalbhreith údarás na scoile agus an Chonartha (1968d: 8).

Ní raibh aon mhuintín ag an LFM as an dara pobalbhreith áfach. Cuireadh i leith an Chonartha agus údarás na scoile araon gur scríobhadh uimhreacha ar cheistneoirí an dara suirbhé. Ciallaíonn sé sin, dar le Morris, gur thuig na rannpháirtithe go bhféadfadh an Conradh/údarás na scoile a n-aitheantas a rianú siar tríd an uimhir agus go bhféadfadh sé sin tionchar a imirt ar fhreagraí na rannpháirtithe. Tugann Morris ‘cloak and dagger tactics’ ar an gcomhcheilg seo (Sunday Independent Reporter, 1968: 8). Ní phléitear an cheist seo ar leathanaigh *Amárach* áfach.

### 5.7.3.2 *Béal Átha na Slua: Scoil Ghrealláin*

Murab ionann agus Scoil Lorcáin, ní raibh coiste áitiúil den LFM ag feidhmiú i mBéal Átha na Slua. Bíodh sin mar atá, áitíonn Ó Ceithearnaigh go ndeachaigh an LFM i gcion ar chuid den phobal i mBéal Átha na Slua go hindíreach. Tharla sin, a deir sé, de bharr go raibh tuairisc taighde Mac Namara á cur chun cinn ag an LFM agus go raibh eolas ar a raibh ar siúl ag an eagraíocht á chraobhscaoileadh ar na nuachtáin náisiúnta agus logánta araon (Agallamh 2013). Míníonn Ó Ceithearnaigh an tionchar a d'imir an LFM agus tuairisc Mac Namara ar chuid de na tuismitheoirí ar an mbaile:

An t-aon rud a thuig mise ag an am go raibh an taighde seo déanta ag an Athair Mac Namara agus cinnte//bhí sé in úsáid ag lucht an LFM agus séard a bhí ann go bunúsach go mbeadh do pháiste taobh thiar leis dá mba rud é gur múineadh trí Ghaeilge é nó í agus//sin an toradh a bhí ar an taighde a rinne sé de réir mar a thuig mé. Tá a fhios agam go bhfuil sé fachtá amach nach bhfuil aon bhunús leis sin agus go mb'fhéidir go raibh lochtanna áirithe ar an mbealach gur thug sé faoin taighde céanna ach tá a fhios agam go raibh an leabhar sin ag daoine áirithe anseo ag cruinnithe i mBéal Átha na Slua, ag tuismitheoirí na scoile a bhí ag iarraidh deireadh a chur le múineadh trí Ghaeilge (Agallamh 2013).

Tagann Ó Caollaí leis seo freisin go raibh taighde Mac Namara lochtach sa mhéid is nach raibh na ceistneoirí a úsáideadh curtha in oiriúint don chultúr in Éirinn:

[...] bhí sé [Mac Namara] ag iarraidh a chruthú go raibh an dátheangachas ag déanamh dochair do pháistí agus gurb shin an chonclúid a bhí aige ach cruthaíodh ina dhiaidh sin i gCeanada, bhí daoine eile ag déanamh taighde, Lambert agus Tucker is dóigh liom agus chruthaigh siad siúd a mhalairt go raibh dátheangachas ag déanamh maitheas d'intinn na bpáistí ach ag an am sin bhí daoine ag déanamh léirmheasanna agus bhíodar ag rá go raibh locht ar an sampla a d'úsáid sé//bhí an ceistneoir mar a déarfá //bhí sé cosúil le gach saghas *appitute test that they're not culturally adjusted* (Agallamh 2011a).

Maíonn Ó Ceithearnaigh, arbh é a athair an príomhoide i Scoil Ghrealláin i 1968, gur tháinig baicle tuismitheoirí le chéile, a bhí ag teacht faoi anáil Mac Namara de bharr fheachtas náisiúnta an LFM, chun impí ar an sagart paróiste an phobalbhreith a reáchtáil:

[...] bhí sé [an phobalbhreith] á bhrú ag tuismitheoirí a bhí ag glacadh le smaointe faoi LFM//tá mé lánchinnte nach mbeadh cloiste faoi Mac Namara i mBéal Átha na Slua murach an LFM ar chor ar bith///mar na daoine a bhí tógáil raic ní bheidís tar éis aon taighde oideachais a léamh (Agallamh 2013).

Ach an oiread le cás Scoil Lorcáin, shocraigh Conradh na Gaeilge crunniú a réachtáil i mBéal Átha na Slua chun frithghníomh in aghaidh fhealsúnacht an LFM, a raibh borradh fúithi ar an mbaile (Ó Caollaí, 2013: 48). Ní raibh aon rath ar an gcruinniú sin áfach agus athraíodh meán teagaisc na scoile i 1968 i ndiaidh d'athair Uí Cheithearnaigh éirí as a phost.

#### 5.7.4 Anailís

Léiríonn na heachtraí a thit amach i Scoil Lorcáin agus i Scoil Ghrealláin araon an t-aighneas a bhí idir an Conradh agus an LFM. Deir Ó Domhnaill go raibh an 'nimh' sin eatarthu de bharr gur airigh an Conradh, dar leis, go rabhtas á imeallú ag an LFM:

[...] ba dhóigh le lucht an LFM go raibh greim ag lucht na Gaeilge ar an Stát ag an am//is dóigh liom gurb é a mhalairt de dhearcadh a bhí againne//nach raibh ceist na Gaeilge á bhrú chun cinn ag an Stát níos mó agus go rabhamar *on the hindfoot* agus dá bhrí sin go raibh an LFM mar chuid de phróiseas a bhí dár mbrú níos faide agus níos faide i leataobh agus gurb é sin a bhí laistiar de chuid den nimh//ní mar bhuaiteoirí ag caitheamh anuas ar LFM a bhí muid ach is dóigh liom féin gur bhraitheamarna go raibh an taoide ag casadh inár gcoinne (Agallamh 2013).

Is é sin le rá go raibh ag teip ar an gConradh argóintí Mac Namara a chur ó dhoras in ainneoin iarrachtaí a bhí déanta ag an gComhdháil agus léacht Williams go háirithe.

Ar an ábhar sin, léiríonn an rannóg seo a cheannasaí is a bhí téiseanna Mac Namara, téiseanna ar ghlac an LFM agus Fine Gael chucu féin go spleodrach iad. Rinne an LFM, Fine Gael agus Garret FitzGerald atáirgeacht ar argóintí Mac Namara, rud a thug stádas agus dlisteanacht dóibh agus a bhain an bonn, dá bharr sin, den mhuinín a bhí ag tuismitheoirí as an gcóras oideachais mar a bhí go dtí sin. Áitím go raibh tionchar na ndioscúrsaí sin le haireachtáil ar an micrea-leibhéal sna bunscoileanna inar réachtáladh na pobalbhreitheanna, rud a léiríonn gur tháinig cuid de na tuismitheoirí faoi anáil theagasc agus feachtas an LFM.

Is fíor d'Aodh Ó Domhnaill nuair a deir sé go raibh an taoide ag casadh. Olltoghchán cinniúnach don Ghaeilge ab ea toghchán 1973. Toghadh rialtas a bhí comhdhéanta de Fhine Gael agus de Pháirtí an Lucht Oibre agus faoi réir ag Beartas Gaeilge an *Just Society*, socraíodh go gcuirfí deireadh le riachtanas na Gaeilge chun pas a bhaint amach i scrúduithe an Stáit i 1973 (Dick Burke a bhí ina Aire Oideachais) agus



cuireadh deireadh leis an nGaeilge mar choinníoll earcaíochta sa státchóras i 1974 (Richie Ryan a bhí ina Aire Airgeadais agus ina Aire de chuid na Seirbhíse Poiblí<sup>66</sup>). Is é seo thíos tuairim Phrionsias Mhic an Aonghusa, ar Chonraitheoir iomráiteach é, i leith na n-athruithe beartais seo:

Ní chun leas na Gaeilge ach a mhalairt glan a chuaigh an cinneadh seo agus ní ar leas na Gaeilge a bhí an tAire Risteárd de Búrca ná an tAire Risteárd Ó Riain ag cuimhneamh nuair a rinne siad é (1993: 324).

Buillí tubaisteacha ab ea na hathruithe beartais seo do stádas institiúideach na teanga. D'fhág seo, a deir Ó Snodaigh, a rian ar Chonradh na Gaeilge sa mhéid is gur shocraigh an ghluaiseacht feachtas réamhscolaíochta agus gaelscolaíochta a chur ar siúl chun teacht i dtír ar theip an Stáit i réimse an oideachais:

[...] is frithghníomh ar faillí an Stáit i leith Gaeilge san oideachas gur thosaigh daoine ar na Gaelscoileanna agus tháinig a lán den tiomáint sin ó Chonradh na Gaeilge in a lán áiteanna // roimhe sin ní shamhlódh Conradh na Gaeilge go mba ghá dul agus pobal a bhrú nó a eagrú i dtreo scoileanna a bhunú // mar go raibh sé sin faoi chúram an Stáit (Agallamh le hÓ Snodaigh, 2013).

De dheasca theip an Stáit, thosaigh Conradh na Gaeilge ag míniú a cháis faoi dhioscúrsa na gceart.

## 5.8 Dioscúrsa na gCeart

Deir Jaffe go bhféadfadh gluaiseachtaí náisiúnaíocha tarraingt ar théama na héagsúlachta, sa chomhshaol agus sa chultúr araon, lena léiriú go saibhríonn teangacha ‘an pobal náisiúnta’ ar an gcaoi chéanna a saibhríonn an éagsúlacht éiceolaíoch an domhan nádúrtha (2007: 61). Ar mhaithe leis an gcomhshamhlú cultúrtha a chur ó dhoras, ba mhian le Conradh na Gaeilge an ‘pobal náisiúnta’ a bhunú mar bhealach chun an éagsúlacht mar aon leis an ‘saindearcadh’ a bhain leis an nGaeilge a chur chun cinn. Ciallaíonn sin, a deir Jaffe, go bhféadfadh grúpaí a áiteamh, trí dhul i muinín dioscúrsa an eisintiúlachais, go bhfuil sé ‘de cheart’ acu a bheith éagsúil lena chéile:

Essentializing discourses of language and culture (and their connection) have currency within ‘rights’ discourses, as they are legitimate notions of both collective rights (of ethnolinguistic groups to have their language) and

---

<sup>66</sup> Sheol mé litir chuig Richie Ryan ar an 21ú Feabhra 2013 ag fiafraí de an mbeadh spéis aige páirt dheonach a ghlacadh sa taighde seo agus ceisteanna a fhreagairt faoi chinneadh an chomhrialtais deireadh a chur leis nGaeilge riachtanach sa státchóras i gcomhthéacs fheachtais an LFM. Ní bhfuair mé aon fhreagra uaidh ar an drochuair.

individual rights (to choose a language). The essentialization of linguistic and cultural identity is also a bridge to the powerful trope of *ecology*; in particular its emphasis on the interdependence of all living organisms and societies and its characterization of protection of diversity as a global human imperative (Jaffe, 2007: 62). (béim sa bhunleagan).

De dheasca chúlú an Stáit i gcaitheamh na seascaidí, deir Ó Domhnaill gur tosaíodh ag ceistiú an nóisin sa Chonradh go n-éireodh le hathbheochan na Gaeilge (Agallamh 2013). Deir Mac Ruairí gur léir ag druidim le deireadh na seascaidí nach raibh sé réalaíoch riamh a bheith ag súil leis go n-éireodh leis an athbheochan agus gurbh í sin an chúis ar thosaigh an Conradh a bheith ag stocaireacht faoi dhioscúrsa na gceart sna seachtóidí (Agallamh 2013). Dá bharr sin, tugann Ó Caollaí le fios gur socraíodh athbhrandáil a dhéanamh ar mhian an Chonartha tríd an ‘athréimniú’ a thabhairt isteach sa dioscúrsa in áit na hathbheochana (2013: 52). D’fhág sin, a deir Ó Domhnaill, gur iompaigh lucht na Gaeilge go straitéiseach chun ceist na Gaeilge a phlé agus a chur i láthair i dtéarmaí na gceart sibhialta seachas i dtéaramí athbheochana, rud a thug spreagadh dóibh dul ar mhórshiúltaí agus ar phicéid:

[...] do bhain sé sin le dearcadh na 60í ar fud an domhain/bhí Vietnam ar siúl, bhí cearta sibhialta i Meiriceá i 1969 agus i bPáras//bhaineamar leis an nglúin sin//ba chuid den saol é a bheith i mbun círéibe (Agallamh le hÓ Domhnaill, 2013).

### **5.8.1 An Bhreatain Bheag agus an Ceol Agóide**

Maíonn Ó Domhnaill gur tháinig an t-athrú seo ar an gConradh trí thinfeadh na Breataine Bige, áit a raibh borradh faoi na hamhráin agóide mar ghléasanna slógaidh agus rannpháirtíochta i measc déagóirí. D’fhág an cineál ceoil sin a rian ar an dream óg i gCraobh Moibhí, a deir sé, agus faoina réir sin, shocraigh sé féin agus Colm Mac Séalaigh a mbannaí ceoil féin a bhunú faoi mhúnla na Breataine Bige – Na hUaisle agus Na Fíreín faoi seach.

Meascán de rac-cheol agus de cheol tíre a bhí i gceist ag Na hUaisle, dar le hÓ Domhnaill, agus iad ag trácht go tréan ina gcuid amhrán ar na príomhcheisteanna polaitíochta agus sóisialta ba mhó a bhí ag dó na geirbe acu lena linn, mar a bhí: Éire ag dul isteach sa Chomhphobal Eorpach, ceist na Gaeilge, an LFM agus dúnadh scoil Dhún Chaoin (Agallamh 2013).

Faoi réir ag an stíl chéanna, chum Ó Domhnaill féin amhrán ag deireadh na seascaidí inar phléigh sé an LFM (2013b). San amhrán úd, a léiríonn dearcadh Conraitheora óig ag an am dar leis, téann sé i muinín na haoire agus na haibhéile chun cur síos a dhéanamh ar na bríonna ba choitianta i ndioscúrsa an LFM, mar a bhí: na pobalbhreitheanna, tuarascáil Mac Namara, bac ar fhorbairt intleachtúil an pháiste agus ceist na himirce:

“The L.F.M.”<sup>67</sup>

I

As down the glen came the L.F.M.,  
Christy Morris led behind them,  
They spend their nights running plebiscites,  
And a firm of rich accountants verified them,  
The majority of the parency,  
Need an anti-Irish party to defend them,  
So put a snas on your Oxford blas,  
And support our referendum.

II

Oh Mrs. O’Toole, at your local school,  
Your kids are being retarded!  
They’re learning Erse, it’s the country’s curse,  
And with Gaelic propaganda they’re bombarded,  
Oh wouldn’t you hate them to emigrate,  
Knowing “tíreolas” instead of proper Geography,  
And won’t the lads frown, down in Camden town,  
Too illiterate to read pornography?

III

Oh Mr. Corry, I am very sorry,  
But your words have been in vain, Sir!  
Your information and intimidation,  
Won’t get you any farther in Crabb Lane, Sir!  
So get to hell down to Sunday’s Well,  
Mind the Conradh’s organizers do not find you!  
For in the pub of the Rugby Club,  
They are teaching Buntús Cainte.

IV

Back up the glen with the L.F.M.,  
And their tails they hung behind them.  
I followed their tracks into a Union Jacks,  
And there it was impossible to find them,  
I pulled the chain as I went out again,  
And I heard them sing although I couldn’t see them,  
“We’ll float away, out on Dublin Bay,  
We’re the movements of Language Freedom!”

---

<sup>67</sup> ‘As Down the Glen came McAlpines Men’ atá mar cheol leis an amhrán seo (Ó Domhnaill, 2013b).

Ina theannta sin, tá naisc á gcruthú ag Ó Domhnaill idir an LFM agus nóisin sheachtracha lasmuigh den ghluaiseacht sin, mar atá: ‘frith-Ghaeilge,’ ‘Oxford blas,’ ‘Rugby Club’ agus ‘Union Jacks.’ Cruthaíonn agus táirgeann na naisc sin sraith agus innéacs bríonna a léirmhíonann féiniúlacht an LFM mar ghluaiseacht fhrith-náisiúnta.

Thar aon ní eile seift inniúil agus bealach spraoi ab ea na hamhráin seo chun daoine óga a shlógadh agus a mhealladh chun agóid a dhéanamh ar son a gceart. Léiríonn seo freisin, go raibh feasacht an Chonartha ardaithe maidir lena raibh ar siúl ó thaobh na teanga de sa Bhreatain Bheag – a bhuíochas sin do Mhisneach agus don léitheoireacht sheasta a bhí á déanamh ag Craobh na Cásca le linn na seascaidí déanacha.

### 5.8.2 Feachtas na Réamhscolaíochta agus na Gaelscolaíochta

Ag tarraingt ar an obair agus ar an léitheoireacht a bhí déanta ag Craobh na Cásca ó lár na seascaidí i leith, theastaigh ón gConradh ‘bonn intleachtúil’ a chur faoina chuid iarrachtaí téiseanna an LFM, Mac Namara agus Fine Gael a bhréagnú. Chuige sin agus faoi uachtaránacht Uí Chaollaí, chuathas i muinín na socheolaíochta. Tráthúil go maith, bhí triúr ball den Chonradh, Maolsheachlainn Ó Caollaí, Máire Nic Ghiolla Phádraig<sup>68</sup> agus Mícheal Mac Gréil faoi seach, a raibh an saineolas socheolaíochta mar chuid dá gcumas gníomhúcháin:

[...] aon rud a chuirfeadh bonn intleachtúil faoin ngluaiseacht, bhí tábhacht ar leith leis agus agus b’fhéidir gur chuir an LFM ar ghluaiseacht na Gaeilge//smaoineamh i dtreo an saghas sin struchtúr arís agus is dócha go raibh Mícheál Mac Gréil agus daoine eile a bhí ag déanamh socheolaíocht ag an am a bhí//bhí socheolaíocht [mar] *fashion of the month* go hintleachtúil ó thaobh na n-ollscoileanna de//Máire Nic Ghiolla Phádraig, bhí sise ar choiste ceannais an Chonartha agus bhí sise ina léachtóir le socheolaíocht ar ball agus dhein Maolsheachlainn Ó Caollaí socheolaíocht mar chéim ollscoile istoíche agus bhí roinnt daoine eile ann freisin ach sin triúr tábhachtach (Agallamh le hÓ Snodaigh, 2013).

Le linn na bliana deireanaí d’uachtaránacht Uí Chaollaí i 1974, bhunaigh an Conradh eagraíocht do Stiúrthóirí na Naíonraí lánGhaeilge agus baint nach beag ag Peig (bean chéile Uí Chaollaí) agus Bríd Ní Choincheanainn leis an obair seo (Mac Aonghusa, 1993: 362). Ní fhéadfaí an obair seo a dhlisteanú agus a tábhacht a chur ina luí ar an bpobal beag beann ar an tsocheolaíocht, mar a léiríonn Uí Dhomhnaill:

---

<sup>68</sup> Bhí Máire Nic Ghiolla Phádraig ar Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge idir 1973-74. Tá sí ina léachtóir le Socheolaíocht i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ón mbliain 1976 i leith.

[...] duine eile a bhí i gCraobh na Cásca Máire Nic Ghiolla Phádraig agus léachtóir le socheolaíocht i gColáiste na hOllscoile Belfield go dtí le fíordhéanaí agus is dóigh liom arís leis an teagmháil arís a bhí ag Maolsheachlainn le Máire agus go raibh tuiscint arís ag teacht chun cinn ar//shaoráidí nó cumas páiste teanga a shealbhú ag aois ana-óg agus dá bhrí sin nárbh leor Gaelscoileannaí agus Gaeilge a bheith sna bunscoileannaí ach go raibh an córas naonraí ag teacht chun cinn (Agallamh le hUí Dhomhnaill, 2013).

Bealach eile ab ea é seo chun a léiriú don phobal nach raibh an ceart ag Mac Namara. Ina theannta sin, deir Uí Dhomhnaill go raibh Nic Ghiolla Phádraig tábhachtach i mbeachtú na fealsúnachta a bhí thaobh thiar de na naíonraí. Mar chuid den bheachtú agus den mhúnlú fealsúnachta seo, d'fhoilsigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge leabhrán dar teideal *The Benefits of Bilingualism* i 1973. Beirt ollúna Ceanadach, Lambert & Tucker, a raibh saineolas acu beirt ar an dátheangachas a chuir an leabhrán seo i dtoll a chéile, mar a mhíníonn Ó Caollaí:

Ba chuid den fhreagra ar an Athair MacNamara foilsíú na paimpléide sin. Conradh na Gaeilge a chuir an t-ábhar ar a shúile do Eoghan Ó Néill. Chonaiceamar é i dtosach ar an iris *Psychology Today* (cumarsáid phearsanta 2013).

Frithghníomh ab ea é seo, dá réir, chun dúshlán a thabhairt do dhioscúrsa an LFM, dioscúrsa a bhí éirithe sách ceannasach i bhfianaise na bpobalbhreitheanna mar aon le cinneadh an chomhrialtais deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach i 1973 agus 1974 faoi seach. Theastaigh ón gComhdháil bríonna úra, a bhí fréamhaithe in eispéireas Cheanada, a chur i láthair an phobail.

Agus an córas naíonraí faoi lán seoil, ba léir gur theastaigh córas bunscolaíochta agus meánscolaíochta ina dhiaidh sin a dhéanfadh freastal ar na páistí agus iad ag dul ar aghaidh tríd an gcóras oideachais:

[...] do thug sé sin mórspreagadh do lucht na gaelscolaíochta mar bhí na leanaí seo ag teacht ar aghaidh ó na naonraí agus do theastaigh bunscoileanna go luath ina dhiaidh sin//*mushroom effect* (Agallamh le hÓ Domhnaill, 2013).

Conradh na Gaeilge ba chúis leis an bpobal a spreagadh agus a shlógadh sa chaoi sin agus léiriú is ea é ar an rath a bhí ar an gConradh agus an ghluaiseacht ag gníomhú, faoi anáil na Breataine Bige agus faoi dhioscúrsa na gceart i réimse an oideachais.

### 5.8.3 Cearta Teanga: Seirbhísí Stáit

Anuas ar chearta oideachais, ba léir don Chonradh faoi lár na seachtóidí, de bharr líon na ngearán a cuireadh faoina bhráid, go raibh deacrachtaí ag lucht labhartha na Gaeilge seirbhísí a éileamh ón Stát trí mheán na teanga sin. Chuige sin, bunaíodh *An Rannóg Chearta* i 1976, faoi uachtaránacht Phádraig Uí Shnodaigh, chun déileáil leis na gearáin mar aon leis na dúshláin a bhí le sárú ag Gaeilgeoirí agus seirbhísí trí Ghaeilge á n-éileamh acu ón Stát<sup>69</sup> (Rowland, 2007: 35).

Ina theannta sin agus dioscúrsa na gceart go mór i réim sa Chonradh sna seachtóidí, tháinig an Snodach ar an tuiscint go mbeadh gá le Bille Cearta don Ghaeilge le cinntiú go bhféadfadh Gaeilgeoirí a gcuid gnó a dhéanamh leis an státchóras trí mheán na Gaeilge feasta (Rowland, 2007: 35). Léiríonn seo gurbh é Conradh na Gaeilge ba thúisce a chuir tús leis an bhfeachtas chun reachtaíocht teanga a achtú in Éirinn. Feachtas ab ea é seo a mhairfeadh nach mór 30 bliain agus a raibh dlúthbhaint ag Peadar Ó Flathartha leis agus é ina stiúrthóir ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ó 1987 anuas go dtí 2003. Mar thoradh ar an bhfeachtas sin, shínigh Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí ar 14ú Iúil 2003.

### 5.8.4 Anailís

Léirigh mé sa rannóg seo go raibh Conradh na Gaeilge ag plé le ceist na gceart ar bhonn ilghnéitheach sna seachtóidí. Ar láimh amháin, bhí an eagraíocht tar éis glacadh le cúlú an Stáit i réimse an oideachais, rud a thug spreagadh di an feachtas réamhscolaíochta a chur ar bun chun suáilcí an dátheangachais a chur ar a súile do dhaoine. Ar an láimh eile, theastaigh ón gConradh a mheabhrú don Stát go raibh dualgais air, faoi Airteagal a hocht den Bhunreacht, seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar don té a bheadh á n-éileamh.

## 5.9 Conclúid

Bhí sé d'aidhm ag an gcaibidil seo staidéar eimpíreach a dhéanamh ar chleachtais Chonradh na Gaeilge faoi réir ag treochnaí teoiriciúla na ngluaiseachtaí sóisialta, na hidé-eolaíochta teanga mar aon leis an náisiúnachas.

---

<sup>69</sup> Cuireadh breis agus 180 gearán faoi bhraid na Rannóige i 1977 (Conradh na Gaeilge, 1977: 5) agus breis agus 500 gearán i 1983 (Conradh na Gaeilge, 1983: 5). Tháinig deireadh leis an Rannóg seo in 1980 nuair a ceapadh Michael Mills ina Ombudsan faoin Acht Ombudsman 1980.

Sna heolaíochtaí sóisialta agus staidéar léirmhínteach ar siúl go háirithe, mínítear feiniméin shóisialta (idé-eolaíochtaí teanga) trí dhul i muinín comhchoibhneas réaltachtaí sóisialta (féach 4.3.1). Chuige sin, rinne mé scrúdú ar cháipéisíocht de chuid Chonradh na Gaeilge agus chuir mé agallamh ar dháréag a raibh baint acu le gluaiseacht na Gaeilge le go bhféadfainn fírinne na ndaoine sin i leith na Gaeilge agus an LFM a chomhtháthú sa chaibidil seo.

Bunaithe ar anailís dioscúrsa ar na fírinne sin, tá dhá mhórtreocht idé-eolaíochta aitheanta agam faoinar tháirg Conradh na Gaeilge iliomad bríonna chun an saol sóisialta a thuiscint agus a shaobhadh. Dá réir sin, áitím gur mhúnlaigh agus gur tháirg Conradh na Gaeilge a chuid dioscúrsaí faoi réir ag an nua-aoiseacht agus an t-éileamh ar chearta a bhain léi. Ina theannta sin, áitím gur chruthaigh Conradh na Gaeilge dioscúrsaí faoi réir ag idé-eolaíocht fhritheannasach an náisiúnachais agus an eisintiúlachais.

### **5.9.1 Cearta á n-éileamh sa nua-aoiseacht**

Mar thoradh ar na hathruithe móra socheacnamaíocha a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn ó dheireadh na gcaogaidí i leith, tréimhse ghuagach agus athraitheach ab ea na blianta idir 1965 agus 1974 laistigh de Chonradh na Gaeilge. Uachtarántacht idir dhá ré agus idir dhá ghlúin ab ea seal Chathail Uí Fheinneadha i gceannas ar an gConradh sa mhéid is gur fhan an ghluaiseacht dílis do mhianta an tseandreama ar láimh amháin ach gur tháinig méadú ar líon na n-ógánach san eagraíocht de bharr na scéime timireachta ar an láimh eile. Mhúscaíl seo ceistiúchán laistigh den ghluaiseacht idir na traidisiúnaithe ar láimh amháin agus na nua-aoisithe ar an láimh eile inar pléadh na bealaí ab fhearr chun an ghluaiseacht a athnuachan i gcomhthéacs na seascaidí.

Thuig an Conradh nua, de bharr chúlú an Stáit, gur ar an ngluaiseacht a thitfeadh cúram na Gaeilge feasta, rud a thug spreagadh don eagraíocht gníomhaíochas na teanga a chur in iúl i dtéarmaí na gceart feasta. Agus an ghlúin úr seo feasach faoi nádúr ‘samhlaithe’ an náisiúin, athbhunaíodh Craobh na Cásca le gurbh fhéidir bríonna úr-nua a chruthú, trí dhul i muinín na socheolaíochta, chun an Ghaeilge a léirmhíniú agus a tábhacht a chur ina luí ar an bpobal. Léiríonn seo go raibh comhfhios dioscúrsach na heite seo sa Chonradh á mhúscailt, rud a d’fhág go raibh sé ar chumas ag na daoine sin an béarlagair socheolaíoch a úsáid go feasach d’fhonn

claochlú sóisialta a chur ar siúl. Bhí sé seo le sonrú i bhfianaise iarrachtaí Uí Chaollaí feachtais an Chonartha a fhréamhú agus a dhlisteanú i dteoiricí na ngluaiseachtaí sóisialta, rud a d'fhág go raibh sé ar chumas ag an eagraíocht ag deireadh na seascaidí agus ag tús na seachtóidí feachtas na réamhscolaiochta agus na Gaelscolaíochta a chur ar siúl mar aon leis an bhfeachtas ar son reachtaíochta teanga. Thug sé seo uchtach don Chonradh a chás a mhíniú faoi réir ag an nua-aoiseacht feasta, rud a leag béim ar éileamh na gceart san eagraíocht. Léiríonn seo dinimiceas agus fuinneamh an Chonartha nua.

### **5.9.2 Idé-eolaíocht fhrithcheannasach an náisiúnachais & an eisintiúlachais**

Dá nuálaí is a bhí an 'Conradh nua' ó thaobh bhríonna úra a chruthú, rinneadh atáirgeacht ar sheanbhríonna a bhí fréamhaithe i gcomhfhios praiticiúil na gluaiseachta freisin. Chuige sin, tarraingíodh ar idé-eolaíocht eisintiúil na hAthbheochana go minic agus rannpháirtithe éagsúla – Ó Caollaí, Mac Aonghusa agus Mac Ruairí, cuirim i gcás – ag trácht ar an teanga a bheith ina gléas chun eolas soch-chultúrtha a sheachadadh ó ghlúin go glúin. Tá an seachadadh cultúir sin faoi sceimhle ag an gcomhshamhlú a shamhláítear leis an ollchultúr rachmasaíoch agus Angla-Mheiriceánach, dar leis an gCaollaíoch. Maíonn sé gurb é cur chun cinn an phobail náisiúnta mar aon leis an éagsúlacht an t-aon bhealach chun an 'life-world' a shábháil ó thionchair an chomhshamhlaithe sin. Áitím go léiríonn sé seo idé-eolaíocht náisiúnaíoch agus fhrith-cheannasach an Chonartha.

Áitím go raibh feacht an-ard i measc chodanna de ghluaiseacht na Gaeilge freastal ar shainriachtanais na sochaí nua-aoiseachta ina rabhthas ag feidhmiú agus gur ríghá, dá réir sin, dul i muinín modhanna as an nua chun dul i bhfeidhm ar an tsochaí sin. Dá cheannródaí agus dá nua-aimseartha is a bhí na modhanna sin, bhí deacrachtaí ag Conradh na Gaeilge dioscúrsa an LFM a chur ó dhoras go mórmhór i bhfianaise na bpobalbhreitheanna a reáchtáladh i 1968 agus i 1969 faoi seach.

### **5.9.3 Tátal**

Mar fhocal scoir, áitím gur ghníomhaithe ab ea baill an Chonartha a bhí ag stocaireacht agus ag léirmhíniú an tsaoil faoi réir ag an gcomhfhios praiticiúil mar aon leis an gcomhfhios dioscúrsach. Chiailaigh sin go raibh atáirgeacht á déanamh ar idé-eolaíocht na hAthbheochana ó thráth go chéile. Ina theannta sin, bhí gníomhaithe an Chonartha ina nuálaithe siombalacha a bhí ag cruthú bríonna úra chun an Ghaeilge a léirmhíniú i dtéarmaí sochaíocha, rud a d'fhág go raibh táirgeacht



shiombalach á déanamh acu freisin. Áitím, dá réir sin, gur mheascán den sean (atáirgeacht) agus den nua (táirgeacht) a bhí in idé-eolaíocht an Chonartha um an dtaca seo ('structuration'). Léiríonn sé seo a chasta, a ghuagaí agus a ilghnéithí is a bhíonn an saol laistigh de ghluaiseachtaí sóisialta fearacht Chonradh na Gaeilge.

Sa chéad chaibidil eile, fiosróidh mé an cheist taighde trí chleachtais an LFM a scrúdú faoi réir ag idé-eolaíochtaí teanga na heagraíochta sin: Cérbh iad na hidé-eolaíochtaí ilchineálacha teanga faoinar thuig Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM) ceist na Gaeilge?

## 6 Caibidil 6: Cás-staidéar 2 – Language Freedom Movement (LFM) 1965-74

### 6.1 Réamhrá

Gluaiseacht shóisialta ab ea an Language Freedom Movement (LFM) a bunaíodh i 1965 agus ar tháinig deireadh léi thart ar 1979<sup>70</sup>. Chuir an LFM roimhe féin feachtas náisiúnta a bhunú a spreagfadh an rialtas chun beartas teanga an Stáit a athrú. Shantaigh an LFM go príomha go gcuirfeadh an rialtas deireadh leis an nGaeilge éigeantach sa chóras scolaíochta agus sa státchóras araon.

#### 6.1.1 Cur chuige na Caibidle

Is é seo an dara caibidil eimpíreach de chuid an tráchtais seo, áit a mbeidh mé ag tarraingt ar chleachtas agus ar iompraíocht an LFM féachaint cérbh iad na hidé-eolaíochtaí teanga faoinar thuig baill den eagraíocht sin ceist na Gaeilge éigeantaí mar aon le tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht. Dlúthchuid den staidéar idé-eolaíochta is ea an tsuibhachtúlacht agus an chaoi a bhfágann sí a rian ar na bríonna pearsanta a chruthaíonn neacha daonna ar mhaithe leis an saol sóisialta a mhíniú agus a thuiscint. Dá bharr sin, déanfaidh mé anailís dioscúrsa ar na hagallaimh leathstruchtúrtha a rinne mé le baill an LFM mar aon le caipéisíocht de chuid na heagraíochta sin le go mbeidh mé in ann comhchoibhneas réaltachtaí sóisialta na mball a chur i dtoll a chéile (féach 4.2). Tabharfaidh sé sin léargas dom ar na hidé-eolaíochtaí a bhí i réim san eagraíocht chomh maith leis na dioscúrsaí a ndeachthas ina muinín chun na hidé-eolaíochtaí sin a chraobhscaoileadh. Teastaíonn an anailís seo ar idé-eolaíochtaí teanga an LFM le go mbeidh mé in ann an cheist taighde a fhreagairt agus tuiscint a fháil ar na frámaí tuisceana difriúla faoinar thuig Conradh na Gaeilge agus an LFM ceist na teanga in Éirinn idir 1965 agus 1974 (féach Caibidil a Seacht).

---

<sup>70</sup> Ní raibh aon duine de na rannpháirtithe taighde, ar labhair mé leo, in ann cuimhneamh ar dháta beacht éaga an LFM. Ar an mbonn go raibh aidhmeanna an LFM bainte amach faoin mbliain 1974, shocraigh an eagraíocht i 1975 ‘[a] one day soul searching seminar’ a réachtáil i mBaile Átha Cliath chun cinniúint na heagraíochta a phlé. Ba é toradh an tseimineáir sin ná gur shocraigh na baill go leanfaidís ar aghaidh ag stocaireacht go dtí ‘all [of] the remaining compulsion and discrimination had been removed from Gaelic language policy’ (Carroll, 1976: 13). Tar éis dom scagadh a dhéanamh ar chartlann an *Irish Times*, tháinig sé chun solais gurbh é an 18ú Meán Fómhair 1979 an dáta deiridh ar ar foilsíodh ráiteas de chuid an LFM i dtuairisc de chuid an nuachtáin sin (*Irish Times*, 1979: 4). Níor cuireadh deireadh foirmeálta leis an eagraíocht riamh, dar le Morris (Agallamh 2010).

Ina theannta sin, pléifidh mé an toradh a bhí ar an idirghníomhaíocht idir an LFM agus Conradh na Gaeilge nuair a thángthas le chéile ar an spás dioscúrsach agus sóisialta céanna i dTeach an Ardmhéara ar an 21ú Meán Fómhair 1966. Beidh na tuairimí agus na meonta a nochtadh i gcaitheamh an chruinnithe sin ina n-orlaí tríd an anailís a dhéanfaidh mé sa chaibidil seo. Déanfaidh mé cur síos ar an sliúchas a thit amach ag an gcruinniú sin faoi rannóg 6.8.

Ní miste a rá nár bunaíodh an LFM i bhfolús. Ar an gcaoi chéanna, níor múnlaíodh idé-eolaíochtaí teanga na heagraíochta i bhfolús ach an oiread. Ciallaíonn sin gur gá spléachadh a thabhairt ar an gcomhthéacs as ar eascair an LFM in Éirinn.

## 6.2 An Comhthéacs inar bunaíodh an LFM

Bíodh is nach luann an staraí Tom Garvin an LFM ina leabhar *Preventing the Future*, éiríonn leis, mar sin féin, cur síos beacht agus cuimsitheach a dhéanamh ar chnámha spairne na heagraíochta sin mar aon leis an gcultúr, mar a shamhlaigh an LFM é, a bhí i réim sa tír (2004). Áitíonn Garvin, ar aon dul le Flynn (2012: 5), gurbh idéal de chuid ‘scothaicme’ an Stáit í athbheochan na Gaeilge:

The idea that Ireland’s future lay with the revival of the Irish language was an elite conviction after independence in 1922, a conviction essentially derived from Gaelic League ideas. This was never an authentic or widely held popular belief. A quiet scepticism about the possibility or even desirability of linguistic revival accompanied a passive assent to the massive official attempt at revival spearheaded by the schools; if the elites want it, the non-elite needs must follow. Those whose Irish was fluent, whether through ancestral tradition or special schooling, sometimes cashed in that ability in the form of jobs in the public service, academia and electronic journalism. However, the masses continued to speak English and quietly resisted language change in their private lives. Those extremists who wished to kill the English language in Ireland were covertly regarded as daft (Garvin, 2004: 23).

Léargas is ea an sliocht seo, dar liom, ar an gcineál cultúir ar mhian leis an LFM fogha a thabhairt faoi, cultúr inar tugadh buntáistí agus fabhraíocht, dar le Garvin agus Flynn beirt, do lucht labhartha na Gaeilge sa státchóras. Tagann Martin Reynolds<sup>71</sup>, ar bhall den LFM é, leis seo freisin:

[...] it was advantageous at a certain time in the development of this country to be a *Gaeilgeoir*/ to have your name in Irish/ to speak Irish/ that you get a

<sup>71</sup> Ailtire is ea Martin Reynolds a bhfuil cónaí air i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ina bhall den LFM ó ceadbhunaíodh an eagraíocht sin i 1965. Ina dhiaidh sé, bhí baint lárnach aige i mbunú *Reform*, gluaiseacht a chuir roimpi deireadh a chur leis an bpionós corpartha sna scoileanna ag deireadh na 60í (féach: Crummeay, 2009: 80-90).

job in the civil service/ get a job in the Revenue Commissioners/ get a job in the Garda and the only ability you might actually have in reality was your ability to speak Irish (Agallamh le Reynolds, 2011).

Anuas ar an nGaeilge a bheith ina buntáiste fostaíochta, bhí an bhraistint ann i measc codanna den LFM, de bharr reitric oifigiúil an Stáit, gurbh iad lucht labhartha na Gaeilge ba mhó a raibh an tírghrá go smior iontu. Mheas an eagraíocht go raibh an t-éigeantas, agus an leatrom a rinneadh dá bharr, á ndlisteanú ar bhonn an tírghrá, mar a mhínigh Roderick Buckley<sup>72</sup>, ar bhall eile den LFM é, ina óráid i dTeach an Ardmhéara:

There can scarcely be any country in the world in which the degree of patriotism is proportionate to the degree of injustice and suffering inflicted on the people of that country (Irish Times Reporters, 1966: 11).

Níorbh é lucht na Gaeilge amháin an t-aon ‘scothaicme’ sa tír a raibh tionchar éagothrom á imirt aige ar ghnáthshaol na ndaoine, dar leis an LFM agus dar le Garvin (2004) (féach 2.3.5). Ar an ábhar sin, bhí lucht na Gaeilge á lua ag an LFM in aon anáil leis an Eaglais Chaitliceach mar thionchar srianaithe ar an tsochaí. D’fhág sin, a deir Clear, gur thacaigh codanna den chléir leis an nGaeilge éigeantach, dar leis an eagraíocht:

[...] but you see the Church was very powerful///the compulsory Irish would have got more sympathy from quite a few of the clergy and maybe quite a few high up people too//you know and they wouldn’t want to see their beloved language being pulled down a bit//I don’t know that’s just my opinion (Agallamh le Clear, 2013).

Is léir ón sliocht seo go bhfaca an LFM nasc idir cur chun cinn na Gaeilge ar láimh amháin agus tiomantas na cléire don chuspóir sin ar an láimh eile. Chiallaigh sin go praiticiúil gur samhlaíodh an Ghaeilge mar aon le lucht a labhartha leis an smachtú agus leis an srianú céanna a samhlaíodh leis an gcléir ag an am, mar a mhíníonn Reynolds:

Now under Irish and under the Christian Brothers and under the Catholic Church you couldn’t open your mouth/ you couldn’t think/ you couldn’t talk and people couldn’t express themselves/ they were very suppressed and the result was/ in my opinion/ alcoholism/ unemployment/ low grade jobs (Agallamh le Reynolds, 2011).

<sup>72</sup> Dlíodóir is ea Roderick Buckley le *A&L Goodbody* i mBaile Átha Cliath. Chuaigh sé isteach san LFM agus é ina mhac léinn ollscoile thart ar 1965 nó 1966. D’earcaigh Buckley a mháthair chun ballraíocht a ghlacadh san LFM freisin agus bhí sise ina rúnaí de chuid na heagraíochta ar feadh scaithimh.

Roimh bhunú oifigiúil an LFM, bhíodh an córas oideachais in Éirinn mar aon le meonta na bpolaiteoirí agus na cléire i leith mhúineadh na Gaeilge faoi chaibidil ag Christopher Morris (príomhbhunaitheoir an LFM) lena dheartháir céile Frank Crummey (Crummey, 2009: 70). Mar gheall ar an bplé sin, airíodh go mb'fhéidir go bhféadfaí an cultúr ceartchreidmheach faoin nGaeilge a cheistiú agus a athrú i gcomhthéacs na seascaidí, téama a phléifidh mé anois.

### 6.2.1 1960í: An Fhéith cheistitheach á múscailt

Tugann Ferriter le fios go raibh ré úr smaointeoireachta ar na bacáin in Éirinn sna 1960í go mórmhór tar éis do Éamon de Valera éirí as mar Thaoiseach i 1959:

From the 1960s, when de Valera occupied the largely ceremonial office of Irish president, a new and different Ireland was being written and spoken about; a 'modern Ireland', and, of course, a much better Ireland, which could only, and did only come into being when de Valera had departed from the Department of the Taoiseach (Ferriter, 2007: 5).

Mar thoradh ar chlár forbartha eacnamaíochta Lemass agus Whitaker gan trácht ar na hathruithe sóisialta a d'eascair as, áitíonn Buckley gur mheas sé den chéad uair go mb'fhéidir go bhféadfaí cultúr an Stáit maidir le lárnacht na Gaeilge a athrú i gcomhthéacs guagach na seascaidí:

[...] there were an awful lot of things changing and perhaps at an earlier time there mightn't have seemed to be any prospect of getting any change in compulsory Irish but in the 60s there was a possibility (Agallamh 2011).

Léiríonn seo gur aithníodh laigí sa chóras polaitiúil agus gur thráthúil, dá bharr sin, dul i mbun stocaireachta agus an mórchóras polaitiúil leochaileach. Tapaíodh an deis chun dúshlán a thabhairt do bheartas 'aonteangach' Fhianna Fáil arbh é a bhunús, dar leis an Aire Oideachais George Colley, go gcuirfí an Ghaeilge in áit an Bhéarla sa tír<sup>73</sup>, mar a mhíníonn an LFM in ábhar bolscaireachta de chuid na heagraíochta:

Mr. Colley, Minister for Education, stated (Feb. 27th, 1966, at A.S.T. meeting in Cork) that when the State was founded it was decided simply to replace the English language with Irish by teaching it [in] the schools. The aim was uni-lingualism, and Irish was to be that language. That aim was founded on an incontrovertible principle that there was no such thing as a bi-lingual culture (LFM, c.1966a).

<sup>73</sup> Bhí Cathal Ó Feinneadh, arbh uachtarán an Chonartha é, ag tarraingt ar an dioscúrsa céanna ag an am, dioscúrsa agus reitric inar diúltaíodh glan don dátheangachas. Bhí Conradh na Gaeilge go mór i gcoinne bheartas athbhreithnithe an rialtais sa Pháipéar Bán i 1965, áit ar dearbhaíodh go hoifigiúil gurbh é an dátheangachas bunaidhm an Stáit feasta (féach 5.2.1).

Cuntas neamhiomlán agus áibhéileach a bhí sa mhéid sin ar a ndúirt Colley le fírinne dar le Seán Ó Néill a chuir litir faoi bhráid an *Irish Press* go gairid ina dhiaidh sin. Bhí Colley, dar leis an Néilleach, ag trácht ar an aonteangachas a bheith i réim i measc bhail an phobail urlabhra ach go dteastódh teanga nó teangacha eile chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile nár bhail den phobal sin iad (Ó Néill, 1966: 11). Tagann seo le bunóráid Colley féin a thug sé trí mheán na Gaeilge:

B' é an t-aonteangachas an aidhm, agus an Ghaeilge ina haonteanga sin. Gan amhras, bhí an aidhm sin bunaithe ar phrionsabal do-shéanta, is é sin, nach bhfuil aon bhrí ná ciall le pobal ná le cultúr dátheangach. Níl a leithéid ar domhan. Tá pobail ann a bhfuil dhá theanga, nó b'fhéidir níos mó ná sin de theangacha acu, an Bheilg, an Ollainn, an Eilvéis mar shampla. Ach i ngach aon chás acu sin, is aonteangach go bunúsach do na pobail atá laistigh den mhórfhobal: is é sin go bhfuil aon teanga amháin acu mar mhúnla agus mar chomhad don chultúr cruthaíoch, agus an dara (nó an tríú) teanga acu ina meán cumarsáide leis an saol amuigh, agus gan inti ach sin. Is é sin dlí na dteangacha agus níl aon dul thairis (Ó Riain, 1994: 15).

Ina theannta sin, léirigh Colley a thiomantas don athbheochan bíodh is gur adhmhaigh sé nach raibh sé 'réadúil' go gcuirfí an mhian sin i gcrích lena linn.

Roimh ráiteas Colley, dúirt an LFM go raibh an eagraíocht 'neodrach' faoi phrionsabal na hathbheochana agus gurbh iad na modhanna a úsáideadh chun an sprioc sin a bhaint amach (i.e. an Ghaeilge éigeantach) ba mhó a bhí ag cur as don ghluaiseacht. Dá neamhiomláine é an leagan de ráiteas Colley a d'fhoilsigh an LFM, chinn an eagraíocht mar gheall air go raibh siad ní amháin i gcoinne mhodhanna oibre na hathbheochana ach go rabhthas i gcoinne phrionsabal na hathbheochana freisin (Sunday Independent, 1966: 3). Ba dhlúthchuid de dhioscúrsa an LFM é, dá bharr, an 'replacement policy' a bhaisteadh ar athbheochan na Gaeilge feasta (Agallamh le Morris, 2010).

Agus plé gonta déanta ar an gcomhthéacs mar aon leis an gcultúr náisiúnta inar bunaíodh an LFM, ní miste anois dul i ngleic le heispéiris phearsanta an triúir ba mhó a raibh baint acu le bunú an LFM, mar a bhí: Christopher Morris, Martin Reynolds agus Frank Crummey. Pléifidh mé sa chéad rannóg eile céard ba chúis lena bhfeasacht ghníomhúcháin a mhúscailt maidir le hathbheochan na Gaeilge an chéad lá riamh.

### 6.2.2 1950í: Cúlra an LFM

In ainneoin gur bunaíodh an LFM i 1965, deir Martin Reynolds gur cuireadh síol na heagraíochta den chéad uair i lár na gcaogaidí, tráth a raibh sé féin agus Christopher Morris ag déanamh staidéir ar an ailtireacht sa Choláiste Teicneolaíochta ar Shráid Bolton i mBaile Átha Cliath. Tháinig sé chun solais le linn dóibh a bheith sa choláiste go raibh daoine ar an gcúrsa nárbh fhéidir leo a bheith cláraithe go hoifigiúil toisc nach raibh pas sa Ghaeilge bainte amach acu san Ardeistiméireacht. Chuir sé seo sceon agus olc ar an mbeirt, rud a d'fhág go raibh ceist na Gaeilge éigeantaí ina hábhar plé agus allagair eatarthu ar feadh roinnt blianta ina dhiaidh sin.

Creideadh, toisc gurbh ailtirí iad beirt, go raibh tionchar tábhachtach le himirt acu ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí araon. D'fhág sin, a deir Reynolds, go raibh sé ar a gcumas a rian a fhágáil ar an tsochaí trí infreastruchtúr nua a dhearadh. Ina theannta sin, airíodh go raibh 'sochaí nua' ar na bacáin tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus go raibh na scileanna agus na tuiscintí cuí mar chuid dá n-armlón mar ailtirí chun athruithe a chur i bhfeidhm sa tsochaí sin. Léiríonn seo cumas gníomhúcháin na beirte a bheith múscailte mar gheall ar an gcineál oideachais a bhí orthu. Agus feasacht na beirte ardaithe, chuathas chun cainte lena gcomhscoláirí a bhí thíos le beartas na Gaeilge éigeantaí:

[...] we'd had discussions about various matters in the freedom of a third level college and we'd express our views/ feeling now we were part of an elite/ being trained and destined to be part of a new society/ and we particularly felt that we as architects had a very important role to play/ that we would be creating a physical infrastructure for our country as distinct from being in the Motor Tax office or in the Department of Agriculture where we just would have been following policy/ where you could actually do nothing//but we could//we were basically very creative people//the attitude that architects have, it's terribly arrogant, is we feel that we are in a position to change things//but there is nobody actually able to make more changes physically to the structure of a country or an economy than architects so we felt we needed to do something about this [an Ghaeilge éigeantach]. After lots of discussion/ debate with the people who were affected and realising the effect this was having on not only us but similar people and then realising that actually people not quite as fortunate to be at third level/ couldn't get a job in the Motor tax office/ Dublin City Council/ Kerry County Council/ the City Library and they couldn't even get a job as a post office assistant because they hadn't got Irish (Agallamh le Reynolds, 2011).

Bhí Frank Crummey, ar ghníomhaí sóisialta aitheanta é, ar dhuine de bhunaitheoirí an LFM freisin. Chaith sé tamall de bhlianta ar an gcoigríoch i Londain Shasana sna

caogaidí, áit a raibh sé ina thiomanaí bus. Ar a fhilleadh dó go Baile Átha Cliath ag tús na seascaidí, fuair sé post mar fhear poist agus ba í sin an áit ba thúisce a chonaic sé an ‘leatrom’ mar aon leis an ‘idirdealú’ a bhí á ndéanamh ar dhaoine sa státchóras nach raibh an inniúlacht chuí bainte amach acu sa Ghaeilge:

Postal workers who hadn't passed their Irish exams had to sign on in red ink in the morning, weren't allowed to own a duty and were not eligible for a pension, whereas the others signed on in blue ink, could own a duty and would receive a pension, all other things being equal. We felt this was appalling if you take into account that the mother language in Ireland is English. The language of our ancestors was Gaelic. To us, it was just as logical to expect the people of Ireland to revert back to speaking Gaelic as it was to get the people of Peru speaking the language of the Incas (2009: 71).

Bhí an inniúlacht chuí bainte amach ag Crummey féin, rud a d'fhág nárbh é a leas féin a bhí ag déanamh inní dó agus a thug spreagadh dó dul i mbun gníomhaíochta. Cuireann sé olc ar Crummey go bhféadfaí fiche bliain a chaitheamh ag obair in oifig an phoist ach nach mbeifí i dteideal pinsin de bharr riachtanas na Gaeilge:

[...] criminal to say the least/ this man had given his life to the Post Office/ he didn't need the Gaelic Language for what he was doing and therefore he should get a pension the same as I would have got because I had reached the necessary proficiency (Agallamh le Crummey, 2010).

Cuid fhollasach agus leanúnach de dhioscúrsa an LFM ab ea béim a leagan ar chumas formhór na mball pas a bhaint amach sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht iad féin. Fágann sin gurbh é leas ‘daoine eile,’ is é sin leas na ndaoine sin a bhí thíos leis an mbeartas teanga ba mhó a bhí ina chnámh spairne acu, mar a deir Buckley:

I was able to pass Irish alright so I didn't have any concerns that I myself either wouldn't be able to get a public sector job if I wanted one or pass my Leaving Cert at that stage//but I felt that it shouldn't happen to anybody else either (Agallamh 2011).

Ciallaíonn seo, dar liom, go raibh ‘polaitíocht na fuascailte’ go mór i réim san LFM (Giddens, 1991: 210).

### 6.2.3 Anailís

Dá réir sin, is dóigh liom go ndeachaigh Crummey, Morris, Reynolds agus Buckley isteach san LFM ar bhonn feasach agus aisfhillteach a bhí fréamhaithe ina mbraistintí agus ina n-eispéiris shuibhachtúla féin. Bunaithe ar na mothúcháin phearsanta sin a bhí orthu i leith na Gaeilge, theastaigh uathu ‘smaointe úra’ faoin



teanga a tháirgeadh agus a chur chun cinn d'fhonn claochlú sóisialta a chur i bhfeidhm ar an tsochaí.

### 6.3 1965: LFM – Tús agus Fás

I gcomhthéacs athraitheach agus ceistitheach na seascaidí, bhunaigh Christopher Morris<sup>74</sup> an Language Freedom Movement i 1965 chun beartas ‘réalaíoch’ don Ghaeilge a chur chun cinn. Theastaigh uaidh deireadh a chur leis an ‘leatrom’ agus leis an ‘éigeantas’ a bhain leis an mbeartas teanga, dar leis. Chuige sin, foilsíodh litir dá chuid ar an *Irish Times* ar an 6ú Feabhra 1965, áit ar chuir sé a mhíshástacht faoi bheartas athbheochana an rialtais in iúl. Dúirt sé go mba cheart eagraíocht a bhunú a thabharfadh ardán do dhaoine agus a chosnódh cearta na ndaoine sin dá mba mhian leo tuairimí a nochtadh i gcoinne bheartas teanga an Stáit. Mhaígh Morris freisin nárbh fhéidir an beartas teanga a cheistiú roimhe seo ar an mbonn go raibh an beartas sin dlisteanach faoi réir ag an mBunreacht agus ag idéil Éamon de Valera i leith na hathbheochana:

[...] it was to put into effect de Valera’s concept of the Irish language as the language of Ireland and it followed then that everybody should be speaking the Irish language/ the national language and it followed from that constitutional article in the language that the whole education policy was based on that and derived its authority from that and whenever you tried to shake the boat you were told/ ‘oh no, do you see the Constitution/ Irish is our first language’ (Agallamh le Morris, 2010).

Dearbhaíonn Morris, mar sin, gurbh é an Bunreacht an t-údarás ina raibh beartas oideachais an Stáit fréamhaithe. Chiailaigh sin, a deir sé, go raibh an beartas daingnithe sa Bhunreacht agus nach raibh sé de cheart ag aon duine cur ina choinne dá bharr (Agallamh le Morris, 2010). D’fhág seo, a deir Crummey, gur nós leis an LFM ‘sacred cow’ a thabhairt ar an mbeartas teanga agus ar Ghaeilgeoirí araon. Tá Morris den tuairim go raibh de Valera, agus airteagal a hocht den Bhunreacht á dhréachtú aige, ag séanadh don réaltacht theangeolaíoch gurbh é an Béarla a bhí *de facto* i gceannas. De bharr stádas na Gaeilge sa Bhunreacht, deir Morris go raibh ‘the Irish people//were hung up on this petard’ (Agallamh 2010).

<sup>74</sup> Bhí Christopher Morris ina uachtarán ar an LFM ó 1965 go dtí deireadh 1970. Ceapadh Morris ina phátrún tar éis dó éirí as. Bíodh is gur éirigh sé as uachtaránacht na heagraíochta i 1970, léiríonn cartlann an LFM, a bhí faoina chúram anuas go dtí mí na Nollag 2010, gur choinnigh sé teagmháil leis an eagraíocht go dtí 1974. Tháinig Joan O’Brien, ar bhunmhúinteoir í agus arbh as Baile na Manach i mBaile Átha Cliath di, i gcomharbacht air i 1970. Níor éirigh liom agallamh a chur ar Joan O’Brien mar chuid den taighde seo in ainneoin mo chuid iarrachtaí teagmháil a dhéanamh léi. Déanaim cur síos ar na dúshláin a bhaineann le sampláil na cloiche sneachta faoi rannóg 4.4.5.

### 6.3.1 Beartas Gaeilge: fealsúnacht de Valera

Maíonn Feilimí Ó Grianna, ar mac é le duine de phátrúin an LFM Séamus Ó Grianna, go raibh an Ghaeilge chomh maith leis an éigeantas in úsáid ag de Valera mar ghléas smachtaithe chun cumhacht a bhaint amach agus chun an chumhacht sin a imirt ar an bpobal. Meicníocht ab ea an teanga, dar leis an nGriannach, trínar éirigh le de Valera smacht a imirt ar phobal a bhí leochaileach tar éis shuaitheadh an Chogaidh Chathartha. Chonacthas do Shéamas Ó Grianna agus don LFM, mar sin, nach raibh an Ghaeilge á cur chun cinn ar mhaithe le leas na teanga ach go raibh sí á cur chun cinn ar mhaithe le leas de Valera agus na bpolaiteoirí trí chéile (Agallamh le hÓ Grianna, 2013). Tagann Donal Flynn leis an argóint seo freisin (2012: 39).

Theastaigh ó de Valera, a deir Reynolds, go mbeadh an Ghaeilge á foghlaim ag na gnáthdhaoine agus go mbeidís á dteagasc trí mheán na Gaeilge freisin. Bíodh sin mar atá, ní dhearna sé beart de reir a bhriathair, dar le Reynolds, chomh fada agus a bhain sé lena pháistí féin agus iad sa chóras oideachais:

[...] all de Valera's children were educated in extremely exclusive private schools where the Irish language didn't feature and that is the absolute hypocrisy of Fianna Fáil and de Valera//he wanted the Irish language imposed on ordinary people but it didn't affect his children/ his children were not affected by it/ they all had tremendous jobs and tremendous careers based on their name/ they were all in Blackrock College/ they weren't in the local Christian Brothers School or the national school/ they weren't being taught through Irish/ There was utter hypocrisy in this (Agallamh 2011).

Áitíonn Reynolds, dá réir sin, gur léirigh seo fimíneacht Fhianna Fáil agus de Valera go háirithe. Ar an gcaoi chéanna, d'úsáid Maureen Ahern<sup>75</sup> sampla de Valera ina hóráid i dTeach an Ardmhéara agus í ag trácht ar chomhionannas deiseanna sa chóras oideachais, dúirt sí:

“Are we free?” “Have we equal rights and opportunities?” Even the arch-priest and architect [de Valera] of this system was able to opt out of it – he sent his children to a school where teaching was through the medium of English (Irish Times Reporters, 1966: 11).

<sup>75</sup> Ball agus gníomhaí den LFM ab ea Maureen Ahern a raibh cónaí uirthi ar an gCorrbhaile i Luimneach. Ina theannta sin, bhí sí ina ball den *Irish Association for Civil Liberty* agus ba nós léi, dá bharr sin, ceist na Gaeilge, agus an Ghaeilge mar mheán teagaisc bunscoile go háirithe, a nascadh le ceist na gceart sibhialta (féach 6.4.2).

Bhí de Valera, mar sin, ina léiriúchán íocónach a sheas don ‘éigeantas,’ don ‘mhíchothromaíocht,’ don ‘fhimíneacht’ mar aon leis an gcoimeádachas a bhain leis an mbeartas teanga, dar leis an LFM.

### 6.3.2 Éirí Amach: Bunú an LFM

Ar mhaithe le dúshlán a thabhairt don chineál smaointeoireachta sin, ba mhian le Morris corraíl a mhúscailt i measc daoine a bheadh ar chomhintinn leis maidir le ‘costas’ mar aon le ‘hinmhianaitheacht’ na hathbheochana, nó an ‘replacement policy’ mar a thugadh an LFM air (Agallamh le Morris, 2010). Chuirí i gcoinne an bheartais seo ar an mbonn:

[...] that it has never been shown to be for the good of the people of Ireland nor have the people of Ireland ever expressed the wish to replace English by Gaelic in our everyday life. We also challenge it because of its cost (approximately £10,000,000 per annum) and because of the unjust methods being used by the Replacers (LFM, c. 1966a). (liomsa an bhéim).

Ag teacht leis sin, chuir sé sceon agus olc ar Richard Clear<sup>76</sup> an méid ama mar aon leis an méid airgid a caitheadh ar athbheochan na Gaeilge (Agallamh 2013). Ina theannta sin, thugtaí ‘replacers’ ar lucht tacaíochta na hathbheochana i ndioscúrsa an LFM go minic. Daoine ab ea iad, dar le Crummey, a bhí ag tochras ar a gceirtlín féin sa mhéid is go raibh na heagraíochtaí deonacha Gaeilge á maoiniú ag an rialtas, murab ionann agus an LFM. Chiallaigh sin, go raibh leasanna geilleagracha ina mbonn faoi idé-eolaíochtaí teanga Chonradh na Gaeilge, dar le Crummey:

[...] an awful lot of these Gaelic organisations were subsidised and were getting subsidies and money from the government so they had a vested interest in being self perpetuating/ creating employment for themselves/ handy little numbers if I may say so and whereas in the LFM we had no axe to grind financially/ we had nobody employed in the LFM/ nobody had an axe to grind in it/ they just had a philosophy and a belief that what was happening with the language was wrong (Agallamh le Crummey, 2010).

Sa chéadlitir shlógaidh sin a foilsíodh ar an *Irish Times*, chuir Morris fáilte roimh aighneachtaí ó dhaoine eile a raibh a mhacasamhail de thuairimí acu agus a mbeadh moltaí acu maidir leis an mbealach ab fhearr chun an eagraíocht nua seo a bhunú chomh maith leis an gcabhair a d’fhéadfaí a thabhairt go háitiúil chun leas na heagraíochta (Morris, 1965: 14). Is léir gur chorraigh an litir sin spéis i measc an spriocphobail ar an ábhar gur mhaígh Morris i litir eile óna pheann, ar an 1ú Márta

<sup>76</sup> Anuas ar bhallaíocht Richard Clear san LFM, bhí sé ina bhall den ghluaiseacht *Reform* in éindí le Martin Reynolds agus Frank Crummey (féach 5.6.5).

1965, go raibh breis agus céad duine tar éis comhfhreagras a chur faoina bhráid<sup>77</sup> inar léiríodh spéis ina leithéid d’eagraíocht a bhunú:

To date I have received over 100 favourable replies from all parts of Ireland and more arrive daily. Virtually every letter stressed that the writer was *not* opposed to the Irish language, but was opposed to the unrealistic status which had been given, and to the methods being used (and or proposed) in attempts to revive it [...] Plans are now afoot, the general aim of which will be to promote a realistic attitude towards Irish and attempts to revive it (Morris, 1965b: 14). (béim sa bhunleagan).

Dúradh i bpreaseisiúint de chuid an LFM go raibh sé i gceist ag beirt bhall de chuid na heagraíochta, Martin Reynolds agus Gerald Mc Carthy faoi seach, teagmháil a dhéanamh le cuid de na daoine sin a scríobh litreacha chuig Morris agus inar léiríodh toilteanas cabhair a thabhairt don eagraíocht. Socraíodh an teagmháil seo a dhéanamh féachaint an bhféadfaí craobhacha áitiúla a bhunú in am trátha<sup>78</sup> (LFM: c.1965a).

Theastaigh ón LFM, dar le Morris, an díospóireacht faoin nGaeilge a lonnú i gcomhthéacs ‘réadúil’ inarbh fhéidir modhanna na hathbheochana a cheistiú – ceistiúchán nár ceadaíodh roimhe seo, dar leis (Agallamh le Morris, 2010). Chuige sin, dúirt Morris i litir dá chuid ar an *Irish Times* ar an 28ú Meán Fómhair 1965 go músclófaí díospóireacht i measc an phobail maidir le ceist na teanga trí shraith cruinnithe poiblí a reáchtáil ar fud na hÉireann (Morris, 1965c: 7). Áitím, mar sin, gurbh ardú agus chothú feasachta i measc an phobail maidir leis an nGaeilge éigeantach ab aidhm don LFM.

<sup>77</sup> Bhí teach Morris in úsáid mar cheanncheathrú ag an LFM nuair a ceabhunaíodh an eagraíocht i 1965. ‘41 Lavarna Grove, Terenure, Dublin 6’ a bhí luaite mar sheoladh comhfhreagrais ag an eagraíocht. Le linn thús na heagraíochta, bhí ‘19 Parliament St., Dublin 2’ luaite mar sheoladh freisin. Ina theannta sin, bhí ‘7 Mount Pleasant Place, Ranelagh, Dublin 6’ luaite mar sheoladh ó lár na seascaidí anuas go dtí tús na seachtóidí. Ba sin an áit a mbíodh máthair Roderick Buckley ag déanamh obair rúnaíochta don eagraíocht agus ag cur duillíní eolais i dtoll a chéile. Bhí ‘35 Lower Baggot Street, Dublin 2’ luaite mar sheoladh ag an LFM go mórmhór le linn ré Joan O’Brien ó Dheireadh Fómhair 1970 i leith. Bhí seoltaí difriúla in úsáid ag an eagraíocht, dar le Reynolds, chun an baol go ndéanfaí ionsaí ar an eagraíocht a mhaolú. Is cuimhin leis oíche amháin, cuir i gcás, gur caitheadh bríc isteach tríd an bhfuinneog san oifig ar Phlás Chnocán Aoibhinn (Reynolds, 2011).

<sup>78</sup> Bunaíodh craobh den LFM i nGaillimh faoi stiúir ag Brendan Madden i 1966, áit ar reáchtáladh cruinniú poiblí inar pléadh an beartas teanga ar a 14ú Deireadh Fómhair 1966 (Connacht Tribune, 1966: 1). Ina theannta sin, bunaíodh craobh eile den LFM i Lios Tuathail faoi cheannaireacht John B. Keane, ar dhuine de phátrúin an LFM é. Bhí an Teachta Dála le Fine Gael, Gerard Lynch, ar dhlíodóir é freisin ina bhall den chraobh sin. Tá tuilleadh eolais faoi seo i: Smith & Hickey (2002: 178: 189) agus Kerryman (1966: 13).

Bliain réamhoibre ab ea 1965 sa ghluaiseacht agus bunchloch mhaorlathach na heagraíochta á leagan síos. Ba ghá bunreacht na gluaiseachta a dhréachtú chomh maith le bunchuspóirí na heagraíochta a bheachtú. Chuige sin, tionóladh cruinniú in óstán an Gresham i mBaile Átha Cliath ag druidim le deireadh 1965 d’fhonn coiste lárnach na gluaiseachta a thoghadh<sup>79</sup>. Dúradh i bpreaseisiúint de chuid an LFM gur fágadh faoi cheathrar ball den choiste lárnach é aighneachtaí a scríobh ina leagfaí beartais mholta na gluaiseachta amach leis an aidhm go bpléifí agus go ndaingeofaí iad ag an gcéad chruinniú coiste eile (LFM: c.1965a).

Bunaithe air sin, cuireadh aidhmeanna agus cuspóirí na gluaiseachta i dtoll a chéile, téama a phléifidh mé sa chéad rannóg eile.

### 6.3.3 Cuspóirí

Ba í an Ghaeilge éigeantach an chloch ba mhó a bhí ar phaidrín an LFM, dar le Morris (Agallamh 2010). Dearbhaíonn baill na heagraíochta, ar labhair mé leo, nach raibh siad i gcoinne na Gaeilge *per se* ach go raibh siad i gcoinne an éigeantais, an leatroim agus na caimiléireachta a bhain, dar leo, le beartas na hathbheochana mar aon leis na modhanna a ndeachthas ina muinín chun an t-idéal sin a bhaint amach (an Ghaeilge éigeantach):

[...] the people in the LFM/ the one thing we had nothing against was the Irish language which is a very colourful/ very descriptive and very important part of culture and to understand place names/ history/ it’s great to have a knowledge of the Irish language and we were all in favour of teaching Irish/ we were against the corruption involved/ again/ this thing of you pass five subjects in your Leaving Cert, you get an honour in five subjects and you fail Irish you failed your Leaving Cert. Absolute disgraceful/ you know everything that could be wrong with that is wrong (Agallamh le Crummey, 2010). (liomsa an bhéim).

Fágann sin, a deir Clear, gurbh é an t-éigeantas ‘the poison that was put into the bowl [...] it sullied the language and the language movement,’ dar leis (Agallamh 2013). Ina theannta sin, teastaíonn ó Reynolds a chur ina luí gurbh í an Ghaeilge éigeantach a bhí ina cnámh spairne ag an LFM agus nach rabhthas i gcoinne na teanga féin:

[...] the policy of the LFM was we were against compulsory Irish/ we were not against Irish/ we were against compulsory Irish/ we had no objection to it being taught as a subject/ we had no objection to people wanting to speak it/ we had no objection to people wanting to be educated through it as long as

<sup>79</sup> Pléifidh mé cliarthas agus struchtúr maorlathach an LFM faoi rannóg 6.3.4 thíos.

the average ordinary general person didn't have to be subjected to this horrendous ordeal that could affect their whole career (Agallamh le Reynolds, 2011).

Míníonn Crummey go raibh trí ghné de bheartas teanga an Stáit ag dó na geirbe ag an ngluaiseacht. Ar an gcéad dul síos, bhí an Ghaeilge éigeantach chun pas a bhaint amach i scrúdú na hArdeistiméireachta mar aon le post a fháil sa státchóras ina cnámh spairne ag an LFM agus bhí sé d'aidhm acu deireadh a chur leis na beartais sin trí fheachtas náisiúnta a bhunú (Agallamh le Crummey, 2010). Ina theannta sin, shantaigh an LFM nach mbeadh an Ghaeilge ina hábhar éigeantach don Mheánteistiméireacht ná don Ardeistiméireacht a thuilleadh ach go mbeadh sí ina 'hábhar roghnach' feasta. Bhí an Ghaeilge mar riachtanas máithreánach ollscoile ag dó na geirbe ag an LFM freisin (LFM, c.1965).

Ach an oiread le beartais éagsúla Fhine Gael ag staideanna difriúla sna seascaidí, thug an LFM le fios gur ghníomh dearfach don teanga a bheadh ann dá bhfaighfí réidh leis an éigeantas, mar a dúirt Morris i dTeach an Ardmhéara:

Our critics claim that that L.F.M was founded to kill the language – this isn't true. L.F.M was not founded to kill the language but to save the language. We want to remove the emotionalism, the infallible patriotism, the compulsion and the discrimination (Irish Times Reporters, 1966: 11).

Mr Christopher T. Morris, president of the LFM, said that they were accused of trying to kill the Gaelic language, by the very people who were themselves doing the damage by their methods of compulsion and discrimination (Irish Times, 1966f: 9).

Ar an dara dul síos, bhí ceist na ndeontas do na ceantair Ghaeltachta ag déanamh inní do chuid den ghluaiseacht ar an mbonn go mba cheart, dar le Crummey, na deontais sin a dháileadh bunaithe ar riachtanais eacnamúla na gceantar beag beann ar a riachtanais theangeolaíocha. 'Caimiléireacht' agus 'leatrom' ab ea é seo, dar le Crummey, a rinne 'saoránaigh den dara grád' díobh siúd nach raibh cónaí orthu sa Ghaeltacht:

[...] these economic grants and I can only remember two// [Scheme *na muc* and the Glass-House Scheme] //but there were many others/ they were available//they gave perks to the Gaeltacht areas. We were all Irish/ the people in Leitrim were Irish and the people in the Gaeltacht areas were Irish/ therefore if they were in economic need they should have had grants available to them as well (Agallamh le Crummey, 2010).

Bíodh is gur phátrún de chuid an LFM é an Seanadóir Owen Sheehy Skeffington<sup>80</sup>, níor tháinig sé, a bheag nó a mhór, le hábhar imní an LFM faoi na deontais do na ceantair Ghaeltachta, mar a dúirt sé i litir a scríobh sé chuig Morris i 1967:

LFM is unanimous [...] on the main lines of policy but on detail there is plenty of healthy shading of opinion. I am thinking, for instance, of the point about special aid for Gaeltacht areas; my own view is that special help for them is justified in the circumstances, but I can see that the other view can be strongly argued (Sheehy Skeffington, 1967). (béim sa bhunleagan).

Léiríonn sé seo go raibh éagsúlacht tuairimíochta san LFM, mar is dual do ghrúpaí sóisialta, rud a léiríonn nach féidir aonchineálú simplithe a dhéanamh ar aon ghrúpa sóisialta.

Ghoill an cheist seo faoi na deontais go mór ar Dhónall Mac Amhlaigh ar an ábhar gur dhlúthchuid de fhealsúnacht *Amárach* é cás sainiúil na Gaeltachta a chur chun cinn. Bhí *Amárach* agus Mac Amhlaigh araon den tuairim go mba chóir aitheantas a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta as an ‘teanga náisiúnta’ a choinneáil beo. Dúirt Mac Amhlaigh nach n-aithneodh Morris agus a mhacasamhail gur díol measa agus gradaim é an Ghaeilge a choinneáil beo ar an ábhar gur ‘tútacháinín críochnaithe’ é. Dhearbhaigh Mac Amhlaigh in alt óna pheann i 1966 nach raibh ‘spáinte ag L.F.M. go nuige seo gur tada eile iad ach cráiteacháin beaga beag intinneach gangaideach’ (MacAmhlaigh, 1966c: 5).

Ábhar achrainn eile a bhí ag dó na geirbe ag an LFM ab ea an Ghaeilge a bheith ina meán teagaisc bunscoile. Chuir sé seo as don eagraíocht ar an mbonn go mba cheart, dar leo, gurbh ionann an meán teagaisc scoile agus teanga an teaghlaigh nó teanga na coitiantachta sa cheantar sin.

---

<sup>80</sup> Ba léachtóir le Fraincis é Owen Sheehy Skeffington i gColáiste na Tríonóide. Ina theannta sin, Seanadóir ar phainéal Ollscoil Bhaile Átha Cliath ab ea é idir 1954-61 agus arís idir 1965 agus 1970 go dtí go bhfuair sé bás. Léiríonn cartlann Sheehy Skeffington atá faoi chúram na Leabharlainne Náisiúnta gur ghlac sé le ballraíocht san LFM ar an 31ú Márta 1966. Léiríonn an chartlann sin gur scríobh Leighton Pratt, ar bhall den LFM é, litir chuige ar an 31ú Iúil 1966 ag fiafraí de an mbeadh sé sásta a bheith ar dhuine de na cainteoirí ag cruinniú de chuid an LFM a bhí le bheith ar siúl i dTeach an Ardmhéara ar an 21ú Meán Fómhair 1966. Ina theannta sin, ba mhian le Pratt go gcuirfeadh Sheehy Skeffington ceist ar chol ceathrar leis, an Dr. Conor Cruise O’Brien, a bheith ina chainteoir nó ina chathaoirleach ag an gcruinniú (Pratt, 1966). Mhínigh Sheehy Skeffington sa fhreagra a sheol sé ar ais chuig Pratt nach raibh Cruise O’Brien le bheith sa tír aimsir an chruinnithe. Dúirt Sheehy Skeffington freisin go raibh sé ag téarnamh san Fhrainc tar éis taom croí a bheith aige agus nach bhféadfadh seisean a bheith i láthair ach an oiread (1966b). Anuas ar a bhallaíocht san LFM, bhí baint aige leis an eagraíocht *Reform* (féach 6.3.5.1).

Shantaigh an LFM dul i gcion ar an rialtas agus stocaireacht a dhéanamh air le go n-athrófaí na beartais sin. Léiríonn seo ‘gníomhúchán’ an LFM gur theastaigh uathu ‘claochlú sóisialta’ a chur ar siúl (féach 3.3.4). Chuige sin, ba ghá tabhairt faoi thaighde ar mhianta an phobail.

### 6.3.3.1 *Taighde*

Dúradh ar *Statement of Policy* de chuid an LFM, gur shantaigh an eagraíocht, ar mhaithe lena cás a láidriú agus a chur chun cinn, tabhairt faoi thaighde ‘cuimsitheach’ agus ‘oibiachtúil’ ar mheonta an phobail i leith inmhianaitheacht an bheartais teanga:

LFM proposes that an objective, competent and exhaustive research project be initiated with the following terms of reference: (a) to report on the (i) Desirability, (ii) Feasibility, (iii) Relative importance and (iv) Probable cost (not only financial) of any language replacement policy; (b) to ascertain the real views of the Irish people on (i) The Gaelic language, (ii) State language policy and (iii) Language replacement methods (LFM, c.1965b).

Ba mhian leis an LFM go gcuirfí an ‘replacement policy’ ar fionraí go dtí go gcuirfí an taighde sin i gcrích (Sunday Independent, 1966: 3). Is díol suntais é gurbh é an easpa staidéir shóisialta ar mheonta an phobail i leith na Gaeilge an caineadh ba mhó a d’aithin Garret FitzGerald sa dá alt óna pheann a foilsíodh ar an *Irish Times* i 1964 agus é ag trácht ar thuarascáil an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge (féach 2.4.4). Forluí dioscúrsach idir an LFM agus Garret FitzGerald is ea fonn na heagraíochta sin tabhairt faoi thaighde oibiachtúil agus sóisialta ar cheist na Gaeilge i 1965.

Bhí duine de phátrún an LFM, an tOllamh Michael G. Harrington, ag déanamh talamh slán de go mbeadh an taighde sin a bhí beartaithe ina shamhail don LFM agus beartas na heagraíochta á chur i dtoll a cheile aici. Chuir sé as dó, mar sin, nuair a d’fhógair an LFM i ndiaidh ráiteas George Colley i 1966 go rabhthas i gcoinne na hathbheochana in ainneoin nár thug an eagraíocht faoi thaighde ar bith ar an gceist sin riamh (féach 6.2.1). D’fhág sin, a dúirt Harrington, go raibh an LFM ag déanamh sárú ar cheann dá bpríomhaidhmeanna, mar a bhí: taighde cuimsitheach a dhéanamh:

We now find LFM already committed to a policy, thereby negating one of its aims, and they are pursuing it in a manner from which I must disassociate myself (Harrington, 1966: 7).



Bíodh sin mar atá, léiríonn cartlann an LFM go raibh imlíne leabhair thaighde, 27 leathanach ar fad, curtha i dtoll a chéile ag Christopher Morris i 1970. “*Shackles, Slogans and Shekels!*” *A Critical Analysis of the Policy to Revive Gaelic by Compulsory Means in the Irish Republic* ba theideal don leabhar. Bealach ab ea teideal an leabhair sin chun idé-eolaíocht an LFM i leith bheartas na hathbheochana agus an éigeantais a tháirgeadh agus a chraobhscaoileadh. Chruthaigh an LFM, trí dhul i muinín focal ar nós ‘Shackles,’ ‘Slogans’ agus ‘Shekels,’ bríonna a thug le fios gur ‘laincis’ é an beartas teanga, go raibh reitric fholamh ina bonn dlisteanaithe faoi agus gur bhain costas ró-ard leis.

Léiríonn imlíne an leabhair<sup>81</sup> sin sa chartlann go raibh creatlach théamach leagtha síos ag Morris. Theastaigh uaidh léargas stairiúil a thabhairt ar bhunús an bheartais teanga in Éirinn chomh maith le tuairimí na bpáirtithe polaitíochta ina leith. Lena chois sin, ba mhian le Morris stair an LFM a rianú mar aon le ceist na Gaeilge sa chóras oideachais sa státchóras a chíoradh (Morris, 1970e).

Níor foilsíodh an saothar sin a bhí beartaithe ag Morris ariamh áfach agus theastaigh ó Joan O’Brien (comharba Morris) an staid sin a leigheas. Chuige sin, chuir Michael Connolly, ar chathaoirleach chraobh Phort Láirge den LFM é, aighneacht faoi bhráid bhaill an Oireachtais i mí Feabhra 1974. Dúirt sé, in ainneoin an taighde a bhí déanta ag an LFM, nárbh fhéidir leo an fhianaise sin a chraobhscaoileadh ar an mórphobal ceal deontais Stáit:

The Central Office of L.F.M. has compiled a vast amount of research into language policy from 1909 to date, but because no grant has ever been paid to the organisation, this evidence cannot be assembled or published in the near future in book form. The important national task of presenting an unbiased comprehensive account of the language controversy should not be left totally to voluntary unpaid effort. You may agree that some assistance from the State towards the publication of an objective and fair account of the language situation should be considered by the Government. I am not aware of the existence of a single publication containing a complete and thoroughgoing critical appraisal of language policy in Southern Ireland. Such a work is envisaged by L.F.M. and has now been commenced. In view of the

---

<sup>81</sup> Léiríonn cartlann an LFM go raibh liosta saothar tánaisteach curtha i dtoll a chéile ag Finbarr Corry le go bhféadfadh an eagraíocht tabhairt faoi thaighde ar bhunús an bheartais teanga in Éirinn. I measc na saothar a luadh, bhí: *Bilingualism in Primary Education* (1966) Mac Namara, *Irish Education – Tuairim* London Research Group, Report of the Commission on the Revival of Gaelic (or the newspaper synopsis of the same), White Paper on the Revival of Gaelic, Manifesto of the Fianna Fáil Party, The Just Society – Fine Gael, Labour Party Educational Policy, The Irish Constitution, *A View of the Irish Language* Brian Ó Cuív (Corry, 1970).

vast sums paid out annually by the State to Gaelic-revival organisations like the Gaelic League, Comhdail Naisiunta na Gaeilge (sic), Gael Linn, etc., a modest grant to L.F.M. for research and publication work must not be too much for you to suggest (Connolly, 1974).

Murab ionann agus na heagraíochtaí deonacha Gaeilge, níor íocadh aon deontas riamh leis an LFM, dar le Connolly. D’fhág sin, a dúirt sé, nár éirigh leis an eagraíocht cuntas ‘neamhchlaonta’ agus ‘cuimsitheach’ faoi chonspóid na teanga a fhoilsiú riamh. Ba mhian le Connolly impí ar Theachtaí Dála agus ar Sheanadóirí an lae ceist an mhaoinithe a phlé leis an rialtas (Connolly, 1974).

In ainneoin nár thug an LFM faoi thaighde sóisialta den chineál sin ariamh (ceal maoinithe Stáit, dar leis an LFM), sonraíonn Ó Caollaí nár chuir an easpa sin a bhac orthu a mhaíomh, gan aon fhianaise eolaíoch a bheith acu, go raibh formhór na ndaoine i gcoinne na Gaeilge agus na hathbheochana araon (2013: 26). Ar aon dul le FitzGerald, dúirt an Seanadóir Owen Sheehy Skeffington i litir dá chuid ar an *New Statesman* go raibh ‘cinneadh’ déanta ag an tromlach<sup>82</sup> in Éirinn diúltú don athbheochan:

In reality, the majority of our people have already voted against its [an Ghaeilge] restoration by omitting to speak it (1966b).

Léiríonn mian an LFM tabhairt faoi thaighde gur tuigeadh an tábhacht a bhain le ‘heolas’ sa nua-aoiseacht. Is é sin le rá gur thuig an LFM, mar eagraíocht ghníomhaíochta, gurbh acmhainn é an t-eolas a d’fhéadfaí a úsáid chun réaltachtaí sóisialta a mhúnlú agus a shaobhadh d’fhonn claochlú sóisialta a chur ar siúl. Mar gheall ar an taighde seo a bhí beartaithe ag an LFM, agus an léitheoireacht a dhéanfaí dá thoradh, áitím go raibh comhfhios dioscúrsach an LFM múscailte. D’fhág sin go raibh tualangacht acu iad féin a chumasú mar ghníomhaithe agus an béarlagair cuí a úsáid chun claochlú sóisialta a chur ar siúl.

---

<sup>82</sup> Ní miste a rá go ndearna FitzGerald agus Sheehy Skeffington beirt na ráitis seo faoin ‘tromlach’ a bheith ag diúltú don athbheochan i bhfad sular foilsíodh an tuarascáil de chuid an Choiste um Dhearcadh an Phobail i dtaobh na Gaeilge (CLAR) i 1975. Deir Ó Riain (1994: 20) gurbh é an tuarascáil seo an chéad suirbhé cuimsitheach sochtheangeolaíochta a rinneadh ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge agus inar léiríodh, dar leis, a fhorleithne is a bhí tacaíocht an phobail do shlánú na Gaeilge. Is cinnte go dtugann an tuarascáil seo dúshlán do théiseanna FitzGerald, Sheehy Skeffington agus an LFM maidir le hinmhianaitheacht na hathbheochana i measc an phobail. Bhí obair agus feachtais an LFM curtha i gcrích faoin am ar foilsíodh í áfach.

Le go bhféadfaí aidhm an chlaochlaithe shóisialta a bhaint amach, bhí bunreacht ag teastáil chun institiúidiú a dhéanamh ar idéil na heagraíochta mar aon le bunús údarásach agus foirmeálta a chur fúithi.

#### 6.3.4 Struchtúr Maorlathach

Bhí Roderick Buckley ina mhac léinn dlí i 1965 agus chuaigh Christopher Morris i gcomhairle leis agus an bunreacht á dhréachtú. Maíonn Morris gur ‘civil libertarians’<sup>83</sup> iad beirt agus gur theastaigh uathu na luachanna sin a chur chun cinn sa bhunreacht (Agallamh 2010). Léiríonn seo go raibh Buckley agus Morris beirt feasach maidir le hiarmhairtí a gcleachtas agus gur tuigeadh go comhfhiosach, dá réir sin, gur mhian leo ‘claoclú sóisialta’ a chur ar bun, mar a mhíníonn Buckley:

I think the idea was to give certain substance and solidity to the organisation/ and you know as we were trying to change Government policy and trying to get involved with the government in research on what an appropriate policy might be//to sort of give ourselves some kind of document evidencing our existence seemed a good idea (Agallamh 2011).

Is díol suntais é gur nós le Buckley agus leis na baill eile lipéad na ‘heagraíochta’ a úsáid agus iad ag trácht ar an LFM, nós ar cloíodh leis i mbunreacht agus in ábhar bolscaireachta na heagraíochta freisin. Spéisiúil go leor, tá ‘movement’ luaite i dteideal na heagraíochta agus deir Buckley, dá réir, go bhféadfaí ‘gluaiseacht’ a thabhairt ar an LFM ar an mbonn gur ghrúpa ilchineálach iad na baill ar mhian leo gné éigin den tsochaí a athrú, mar a bhí: an Ghaeilge éigeantach (Agallamh 2011).

Fágann singur mheascán de ghluaiseacht agus d’eagraíocht é an LFM, rud a chiallaíonn gur féidir eagraíocht gluaiseachta sóisialta a thabhairt air. B’amhlaidh a bhí, dar liom, ar an mbonn go raibh fíis chomhroinnte ag baill an LFM maidir leis an mbealach ab fhearr chun an saol a fheabhsú (sainchomhartha gluaiseachta). Ar an láimh eile, bhí an LFM á riaradh laistigh de fhrámaíocht bhunreachtúil, rud a d’fhág go raibh rialacháin agus gnásanna ag an eagraíocht (sainchomhartha eagraíochta) (féach 3.2.2.2). Pleifidh mé na gnásanna bunreachtúla sin sa chéad fho-rannóg eile.

##### 6.3.4.1 Bunreacht an LFM


Bhí ceithre airteagal is fiche i mbunreacht an LFM, áit ar leagadh bunaidhmeanna agus modhanna oibre na heagraíochta amach. Ina theannta sin, rinneadh cur síos ar

<sup>83</sup> Bhí Morris ina bhall den *Liberal Party (Community Democrats of Ireland)* ag an am seo. Bhí sé ina iarrthóir de chuid an pháirtí sin i dtoghcheantar Chonnacht/Uladh sa toghchán do Pharlaimint na hEorpa i 1979. Níor éirigh leis suíochán a bhuanachán áfach (Morris, 2010).

mhodh riartha na heagraíochta. Ar an ábhar sin, bunaíodh, faoi airteagal a trí, struchtúr cliarlathach chun go mbainisteofaí an ‘eagraíocht.’ Bhí an chomhairle rialúcháin ina ceann ar an struchtúr sin, comhairle a bhí comhdhéanta de bhaill an choiste lárnaigh, de bhall amháin as gach coiste réigiúnach agus de thoscaire amháin as gach aon chraobh den ghluaiseacht (féach figiúr 6-1). Bhí an Coiste Lárnach in ainm is a bheith ag feidhmiú faoi choimirce na comhairle rialacháin (LFM c.1966b). As an líon ball ar an gComhairle sin, thoghfaí idir deichniúr agus fiche is a cúig duine ar an gCoiste Lárnach. Ba iad baill an Choiste Lárnaigh a raibh an t-údarás acu a bheith ag gníomhú ar son na heagraíochta:

Only the central committee shall have authority to act in the name of the organisation unless that authority is delegated for a specific purpose by the Central Committee (LFM c.1966b).

Tar éis don Choiste Lárnach a bheith tofa, ba ghá na hoifigigh a cheapadh ansin, mar a bhí: an tUachtarán; an Leas-Uachtarán, an Rúnaí agus an Cisteoir (LFM c.1966b). Christopher Morris a bhí ina uachtarán, Brian P. Devlin a bhí ina leas-uachtarán, Patrick Browne a bhí ina rúnaí oinigh agus Michael C. Doyle ACA a bhí ina chisteoir.



**Figiúr 6-1: Cliarlathas an LFM**

Faoi Mheán Fómhair 1965, dúradh go raibh craobhacha den ghluaiseacht ag feidhmiú i mBaile Átha Cliath, i nDroichead Átha, i nGaillimh, i gCorcaigh, i Luimneach agus i dTuaim agus í mar aidhm dhearbhaithe acu deireadh a chur leis an

nGaeilge éigeantach. Ina theannta sin, ba mhian leis an LFM a léiriú go raibh sciar leathan daoine tar éis glacadh le ballraíocht san LFM, rud a d'fhág go raibh an ghluaiseacht ionadaíoch ar go leor aicmí éagsúla sa tsochaí:

Committees have been formed in the six centres and there are labourers, teachers, housewives and professional men among the movement's members (Irish Times, 1965: 1).

Spreagann sé seo plé ar dhaonra agus ar chomhdhéanamh an LFM.

### 6.3.5 Ballraíocht an LFM

Grúpa uirbeach agus meánaicmeach ab ea bunaitheoirí an LFM ar theastaigh uathu dúshlán a thabhairt do na 'ardent Gaeilgeoirs' maidir le ceist na Gaeilge éigeantaí, dar le Richard Clear (Agallamh 2013). Daoine gairmiúla ab ea a bhformhór, a dúirt Martin Reynolds, a raibh ardleibhéal oideachais ar chuid mhór díobh:

[...] the people who were involved in the foundation were mainly very educated people/ there was a Professor of Engineering, there was an architect [Morris & Reynolds]/ there was a solicitor [Alexis FitzGerald]/ there was a school teacher [Joan O'Brien]/ there was the wife of a vice-principle school [máthair Roderick Buckley]// very liberal and they weren't all from Dublin but they were from predominantly what I would call very good secondary schools/ a lot of them had third level education and some of them important positions/ like one guy was an important engineer in the ESB [Brian P. Devlin]/ somebody else was an assistant bank manager [Finbarr Corry] and somebody else was in the Bank's foreign exchange department/ that type of thing/ another person was in publishing and advertising/ one was a biochemist [an tOllamh Michael G. Harrington, UCD]/ that type of person were involved at the outset (Agallamh 2011).

Bhí béascna liobrálach i réim san LFM freisin, dar le Morris, Crummey, Reynolds agus Clear. Is í sin an chúis a raibh an Seanadóir Owen Sheehy Skeffington ina phátrún de chuid an LFM, dar le Buckley:

[...] Senator Owen Sheehy Skeffington who was probably the most liberal public figure in Ireland for a long time so again that would fit in/ if you like/ with the liberalism of the LFM approach (Agallamh le Buckley, 2011).

Agus an liobrálachas á institiúidiú san eagraíocht, tugann Crummey le fios, agus é ag trácht ar a chás pearsanta féin, go raibh éagsúlacht eispéireas agus tuiscintí aige ina shaol. D'fhág sin, a deir sé, go raibh féachaint amach an-leathan agus an-liobrálach aige. Thuig sé mar gheall air sin, beag beann ar reitric Fhianna Fáil i leith na Gaeilge, a luachmhaire is a bhí an Béarla don tír, mar a deir sé:

I had prior to that been over in England working and I would have had //and I had also worked in Australia so I would have had a broader aspect of life and I would have seen how useful for instance the English language was/ it's an international language/ how lucky we were and when we entered America we didn't have to learn the language if we entered Australia we didn't have to learn the language/ we had it and Fianna Fáil policy felt that we shouldn't have had it (Agallamh le Crummey, 2010).

Tagann Reynolds leis seo freisin. Maíonn sé go ndearna sé go leor taistil agus é ní b'óige, rud a d'fhág go raibh sé ag teacht go mór faoi anáil an domhain mhóir agus go raibh teagmháil aige le go leor cultúr difriúil i gcaitheamh a shaoil. Chiallaigh sin, a deir sé, nach raibh sé teoranta do mheon na hÉireann nó do mheon an Ghaeilgeora ach an oiread:

I am not interested in being confined to any little area or any little philosophy/ or any little mentality/ the Irish Ireland of the *Gaeilgeoir*/ of the Civil servant/ of the Garda Síochána/ of the border/ of the tight control of the censorship/ that has never interested me at all (Agallamh 2011).

Fágann seo, dar liom, go raibh an Ghaeilge á hinnéacsú go folaithe le cúngaigeantacht. Bíodh is gur dhream Baile Átha Cliathach iad cuid mhór de bhunaitheoirí an LFM, léiríonn cartlann na heagraíochta go raibh baill aici ar fud na tíre, go mórmhór in áiteanna ina raibh craobhacha ag feidhmiú – Gaillimh, Tuaim, Corcaigh, Port Láirge, Cill Mhíodáin, Tiobraid Árann, Lios Tuathail agus in áiteanna eile nach iad. Bhí breis agus 7,000 ball slógtha ag an LFM faoin mbliain 1969, dar leis an eagraíocht (LFM, c.1969a).

### 6.3.5.1 *Reform*

Óir theastaigh ón LFM na daoine a bhí thíos leis an mbeartas teanga a fhuascailt ón gciapadh a bhí á fhulaingt acu, mar a chonacthas dóibh é, ní nach ionadh mar sin gur leagadh béim ar chás na scoláirí sa chóras oideachais toisc gurbh iad ba mhó a raibh teagmháil acu leis an nGaeilge go laethúil.

Ar an ábhar sin, cnámh spairne eile a bhí ag an LFM, nár mhiste a lua, ab ea an pionós corpartha sna scoileanna. Bhí Martin Reynolds ina phríomhbhunaitheoir ar *Reform*<sup>84</sup>, eagraíocht a bunaíodh i 1967 chun cur i gcoinne an lámh láidir sna scoileanna. Míníonn Reynolds gur eascair *Reform* as an LFM:

<sup>84</sup> Díol spéise ab ea go raibh Proinsias Mac Aonghusa, ar Chonraitheoir iomráiteach é agus ar dhuine é freisin a bhí tiomanta do chearta daonna sa bhaile agus i gcéin (Mac Aonghusa, 1993), bainteach le *Reform* bíodh is nár tháinig sé le cuid de na baill maidir leis an nGaeilge.

[...] and from the synthesis of people here [LFM], and the mixture of people here/ a few years later was formed the organisation Reform/ the anti-corporal punishment organisation [...] it was very very successful/ the two were linked together//they were two prongs of the same fork/ the Irish language was beaten into people in schools (Agallamh le Reynolds, 2011).


Luigh sé le réasún mar sin go mbeadh comhbhallraíocht idir an dá ghluaiseacht, lenar áiríodh: Owen Sheehy-Skeffington, Frank Crummey, Richard Clear, Martin Reynolds agus Maura Carty. Mar chuid de fhráma tuisceana an LFM, samhlaíodh dlúthcheangal idir modhanna teagaisc na mBráithre Críostaí agus a dtiomantas don Ghaeilge ar láimh amháin agus an pionós corpartha ar an láimh eile. Bhí teagasc na Gaeilge á shamhlú ag an LFM, dá réir, le foréigean sa chóras oideachais agus sin í an chúis a ndeachaigh cuid de na baill ar aghaidh chun *Reform* a bhunú in am trátha (féach: Crummey, 2009: 80-90).

### 6.3.6 An eagraíocht á hainmniú

Agus an LFM ag tarraingt dó ar pholaitíocht na fuascailte, bhí go leor cur agus cúiteamh i measc na mball maidir le hainm na gluaiseachta. Áitíonn Morris gur mhian leis an ngluaiseacht teacht ar ainm a dhaingneodh prionsabail mar aon le hidéil na saoirse ar ar bunaíodh í. Santaíodh saoirse a bhaint amach ó:

[...] discrimination against English speakers/ freedom from educational/ employment and economic discrimination. Freedom to use the English language which was the vernacular *de facto* to have it recognised as such and not to having it discriminated against (Agallamh le Morris, 2010).

Deir Morris go raibh caint ar ‘Language Liberals’ a bhaisteadh ar an eagraíocht ach gur socraíodh sa deireadh gurbh é an ‘Language Freedom Movement’ an t-ainm ab fhearr a bhuanódh luachanna na saoirse ar sheas an ghluaiseacht ar a son (Agallamh le Morris, 2010). Socraíodh an t-ainm seo ag ceann de na cruinnithe luatha a reáchtáladh in óstán an Gresham i 1965 (LFM, 1971). Léiríonn sé seo, dar liom, gur mhian leis an LFM a fhéiniúlacht féin a chruthú trí nasc innéacsach a tháirgeadh idir an ghluaiseacht agus nóisin liobrálacha, mar a bhí: cearta sibhialta agus comhionannas (féach Figiúr 6-2).



**Figiúr 6-2: Innéacsúlacht – cruthú féiniúlachta don LFM**

D’áitigh Risteárd Ó Glaisne, ar ghníomhaí Gaeilge é féin agus iriseoir leis an nuachtán *Amárach*, gur ghléas bolscaireachta é ainm na heagraíochta chun tacaíocht agus bá a mhúscailt don LFM i measc an phobail. Is é seo a dúirt sé in alt dá chuid a foilsíodh ar an iris Phrotastúnach *Focus*:

The choice of ‘Language Freedom Movement’ as a title for the organisation launched by Mr. Morris must at first have seemed a stroke of genius. A movement seeking freedom might be assumed to have right on its side. Widespread public sympathy was to be expected for any group of people looking for freedom, in language or anything else (Ó Glaisne, 1966: 281).

Ina óráid ag cruinniú iomráiteach an LFM i dTeach an Ardmhéara (féach 6.8), dúirt Ó Glaisne gur ‘misnomer’ é ainm na gluaiseachta ar an mbonn go raibh an LFM ‘roghnaitheach’ maidir leis an gcineál saoirse ar mhian leo a chosaint. Bhí an LFM dall, a dúirt sé, ar shaoirse mhuintir na Gaeltachta agus bhí an ghluaiseacht beag beann ar na míbhuntáistí eacnamúla agus sóisialta a d’fhulaingítí sna ceantair iargúlta sin:

If the LFM were logical [...] instead of inveighing against the special economic support being given to the Gaeltacht, it would be taking steps to ensure that the social and economic disadvantages involved in speaking their language – an old, honoured and living one – were removed. We hear nothing of this from the LFM. Their ideas of language freedom are rather selective (Irish Times Reporters, 1966: 11).



Mar aisfhreagra ar an argóint sin, áitíonn Morris go mba cheart an Ghaeilge a chur chun cinn sa Ghaeltacht agus go mba chóir seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur fáil do mhuintir na Gaeltachta sa Ghaeltacht. Níor cheart áfach, na beartais sin a bhrú ar dhaoine lasmuigh den Ghaeltacht, daoine nár spéis leo an cultúr Gaelach a chleachtadh, dar le Morris. Deir sé gurbh í an aicme sin a raibh an LFM ag seasamh léi:

I'm talking about the 99% of the Irish people who don't speak Irish. They should not be discriminated against//we have no objection to the Irish language being cherished and nourished/ not only in the Gaeltacht but all over but not to the point where English language people who decided no they are not interested and are not interested in Irish music and are not interested in Irish dancing and are not interested in GAA football/ that they shouldn't be punished for it/ educationally or economically (Agallamh le Morris, 2010).

Tá Reynolds ar aon intinn le Morris maidir leis an gceist sin. Deir sé gur 'comhéigean' agus 'sárú cearta sibhialta' é brú a chur ar dhaoine teanga a fhoghlaim nárbh í a ngnáththeanga laethúil agus teaghlaigh í. Maíonn sé freisin go bhfuil sé de láncheart ag daoine an Ghaeilge a fhoghlaim agus freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge dá mba mhian leo ach nár cheart brú nó éigeantas a chur ar aon duine bealach amháin nó bealach eile, dar le Reynolds (Agallamh 2011).

Agus cuspóirí mar aon le bunreacht an LFM curtha i dtoll a chéile, seoladh an eagraíocht go hoifigiúil ag preasócáid i mbialann 'La Caverna,' ar shráid an Dáma, i mBaile Átha Cliath ar an 10ú Márta 1966. Go gairid ina dhiaidh sin, agus an LFM i mbun machnaimh faoin gcéad deis corraíola eile a d'fhéadfaí a thapú chun dul i gcion ar an bpobal, mhol Frank Crummey go mba cheart don eagraíocht páirt a ghlacadh sa pharáid chuimhneacháin le linn na Cásca i 1966 in ómós don Éirí Amach (Agallamh le Morris, 2010).

### 6.3.7 1966: Comóradh 50 bliain an Éirí Amach

Bliain athbhreithnithe ab ea 1966 in Éirinn agus dian-anailís á déanamh ar na hidéil a troideadh ar a son san Éirí Amach i 1916<sup>85</sup>. Bhí inmhianaitheacht na luachanna sin

<sup>85</sup> Bhí an t-athbhreithniúchán céanna ar siúl faoi stair mhíleatach na hÉireann agus 1916 go háirithe nuair a bhris na Trioblóidí amach i dTuaisceart Éireann i 1969, mar a deir Wills (203: 2009): 'Throughout this period, official government rhetoric in the South had stepped back from the Rising; the yearly Easter commemorations outside the GPO were discontinued in an atmosphere where any celebration of the Rising, particularly a military parade, could be construed as support for the continuance of armed struggle in the North.' Bunaíodh an LFM i 1965 agus fágann sin, dar le Morris, Crummey & Reynolds, nach raibh aon bhaint, a bheag nó a mhór, ag na Trioblóidí ó thuaidh i mbeachtú idé-eolaíochtaí na heagraíochta i leith na Gaeilge agus an náisiúnachais araon. Bíodh sin

mar aon lena mbailíocht don saol comhaimseartha i 1966 á gceistiú le linn an chomóraidh 50 bliain. D'fhág sin go raibh tarraingt na téide ar siúl idir cur chun cinn luachanna 1916 ar láimh amháin agus cur chun cinn luachanna úra na tionsclaíochta, na forbartha agus an ábharachais ar an láimh eile, mar a mhíníonn Ferriter agus é ag trácht ar an ról a bhí ag Seán Lemass sa chomóradh go sonrath:

Seán Lemass wasn't comfortable with the idea of constantly looking back, he was Taoiseach at the time on the last lap of power, he wanted Ireland of the 'technological expert,' in his own words, emphasised instead of the Ireland of the *seanbhean bhocht* and there was a kind of a tug of war between the past and the present (Ferriter, 2013).

Léiríonn sé seo go raibh allagar náisiúnta faoi lán seoil maidir leis an gcineál físe ab fhearr a bhuanódh luachanna na hÉireann i 1966. Sa chomhthéacs guagach sin, eachtra nár mhór a lua agus a ghin díospóireacht bhríomhar ag an am maidir le tosaíochtaí na hÉireann ab ea an scrios a rinne buama an IRA ar Cholún Nelson ar an 8ú Márta 1966. Dúirt Dónall Mac Amhlaigh ina cholún ar *Amárach* nach gcaoinfeadh seisean ná eagarthóir an nuachtáin aon deoir i ndiaidh an cholúin. Chuir sé ina gcoinne siúd a raibh sceon orthu 'faoi Nelson a bheith scuabtha leis de dhruim an tsaoil' (1966a: 5). Mhaígh sé go raibh mearbhall ar na daoine sin i dtaobh a ndúchais agus chuir sé iad i gcomórtas leo siúd a thóg raic faoi shraith seantithe 'Seirseacha' a bheith á scrios ar Sráid Mhic Liam san ardchathair i 1965, áit a dtógfaí Ceannteathrú an ESB in am trátha. Cheap Mac Amhlaigh nach mbeadh na daoine sin chomh corraitheach céanna i dtaobh na himirce agus an bhochtánais sa Ghaeltacht:

[...] ní chloistear gíog ná míog uathu nuair a druidtear teach in dhiaidh teach sa nGhaeltacht agus nuair a ghlanann teaghlaigh iomlána Gaelacha leofa go Glascú nó go Huddersfield anonn (1966a: 5).

Mar ba dhual d'*Amárach* agus do Dhónall Mac Amhlaigh go deimhin, bhí tábhacht na Gaeilge agus na Gaeltachta araon ina gcodanna follasacha dá ndioscúrsaí. Ní nach ionadh mar sin gur ghin sé frustrachas iontu go raibh béim á leagan ar Cholún Nelson mar aon le caomhnú na dtithe Seirseacha le linn sheachtain na Cásca ach go raibh neamhaird á tabhairt don Ghaeltacht agus don Ghaeilge. D'áitigh Mac Amhlaigh, dá réir, go raibh tosaíochtaí na ndaoine bun os cionn, mar a dúirt sé féin:

---

mar atá, leag Joan O'Brien (comharba Morris ó 1970 i leith) béim ar cheist na dTrioblóidí go minic lena linn (féach O'Brien, 1973: 11). Ní éireoidh liom an cheist sin a phlé sa tráchtas seo ceal spáis ach is féidearthacht taighde í a bhféadfadh an t-aos léinn tarraingt uirthi amach anseo (féach 7.5).

[...] ní shilidís aon deor ar maidin amáireach dá mbeadh an Ghaeilge imithe go deo na ndeor amach as an tír. Is léir agus is ró-léir go bhfuil a dtuairimí beagáinín bun óscionn. Tá doiléire agus seachrán ag cur dóibh faoi chéard is fiú a chaomhnú agus a choinneáil i saol an Náisiúin Éireannaigh (Mac Amhlaigh, 1966a: 5).

Ní miste a rá gurbh í aidhm *Amárach* an fhaillí a bhí á déanamh ag an Stát ar an nGaeltacht a phoibliú. Dá bharr sin, thacaigh an nuachtán go láidir leis an gcéalacan a d’eagraigh Misneach, faoi stiúir Mháirtín Uí Chadhain, le linn sheachtain na Cásca. Mar a mhínigh mé i gCaibidil a Cúig, bhí Máirtín Ó Cadhain go láidir den tuairim nár comhlíonadh cuspóirí 1916 agus ina éagmais sin nár cheart aon chomóradh a bheith ann (féach 5.3). Aisteach go leor, tagann Martin Reynolds leis an tuairim sin freisin. Mar a chéile leis an gCadhnach, deir Reynolds nárbh fhiú a bheith ag ardú na brataí náisiúnta go mórtasach nuair nárbh fhéidir leis an Stát bunseirbhísí sóisialta a sholáthar don phobal:

[...] when 1916 was being celebrated/ I looked at say statistics about the number of people unemployed/ the number of people emigrating/ the number of people in secondary school/ the type of work we had/ the housing problems we had all over Dublin/ houses collapsing/ the housing shortage/ people living in squalor so putting up flags/ singing patriotic songs/ no matter what country it’s in doesn’t appeal to me/ I’m extremely practical/ I’m only interested in the practicality/ what have you done with the opportunities you had? (Agallamh le Reynolds, 2011).

Ar an 10ú lá Aibreán, Domhnach na Cásca 1966, bhí sé beartaithe mar chuid de chlár oifigiúil an chomóraidh 50 bliain go rachadh paráid chuimhneacháin thar bráid an GPO i mBaile Átha Cliath (Daly, 2007: 19). Deir Crummey gur theastaigh ón LFM páirt a ghlacadh sa pharáid chuimhneacháin<sup>86</sup> sin chun a léiriú don phobal go raibh an eagraíocht chomh tírghrách agus chomh hÉireannach céanna le haon duine eile agus nár cheart, da réir, an LFM a dhaoradh toisc go raibh easaontas ann faoi cheist na Gaeilge, mar a mhíníonn Morris:

[...] it was just a gesture merely to say we can be Irish/ we’re as Irish as anyone else looking at us or participating here/ we have a different view

<sup>86</sup> Deir Daly go raibh sé á thuar ag coiste oifigiúil an chomóraidh go siúlfadh thart ar 5,000 duine thar bráid an GPO mar chuid den pháraid chuimhneacháin ar Dhomhnach na Cásca 1966. Ina measc sin, bhí trí bhuíon cheoil déag chomh maith le hionadaithe ó sciar leathan eagraíochtaí spóirt agus cultúrtha, mar a bhí: Conradh na Gaeilge; Gael-Linn; An Comhchaidreamh; Na Teaghlaigh Ghaelacha; Old Army & LDF comrades associations; Fianna Fáil; Fine Gael; the Bricklayers Trade Union; Cumann Luthchleas Gael; the Camogie Association; FAI, IRFU; Boy Scouts; Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus an Language Freedom Movement (2007: 20).

point on one issue namely the language and the way it's being shoved down our throats and hampering our kids' education (Agallamh 2010).

Míníonn Morris nár tháinig baill uile na heagraíochta leis an gcinneadh seo ar an mbonn nár shantaigh codanna den LFM tacú le héirí amach a raibh an foréigean neamhdhaonlathach ina bhunús leis:

[...] there was one or two people who objected strongly to it/ one of them on the basis of violence that we shouldn't be supporting the violence that 1916 was based on – undemocratic self appointed fascists who were trying to undo the democratic decision of the Irish people to have what they did have at the time/ which was limited democracy, the same as it was limited in the whole of the UK at the time (Agallamh le Morris, 2010).

Thapaigh *Amárach* an deis seo chun cur i gcoinne an LFM agus dúradh gur ‘masla agus díspeagadh ar laochra 1916’ a bheadh ann dá mbeadh sé de dhánacht i ‘ngluaiseacht na n-ainGhael’ páirt a ghlacadh sa pharáid (Amárach, 1966: 6). Cheap Dónall MacAmhlaigh go raibh sé scannalach gur theastaigh ón LFM páirt a ghlacadh i bparáid in onóir Phódraig Mhic Phiarais agus a chomrádaithe ar an mbonn go raibh sé ina chuspóir ag an eagraíocht an ruaig ghlan a chur ar an nGaeilge as Éirinn (Mac Amhlaigh, 1966b: 5). Mhol Mac Amhlaigh dóibh fánacht ag an mbaile ar an lá sin:


Mo Chomhairle dhíbh, a Language Freedom Movers – fanaidh ar baile an lá sin ag breathnú ar theilí Shasana mar go deimhin is go dearfa is giorra go mór dó sin sibh ná de'n uaisleacht agus de'n laochas a spreag na fir sin a bhfuil ómós dá spáint dóibh an Cháisc seo (Mac Amhlaigh, 1966b: 5).

Ciallaíonn seo, a deir Morris, go raibh éadulaingt, mífhoighne agus antoisceachas á léiriú ag lucht na Gaeilge do thuairim ar bith nár tháinig lena meonta ceartchreidmheacha féin maidir leis an nGaeilge. Ní miste a rá gurbh eite amháin de lucht na Gaeilge é *Amárach* agus fágann sin, is dóigh liom, go bhfuil scriosadh á dhéanamh ag an LFM ar iolrachas ghluaiseacht na Gaeilge.

### 6.3.8 Anailís

Léiríonn an rannóg seo go raibh nasc innéacsach á chruthú ag an LFM idir an Ghaeilge éigeantach agus tagráin sheachtracha lenar airíodh: ‘leatrom,’ ‘caimiléireacht,’ ‘laincis,’ ‘cúngaigeantacht,’ ‘costas,’ ‘reitric fholamh,’ ‘gléas srianaithe agus smachtaithe’ mar aon le córas fabhraíochta agus deontas do lucht labhartha na Gaeilge (féach Figiúr 6-3). Cruthaíonn na naisc innéacsacha sin an bhrí shóisialta gurbh ualach agus cur i gcéill í an Ghaeilge éigeantach a bhí á fulaingt ag daoine agus gur theastaigh ón LFM iad a ‘fhuascailt’ ón gciapadh sin tríd an ‘life-

world' a shábháil ó choilíniú na scothaicmí. Léiríonn sé seo, dar liom, dioscúrsa frithcheannasach an LFM.



**Figiúr 6-3: Innéacsúlacht – cruthú féiniúlachta don ‘Gaeilge éigeantach’**

Tá samplaí den íocónú le haireachtáil sa rannóg seo freisin (féach 3.4.2.1). Laistigh de dhioscúrsa an LFM, bhí Fianna Fáil, de Valera agus an Eaglais Chaitliceach ina léiriúcháin íocónacha a bhí ionadaíoch, ó thaobh meoin de, ar lucht labhartha na Gaeilge.

Ar an mbonn gur fhan de Valera rófhada ina Thaoiseach ar an tír (anuas go dtí 1959), áitíonn Ferriter gur éirigh le lucht a cháinte a chur ina leith gurbh é amháin a bhí freagrach as laigí agus as teipeanna uile na tíre, idir gheilleagrach agus shóisialta, ó na 1960í i leith:


Retrospectively, his critics [de Valera] were able to reduce him to a one-dimensional embodiment of the negative aspects of Irish independence – a civil war fought over oaths and symbols, economic stagnation, emigration, failure of the Irish language to thrive, and continued partition of the country. All of these shortcomings, it seemed, could be parcelled under the label ‘De Valera’s Ireland’ (2007: 6).

Léiríonn an rannóg seo go raibh an LFM i measc na haicme sin a bhí an-cháinteach go deo i leith ‘Éire de Valera’ chomh maith leis na cláir shóisialta agus chultúrtha a thacaigh léi (athbheochan na Gaeilge). Mar thoradh air sin, bealach ab ea an t-íocónú sa chás seo, dar liom, chun féiniúlacht aonchineálach an Ghaeilgeora a tháirgeadh

(féach figiúr 6-4). Cruthaíonn an próiseas seo an tuiscint shóisialta go raibh an Ghaeilge de dhlúth agus d’inneach i bhFianna Fáil (de Valera), sa Ghaeilgeoir agus san Eaglais Chaitliceach dá réir, mar a deir Morris:

I’m saying that the language formed part of what a lot of Irish people felt was/ ‘you’re in Fianna Fáil/ Catholic Church and you supported the language policy’ and they were the three requisites of being truly Irish. If you were in Fine Gael or Labour Party/ you weren’t really Irish (Agallamh 2010).

Is forluí dioscúrsach é seo, dar liom, le hide-eolaíocht Mhisneach, gluaiseacht a mheas go raibh Conradh na Gaeilge róbhainteach le Fianna Fáil agus gurbh aicme choimeádach Ghaelach í freisin (féach 5.3).



**Figiúr 6-4: Íocónú – cruthú féiniúlachta don ‘Ghaeilgeoir’ (aicme daoine)**

Ina theannta sin, léiríonn an rannóg seo gur chloígh an LFM, cuid mhór, le teoiricí an ‘tslógaidh acmhainní’ (féach 3.2.2.1). Fágann sin, gur ‘eagraíocht gluaiseachta sóisialta’ é an LFM a raibh struchtúir dhochta faoi le gurbh fhéidir leis ‘comhghníomhaíochas’ a chur chun cinn. Teastaíonn na struchtúir eagrúcháin seo freisin chun go láidritear an seans go mbainfear aidhmeanna na gluaiseachta amach. Is sa chomhthéacs seo a bhfuil bunreacht mar aon le socrúithe maorlathacha an LFM ina ndíol suntais.

Bíonn na heagraíochtaí seo, ar nós an LFM, in iomaíocht le páirtithe polaitíochta agus le heagraíochtaí eile, ar nós Chonradh na Gaeilge, chun lucht tacaíochta a ghríosadh chucu. Is í an tacaíocht phobail sin an acmhainn is mó a shantaíonn na gluaiseachtaí seo, tacaíocht a mhealltar trí dhul i muinín acmhainní siombalacha

(féach 3.2.3.4). Pléifidh mé sa chéad rannóg eile na hacmhainní siombalacha a dtarraingíodh baill an LFM orthu ar mhaithe le dioscúrsa faoin nGaeilge a chruthú.

#### 6.4 Comhthéacs ceistitheach na seascaidí

Nuair a bunaíodh an LFM i 1965, ba é Fianna Fáil an páirtí polaitíochta ba choitianta i mbun rialtais ó 1932 i leith cé is moite de dhá thréimhse ghearra idir 1948-1951 agus 1954-1957 faoi seach (Ferriter, 2012: 16). D’fhág sin, a deir Buckley, go mbíodh seanbheartas an pháirtí sin i leith na Gaeilge éigeantaí á athdhearbhú i gcónaí, rud a thug spreagadh agus lón cogaidh don LFM nuair a céadbhunaíodh an eagraíocht sin:

[...] but I think the main impetus for the LFM was really that Fianna Fáil seemed to be restating and reinforcing their compulsory Irish policy//and //well Fine Gael had lost so many elections that/if you like/ the sort of sit back and say Fine Gael will sort it all out some day didn’t at that time seem a very good approach (Agallamh le Buckley, 2011).

Agus féith cheistitheach an LFM múscailte, theastaigh ón eagraíocht ‘misneach morálta’ a ghiniúint i measc an phobail le go ngríosfaí agus le go misneofaí na gnáthdhaoine chun ‘éirí amach’ agus dúshlán a thabhairt don ‘obsessed minority whose view was that Gaelic should be and could become the Irish vernacular’:

Mr. Morris said that over the past 40 years, Gaelic had become the tail that wagged the nation – it had assumed a disproportionate place in every facet of Irish life, from the definition of patriotism to the selection of job candidates but in recent years the Irish people had begun to question the aims and practices of the language policy (Irish Times, 1966a: 6).

Tá blaiseadh de dhioscúrsa FitzGerald (1964) agus Garvin (2004) le haireachtáil anseo sa mhéid is gur mhionlach é lucht na Gaeilge, dar leo, a raibh tionchar éagothrom á imirt acu ar chúrsaí oideachais in Éirinn. Tugann Morris le fios sa sliocht seo gur bhain an Ghaeilge le scothaicme chumhachtach an Stáit. Theastaigh ón ngluaiseacht, dá réir, daoine ‘a fhuascailt’ ó na lainsí agus ón gciapadh a samhlaíodh leis an nGaeilge éigeantach toisc nár léiríodh riamh go ndéanfadh an athbheochan leas coiteann an phobail, mar a mhíníonn Morris:

[...] it was destructive of civil liberties/ it was destructive of civil rights/ people were denied entry into the universities/ denied entry into employment at government or at local government levels/ denied entry into the army/ the police force. All of these things and they were tax payers/ they were being denied this because of the Gaeilgeoirí/ the language policy (Agallamh 2010).

Chuige sin, ba mhian leo a chur ina luí ar an rialtas go raibh tuairim an LFM ionadaíoch ar sciar fairsing den phobal agus dá bharr sin nach bhféadfaí a bheith dall ar na dearcthaí ar sheas an LFM ar a son a thuilleadh:

Thus we aim to amend existing legislation and practice and to introduce liberal legislation and practice in the sphere of language policy (LFM, c.1966a).

De bharr an rath a bhí ar Fhianna Fáil mar aon le teip leanúnach Fhine Gael sna holltoghcháin i 1961, i 1965 agus i 1969 faoi seach, d'fhág sin, is dóigh liom, go raibh an LFM ag snámh in aghaidh easa ag iarraidh impí ar rialtais de chuid Fhianna Fáil an beartas teanga a athrú. Chun teacht i dtír ar an bhfadhb sin, tuigeadh go mba ghá tarraingt ar mhúnlaí agus ar ghléasanna eile, go dtí go dtiocfadh Fine Gael i gcumhacht, chun brú a choinneáil ar an rialtas reachtaíocht liobrálach a achtú maidir leis an mbeartas teanga. Chuige sin, thosaigh an LFM, dar liom, ag tarraingt ar dhioscúrsa na gceart sibhialta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun a gcás a dhlísteanú agus a mhíniú.

#### **6.4.1 Cearta Sibhialta**

Áitíonn Frank Crummey, dá réir, gurbh é an LFM an chéad eagraíocht dá raibh ann in Éirinn a raibh cearta sibhialta á gcosaint agus á gcur chun cinn aici (Agallamh 2010). Bíodh is go samhlaítear na seascaidí le gluaiseachtaí idirnáisiúnta na gceart sibhialta, áitíonn Crummey agus Buckley beirt nár fhág an comhthéacs sin a rian ar an ngluaiseacht. Tagann Morris leis seo freisin:

[...] international factors did not come into it. In retrospect I have often said that in my opinion the 60s in Ireland were as adventurous and as forward looking as anywhere else in Europe. The grass in Ireland was thicker and denser and there was nobody cutting it until the Language Freedom Movement came along. I've heard several people saying that the LFM was the first civil rights movement in Ireland/ where we were trying to get the civil rights of English speakers recognised as being on a par with Irish speakers [...] LFM was inspired/ I have to say/ by people like me who felt we were entitled to these civil liberties/ we weren't saying 'like everybody else abroad' but we would have been aware of the fact that civil liberties were abroad in other countries. It was never raised as an issue tied into or even psychologically related to a European wide civil rights (Agallamh 2010).

In ainneoin go raibh bunargóintí an LFM á bhfréamhú i ndioscúrsa na gceart sibhialta mar aon le dioscúrsa na fuascailte, is díol spéise é go ndeir Morris agus a leathbhádóirí nár fhág comhthéacs idirnáisiúnta na gceart a rian ar an ngluaiseacht.



Tá Buckley ar aon intinn le Morris maidir leis an gceist seo freisin. Deir sé go raibh ceist na gceart ‘san aer’ ag an am ach nach raibh gluaiseacht idirnáisiúnta na gceart ina bonn spreagtha faoin LFM (Agallamh 2011):

[...] I wouldn't say that civil rights was a particular inspiration /no /perhaps it was just/ as I say/ all of those things were happening at that time (Agallamh le Buckley, 2011).

Bíodh sin mar atá, léiríonn cartlann an LFM go ndeachaigh an eagraíocht i muintir friotal ghluaiseacht na gceart sa chomhthéacs náisiúnta (trí theagmháil a dhéanamh le grúpaí eile sa tsochaí sibhialta in Éirinn) agus idirnáisiúnta araon (trí theagmháil a dhéanamh le Comhairle na hEorpa).

#### **6.4.2 Comhthéacs Náisiúnta: Brúgrúpaí um Chearta Sibhialta**

Bhí an LFM den tuairim go raibh Airteagal a hocht de Bhunreacht na hÉireann, ina raibh údarás bheartas na hathbheochana á fhréamhú, ag sárú saoirsí sibhialta. Theastaigh ón LFM, mar pháirtí leasmhar, aighneachtaí a chur faoi bhráid brúgrúpaí Éireannacha um chearta sibhialta féachaint an mbeidís toilteanach comhoibriú leis an LFM agus glacadh leis an nGaeilge éigeantach mar cheist stocaireachta agus gníomhaíochta feasta. Chuige sin, rinne an LFM teagmháil le *Citizens for Civil Liberties* (CCL) ar an 11ú Aibreán 1970. Bhí Kader Asmal, ar léachtóir le Dlí é i gColáiste na Tríonóide, ina chathaoirleach ar fhochoiste Bunreacht de chuid *Citizens for Civil Liberties*<sup>87</sup>. Ba í an aidhm a bhí leis an bhfochoiste sin ná moltaí agus aighneachtaí a chur faoi bhráid an rialtais maidir le hathruithe bunreachtúla. Sheol Morris litir chuig Asmal ina ndúradh:

It is the opinion of LFM that Article 8 is in itself a threat to civil liberties, and that this Article is used as justification of infringements of civil liberties where such infringements form part of the policy of restoring Irish as the vernacular, either officially or unofficially. LFM will be pleased to make oral and/or written submissions to your Working Party if you are interested in this matter (Morris, 1970c).

<sup>87</sup> Bhí Kader Asmal, in éineacht le Máire Mhic Róibín, ar dhuine de thúsbhunaitheoirí na Comhairle um Chearta an Duine in Éirinn i 1976. Ina theannta sin, bhí sé ina bhunaitheoir agus ina chathaoirleach ar Ghluaiseacht Frith-Apartheid na hÉireann anuas go dtí 1990 nuair a d'fhill sé ar an Aifric Theas. San Aifric Theas, bhí sé mar chuid de thoscaireacht idirbheartaíochta an *African National Congress* (ANC) chun an chinedheighilt a chur ar fionraí. Ina dhiaidh sin agus an sprioc sin bainte amach, bhí sé ina Aire ar choiste rialtais Nelson Mandela ó 1994-99. Fuair Kader Asmal bás sa bhliain 2011.

Sheol Rúnaí an CCL, J.A Coughlan, litir ar ais chuig Morris ar an 14ú Bealtaine 1970 inar dearbhaíodh gur spéis leo aighneacht an LFM a fháil (Coughlan, 1970). Ní léir, áfach, ó chartlann an LFM ar seoladh an aighneacht sin chun bealaigh ariamh.

Murab ionann agus *Citizens for Civil Liberties*, léiríonn cartlann an LFM gur cuireadh aighneacht faoi bhráid an *Irish Association of Civil Liberty*<sup>88</sup> (IACL). Bhí an seanadóir le Fine Gael John M. Kelly, arbh Ollamh le Dlí é in UCD, ina bhall den IACL ag deireadh na seascaidí. Deir Morris go raibh Kelly báúil leis an LFM ach go raibh leisce air go gceanglófaí an eagraíocht le ceist achrannach ar nós na Gaeilge éigeantaí. Bhí faitíos ar Kelly, dar le Morris, go scriosfadh feachtas den chineál sin an eagraíocht agus go dtarraingeofaí go leor drochphoiblíochta uirthi dá bharr (Agallamh 2010). Is léir, mar sin, go raibh teagmháil ag an LFM le Kelly ina ról mar leas-uachtarán ar an IACL. Deimhníonn Crummey é sin freisin agus deir sé go raibh Kelly ‘very supportive of the LFM’ (Agallamh 2010).

Léiríonn cartlann an LFM gur scríobh Maureen Ahern litir chuig Rúnaí Oinigh an IACL, Edgar M. Deale, inar mhínigh sí dó na dúshláin a bhí le sárú ag tuismitheoirí in Áth Eascrach agus i mBéal Átha na Slua maidir leis an meán teagaisc scoile a athrú ón nGaeilge go Béarla. Bhí borradh faoin dioscúrsa seo ag deireadh na seascaidí go mbeadh páistí scoile thíos leis dá múinfí iad trí theanga nárbh ionann í agus gnáththeanga dúchais an teaghlaigh. Mar a mhínigh mé i gCaibidil a Dó, bhí an cheist seo go mór i mbéal an phobail de bharr shaothar taighde Mac Namara (1964/66), saothar a mbíodh Garret FitzGerald (1964) agus Fine Gael (1966/68) trí chéile ag tarraingt air go tréan (féach 5.7). Áitíonn Morris go ndearna an LFM talamh slán de thuairim Mac Namara roimh dó í a chur i láthair ina thuarascáil taighde i 1966:

[...] his [Mac Namara] argument was one of the factors that we//we accepted that before he articulated it/ I’ll put it that way (Agallamh 2010).

Mar sin féin, áitíonn Morris gur thug saothar Mac Namara údarás acadúil d’argóintí an LFM, údarás ar bhain Maureen Ahern úsáid as ina hóráid i dTeach an Ardmhéara nuair a dúirt sí nach bhféadfadh rialtas ‘ciallmhar’ a bheith dall ar a thaighde:

<sup>88</sup> Bhí Maureen Ahern, ar bhall den LFM í, an Seanadóir Mary Bourke (Máire Bean Mhic Róibín ar ball), Ronan Keane (an Príomh-Bhreitheamh ar ball), an tOllamh John M. Kelly ina mbaill den *Irish Association for Civil Liberty*.

No responsible Government would ignore the findings in Fr. John MacNamara's book (Irish Times Reporters, 1966: 11).

Dúirt Ahern ina litir chuig Deale gur mhian le tromlach na dtuismitheoirí sna scoileanna sin, de réir na bpobalbhreitheanna a reáchtáladh le deireanas, go múiní a bpáistí trí ghnáththeanga an teaghlaigh – ba é sin an Béarla. Fágadh an cinneadh maidir leis an meán teagaisc a roghnú faoi bhainisteoir na scoile, dar le hAhern. Ach ina ainneoin sin, dhiúltaigh an múinteoir (athair Phádraig Uí Cheithearnaigh) glan do chinneadh an bhainisteora a chur i bhfeidhm, rud a d'fhág gurbh í an Ghaeilge an meán teagaisc i gcónaí beag beann ar thoil na dtuismitheoirí. Sárú ab ea é seo, a dúirt sí, ar chearta daonna na dtuismitheoirí. Ina theannta sin, dúirt sí go raibh leisce ar an Roinn Oideachais teacht i dtír ar an bhfadhb seo de bharr a líonmhaire is a bhí na Gaeilgeoirí ag obair ann:

The Department of Education, if it were not almost completely staffed by Gaelgoiri (sic), could by a proper ruling solve the problem overnight [...] I submit that the discriminatory manner in which these problems are allowed to fester by the Educational Authority involves a clear breach of the right to civil liberty (Ahern, 1969).

Scríobh Christopher Morris litir chuig Deale i mí Iúil 1970 chun ceist na bpobalbhreitheanna a phlé arís. Ach an oiread le Ahern, dúirt Morris gurbh iad 'departmental intransigence' mar aon le 'managerial timidity' ba chúis leis an 'sárú' a bhí á dhéanamh ar chearta daonna na dtuismitheoirí i mBéal Átha na Slua agus in Átha Eascrach maidir leis an meán teagaisc (Morris, 1970d). Chun teacht ar réiteach ar cheist an tsáraithe, chuir an LFM aighneacht scríofa faoi bhráid an IACL. Bhí an aighneacht seo le bheith ina treoir don IACL agus litir á dréachtú acu a sheolfaí chuig Pádraig Faulkner. Bhí Faulkner ina Aire Oideachais i rialtas Fhianna Fáil faoi cheannaireacht Jack Lynch idir 1969-73. Dúradh san aighneacht sin:

There is a prima facie case for teaching all subjects through the home language. To suggest otherwise is to ignore common sense; to ignore world wide experience; to ignore the results of any scientifically conducted research on the matter. [...] Apart entirely from the educational benefits to be derived from instruction through the home language (and the educational problems presented by instruction through a language other than the home language) it would seem obvious that, under common law and the constitution, parents have an inalienable right to have their children taught through their home language (Ahern, 1969).

Bíodh sin mar atá, aithníodh gur cheart cáilithe é seo ar an mbonn go bhféadfadh mianta na dtuismitheoirí a bheith ag teacht salach ar a chéile maidir leis an meán teagaisc ba rogha leo. Má bhí aighneas den chineál sin ann, mhol an LFM go réachtálfai pobalbhreith sa scoil agus go gcloífí le tuairim an tromlaigh ina diaidh sin. Má shocraigh an ‘tromlach’ sin meán teagaisc a roghnú (i.e. Gaeilge) nárbh ionann é agus gnáththeanga an cheantair (i.e. Béarla), mhol an LFM go mba cheart dualgas a bheith ar an Stát na háiseanna cuí a sholáthar don ‘mhionlach’ a bheadh thíos leis an gcinneadh sin. Dá dhaonlathaí sin, is díol suntais é go ndúirt an LFM nach mbeadh sé chomh tábhachtach céanna go bhfreastálódh an Stát ar an mionlach Gaeilge dá roghnófaí teanga coitiantachta an cheantair mar mheán teagaisc (i.e. Béarla) (Ahern, 1969).

Is díol suntais é, mar sin, nach raibh fiosrúcháin Morris i dtaobh na gceart daonna teoranta don réimse náisiúnta amháin.

#### **6.4.3 Comhthéacs Idirnáisiúnta: An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine**

I mí Lúnasa 1970, agus an chluas bhodhar á tabhairt ag Fianna Fail do stocaireacht an LFM i gcónaí, scríobh Morris litir chuig Meabhránaí Chúirt na gCeart Daonna i Strasbourg, an tUasal M.A. Eissen, ag fiafraí de maidir le cearta an duine oideachas scoile a fháil trí mheán ghnáththeanga an teaghlaigh (Morris, 1970a). Mhínigh Morris cúlra na bpobalbhreitheanna in Éirinn don Mheabhránaí agus an chaoi a raibh na húdaráis dall ar mhianta na dtuismitheoirí (féach 5.7):

[...] in several schools throughout the country, (mainly in 1- or 2- teacher schools) the teacher or teachers have taken it upon themselves to use Irish as the medium of instruction, even though the area are 100% English speaking. In at least three such schools, parents have voted by majorities of between 75% to 95% to have their children taught through English, their home language, the local vernacular and the national vernacular *de facto*. In all such cases, the parents have been frustrated by the teachers, and their appeals to the Dept. of Education have been ignored or dismissed (Morris, 1970b).

Theastaigh ó Morris teacht i dtír ar chultúr na gceart san Eoraip trí theagmháil a dhéanamh leis an gCúirt um Chearta an Duine, Cúirt a bhí ag feidhmiú faoi choimirce Chomhairle na hEorpa a bunaíodh i 1949 chun cearta daonna agus spleáchas a chur chun cinn ar an mór-roinn tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Ba mhian le Morris a fhiosrú an mbeadh aon leigheas breithiúnach ann ar an ‘leatrom teanga’ a bhí á dhéanamh ar dhaoine in Éirinn chun go láidreofaí cás an LFM i gcoinne na Gaeilge éigeantaí.

Bhí ceist an mheáin teagaisc ina hábhar plé agus allagair sa Bheilg ag tús na seascaidí, tráth ar cuireadh aighneachtaí faoi bhráid an Choimisiúin um Chearta an Duine chun an cheist seo a shoiléiriú<sup>89</sup>:

In June 1965 the Commission referred to the Court six of the so called “Belgium Linguistic cases”. These concerned compatibility of certain aspects of the Belgium legislation on the use of languages in education with Articles 8 and 14 of the Convention [...] (Morris, 1970a).

Sna cásanna sin, leagadh iarratais isteach chuig an gcúirt idir 1962 agus 1964 ina ndúradh go raibh an reachtaíocht teanga sa Bheilg, a bhain le húsáid teangacha sa chóras oideachais, ag teacht salach ar na cearta oideachais a buanaíodh faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Shantaigh Morris eolas a fháil ón gCúirt faoi na cásanna seo ar an mbonn, a deir sé, go raibh caibidil á scríobh aige do leabhar ina bpléifí ceist na teanga i gcomhthéacs na gceart daonna (1970a).

Dearbhaíonn an reachtaíocht ábhartha sa Bheilg, a pléadh sna cásanna seo i Strasbourg, go mba chóir oideachas a chur ar fáil san Ollainnis, san Fhraincis agus sa Ghearmáinis sna háiteanna inar labhraíodh na teangacha sin go coitianta. Bhí cónaí ar iarratasóirí na gcásanna seo, ar Fhrainciseoirí iad, in áit inar labhraíodh an Ollainnis de ghnáth, áit nár dearnadh freastal ar lucht labhartha na Fraincise sa chóras oideachais dá bharr.

D’áitigh na hiarratasóirí gur sháraigh an ganntanas sin na hairteagail thíos den Choinbhinsiún Eorpach:

- Airteagal a hocht (saol an teaghlaigh/príobháideachas).
- Airteagal a dó de phrótacal a haon (soláthair oideachais i dteanga mhionlaigh mar aon leis an gceart oideachas a fháil atá i gcomhréir le tuairimí reiligiúnda agus fealsúnacha na dtuismitheoirí) (Nic Shuibhne, 1998: 38).
- Airteagal a ceathair déag (leatrom). Ní sheasann Airteagal a ceathair déag leis féin mar cheart: is ceart seadánach agus is focheart é i ndáiríre atá spleách ar na hairteagail shubstainteacha sa Choinbhinsiún.

<sup>89</sup> Um an dtaca seo, ní raibh rochtain dhíreach ag an iarratasóir ar an gCúirt um Chearta an Duine. Bhí ar an iarratasóir achainí a chur faoi bhráid an Choimisiúin ag an tús, áit a ndearnadh breithiúnas ar bhailíocht an cháis. Dá nglacfaí le bailíocht an cháis, chuirfeadh an Coimisiún é os comhair Chúirt um Chearta an Duine. Tháinig deireadh leis an nós seo i 1998 nuair a cuireadh prótacal 11 i bhfeidhm, prótacal a chuir deireadh leis an gCoimisiún agus a d’fhág go raibh sé de cheart ag an iarratasóir rochtain dhíreach a fháil ar an gCúirt feasta.

Dúirt an chúirt ina breithiúnas nár dearnadh aon sárú ar chearta na n-iarratasóirí faoi airteagal a dó de phrótocal a haon (oideachas) ar an ábhar go gcosnaíonn an t-airteagal sin cearta an duine rochtain a fháil ar na hinstiúidí oideachais atá sa cheantar. Ní chuireann an t-airteagal sin aon dualgas ar an Stát oideachas nó seirbhísí as an ngnách a sholáthar.

Dúirt an chúirt, áfach, go raibh leatrom á dhéanamh ar na hiarratasóirí faoi Airteagal a ceathair déag (leatrom) i gcomhar le hairteagal a dó (oideachas) ar an ábhar gur chuir reachtaíocht na Beilge bac ar pháistí freastal ar scoileanna Fraincise mar gheall ar an áit a raibh cónaí orthu. Ba ionann sin agus leatrom toisc nár cuireadh na baic chéanna ar lucht labhartha na hOllainnise.

Thapaigh Christopher Morris an deis chun a léiriú do Mheabhránaí na Cúirte go raibh beartas athbheochana an rialtais ag déanamh leatrom ar an tromlach in Éirinn, ar lucht labhartha an Bhéarla é:

Apparently because English is the vernacular *de facto* of such an overwhelming majority of the people of Ireland, it is difficult to awaken in Irish people a sense of outrage when basic parental and human rights are denied to a small group of English-speakers. Discrimination which would be intolerable against a minority is practised freely against a section of the majority (Morris, 1970b).

Bhí an ‘leatrom’ seo á instiúidiú sa chóras oideachais agus sa státchóras araon trí mheán na Gaeilge éigeantaí, dar le Morris (1970b). Ina theannta sin, bhí iachall á chur ar pháistí bunscoile trian den lá (42% dar le MacNamara) a chaitheamh ag plé leis an nGaeilge in ainneoin nach raibh cónaí orthu in áit inar labhraíodh í go coitianta. Bhí an Ghaeilge ina meán teagaisc i roinnt bunscoileanna freisin in ainneoin nárbh í an Ghaeilge gnáththeanga na gceantar sin (Morris, 1970b). Ar aon dul le MacNamara (1966: 135), léirigh an LFM gur tháinig sé seo salach ar na deachleachtais a mhol UNESCO ina dtuarascáil dar teideal *Report on Foreign Languages in Primary education* (1963):

UNESCO recommends that only 15 to 20 minutes per day should be spent in studying a second language. Most parents would be happy to see UNESCO’s advice accepted. Irish primary schools, however, devote four times that amount to the study of Gaelic – quite apart from teaching other subjects ‘through the medium.’ Surely, this is carrying things too far? Most Irish parents think it is, and object bitterly to being abused and insulted by a loud minority for daring to say so (LFM, c.1969a).

D'admhaigh Morris ina litir chuig Eissen gur dhóigh leis go raibh bunús dlíthiúil le beartais an rialtais i leith na Gaeilge in Éirinn toisc go raibh stádas na teanga dlisteanaithe in Airteagal a hocht den Bhunreacht. D'fhág sin, a deir sé, nach raibh an dara rogha aige ach cúiteamh dlí a lorg go hidirnáisiúnta. Ach ina ainneoin sin, bhí an-amhras ar Morris gurbh ann do chúis nó do bhonn dlíthiúil ar a bhféadfaí cás a thabhairt i gcoinne na hÉireann sa Chúirt um Chearta Daonna. Chun teacht i dtír air seo, mhol Morris do Eissen go gcuirfí prótacal breise leis an gCoinbhinsiún ina míneofaí bunchearta daonna maidir le húsáid theanga na coitiantachta:

[...] a further protocol might be added to the Convention, defining basic principals (sic) of human rights in relation to vernacular languages. If, for instance, every citizen were entitled to conduct official business through the actual vernacular of a locality; and to have his children educated through their home language when this is the vernacular of the the locality of the school – the promulgation of [this basic principal (sic)] would force a change in the present situation in Ireland (Morris, 1970b).

D'fhéadfadh an t-athrú seo, a deir Morris, athrú sa bheartas teanga a spreagadh in Éirinn (1970b).

Scríobh Eissen ar ais chuig Morris ar an 23ú Meán Fómhair 1970 ina ndúradh nach bhféadfadh an Chúirt ábhar inní an LFM faoin nGaeilge a fhiosrú ar an mbonn gur ghá don Choimisiún bailíocht an cháis a thomhas roimh ré. Ach toisc go raibh an Coinbhinsiún daingnithe ag Éirinn, d'fhág sin nach raibh a bhac ar an LFM achainí a chur faoi bhráid an Choimisiúin, dá mba mhian leo. Dúirt Eissen gur sheol sé litir Morris ar aghaidh chuig an gCoimisiún, áit a bhféadfaí breithiúnas a thabhairt ar bhailíocht an cháis (Eissen, 1970b). Ní léir ó chartlann an LFM, áfach, an bhfuair Morris aon fhreagra ón gCoimisiún maidir lena cheisteanna a bhain le gnáththeanga an teaghlaigh a bheith ina meán teagaisc scolaíochta.

Bíodh is go ndúirt an LFM nach raibh comhthéacs idirnáisiúnta na gceart ina gháir shlógaidh ag an eagraíocht, léiríonn cartlann na gluaiseachta go raibh feasacht thar na bearta ag Christopher Morris ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta sin agus gur ghníomhaigh sé faoina réir sin.

#### **6.4.4 Anailís**

Léiríonn an rannóg go raibh feasacht chognaíoch an-láidir san LFM i dtaobh ceisteanna a bhain le cearta sibhialta agus daonna go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Bhí focail ar nós 'leatrom,' 'mionlach,' 'cearta daonna' agus 'cearta sibhialta'

in úsáid ag Morris sa phlé a bhí aige le Meabhránaí na Cúirte um Chearta an Duine mar aon leis na heagraíochtaí um chearta sibhialta in Éirinn. Tugann sé sin le fios go raibh luí ag Morris le dioscúrsa na gceart agus go raibh an tualangacht ann an béarlagair sin a úsáid de bharr an chomhthéacs inar mhair sé. Ba léir do Morris go raibh a leithéid de rud ann agus frámaíocht idirnáisiúnta um chearta daonna agus gur cheap sé go bhféadfadh sé an fhrámaíocht sin a úsáid chun tacú le hidé-eolaíocht agus le feachtais an LFM.

Léiríonn sé sin gurbh ann don tionchar idirnáisiúnta agus nach bhféadfaí idé-eolaíocht teanga an LFM a phlé beag beann ar chomhthéacs idirnáisiúnta na linne. Anuas ar aidhmeanna an LFM dul i gcion ar an rialtas le go n-athrófaí an beartas teanga, léiríonn an comhfhreagras seo leis an gCúirt i Strasbourg gur mhian leis an LFM leigheas breithiúnach a fháil ar chnámha spairne na gluaiseachta maidir leis an éigeantas. Ach an oiread le Conradh na Gaeilge, ba mhian leis an LFM dul i muinín an chomhthéacs idirnáisiúnta ar mhaithe le bonn stocaireachta agus dlisteanaithe na heagraíochta a láidriú.

Léiríonn an teagmháil idir an LFM agus an IACL mar aon leis an CCL gur shantaigh an LFM dul i gcion ar an rialtas, ní hamháin as a stuaim féin, ach i gcomhar le codanna eile den tsochaí sibhialta freisin. Rinneadh é seo trí dhul i muinín an liobrálachais agus béim á leagan, dá réir, ar ‘shaorthoil’ an duine.

Mar a dúirt mé ag tús na rannóige seo, ba é Fianna Fáil a bhí i mbun rialtais tar éis na n-olltoghchán i 1961, 1965 agus i 1969 faoi seach. D’fhág sin gur mhian le Fine Gael scoilt fhollasach a léiriú idir iad féin agus Fianna Fáil ar cheist náisiúnta ar nós na Gaeilge (Ó Caollaí, 2013: 19). Chiallaigh sé sin go raibh forluí dioscúrsach idir an LFM agus Fine Gael maidir leis an nGaeilge éigeantach agus maidir leis an nGaeilge mar mheán teagaisc.

### **6.5 Baint le Fine Gael?**

Ar an ábhar gur chuir an LFM roimhe féin an beartas teanga a athrú trí stocaireacht a dhéanamh ar an rialtas, luíonn sé le réasún, mar sin, go dtaipófaí an deis chun dul i gcion ar na páirtithe polaitíochta agus olltoghchán ar na bacáin. Ba é a fhearacht chéanna le linn olltoghcháin 1969 é, olltoghchán ar pléadh ceist na Gaeilge éigeantaí sa chóras oideachais go minic lena linn.



Bhí ceist na Gaeilge éigeantaí ina hábhar achrainn polaitíochta i bhFine Gael ó thus na seascaidí i leith. Agus olltoghchán 1961 ar na bacáin, d'fhógair James Dillon, a bhí ina cheannaire ar Fhine Gael ag an am, go gcuirfí deireadh leis an nGaeilge éigeantach dá dtoghfaí iad. I lár na seascaidí, bhí dlúthbhaint ag Garret FitzGerald, a bhí ina sheanadóir agus ina urlabhraí oideachais de chuid Fhine Gael ag an am, i ndréachtú bheartas nua an pháirtí sin i leith na Gaeilge. Sa cháipéis sin dar teideal *Fine Gael Language Policy*, dearbhaíodh beartas Dillon in athuair, rud a rinneadh arís nuair a foilsíodh *Fine Gael Policy for a Just Society: Beartas Gaeilge* i 1968 (féach 2.4.6 & 2.4.7).

### **6.5.1 1968: *Just Society***

Sa rannóg seo is mian liom a léiriú go raibh beartais agus aidhmeanna Fhine Gael agus an LFM ag dul go comhthreomhar ó lár na seascaidí i leith, mar a léiríonn na sleachta thíos. Ba í aidhm Fhine Ghael:

An Ghaeilge a bhuanú trí bheartais réalaíocha a bheidh ceaptha chun tacaíocht an phobail a fháil leo (Fine Gael, 1968: 9). (liomsa an bhéim).

Ar an lámh eile, tá airteagal a dó de bhunreacht an LFM ag teacht leis sin cuid mhór ó thaobh aidhme agus cuspóra de:

The objects of the organisation shall be to promote a realistic approach towards the Gaelic language and to remove compulsion, discrimination and other objectionable practices from the State language policy (LFM, c.1966b). (liomsa an bhéim).

Ar mhaithe leis an ‘gcur chuige réalaíoch’ seo a chur chun cinn, d’áitigh Fine Gael ina thuarascáil ar an mbeartas Gaeilge go raibh i bhfad an iomarca ama á chaitheamh ag plé leis an nGaeilge sna bunscoileanna agus go raibh droch-éifeacht aige sin ar dhul chun cinn na ndáltaí sna hábhair eile (Fine Gael, 1968: 11). Tagann sé sin le tuairimí Mac Namara (1966) agus Garret FitzGerald beirt mar a phléigh mé i gCaibidil a Dó (féach 2.4.6). Cosúlacht eile idir an cháipéis seo agus aidhmeanna an LFM, atá fréamhaithe sa liobrálachas, is ea beartas an pháirtí maidir le teanga an teaghlaigh a bheith ina meán teagaisc ar scoil:

I ngach uile scoil ba cheart teanga an teaghlaigh, pé acu an Ghaeilge sa Ghaeltacht nó an Béarla taobh amuigh di, a úsáid ag teagasc na n-ábhar murab é rogha na dtuismitheoirí a bhfuil a gcuid leanaí ag freastal na scoile teanga eile a úsáid le haghaidh teagaisc. Sin bun-phrionsabal (Fine Gael, 1968: 12).

Is léir ón sliocht thíos go bhfuil tuairim Fhine Gael i gcomhréir le tuairim an LFM go mba cheart teanga an teaghlaigh a bheith ina meán teagaisc:

Since 98% of the Irish people speak English, it is probable that if parents were required to choose the medium of instruction for their children they would normally opt for English (Language Freedom Movement, 1970: 8).

Ba léir, mar sin, go raibh cosúlachtaí idir meon Fhine Gael ar lámh amháin agus meon an LFM ar an lámh eile sa mhéid is go raibh siad beirt ag tarraingt ar an liobrálachas clasaiceach chun ‘rogha’ agus ‘toil’ na dtuismitheoirí a chur chun cinn. Ar an ábhar sin, deir Buckley gur ghiorra i bhfad a bheadh lucht tacaíochta an LFM d’Fhine Gael ná d’Fhianna Fáil, cuir i gcás, mar a deir sé:

I’d say a member of the LFM/ I would say would probably be more likely to be a Fine Gael voter than a Fianna Fáil voter. I would say within Fianna Fáil//there would certainly be some people within Fianna Fáil who would always have been not too happy with compulsory Irish but that would be very much a small minority view within Fianna Fáil. So I think that is just the way Irish politics were/ Fianna Fáil always had the more nationalistic side of the argument/ Fine Gael always a bit on the back foot as far as that was concerned (Agallamh le Buckley, 2011).

### 6.5.2 Fianna Fáil mar ‘namhaid’

I bhfianaise gur mheas an LFM, faoi idé-eolaíocht na heagraíochta, go raibh Fianna Fáil tiomanta go diongbháilte don bheartas teanga, ní nach ionadh, mar sin, gur shocraigh an LFM fogha a thabhairt faoi Fhianna Fáil agus faoi bheartas teanga an pháirtí sin nuair a bhí an t-olltoghchán ar na bacáin i 1969.

Agus Peadar Ó Ceallaigh (1969: 1) ag trácht ar an olltoghchán sin ina eagarfhocal ar *Amárach*, dúirt sé nach mbeadh an Ghaeilge riachtanach in aon phost Stáit feasta dá dtoghfaí Fine Ghael agus Páirtí an Lucht Oibre sa toghchán. Mhaígh sé go raibh gealltanais faighte ag an LFM go gcuirfeadh na páirtithe sin beartais an LFM i bhfeidhm dá dtoghfaí iad. D’fhág sin go raibh an LFM ag stocaireacht go gníomhach ar son Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre san olltoghchán seo (Ó Riain, 1994: 194). D’impigh an Ceallach ar lucht na Gaeilge, dá bharr sin, machnamh go coinsiasach ar mhianta an LFM agus an freagra cuí a thabhairt ar ‘ionsaí namhaideach’ i gcoinne na Gaeilge ar lá an olltoghcháin (Ó Ceallaigh, 1969: 1).

Dúradh in alt eile ar *Amárach* go raibh lámh agus scian nochtaithe ag an LFM chun ‘ionsaí lom a dhéanamh ar cheart na Gaeilge.’ Chuige sin, bhí fuinneamh na heagraíochta dírithe ar Fhianna Fáil a dhíbirt ón rialtas. Bhí tionchar agus cumhacht

an LFM á n-imirt ar vótóirí chun a meon a athrú i gcoinne Fhianna Fáil, dar le hAmárach. Dúradh go raibh an LFM ag dul ó dhoras go doras ag scaipeadh duillíní bolscaireachta ar dhaoine inar ionsaíodh Fianna Fáil (Amárach, 1969a: 1). Sna duillíní úd, tugadh sraith ceisteanna do lucht tacaíochta Fhianna Fáil chun iad a spreagadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar a dtiomantas don bheartas teanga:

MEMBERS OF FIANNA FÁIL!

HERE ARE SOME QUESTIONS WHICH WE WOULD LIKE TO ASK YOU:

- Do you seriously believe that your Party's policy of compulsory Irish is helping the cause of true Irish unity?
- Do you really believe that compulsion and discrimination are the best means available to promote the Irish language?
- Are you aware of the fact that language discrimination violates human, civil, and parental rights?
- Do you realise that Fianna Fáil's policy on the Irish Language has failed, and that it has tainted the language with bigotry, fear, intolerance, and hypocrisy, resulting in today's countrywide apathy towards Irish?
- Do you feel that it is time to re-examine closely Fianna Fáil's language policy in the light of modern needs and conditions? (LFM, 1969b).

Anuas ar na duillíní sin, bhí póstaer á gcrochadh ag an LFM inar cáineadh Fianna Fáil mar 'pháirtí na Gaeilge.' Tugann *Amárach* 'ionsaí mailíseach ar an teanga' agus 'ionsaí nimhneach' ar fheachtas an LFM.

Níor éirigh leis an LFM an ceann is fearr ar Fhianna Fáil in olltoghchán 1969 áfach agus thapaigh *Amárach* an deis seo chun a ríméad a chur i láthair a léitheoirí ar 27ú Meitheamh 1969. Mhaígh *Amárach* gur tháinig Fianna Fáil slán le tromlach de 75 suíochán in ainneoin réamhaisnéis na nuachtán eile, ach amháin *Amárach*, go dtarlódh a mhalairt. Dhearbhaigh an nuachtán gurbh é seasamh náisiúnta Fhianna Fáil don Ghaeilge agus do dhúchas na hÉireann ba bhunús le bua an pháirtí sin sa toghchán (Amárach, 1969b: 1).

D'áitigh *Amárach* gur thug an LFM 'póg an bháis' do Fhine Gael agus don Lucht Oibre san olltoghchán. Chuir an dá pháirtí sin lámh ina mbás féin, dar leis an nuachtán, nuair a cheangail siad le 'seoiníní' an LFM agus léirigh toradh an toghcháin go raibh seasamh phobal na hÉireann leis an nGaeilge, dar le hAmárach (Amárach, 1969b: 1).

Bíodh is gur tháinig an Ghaeilge slán in olltoghchán 1969, dar le hAmárach, bhí athruithe sa bheartas teanga ar na bacáin tar éis an olltoghcháin i 1973 nuair a toghadh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre sa Chomhrialtas Náisiúnta.

### 6.5.3 LFM & Fine Gael: Forluí Dioscúrsach?

Mar a phléigh mé i gCaibidil a Cúig, áitíonn Mac Aonghusa agus Ó Caollaí beirt gur tháinig an LFM faoi anáil Fhine Gael agus faoi thionchar mhúnla Garret FitzGerald go háirithe (féach 5.6.2). Áitítear gur thug FitzGerald mar aon le Fine Gael stádas d'argóintí in aghaidh na Gaeilge, argóintí ar bhain an LFM úsáid astu ina ábhar bolscaireachta (Agallamh 2013). Aithníonn Roderick Buckley go raibh cosúlachtaí idir beartais mholta Fhine Gael, Garret FitzGerald agus an LFM ach deir sé, mar sin féin, go raibh an ghluaiseacht neamhspleách ar aon pháirtí polaitíochta:

[...] there was no party political involvement in LFM//I think clearly there was some similarity in the emerging Fine Gael policy and in what the LFM wanted//but I think the main impetus for the LFM was really that Fianna Fáil seemed to be restating and reinforcing their compulsory Irish policy//and well Fine Gael had lost so many elections that//if you like/ the sort of sit back and say Fine Gael will sort it all out some day didn't at that time seem a very good approach//so I think totally independently of Fine Gael/LFM had its own policy//even if broadly similar to Fine Gael's. The FitzGerald articles made no impression on me//there is certainly an interesting overlap there and he expresses it very clearly and forcefully// but I have no recollection of anybody relying on that//referring to it (Agallamh le Buckley, 2011).

Tagann Martin Reynolds leis seo freisin. Áitíonn sé gur ghluaiseacht neamhpholaitiúil í an LFM a bhí comhdhéanta de dhaoine a bhí báúil leis na páirtithe polaitíochta ar fad. Comhtharlúint ab ea an forluí dioscúrsach seo idir LFM agus Fine Gael, dar le Reynolds. Ní dóigh leis gur fhág FitzGerald aon rian ar an LFM ach gurbh iad cnámha spairne na ndaoine sin, a d'fhulaing iarmhairtí bheartas na Gaeilge éigeantaí, a chuaigh i bhfeidhm ar an ngluaiseacht (Agallamh 2011).

Bhí Garret FitzGerald ina aoichainteoir ag seisiún díospóireachta sa *Municipal Theatre* i bPort Láirge ar an 25ú Samhain 1966. Anuas ar FitzGerald, tugadh cuirí do Christopher Morris (Cathaoirleach an LFM), don Seanadóir Michael O'Kennedy (Fianna Fáil) mar aon le Dónall Ó Móráin (Cathaoirleach Gael Linn) chun athbheochan na Gaeilge a phlé (Irish Independent, 1966a: 7). Bhí Richard Clear i láthair ag an díospóireacht seo agus mheas sé go raibh FitzGerald báúil leis an ngluaiseacht:

[...] Dr FitzGerald could see that there was an elephant in the room and//it was plainly obvious to him that a lot of people were being//were suffering from the language//they were debarred from getting jobs and they were sent abroad without//it would have been far better if the schools had given them

more time to to the improvement of English so that they would be articulate when they would go abroad (Agallamh le Clear, 2013).

Míníonn Buckley nár stocaireacht dhíreach ba chúis leis an bhforluí beartais seo ach gur tharla sé go nádúrtha de bharr oscailt súl agus aigne na seascaidí i gcoitinne. Is é sin le rá go raibh na seanfhoinní féiniúlachta á gceistiú ag sciar ní ba leithne den phobal agus d'fhág sin go raibh ní ba mhó daoine ag teacht ar na conclúidí céanna maidir leis an nGaeilge éigeantach:

I think it just happened that/ if you like, people were awakening a bit from their slumbers and in various ways questioning things and you know quite unconnected groups would query compulsory Irish without any collaboration between them (Agallamh le Buckley, 2011).

Toghadh Fine Gael i gcomhrialtas le Páirtí an Lucht Oibre i 1973 agus chiallaigh sé sin go raibh deis acu beartas an *Just Society* a chur i bhfeidhm. D'fhág sin gur chuir Dick Burke deireadh leis an nGaeilge éigeantach don Ardteist i 1973 agus gur chuir Richie Ryan deireadh leis an nGaeilge éigeantach don státseirbhís ar an 27 Meán Fómhar 1974. D'fháiltigh an LFM go mór roimh na hathruithe beartais seo:

We have been campaigning for this historic reform in Ireland since LFM was founded. It was sheer hypocrisy for Southern people to have been so self-righteous about discrimination in other countries, especially Northern Ireland (where incidentally discrimination is illegal according to the law), while all the time discrimination has been applied legally to every citizen seeking employment in the public service of the Irish Republic (Walsh, 1974: 4).

Is cinnte go bhfuil lorg an LFM le sonrú ar bheartais Ghaeilge Fhine Gael le linn na tréimhse seo. Ag tarraingt dó ar cháipéisí agus ar mheamraim Stáit sa Chartlann Náisiúnta, léiríonn an t-iarChoimisinéir Teanga (go dtí 2014), Seán Ó Cuirreáin, gur thuig cuid de na státseirbhísigh i Roinn an Taoisigh mar aon le Richie Ryan agus Taoiseach na linne, Liam Cosgrave, an droch-éifeacht a bheadh ag an athrú beartais ar sholáthar seirbhísí Gaeilge sa státchóras (Ó Cuirreáin, 2013).

Pléadh an cheist seo sa Dáil freisin ar an 5ú Nollaig 1974. I bhfianaise go raibh beartas an LFM curtha i bhfeidhm ag Ryan, shantaigh Jim Tunney, ar Theachta Dála de chuid Fhianna Fáil é (1969-92), a fhiosrú cé leis a ndeachaigh Ryan i gcomhairle

agus cinneadh á dhéanamh aige fáil réidh leis an nGaeilge éigeantach, mar a dúirt Tunney sa Dáil<sup>90</sup>:

An bhfuair tú tuairimí ó na cumainn fóirne agus óna lán sa tír go bhfuil suim dáiríre acu sa Ghaeilge nó ar fhan tú le San Siobhán [Joan O'Brien] agus an LFM? (Tunney, 1974).

Léiríonn Ó Cuirreáin go raibh roinnt grúpaí difriúla, an LFM agus ceardchumann de chuid na státseirbhíse san áireamh, ag déanamh stocaireachta ar an gcomhrialtas chun go bhfaighfí réidh le riachtanas na Gaeilge:

Nuair a scrúdaítear na meamraim agus na cáipéisí eile sa Chartlann Náisiúnta, is léir go raibh tacaíocht mhór i measc na n-ardstátseirbhíseach do mholtaí an Aire [Ryan]. Ach tagann léargas eile chun tosaigh freisin – go raibh stocaireacht láidir agus leanúnach in aghaidh riachtanas na Gaeilge ó cheardchumann áirithe de chuid na státseirbhíse, ó eagraíochtaí a bhí ag feidhmiú thar ceann mhuintir Thuaisceart Éireann, thar ceann chlanna na n-imirceach a bhí ag filleadh ar an tír seo, thar ceann daoine le míchumas nach raibh Gaeilge mar ábhar scoile acu agus ar ndóigh ag an nGluaiseacht Saoirse Teanga, .i., LFM, Language Freedom Movement – grúpa a bhí naimhdeach i leith ról an Stáit i gcur chun cinn na teanga (Ó Cuirreáin, 2013).

Léiríonn taighde Uí Chuirreáin, mar sin, go raibh an LFM i measc na ndreamanna sin a rinne stocaireacht ar an gcomhrialtas.

#### 6.5.4 Stocaireacht ar Fhine Gael

Ba é modh stocaireachta an LFM léachtaí agus cruinnithe poiblí a reáchtáil ar fud na tíre chun feasacht a ardú agus a mhúscailt i measc an phobail agus i measc na bpolaiteoirí araon faoi chnámha spairne na heagraíochta. Mar chuid den ardú feasachta sin, seoladh litreacha chuig na nuachtáin chun síol na corraíola a chur (stocaireacht indéach). Ina theannta sin, cuireadh aighneachtaí agus litreacha faoi bhráid polaiteoirí (stocaireacht dhíreach).

Deir Morris gur tháinig Fine Gael faoi anáil ag argóintí an LFM agus gur chuir an páirtí sin na beartais sin i bhfeidhm, as a stuaim féin, nuair a toghadh é:

[In] Fine Gael there was a latent lack of interest in the language compared with//It wasn't a politically part of the structure that Fianna Fáil had made it for themselves to which they paid lip service/ it wasn't that same thing in Fine Gael and when they got into power and arising from the LFM I'm sure they saw fit to change it (Agallamh le Morris, 2010).

<sup>90</sup> Táim buíoch den iarChoimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, a chuir an tagairt seo ar mo shúile dom.

Maíonn Morris nár dearnadh stocaireacht ar Fhine Gael d'fhonn beartais an LFM a chur ina luí ar an bpáirtí sin ach go bhfacthas gur bhain ciall le hargóintí an LFM, mar a mhíníonn Crummey:

[...] I think people in Fine Gael for instance were beginning to see/ without necessarily being lobbied or anything/ that it made sense/ that it was the right thing to do and its what the people wanted/ the majority of the people/ I believe that the LFM represented the majority whereas the Gaelic League represented a little niche of vested interests (Agallamh 2010).

Admhaíonn Morris go bhféadfadh go ndearna baill eile den LFM stocaireacht dhíreach ar an bpáirtí áfach. Deir Mary Keane<sup>91</sup>, cuir i gcás, go mbíodh John B. Keane i dteagmháil leis an Teachta Dála le Fine Gael i gCiarraí Thuaidh, Gerard Lynch, chun ceist na Gaeilge éigeantaí a phlé. Bhí Lynch ina Theachta Dála idir 1969 agus 1977 agus bhí sé ina bhall den LFM chomh maith. Léirigh mé níos túisce sa chaibidil seo freisin go raibh teagmháil idir an LFM agus an tOllamh John M. Kelly, ar Sheanadóir le Fine Gael é agus ar dhuine é a raibh baint aige leis an *Irish Association of Civil Liberty* (féach 6.4.2). Is díol spéise é go raibh Kelly ina rúnaí parlaiminte ag an Taoiseach Liam Cosgrave i 1973 freisin. Ina theannta sin, bhí Alexis FitzGerald ina Sheanadóir le Fine Gael agus é ar dhuine de phátrúin an LFM. Deir Buckley gurbh í ballraíocht Alexis FitzGerald an t-aon nasc ‘oifigiúil’ idir Fine Gael agus an LFM go bhfios dó:

Senator Alexis FitzGerald who died some years back/ he again would have been on the liberal wing of Fine Gael/ aligned with Garret FitzGerald and Declan Costello and so on//but his patronage of the LFM was as close as I'm aware of us coming to an involvement with Fine Gael and at that time he wasn't a front bench Fine Gael person/ he was just a Senator/ a lawyer/ a Fine Gael supporter and as well as all that an LFM supporter (Agallamh le Buckley, 2011).

Deir an t-iarThaoiseach John Bruton<sup>92</sup>, a bhí ina rúnaí parlaiminte don Aire Oideachais Dick Burke (1973-76), go raibh sé meallta chuig Fine Gael sna seascaidí

<sup>91</sup> Fuair John B. Keane bás ar an 30ú Bealtaine 2002 (Smith & Hickey, 2004: 326). Chuir mé agallamh ar a bhaintreach, Mary Bean Keane, chun an taighde seo a chur i gcrích.

<sup>92</sup> Duine is ea John Bruton a thagann go mór le cruinneshamhail an náisiúnachais pholaitiúil faoi mar a thuig John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann í (féach 2.2.1). Chuir sé an tuairim sin in iúl in alt dar teideal ‘Redmond was a realist – some successors were not’ a foilsíodh ar an *Irish Times* ar an 13ú Aibreán 2012 (féach: Bruton, 2012: 12). Bhí an fheaslúnacht chéanna le haireachtáil i gcaint a thug sé uaidh in Ambasáid na hÉireann i Londain in Aibreán 2014 agus céad bliain ón Acht Féinrialach 1914 á chomóradh. San óráid úd, bhí sé an-cháinteach i leith Phádraig Mhic Phiarais ar an mbonn gurbh é, dar le Bruton, a spreag an foréigean ba chúis leis an gCogadh Cathartha mar aon leis na trioblóidí sa Tuaisceart ó na 1960í i leith: ‘It is a very hard to be both a fan of Pádraig Pearse and

de bharr bheartais an pháirtí sin i leith na Gaeilge éigeantaí mar aon leis an tacaíocht a thug leithéidí James Dillon agus Paddy Belton don LFM. Gáir mhothúchánach, nárbh fhéidir a cheistiú, a bhí sa reitric a bhain le hathbheochan na Gaeilge, dar le Bruton, in ainneoin gur bheag an seans a bhí ann riamh go mbainfí an cuspóir sin amach:

It [athbheochan na Gaeilge] was never going to be achieved but few would have the courage to say so: to be against promoting the Irish language by compulsion was to be ‘pro-British’, and in those times few wanted to be seen to be that. The Language Freedom Movement (LFM) of the 1960s challenged this dogma, seeking to remove the artificial preference given to those who did their exams using Irish, and to allow students a choice, after their Intermediate Certificate, to give up Irish in favour of other subjects. The LFM was subject to virulent criticism, exposing a deeply unattractive level of intolerance in conventional thinking in Ireland at the time. A number of Fine Gael politicians such as James Dillon and Paddy Belton gave them courageous support, and that would have increased my affinity with that party (Bruton, 2006: 18).

Is léir, mar sin, go raibh nasc idir an LFM agus Fine Gael ó thaobh ballraíochta agus ó thaobh meoin de. D’fhág sin go raibh codanna de Fhine Gael báúil leis an LFM agus gur tháinig Fine Gael, dá bharr sin, faoi anáil stocaireacht an LFM, bíodh sé díreach nó indíreach.

Ar an ábhar sin, maíonn Reynolds go raibh an-rath ar fheachtas an LFM agus go ndeachthas i bhfeidhm, dar leis, ar Dick Burke agus ar Richie Ryan dá réir sin. Tagann Clear leis seo freisin:

It was bound to have some influence//we had no power but I mean//not very much power but I mean//I’m sure people realised there was some logic in what we were saying//I think people might have begun to see that there was some sanity in LFM that we weren’t out to topple the government or take over in Hitler fashion//it had some influence alright (Agallamh le Clear, 2013).

### 6.5.5 Anailís

Bíodh is go ndeir an LFM go raibh an eagraíocht neamhspleách ar aon pháirtí polaitíochta, is léir go raibh trasnáil meoin, a bhí fréamhaithe sa liobrálachas clasaiceach, idir an LFM agus Fine Gael maidir leis an nGaeilge éigeantach agus maidir leis an nGaeilge mar mheán teagaisc bunscoile.

---

of John Redmond. And I am a Redmondite, and I always have been,’ a dúirt sé (féach: Hennessy, 2014: 5).



Léirigh mé sa rannóg seo go raibh trasnáil bhallaíochta idir Fine Gael agus an LFM – Martin Reynolds, Alexis FitzGerald agus Gerard Lynch. Ina theannta sin, léirigh mé go raibh daoine i bhFine Gael a bhí báúil leis an LFM – James Dillon, Paddy Belton, John Kelly, John Bruton agus Garret FitzGerald. An rud is suntasaí faoi seo ná go léiríonn taighde Uí Chuirreáin gur fhág an LFM a rian ar chinneadh Fhine Gael deireadh a chur leis an nGaeilge éigeanach sa státchóras.

Dá bharr sin, spreagann an rannóg seo dhá cheist a mbeidh orm aghaidh a thabhairt orthu sa chonclúid (Caibidil a Seacht), áit a mbeidh mé in ann faisnéis Chonradh na Gaeilge a phlé freisin:

- Ar eascair an LFM as Fine Gael?
- Ar eascair beartais Fhine Gael as an LFM?

Gné eile de dhioscúrsa an LFM, a ndeachthas ina muinín go minic, ab ea an Ghaeilge éigeantach mar aon leis an nGaeilge mar mheán teagaisc a bheith ina mbac ar an dul chun cinn geilleagrach.

## 6.6 Ceist an gheilleagair

Tháinig forbairt as cuimse ar chúrsaí geilleagair in Éirinn sna seascaidí mar thoradh ar chlár forbartha eacnamaíochta Lemass/Whitaker. Bhí Éire ag athrú go mór le linn na tréimhse sin dá bharr, rud a d'fhág gur thosaigh an tír ag tabhairt a cúil le seanluachanna an athghaelaithe agus na talmhaíochta agus thosaigh sí ag dul i dtreo an nua-aoiseachais, dar le Garvin (2009: 188). Anuas air sin, bhí Éire i mbun stocaireachta chun ballraíocht sa chomhphobal Eorpach a bhaint amach. Bhí an rialtas den tuairim go raibh todhchaí gheilleagrach na hÉireann ag brath ar chúinsí seachtracha agus is ar an mbonn sin gur aistríodh an bhéim ón athghaelú go dtí an fhorbairt thionsclaíoch idirnáisiúnta. Bhí an t-athrú fócais céanna le haireachtáil sa Pháipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge i 1965, mar a deir Ó Croidheáin:

The shift from restoration to bilingual policies occurred because of a move from post-war economic nationalism to state dependence on outside forces [...] the inevitable move towards the EEC shifted cultural emphasis towards compliance with the political and economic needs of multi national industry (2006: 197).

Bhí an t-athrú seo i reitric an Stáit mar chuid de phróiseas ní ba leithne nua-aoisithe, próiseas inar ghá an córas oideachais mar aon leis an ngeilleagar a chur in oiriúint do

riachtanais na forbartha go mórmhór agus an Comhaontú Saorthrádála idir Éire agus an Bhreatain díreach socraithe i 1965.

Chuige sin, d'fhoilsigh Pádraig Ó hIrgile agus é in Aire Oideachais de chuid Fhianna Fáil tuarascáil dar teideal *Investment in Education* (Féach 5.7.1). Agus Garret FitzGerald ina sheanadóir agus ina urlabhraí Oideachais de chuid Fhine Gael, áitíodh i mbeartas oideachais an pháirtí sin dar teideal *Fine Gael policy for a Just Society: Education*, a seoladh i Samhain 1966, go raibh scoláirí bunscoile na hÉireann thíos leis, i gcoibhneas lena gcomhionann sa Bhreatain, de bharr róbhéim na Gaeilge sa chóras scolaíochta. D'fhágfadh seo go mbeadh iarscoláirí na hÉireann faoi mhíbhuntáiste amach anseo agus iad ag dul ar imirce:

[...] it is with the former pupils of British schools that a large fraction of our school children have to compete directly as emigrants, while the remainder form the future labour force of an Irish economy which is proposing to compete on equal terms with Britain within the proposed Anglo-Irish Free Trade Area, to mention the mere economic aspects of the situation (Irish Times, 1966g: 1).

Is díol suntais é go mbíodh an LFM ag tarraingt ar an díoscúrsa seo freisin.

### 6.6.1 Eisimirce

Bhí an scríbhneoir John B. Keane ar dhuine de phátrúin an LFM. Deir Mary Bean Keane go raibh an Ghaeilge éigeantach agus an imirce ag déanamh buartha dá fear céile agus gurbh í sin an chúis a raibh athrú beartais á mholadh aige féin agus ag an LFM. Cheap John B, dar léi, gur cuireadh an iomarca béime ar theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna agus gur fhág sé sin baicle mhór daoine ag dul thar lear ar imirce gan an litearthacht chúí a bheith acu sa Bhéarla:

[...] I thought that you know that a lot of our young girls and boys were leaving the country emigrants uneducated/ some of them weren't able to write at all and I always blamed the Irish for it because Irish was so much emphasised in the schools/ they got extra points and they got extra bits of cash here and there for teaching Irish and for teaching subjects through Irish [...] [John B] was worried for the whole country/ John was/ he wasn't only for his own children at all/ he was worried for the whole country because it was an awful thing/ an awful thing/ and it was an awful handicap (Agallamh le Keane, 2010).

Tagann Clear leis seo freisin agus é ag trácht ar a chuimhní cinn i scoil de chuid na mBráithre Críostaí i Luimneach. Deir sé gurbh ann dóibh a bhí 'really fanatical' agus 'obsessed' faoi athbheochan na Gaeilge agus gur theastaigh uathu an t-idéal sin a

bhaint amach beag beann ar an ‘gcostas’ a theastódh chuige. Léiríonn seo, is dóigh liom, go raibh dhá chiall dhifriúla i gceist ag an LFM agus é ag trácht ar ‘chostas’ an bheartais teanga. Bhí an costas airgeadais ann ar ndóigh ach ina theannta sin bhí an ‘costas’ daonna agus an íobairt phearsanta a d’fhulaing scoláirí chun an athbheochan a bhaint amach, dar leo. Bhí an íobairt sin míchothrom, a deir Clear, sa mhéid is go raibh sí á fulaingt ag daoine bochta a raibh orthu an bád bán a thabhairt orthu féin:

[...] this obsession a lot of people had about the restoration of the Irish language at any price and I thought the price was too much/ much too high because of the devastation that it had brought on the unfortunate poor and those that had to emigrate so//they were going to England illiterate in two languages and I thought it was a crime to inflict/ however beautiful the Irish language was/ this was not what they needed/ what they needed were the three Rs and to be fairly articulate and to be able to stand up to interviews in England/ not to be so brow beaten and ashamed (Agallamh le Clear, 2013).

Léiríonn seo, faoi dhioscúrsa an LFM, gurbh iad na daoine ba bhoichte sa tsochaí ba mhó a bhí thíos leis an nGaeilge éigeantach. Shantaigh an LFM na daoine sin a ‘fhuascailt’ ón ualach sin.

Anuas ar an nGaeilge a bheith ina míbhuntáiste dóibh siúd a raibh orthu dul ar imirce, cuid fhollasach de dhioscúrsa an LFM ab ea cur chun cinn na Gaeilge a bheith ina bhac ar an ngeilleagar.

### **6.6.2 An Ghaeilge: Bac ar dhul chun cinn an gheilleagair**

Tagann sé chun solais i ndioscúrsa an LFM gur leagadh an-bhéim go deo ar a thábhachtaí is a bhí an Béarla don tír mar acmhainn gheilleagrach agus thrádála go mórmhór agus Éire ar tí dul isteach sa chómhargadh Eorpach. Chiollaigh sin, a deir Crummey, go ndéanfadh beartas ‘aonteangach’ Fhianna Fáil dochar don gheilleagar:

Fianna Fáil policy at the time/ and this was terribly important/ was the replacement of English by Irish in our everyday lives which would have been economic suicide because as I said we were coming up to joining Europe and to join Europe and trying to stop us speaking an international language was just stupid to say the least (Agallamh le Crummey, 2010).

Tagann Reynolds leis seo freisin. Buntáiste as cuimse, a deir sé, is ea teanga dhomhanda ar nós an Bhéarla don tír agus nach mbaineann aon tábhacht leis an nGaeilge sa lá atá inniu ann agus Éire ina ball den Aontas Eorpach:

I think that it’s [an Ghaeilge] /something that we should hold onto for historic and social reasons but I don’t think it plays any important part whatever in

our lives/ we are in the European Union/ we are lucky to be living in a country that is part of a former Empire that spread its language over 60% of the entire world and that at the moment the world language is English and when we were forced to emigrate/ when the Irish were forced to emigrate they were emigrating illiterate in two languages (Agallamh 2011).

Léiríonn seo na buntáistí agus na suáilc, mar a samhlaíodh faoi dhioscúrsa an LFM iad, a bhain leis an mBéarla mar mhórtheanga dhomhanda. Tugann an staraí JJ Lee dúshlán don dhioscúrsa sin faoina gceaptar gur gá an mhionteanga a thréigeadh mar íobairt chun an infheistíocht thionsclaíoch a mhealladh isteach sa tír<sup>93</sup>:

[...] it can be seen that the burden of the small language did not suffice to prevent Sweden, or Norway, or the Netherlands, or Flanders, from exporting successfully to Britain, from growing more rapidly than Britain since the late nineteenth century, and from overtaking British living standards in the course of the twentieth century (1989: 663).

Bíodh sin mar atá, bhí cur chun cinn an gheilleagair in úsáid ag an LFM mar fhianaise dhioscúrsach go mba cheart deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach agus deireadh a chur leis an nGaeilge mar mheán teagaisc bunscoile freisin. Chuige sin, bhí roinnt daoine a raibh baint acu le saol an ghnó ceaptha ina bpátrúin ag an LFM le léiriú go raibh faitíos ar dhaoine sa réimse sin faoin gcóras oideachais.

### 6.6.3 Pátrúin an LFM

Fógraíodh liosta pátrún<sup>94</sup> an LFM i mí Lúnasa 1966. Míníonn Buckley an réasúnaíocht laistiar de cheapachán na bpátrún sin:

[...] I think to give a bit of substance to LFM and to say these are not just all crazy people or whatever, there are eminent respectable people who support LFM's policies and [...] who are lending their names as public supporters (Agallamh le Buckley, 2011).

<sup>93</sup> Ábhar is ea é seo a phléann Walsh go mion ina leabhar *Contests and Contexts: The Irish language and Ireland's Socio-Economic Development* (2011).

<sup>94</sup> Professor George A. Duncan, M.A., LL.B. (Dublin), Alexis FitzGerard (Dublin), Professor Michael G. Harrington, M.Sc., Ph.D. (Dublin), John J. Horgan, LL.D. (Cork), John B. Keane (Listowel), David Lane, FRCS, FRCSI (Dublin), Séamus Mac Grianna 'Máire' (Dublin), Denis J. Murphy (Cork), J.B. Roche (Newbridge), Senator Owen Sheehy Skeffington (Dublin), G.M. Wheeler., FCA, FCIS (Dublin) (Irish Times, 1966a: 6). Eisiódh leagan leasaithe de na pátrúin thart ar 1970; Rev. Fr. P.J. Brophy, St Patrick's College, Carlow; Dr. Patrick Byrne, PhD., M.E., B.Sc., Cork; Michael H. Coote, F.Inst.M., Dublin; John Edmund Doyle, Solicitor; Professor G.A. Duncan, F.T.C.D., M.A., LL.B., Dublin; Dr. John D. Jackson, Ph.D., Co. Dublin; Rev. Wynne Jones, MA., Dip.Ed., Co. Limerick; John B. Keane (Playwright), Listowel; David Lane, F.R.C.S., Dublin; Christopher Morris, A.I.A.A., Architect, Dublin; Thomas J. McElligott, M.A., Dublin; Mrs Joan O'Brien, N.T., Monkstown, Co. Dublin; G.L.M. Wheeler, F.C.A., F.C.I.S., Dublin (LFM, c.1970).

Bealach ab ea na pátrúin seo chun aidhmeanna na heagraíochta a dhlisteanú i measc an phobail leis an aidhm go spreagfaí daoine eile chun tacú leis an eagraíocht, mar a dúirt Morris:

[...] LFM hoped by publishing this list to encourage Irish people of all walks of life to stand up proudly and be counted. The patrons had various political affiliations – what united them was their concern for Ireland’s future and the damage being done to it by a minority whose view was that Gaelic should be and could become the Irish vernacular (Irish Times, 1966a: 6).

I measc na bpátrún a ainmníodh, bhí roinnt daoine a raibh dlúthbhaint acu le saol an ghnó mar aon le saol tionsclaíochta na tíre, dar le Buckley (Agallamh 2011). Shocraigh cuid de na daoine seo tacú leis an LFM ar an mbonn, a deir Buckley, go rabhthas buartha faoin gcaighdeán oideachais sa tír de bharr an t-am a caitheadh ag plé leis an nGaeilge sa chóras. Bhí an baol ann, mar sin, nach mbeadh an córas oideachais ag freastal ar riachtanais an gheilleagair, mar a deir Buckley:

[...] I think perhaps one factor that you know brought a number of these in would have been concern about general educational standards and a feeling rightly or wrongly that the more time and space given to Irish the less potential future employees were going to be qualified in other things (Agallamh 2011).

Bhí G.M Wheeler, a bhí ina chathaoirleach ar an gcéad chruinniú de chuid an LFM i dTeach an Ardmhéara, ina cheannasaí ar Chumann Onnmhaireoirí na hÉireann. Bhí J.B. Roche bainteach le *Newbridge Industries* agus bhí Dennis J. Murphy ina stiúrthóir comhlachta i gCorcaigh. Triúr ab ea iad seo a raibh baint dhíreach acu le saol an ghnó agus bhí leasanna an réimse sin á gcur chun cinn acu. Is dóigh liom, dá bharr sin, gur thacaigh na daoine sin leis an LFM ar bhonn an réasúin ionstraimigh toisc gur theastaigh uathu leasanna ábharacha agus geilleagracha a chosaint (féach 3.2.2).

#### **6.6.4 Anailís**

Má chuaigh roinnt ball den LFM isteach san eagraíocht ar bhonn aisfhillteach agus mothálach, léiríonn an rannóg seo go ndeachaigh roinnt eile isteach ar bhonn réasúnach ar mhaithe lena leasanna geilleagracha féin a chur chun cinn agus a chosaint.

Léiríonn an rannóg seo freisin go raibh an LFM agus Fine Gael araon ag comhtharraingt ar an dioscúrsa céanna. Is é sin le rá go bhféadfadh páistí na

hÉireann a bheith thíos leis i gcoibhneas lena gcomhionann sa Bhreatain de bharr an t-am a caitheadh ag plé leis an nGaeilge ar scoil. D'fhág sin go raibh an baol ann, dar le Keane, Reynolds agus Clear, nach mbeadh an litearthacht chuí ag na hiarscoláirí seo agus iad ag dul ar imirce. Ina theannta sin, tharraing Fine Gael agus an LFM araon ar an liobrálachas clasaiceach chun 'saorthoil' na dtuismitheoirí maidir leis meán teagaisc ab fhearr leo a chur chun cinn. Ba chuid fhollasach de dhioscúrsa an LFM é freisin gur bhuntáiste as cuimse é an Béarla don tír agus Éire ar tí dul isteach sa Chómhargadh Eorpach. Léiriú is ea é seo, dar liom, ar idé-eolaíocht nua-aoiseach an LFM ina ndearna an comhthéacs geilleagrach domhanda mar aon leis an nua-aoisiú tarchéimniú ar an gcomhthéacs agus ar an bhféiniúlacht náisiúnta.

Sa chéad rannóg eile, is mian liom cur síos a dhéanamh ar na hidé-eolaíochtaí teanga faoinar cruthaíodh dioscúrsa na fuascailte mar aon le dioscúrsa an fhrithcheannais.

## **6.7 Idé-eolaíochtaí teanga á dtáirgeadh**

I rannóga luatha na caibidle seo léirigh mé an chaoi ar chruthaigh an LFM bríonna chun féiniúlacht na heagraíochta a chur in iúl. Chuige sin, cruthaíodh dioscúrsa frithcheannasach trí dhul i muinín friotal liobrálach na gceart daonna agus na fuascailte. Laistigh den dioscúrsa sin, táirgeadh bríonna a thug le fios gur bhain lucht na Gaeilge le meon aonchineálach agus antoiseach a bhí fréamhaithe i bhfís cheartchreidmheach na cléire, de Valera agus Fhianna Fáil den saol.

Chomh maith leis an íocónú, is mian liom sa rannóg seo plé a dhéanamh ar an bpróiseas táirgiúlachta faoinar chruthaigh an LFM dioscúrsaí chun an Ghaeilge féin mar aon lena tábhacht don náisiúntacht Éireannach a thuiscint agus a mhíniú. Cuirim romham sa rannóg seo mar sin, cur síos a dhéanamh ar na hidé-eolaíochtaí teanga a bhí ina mbonn faoi dhearcthaí an LFM i leith na Gaeilge agus na náisiúntachta araon.


### **6.7.1 Innéacsúlacht: *Gaelic* nó *Irish***

Sampla den innéacsúlacht is ea cleachtas an LFM úsáid a bhaint as an bhfocal *Gaelic* agus an eagraíocht ag trácht ar an nGaeilge. Míníonn Frank Crummey, ar bhall den LFM é, céard ba bhunús leis an nós seo ina dhírbeathaisnéis. Deir sé:

For the LFM, 'Irish' and 'Gaelic' were the same language but we preferred the term Gaelic because we viewed it as the language of the past, not a modern language (Crummey, 2009: 71).

Sa chás seo, tá *Gaelic*, agus an Ghaeilge dá réir, á nascadh ag an LFM le nóisin shóisialta a innéacsáíonn an seansaol nach ann dó a thuilleadh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, léiríonn an LFM nasc tagrach idir an Ghaeilge agus an seansaol, rud a chruthaíonn innéacs bríonna a thugann le fios nach bhfuil an Ghaeilge in oiriúint don saol nua-aimseartha. Tagann Richard Clear leis an tuairim seo freisin:

[...] it was a language of the past//they had no words for /television/ they had to invent words so the language was very deficient in certain areas (Agallamh le Clear, 2013).



Figiúr 6-5: Innéacsúlacht – cruthú féiniúlachta don teanga ('Gaelic')

Tugann an staraí J.J. Lee, duine a bhfuil an Ghaeilge ar a thoil aige féin, dúshlán don téis seo a thugann le fios nach bhfuil sé ar chumas ag an nGaeilge freastal ar riachtanais an tsaol nua-aimseartha. Deir sé gurbh éigean do theangacha uile an domhain, agus an Béarla san áireamh, téarmaí nua a cheapadh ar bhonn rialta chun teacht i dtír ar fhorbairtí teicneolaíochta agus nach bhféadfaí a áiteamh, dá réir, go bhfuil an Ghaeilge 'lochtach':

It is sometimes asserted that Irish lacked the vocabulary of the modern technological world, and was therefore an 'inefficient language'. The argument, even if true, is trivial. All languages have to regularly improvise new terms. All languages lacked an adequate vocabulary for the economic changes occurring since the mid eighteenth century. Vocabularies appropriate to industrial society had to be forged in all languages. They were (Lee, 1989: 664).

Bríonna siombalacha a tháirgeadh ab aidhm don LFM agus nasc innéacsach á dhéanamh acu idir an Ghaeilge agus íomhánna seanfhaiseanta. Ar mhaithe leis an aidhm seo a dhlisteanú, sheol uachtarán an LFM, Christopher Morris, litir chuig Myles Dillon, a bhí ina Ollamh le Léann Ceilteach san Institiúid Ard-Léinn i mBaile Átha Cliath ag am, ag fiafaí de faoi bhailíocht an fhocail *Gaelic*. Sheol Dillon, a bhí báuil leis an LFM, litir ar ais chuig Morris ar an 22ú Lúnasa 1966 ina ndúradh:

I am always mildly offended when people call Irish ‘Gaelic,’ as it seems to imply the rejection of it as something alien to oneself [...] do say Irish when you mean Irish (Dillon, 1966).

Bíodh is go raibh Dillon báuil leis an LFM, tugann a ráiteas le fios, mar sin féin, gur theastaigh ón LFM a léiriú go folaithe nár bhain an Ghaeilge leo agus nár leo í dá bharr sin. Bealach ab ea úsáid an fhocail *Gaelic* le scoilt a dhéanamh idir iad agus an teanga, mar a deir Maolsheachlainn Ó Caollaí:

Níor luaigh siad an focal "Irish" ariamh. I gcónaí d'úsáid siad "Gaelic". Ba iarracht é sin le tabhairt le tuiscint gur rud í an Ghaeilge nach mbaineann le hÉireannaigh. Dá mba rud é go raibh fírinne ar bith ina gcuid ráitis nach raibh siad ach ag iarraidh leas na Gaeilge a dhéanamh, ní bheadh na cleasanna sin á gcleachtadh acu (Ó Caollaí, 2012).

Tá Ó Snodaigh ar aon fhocal leis an gCaollaíoch maidir leis an gceist seo:

Sin masla chun a léiriú //is chun gan an focal *Irish* a úsáid mar gur léir go bhfuil //má deir tú *Irish* gur cuid nádúrtha de dhaoine nó den Éireannachas é sin (Agallamh 2013).

Áitíonn Ó Caollaí agus Ó Snodaigh beirt gur theastaigh ón LFM a thabhairt le fios gurbh aonad seachtrach í an Ghaeilge nár bhain le hÉireannaigh. Is é sin le rá, nár mheas an LFM gur bhain tábhacht leis an nGaeilge mar chomhartha náisiúntachta, dar leo. Ach an oiread le cleachtas an LFM an focal ‘Gaeilgeoirs’ a úsáid agus iad ag trácht ar lucht na Gaeilge trí chéile, seanchleas ab ea é sin, dar leis gCaollaíoch, chun dream daoine a dhaoradh trí ainm díspeagúil a thabhairt air<sup>95</sup>:

If the language is defined as inferior so also, by implication, are its community and individual speakers (Ó Caollaí, 1976: 8).

Tugann Loether idé-eolaíocht an díspeagtha air seo.

<sup>95</sup> Ní miste a rá gur tharraing an Conradh ar an gcleas céanna trí íomhá shimplithe de fhéiniúlacht an LFM a tháirgeadh, mar a bhí: ‘dream Gallda agus Aontachtach,’ ‘iarBhriotanaigh’ agus ‘dream Fine Gaelach.’



### 6.7.2 Idé-eolaíocht an díspeagtha

Faoi idé-eolaíocht an díspeagtha, cruthaítear dioscúrsa a thugann le fios go mbaineann an mhionteanga le híomhánna íochtaránacha. Deir Loether (2009: 245) gur cur chuige náisiúnaíoch agus Eorpach é seo atá fréamhaithe sa choincheap go mba chóir teanga chaighdeánach amháin a bheith i dtreis i ngach aon náisiúnstát a bheadh ceannasach ar gach uile fhoirm urlabhra eile. Is é sin le rá go mbaineann gradam leis an mórthéanga agus ísleacht leis an mionteanga, mar a deir Field agus Kroskirty:

“ideology of contempt” [...] which uses a spurious social Darwinism to regard small languages as deficient and as outcompeted by superior [...] languages (2009: 6).

Tugann sé sin le fios go ndéanann lucht labhartha na teanga cumhachtaí/ceannasaí beag is fiú den mhionteanga trí scáth an amhrais a chur ar fheiliúnacht na teanga sin don saol nua-aimseartha. Tagann sé seo le O’Rourke:

Implicit or explicit judgements and evaluations about languages are often made leading to their categorization along bipolar lines as being ‘better’ or ‘worse’, ‘correct’ or ‘incorrect’, ‘logical’ or illogical’, ‘beautiful’ or ‘ugly’. These judgements capture the social conventions within speech communities concerning the status and prestige of different language (2011: 6).

De bharr úsáid an fhocail *Gaelic*, tá nasc innéacsach cruthaithe idir an Ghaeilge agus an seansaol nach ann dó a thuilleadh. Bunaithe ar thuirimí Uí Chaollaí agus Uí Shnodaigh araon, áitím gur dhioscúrsa é seo chun bailíocht na ndaoine sin a fheiceann nasc innéacsach idir an Ghaeilge agus an tÉireannachas a scriosadh. Bíodh sin mar atá, dearbhaíonn an LFM go follasach ina ráiteas cuspóra gur aithin an ghluaiseacht tábhacht na Gaeilge d’oidhreacht na hÉireann ag dul siar:

LFM recognises that Gaelic is part of our Irish heritage and therefore LFM supports the teaching of Gaelic in any programme of general education on a par with subjects of a broadly cultural character, as distinct from those subjects of immediate practical necessity (LFM, 1966).

Arís, sa chás seo, nasctar an Ghaeilge le ceist an chultúir agus na staire. Feictear, dá réir sin, córas luachála an LFM faoina ndéantar tomhas ar thábhacht na Gaeilge agus faoina n-idirdhealaítear an Ghaeilge ó na hábhair sin a mbaineann feidhm agus riachtanas praiticiúil leo. Ní fhaca an LFM go raibh aon fheidhm phraiticiúil ag an nGaeilge i bhforbairt ghairmiúil an duine:

The study of almost any subject can contribute to a full education so parents prefer their children to study subjects which, in addition to their general educational value, will have practical use in university or employment at home or abroad. Gaelic is not one of these subjects and LFM questions the wisdom of giving any favoured treatment to it in secondary education (LFM, c.1966c).

Léiríonn seo idé-eolaíocht fhóntaíoch an LFM i leith gach teanga.

### 6.7.3 Idé-eolaíocht an fhóntachais

Tá an fóntachas, i gcomhthéacs na hidé-eolaíochta teanga, fréamhaithe sa tuiscint gur gléas cumarsáide agus réasúnach amháin atá sa teanga agus nach mbaineann aon luach cultúrtha nó mothálach léi. Is é sin le rá go labhraítear an teanga is éifeachtaí agus is mó gradam agus ba ionann sin agus an Béarla faoi fhráma tuisceana an LFM (Leother, 2009: 246).

Mar a phléigh mé i gCaibidil a Cúig, ba ghnách le lucht an Chonartha tarraingt ar thuiscintí Sapir-Whorf go múnlaíonn agus go srianaíonn an teanga an bealach a dtuigeann lucht labhartha na teanga sin an saol (féach 5.5.3.1). Cuireann Morris go mór i gcoinne na dtuiscintí sin agus deir sé, dá réir, go bhfuil sé soiniciúil i dtaobh daoine a mhaíonn go dtéann an teanga i bhfeidhm ar a ndearcadh saoil agus ar a mbealach smaointeoireachta.

Ar an mbonn sin, cuireann Morris creidimh i leith an reiligiúin i gcomórtas le meonta i leith na teanga. Is é sin le rá go dtacaítear le reiligiún nó le teangacha ar leith ar an mbonn neamhréasúnach céanna. Fágann sin, a deir sé, nach bhféadfadh duine a mhíniú go réasúnach cén fáth a bhfuil creideamh acu sa chaoi chéanna nach féidir le lucht labhartha na Gaeilge a mhaíomh cén fáth a bhfuil an teanga de dhlúth agus d'inneach iontu:

I'm equating language with religion maybe to exaggerate the irrationality of it/ that it's not strictly speaking a rational thing. Language is a means of communication and if you regard it as a means of communication then you use the most efficient one and the Irish language was the most efficient one up until about 1500 or 1600 until we were taken over by the imperial power of Great Britain or England and then gradually English became the more efficient one. It was still a matter of communication and our minds are the important thing and what we have in our minds and not how we express it// and if you asked them [Gaeilgeoirí] to rationalise it ///like what do they see in language other than a means of communication/ they'd say 'it influences the way we think,' I don't believe that/ I don't believe that at all (Agallamh le Morris, 2010).

Fágann seo, a deir Morris, go músclaíonn an Ghaeilge tréith thar a bheith mothúchánach agus íogair i ndaoine, tréith neamhréasúnach dar leis. Murab ionann agus lucht na Gaeilge a chreideann go léirítear an cultúr trí mheán na teanga agus go bhfuil an teanga ‘aisfhilleach’ dá bharr, measann Morris gurb é neamhspleáchas ‘mheon’ an duine an rud is tábhachtaí agus is cuma, dá réir sin, faoin meán trína gcuirtear an meon sin in iúl. Ar an ábhar seo, thug Morris dúshlán don mheon eisintiúil ‘tír gan teanga, tír gan anam’ in óráid dá chuid ag diospóireacht faoi choimirce an Chumann Staire i gColáiste na na Tríonóide in Eanáir 1967. Dúirt sé:

[...] there are many examples of countries where national spirit is independent of language. LFM are sacred cow punchers not iconoclasts (Morris, 1967).

Ciallaíonn sé sin, dar le Morris, nach seachadtar an cultúr agus an náisiúntacht trí mheán na Gaeilge (Agallamh 2010).

Ar aon dul leis sin, áitíonn Reynolds nach mbaineann an Ghaeilge leis an bhféiniúlacht Éireannach. Cuirtear an fhéiniúlacht in iúl, a deir sé, trí mheán an Bhéarla toisc gurb é sin an phríomhtheanga a labhraítear sa tír:

Now I don't see it as part of our identity at all/ I think the fact that we speak English is part of our identity/ that's our main language/ we're very civilised/ very cultural/ very high level of education/ it's very highly regarded overseas/ we have an extraordinary high level of literacy if you compare us with other countries and an extra high level of people in third level education/ the people are very capable and very intelligent because they have been trained to be independent and think independently and they have been encouraged to think independently (Agallamh le Reynolds, 2011).

Tagann Richard Clear le Reynolds agus le Morris maidir leis an gceist seo. Tá amhras air faoin gcultúr a bheith de dhlúth is d'inneach sa teanga. Is dóigh leis gur mó cumhacht atá ag cúrsaí creidimh chun dul i gcion ar luachanna na ndaoine<sup>96</sup>:

I don't think that any language is anything more than a type writer and on it beautiful prose can be written or balderdash. They say that our culture and traditions are all embedded in the language/ I don't think that is really true/ it is to some extent but it is the religion that is more powerful in influencing the people in the country (Agallamh 2013).

Ní dóigh le Buckley gur cuid ‘riachtanach’ den náisiúntacht Éireannach í an Ghaeilge ach an oiread. Aithníonn sé, mar sin féin, gur fhág an Ghaeilge a rian ar an

<sup>96</sup> Tagann seo le tuairimí Kirby (2004) agus Brown (2004) a pléadh faoi rannóg 2.3.1. Is é sin le rá gur shamhlaigh an pobal é féin, den chuid ba mhó, le féiniúlacht Chaitliceach seachas le féiniúlacht Ghaelach nuair a bunaíodh an Saorstát.

gcaoi a labhraíonn Éireannaigh an Béarla sa lá atá inniu ann. Deir sé nach sainchomhartha den Éireannachas é líofacht a bheith ag duine sa Ghaeilge agus nach gcuirfeadh sé isteach, a bheag nó a mhór, ar ‘stádas náisiúnta’ na tíre dá gcaillfí an Ghaeilge:

No I think in a way//it is a part//in that a lot of the way we speak English has a lot to do with Irish and there are a lot of sentence constructions in how we speak English that you wouldn't hear from an English person or an American person//so in that sense yes it is part of what makes us what we are or makes us behave the way we do/ talk the way we do//but I wouldn't think that fluency in Irish is in any way a necessary part of being Irish/it's part of what has gone into making us but I wouldn't see it as you know//if it were to disappear I don't think it would affect our national status in any way (Agallamh 2011).

Dá bharr sin, ní dóigh le Buckley go dteastaíonn an teanga mar chomhartha náisiúntachta a idirdhealaíonn tíortha óna chéile:

I think language doesn't have that much to do with nationality really/ the United States is English speaking but very independent of the UK/ totally nationalistic/ totally concerned with its own interests so speaking the same language as another country doesn't prevent you from having your own nationalism or dealing with your own national interests (Agallamh le Buckley, 2011).

Ar an mbonn nach bhfaca an LFM aon bhaint a bheith ag an nGaeilge i gcruthú na náisiúntachta, áitíonn Ó Caollaí go raibh fíis an LFM fréamhaithe sa chiníochas:

An amhlaidh go bhfuil cáilíocht éigin sa bhfuil nó sna cnámha nó sna géinte ag muintir na hÉireann a choinneoidh a náisiúntacht slán gan an Ghaeilge (2013: 22).

Iarmhairt is ea an náisiúntacht ar phróisis shóisialta agus chultúrtha, dar leis an gCaollaíoch. Fágann sin nach bhfuil aon bhaint ag tréithe oidhreachtúla agus bitheolaíochta i seachadadh na náisiúntachta, dar leis:

From this it follows that any person whatever their physical characteristics and descent may become a member of a nation through cultural process (Ó Caollaí, 1976: 8).

Spéisiúil go leor, tá fíis dhaonlathach agus chuimsitheach den náisiúntacht á cur chun cinn ag an LFM agus ag an gConradh araon. Ar lámh amháin, deir Conradh na Gaeilge go bhféadfadh aon duine, beag beann ar thréithe bitheolaíochta (pór agus cine), a bheith ina bhall den phobal náisiúnta tríd an gcultúr a chleachtadh (féach 5.5.3.2). Ar an lámh eile, deir an LFM nár cheart cleachtadh an chultúir nó labhairt

na Gaeilge a bheith ina gcoinníoll le go bhféadfaí páirt a ghlacadh sa phobal náisiúnta sin. Fágann sin go bhfuil lucht labhartha an Bhéarla chomh hÉireannach céanna le lucht labhartha na Gaeilge, dar le Morris. Maíonn sé, dá bharr sin, nach bhfuil aon spéis aige san fhéiniúlacht náisiúnta nó in aon chineál náisiúnachais ach an oiread:

I'm not into national identity quite honestly/ as far as I'm concerned/ indeed/ my neighbour is all mankind and I dislike any nationalism not just Irish/ English/ French and //I have no time for it (Agallamh le Morris, 2010).

Tugann an sliocht seo le fios go bhfuil dearcadh domhanda, iltíreach agus leathan aige i leith a fhéiniúlachta féin, féiniúlacht atá frámhaithe sna cosúlachtaí aonfhoirmeacha i measc an chine daonna seachas i dtréithe cultúrtha a leagadh béim ar an éagsúlacht a mhaireann i measc an chine dhaonna. Ar aon dul le Morris, ní dóigh le Clear go mbaineann tábhacht leis an bhféiniúlacht náisiúnta ach an oiread:

[...] well it would be great if we could all forget our nationalistic banner waving and give some time and effort to the brotherhood of man (Agallamh le Clear, 2013).

Arís sa chás seo, leagann Clear béim ar an bhféiniúlacht uilíoch, iltíreach, aonfhoirmeach agus dhomhanda a chuimsíonn an cine daonna uile. Ach an oiread le saintréithe an náisiúnachais pholaitiúil a phléigh mé i gCaibidil a Dó, áitím gur mhian leis an LFM tarchéimniú a dhéanamh ar dhifríoachtaí cultúrtha i saol an náisiúin, rud a rachadh chun leas agus folláine an náisiúin, dar leo (féach 2.2.1). Tá an t-iarnáisiúnachas ina bhonn spreagtha faoin meon seo freisin, dar liom, ar an mbonn go raibh an fhéiniúlacht náisiúnta á himeallú ag an LFM ar mhaithe leis an bhféiniúlacht uilíoch agus dhomhanda, rud ar ghá a dhéanamh, dar leis an LFM, chun an geilleagar agus an nua-aoisiú a chur chun cinn, mar a mhíníonn Share et al.:

[Modernisation theorists] suggest that to develop economically, societies must first detach their populations from local, 'divisive' loyalties (to kinship, community or minority languages) in order to establish a shared national culture as the basis for the nation state. The values of this national culture then increasingly converge with those of the advanced societies and ultimately give rise to a shared 'world culture' in which nationalism and national cultural barriers are no longer significant (2007: 344).

Chun an mhian nua-aoisithe sin a chur chun cinn, áitím gur tharraing an LFM ar idé-eolaíocht an fhóntachais agus ar idé-eolaíocht an díspeagtha araon.

#### 6.7.4 Idé-eolaíocht fhrith-eisintiúil: Éagsúlacht teangacha

Mhínigh mé faoi rannóg 5.5.3.2 gur nós le Maolsheachlainn Ó Caollaí tarraingt ar théama na héagsúlachta mar argóint dlisteanaithe chun na mionphobail agus na teangacha a labhraítear a chur chun cinn agus a chaomhnú. Tá téama na héagsúlachta nó ‘meafar na bitheolaíochta’ mar a thugann Jaffe air, ceangailte le tuiscintí eisintiúla Sapir-Whorf go n-íompraíonn gach teanga eolas cognaíoch agus teangeolaíochta faoi stair agus dán lucht labhartha na dteangacha sin. Ar an mbonn sin, is fiú éagsúlacht teangacha an domhain a chaomhnú sa chaoi chéanna arbh fhiú éagsúlacht éiceolaíoch an domhain nádúrtha a chaomhnú (Jaffe, 2007: 61). D’úsáid Morris an meafar céanna droim ar ais chun a léiriú go bhfaigheann teangacha bás go nádúrtha sa domhan sóisialta ar an gcaoi chéanna a bhfaigheann speiceas bás sa dúlra. Feiniméan is ea é seo, a deir Morris, nach bhfuil aon neart air:

I see it/ by the way as/ if you think of a population of wild animals and they are slowly slowly being diminished being eradicated by poison or by new developments/, by predators/ the grey squirrel is being eliminated by the brown squirrel now or vice versa/ I forget which and that the Irish language was suffering the same fate that all the languages in Europe had done/ they were all around the coasts/ all around the edges and they were dying and dying and dying and no matter how much you pump into a dying corpse it dies and the Irish language//billions have been spent on the Irish Language and there are still less speaking it now in the Gaeltacht than there was when LFM was in existence so I see it as an emotional thing for a lot of people *ah* cultural for a lot of other people [...] the mere strength that the English language is overwhelming [Irish] just as the grey squirrel is overwhelming the brown squirrel [...] see I think every language has a natural life/ a living language//the very fact that a language is living is that it will be dying/ it will be growing/ living and then dying (Agallamh le Morris, 2010).

Íobartach ‘nádúrtha’ ab ea an Ghaeilge, dá réir sin, ar ghá a ligean le sruth ar son na ‘forbartha’ agus ar son an ‘fhoráis.’ Tagann an meon seo salach go huile is go hiomlán ar thuiscintí de hÍde go bhféadfadh an Ghaeilge sainleagan Éireannach den nua-aosieachas a chur chun cinn ar bhealach a gcuirfeadh leis an daonnacht dhomhanda (féach 2.2.3). Léiriú is ea é seo ar an LFM a bheith ag cur go tréan i gcoinne idé-eolaíochta eisintiúil an Chonartha.

#### 6.7.5 Anailís

Mar ba dhual d’eagraíocht a bunaíodh nuair a bhí an nua-aosieacht ag teacht chun cinn, ba í an táirgeacht shiombalach an acmhainn ba mhó tábhacht ar tharraing an LFM uirthi ar mhaithe le díoscúrsa a chruthú trínar tuigeadh ceist na Gaeilge agus trínar saobhadh tuiscintí i leith na teanga freisin. Chuige sin, baineadh úsáid as

‘Gaelic’ toisc gur chreid an LFM gurbh aonad réasúnach agus gurbh uirlis fhóntaíoch í an teanga a bhain le réimse an chultúir go príomha – chruthaigh sé seo brí shochpholaitiúil don teanga. Creideadh freisin gurbh é nádúr an tsaoil é go ndéantar scrios ar speicis dhifriúla sa chomhshaol agus go dtarlaíonn amhlaidh i gcás theangacha an domhain.

Agus plé déanta ar na hidé-eolaíochtaí teanga ba mhó a bhí i réim san LFM, chomh maith leis an dioscúrsaí a cruthaíodh faoina n-anáil, ní mór anois súil a chaitheamh ar an toradh a bhí ar an idirghníomhaíocht idir Conradh na Gaeilge agus an LFM ar an spás sóisialta agus dioscúrsach céanna.

## **6.8 Idirghníomhaíocht: Teach an Ardmhéara**

Sa mhullach ar Cholún Nelson gan trácht ar chomóradh 50 bliain an Éirí Amach, eachtra iomráiteach eile a tharla i 1966, nár mhór a lua, ab ea cruinniú poiblí an LFM a reáchtáladh i dTeach an Ardmhéara. Láthair thorthúil is ea Teach an Ardmhéara chun idé-eolaíochtaí teanga a scrúdú toisc gurbh ócáid ilghuthach agus idirghníomhach í inar léiríodh iliomad tuairimí freasúracha sa spás sóisialta agus dioscúrsach céanna. Dá bharr sin, tá an 21ú Meán Fómhair 1966 ar cheann de na dátaí is mó suntas agus is mó conspóid sa tréimhse taighde lena mbaineann an tráchtas seo. Bíodh is gur bhain an cruinniú seo leis an LFM agus le gluaiseacht na Gaeilge araon, shocraigh mé é a phlé sa chaibidil seo toisc gurbh é an LFM a d’eagraigh an cruinniú.

### **6.8.1 Cúlra**

D’eagraigh an LFM an cruinniú toisc go ndearna an eagraíocht Misneach i gcomhar leis an IRA ciseach de chruinniú eile dá gcuid i Meitheamh 1966<sup>97</sup> (Hanley & Miller, 2009: 58). Nuair a cuireadh tús leis an gcruinniú sin in óstán Jury, a bhí lonnaithe ar shráid an Dáma i mBaile Átha Cliath ag an am, bhí Máirtín Ó Cadhain chomh maith le baill Misneach agus an IRA i bhfolach sa seomra béal dorais. Rinneadh círeíib den chruinniú nuair a bhuaíl an bhuíon isteach sa seomra gan choinne (Agallamh le Crummey, 2010). Cuireadh an bord ag a raibh na cainteoirí bun os cionn agus tosaíodh ag béicíl fad is a bhí na hóráidí ar siúl. Thug Maureen Ahern, a bhí gníomhach san LFM ag an am, ‘ideological storm-troopers’ ar an mbuíon spairnithe a tháinig isteach sa seomra (Ahern, 1966: 9). Ansin nuair a bhí

<sup>97</sup> Bhí Craobh Bhaile Átha Cliath 6 den LFM á seoladh ag an gcruinniú seo (LFM, 1971).

clabhsúr á chur ar an gcrúinniú tosaigh Misneach ag canadh ‘God save the Queen’ go searbhusach (Irish Times Reporter, 1966: 1).

Dúirt Christopher Morris gur bunaíodh an ghluaiseacht an chéad lá riamh chun cearta daoine a bhí i gcoinne bheartas teanga an Stáit a chosaint agus chun ardán a thabhairt dóibh (Morris, 1965a: 14). Bhí na cearta sin á séanadh ag Misneach, dar le Morris (Agallamh 2010). Thug sé seo lón cogaidh don LFM cruinniú eile a eagrú ag a mbeadh lánsaoirse cainte acu féin:

I was raising a small issue/ it was the *Gaeilgeoirí* who disrupted the meeting in Jury’s Hotel and we said/ ‘we’re not going to buckle down to that kind of thing so we’ll have a big meeting in the Mansion House’ and once again they did the same there and this is what gave LFM the prominence that it never would have achieved in my opinion because people weren’t interested in it/ they weren’t interested in the language question at all/ Irish people aren’t interested in the language issue (Agallamh le Morris, 2010).

Ba é ‘saoirse cainte’ rún an chruinnithe i dTeach an Armhéara toisc gur theastaigh ón LFM a léiriú, beag beann ar Misneach, go raibh sé de cheart acu cur i gcoinne an bheartais teanga go poiblí, mar a deir Morris:

[...] the democratic principle of free speech was not subject to regulation by tiny splinter groups of fanatics (Irish Times, 1966a: 6).

Mar chuid den réamhullmhúchán don chruinniú seo, dhear Leighton Pratt, Meiriceánach ó dhúchas ar bhall den LFM é, póstaer corraitheach inar tugadh le fios gur ‘sacred cow’ é an beartas teanga, gurbh ualach é ar scoláirí agus gur bhain costas ró-ard lena chur i bhfeidhm:

Layton Pratt [...] prepared a deliberately provocative poster for the occasion. This showed a bloated a cow, labled (sic) ‘Gaelic Language Policy’ sprawled on an armchair labled (sic) ‘Irish Education’ under which a child was pinned helplessly, while the cow munched currency notes from a large barrell (sic). A little known fact is that it was only at C.T.M’s [Christopher Morris] insistance that the word ‘policy’ was added to the cow’s title. Layton Pratt has named it merely ‘Gaelic Language,’ implying that the language was a sacred cow. C.T.M felt that this was going too far, and insisted that it be the Language Policy which should be so described. Layton Pratt (in C.T.M’s opinion, quite rightly) pointed out that this sensitivity on Morris’ part merely proved Layton Pratt’s point that the Language was indeed a sacred cow – so sacred, that it could not even be described in such terms! (LFM, 1971).





Figiúr 6-6: Póstaer de chuid an LFM – ‘Freedom of Speech’

Bhí John B. Keane, Maureen Ahern, Roderick Buckley agus Christopher Morris le bheith ag caint ar son an LFM agus bhí G.M. Wheeler le bheith ina chathaoirleach<sup>98</sup>.

Ardán aontaobhach le cainteoirí a thioctadh le beartais an LFM amháin a bhí in ainm

<sup>98</sup> Shocraigh an LFM cruinniú poiblí eile a thionól i dTeach an Ard mhéara ar an 10ú Márta 1967. Chuir John B. Keane glaoch ar an gcráoltóir Gay Byrne féachaint ar spéis leis a bheith ina chathaoirleach ar an gcruinniú a bhí beartaithe acu. Deir Byrne nach raibh sé ina bhall den LFM agus go raibh leisce air a bheith bainteach leis an gcruinniú (Agallamh 2013). Idir an dá linn, cháin rúnaí parlaiminte an Taoisigh, Michael Carty, an LFM ar an mbonn gur mhian leis an eagraíocht, dar leis, ‘to abolish the Irish language and were deliberately trying to incite people and to set aflame public passion.’ Dá bharr sin, ‘the LFM meeting should be proscribed by the Government in accordance with Article 40 of the Constitution,’ dar le Carty (Irish Press, 1966b: 12). Féach (Irish Times, 1967: 6), (Irish Independent, 1966b: 13) & (Irish Press, 1966a: 7). Chuir an ‘proscription’ seo isteach ar Gay Byrne toisc gur thug sé le fios gur ‘insidious organisation’ é an LFM. Agus an lasair curtha sa bharrach aige, chuir sé glaoch ar ais ar Keane agus dúirt sé go mbeadh sé sásta a bheith ina chathaoirleach mar ‘agóid phearsanta’ i gcoinne ráitis Carty. Deir Byrne nach raibh an LFM i gcoinne na Gaeilge ach go rabhtas i gcoinne na Gaeilge éigeantaí agus bhí sé báúil leo ar an mbonn sin, dar leis. Ina theannta sin, deir sé go raibh ag teip ar an nGaeilge éigeantach in ainneoin an t-airgead a caitheadh air (Agallamh le Byrne, 2013).

is a bheith ann ag an tús<sup>99</sup>. Bhí an cruinniú ina chíríib, áfach, go dtí gur socraíodh go roinnfí an t-ardán le gluaiseacht na Gaeilge chun saoirse cainte a bhaint amach don dá thaobh. Deir an LFM go raibh sé réamhshocraithe ag gluaiseacht na Gaeilge go ndéanfaí ciseach den chruinniú:

A few days before the Mansion House meeting was due, C.T.M [Christopher Morris] was telephoned by an anonymous caller. The caller identified himself as a Gaeligeoir [sic], who disagreed with a decision reached at a meeting in the Gaelic League Headquarters in Harcourt St., and apparently attended by representatives of all of the language organisations. The decision reached was apparently to break up the meeting if pro-language policy spokesmen were not given equal time on the platform (LFM, 1971).

Tá cuntais chodarsnacha ann maidir leis an gcaoi ar thángthas ar an socrú an t-ardán a roinnt agus maidir le ról ghluaiseacht na Gaeilge i spreagadh an chlamhsáin. Déanfaidh an rannóg seo scrúdú ar na cuntais sin ar fad bunaithe ar fhianaise ó irisí agus nuachtáin na tréimhse, ó chartlanna an LFM féin chomh maith le roinnt agallamh a rinneadh le baill de ghluaiseacht na Gaeilge mar aon leis an LFM.

### 6.8.2 Lasmuigh de Theach an Ardmhéara

Deir Crummey go raibh atmaisféar teannais le haireachtáil taobh amuigh den ionad oíche an chruinnithe. Thug sé faoi deara go raibh an tAthair Tomás Ó Fiaich agus an tAthair Colmán Ó Huallacháin<sup>100</sup> i measc an tslua taobh amuigh agus shocraigh sé dul amach chun fiafraí den bheirt an mbeadh spéis acu teacht isteach roimh an slua.

<sup>99</sup> D'eisigh Dermot Bouchier-Hayes, ar dhlíodóir agus ar thráchttaire sóisialta é ag an am, preasráiteas dhá lá roimh an gcruinniú i dTeach an Ardmhéara. Dúradh go bhfuair sé cuireadh ó Martin Reynolds ar an 2ú Meán Fómhair óráid a thabhairt ag an gcruinniú ar théama na saoirse cainte. Dúirt Reynolds go mbeadh sé ina chabhair dá dtiocfadh Bouchier-Hayes le beartais an LFM ina óráid ach nach raibh sé sin riachtanach ach an oiread. Dúirt Bouchier-Hayes ina fhreagra go mbeadh sé sásta glacadh leis an gcuireadh ach nach raibh sé go hiomlán báúil le cuspóirí agus le haidhmeanna an LFM. Dúirt Bouchier-Hayes sa phreasráiteas go raibh a chuireadh á tharraingt siar ag Christopher Morris ar an mbonn, a dúirt Morris, gur theastaigh 'one sided platform' ón LFM (Bouchier-Hayes, 1966). Bhí caint ar Conor Cruise O'Brien, Noel Browne agus Owen Sheehy Skeffington a bheith ina gcainteoirí freisin (Sheehy Skeffington, 1966).

<sup>100</sup> Anuas ar Ó Fiaich, fathach eile a bhí tiomanta d'athbheochan na Gaeilge sna seascaidí agus sna seachtóidí ab ea an sagart Proinsiasach Colman Ó Huallacháin. Ba dhuine ildánach é sa mhéid is go raibh spéis aige san Fhealsúnacht agus sa Ghaeilge araon. Thug an tuiscint a bhí aige ar a riachtanaí is a bhí an athbheochan don tír spreagadh dó chun staidéar a dhéanamh ar an teangeolaíocht sna 1960í. Ar an ábhar sin, bhí sé ar thús cadhnaíochta ag iarraidh modhanna nua-aimseartha a dhearadh chun an Ghaeilge a theagasc. Dá bharr sin, ceapadh é ina stiúrthóir ar Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) nuair a bunaíodh é i 1967 agus d'fhan sé sa phost sin ar feadh ceithre bliana. Bhí spéis aige sa tSochtheangeolaíocht agus i meonta an phobail i leith na Gaeilge agus rinne sé go leor taighde ar an ábhar sin agus é san Institiúid – taighde nár foilsíodh ag an am de bharr neamhshuim an rialtais agus an státhórais. D'fhág sin go raibh sé an-cháinteach i leith an rialtais mar gheall ar an drochchaoi ar caitheadh leis an Institiúid chomh maith leis an gcúlsleamhnú a bhí á dhéanamh ón nGaeilge, dar leis. Fuair Ó Huallacháin bás gan choinne i 1979. Foilsíodh an taighde sochtheangeolaíochta a rinne Ó Huallacháin sna 1960í i bhfoirm leabhair i 1994: *The Irish and Irish: a sociolinguistic analysis of the relationship between a people and their language* (ainm.ie, 2014b).

Deir Crummey gur dhiúltaigh an bheirt dá thairiscint agus ansin nuair a osclaíodh geataí an ionaid arís chun é a ligean isteach scread Ó Fiaich ‘rush the gates’ agus ghríosaigh sé seo baicle mhór leis an ngeata a bhrú (Agallamh le Crummey, 2010). Díol suntais is ea go dtagann cuntas Crummey i 2010 salach ar chuntas an LFM a d’eisigh siad agus a foilsíodh ar an *Irish Times* dhá lá i ndiaidh an chruinnithe.

Dúirt an LFM sa ráiteas sin gurbh é Ó Huallacháin a scread ‘rush the gates’ agus gur thug sé ‘Judas’ ar mhaor de chuid an LFM (Irish Times, 1966c: 1). Ní dhéantar aon trácht ar Ó Fiaich a bheith bainteach san eachtra in aon chor i gcuntas oifigiúil an LFM. Chuir Christopher Morris leis an scéal seo nuair a chuir mé é faoi agallamh. Deir sé go raibh Ó Huallacháin os comhair an tslua agus ‘Oró Sé Do Bheatha Bhaile’ á chanadh aige chun an slua a ghríosadh chun spairne. Níor chuimhin leis aon bhaint a bheith ag Ó Fiaich leis an gclamhsán réamhchruinnithe, rud a thagann leis an ráiteas a d’eisigh an LFM ag an am. Léiríonn sé seo neamhréireachtaí idir cuntais Morris agus Crummey áfach.

Deir Maolsheachlainn Ó Caollaí go raibh sé i measc an tslua a bhí ag cruinniú le chéile in aice le geata an ionaid. Bhí sé gar go maith don Athair Ó Huallacháin agus is é seo a leanas a dúirt sé i litir a scríobh sé chuig an *Irish Press*:

An tAthair O (sic) Huallacháin was engaged in quiet conversation with his friends. His calm presence had a quietening effect on the crowd, the emotions of which had already been worked up by the taunts of the L.F.M. people inside the gate. An tAthair O hUalacháin (sic) DID NOT urge the crowd to rush the gate, NOR did he call anybody by a nickname. He DID NOT ask for the admittance of the crowd. No attempt was made to form human chains (Ó Caollaí, 1966: 9). (béim sa bhunleagan).

Deir Ó Caollaí freisin gur Gaeilge a bhí á labhairt ag gach uile dhuine a bhí lasmuigh den gheata agus nach luífeadh sé le ciall nó le réasún, dar leis, dá mbeadh ceannaire i ngluaiseacht na Gaeilge ag labhairt Béarla le daoine a mbeadh an Ghaeilge ar a dtoil acu. Áitíonn Ó Caollaí go mbréagnaíonn sé sin ráiteas Morris gur scread Ó Huallacháin ‘rush the gates’ (Agallamh le hÓ Caollaí, 2011a).

Is díol spéise é gur tharraing an *Irish Times* siar ón ráiteas a d’fhoilsigh Morris ar an nuachtán sin. Dúradh, bunaithe ar aighneachtaí ó léitheoirí an nuachtáin, nach raibh aon fhianaise ann a thacódh le cuntas Morris ar iompraíocht Uí Huallacháin:

In the many reports that have reached us from witnesses of varying opinions none substantiate Mr. Morris's account of an tAthair O Huallachain's behaviour at the meeting and none heard him use the word 'Judas'. We printed Mr. Morris's statement in good faith as freedom of speech was the subject of the meeting (Irish Times, 1966e: 1).

### 6.8.3 Laistigh de Theach an Ardmhéara

Dhearbhaigh Morris sa chuntas oifigiúil a d'eisigh an LFM faoinar thit amach go raibh racht ar an Athair Ó Fiaich agus ar Chian Ó hÉigearthaigh (iriseoir agus gníomhaí teanga) nuair a cuireadh tús leis an gcruinniú (Irish Times, 1966c: 1). Deir Morris go raibh siad beirt ag clamhsán agus ag béicíl agus gur spreag sé sin cior thuathail i measc an tslua, rud a chuir moill 20 nóiméad ar na himeachtaí (Irish Times Reporters, 1966: 1). Nuair a bhí an scríbhneoir, John B. Keane, ar phátrún de chuid an LFM é, ar tí tús a chur lena óráid léim duine ón lucht féachána suas ar an Stáitse, rug an duine sin greim ar bhratach na hÉireann agus dhearbhaigh sé nár chóir go mbeadh an bhratach á taispeáint ag a leithéid de chruinniú. Le linn an chlampaire, chuaigh Dónall Ó Móráin (Gael Linn), le cead ó Morris, suas ar an Stáitse chun impí ar an lucht féachána bheith ina thost.

During the confusion, Mr. Ó Móráin came on the stage, pleading repeatedly for silence. "We must have a discussion here with all points of view represented," he cried. "I don't care how anti-Irish any speaker on this platform is, I will defend his right to speak as long as the other spokesmen for those who represent my viewpoint are allowed to express an opinion" (Irish Times Reporters, 1966: 1).

Ghlac Christopher Morris leis sin ar an gcoinníoll go gcuirfeadh Gael Linn ardán ar fáil don LFM amach anseo – gealltanais nár comhlíonadh dar leis (Agallamh 2010). Bhí an LFM go láidir den tuairim gur eagraigh siadsan an cruinniú, gur íoc siad as cíos an ionaid agus nach raibh aon dualgas orthu an t-ardán a roinnt dá réir sin. Tagann Buckley leis seo freisin:

[...] I think the normal practice would be that the people organising a meeting/ whether it be for Fine Gael/ for Fianna Fáil/ for Language Freedom Movement/ for whatever/ you book the hall and you bring along your speakers and you don't expect to provide equal time to the opposition//now as things turned out I think it was very much to our advantage as I was saying earlier that we did get attacked/ it probably would have been quite a boring news story (ag gáire) or no news story at all if four LFM speakers turn up and make their points and the audience quietly applauds (ag gáire)//so//but to say "I'm not free unless I'm free to make my points at somebody else's meeting" is a crazy sort of argument (Agallamh le Buckley, 2011).

Nuair a bhí sé socraithe go roinnfí an t-ardán idir an dá dhream d’ainmnigh Ó Móráin an ceathrar cainteoirí a labhródh ar son na Gaeilge, mar a bhí: Seán Ó hÉigearthaigh (Sáirséal & Dill), Risteárd Ó Glaisne (eagarthóir ar *Focus*), an tAthair Tomás Ó Fiaich agus an tAthair Colmán Ó Huallacháin (Irish Times Reporters, 1966: 1). Maíonn Ó Baoill go raibh sé socraithe roimh an gcruinniú cén ceathrar a labhródh ar son na Gaeilge agus gurbh í aidhm na Comhdhála na cainteoirí sin a chur suas ar an ardán ar bhealach síochánta i gcaitheamh an chruinnithe (Agallamh 2013). Deir Morris sa chuntas a foilsíodh ar an *Irish Times* gur dhíol suntais é go raibh scrípteanna ullmhaithe roimh ré ag an Athair Ó Fiaich agus ag Risteárd Ó Glaisne (Irish Times, 1966d: 13). In ainneoin gur ghlac an LFM le cainteoirí ghluaiseacht na Gaeilge, ní dhearnadh amhlaidh i gcás cainteoirí an LFM, dar le Morris:

Despite LFM’s acceptance of the four speakers; LFM’s own speakers were loudly and persistently shouted down. This was not so in the case of Mr. Ó Móráin’s nominees. This may have given the impression that the Gaeilgeoirí outnumbered all others. In fact it was their discourtesy that gave this impression (Irish Times, 1966d: 13).

Dúirt Risteárd Ó Glaisne go raibh dea-ghiúmar ar an eite a bhí ag cur i gcoinne an LFM agus lean siad orthu a bheith ag béicíl agus ag cur isteach ar na cainteoirí ar fad ón dá thaobh, fiú i ndiaidh do cheist an ardáin a bheith socraithe. D’áitigh Ó Glaisne gurbh í aidhm na ndaoine seo easaontú le ráitis cainteoirí an LFM seachas a gcearta cainte a shéanadh. Mheas Ó Glaisne go raibh an dream seo chomh glórach toisc gur easaontaigh siad le gach a ndúirt an LFM (Ó Glaisne, 1966: 283).

Dúirt Morris sa ráiteas freisin nach raibh an dara rogha aige ach géilleadh do na Gaeilgeoirí agus an t-ardán a roinnt toisc go raibh sé inmíoch faoi leas na ndaoine a bhí i láthair:

A truculent mob had occupied much of the front centre seating and the fronts of the aisle. Stink bombs and other missiles were being thrown onto the platform. Seosamh O Nuallain (sic), of Sinn Féin, had already tried to tear down the Tricolour from the platform. The stewards were unable to remove the obstreperous hecklers an tAth O Fiaich and Cian O hEigearthaigh (sic) because the aisles were packed (Irish Times, 1966d: 13).

Cuireann faisnéis ó na nuachtáin scáth an amhrais ar an tionchar a bhí ag Ó Fiaich drochiompraíocht an tslua a spreagadh. Scríobh roinnt dá raibh i láthair litreacha chuig na nuachtáin inar easaontaigh siad le cuntas Morris. Ghin sé sceon sna daoine seo freisin gur tugadh ‘obstreperous heckler’ ar Ó Fiaich. Dúirt Brian Fenton, as Dún

Laoghaire, go raibh sé ina shuí gar go maith don Athair Ó Fiaich le linn an chruinnithe agus gur chuala sé gach a ndúirt sé:

What he was crying out for was order and silence, so that the meeting could go on. If he said anything apart from that, it was to appeal for a democratic approach to the speakers' platform, a request which Donall O Morain (sic), with the aid of a microphone, was eventually able to make with more effect (Fenton, 1966: 13).

Tagann sé seo le cuntas Dhónaill Uí Riagáin as Baile Átha Cliath a bhí i láthair an chruinnithe freisin:

I was privileged to be seated in the same row as an tAth Tomas O Fiaich and only two seats away from him. To describe this Christian gentleman as an "obstreperous heckler" is to resort to the use of blatant scurrilous falsehoods. When an tAth. O Fiaich rose he appealed for order and for the "frank discussion" we had been invited to come and hear (Ó Riagáin, 1966: 13).

Deir an Caollaíoch go raibh Ó Fiaich ina chathaoirleach ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag an am agus gur tháinig sé chuig an gcruinniú, i gcomhar leis na heagraíochtaí Gaeilge eile, le cinntiú nach mbeadh raic ann (Agallamh 2011a). Ní luíonn sé le loighic, mar sin, go mbeadh an lámh láidir á spreagadh aige nó go screadfadh sé 'rush the gates' mar a chuir Crummey ina leith. Léiríonn cartlann an LFM go raibh comhfhreagras dlí idir Ó Fiaich agus Morris maidir leis an gcuntas oifigiúil ar an gcruinniú a d'fhoilsigh an LFM ar an *Irish Times*. Is cosúil go raibh Ó Fiaich an-chorraithe mar gheall ar ráiteas Morris, a chuir ina leith go raibh sé ag béicíl ag tús an chruinnithe, go raibh sé ina "obstreperous heckler," agus go raibh script ullmhaithe aige roimh ré nuair a d'ainmnigh Ó Móráin é mar chainteoir ar thaobh na Gaeilge. Scríobh an dlíodóir Michael Fitzsimons litir chuig Morris ar 26ú Meán Fómhair 1966 chun míshástacht Uí Fhiaich faoi na ráitis sin a chur in iúl dó. Dúirt Fitzsimons nach raibh aon bhunús le ráitis an LFM agus go raibh Ó Fiaich ag súil go dtarraingeofaí siar iad, go ngabhfaí leithscéal leis chomh maith lena chuid costas dlí a ghlanadh.

Scríobh Herman Good & Co. Solicitors litir ar ais thar ceann Morris ina ndúradh go raibh Morris ag seasamh leis na ráitis a rinneadh. Bhí eisceacht amháin ann áfach:

Our client frankly admits that an error was made in his statement to the Press, that your client had a prepared script. Otherwise in all other respects our client regrets that he is not in a position to accede to the requests contained in your letter (Good, 1966).

Ní fios ó chartlann an LFM céard go díreach a thit amach ina dhiaidh sin ach nuair a chuir mé Morris faoi agallamh i Nollaig 2010 dúirt sé go bhfuil sásta anois glacadh le briathar Uí Fhiaich nach raibh sé ag iarraidh an slua a spreagadh chun foréigin. Is cinnte gur léiriú is ea an comhfhreagras dlí seo ar an naimhdeas agus an nimhneachas idir an dá thaobh.

Laistigh de dhioscúrsa an LFM, ní miste a rá gur cruthaíodh nasc íocónach idir an Eaglais Chaitliceach agus an Ghaeilge agus b'fhéidir gurbh í sin an chúis ar leag an LFM béim ar iompar na sagart ag an gcruinniú. Deir Crummey go raibh na luachanna a samhlaíodh leis na sagairt ag teacht salach ar a n-iompar i dTeach an Ardmhéara:

My fellow LFM founder, Richard Clear, remembers the contradiction between the Christian values that Catholic priests were supposed to embody and the behaviour of the clergy that night: 'They were full of hate, not love,' he says (2009: 76).

#### **6.8.4 Bua Bolscaireachta ag an LFM?**

Mhaígh Dónall Mac Amhlaigh ina cholún 'Litir Shasana' ar *Amárach* go mba cheart do na Gaeilgeoirí fanacht glan ar chruinniú an LFM. Murach na Gaeilgeoirí bheadh líon na ndaoine chomh beag sin ag freastal ar an gcruinniú nach bhfanfadh dabht ar an bpobal faoi neamhéifeacht an LFM. Faoi mar atá, b'fhéidir go gcreidfí go forleathan port an LFM faoin méid a thit amach, is é sin go raibh na Gaeilgeoirí chomh mór 'in éadan saoirse cainte agus mar tá siad in éadan an LFM féin.' Ba mhór an feall é, dar le Mac Amhlaigh, dá n-éireadh leis 'na hain-Ghaeil' tairbhe den chinéal sin a bhaint as an gcruinniú i dTeach an Ardmhéara (MacAmhlaigh 1966d: 5). Áitíonn Christopher Morris gur éirigh leis an LFM tairbhe a bhaint as láithreacht na nGaeilgeoirí ag an gcruinniú. Deir sé:

The Gaeilgeoirí are what gave nourishment to the LFM. Their attack on the rights of us to stand up and speak was so abhorrent to ordinary Irish people that they joined us in thousands (Agallamh le Morris, 2010).

Ar aon dul le Morris, deir Buckley go ndeachaigh sé chun leas an LFM gur ionsaíodh iad ag an gcruinniú:

[...] in the same way as for Unionists to attack civil rights marches in Northern Ireland was a politically disastrous approach to take/ attacks on black people in the South of the United States was disastrous/ now I'm not in any way comparing a bit pushing and shoving in the Mansion House with any of this but I think the attitude of the public is that whoever indulges in

physical force of any kind generally is unlikely to have right and reason on their side (Agallamh le Buckley, 2011).

Díol suntais is ea gur chreid an *Irish Association of Civil Liberty* go raibh saoirse an LFM á séanadh agus á srianadh le linn an chruinnithe:

We are not concerned with the views of either side on the language question. We are very much concerned with the freedom of speech. We believe the LFM has been denied this right by those organisations who oppose them...As an organisation devoted to civil liberty we place ourselves un-reservedly on the side of the Language Freedom Movement or any other body which finds itself hindered in the exercise of its civil rights, particularly by such methods as were used at the Mansion House meeting (Bell & Deale, 1966: 9).

### 6.8.5 Anailís

Is cinnte gur tugadh dúshláin do na cuntais a thug Morris agus Crummey faoinar tharla lasmuigh den ionad. Tagann cuntais na beirte sin salach ar a chéile maidir leis an té a scread ‘rush the gates.’ Ní miste a rá, áfach, go bhféadfadh gurbh imeacht aimsire is cúis leis na neamhréireachtaí sin freisin.

Mar sin féin, tá sé spéisiúil gur sheas an *Irish Times* siar ó ráiteas oifigiúil an LFM, a foilsíodh ar an nuachtán sin, ar an mbonn nach raibh aon fhianaise ann a thacódh le cuntas Morris ar iompraíocht Uí Huallacháin. Tá faisnéiseoirí ar thaobh ghluaiseacht na Gaeilge go láidir den tuairim go bhféadfadh an raic a bheith ní ba mheasa ag an gcruinniú murach láithreach na sagart agus go ndearna an LFM ceapa milleáin den bheirt.

Léiríonn an rannóg seo, i bhfianaise a ilchineálaí is atá na cuntais ar an gcruinniú, go dtuigtear eachtraí sa saol sóisialta trí bhreogán na suibachtúlachta. Fágann sin, gur thuig baill den Chonradh agus den LFM gach ar thit amach i dTeach an Ardmhéara faoi réir ag a leasanna codarsnacha féin. Dá bharr sin, tugadh le fios go raibh bonn uilíoch agus ciallmhar faoi dhearcthaí an dá eagraíocht le go bhféadfaí na leasanna agus na luachanna sin a chosaint. Toradh is ea é seo ar an idirghníomhaíocht dhioscúrsach idir an dá ghluaiseacht sa chás seo.

Silím go léiríonn an cruinniú seo go ndearna an LFM aonchineálú ar dhaonra ghluaiseacht na Gaeilge. Nuair a chuir mé baill an LFM faoi agallamh maidir leis an gcruinniú, úsáideadh lipéad an ‘Ghaeilgeora’ go minic chun cur síos a dhéanamh orthu siúd a bhí ag cur ina gcoinne. Is téarma thar a bheith leathan é nach ndéanann aon idirdhealú idir Conradh na Gaeilge agus na grúpaí eile a bhí i láthair, Sinn



Féin<sup>101</sup> agus Misneach cuirim i gcás. Scriosadh idé-eolaíochta is ea é seo, dar liom, ar iolrachas lucht na Gaeilge.

Is féidir a áiteamh go ndeachaigh sé chun leas an LFM a thabhairt le fios go raibh cearta agus saoirse na heagraíochta á séanadh ag gluaiseacht na Gaeilge. Ba chur chuige éifeachtach idé-eolaíochta é chun an eagraíocht a dhlisteanú chomh maith le bá agus tacaíocht an phobail a iompú ina dtaobh. Is léiriú é seo ar thuairim Giddens go bhfuil na modhanna gníomhaithe a cheaptar agus a dtéitear ina muinín chomh tábhachtach céanna le toradh deireanach na modhanna sin (féach 3.2.3.3).

## 6.9 Conclúid

Bhí sé d'aidhm ag an gcaibidil seo staidéar eimpíreach a dhéanamh ar iompraíocht agus ar chleachtais an LFM. Ba mhian liom freisin an iompraíocht agus na cleachtais sin a thástáil i gcomhréir le teoiricí na hidé-eolaíochta teanga, na ngluaiseachtaí sóisialta mar aon leis an náisiúnachas (féach Caibidlí a dó & a trí).

Chuiqe sin, rinne mé anailís dioscúrsa ar na hagallaimh leathstruchtúrtha a chuir mé ar bhail an LFM mar aon le cáipéisíocht de chuid na heagraíochta sin. Tar éis dom códú oscailte a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin tháinig sraith patrún, téamaí agus easnamh chun solais sa téacs. Is ionann na patrúin agus na heasnaimh sin sa téacs agus dioscúrsa na heagraíochta, rud a thugann léargas ar 'fhírinní' comhroinnte na mball laistigh den ghrúpa. Tá na 'fírinní' sin múnlaíthe agus srianaithe ag idé-eolaíochtaí teanga na heagraíochta agus faoina réir sin ba mhian liom dul i ngleic le táirgiúlacht na ndioscúrsaí san LFM faoinar tuigeadh ceist na Gaeilge.

### 6.9.1 Scriosadh: bearnaí sa dioscúrsa

D'éirigh liom roinnt táscairí dioscúrsacha a aithint mar thoradh ar phróiseas an chódaithe. Thug mé faoi deara, cuirim i gcás, go ndearna an LFM simpliú ar dhaonra ghluaiseacht na Gaeilge. Ar an ábhar sin, cruthaíodh dioscúrsa trí nasc íocónach a tháirgeadh idir an beartas teanga, Fianna Fáil agus an Eaglais Chaitliceach chun féiniúlacht 'aonchineálach' an Ghaeilgeora a chruthú. Scriosadh idé-eolaíochta is ea é seo, dar liom, ar iolrachas ghluaiseacht na Gaeilge, gluaiseacht a chuimsigh daonra ilchineálach, lena áiríodh: Gael Linn, Conradh na Gaeilge, An Comhchaidreamh, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Misneach, *Inniu* agus *Amárach*.

<sup>101</sup> Bhí picéad ag Sinn Féin lasmuigh de theach Christopher Morris mar ghníomh agóide i gcoinne an LFM. Bhí Máirín de Búrca bainteach leis an bpicéad sin freisin. Léiríonn seo go raibh cúpla sruth ag cur i gcoinne an LFM sa mhullach ar Mhisneach agus gluaiseacht 'oifigiúil' na Gaeilge.

Mar chuid de phróiseas an íocónaithe, léirigh an LFM nasc idir lucht na Gaeilge agus an Eaglais Chaitliceach. Ba nasc thar a bheith éifeachtach é sin chun a léiriú, faoi réir ag idé-eolaíocht fhuascailteach an LFM, go raibh lucht na Gaeilge agus an teanga féin dá réir, ina dtionchar srianaithe ar an tsaoirse sa tsochaí. Luigh sé le ciall, mar sin, go raibh lucht na Gaeilge ina ‘scothaicme’ agus gur shantaigh an LFM dá bharr an ‘life-world’ (cearta oideachais) a chosaint ó thionchar na scothaicme sin. D’éirigh leis an LFM an idé-eolaíocht sin a bhuanú agus a dhaingniú san ainm a baisteadh ar an eagraíocht. Gléas ab ea ainm na gluaiseachta chun bonn ‘uilíoch’ agus ‘ciallmhar’ a chur faoina hidé-eolaíocht.

### **6.9.2 Brí fholaithe sa dioscúrsa**

In ainneoin reitric dhearbhaithe an LFM nach rabhthas i gcoinne na Gaeilge, áitíonn Ó Caollaí nárbh fhíor sin i bhfianaise gur nós leis an eagraíocht, dar leis, focail dhíspeagúla ar nós ‘Gaelic’ agus ‘Gaeilgeoirs’ a úsáid chun an Ghaeilge mar aon le lucht a labhartha a dhaoradh. Mheas Conradh na Gaeilge, dá bharr sin, go raibh cleachtais an LFM ag teacht salach ar idé-eolaíocht dhearbhaithe na heagraíochta. Is é sin le rá go ndúirt an LFM go follasach nach rabhthas i gcoinne na Gaeilge ach go raibh an tuairim sin á bréagnú ag cleachtais na heagraíochta (i. ‘Gaelic’ & ‘Gaeilgeoirs’). Léiríonn seo go raibh meon follasach agus meon folaithe an LFM ag teacht salach ar a chéile, dar leis an gConradh. Diúltaíonn an LFM glan don tuairim seo áfach agus deirtear nach raibh an LFM i gcoinne na Gaeilge ach go rabhthas i gcoinne an éigeantais a bhain le beartas na hathbheochana (féach 6.3.1).

Ag eascairt as sin, chuaigh an LFM i muinín dioscúrsa frithcheannasach na fuascailte chun bríonna a tháirgeadh a mhíneodh an Ghaeilge mar ‘ualach’ ar dhaoine agus go raibh an teanga á ‘fulaingt’ ag scoláirí sa chóras oideachais. Mar chuid den dioscúrsa seo freisin, thug an LFM le fios go raibh an Ghaeilge ina míbhuntaiste dóibh siúd a raibh orthu an bád bán a thabhairt orthu féin. Ar an mbonn go raibh an LFM ar son an té a bhí thíos leis an nGaeilge, láidrighe sé sin an tuiscint shóisialta, dar liom, go raibh béascna liobrálach i réim san LFM agus go raibh an ‘ceart’ acu dá bharr sin.

### **6.9.3 Idé-eolaíocht Teanga: gléas fónaíoch agus réasúnach**

Mar thoradh ar an nasc innéacsach a cruthaíodh idir an Ghaeilge agus bríonna seanfhaiseanta, níor mheas an LFM, dá bharr, go raibh an Ghaeilge in oiriúint don saol nua-aimseartha. Áitím gur cruthaíodh an dioscúrsa seo faoi réir ag idé-eolaíocht an díspeagtha.

Léirigh mé sa chaibidil seo gur cheap an LFM gurbh aonad réasúnach agus fónaíoch í an Ghaeilge (agus gach teanga) agus nár tháinig an teanga faoi anáil an ghníomhúcháin daonna dá bharr. Bíodh is nár aithin an LFM go raibh an Ghaeilge ina foinse náisiúntachta, deir Buckley gur fhág sí a rian ar an mbealach a labhraítear an Béarla in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ciallaíonn sé seo, is dóigh liom, gur dhlúthchuid de tháirgiúlacht an Éireannaigh í an Ghaeilge ag dul siar, dar leis an LFM, ach nach mbaineann an tábhacht chéanna léi sa saol comhaimseartha. Léiríonn seo gur shamhlaigh an LFM an Ghaeilge a bheith bainteach leis an stair agus leis an gcultúr agus gur beag tábhacht a bhain léi i gcleachtadh na náisiúntachta i saol na freacnairce go mórmhór agus Éire ina ball de chuid an Aontais Eorpaigh. Cuireann an tuairim sin, is dóigh liom, idé-eolaíocht fhónaíoch an LFM chun cinn.

#### **6.9.4 Iolrachas tuairimíochta**

Léiríonn an chaibidil seo go raibh iolrachas i réim laistigh den LFM maidir leis na cúiseanna a ndeachthas isteach san eagraíocht an chéad lá riamh. Chuaigh cuid de na baill isteach de bharr a mbraistintí pearsanta féin. Is é sin le rá gur airíodh go raibh éagóir á déanamh ar dhaoine mar gheall ar an nGaeilge éigeantach agus gur theastaigh uathu, dá réir sin, fís úr fhuascailteach agus liobrálach a chur chun cinn chun an saol a fheabhsú. Bhíothas ann freisin a chuaigh isteach san eagraíocht ar bhonn an réasúin ionstraimigh toisc gur theastaigh uathu a luachanna agus a leasanna geilleagracha féin a chosaint.

#### **6.9.5 Focal scoir**

Chuir mé romham féin sa chaibidil seo cur síos a dhéanamh ar an mbealach faoina ndearna an LFM luacháil agus díluacháil ar an nGaeilge éigeantach mar aon le tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht. Is é príomhthoradh na caibidle seo go ndeachaigh an LFM i muinín dioscúrsa frithcheannasach na fuascailte ar mhaithe le hidé-eolaíocht réasúnach agus fhónaíoch na heagraíochta i leith na Gaeilge a dhlisteanú. Léiríonn an chaibidil seo freisin go raibh an táirgeacht shiombalach ina hacmhainn de chuid an LFM chun dioscúrsa na heagraíochta a chruthú. Rinneadh seo trí nasc ‘íocónach’ a léiriú idir ‘an Ghaeilge éigeantach’ ar láimh amháin agus an chléir, de Valera agus Fianna Fáil ar an láimh eile. Ina theannta sin, bhí an focal ‘Gaelic’ in úsáid ag an LFM le tabhairt le fios nár bhain an Ghaeilge leis an saol comhaimseartha.

Tarraingeoidh mé snáthanna uile an tráchtais seo le chéile sa chéad chaibidil eile, áit a bpléifidh mé na príomhthorthaí agus na príomhthátail a eascraíonn as an taighde seo. Chuige sin, pléifidh mé na cosúlachtaí mar aon leis na difríochtaí is suntasaí idir dioscúrsaí Chonradh na Gaeilge agus an LFM. Déanfaidh mé an anailís sin, ar ndóigh, faoi réir ag an idé-eolaíocht teanga, ag na gluaiseachtaí sóisialta agus ag an náisiúnachas araon.

## **7 Caibidil 7 – Conclúidí agus Tátail**

### **7.1 Réamhrá**

Sa chaibidil seo, cíorfaidh mé príomhthátail an tráchtais seo. Chuige sin, aithneoidh mé na hidé-eolaíochtaí ilchineálacha teanga faoinar thuig Conradh na Gaeilge agus an LFM ceist na Gaeilge éigeantaí mar aon le tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht. Ina theannta sin, pléifidh mé buanna agus laicisí an tráchtais seo agus tabharfaidh mé treoir don aos acadúil maidir leis na féidearthachtaí eile taighde a spreagann an saothar seo.

#### **7.1.1 Súil siar ar aidhmeanna agus ar mhodheolaíocht an tráchtais**

Staidéar cáilíochtúil ar idé-eolaíochtaí teanga a bhí sa tráchtas seo ina ndearna mé cur síos ar na tuiscintí sóisialta agus cultúrtha a bhí i réim laistigh de Chonradh na Gaeilge agus den LFM araon. Chuige sin, rinne mé cás-staidéar ar na próisis, ar na heachtraí, ar na gníomhaíochtaí agus ar na daoine a bhí i réim sa dá eagraíocht idir 1965 agus 1974.

Ba mhian liom ról na suibiachtúlachta i gcruthú córas sóisialta agus bríonna a mhíniú sa taighde seo. Dá bharr sin, chuir mé agallaimh leathstruchtúrtha ar shampla rannpháirtithe ó Chonradh na Gaeilge agus ón LFM araon. Rinne mé anailís dioscúrsa ar na hagallaimh sin (agus ar cháipéisíocht ábhartha de chuid na n-eagraíochtaí) féachaint cérbh iad na bríonna ba choitianta a úsáideadh san fhaisnéis sin chun an Ghaeilge éigeantach mar aon le tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht a thuiscint agus a chur in iúl. Bhí orm, dá bharr sin, staidéar a dhéanamh ar struchtúr na teanga mar aon le comhthéacs sóisialta na hurlabhra san fhaisnéis eimpíreach, rud a léirigh tualangacht na teanga, mar a thuig na gníomhaithe í, chun córais shóisialta a chruthú agus a athrú. Fágann sin gur staidéar ‘tógachaíoch’ é seo ar mian leis tuiscint a fháil ar an bpróiseas trínar tháirg an dá eagraíocht dioscúrsaí, réaltachtaí agus bríonna chun ciall a bhaint as an saol sóisialta agus chun tuiscintí i leith an tsaoil shóisialta a shaobhadh freisin.

### **7.2 Comhthéacs sóisialta**

Tréimhse athbhreithnithe ab ea 1965 – 1974 in Éirinn, tráth a raibh dian-anailís á déanamh ar na luachanna a troideadh ar a son san Éirí Amach agus i gCogadh na Saoirse araon chomh maith lena mbailíocht don saol nua-aimseartha sna seascaidí. Tar éis lag trá na gcaogaidí agus an eisimrce gan srian a tharla dá dheasca, tairseach

chinniúnach ab iad na seascaidí in Éirinn inar theastaigh ón aos polaitiúil a bheith ag féachaint chun cinn seachas a bheith ag féachaint siar.

Chuirge sin, ba ghá, faoi fhís Sheáin Lemass, an geilleagar mar aon leis an gcóras oideachais a chur in oiriúint do riachtanais na forbartha agus an ghnó go mórmhór i bhfianaise gur socraíodh an Comhaontú Saorthrádála idir Éire agus an Bhreatain i 1965. Bhí caint freisin ar bhallraíocht a lorg sa Chomhobal Eorpach um an dtaca seo.

Is cinnte, mar sin, go raibh an nua-aoisiú ina phort gríosaithe ag an rialtas ag an am, rud a spreag athrú fócais i dtosaíochtaí an Stáit ó chaomhnú an chultúir ar lámh amháin go dtí an trádáil idirnáisiúnta ar an lámh eile. Faoina anáil sin, fógraíodh an dátheangachas mar bhunaidhm an Stáit feasta nuair a foilsíodh an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge i 1965.

Dá bharr sin, agus an nua-mheánaicme iarchogaidh ag bailiú nirt, bhí díospóireachtaí bríomhara ar siúl ina measc chun gurbh fhéidir teacht ar na múnlaí ab fhearr agus ab éifeachtaí chun nua-aoisiú na tíre a chur i gcách. D'fhág sin gur tugadh dúshlán do na seanchinnteachtaí faoinar tuigeadh an fhéiniúlacht go dtí sin – an Ghaeilge agus an Caitliceachas cuirim i gcás. Tréith shóisialta ab ea an ceistiúchán seo a bhain le teacht chun cinn na nua-aoiseachta freisin, feiniméan a bhí le sonrú i gcodanna den chomhthéacs uirbeach in Éirinn ag an am. Déanann Berman cur síos ar an tionchar guagach a bhíonn ag an nua-aoisiú ar an tsochaí ina bhfuil sé ag tarlú:

To be modern is to find ourselves in an environment that promises us adventure, power, joy, growth, transformation of ourselves and the world – and, at the same time, that threatens to destroy everything we have, everything we know, everything we are (1988: 15).

Léiríonn an tráchtas seo gurbh é a fhearacht chéanna i gcás na hÉireann é óir bhí na seascaidí mar chomhéadan ar ar bhuaill dhá shruth smaointeoireachta codarsnacha le chéile, rud a d'fhág go raibh tarraingt na téide ar siúl idir an traidisiún ar lámh amháin agus an nua-aoisiú ar an lámh eile. Ba san aeráid sin a troideadh an cath seo faoin teanga agus faoin náisiúntacht idir Conradh na Gaeilge agus an LFM.

### **7.3 Príomhchonclúidí an tráchtais**

Ar an ábhar gur staidéar tógachaíoch é seo, is mian liom sa chaibidil seo na patrúin chosúla agus chontráilte chomh maith leis na bearnaí a d'aithin mé i ndioscúrsaí an

dá ghrúpa a aithint, a phlé agus a chomhtháthú. Tabharfaidh an ‘collaborative construction’ sin, a chuimsíonn patrúin agus bearnaí sa dioscúrsa, léargas dom ar sheasamh ilchineálach idé-eolaíochta an dá eagraíocht (Briggs, 1998: 230).

Bunaithe ar na táscairí agus ar na treochtaí a tháinig chun solais mar thoradh ar an gcódú a rinne mé ar dhioscúrsaí an dá eagraíocht, is mian liom sa rannóg seo achoimre ghonta a thabhairt ar phríomhchonclúidí an tráchtas seo de réir mar a léiríodh iad san fhaisnéis eimpíreach:

- 1. An Ghaeilge éigeantach – láthair idirghníomhach & dhioscúrsach:** Bhí an Ghaeilge éigeantach ina láthair bhisiúil ar a ndeachaigh Conradh na Gaeilge agus an LFM in adharca a chéile chun smaointe agus tuiscintí iomaíocha faoin teanga agus faoin náisiúntacht a chur i láthair san idirghníomhaíocht shóisialta. Bíodh is go raibh an dá eagraíocht an-éagsúil lena chéile ó thaobh cuspóirí de, léiríonn an tráchtas seo nach féidir talamh slán a dhéanamh de go raibh idirdhealú glan eatarthu ó thaobh meoin de.
- 2. Forluí meoin idir Conradh na Gaeilge agus an LFM:** Léiríonn an tráchtas seo go raibh forluí meoin idir Conradh na Gaeilge agus an LFM agus iad ag gníomhú ar láthair dhioscúrsach na Gaeilge éigeantaí. Ciallaíonn sin go raibh an dá eagraíocht ag tarraingt ar na dioscúrsaí céanna chun a gcásanna codarsnacha féin a chur chun cinn (‘aisfhillteacht’):
  - Fimíneacht Fhianna Fáil & an Stáit.
  - ‘life-world’ a chosaint ó lucht an cheannais (Habermas).
  - Coraíocht le lucht an cheannais chun cearta na mball a chosaint – ‘polaitíocht na fuascailte’ (Giddens, 1991).
  - Teorainneacha ‘dochta’ an tsaoil a liobráilú – ‘polaitíocht an tsaoil’ (Giddens, 1991).
- 3. LFM & Conradh na Gaeilge ina ngluaiseachtaí náisiúnaíocha:** Léiríonn an tráchtas seo gurbh é tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht ba chás leis an dá eagraíocht. Chuige sin, tarraingíodh ar na dioscúrsaí céanna chun tuiscintí codarsnacha agus iomaíocha faoin nGaeilge agus faoin náisiúntacht a chraobhscaoileadh:
  - Mhínigh Conradh na Gaeilge tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht faoi anáil an náisiúnachais chultúrtha agus na socheolaíochta.

- Bhí an LFM ag teacht faoi anáil an náisiúnachais pholaitiúil mar aon leis an iarnáisiúnachas.

**4. Trasnáil meoin idir Fine Gael agus an LFM:** léiríonn an tráchtas seo go raibh trasnáil meoin idir Fine Gael agus an LFM maidir le tábhacht na Gaeilge don náisiúntacht. Chiollaigh seo go raibh fíorthacaíocht pholaitiúil ag an LFM, murab ionann agus an bhréagthacaíocht reitriciúil a fuair Conradh na Gaeilge ó Fhianna Fáil. D'fhág sin gur éirigh leis an LFM a n-aidhmeanna a bhaint amach i 1973 agus i 1974 faoi seach.

**5. Frámaíocht úr léirmhínteach á dearadh:** Leagann an tráchtas seo modheolaíocht úr amach faoina bhféadfaí staidéar a dhéanamh ar idé-eolaíochtaí i leith na teanga agus na náisiúntachta araon laistigh de ghluaiseachtaí sóisialta.

Mar chuid den mhodheolaíocht sin, ba ghá, de bharr a fhorleithne is atá an idé-eolaíocht teanga mar réimse léinn, a fócas a chúngú i dtreo is gur féidir liom béim a leagan:

- ar chaidrimh shóisialta mar aon le próiseas an tslógaidh laistigh de ghrúpaí soch-chultúrtha.
- ar fhírinní daonna i leith na náisiúntachta.

## **1. An Ghaeilge éigeantach: Láthair idirghníomhach & dhioscúrsach**

Léiríonn an tráchtas seo gurbh fhreagra í an choimhlint idir Conradh na Gaeilge agus an LFM ar na hathruithe a tháinig ar chúinsí sóisialta agus geilleagracha na hÉireann sna seascaidí. Mar gheall ar na hathruithe sin, agus an t-allagar náisiúnta a músclaíodh faoina n-anáil, d'fhág sin an spás cuí sa dioscúrsa poiblí inarbh fhéidir na féiniúlachtaí traidisiúnta sa saol a cheistiú. Toradh de chuid an tráchtas seo is ea gurbh í an Ghaeilge éigeantach an láthair chatha agus dhioscúrsach ar ar phléigh Conradh na Gaeilge agus an LFM ceistachrannach na féiniúlachta idir 1965 agus 1974 agus léiríonn gach ar thit amach i dTeach an Ardmhéara, cuirim i gcás, an naimhdeas idir an dá thaobh ar an spás idirghníomhach agus dioscúrsach sin.

Bíodh is go raibh an Ghaeilge éigeantach ina láthair agóide agus allagair, léiríonn an tráchtas seo go raibh na díospóireachtaí idir an Conradh agus an LFM ní ba leithne ná ceist na Gaeilge éigeantaí amháin. Is é sin le rá go mbíodh an Ghaeilge mar



mheán teagaisc chomh maith leis an nGaeilge i gcomhthéacs na náisiúntachta ina n-ábhar achrainn agus plé idir an dá eagraíocht freisin. Léiríonn sé seo gur ‘dhroichead’ iad idé-eolaíochtaí teanga an dá ghluaiseacht ar ar pósadh ceist na Gaeilge le gnéithe eile dá n-eispéiris shóisialta, mar a bhí: an náisiúntacht, cearta daonna agus sibhialta, nádúr an Stáit Éireannaigh agus an liobrálachas.

Léiríonn seo a chasta agus a ghuagaí is atá an saol laistigh de ghluaiseachtaí sóisialta, rud a chiallaíonn nach féidir glacadh gan cheist leis na bríonna neamhaimpléiseacha a cruthaíodh chun tuiscintí Chonradh na Gaeilge agus an LFM a chur in iúl: is é sin le rá go raibh an Conradh ina eagraíocht ‘choimeádach’ a bhí tiomanta don ‘traidisiún’ amháin agus go raibh an LFM ina ghluaiseacht ‘liobrálach’ a bhí gafa leis an ‘nua-aoisiú’ amháin. Míníonn an tráchtas seo nár scéal simplí é seo ar chor ar bith. Bíodh is gur theastaigh ó chuid de na baill sa dá eagraíocht a thabhairt le fios go raibh deighilt ghlan agus antoisceach eatarthu ó thaobh meoin de, léiríonn an tráchtas seo a mhalairt. Toradh eile de chuid an tráchtas seo, mar sin, is ea go raibh forluí meoin agus dioscúrsach idir Conradh na Gaeilge agus an LFM agus iad ag gníomhú ar láthair na Gaeilge éigeantaí.

## **2. Forluí meoin idir Conradh na Gaeilge agus an LFM**

Agus mé ag tarraingt ar an tógachas sóisialta, ceann de na táscairí dioscúrsacha ba rialta agus ba mhó suntas a tháinig chun solais san fhaisnéis eimpíreach ab ea an fhimíneacht, mar a chonacthas don dá eagraíocht í, a bhain le reitric agus cleachtais an Stáit agus Fhianna Fáil i leith na hathbheochana. Léiríonn an tráchtas seo, mar sin, go raibh forluí smaointeoireachta idir Conradh na Gaeilge agus an LFM sa mhéid is gur mheas an dá eagraíocht gur ‘namhaid’ a bhí i bhFianna Fáil agus sa Stát araon. Theastaigh ón dá eagraíocht na ‘gnáthdhaoine’ a fhuascailt ó dhrochthionchar na naimhde sin chun an córas a liobrálú. Áitím, dá bharr sin, go raibh an dá eagraíocht ag tarraingt ar an dioscúrsa céanna ach go raibh an dá thaobh ag teacht ar chonclúidí freasúracha chun an fhimíneacht sin a leigheas.

### **2.1 Freagra an LFM**

D’éirigh leis an LFM baill agus lucht tacaíochta a shlógadh ar go leor cúinsí difriúla. Ciallaíonn sin go raibh go leor sruthanna ag feidhmiú laistigh den eagraíocht, daoine ar mhian leo cuspóirí éagsúla a bhaint amach sa mhullach ar bheartas na Gaeilge

éigeantaí a chur ar fionraí. Bhí cuid de bhaill na heagraíochta míshásta leis an nGaeilge éigeantach agus leis an nGaeilge mar mhéan teagaisc de bharr na heisimirce. Is é sin le rá go raibh daoine ag dul ar an gcoigríoch, dar leis an LFM, gan na scileanna oiliúna cuí mar chuid dá n-armlón mar gheall ar róbhéim na Gaeilge ar scoil. Bhíothas ann freisin a bhí buartha faoin lámh láidir sna scoileanna agus chuaigh cuid den dream sin ar aghaidh chun *Reform* a bhunú i 1967. Ar an ábhar sin, bhí droch-eispéireas ag cuid de na baill sin mar gheall ar an gcaoi ar múineadh an Ghaeilge dóibh ar scoil. Ina theannta sin, bhí lucht tionsclaíochta agus gnó mar chuid den LFM, daoine a bhí go mór in amhras faoi éifeachtacht an teagaisc trí Ghaeilge chun na daoine oilte cuí a sholáthar do riachtanais an gheilleagair nua sna seascaidí. Bhíothas ann freisin ar theastaigh uathu coraíocht leis na húdaráis chun an córas a liobrálú agus chun saol príobháideach an ‘life-world’ a chosaint ó choilíniú na scothaicmí. Léiríonn an tráchtas seo gur aithin Conradh na Gaeilge an t-iolrachas sin a mhair laistigh de bhallraíocht an LFM. Mar sin féin, ní miste a rá gur tháirg an Conradh íomhá shimplithe de fhéiniúlacht an LFM freisin, mar a bhí: ‘dream Gallda agus Aontachtach,’ ‘iarBhriotanaigh’ agus ‘dream Fine Gaelach.’

### 2.1.1 Táirgeacht shiombalach

Faoi réir ag idé-eolaíocht an LFM, léiríonn an tráchtas seo gurbh í fealsúnacht cheartchreidmheach Fhianna Fáil, de Valera agus na cléire a bhí ina bonn dlisteanaithe faoi dhrochiarmhairtí an bheartais teanga. Áitím, mar sin, gur mheas an LFM go raibh cruinneshamhail choimeádach, Ghaelach agus Chaitliceach an Stáit, mar a chonacthas don eagraíocht í, ina bagairt ar fhorlámhas, ar lárnacht agus ar luachanna saoil na sochaí uirbí a bhí ag teacht chun cinn sna seascaidí. Dá bharr sin, tháirg an LFM bríonna sóisialta inar tugadh le tuiscint gurbh iad Fianna Fáil, ‘Éire de Valera,’ an chléir agus Conradh na Gaeilge a bhí ina n-íocóin choimeádacha a sheas don ‘éagóir’ agus don ‘leatrom’ a bhí á bhfulaingt ag daoine de dheasca an bheartais teanga. Mhúscail an ‘éagóir’ sin ‘gníomhúchán’ an LFM nuair a céadbhunaíodh an eagraíocht i 1965. Thug sé seo spreagadh doibh chun brí shóisialta a tháirgeadh inar tugadh le fios gur dhream aonchineálach iad na ‘Gaeilgeoirí’ a samhlaíodh le hícóin choimeádacha ar nós de Valera agus na cléire araon. Léirigh seo nárbh fhéidir le hÉirinn a bheith ‘nua-aimseartha’ agus ‘Gaelach’ ag an am céanna, dar leo. Ar aon dul leis sin, ba nós leis an LFM baill an Chonartha agus baill Misneach araon a

mhíniú faoi lipéad aonchineálach agus ginearálta an ‘Ghaeilgeora.’ Scriosadh ab ea é seo ar iolrachas ghluaiseacht na Gaeilge, dar liom.

Chuaigh an LFM, mar sin, i muinín na táirgeachta siombalaí chun dúshlán a thabhairt don bhunaíocht.

### **2.1.2 Dúshlán a thabhairt don ‘bhunaíocht’**

Is údar suntais é gur shamhlaigh an LFM an Ghaeilge éigeantach le Fianna Fáil i bhfianaise gurbh é rialtas Chumann na nGaedheal a chuir tús le beartas na hathbheochana an chéad lá riamh chomh maith leis an nGaeilge éigeantach don Mheánteistiméireacht agus an Ghaeilge mar mheán teagaisc bunscoile (féach 2.3.2). Ach ina ainneoin sin, shamhlaigh an LFM an Ghaeilge mar aon le Conradh na Gaeilge a bheith bainteach le ‘bunaíocht’ Fhianna Fáileach an Stáit agus ba mhian leis an eagraíocht, dá bharr, coraíocht leis an ‘mbunaíocht’ sin chun na ‘gnáthdhaoine,’ a d’fhulaing an beartas, a fhuascailt ó chiapadh an tsrianaithe. Fágann sin, faoi dhioscúrsa an LFM, gurbh é leas ‘daoine eile’ a bhí ina chnámh spairne ag an eagraíocht ar an ábhar gur éirigh le formhór mór na mball pas a bhaint amach san Ardteistiméireacht iad féin.

Dá thiomanta is a bhí Fianna Fáil don ‘replacement policy’ agus don bheartas ‘aonteangach’ dar leis an LFM, is díol suntais é nár aithin an LFM riamh gur tháinig maolú ar an tiomantas reitriciúil sin sa Pháipéar Bán i 1965, áit ar dearbhaíodh gurbh é an dátheangachas bunchuspóir an Stáit feasta (féach 2.4.5). Léiriú is ea é sin, dar liom, go raibh ‘reitric’ Fhianna Fáil agus an Stáit in úsáid ag an LFM mar uirlis chatha chun fogha a thabhairt faoin gcóras polaitiúil agus sóisialta trí chéile, córas a bhí lochtach agus a bhí á phlúchadh ag an mbunaíocht a chuimsigh Fianna Fáil agus na ‘Gaeilgeoirí’ araon. Fágann sin nár fheil sé do mhianta agus do leasanna an LFM a admháil go raibh an tseanreitric sin á bréagnú agus á maolú sa Pháipéar Bán. Bearna is ea é sin i ndioscúrsa an LFM arb ionann é agus scriosadh idé-eolaíochta.

### **2.2 Freagra Chonradh na Gaeilge**

Mar thoradh ar dhúnadh na gcoláistí ullmhúchán i 1960 mar aon leis na laigí a bhain leis an bPáipéar Bán i 1965, ba léir do ghluaiseacht na Gaeilge nach raibh an Stát dáiríre faoi athbheochan na Gaeilge a thuilleadh. Thug sé seo uchtach don eagraíocht

Misneach tarraingt siar as gluaiseacht ‘oifigiúil’ na Gaeilge i dtreo is gurbh fhéidir leo modhanna nua léirsithe agus gníomhaíochta a cheapadh.

Um an dtaca céanna, bhí borradh faoi bhallraíocht daoine óga sa Chonradh de bharr scéim timireachta Chathail Uí Fheinneadha. Ar aon dul le baill Misneach, dream machnamhach agus feasach ab iad na baill nua den Chonradh a bhí éirithe soiniciúil i dtaobh reitric gan ghníomh agus gan toradh Fhianna Fáil agus an Stáit i leith na Gaeilge. Bhí na baill óga seo an-amhrasach go deo i leith dhílseacht sheanfiondúirí an Chonartha don bhunaíocht agus do Fhianna Fáil go háirithe. Léirigh seo don ghasra óg sa Chonradh go raibh athmhúnlú fealsúnachta ag teastáil go géar agus go dóite le nach samhlófaí an eagraíocht mar chuid den ‘scothaicme’ a thuilleadh.

De bharr theacht chun cinn Misneach mar aon leis an athnuachan chomhuaineach a bhí ag tarlú sa Chonradh i lár na seascaidí, músclaíodh gníomhúchán an Chonartha agus tuigeadh go raibh bealach úr maireachtála agus gníomhaíochta ag teastáil chun an eagraíocht mar aon lena cuspóirí a chur in iúl feasta. Bhí baint ag bunú an LFM le spreagadh a thabhairt do Chonradh na Gaeilge athnuachan a dhéanamh air féin, bíodh is go ndearna cuid de bhaill na heagraíochta scriosadh idé-eolaíochta ar an tionchar sin. Agus an athnuachan faoi lán seoil, thug an Conradh faoi tháirgeacht shiombalach leis an aidhm go gcruthófaí bríonna úra chun an Ghaeilge a léirmhíniú sa saol sóisialta.

### **2.2.1 Táirgeacht shiombalach**

Chuir sin, tugadh faoi léitheoireacht sa tsochtheangeolaíocht agus sna gluaiseachtaí sóisialta, faoi choimirce Chraobh na Cásca go háirithe, d’fhonn baill nua an Chonartha a chumasú chun tábhacht na teanga a chur in iúl i dtéarmaí socheolaíochta feasta, murab ionann agus an seanchur chuige a bhí fréamhaithe sa mhaoithneachas amháin.

Ar an ábhar sin, tháirg Craobh na Cásca bríonna a thug le tuiscint go raibh an ‘tiarnas cultúir’ agus an ‘comhshamhlú’ á mbrú ar Éirinn faoi thionchar an ollchultúir réamhdhéanta Angla-Mheiriceánaigh. Theastaigh ón gConradh, faoi uachtaránacht Uí Chaollaí, muintir na hÉireann a fhuascailt ó thionchar an chomhshamhlaithe trí dhínit an duine a chosaint agus tríd an éagsúlacht a chothú. Ba é athréimniú na Gaeilge agus bunú phobal náisiúnta an modh ab éifeachtaí chun an

mhian sin a bhaint amach. Ar aon dul leis an LFM, mar sin, bhí ‘leas daoine eile’ ag dó na geirbe ag Conradh na Gaeilge um an dtaca seo.

Bhí Conradh na Gaeilge den tuairim go rachadh sé chun tairbhe an náisiúin dá mbunófaí ‘pobal náisiúnta’ a mbeadh rochtain ag cách air, beag beann ar phór agus ar ghéinte, agus a mbeadh an Ghaeilge ina cloch choirnéil air. Faoin bhfealsúnacht sin, táirgeadh an bhrí shóisialta go raibh an Ghaeilge riachtanach mar ghléas cuimsitheach chun náisiúntacht bhuan Éireannach a chur chun cinn. Bíodh is nach bhfuil coincheap an phobail náisiúnta fréamhaithe sa chiníochas, dar leis an gConradh, d’fhéadfaí a áiteamh go ndéanann seo scríosadh ar bhailíocht na ndaoine sin nach dteastaíonn uathu a bhféiniúlacht a nascadh leis an teanga.

### **2.2.2 An Conradh mar chuid den bhunaíocht?**

Mar thoradh ar easpa gnímh agus ar fhimíneacht Fhianna Fáil agus an Stáit, tháinig Conradh na Gaeilge ar an tuiscint ag druidim le deireadh na seascaidí nach n-éireodh leis an athbheochan. Chun teacht i dtír air sin, thosaigh an Conradh ag trácht ar an ‘athréimniú’ in áit na hathbheochana agus faoina réir sin, tosaíodh ag dul i muinín dhioscúrsa na gceart ag deireadh na seascaidí agus ag tús na seachtóidí, tráth a mbíodh cearta oideachais agus teanga á n-éileamh acu. D’fhág sin, dar leis an gConradh, nach raibh an eagraíocht mar chuid den bhunaíocht níos mó ach go raibh sí ar an imeall le fírinne. Léiríonn an tráchtas seo gurbh fhíor sin agus gurbh í sin an chúis a raibh ar an eagraíocht dul i muinín theorici na ngluaiseachtaí sóisialta le go dtuigfí cén chaoi chun athruithe a spreagadh lasmuigh den chóras polaitiúil.

### **2.3 Conclúid: Aisfhillteacht**

Dá éagsúla iad Conradh na Gaeilge agus an LFM lena chéile, léiríonn an tráchtas seo go raibh forluí dioscúrsach idir an dá eagraíocht sin agus iad araon ag tarraingt ar an dioscúrsa frithcheannasach agus fuascailteach céanna. Chuige sin, shantaigh an dá eagraíocht cearta a mball a chosaint agus na baill sin a fhuascailt ó ‘smachtú’ agus ó thionchar srianaithe na bunaíochta. Bhí an dá eagraíocht ar aon fhocal lena chéile cuid mhór faoinar chuimsigh an bhunaíocht: ba é sin an Stát agus Fianna Fáil araon. Léiriú is ea é seo, dar liom, ar an bpróiseas séimeolaíoch ar a dtugtar ‘aisfhillteacht’, rud a chiallaíonn go bhféadfadh na feiniméin chéanna teacht chun solais sa chomhthéacs inghrúpa agus sa chomhthéacs idirghrúpa araon. In ainneoin go raibh

forluí idir an dá eagraíocht faoi fhímíneacht agus faoi chur i gcéill na bunaíochta, dhiúltaigh an Conradh glan don cháineadh, a chuir an LFM ina leith go minic, gur dhlúthchuid den bhunaíocht é. Anois agus plé déanta agam ar na dioscúrsaí ilchineálacha ar tharraing Conradh na Gaeilge agus an LFM orthu chun ceist na Gaeilge a mhíniú, is mithid staidéar a dhéanamh ar na hidé-eolaíochtaí teanga faoinar cruthaíodh na dioscúrsaí sin.

### **3. LFM & Conradh na Gaeilge: Gluaiseachtaí náisiúnaíocha**

Patrún dioscúrsach eile a tháinig chun solais san fhaisnéis eimpíreach ab ea an nasc idir teanga agus náisiúntacht. Toradh de chuid an tráchtais seo is ea gur ghluaiseachtaí náisiúnaíocha iad Conradh na Gaeilge agus an LFM sa mhéid is go raibh ceist na Gaeilge i gcomhthéacs na náisiúntachta ag dó na geirbe acu araon. Ciallaíonn sin go raibh físeanna codarsnacha á dtáirgeadh, á n-atáirgeadh agus á ‘samhlú’ acu maidir leis an gcineál róil go mba cheart a bheith ag teanga i saol an náisiúin, dar leo. Arís sa chás seo, bhí an dá eagraíocht ag tarraingt ar an dioscúrsa céanna – ba é sin leas agus folláine an náisiúin agus an phobail. Ar ndóigh, léiríonn an fhianaise eimpíreach, a pléadh go mion sa tráchtas seo, gur úsáid an dá eagraíocht an dioscúrsa sin chun aidhmeanna freasúracha a bhaint amach agus chun idé-eolaíochtaí difriúla teanga a tháirgeadh agus a chraobhscaoileadh.

#### **3.1 Táirgeacht idé-eolaíochtaí teanga: LFM**

Ó thaobh na hidé-eolaíochta de, bhreathnaigh an LFM ar an teanga mar aonad réasúnach agus fónaíoch nach raibh aon bhaint aici le seachadadh na náisiúntachta. Áitím, dá bharr sin, gur ghiorra do na náisiúnaithe polaitiúla in Éirinn (Páirtí Parlaiminteach na hÉireann) a bhí fealsúnacht an LFM i leith na Gaeilge toisc nár aithníodh an teanga mar fhoinsé náisiúntachta don ‘Éireannachas’ (féach 2.2.1). Murab ionann agus Conradh na Gaeilge a chloígh le nósanna an náisiúnachais chultúrtha, dream a bhí sa Pháirtí Parlaiminteach a chloígh le comharthaí sóirt an náisiúnachais pholaitiúil sa mhéid is gurbh í mian an pháirtí sin rialtas dúchais a bhaint amach d’Éirinn. D’fhág sin gur mheas an Páirtí Parlaiminteach gur leor an féinrialú mar chomhartha náisiúntachta beag beann ar chur chun cinn an chultúir agus beag beann ar athbheochan na Gaeilge freisin. Bhí an meon seo, a bhí fréamhaithe sa chomhfhios praiticiúil, i réim san LFM agus i gcodanna de Fhine Gael le linn na seascaidí agus na seachtóidí freisin, dar leis an gCaollaíoch.

Agus na buntuiscentí sin mar chuid dá n-armlón i gcónaí, músclaíodh comhfhios dioscúrsach Fhine Gael agus an LFM mar thoradh ar na hathruithe sóisialta a tháinig i dtír ar Éirinn sna caogaidí agus sna seascaidí. Faoina anáil sin, agus an comhfhios praiticiúil agus dioscúrsach á nascadh, tosaíodh ag léirmhíniú na Gaeilge agus na náisiúntachta faoi réir ag an iarnáisiúnachas agus ag an liobrálachas clasaiceach araon, rud a leag béim ar chearta agus ar shaorthoil an phobail gan a bhféiniúlacht a nascadh leis an nGaelachas murar mhian leo é.

Léiríonn an fhaisnéis eimpíreach, cuirim i gcás, go raibh fíis uilíoch agus aonfhoirmeach den náisiúntacht á cur chun cinn ag leithéidí Richard Clear ('brotherhood of man') agus ag Christopher Morris beirt ('my neighbour is all mankind'). Léiríonn seo go raibh an t-iarnáisiúnachas, a bhí fréamhaithe sa chomhfhios dioscúrsach, go mór i réim san LFM agus gur mhian leo, dá réir, féiniúlacht na heagraíochta a innéacsú le comhthéacs ní ba leithne Eorpach. D'fhéadfaí a áiteamh gur dioscúrsa é seo a scriosann bailíocht na daoine sin ar mian leo a bhféiniúlacht a nascadh leis an teanga (féach Tábla 7-1).

<b>Idé-eolaíochtaí teanga an LFM</b>
Réasúnach, oibiachtúil & fónaíoch
Frith-eisintiúil
An náisiúntacht aonfhoirmeach & uilíoch
Náisiúnachas polaitiúil & an t- iarnáisiúnachas

**Tábla 7-1: Idé-eolaíochtaí teanga an LFM**

Bhí sruth liobrálach ag bailiú nirt sna seascaidí, sruth a chuimsigh an ghluaiseacht Tuairim, codanna de Fhine Gael agus de Fhianna Fáil agus a chreid go láidir sa dioscúrsa iarnáisiúnach agus Eorpach.

### **3.2 Táirgeacht idé-eolaíochtaí teanga: Conradh na Gaeilge**

Ar mhalairt tuairime a bhí Conradh na Gaeilge, grúpa a bhreathnaigh ar an nGaeilge go hidé-eolaíoch mar aonad aisfhillteach, suibiachtúil agus mothúchánach agus mar ghléas a chuir éagsúlacht (murab ionann agus aonfhoirmeacht) na mionphobal chun cinn. Atáirgeacht is ea é seo, atá fréamhaithe sa chomhfhios praiticiúil, ar idé-eolaíocht eisintiúil na hAthbheochana. Faoin idé-eolaíocht úd, áitítear go mbuanaíonn éagsúlacht teangacha an domhain an tsainsaíocht a bhaineann le lucht

labhartha na dteangacha sin mar aon leis an tsainfhéachaint amach atá acu ar an saol (Hipitéis Sapir-Whorf) (Jaffe, 2007: 60). Agus an luach cultúrtha agus sóisialta sin de dhlúth agus d'inneach sa teanga, is féidir, dar le Jaffe (2007: 62), an t-eisintiúlachas a nascadh le dioscúrsa na gceart freisin, rud a bhunaíonn 'cearta' lucht labhartha mionteangacha a bheith éagsúil lena chéile, dá mba mhian leo. Ar an ábhar sin, chuaigh Conradh na Gaeilge i muinín na Breataine Bige agus Cheanada araon nuair a bhí cearta oideachais agus cearta teanga á n-éileamh acu sna seascaidí agus sna seachtoidí. Is ionann seo agus athmhúnlú a dhéanamh ar sheandioscúrsa chun éilimh chomhaimseartha a bhaint amach ar bhealach nua-aimseartha (cearta oideachais & teanga).

Léiríonn an tráchtas seo, dá réir sin, gur éirigh leis an gConradh, faoi stiúir Uí Chaollaí, fealsúnacht eisintiúil na hAthbheochana a fhorbairt agus a athnuachan ar bhealach nua-aimseartha um an dtaca seo. Rinneadh é sin, dar liom, tríd an náisiún mar aon le cuspóirí na heagraíochta féin a léirmhíniú feasta i dtéarmaí socheolaíochta seachas trí dhul i muinín na 'nathanna beaga Píarsacha' amháin. Is éard is ciall leis an náisiún, dar leis an gConradh, ná an tuiscint agus an bhraistint go bhfuil duine ina bhall de 'ghrúpa,' de 'ghasra' nó de 'phobal náisiúnta' agus is í an Ghaeilge an meán trína mbainfí an chomhthuiscint sin amach (féach Tábla 7-2).

<b>Idé-eolaíochtaí teanga Chonradh na Gaeilge</b>
Aisfhillteach, suibiachtúil & mothachálach
Eisintiúil
Éagsúlacht na mionphobal & na náisiúntachta
Náisiúnachas cultúrtha

**Tábla 7-2: Idé-eolaíochtaí teanga Chonradh na Gaeilge**

Léiríonn an tráchtas seo, mar sin, gurbh é ról an Ghaelachais, dá mb'ann dó, i sainiú an náisiúin Éireannaigh an príomhúdar allagair agus díospóireachta idir Conradh na Gaeilge agus an LFM. Shantaigh an dá eagraíocht bríonna a tháirgeadh a léirmhíneadh an náisiún Éireannach ar bhealach a rachadh chun leas phobal na tíre.



### 3.3 Conclúid: ‘Gaelachas’ Vs ‘Éireannachas’

Ar láimh amháin, d’áitigh Conradh na Gaeilge gur chuid ‘riachtanach’ den ‘Éireannachas’ comhaimseartha é an ‘Gaelachas’ óir ba é an ‘Gaelachas’ a chothaigh an nasc leis an stair agus a chothaigh comhthuisicint, rannpháirtíocht, féinmheas agus féinmhuinín i measc bhaill an phobail náisiúnta. Ba í sin an fhís nua-aoisithe a bhí á moladh ag an gConradh don todhchaí. Ar an láimh eile, ba iarsma cultúrtha de chuid na staire é an Gaelachas, dar leis an LFM, a raibh ról tánaisteach aige i léirmhíniú an Éireannachais i saol na freacnairce. Bhí an tÉireannachas comhaimseartha, faoi idé-eolaíocht an LFM, á nascadh le féiniúlacht nua-aimseartha agus Eorpach.

Toradh de chuid an tráchtais seo is ea gur tharraing Conradh na Gaeilge ar an tsocheolaíocht agus ar theoiricí na ngluaiseachtaí sóisialta araon chun dúshlán a thabhairt d’idé-eolaíocht an LFM nárbh fhéidir le hÉirinn a bheith ‘Gaelach’ agus ‘nua-aimseartha’ ag an am céanna. Dá cheannródaí agus dá nua-aimseartha is a bhí modhanna agus tuiscintí nua an Chonartha, níor éirigh leis an eagraíocht díoscúrsa an LFM, MacNamara agus Fhine Gael a chur ó dhoras. Is údar spéise é sin i ndáiríre i bhfianaise go raibh an Conradh in ainm is a bheith i bpócaí na bunaíochta dar leis an LFM. Léiríonn seo an difríocht is mó suntas idir rath an dá eagraíocht. Is é sin le rá go raibh fíor-thacaíocht pholaitiúil, murab ionann agus bréag-thacaíocht reitriciúil, ag an LFM ó Fhine Gael, rud a chinntigh gur éirigh leo a n-aidhmeanna a bhaint amach agus deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach i 1973 agus i 1974 faoi seach.

## 4. Fine Gael agus an LFM: Trasnáil meoin

Táscaire díoscúrsach eile a d’aithin mé ar fhaisnéis eimpíreach an taighde seo is ea an cur agus cúiteamh a bhí ar siúl i measc Chonaradh na Gaeilge agus an LFM faoin nasc, nó a mhalairt, a bhí idir an LFM agus Fine Gael.

Léiríonn an tráchtas seo go raibh forluí meoin agus smaointeoireachta idir Fine Gael agus an LFM, forluí a shonraítear i gcaipéisíocht de chuid an LFM, an *Just Society* (1966; c.1968) mar aon le scríbhinní Garret FitzGerald (1964). Cuimsíonn an forluí sin na cosúlachtaí seo a leanas:

- 1 Beartas ‘réalaíoch’ don Ghaeilge a chur chun cinn.

- 2 Ba cheart teanga an teaghlaigh a bheith ina meán teagaisc scoile (MacNamara) agus gan meán teagaisc ar bith ‘a bhrú’ ar pháistí in aghaidh ‘saorthoil’ a dtuismitheoirí (liobrálachas clasaiceach).
- 3 Páistí na hÉireann faoi mhíbhuntáiste fostaíochta & iad ag dul in iomaíocht lena gcomhionann sa Bhreatain.
- 4 I bhfianaise gurbh é an Béarla an gnáthmheán cumarsáide sa tír, léiriú ab ea é sin go raibh ‘cinneadh’ déanta ag pobal na hÉireann diúltú don athbheochan.

I bhfianaise na n-alt ó pheann Garret FitzGerald a foilsíodh ar an *Irish Times* i 1964 mar aon leis an rian doshéanta a d’fhág sé ar bheartas Gaeilge an *Just Society*, áitím go raibh sé ar an intleachtóir ba mhó tionchar i bhFine Gael maidir le bríonna a tháirgeadh a thabharfadh dúshlán do bheartas na Gaeilge éigeantaí. Mar gheall ar na cosúlachtaí sin idir an LFM, Fine Gael agus Garret FitzGerald, deir Maolsheachlainn Ó Caollaí go raibh FitzGerald ina ‘údar intleachtúil’ agus ina ‘liberal icon’ ag an LFM, dar leis. Áitíonn sé, dá bharr sin, gur ‘front’ é an LFM d’eite áirithe i bhFine Gael agus gurbh é an LFM a chuir mian na heite sin i gcrích.

#### **4.1 Cen nasc a bhí idir an LFM agus Fine Gael?**

Maíonn Ó Caollaí agus Mac Aonghusa beirt gur thug Fine Gael mar aon le Garret FitzGerald stádas d’argóintí in aghaidh na Gaeilge agus go raibh na hargóintí sin in úsáid ag an LFM mar ardán stocaireachta nuair a bunaíodh an eagraíocht sin i 1965.

Diúltaíonn an LFM don tuairim sin, áfach, agus áitítear gur bunaíodh an LFM neamhspleách ar aon pháirtí polaitíochta agus neamhspleách ar na tuairimí a nocht Garret FitzGerald ar an *Irish Times* i 1964. Ní miste a rá nár luadh athrú beartais Fhine Gael i 1959 nó tuiscintí FitzGerald ar an *Irish Times* i 1964 mar gháir shlógaidh ag an LFM sna hagallaimh a rinne mé leo. Luadh, áfach, gur fhrithghníomh é bunú an LFM ar fhimíneacht Fhianna Fáil agus an Stáit seachas gur ghníomh é a d’eascair as beartais nua Fhine Gael i leith na Gaeilge éigeantaí i 1959 agus in olltoghchán 1961. Bheinn in amhras, mar sin, gur eascair beartais Fhine Gael as an LFM ó tharla gur fhógair Dillon an t-athrú beartais den chéad uair i 1959, sé bliana roimh theacht an LFM ar an bhfód i 1965.

Nílim in ann téis Uí Chaollaí gur ‘front’ é an LFM d’eite i bhFine Gael a chruthú ná nílim in ann í a bhréagnú ach an oiread. Mar sin féin, léiríonn an trachtas seo go

raibh an meon céanna i leith na Gaeilge ag an LFM is a bhí ag eite de Fhine Gael (náisiúnachas polaitiúil) agus gurbh í sin an chúis a raibh cosúlachtaí idir a mbeartais. Is í sin an chúis a raibh forluí ballraíochta eatarthu freisin. Léiríonn sin go raibh ‘nasc’ idir Fine Gael agus an LFM.

Bíodh is go raibh ‘nasc’ idir Fine Gael agus an LFM, ní chreidim gur nasc ‘eagraithe’ nó ‘institiúideach’ é a bhí faofa ag ceannairí éagsúla an pháirtí ó 1965 ar aghaidh. Tagaim leis an Snodach maidir leis an gceist seo – is é sin nach raibh Fine Gael ‘mar struchtúr’ bainteach leis an LFM. Áitím, mar sin féin, go raibh nasc fealsúnachta agus meoin eatarthu (comhfhios praiticiúil) de bharr Alexis FitzGerald, John B. Keane, John M. Kelly, Paddy Belton, James Dillon agus John Bruton faoi seach. Tagann Ó Tuathaigh leis seo freisin:

[...] bhí buíonn áirithe sa pháirtí sin [Fine Gael], agus i bpáirtithe eile freisin, a bhí glan in aghaidh na hathbheochana per se, nó nár chreid gur bhain sé leo, agus a thug tacaíocht do bhrú-ghrúpaí a bhí gníomhach ag an am (m.sh., an L.F.M.) ag cur in aghaidh bheartas oifigiúil an Stáit i leith na teanga – idir chuspóir agus chur chuige (2011: 92).

Ar aon dul leis sin, léiríonn taighde an iarChoimisinéara Teanga, Seán Ó Cuirreáin (2013) go ndeachaigh tuiscintí an LFM i leith na Gaeilge i bhfeidhm ar an gComhrialtas Náisiúnta agus ar ardstátseirbhísigh na linne araon.

Bíodh is go raibh cuid de Fhine Gael ag teacht le fealsúnacht an LFM, deir Dick Burke, agus é ag trácht ar a eispéireas pearsanta féin mar Aire Oideachais sa Chomhrialtas Náisiúnta (1973-76), nár tháinig sé faoi anáil Garret FitzGerald agus an *Just Society* nó faoi anáil an LFM ach an oiread. Léiríonn sé soiniúilacht agus amhras ina leith agus i leith a mianta. In ainneoin gur tháinig sé leis an LFM maidir le duáilcís an éigeantais, deir sé nach raibh fonn air an bonn a bhaint d’idéil na hAthbheochana. Maíonn sé freisin gur chuir sé deireadh leis an nGaeilge éigeantach toisc go raibh sé ar chlár an rialtais, clár a bhí curtha i dtoll a chéile ag an dá pháirtí roimh ré. Is cosúil, mar sin, go bhfuil Burke, i saol na freacnairce, á dhealú féin ón gcinneadh deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach Ardeiste sa mhéid is go ndeir sé gur bheartas é a bhí réamhshocraithe ag an dá pháirtí roimh ré agus nach raibh de rogha aige ach é a chur i bhfeidhm.

Ní furasta a rá go baileach cén bhaint a bhí ag an LFM le Fine Gael i bhfianaise go bhfuil tuairimí an Chonartha agus an LFM ag teacht salach ar a chéile, mar ba dhual

dóibh. Tabharfaidh mé mo bhreithiúnas féin ar an gceist sin anois bunaithe ar an bhfianaise a chíos mé sa tráchtas seo.

## 4.2 Conclúid

Bíodh is go n-áitím nach raibh nasc ‘foirmeálta’ nó ‘eagraithe’ idir Fine Gael agus an LFM, creidim gur fhág an LFM rian doshéanta ar Fhine Gael sa mhéid is gur léirigh an eagraíocht sin do Fhine Gael go raibh gluaiseacht sa tír nach raibh fabhrach don bheartas teanga mar a bhí. Thug sé seo ‘uchtach’ do Fhine Gael deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach i 1973 agus i 1974 faoi seach. Is é an ‘t-uchtach’ sin, sa mhullach ar an bhforluí meoin, an tionchar ba mhó tábhacht a d’imir an LFM ar Fhine Gael.

Dá bharr sin, áitím, mar gheall ar an bhforluí fealsúnachta, gur fheidhmigh Fine Gael mar ‘proxy’ a chuir cuspóirí an LFM i bhfeidhm mar chuid de chlár an Chomhrialtais Náisiúnta. Tacaíocht thábhachtach agus ghníomhach ab ea í seo a thug Fine Gael don LFM – murab ionann agus an tacaíocht reitriciúil gan ghníomh agus gan toradh a fuair Conradh na Gaeilge ó Fhianna Fáil cuirim i gcás.

## 5. Frámaíocht úr léirmhínteach á dearadh

Staidéar idirdhisciplíneach is ea an tráchtas seo atá fréamhaithe sa stair, sa tsocheolaíocht mar aon le hantraipeolaíocht na teanga. Frámaíocht chuimsitheach, bhisiúil agus nuálach is ea í seo chun tabhairt faoi staidéar sochttheangeolaíochta mar seo ar idé-eolaíochtaí teanga i leith na Gaeilge. Trí dhul i muinín teoricí na ngluaiseachtaí sóisialta agus an náisiúnachais araon, d’éirigh liom ní ba mhó treochtaí, táscairí agus bearnaí dioscúrsacha a aithint ar an bhfaisnéis eimpíreach ná mar a cheadódh cur chuige a bhí bunaithe ar choincheap na hidé-eolaíochta teanga amháin. Cuireann sin go mór le hiontaofacht agus le saibhreas na dtorthaí taighde, dar liom.

Sa mhullach air sin, léiríonn an taighde seo go bhféadfaí sonraí stairiúla mar aon le faisnéis eimpíreach shocheolaíoch a chomhtháthú agus a phlé laistigh den fhrámaíocht léirmhínteach chéanna. Áitím, mar sin, go leagann an tráchtas seo modheolaíocht úr amach faoina bhféadfaí staidéar a dhéanamh ar tháirgeacht, ar scriosadh agus ar mhúnlú féiniúlachtaí agus idé-eolaíochtaí teanga laistigh de ghluaiseachtaí sóisialta.

Níl aon amhras, mar sin, ach go bhféadfadh an t-aos léinn tarraingt ar an múnla céanna amach anseo chun staidéar a dhéanamh ar ghluaiseachtaí sóisialta eile mar aon lena n-idé-eolaíochtaí iomadúla i leith iliomad ceisteanna sa tsochaí.

#### 7.4 Focal scoir

Ar an gcéad spléachadh, is deacair cur i gcoinne cuid de na hargóintí a bhí ag an LFM. Is é sin le rá:

- go raibh an Ghaeilge éigeantach don Ardteist ag déanamh leatroid ar chodanna den phobal.
- gur cheart go roghnófaí an meán teagaisc scoile faoi réir ag saorthoil na dtuismitheoirí.

Is tuairimí ciallmhara agus réasúnacha iad seo ar fad a nglacfaí leo gan cheist i saol na freacnairce. Ach má bhreathnaítear níos géire ar an scéal, is dóigh liom go ndearna an LFM áibhéil ar fhíorstádas na Gaeilge mar aon le fíorthionchar ghluaiseacht na Gaeilge sna seascaidí. In ainneoin ráitis éagsúla an LFM inar cuireadh i gcoinne reitric an Stáit agus Fhianna Fáil, ní dóigh liom gur mheas an LFM go macánta go raibh an baol ann riamh go gcuirfí an Ghaeilge in áit an Bhéarla sa tír – go mórmhór ó tháinig Lemass i gcomharbacht ar de Valera i 1959 agus an fhorbairt gheilleagrach ina port gríosaithe aige. D’fhág sin nach raibh an athbheochan ina tosaíocht ag Lemass, rud a léiríodh go follasach nuair a dhún an tAire Oideachais Pádraig Ó hIrgile na coláistí ullmhúcháin i 1960. Ciallaíonn seo, dar liom, go raibh an Stát ag dul i dtreo Útóipe an LFM cheana féin – cúig bliana roimh bhunú na heagraíochta i 1965. Áitím, dá bharr sin, go ndearna an LFM, FitzGerald (1964) agus Garvin (2004) áibhéil ar fhíorthábhacht lucht na Gaeilge mar ‘scothaicme’ chumhachtach de chuid an Stáit a raibh an-tionchar aici ar pholaiteoirí an lae.

Creidim go raibh an Ghaeilge, dá imeallaí í i ndáiríre, in úsáid ag an LFM mar ghléas chun ceisteanna ní ba leithne a chur faoi nádúr an Stáit agus chun fogha a thabhairt faoi fhealsúnacht ‘Éire de Valera,’ fealsúnacht a bhí ina laincis ar an tsaoirse, dar leo. Is cinnte go raibh sé bailí go gcuirfeadh an LFM ceisteanna faoi nádúr an Stáit dá mba mhian leo. Ar an ábhar sin, bhí an eagraíocht feasach faoin gcomhthéacs sóisialta inar mhair sí, rud a chinntigh go raibh an LFM thar a bheith éifeachtach i mbun chúram an cheistiúcháin. Ní dóigh liom go raibh Conradh na Gaeilge sách

láidir mar eagrais faoi lár na seascaidí chun an fód a sheasamh i gcoinne an LFM agus a thabhairt le fios go soiléir nár bhain an Conradh le bunaíocht an Stáit a thuilleadh.

Ina ainneoin sin, léiríonn an tráchtas seo gurbh eagraíocht dhinimiciúil é an Conradh faoi stiúir Uí Chaollaí ag druidim le deireadh na seascaidí. D'éirigh thar cionn leis an eagraíocht a modhanna oibre mar aon lena fealsúnacht a athnuachan agus a chur in oiriúint don chomhthéacs sóisialta ina raibh sí ag maireachtáil. Oscailt súl domsa ab ea a nuálaí agus a nua-aimseartha is a bhí an Conradh ag an am, rud nach raibh mé ag súil leis agus mé ag tabhairt faoin taighde seo ag an tús. É sin ar fad ráite, bhí 1966 ann faoin uair a athbhunaíodh Craobh na Cásca, rud a d'fhág go raibh an Conradh ar gcúl le hais an LFM i bpróiseas an eagrúcháin. Ina theannta sin, chuaigh sé chun leas an LFM agus chun dochar Chonradh na Gaeilge go raibh an cruinniú i dTeach an Ardmhéara ina chíríib. Mar thoradh ar an bhforéigean a thit amach, bhí deacrachtaí ag an gConradh é féin chomh maith lena fhealsúnacht leasaithe a chur i láthair an phobail.

An t-eolas is tábhachtaí agus is luachmhaire a nochtann an taighde seo, dar liom, ná go raibh Conradh na Gaeilge chomh nua-aimseartha agus chomh bisiúil céanna leis an LFM ag deireadh na seascaidí sa mhéid is go raibh an dá eagraíocht ag tarraingt ar dhioscúrsaí na gceart, na fuascailte agus an liobrálachais chun a gcnámha spairne éagsúla a mhíniú don phobal. Tugann sin dúshlán don scéal neamhaimpléiseach gurbh eagraíocht choimeádach é an Conradh a bhí i bpócaí na bunaíochta. Ní miste a mheabhrú freisin gur thug an LFM, chomh maith leis an bPáipéar Bán, spreagadh do Chonradh na Gaeilge athnuachan a dhéanamh air féin. Mar thoradh air sin, bhí sé ar chumas an Chonartha feachtas na réamhscolaíochta mar aon leis an bhfeachtas ar son reachtaíocht teanga a chur ar siúl sna seachtóidí. Chinntigh sin gur mhair gníomhaíochas an Chonartha i bhfad i ndiaidh don LFM a bheith ar an dé dheiridh.

Gné eile den scéal seo nach féidir a bheith dall uirthi is ea Fine Gael. Mar gheall ar an bhforluí meoin idir an páirtí sin agus an LFM, d'éirigh leis an LFM dul i gcion ar lucht déanta beartais. Rinne sin cinnte de gur éirigh leis an LFM aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach nuair a toghadh an Comhrialtas Náisiúnta i 1973. Fágann sin go raibh an forluí meoin idir an LFM agus Fine Gael an-tábhachtach chun beartas teanga an Stáit a athrú ag an am.

Ach é sin ráite, d'fhéadfadh go gcuirfí an Ghaeilge éigeantach ar fionraí i gcomhthéacs na seachtóidí ar aon nós beag beann ar bhunú an LFM fiú amháin. I bhfianaise chúlú seasta an Stáit ón mbeartas Gaeilge ó 1960 i leith, gan trácht ar thiomantas an aosa pholaitiúil don fhorbairt gheilleagrach agus don aisling Eorpach araon, d'fhéadfadh sé tarlú go n-athrófaí an beartas teanga mar chéim nádúrtha sa chomhthéacs polaitiúil agus sóisialta sin. Níl ansin ach buille faoi thuairim óir ní bheidh freagra na ceiste sin againn go brách.

### **7.5 Buanna & laincisí an taighde**

Tugaim spleáchadh cuimsitheach agus ionadaíoch sa tráchtas seo ar na hidé-eolaíochtaí éagsúla teanga a bhí i réim i gConradh na Gaeilge agus san LFM trí dhul i muinín foinsí stairiúla sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon. Ní miste a rá go raibh sé ar mo chumas labhairt le rannpháirtithe taighde ar mhian leo eolas agus faisnéis a roinnt liom sa dá theanga sin freisin. Fágann sin nach ndearna mé, mar thaighdeoir, scriosadh d'aon ghnó ar dhioscúrsa na Gaeilge nó ar dhioscúrsa an Bhéarla ach an oiread agus ceist na teanga i gcoibhneas leis an náisiúntacht á cíoradh agam sa tráchtas seo. Ina theannta, bhí an fhrámaíocht teoirice ina fál cosanta a chinntigh gurbh í an teoiric, anuas ar an modheolaíocht, a chabhraigh liom na feiniméin agus na treochotha a tháinig chun solais san fhaisnéis eimpíreach a thuiscint. Is ionann sin agus a rá nár aithin mé 'na táscairí dioscúrsacha' san fhaisnéis ar bhealach neamhréireach agus randamach.

Dá ionadaíche é an tráchtas seo ar na hidé-eolaíochtaí éagsúla teanga a bhí i réim san LFM, ní miste a rá nár éirigh liom labhairt le Joan O'Brien, a tháinig i gcomharbacht ar Morris mar uachtarán i 1970 ná le Brian Kennedy a bhí ina rúnaí faoina stiúir. Is ganntanas é sin go deimhin, rud a fhágann nach eol dom go baileach cérbh iad na braistintí pearsanta a bhí ag O'Brien i leith na Gaeilge éigeantaí nó i leith na náisiúntachta ach an oiread. Mar chúiteamh air sin áfach, labhair mé le leithéidí Martin Reynolds agus le Christopher Morris – beirt a raibh baint acu leis an eagraíocht anuas go dtí 1974 nuair a cuireadh deireadh leis an nGaeilge éigeantach don státchóras.

Ceann de na dúshláin ba mhó a raibh mé ag streachailt leis agus an tráchtas seo á scríobh ná an chothromaíocht chúí a bhaint amach idir na cáipéisí cartlainne ar lámh amháin agus na hagallaimh ar an lámh eile. Níor éirigh liom sa tráchtas seo ach

blaiseadh a thabhairt dá bhfuil i gcartlann an LFM, cuir i gcás, agus is é an trua é, ceal spáis, nach raibh mé in ann ní ba mhó béime a leagan ar ábhar na cartlainne sin. Léiríonn sin go bhfuil go leor faisnéise ann a bhféadfadh an t-aos léinn staidéar a dhéanamh air amach anseo.

## 7.6 Féidearthachtaí eile taighde

Staidéar ar idé-eolaíochtaí agus ar thuiscintí pearsanta na rannpháirtithe i gConradh na Gaeilge agus san LFM a bhí sa tráchtas seo. Fágann sin nár éirigh liom mionphlé a dhéanamh ar an rian a d'fhág an dá eagraíocht sin ar lucht déanta beartais. Tugann Finn le fios gur beag plé a dhéantar ar ról na sochaí sibhialta i múnú bheartais an rialtais san anailís chomhaimseartha stairiúil:

It is important that ideas, intellectuals and their influence in persuading governmental institutions to adopt new policies are placed at the centre of an understanding of how Ireland evolved during the 1950 and 1960s. The transition in the Irish economy, society, politics and culture was the consequence of original ideas and new policy decisions. While the body politic, through its democratic mandate, was responsible for the change of direction, the degree to which non-political forums for debate influenced public policy has not been the subject of detailed historical analysis (Finn, 2012: 2).

Bheadh sé spéisiúil, mar sin, cur le taighde an iarChoimisinéara Teanga, Seán Ó Cuirreáin (2013), agus tabhairt faoi obair chuimsitheach chartlainne ina bhfiosrófaí an t-allagar inmheánach rialtais agus Státhórais nuair a glacadh an cinneadh deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach don Ardeist (1973) agus don státhóras (1974). B'fhiú go mór, dar liom, tabhairt faoina leithéid de thaighde cartlainne féachaint cérbh iad na múnlaí, agus an bhaint a bhí ag an gConradh agus ag an LFM lena ndearadh, a ndeachaigh an Comhrialtas Náisiúnta ina muinín chun an t-athrú beartais a dhlístea. Níor thit a leithéid de staidéar faoi scáth an tráchtas seo toisc gur theastaigh uaim béim a leagan ar na heagraíochtaí sa tsochaí sibhialta ar mhian leo dul i gcion ar an rialtas chun gné éigin den saol a athrú.

Ábhar taighde eile a eascraíonn as an tráchtas seo, agus nár mhó a lua, is ea ceist na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann ó 1968 i leith agus an rian a d'fhág an chorráil sin ar thuiscintí i leith na Gaeilge in Éirinn. Áitíonn Gemma Hussey, a bhí ina hAire Oideachais de chuid Fhine Gael idir 1982-86, gur samhlaíodh lucht tacaíochta na Gaeilge a bheith báúil le cur chun cinn an fhoréigin ó thuaidh:



Another damaging blow to the language has been the insidious impression which has arisen among many Irish people since the start of the modern phase of the Northern Ireland conflict in the early 1970s that rabid nationalism, and its extreme manifestation, violent republicanism, are somehow connected with the language-revival movement (1993: 496).

Thosaigh an LFM, go mórmhór le linn na ré a chaith Joan O'Brien mar uachtarán, ag tarraingt ar an dioscúrsa seo freisin agus dúradh, dá bharr sin, gur bac a bheadh sa Ghaeilge, agus sa Ghaeilge éigeantach go háirithe, dá ndéanfaí iarracht an tír a athaontú amach anseo. Mar thoradh ar an bhforéigean ó thuaidh chomh maith leis an nasc a chruthaigh an LFM idir an Ghaeilge (agus lucht a labhartha) ar lámh amháin agus an tírghrá agus an náisiúnachas ar an lámh eile, b'fhiú staidéar a dhéanamh ar na tionchair a d'imir na Trioblóidí ar thuiscintí an LFM i leith na Gaeilge. Bheadh an cineál seo taighde bunaithe cuid mhór ar na cartlanna nuachtáin mar aon le hagallaimh le baill an LFM a mhaireann fós.

Níor chuir mé romham féin sa tráchtas seo cás-staidéar a dhéanamh ar an eagraíocht Misneach. Léiríonn an tráchtas seo áfach gurbh fhiú tabhairt faoi thaighde ní ba chuimsithí ar an eagraíocht sin i bhfianaise gur léirigh an dream sin do ghluaiseacht 'oifigiúil' na Gaeilge gur ghá dul i muinín modhanna nua gníomhaíochta. Ina theannta sin, bhí an Cadhnach an-bhisiúil go deo ag scríobh litreacha isteach chuig na nuachtáin le linn ré an LFM inar thug sé fogha faoin eagraíocht sin go minic. B'fhiú go mór, dar liom, anailís dioscúrsa a dhéanamh ar an gcomhfhreagras sin.

Anois agus comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca ar na bacáin in 2016, is mithid, mar a rinne Misneach i 1966 agus an céalacan ar siúl acu, anailís a dhéanamh ar staid agus ar stádas reatha na teanga. Táimid ag maireachtáil faoi láthair i ré chinniúnach maidir le gníomhaíochas na teanga, go mórmhór i bhfianaise a imeallaí is atá an teanga i ngnóthaí oifigiúla an Stáit le blianta beaga anuas. Ní raibh léiriú níos follasaí air seo ná éirí as an Choimisinéara Teanga, Seán Ó Cuirreáin, i mí na Nollag 2013 mar agóid i gcoinne neamhshuim an rialtais agus ceapachán Joe McHugh, atá ar bheagán Gaeilge, ina Aire Stáit Gaeltachta i mí Iúil 2014.

Sa chaoi chéanna ar tháinig an LFM ar an bhfód mar chuid de cheistiúchán agus d'athbhreithniú na seascaidí, beidh sé spéisiúil nuair a thiocfaidh tráth an chomórtha in 2016 féachaint an gcuirfidh aon ghrúpa eile an lasair sa bharrach, bídís ar son na teanga nó ina coinne, chun ról na Gaeilge sa tsochaí a ath-léirmhíniú. Is ceist

thábhachtach í seo i bhfianaise a lárnaí is a bhí gluaiseacht na Gaeilge chun spreagadh a thabhairt don ghluaiseacht náisiúnta a bhain neamhspleáchas amach. Ar an mbonn sin, cheapfaí go mbeadh ceist na Gaeilge lárnach sa díospóireacht phoiblí le linn an chómóraidh. D'fhéadfadh, mar a tharla cheana, go spreagfadh an t-allagar náisiúnta sin an tsochaí shibhialta chun athnuachan a dhéanamh ar ghluaiseachtaí reatha, nó chun gluaiseachtaí atá imithe in éag le fada a aiséirí in athuir nó chun gluaiseacht shóisialta nua a bhunú fiú amháin. Tiocfaidh sé chun solais in am trátha céard go díreach a thitfidh amach.

Mar chlabhsúr, is cinnte gur láthair bhisiúil plé agus díospóireachta a bheidh sa chomóradh in 2016 don tsochaí shibhialta agus don aos acadúil araon. Beidh cás na teanga agus a háit sa náisiúntacht Éireannach chomh mór faoi chaibidil san aonú haois is fiche is a bhí sé caoga bliain ó shin.

## 8 Leabharliosta

### 8.1 Foinsí Príomhúla

#### 8.1.1 Agallaimh agus Cumarsáid Phearsanta

- Buckley, R., 2011. Agallamh le Roderick Buckley (ball den LFM), Baile Átha Cliath, 14ú Meán Fómhair.
- Burke, R., 2011. Agallamh le Richard Burke (Risteárd de Búrca), Aire Oideachais de chuid Fhine Gael sa Chomhrialtas Náisiúnta (1973-76), Gaillimh, 3ú Lúnasa.
- Byrne, G. 2013. Agallamh leis an gcaoltóir Gay Byrne a bhí ina chathaoirleach ar an dara cruinniú de chuid an LFM i dTeach an Ardmhéara (10ú Márta 1967), Agallamh fóin, 25 Eanáir.
- Clear, R., 2013. Agallamh le Richard Clear (ball den LFM), Baile Átha Cliath, 4ú Feabhra.
- Crummey, F., 2010. Agallamh le Frank Crummey (ball den LFM), Baile Átha Cliath, 27 Meán Fómhair.
- Guerin, T., 2010. Agallamh le Tony Guerin, an Garda a bhí i láthair ag cruinniú an LFM in éineacht le John B. Keane. Líos Tuathail, 20 Deireadh Fómhair.
- Keane, M., 2010. Agallamh le Mary Bn. Keane, Baintreach John B. Keane, Líos Tuathail, 20ú Deireadh Fómhair.
- Kroskirty, P.V., 2012. Cumarsáid phearsanta leis an Ollamh Paul Kroskirty, UCLA, 4ú Nollaig.
- Mac Ruairí, P.T., 2013. Agallamh le Tomás Mac Ruairí, ball de Chonradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 13ú Márta.
- Mac Aonghusa, M., 2013. Agallamh le Mícheál Mac Aonghusa (ball den eagraíocht Misneach & de Chonradh na Gaeilge), Baile Átha Cliath, 5ú Feabhra
- Morris, C., 2010. Agallamh le Christopher Morris, uachtarán & bunaitheoir an LFM. Baile Átha Cliath, 6ú Nollaig.
- Ó Baoill, B., 2013. Agallamh le Brian Ó Baoill, Rúnaí ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge sna 60í, Gaillimh, 30ú Bealtaine.
- Ó Caollaí, M., 2011a. Agallamh le Maolsheachlainn Ó Caollaí, iar-Uachtarán an Chonartha 1968-74, Baile Átha Cliath, 13ú Aibreán 2011.
- Ó Caollaí, M., 2011b. Cumarsáid phearsanta le M. Ó Caollaí, iarUachtarán Chonradh na Gaeilge, 28ú Meitheamh.
- Ó Caollaí, M., 2012. Cumarsáid phearsanta le M. Ó Caollaí, iarUachtarán Chonradh na Gaeilge, 15ú Meitheamh.
- Ó Caollaí, M., 2013a. Cumarsáid phearsanta le M. Ó Caollaí, iarUachtarán Chonradh na Gaeilge, 7ú Eanáir.

- Ó Caollaí, M., 2013b. Cumarsáid phearsanta le M. Ó Caollaí, iar-uachtarán Chonradh na Gaeilge, 10ú Deireadh Fómhair.
- Ó Ceithearnaigh, P., 2013. Agallamh le Pádraig Ó Ceithearnaigh (iar-(leas)-stiúrthóir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge), Béal Átha na Sluaighe, 7ú Márta.
- Ó Domhnaill, A., 2013. Agallamh le Aodh Ó Domhnaill, ball de Chonradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 13ú Márta.
- Ó Domhnaill, A., 2013b. Cumarsáid phearsanta le A. Ó Domhnaill, 3ú Aibreán.
- Ó Grianna, F., 2013. Agallamh le Feilimí Ó Grianna (mac le Séamus Ó Grianna ar dhuine de phátrúin an LFM é), Baile Átha Cliath, 5ú Nollaig.
- Ó Snodaigh, P., 2013. Agallamh le Pádraig Ó Snodaigh, iar-uachtarán Chonradh na Gaeilge (1974-79), Baile Átha Cliath, 14ú Márta 2013.
- Ó Tuathail, S., 2013. Agallamh le Séamus Ó Tuathail (ball den eagraíocht Misneach), Baile Átha Cliath, 4ú Feabhra.
- Reynolds, M., 2011. Agallamh le Martin Reynolds (ball den LFM), Baile Átha Cliath, 14ú Meán Fómhair.
- Uí Bhaoill, B., 2013. Agallamh le Betí Uí Bhaoill, duine de bhunaitheoirí Cymdeithas yr Iaith Gymraeg, Gaillimh, 30ú Bealtaine.
- Uí Dhomhnaill, M., 2013. Agallamh le Máiréad Uí Dhomhnaill, ball de Chonradh na Gaeilge agus de Misneach, Baile Átha Cliath, 13ú Márta.

### 8.1.2 Ábhar Cartlainne agus Nuachtáin

- Ahern, M., 1966. 'Language Discussion.' *Irish Times*, 5ú Iúil 1966.
- Ahern, M., 1969. 'Primary School teaching through Irish,' litir chuig Edgar M. Deale (Irish Association for Civil Liberty), 3ú Iúil, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Amárach. 1966a. 'Cealachan agus Stailc Ocras: Agoid i gCoinnibh Failli sa Gaeltacht agus Curaimi Naisiunta.' *Amárach*, 25ú Márta, 6.
- Amárach. 1966b. 'Masla agus Disbheagadh ar Laochraid 1916: Ain Ghaeil le Bratach Maslaitheach i bParaid Cuimhneachain.' *Amárach*, 15ú Aibreán, 6.
- Amárach. 1966c. 'Sceala Stailc Ocras na Gaeilge: Tacaiocht o moran aicmi agus dreamanna.' *Amárach*, 22ú Aibreán, 1.
- Amárach. 1966d. 'Eolas Ceilte fa'n L.F.M: Feachtas Fuatha Pleanailte ag ain Ghaeil.' *Amárach*, 16ú Meán Fómhair, 7.
- Amárach. 1968a. 'Feachtas Eagraithe i gCoinnibh Gaeilge.' *Amárach*, 15ú Samhain, 6.
- Amárach. 1968b. 'Gaeilgeoiri ag Seasamh a gCeart.' *Amárach*, 13ú Nollaig, 3.

- Amárach. 1968c. ‘Comhcheilg i gCoinnibh Scoileanna is Fearr.’ *Amárach*, 13ú Nollaig, 8.
- Amárach. 1968d. ‘Pleascadh Bulgoid Breige an L.F.M.’ *Amárach*, 13ú Nollaig, 8.
- Amárach. 1969a. ‘A Dtaisbeaint Fein Go Hoscailte: Lamh agus Scin Nochtaithe ag LFM.’ *Amárach*, 13ú Meitheamh, 1.
- Amárach. 1969b. ‘Bua Ollmhor Ag Aon Phairti na Gaeilge: LFM a Scrios Lucht Oibre agus Fine Gael.’ *Amárach*, 27ú Meitheamh, 1.
- Amárach, 1973a. ‘Cuspoir an Rialtais an Teanga a Chaomhnu.’ *Amárach*, 4ú Bealtaine, 6.
- Amárach, 1973b. ‘Dushlan Gaeilgeoiri do Ristead de Burca.’ *Amárach*, 21ú Meán Fómhair, 3.
- Bell, R.M. & Deale, E.M., 1966. ‘L.F.M. Meeting.’ *Irish Times*, 27ú Meán Fómhair, 1.
- Bouchier-Hayes, D., 1966. *Copy of Press release, from: Mr. Dermot Bouchier-Hayes, 43 Lower Leeson St., Dublin* [preaseisiúint], 19ú Meán Fómhair, ar fáil ag: bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Bowman, J., 2012. ‘RTÉ’s story is of how politicians finally got with the programme.’ *Irish Times*, 21 Iúil, 15.
- Browne, V., 1966. ‘Why I support Thomas F. O’Higgins.’ *Irish Times*, 30 Bealtaine, 10.
- Bruton, J., 2012. ‘Redmond was a realist - some successors were not.’ *Irish Times*, 13 Aibreán, 12.
- Burke, R., 1976. *Díospóireachtaí Dáil Éireann*, 294 (6), 25ú Samhain.
- Carroll, J., 1976. ‘A Mystery.’ *Irish Times*, 28ú Eanáir, 13.
- Connacht Tribune. 1966. ‘Right of Free Speech is Attacked in the name of the Irish Language.’ *Connacht Tribune*, 30ú Meán Fómhair, 1.
- Connolly, M., 1974. ‘Submission to the members of Dail Eireann and Seanad Eireann,’ aighneacht chuig bail an Oireachtais, Feabhra 1974, Language Freedom Movement Waterford Branch.
- Conradh na Gaeilge, 1966. *The Language and the National Identity: Where stands Conradh na Gaeilge? Where do you stand?* BÁC: Conradh na Gaeilge.
- Conradh na Gaeilge, 1973. ‘Cearta na Gaeilge.’ *Feasta*, 26 (2), 1-3.
- Conradh na Gaeilge, 1977. *Bille Chearta don Ghaeilge*. BÁC: Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge.
- Conradh na Gaeilge, 1983. *Bille Chearta don Ghaeilge*. BÁC: Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge.

- Corry, F., 1970. 'Suggested interim list of publications for consultation re book on compulsory Gaelic policy.' litir chuig Christopher Morris, 20ú Aibreán, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Coughlan, J.A., 1970. 'Aighneachtaí scríofa ón LFM,' litir chuig Christopher Morris, 14ú Bealtaine, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Dillon, M., 1966. 'The use of Gaelic or Irish,' litir chuig Christopher Morris, 22ú Lúnasa, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Eissen, M.A., 1970a. 'Eolas faoi chásanna teanga sa Bheilg,' litir chuig C. Morris, 19ú Lúnasa, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Eissen, M.A., 1970b. 'Eolas faoi chásanna teanga sa Bheilg,' litir chuig C. Morris, 23ú Meán Fómhair, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- FitzGerald, G., 1964a. 'Language Proposals can be "Dangerous": Methods point to failure in future.' *Irish Times*. 13ú Eanáir, 6.
- FitzGerald, G., 1964b. 'Summing up the debate on language revival: origins of apathy and resentment.' *Irish Times*, 8ú Feabhra, 16.
- FitzGerald, G., 1977. 'A hope of solving Ireland's identity crisis.' *Irish Times*. 17ú Márta, 10.
- Fitzsimons, M., 1966. 'L.F.M. Account of the Mansion House meeting published in the Irish Times,' litir chuig Christopher Morris, 26ú Meán Fómhair, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Good, H., 1966. 'Christopher T. Morris and An t-Ath. Ó Fiaich,' litir chuig M. Fitzsimons, 6ú Deireadh Fómhair, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Harrington, M.G., 1966. 'The Language.' *Irish Times*, 31ú Lúnasa, 7.
- Hennessy, M., 2014. 'Padraig Pearse rejoiced in violence, says John Bruton.' *Irish Times*, 2 Iúil, 5.
- Horgan, J., 1966. 'Instant Democracy – Irish Style.' *Irish Times*, 22ú Meán Fómhair, 11.
- Irish Independent. 1966a. 'Language debate at Waterford.' *Irish Independent*, 19ú Samhain, 7.
- Irish Independent. 1966b. 'LFM challenges statements made by Lenihan and Carty.' *Irish Independent*, 6ú Nollaig, 13.

- Irish Press. 1966a. 'LFM says Mr Lenihan 'is entirely wrong'.' *Irish Press*, 6ú Nollaig, 7.
- Irish Press. 1966b. 'LFM Meeting.' *Irish Press*, 10ú Nollaig, 12.
- Irish Times Reporter. 1966. "The Queen" was sung in sarcasm: Lanaguage meeting fracas.' *Irish Times*, 30ú Meitheamh, 1.
- Irish Times Reporters. 1966. 'L.F.M. Concedes Voice to its Opponents: Emotional Scene in Mansion House.' *Irish Times*, 22 Meán Fómhair, 1 & 11.
- Irish Times. 1961. 'Sense at last.' *Irish Times*, 14 Meán Fómhair, 7.
- Irish Times. 1966a. 'Initial Patrons of LFM Announced.' *Irish Times*, 19ú Lúnasa, 6.
- Irish Times. 1966b. 'Plan to pack meeting deplored.' *Irish Times*, 20ú Meán Fómhair, 1.
- Irish Times. 1966c. 'LFM Account of Mansion House Meeting.' *Irish Times*, 23ú Meán Fómhair 1966, 1.
- Irish Times. 1966d. 'LFM. Give account of meeting.' *Irish Times*, 23ú Meán Fómhair 1966, 13.
- Irish Times. 1966e. 'Mansion House Meeting.' *Irish Times*, 24ú Meán Fómhair 1966, 1.
- Irish Times. 1966f. 'Compulsion killing Irish language.' *Irish Times*, 13ú Meitheamh, 9.
- Irish Times. 1966g. 'Education should be non-political: FG's advice in policy statement.' *Irish Times*, 29ú Samhain 1966, 1.
- Irish Times, 1966h. 'De Valera back with slim majority.' *Irish Times*, 3 Meitheamh, 6.
- Irish Times, 1966i. 'Fine Gael offers new deal on language policy.' *Irish Times*, 24 Meitheamh, 1.
- Irish Times. 1967. 'Gay Byrne to chair LFM meeting.' *Irish Times*, 18ú Feabhra, 6.
- Irish Times. 1968. 'L.F.M. poll of parents in Waterford.' *Irish Times*, 28ú Samhain, 7.
- Irish Times. 1969. 'Picket on Waterford school.' *Irish Times*, 9ú Bealtaine, 15.
- Irish Times. 1979. 'Nó boycott says Gaelic League.' *Irish Times*, 18ú Meán Fómhair, 4.
- Jones, B., 1969. Litir chuig Christopher Morris, 2ú Samhain, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Kerryman. 1966. 'Meeting of LFM in Listowel.' *Kerryman*, 17ú Nollaig, 13.

- Language Freedom Movement. 1970. 'This Week they said.' *Irish Times*, 19ú Meán Fómhair, 8.
- LFM, c.1965a. *Language Freedom Movement: Stated aims* [preaseisiúint], ?dáta, ar fáil ag: bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, c.1965b. *Language Freedom Movement: Statement of Policy* (duillín eolais), bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, c.1966a. *What is LFM?* (duillín eolais), bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, c.1966b. *Constitution of the Language Freedom Movement*, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, c.1966c. *LFM and the Fine Gael language policy*, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, c.1969a. *Parents of Saint John's Park:* (duillín eolais), bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, c.1969b. *Members of Fianna Fáil!* (duillín eolais), bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, c.1970. *Statement of Policy* (duillín eolais), bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- LFM, 1971. 'Draft Summary of LFM's History for FC.' Litir chuig Finbarr Corry, 16ú Feabhra, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- MacAmhlaigh, D., 1966a. 'Nelson Aríst.' *Amárach*, 15ú Aibreán, 5.
- MacAmhlaigh, D., 1966b. 'Litir Shasana: Lucht Mairseála.' *Amárach*, 15ú Aibreán, 5.
- MacAmhlaigh, D., 1966c. 'Litir Shasana: An L.F.M.' *Amárach*, 14ú Deireadh Fómhair 1966, 5.
- MacAmhlaigh, D., 1966d. 'Litir Shasana: An Cruinniú Údan.' *Amárach*, 7ú Deireadh Fómhair, 5.
- MacAmhlaigh, D., 1968a. 'Litir Shasana: An L.F.M. agus na "mere Irish".' *Amárach*, 12ú Aibreán, 5.
- MacAmhlaigh, D., 1968b. 'Litir Shasana: Máire.' *Amárach*, 19ú Aibreán, 5.



- MacAmhlaigh, D., 1973. ‘Céard is Dán don Ghaeilge?’ *Amárach*, 4ú Bealtaine, 5.
- Mac Congáil, N. 2001. ‘Máire agus an LFM.’ *Feasta* 54 (9), 11-3.
- Morris, C., 1965a. ‘Language Opponents.’ *Irish Times*, 6 Feabhra, 14.
- Morris, C., 1965b. ‘Language Opponents.’ *Irish Times*, 1 Márta, 14.
- Morris, C., 1965c. ‘Language Freedom.’ *Irish Times*, 28 Meán Fómhair, 7.
- Morris, C., 1967. ‘That a nation without a language is a nation without a spirit.’ *Cumann Staire TCD*, 25ú Eanáir.
- Morris, C., 1969. ‘Membership of Irish language group?’ litir chuig Betty Jones, 28ú Deireadh Fómhair, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Morris, C., 1970a. ‘Ceist faoi chásanna teanga sa Bheilg,’ litir chuig M.A Eissen (Meabhránaí Chuirte na gCearta Daonna), 11ú Lúnasa, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Morris, C., 1970b. ‘Ceist faoi chásanna teanga sa Bheilg,’ litir chuig M.A Eissen (Meabhránaí Chuirte na gCearta Daonna), 11ú Meán Fómhair, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Morris, C., 1970c. ‘Article 8 a threat to civil liberties,’ litir chuig A.K. Asmal (Citizens for Civil Liberties), 11ú Aibreán, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Morris, C., 1970d. ‘Civil Liberties,’ litir chuig Edgar M. Deale, Rúnaí Oinigh an IACL, 14ú Iúil, bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Morris, C., 1970e. “*Shackles, Slogans and Shekels!*” *A Critical Analysis of the Policy to Revive Gaelic by Compulsory Means in the Irish Republic* (imlíne ar leabhar), bailiúchán an Language Freedom Movement (G44), Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ó Caollaí, M., 1966. ‘LFM Meeting.’ *Irish Press*, 27ú Meán Fómhair, 9.
- Ó Caollaí, M., 1969. ‘Múnlú na hAthbheochana do Shaol na Linne seo: Óráid Uachtaráin an Chonartha.’ *Feasta*, 22 (3), 5-9.
- Ó Caollaí, M., 1970a. ‘Timpeallacht na hAthbheochana (1).’ *Feasta*, 23 (3), 5-10.
- Ó Caollaí, M., 1970b. ‘Timpeallacht na hAthbheochana (2).’ *Feasta*, 23 (4), 15-18.
- Ó Caollaí, M., 1971. ‘Cúlú.’ *Feasta*, 24 (3), 5-10.
- Ó Caollaí, M., 1972. ‘Athnuachan: Óráid Uachtarán Chonradh na Gaeilge.’ *Feasta*, 25 (2), 13-18.

- Ó Caollaí, M., 1973a. 'Tús Nua: Óráid Uachtaránachta Ardfeis 1973.' *Feasta*, 26 (4), 4-12.
- Ó Caollaí, M., 1976. 'LFM and the Language.' *Irish Press*, 1ú Meitheamh, 8.
- Ó Ceallaigh, P., 1969. 'Eagarfhocal: Dubhslan L.F.M.' *Amárach*, 13ú Meitheamh, 1.
- Ó Ciardhuain, S., 1965., 'Language Opponents.' *Irish Times*, 12ú Feabhra, 9.
- Ó Conalláin, D., 1965 Díospóireachtaí an tSeanaid, vol 60, 10ú Samhain.
- Ó Feinneadha, C., 1966. 'Ardfeis an Chonartha sa Spidéal: Óráid an Uachtaráin.' *Feasta*, 19 (4), 4-8.
- Ó Feinneadha, C., 1967. 'Aitheasc an Uachtaráin.' *Feasta*, 20 (3), 5-8.
- Ó Feinneadha, C., 1968. 'Ardfeis an Chonartha: Aitheasc an Uachtaráin.' *Feasta*, 21 (3), 5-8.
- Ó Glaisne, R., 1966. 'LFM and Freedom.' *Focus*, IX (12), 281-286.
- Ó Grianna, S., 1966a. 'Compulsory Irish.' *Irish Times*, 19ú Meitheamh, 11.
- Ó Grianna, S., 1966b. 'Compulsory Irish.' *Irish Times*, 21ú Meitheamh, 12.
- Ó Grianna, S., 1966c. 'Compulsory Irish.' *Irish Times*, 31ú Meitheamh, 9.
- Ó Murchú, M., 1966. 'An Dátheangachas i gCúrsaí Oideachais.' *Feasta*, Deireadh Fómhair, 13-19.
- Ó Néill, S., 1966. 'Mr. Colley and LFM.' *Irish Press*, 23ú Meitheamh, 11.
- O'Brien, J., 1973. 'The Presidency.' *Irish Times*, 19ú Meitheamh, 11.
- Political Correspondent. 1961. 'Softer Policy on Irish Revival: Fine Gael issues programme.' *Irish Times*, 14 Meán Fómhair, 1.
- Pratt, L., 1966. 'Invitation to speak at Mansion House Meeting,' litir chuig Owen Sheehy Skeffington, 31ú Iúil, Páipéir Sheehy Skeffington (82), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- Reynolds, M., 1966. 'LFM Meeting.' *Irish Times*, 28ú Meán Fómhair, 14.
- Sheehy Skeffington, O., 1966a. 'Mansion House Meeting,' litir chuig Leighton Pratt, 13ú Lúnasa, Páipéir Sheehy Skeffington (82), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- Sheehy Skeffington, O., 1966b. 'Restoring Irish,' litir chuig Eagarthóir *New Statesman*, 26ú Meán Fómhair, Páipéir Sheehy Skeffington (82), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- Sheehy Skeffington, O., 1967. litir chuig Christopher Morris, 3ú Márta, Páipéir Sheehy Skeffington (82), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Sunday Independent. 1966. 'These marchers want freedom from compulsory Gaelic.' *Sunday Independent*, 10ú Aibreán, 3.

Sunday Independent Reporter. 1968. 'L.F.M. President alleges 'cloak and dagger tactics'.' *Sunday Independent*, 8ú Nollaig, 8.

Tunney, T., 1974. *Díospóireachtaí Dáil Éireann*, vol. 276 (7), 5ú Nollaig.

### 8.1.3 Foilseachán corparáideach nó rialtais

Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge. 1964. *An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge: Tuarascáil Dheiridh*. BÁC: Oifig an tSoláthair.

Fine Gael, 1966. *Fine Gael Irish language policy*. BÁC: Fine Gael.

Fine Gael, 1966. *Fine Gael policy for a Just Society: Education*. BÁC: Fine Gael.

Fine Gael, c. 1968. *Fine Gael Policy for a Just Society: Beartas Gaeilge*. BÁC: Fine Gael.

Fine Gael, c. 1969. *Winning through to a Just Society*. BÁC: Fine Gael.

Rialtas na hÉireann, 1965. *An Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge*. BÁC: Oifig an tSoláthair.

Roinn Oideachais, 1965. *Investment in education: report of the survey team appointed by the Minister for Education in October 1962*. BÁC: Oifig an tSoláthair.

### 8.1.4 Bunreacht & Reachtaíocht

Acht an Ombudsman (Éire) uimhir 26 de 1980.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Éire) uimhir 32 de 2003.

Bunreacht na hÉireann 1937.

## 8.2 Foinsí Tánaisteacha

### 8.2.1 Leabharliosta

Ahearn, L., 2001. 'Language and Agency.' *Annual Review of Anthropology* 30: 109-37.

Ainm.ie, 2014a. 'Ó Fiaich, Tomás (1923-1990),' [ar-líne], ar fáil ag: <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1689> [léite: 4ú Iúil 2014].

Ainm.ie, 2014b. 'Ó hUallacháin, Colmán (1922-1979),' [ar-líne], ar fáil ag: <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=745> [léite: 4ú Iúil 2014].

Ali, S. & Kelly, M., 2008. 'Ethics and Social Research.' I: Seale, C. (eag.). *Researching Society and Culture* (Second Edition). London: Sage Publications Ltd, 115-129.

Anderson, B., 1983. *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism*. London: Verso.

- Andronis, M.A., 2004. 'Iconization, Fractal Recursivity, and Erasure: Linguistic Ideologies and Standardization in Quichua-Speaking Ecuador.' *Texas Linguistic Forum* 47: 263-269.
- Bauman, Z., 2000. *Liquid Modernity*. Cambridge Press.
- Bell, D., 1973. *The Coming of Post-Industrial Society: A Venture in Social Forecasting*. New York: Basic Books.
- Berg, B.L., 2007. *Qualitative Research Methods for the Social Sciences* (Sixth Edition). USA: Pearson Education, Inc.
- Berman, M., 1988. *All That Is Solid Melts into Air: The Experience of Modernity*. Sasana: Penguin Books.
- Blommaert, J., & Verschueren, J., 1998. 'The Role of Language in European Nationalist Ideologies.' I: Schieffelin, B., Woolard, K.A., & Kroskrity, P.V. (eag.). *Language Ideologies: Practice and Theory*. Oxford: Oxford University Press, 189-210.
- Bloomfield, L., 1944. 'Secondary and Tertiary Responses to Language.' *Language* (20), 44-55.
- Boas, F., 1911. 'Introduction.' I: Boas, F. (eag.). *Handbook of North American Indian Languages*. Washington DC: Government Printing Office, 1-83.
- Bourdieu, P., 1977. *Outline of a Theory of Practice*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Breen, K. & O'Neill, S., 2010. 'Introduction: A Postnationalist Era?' I: Breen, K. & O'Neill, S. (eag.). *After the Nation? Critical Reflections on Nationalism and Postnationalism*. Londain: Palgrave Macmillan, 1-21.
- Briggs, C.L., 1998. "'You're a Liar – You're just like a Woman!'" Constructing Dominant Ideologies of Language in Warao Men's Gossip.' I: Schieffelin, B., Woolard, K.A., & Kroskrity, P.V. (eag.). *Language Ideologies: Practice and Theory*. Oxford: Oxford University Press, 229-256.
- Brown, T., 2004. *Ireland: A Social and Cultural History 1922-2002*. Londain: HarperCollins.
- Bruton, J., 2006. 'A Personal Perspective on Ireland's relationship with Britain.' I: *Britain and Ireland: Lives Entwined II: Essays on Contemporary British-Irish Relations, with views from the USA*. BÁC: British Council of Ireland.
- Bryman, A., 2008. *Social Research Methods* (Third Edition). New York: Oxford University Press.
- Bryman, A., 2012. *Social Research Methods* (Fourth Edition). New York: Oxford University Press.
- Bucholtz, M. & Hall, K., 2004. 'Language and Identity.' I: Duranti, A. (eag.). *A Comparison to Linguistic Anthropology*. Oxford: Blackwell Publishing, 369-395.

- Castells, M., 1996. *The Rise of the Network Society, The Information Age: Economy, Society and Culture Vol. I*. Cambridge, MA; Oxford, UK: Blackwell.
- Charles, S. & Lipovetsky, G., 2006. *Hypermodern Times*, Polity Press.
- Charmaz, K., 2006. *Constructing Grounded Theory: A Practical Guide through Qualitative Analysis*. London: Sage.
- Coleman, S., 2012. ‘Pobal Urlabhra.’ I: Ó hIfeárnáin, T. & Ní Neachtain, M. (eag.). *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. BÁC: Cois Life, 1-15.
- Collins, J., 1998. ‘Our Ideologies and Theirs.’ I: Schieffelin, B., Woolard, K.A., & Kroskrity, P.V. (eag.). *Language Ideologies: Practice and Theory*. Oxford: Oxford University Press, 256-271.
- Conradh na Gaeilge, 2014. *Cad a dhéanann Conradh na Gaeilge?* [ar líne]. BÁC: Conradh na Gaeilge. Ar fáil ag: <https://cnag.ie/ga/eolas/conradh-na-gaeilge/cad-a-dh%C3%A9anann-conradh-na-gaeilge.html> (léite 23 Eanáir 2014).
- Cormier, J.J., 2003. ‘Blocked Mobility and the Rise of Cultural Nationalism: A Reassessment.’ *International Journal of Politics, Culture and Society* [ar líne], 16 (4), Samhradh. Ar fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/20020184> (Léite 5ú Meitheamh 2012).
- Coupland, N. & Jaworski, A. 2009. ‘Introduction: a critical history of Sociolinguistics.’ I: Coupland, N. & Jaworski, A. (eag.). *Sociolinguistics*. Oxon: Routledge.
- Creswell, J.W., 2003. *Research Design: Qualitative, Quantitative & Mixed Methods Approaches* (2nd Edition). California: Sage Publications, Inc.
- Crummey, F., 2009. *Crummey v Ireland: A thorn in the side of the establishment*. BÁC: Londubh Books.
- Daly, M.E., 2007. ‘Less a Commemorartion of the Actual Achievements and More a Commemoration of the Hopes of the Men of 1916.’ I: Daly, M.E. & O’Callaghan, M. (eag.). *1916 in 1966: Commemorating the Easter Rising*. BÁC: RIA, 18-86.
- de Fréine, S., 1960. *Saoirse gan Só*. BÁC: FNT.
- de Fréine, S., 1965. *The Great Silence*. BÁC: FNT.
- De hÍde, D., 1892. *The Necessity for De-Anglicising Ireland*. Óráid 25ú Samhain, National Literary Society, Baile Átha Cliath, ar fáil ag: <http://www.gaeilge.org/deanglicising.html> (léite 18ú Bealtaine 2012).
- Della Porta, D. & Diani, M., 1999. *Social Movements: An Introduction*. Oxford: Blackwell.
- Della Porta, D. & Diani, M., 2006. *Social Movements: An Introduction*. Oxford: Blackwell.

- Denvir, G., 1978. 'Conradh na Gaeilge: Tús agus Fás.' I: Denvir, G. (eag.). *Aistí Phádraic Uí Chonaire*. Indreabhán: Cló Chois Fharraige.
- Denvir, G., 1993. 'Céad Bliain ag Fás? - Léacht an Oireachtais 1997', *Comhar*, Eanáir 1994, 10-21.
- Denvir, G., 1997. *Litríocht agus Pobal*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Denvir, G., 2012. *Anois Tacht an Eala: Filí Chorcaí Innti agus an Réabhlóid Chultúrtha* le Ó Dúshláine, T., léirmheas in *Comhar*, 72(3), 30.
- Duranti, A., 2004. 'Agency in Language.' I: Duranti, A. (eag.). *A Companion to Linguistic Anthropology*. Oxford: Blackwell Publishing, 451-474
- Durkheim, E., 1982. *The Rules of Sociological Method*. London: Macmillan.
- Fanning, B., 2008. *The Quest for Modern Ireland: The Battle for Ideas 1912-1986*. BÁC: Irish Academic Press.
- Fennell, D., 1983. *The State of the Nation: Ireland since the sixties*. BÁC: Ward River Press Ltd.
- Fenton, B., 1966. 'LFM Meeting.' *Irish Times*, 26ú Meán Fómhair 1966, 13.
- Ferriter, D., 'The History Show,' RTÉ Radio 1, 20ú Deireadh Fómhair 2013.
- Ferriter, D., 'The Pat Kenny Show.' Newstalk, 22ú Bealtaine 2014.
- Ferriter, D., 2004. *The Transformation of Ireland 1900-2000*. Londain: Profile Books Ltd
- Ferriter, D., 2007. *Judging DEV*. BÁC: RIA.
- Ferriter, D., 2012. *Ambiguous Republic: Ireland in the 1970s*. Londain: Profile Books Ltd.
- Field, M.C. & Kroskrity, P.V., 2009. 'Introduction: Revealing Native American Language Ideologies.' I: Kroskrity, P.V., & Field, M. (eag.). *Native American Language Ideologies: Beliefs, Practices and Struggles in Indian Country*. Tuscon: The University of Arizona Press, 3-28.
- Filmer, P., Jenks, C., Seale, C., Thoburn, N. & Walsh, D., 2008. 'Developments in Social Theory.' I: Seale, C. (eag.). *Researching Society and Culture* (Second Edition). London: Sage Publications Ltd, 33-47.
- Finn, T., 2012. *Tuairim, Intellectual Debate and Policy Formulation in Ireland, 1954-1975*. Manchain: Manchester University Press.
- FitzGerald, G., 1991. *All in a Life*. BÁC: Gill & Macmillan .
- FitzGerald, G., 2005. *Ireland in the World: Further Reflections*. BÁC: Liberties Press.

- FitzGerald, G., 2011. *Just Garret: Tales from the Political Front Line*. BÁC: Gill & Macmillan.
- Flynn, D. 2012. *The Revival of Irish: Failed Project of a Political Elite*. BÁC: Original Writing Ltd.
- Gal, S., 1998. 'Multiplicity and Contention among Language Ideologies: A Commentary.' I: Schieffelin, B., Woolard, K.A., & Kroskrity, P.V. (eag.). *Language Ideologies: Practice and Theory*. Oxford: Oxford University Press, 317-332.
- Garvin, T., 2004. *Preventing the Future: Why Ireland was so poor for so long?* BÁC: Gill & Macmillan.
- Garvin, T., 2009. *Judging Lemass: The Measure of the Man*. BÁC: RIA.
- Geertz, C., 1964. 'Ideology as a Cultural System.' I: *The Interpretation of Cultures*. New York: Basic Books, 193-233.
- Geertz, C., 1973. *The Interpretation of Cultures*. London: Fontana.
- Gellner, E., 1983. *Nations and Nationalism*. Oxford: Blackwell.
- Gibbons, L., 1996. *Transformations in Irish Culture*. Corcaigh: Cork University Press.
- Giddens, A., 1984. *The Constitution of Society: outline of the theory of structuration*. Cambridge: Polity Press.
- Giddens, A., 1991. *Modernity and Self-Identity: Self and Society in the Late Modern Age*. Cambridge: Polity Press.
- Habermas, J., 1987. 'Life-forms, morality, and the task of the philosopher.' I: Dew, P. (eag.). *Autonomy and Solidarity – interviews with Jurgen Habermas*. London: Verso.
- Hanley, B. & Miller, S., 2009. *The lost revolution: the story of the official IRA and the workers' party*. BÁC: Penguin Ireland.
- Haugaard, M., 1997. *The Constitution of Power: A Theoretical Analysis of Power, Knowledge and Structure*. Manchain: Manchester University Press.
- Haugaard, M., 2002. *Power: A Reader*. Manchain: Manchester University Press.
- Hederman, M., 2008. 'The Tuairim Phenomenon – A Forum for Challenge in 1950s Ireland.' I: Thornely, Y. (eag.). *Unquiet Spirit: Essays in Memory of David Thornley*. BÁC: Liberties Press.
- Higgins, M.D., 2011. *Óráid insealbhaithe ón Uachtarán Micheál D. Ó hÚiginn, Halla Naomh Pádraig, Caisleán Bhaile Átha Ciath, 11 Samhain 2011* [ar line]. Ar fail ag: <http://www.president.ie/speeches/oraid-insealbhaithe-on-uachtaran-micheal-d-o-huiginn/> (léite 17ú Eanáir 2014).
- Hill, J.H., 2008. *The Everyday Language of White Racism*. Malden, MA: Wiley-Blackwell.

- Hourigan, N., 2001. 'New Social Movement Theory and Minority Language Television Campaigns.' *European Journal of Communication* [ar-líne], 16 (1). Ar fail ag: <http://ejc.sagepub.com/content/16/1/77> (Léite 7 Feabhra 2012).
- Hourigan, N., 2003. *Escaping the Global Village: Media, Language and Protest*. Maryland: Lexington Books
- Hourigan, N., 2006. 'Movement outcomes and Irish language protest.' I: Connolly, L. & Hourigan, N. (eag.). *Social Movements and Ireland*. Manchester: Manchester University Press.
- Hussey, G., 1993. *Ireland Today: Anatomy of a Changing State*. BÁC: Townhouse.
- Hutchinson, J., 1987. *The Dynamics of Cultural Nationalism: The Gaelic Revival and the Creation of the Irish Nation State*. Londain: Allen & Unwin.
- Inglehart, R., 1977. *The Silent Revolution: Changing values and Political styles among western publics*. Princeton: Princeton University Press
- Inglehart, R., 2003. 'Changing Values in Post-Industrial Societies.' I: Goodwin, J. & Jasper, J.M. (eag.). *The Social Movements Reader: Cases and Concepts*. Oxford: Blackwell Publishing.
- Irvine, J.T. & Gal, S., 2000. 'Language Ideology and Linguistic Differentiation.' I: Kroskrity, P.V. (eag.). *Regimes of Language: Ideologies, Politics, and Identities*. Santa Fe: School of American Research Press, 35-84.
- Irvine, J.T., 1989. 'When Talk isn't cheap: Language and Political Economy.' *American Ethnologist* 16: 248-67.
- Jaffe, A., 2007. 'Discourses of Endangerment: Contexts and Consequences of Essentializing Discourses.' I: Duchene, A. & Heller, M. (eag.). *Discourses of Endangerment*. Londain: Continuum, 57-75.
- Kelly, A., 2002. *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s-1970s*. BÁC: Irish Academic Press.
- Kiberd, D., 1995. *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation*. Vintage: Londain.
- Kirby, P., 2004. *Todhchaí d'Éirinn: Pobal, Féinmheas, Teanga*. BÁC: Coiscéim.
- Klandermans, B., 1989. 'Introduction: Social Movement Organisations and the Study of Social Movements.' I: Klandermans, B. (eag.). *Organizing for Change: Social Movement Organisation in the United States and Europe*. Greenwich Conn.: JAI Press, 1-17.
- Kroskrity, P.V., 2000. 'Regimenting Languages: Language Ideological Perspectives.' I: Kroskrity, P.V. (eag.). *Regimes of Language: Ideologies, Politics, and Identities*. Santa Fe: School of American Research Press, 35-84.
- Kroskrity, P.V., 2004. 'Language Ideologies.' I: Duranti, A. (eag.). *A Comparison to Linguistic Anthropology*. Oxford: Blackwell Publishing, 496-518.



- Kroskrity, P.V., 2009. 'Embodying the Reversal of Language Shift: Agency, Incorporation, and Language Ideological Change in the Western Mono Community of Central California.' I: Kroskrity, P.V., & Field, M. (eag.). *Native American Language Ideologies: Beliefs, Practices and Struggles in Indian Country*. Tuscon: The University of Arizona Press, 190-210.
- Kroskrity, P.V., 2010. 'Language Ideologies – Evolving Perspectives.' I: Jaspers, J. (eag.). *Language Use and Society (Handbook of Pragmatics Highlights)*. Amsterdam/Philadelphia: John Benjamins, 192-211.
- Kulick, D., 1998. 'Anger, Gender, Language Shift, and the Politics of Revelation in a Papua New Guinean Village.' I: Schieffelin, B., Woolard, K.A., & Kroskrity, P.V. (eag.). *Language Ideologies: Practice and Theory*. Oxford: Oxford University Press, 87-103
- Lambert, W.E. & Tucker G.R. 1973. *The Benefits of Bilingualism*. BÁC: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge/FNT.
- Lazar, D., 2008. 'Selected issues in the philosophy of social science.' I: Seale, C. (eag.). *Researching Society and Culture (Second Edition)*. London: Sage Publications Ltd, 7-21
- Lee, J.J., 1989. *Ireland 1912-1985: Politics and Society*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Lewis, S., 1963. *Bás nó Beatha* (arna aistriú ag Máirtín Ó Cadhain). BÁC: Sáirséal & Dill Teoranta.
- Loether, C., 2009. 'Language Revitalization and the Manipulation of Language Ideologies: A Shoshoni Case Study.' I: Kroskrity, P.V., & Field, M. (eag.). *Native American Language Ideologies: Beliefs, Practices and Struggles in Indian Country*. Tuscon: The University of Arizona Press, 238-254.
- Lyons, F.S.L., 1971. *Ireland since the Famine*. Londain: Fontana.
- Lyotard, J-F., 1979. *The Postmodern Condition*. Manchester University Press.
- Mac Aonghusa, P., 1993. *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893-1997, Stair Sheanchais*. BÁC: Cló Choill Eoin
- MacLean, I. & McMillan, A., 2009. *Concise Dictionary of Politics*. Nua-Eabhrac: Oxford University Press.
- MacNamara, J., 1966. *Bilingualism and Primary Education: A Study of Irish Experience*. Dún Éideann: Edinburgh University Press.
- Mannheim, K., 1985. *Ideology and Utopia: An Introduction to the Sociology of Knowledge*. San Diego: Harcourt Brace Jovanovich.
- Mathews, P.J., 2003. *Revival: the Abbey Theatre, Sinn Féin, the Gaelic League and the Co-operative movement*. Corcaigh: Cork University Press i gcomhar le Field Day.

- May, S., 2012. *Language and minority rights: ethnicity, nationalism and the politics of language*. Nua-Eabhrac: Routledge.
- McAdam, D., 1982. *Political Process and the Development of Black Insurgency 1930-1970*. Chicago: University of Chicago Press.
- McCloskey, J., 2001. *Guthanna in Éag: An Mairfidh an Ghaeilge Beo?* BÁC: Cois Life.
- Meehan, C., 2013. *A Just Society for Ireland*. UK: Palgrave/Macmillan.
- Meek, B.A., 2009. 'Language Ideology and Aboriginal Language Revitalization in the Yukon, Canada.' I: Kroskity, P.V., & Field, M. (eag.). *Native American Language Ideologies: Beliefs, Practices and Struggles in Indian Country*. Tuscon: The University of Arizona Press, 151-171.
- Melucci, A., 1995. 'The new social movements revisited: reflections on a sociological misunderstanding.' I: Maheu, L. (eag.). *Social movements and social classes: The future of collective action*. Londain: Sage.
- Milroy, L., 2000. 'Britain and the United States: Two Nations Divided by the Same Language (and Different Language Ideologies).' *Journal of Linguistic Anthropology* 10:56-89.
- Murphy, G., 2009. *In Search of the Promised Land: The Politics of Post-War Ireland*. BÁC: Mercier Press.
- Ní Dhonnchadha, A. & Nic Eoin, M. (eag.). 2008. *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Ní Dhúda, L., 2010. *Pobal Gaeltachta an Bhreacbhaile: cás-staidéar sochtheangeolaíoch agus eitneagrafaíoch sa bheartas teanga*. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.
- Ní Uigín, D., 1993. *Nuachtáin Ghaeilge na hEireann ón Dara Cogadh Domhanda i leith*. Tráchtas Máistreachtá Neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Nic Eoin, M., 2005. *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. BÁC: Cois Life.
- Nic Shuibhne, N., 1998. 'An Bunús do Chearta Teanga sa Dlí Idirnáisiúnta.' I: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. *Comhdháil Idirnáisiúnta ar Reachtaíocht Teanga: Tuarascáil ar Imeachtaí na Comhdhála*. BÁC: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 35-52.
- Ó Cadhain, M., c.1970. *Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae*. BÁC: Misneach.
- Ó Caollaí, M., 1973b. 'Timthriall Ghluaiseachta.' *Social Studies: Irish Journal of Sociology*, 2 (2), 101-126.
- Ó Caollaí, M., 2013. *Garret FitzGerald agus Paddy Hillery: Beirt a chuir an Ghaeilge dá boinn*. BÁC: Coiscéim.

- Ó Conchubhair, B., 2002. *Meath na hEorpa: An Athbheochan mar Aisfhreagra na hÉireann*. Tráchtas neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ó Conchubhair, B., 2009. *Fin de siècle na Gaeilge : Darwin, an athbheochan agus smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán: An Clóchomhar.
- Ó Croidheáin, C., 2006. *The Irish Language, Ideology and Power in 20th Century Ireland: Language from Below*. Bern: Peter Lang.
- Ó Cuirreáin, S., 2013. ‘Óráid an Choimisinéara Teanga.’ Óráid a tugadh i nGaelchultúr/Coláiste na hÉireann, 3ú Meán Fómhair.
- Ó Glaisne, R., 1990. *Tomás Ó Fiaich*. BÁC: Coiscéim.
- Ó Murchú, M., 2002. *Cás na Gaeilge 1952-2002: Ag dul ó chion?* BÁC: Johnswood Press.
- Ó Riain, S., 1994. *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*. BÁC: Carbad/Bord na Gaeilge.
- Ó Tuathaigh, G., 2011. ‘An Stát, an Féiniúlacht Náisiúnta agus an Teanga: cás na hÉireann.’ I: Mac Cormaic, B. *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*. BÁC: Coiscéim, 76-112.
- O’Rourke, B., 2011. *Galician and Irish in the European Context: Attitudes towards Weak and Strong Minority Languages*. Palgrave Macmillan.
- Ochs, E., 1992. ‘Indexing gender.’ I: Duranti, A. & Goodwin, C. (eag.). *Rethinking context: Language as an interpretive phenomenon*. Cambridge University Press.
- Peterson, M.A., 2010. ‘Indexicality, Iconicity and Language Ideology in the Urdu News Revival.’ Seimineár: *European Association of Social Anthropologists (EASA)*, 7-10ú Nollaig 2010.
- Popper, K.R., 1994. *The Myth of the Framework*. London: Routledge.
- Reynolds, J.F., 2009. ‘Shaming the Shift Generation: Intersecting Ideologies of Family and Linguistic Revitalization in Guatemala.’ I: Kroskrity, P.V., & Field, M. (eag.). *Native American Language Ideologies: Beliefs, Practices and Struggles in Indian Country*. Tuscon: The University of Arizona Press, 213-237.
- Richland, J.B., 2009. “‘Language, Court, Constitution. It’s All Tied Up into One’: The (Meta)pragmatics of Tradition in a Hopi Triabl Court Hearing.’ I: Kroskrity, P.V., & Field, M. (eag.). *Native American Language Ideologies: Beliefs, Practices and Struggles in Indian Country*. Tuscon: The University of Arizona Press, 77-99.
- Rowland, H., 2007. *Iníúchadh ar na fachtóirí idirnáisiúnta agus náisiúnta a d’imir tionchar ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Tráchtas Máistreachta Neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Rowland, H., 2012. ‘Saoirse teanga agus cainte.’ *Comhar*, 72 (5), 10-13.

- Samy, A.H., 2012. 'Articulate While Black: Barack Obama, Language and Race in the U.S.' Seimineár seachtainiúil, *Center for Language, Interaction, and Culture (CLIC)*, University of California Los Angeles, 31ú Deireadh Fómhair 2012.
- Schütz, A., 1970. 'Concept and theory formation in the social sciences.' I: Emmet, D. & MacIntyre, A. (eag.). *Sociological Theory and Philosophical Analysis*. London: Macmillan.
- Scott, J. & Marshall, G., 2009. *Oxford Dictionary of Sociology*. Nua-Eabhrac: Oxford University Press.
- Seale, C., 2008. 'Generating grounded theory.' I: Seale, C. (eag.). *Researching Society and Culture* (Second Edition). London: Sage Publications Ltd.
- Share, P., Tovey, H. & Corcoran, M.P., 2007. *A Sociology of Ireland*. BÁC: Gill & Macmillan Ltd.
- Silverman, D., 2008. 'Research and Social Theory.' I: Seale, C. (eag.). *Researching Society and Culture* (Second Edition). London: Sage Publications Ltd, 47-59.
- Silverstein, M., 1979. 'Language Structure and Linguistic Ideology.' I: Clyne, P.R., Hanks, W.F. & Hofbauer, C.F., (eag.). *The Elements: A Parasession on Linguistic Units and Levels*. Chicago: Chicago Linguistic Society, 193-247.
- Silverstein, M., 2000. 'Whorfianism and the Linguistic Imagination of Nationality.' I: Kroskrity, P.V. (eag.). *Regimes of Language: Ideologies, Politics, and Identities*. Santa Fe: School of American Research Press, 85-138.
- Smith, G. & Hickey, D., 2004. *John B. Corcaigh*: Mercier Press.
- Spitulnik, D., 1998. 'Mediating Unity and Diversity: The Production of Language Ideologies in Zambian Broadcasting.' I: Schieffelin, B., Woolard, K.A., & Kroskrity, P.V. (eag.). *Language Ideologies: Practice and Theory*. Oxford: Oxford University Press, 163-189.
- Spotti, M., 2011. 'Modernist language ideologies, indexicalities and identities: Looking at the multilingual classroom through a post-Fishmanian lens.' *Applied Linguistics Review* (2), 29-50.
- Tarrow, S.G., 1998. *Power in movement: Social Movements and Contentious Politics*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Thornley, D., 1964. 'Ireland: the end of an era?' I: *Studies*, 53 (209), 1-17.
- Tonkiss, F., 2008. 'Analysing text and speech: content and discourse analysis.' I: Seale, C. (eag.). *Researching Society and Culture* (Second Edition). London: Sage Publications Ltd, 367-383.
- Touraine, A., 1983. *Anti-nuclear protest: the opposition to nuclear energy in France*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Walsh, D., 1974. 'Compulsory Irish for Civil Servants Ends: Irish language groups alarmed.' *Irish Times*, 8ú Samhain, 1 & 4.

- Walsh, D., 2008. 'Doing Ethnography.' I: Seale, C. (eag.). *Researching Society and Culture* (Second Edition). London: Sage Publications Ltd, 225-239
- Walsh, J., 2004. *An teanga, an cultúr agus an fhorbairt: cás na Gaeilge agus cás na hÉireann*. BÁC: Coiscéim.
- Walsh, J., 2012. *Contests and Contexts: The Irish language and Ireland's Socio-Economic Development*. Oxford: Peter Lang.
- Weber, M., 1949. *The Methodology of the Social Sciences*. New York: Free Press.
- Williams, J.L., 1967. *Bilingualism Today*. BÁC: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.
- Wills, C., 2007. *That Neutral Island: a cultural history of Ireland during the Second World War*. Londain: Faber and Faber
- Wills, C., 2009. *Dublin 1916: The Siege of the GPO*. Londain: Profile Books.
- Woolard K.A. 1998. 'Language Ideology as a Field of Inquiry.' I: Schieffelin, B., Woolard, K.A., & Kroskrity, P.V. (eag.). *Language Ideologies: Practice and Theory*. Oxford: Oxford University Press, 3-47.
- Woolard, K.A., 1992. 'Language Ideology: Issues and Approaches.' *International Pragmatics Association* [ar-líne], 2. Ar fáil ag <http://www.elanguage.net/journals/index.php/pragmatics/article/view/225/875> (Léite 21 Eanáir 2011).
- Woolard, K.A., 1994. 'Language Ideology.' *Annual Review of Anthropology* [ar-líne], 23. Ar fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/2156006> (Léite 1 Samhain 2010).
- Yin, R.K., 1994. *Case Study Research: Design and Methods* (Second Edition). California: Sage Publications, Inc.
- Yin, R.K., 2009. *Case Study Research: Design and Methods* (Fourth Edition). California: Sage Publications, Inc

## **Aguisín A: Sampla ceisteanna do na hagallaimh**

Agallamh le Maolsheachlainn Ó Caollaí – Uachtarán an Chonartha 1968-74 – Baile Átha Cliath, an 13ú Aibreán 2011

- 1965 – An Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge – an raibh an Conradh sásta leis an gcáipéis seo agus mura raibh, cén fáth? Céalacan Misneach? An raibh athbheochan na Gaeilge ina cuspóir oifigiúil réalaíoch de chuid an Chonartha idir 1965 agus 1974? An raibh aon bhaint agatsa le Misneach?
- Déanann Tom Garvin (2005: 70) cur síos ar ghluaiseacht na Gaeilge mar aon leis an Eaglais Chaitliceach mar ‘ideological monopolies.’ Tugann an méid sin le fios go raibh an Conradh ceannasach sa tsochaí agus go raibh sé in ann dul i gcion ar pholaiteoirí? Arbh fhior sin sna 60í?
- An raibh an Conradh bainteach le polaiteoirí nó leis an Eaglais Chaitliceach nó le grúpaí ‘ceannasacha’ eile sa tsochaí?
- An tAthair Ó Fiaich/Ó Huallacháin bainteach leis an bhfeachtas i gcoinne an LFM, an raibh siad beirt ionadaíoch ar thuairimí na cléire?
- Deir Frank Crummey gur theastaigh ón LFM go ndéanfadh daoine scrúdú ar an mbunús a bhí le tacaíocht an rialtais agus na hEaglaise Caitlicí don Ghaeilge. An bunús a bhí leis an tacaíocht sin, dar leis, ná idé-eolaíocht a bhí fréamhaithe go smior sa náisiúnachas. An dtiocfá leis sin?
- Cén tábhacht, dar leis an gConradh, a bhain leis an nGaeilge mar shiombail náisiúntachta sna 60í?
- Cén t-údarás nó cén fhealsúnacht ina raibh na meonta sin fréamhaithe? (náisiúnachas, tírghrá? aidhmeanna laochra 1916? Comóradh 50 bliain an Éirí Amach?)
- An raibh aon chaint ar chearta sibhialta/daonna chun tacú le hargóintí an Chonartha sna 60í?
- An raibh an Conradh ina ghluaiseacht shóisialta, dar leat? Sé sin, an raibh sé i gceist ag an gConradh athrú sóisialta a chur chun cinn trí agóid i gcoinne na n-údarás cumhachtach sa tsochaí?
- Cérbh iad na meonta a bhí ag an LFM, dar leat? Cén fáth a rabhthas ag cur i gcoinne an pholasáí Gaeilge, meastú? Dónall Mac Amhlaigh ag tabhairt ‘Seoiníní’ agus ‘ain-ghaeil’ ar an LFM, ag rá go raibh siad ‘anti-patriotic’ and ‘anti-Irish’ (Smith & Hickey, 2004: 180). Arbh ionann sin agus tuairimí an Chonartha i leith an LFM?
- Cad as ar eascair an LFM, meastú? Athrú meoin a bhí ag teacht ar an tír le linn na 60í?
- Maidir le leabhar Phroinsias Mhic Aonghusa (1993), ní luann sé an LFM ar chor ar bith. Cén fáth sin meastú?
- D’áiteodh an LFM go raibh an Ghaeilge á brú ar dhaoine agus gurbh ionann sin agus leatrom a dhéanamh ar chearta sibhialta lucht labhartha an Bhéarla. Rinneadh an leatrom seo, dar leis an LFM, tríd an nGaeilge a bheith ina

hábhair éigeantach Ardteiste chun pas a bhaint amach sa scrúdú sin agus tríd an nGaeilge a bheith ina coinníoll earcaíochta sa státchóras. Cén tuairim a bheadh ag an gConradh faoi sin?

- Ceist na himirce – an iomarca béime ar an nGaeilge sa chóras scolaíochta agus rinneadh faillí ar na hábhair eile dá bharr. É sin a phlé?
- Cén fáth a raibh daoine ag cur milleáin ar an nGaeilge? Cén fáth a raibh drochcháil uirthi ag an am seo?
- Céard a cheap an Conradh faoi chinneadh an Chomhrialtais Náisiúnta (Fine Gael/Lúcht Oibre) deireadh a chur leis an nGaeilge éigeantach chun pas a bhaint amach san Ardteist agus chun post a fháil sa státchóras i 1973/74 faoi seach? Cén chaoi ar chuir an Conradh i gcoinne na bpolasaithe sin?
- Ar thacaigh an Conradh le haon pháirtí polaitiúil ar leith le linn na n-olltoghchán i 1969/73?
- Ballraíocht Shéamuis Uí Ghrianna agus John B. Keane san LFM?
- An mbeadh aithne agat ar aon duine eile a d'fhéadfadh a bheith cabhrach dom?
- Ar mhaith leat tada eile a phlé nach bhfuil pléite againn go dtí seo?

**Aguisín B: Bileog Eolais**

**Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

**Hugh Rowland [hugh.rowland@nuigalway.ie](mailto:hugh.rowland@nuigalway.ie)**

**Bileog Eolais****Réamhrá**

Is mac léinn dochtúireachta mé i Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá tráchtas á scríobh agam faoi láthair ina ndéanam cur síos ar thuairimí Chonradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM) i leith pholasaí na Gaeilge éigeantaí idir 1965-74. Ba mhaith liom agallamh a chur ort chun an taighde seo a chur i gcrích. Creidim go gcuirfeadh do thaithí ó na seascaidí go mór le mo thuiscint ar dhearthaí an dá eagraíocht sin i leith na Gaeilge éigeantaí. Tá an taighde seo á mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn.

**Aidhm an taighde**

Is í príomhaidhm an tráchtais seo iniúchadh a dhéanamh ar an gcoimhlint idir Conradh na Gaeilge agus an LFM idir 1965 agus 1974. Déanfaidh an tráchtas staidéar ar na dearthaí a bhí ag baill an dá eagraíocht i leith na Gaeilge éigeantaí. Chuige sin, teastaíonn uaim agallamh a chur ar chuid de na baill (agus daoine ábhartha eile) maidir lena dtaithí phearsanta laistigh de na heagraíochtaí.

**An tAgallamh**

Níl aon bhrú ort páirt a ghlacadh sa taighde seo ar ndóigh. Is fút féin é an cinneadh feasach agus eolasach sin a dhéanamh bunaithe ar théarmaí an taighde mar a leagtar amach iad ar an mbileog eolais seo. Má tá tú toilteanach páirt a ghlacadh sa taighde seo, cuirfidh mé agallamh ort a mhairfidh thart ar uair a chloig ina bpléifí do thaithí phearsanta féin maidir leis an nGaeilge eigeantach chomh maith le creidimh an Chonartha/LFM ina leith.

Mura bhfuil tú sásta ceist ar leith a fhreagairt, tá sé de cheart agat diúltiú don cheist sin a phlé agus bogfaidh mé ar aghaidh láithreach. Reáchtálfar an t-agallamh in áit a bhfeilfeadh duit féin nó in áit ina mbeidh tú ar do chompord. Fágfaidh mé an rogha sin maidir le láthair an agallaimh fútsa.

**Rúndacht**

Beidh uirlis taifeadta in úsáid agam ach beidh an fhaisnéis a ndéanfar taifeadadh uirthi rúnda. Ní bheidh fáil ag aon duine eile ar an bhfaisnéis sin. Déanfaidh mé tras-scríobh ar ábhar an agallaimh agus d'fhéadfadh go mbeidh codanna/sleachta ón agallamh sin in úsáid agam sa tráchtas nó in ailt eile a d'fhéadfaí a fhoilsiú amach



anseo. Geallaim go lorgóidh mé cead an rannpháirtí taighde más mian liom ábhar a fhoilsiú ina dtagrófar do fhaisnéis an rannpháirtí nó ina luafar sliocht as agallamh leis an rannpháirtí. Cuirfidh mé dréacht den alt, nó na sleachta a mbainfear úsáid astu, faoi bhráid an rannpháirtí sula bhfoilseofar an t-alt.

Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall neamhainmníocht an rannpháirtí a chosaint mura mian leis/léi go n-ainmneofaí é/í sa tráchtas nó in aon ábhar eile a fhoilseofar amach anseo. Dá mba mhian leis an rannpháirtí go gcosnófaí a neamhainmníocht, d'fhéadfainn ainm breíge a úsáid sa tras-scríbhinn/sa tráchtas nó san fhoilseachán. Agus an tras-scríobh idir lámha, d'fhéadfainn sonraí inaitheanta pearsanta (áit chónaithe, gairm bheatha srl) a athrú nó iad a fhágáil ar lár le cinntiú nach n-aithneofaí an rannpháirtí.

Ní fhéadfainn gealltanais iomlán a thabhairt nach bhféadfaí ainmníocht an rannpháirtí a aithint áfach. Bhí ballraíocht theoranta sho-aitheanta laistigh den LFM agus de Chonradh na Gaeilge le linn na tréimhse taighde agus b'fhéidir go bhféadfaí rannpháirtithe a aithint mar gheall air sin gan mórán stró – fiú agus ainmneacha breíge in úsáid. Is fútsa mar rannpháirtí é an cinneadh feasach sin a dhéanamh maidir le d'ainm a bheith luaite sa tráchtas.

### **Tarraingt siar**

Ní gá duit páirt a glacadh sa taighde seo mura bhfuil fonn ort. Má ghlacann tú páirt sa taighde seo, beidh páirt á glacadh agat ann ar bhonn deonach agus tá sé de cheart agat, dá réir sin, tarraingt siar aon uair is mian leat le linn an agallaimh nó i ndiaidh an agallaimh. D'fhéadfaí an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil a tharraingt siar freisin dá mba mhian leat laistigh de choicís i ndiaidh an agallaimh.

Meabhróidh mé duit ag deireadh an agallaimh go bhfuil sé de cheart agat aon chuid den fhaisnéis a pléadh a shoiléiriú nó a athrú dá mba ghá. Anuas air sin, tabharfaidh mé deis duit gnéithe ábhartha gur spéis leatsa a phlé, agus nár pléadh go dtí sin, a lua ag deireadh an agallaimh.

### **Buntáistí a bhaineann leis an taighde**

Má shocraíonn tú páirt a ghlacadh sa taighde seo, ní bheidh aon bhuntáistí follasacha i ndán duit féin go pearsanta. Mar sin féin, tabharfaidh do rannpháirtíocht deis duit do chuid tuairimí pearsanta faoin Gaeilge éigeantach agus faoi fheachtais Chonradh na Gaeilge agus an LFM sna 60í/70í a roinnt le pobal níos leithne.

**Aguisín C: Foirm um Thoiliú Eolasach**

Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Hugh Rowland [hugh.rowland@nuigalway.ie](mailto:hugh.rowland@nuigalway.ie)

**Foirm um Thoiliú Eolasach****Gealltanais Eiticiúil an Taighdeora**

- Dearbhaím go míneoidh mé aidhmeanna an taighde go soiléir don rannpháirtí. Leagfaidh mé amach go beacht na cearta atá ag an rannpháirtí mar aon leis na dualgais eiticiúla atá ar an taighdeoir.
- Geallaim nach luafaidh mé ainm an rannpháirtí sa tráchtas más mian leis/léi go gcosnóidh mé a rúndacht/neamhainmníocht.
- Geallaim nach gcuirfidh mé aon bhrú nó strus míchuí ar an rannpháirtí agus an taighde seo á chur i gcrích agam.
- Geallaim go lorgóidh mé cead an rannpháirtí taighde más mian liom ábhar a fhoilsiú ina dtagrófar do fhaisnéis an rannpháirtí nó ina luafar sliocht as agallamh leis an rannpháirtí.
- Má ghlactar le halt le foilsiú, ina ndéanfar trácht ar fhaisnéis an rannpháirtí nó ina luafar sliocht as agallamh leis an rannpháirtí, geallaim go gcuirfidh mé dréacht den fhoilseachán sin faoi bhráid an rannpháirtí roimh dháta a fhoilsithe.

**Síniú an Taighdeora:** \_\_\_\_\_

**Hugh Rowland**

**Toiliú Eolasach an Rannpháirtí (Réamhagallamh)**

- Dearbhaím gur chuir an taighdeoir mé ar an eolas faoi aidhmeanna agus faoi chuspóirí an taighde.
- Tuigim go bhfuil sé de cheart agam tarraingt siar as an taighde aon uair is mian liom mar gheall ar chúis ar bith.
- Tagaim leis go bhféadfadh an taighdeoir an t-agallamh a thaifeadh.

**Síniú an Rannpháirtí** \_\_\_\_\_ **Dáta** \_\_\_\_\_

**Toiliú Eolasach an Rannpháirtí (tar éis an agallaimh)**

- Dearbhaím nár chuir an t-agallamh seo míchompord nó strus míchuí orm.

- Tugaim cead don taighdeoir ábhar an agallaimh a úsáid agus m'ainm a lua ina thráchtas scríofa.

**Síniú an Rannpháirtí** \_\_\_\_\_ **Dáta** \_\_\_\_\_

**Le síniú i gcás go dteastaíonn ón rannpháirtí go gcosnófaí a neamhainmníocht**

- Tugaim cead don taighdeoir ábhar an agallaimh a úsáid ina thráchtas scríofa ach is mian liom go mbainfí úsáid as ainm bréige chun mo neamhainmníocht a chosaint. Impím ar an taighdeoir gach iarracht a dhéanamh chun mo neamhainmníocht a chosaint.

**Síniú an Rannpháirtí** \_\_\_\_\_ **Dáta** \_\_\_\_\_

### **Aguisín D: Tras-scríbhinn samplach**

05: 04 [so what would you describe as the founding philosophy of the LFM?]

to raise the whole issue of language policy in Ireland bearing in mind as far as I was concerned it's impact on the overwhelming majority of the Irish people/

[and what was that policy?]

the policy was // the same as it is now // it's more diluted now ///the policy was to encourage the use of and to require the use of Irish /// in accordance with the Constitution, this is the language policy of the state you're asking me?

[yeah]

Yes/// it was to put into effect de Valera's concept of the Irish language is the language of Ireland and it followed then that everybody should be speaking the Irish language/ the national language and it followed from that constitutional article in the language that the whole education policy was based on that and derived its authority from that and whenever you tried to shake the boat you were told/ 'oh no, d'ya see the Constitution, Irish is our first language'

06: 24 [and in what domains in society was that policy encouraged in?]

mainly in education and in employment

[ok so //education and employment/ I know that you had compulsory Irish in order// the leaving cert/ in order to pass the leaving cert you needed to pass the Irish exam]

Yeah //first of all ya had //I don't like using the word compulsory either // because it kind of says that you got people by the scruff of the neck and made them do it // it was there in the educational policy/ first of all/ in primary schools an hour and a half everyday was supposed to be spent learning the Irish language/ two separate three quarter hour sessions and that was out of a time period of about 4 and half hours or 5 hours// It was a very substantial bite out of the total school time// at a time when most kids left school at 14 and one third of their educational time was being devoted to learning the Irish language/

07: 44 [and what were the consequences of that do you think?]

at least one priest produced a paper which compared the educational standard of Irish children at the time with European ones and he showed that it was ///we were less fluent in our native tongue/ English //and less learned in several other issues and he said a distinct possibility was because of the time devoted to the language// the Irish language/

[was that Fr. John MacNamara?]

I think so

[yeah cos he published a report in 1966]

yes yeah

[so was that a factor am within the LFM?]

No// no/no/ no/ we were long established by then

[but I mean it certainly gave your argument, it gave it ///]

it gave it //his argument was one of the factors that we were ///we accepted that before he articulated it/ I'll put it that way

[but it certainly gave your arguement more teeth]

more academic authority as well yes

[but just to get back to your point there that you made about primary school children who/ ya know left school at 13/14/ and a third of their time had been spent learning Irish/ I spoke to Mary Keane/ John B Keane's wife]

yes yes

[and// an issue she raised was immigration that people were leaving the country/ a lot of these students 14/ a lot of them illiterate because of the time spent teaching Irish/ what would you think of that?]

ya see there is no/// I would say it is a distinct possibility/ it must have been a contributory factor/ if the time spent in education is producing anything well then the proportion of time spent in any one particular subject/ whether it is maths or history or language must be having an effect so therefore I would say/ it seems likely that the time devoted to Irish was having an effect on the other times/ on the other subjects/ all of the other subjects

10: 07 [so you wouldn't discount it but//]

well I can't prove it/ there was no academic study of the matter/ I even found MacNamara's wasn't a conclusive thing/ he said this was a possible or probable explanation for the poor showing of Irish primary school children/ maybe in English or in maths or in history/ I don't know what it was/

[am so that was immigration/ an issue that Mary Keane emphasised like I said]

can I tell you (laughing)/ John B. Keane you see/ showed an interest/ after// there was some commotion anyway and John B keane wrote up and I said yes I'd be glad to meet you yes/ he offered

[he made contact with you did he?]

yes yeah// I didn't contact anyone